
# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe
## Ráiteas Tionchair Natura

Galway City Transport Project

## Imleabhar 2
Tuarascáil

Meán Fómhair 2018







An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department Transport, Tourism and Sport

TII Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

ARUP

# Cairt Sreafa NIS do GCRR 1 an N6

| Cuid | Cur Síos |
|---|---|
| 1 | **Réamhrá** |
| 2 | **Cur síos ar an bhForbairt Bhóthair Mholta** |
| 3 | **Comhairliúcháin**<br>Achoimre ar na comhairliúcháin leis an NPWS agus Iascach Intíre Éireann |
| 4 | **Modheolaíocht**<br>Doiciméid treorach, foinsí sonraí deisce, modheolaíochtaí suirbhé éiceolaíochta, suirbhéanna hidrigeolaíocha agus hidreolaíocha agus modhanna monatóireachta, agus imscrúduithe geoiteicniúla |
| 5 | **Bunlíne Éiceolaíoch atá ann faoi láthair**<br>Cur síos ar an mbunlíne éiceolaíoch áitiúil, lena n-áirítear suíomhanna Eorpacha, agus forbhreathnú ar na sonraí bunlíne hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha áitiúla |
| 6 | **Tionchair Fhéideartha na Forbartha Bóthair Molta** |
| 7 | **Crios Tionchar na Forbartha Bóthair Molta**<br>An limistéar a shainiú ina bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear a dhéanamh don timpeallacht glactha sa chaoi go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar suntasach aige ar ghnáthóga QI nó ar speicis QI/láithreán Eorpach a bhfuil tábhacht Chomhphobail ag baint leo |
| 8 | **Láithreáin Eorpacha laistigh de Chrios Tionchar na Fhorbartha Bóthair atá beartaithe** |
| 9 | **Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Dhíreacha agus Indíreacha Féideartha ar Láithreáin Eorpacha** |
| 10 | **Riachtanais Dearaidh agus Bearta Maolaithe**<br>Bhí bearta deartha a cuireadh san áireamh, agus na bearta maolaithe atá riachtanach, chun leasanna cáilitheacha agus cuspóirí caomhnaithe na suíomhanna Eorpacha laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe a chosaint |
| 11 | **Tionchair Iarmharacha**<br>Éifeachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe ar shuíomhanna Eorpacha i bhfianaise na mbeart maolaithe |
| 12 | **An chaoi a bhféadfadh éifeachtaí gníomhú i gcomnar le chéile**<br>Rinneadh an measúnú chun scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh pleananna nó tionscadail eile gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Eorpach |
| 13 | **Conclúid an NIS** |

**Fo-chuideanna** (Cuid 9)

| | |
|---|---|
| 9.4 | **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.3 | **SPA Loch Coirib**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.2 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.1 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch Coirib**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |

**Fo-chuideanna** (Cuid 11)

| | |
|---|---|
| 11.1 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch Coirib** |
| 11.2 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe** |
| 11.3 | **SPA Loch Coirib** |
| 11.4 | **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh** |

ARUP

# Liosta Imleabhar

Imleabhar 1 – Achoimre Feidhmiúcháin

**Imleabhar 2 – Tuarascáil**

Imleabhar 3 – Fíoracha

Imleabhar 4 – Aguisíní

# Imleabhar 2 – Tuarascáil
# Clár na nÁbhar

| | | | Leathanach |
|---|---|---|---|
| **1** | **Réamhrá** | | **1** |
| | 1.1 | Cúlra | 2 |
| | 1.2 | An Comhthéacs Reachtaíochta | 3 |
| | 1.3 | Treoir AE & Cur Chuige maidir le Measúnú Airteagal 6 | 5 |
| **2** | **Tuairisc ar an bhForbairt Beartaithe Bóthair** | | **7** |
| | 2.1 | Forléargas | 7 |
| | 2.2 | Forluí le Láithreáin Eorpacha | 9 |
| | 2.3 | Déanmhais | 14 |
| | 2.4 | Draenáil | 16 |
| | 2.5 | Gníomhaíochtaí Tógála | 21 |
| | 2.7 | Cothabháil le linn na Céime Oibríochtúla | 38 |
| **3** | **Comhairliúcháin** | | **39** |
| | 3.1 | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) | 39 |
| | 3.2 | Iascaigh Intíre Éireann (IFI) | 40 |
| **4** | **Modheolaíocht** | | **42** |
| | 4.1 | Treoir | 42 |
| | 4.2 | Staidéar Deisce | 43 |
| | 4.3 | Modheolaíocht na Measúnachta | 43 |
| | 4.4 | Suirbhéireacht Bunlíne | 46 |
| **5** | **An Bhunlíne Éiceolaíochta Láithreach** | | **63** |
| | 5.1 | Geolaíocht Fhorluiteach agus Gnáthóga | 63 |
| | 5.2 | An Bhonnlíne Hidrigeolaíochta | 65 |
| | 5.3 | An Bhonnlíne Hidreolaíochta | 69 |
| | 5.4 | Speicis Flora agus Fauna | 70 |
| | 5.5 | Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha | 72 |
| | 5.6 | Láithreáin Eorpacha | 73 |

**6 Tionchair Fhéideartha na Forbartha Beartaithe Bóthair 80**
6.1 Ilroinnt & Cailleadh Gnáthóige 81
6.2 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thollánú/Tochailtí 83
6.3 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidrigeolaíocha 84
6.4 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidreolaíocha 88
6.5 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Cháilíochta Aeir 94
6.6 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Scáthaithe 95
6.7 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thabhairt Isteach Speicis Plandaí Neamhdhúchasacha Ionracha 96
6.8 Suaitheadh/Cur as áit 96
6.9 Éifeacht Bacainne 99
6.10 Riosca Mortlaíochta ó Oibreacha Tógála agus ó Thrácht ar Bhóithre 100
6.11 Riosca Imbhuailte le Struchtúir Droichid 101
6.12 Achoimre 104

**7 Crios Tionchair na Forbartha Beartaithe Bóthair 106**
7.1 Caillteanas agus Scoilteadh Gnáthóige 106
7.2 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thollánú/Tochailtí 108
7.3 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidrigeolaíocha 108
7.4 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidreolaíocha 110
7.5 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Cháilíochta Aeir 110
7.6 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Scáthaithe 111
7.7 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thabhairt Isteach/Scaipeadh Speicis Plandaí Ionracha Neamhdhúchasacha 111
7.8 Cur Isteach/Cur as Áit Speicis Éin ó SPA-anna agus/nó Láithreáin Ex-situ 111
7.9 Éifeacht Bacainne 116
7.10 Riosca Mortlaíochta ó Oibreacha Tógála agus ó Thrácht ar Bhóithre 117
7.11 Achoimre 117

**8 Láithreáin Eorpacha laistigh de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair 121**
8.1 Láithreáin Eorpacha laistigh de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair a Aithint 121
8.2 Láithreáin Eorpacha Lastall de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair a Bhreithniú 123
8.3 Achoimre 125

**9 Imscrúdú agus Anailís ar na Tionchair Dhíreacha agus Indíreacha Féideartha ar Láithreáin Eorpacha 126**

9.1 cSAC Loch Coirib 126
9.2 cSAC Choimpléasc na Gaillimhe 206
9.3 SPA Loch Coirib 234
9.4 SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh 263

**10 Riachtanais Dearthóireachta agus Bearta Maolaithe 290**

10.1 Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige: Bearta chun cailleadh gnáthóige cSAC Loch Coirib a íoslaghdú agus cailleadh gnáthóige Q1 laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint le linn na tógála 295
10.2 Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt: Bearta le cothabháil a dhéanamh ar shláine struchtúrach pábháil aolchloiche le linn do chonair beartaithe Leacaigh a bheith á tógáil, (agus an bealach isteach ar an taobh thiar den chonair) 296
10.3 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht: Bearta le díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíoch a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint 297
10.4 Díghrádú Gnáthóige – hidreolaíocht: Bearta le Cáilíocht Uisce i Sruthchúrsaí Glactha a Chosaint 301
10.5 Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir: Bearta le hAstaíochtaí Deannaigh a Rialú le linn Tógála 303
10.6 Díghrádú gnáthóige – scáthú 304
10.7 Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha: Bearta maolúcháin le tabhairt isteach nó scaipeadh speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig Láithreáin Eorpacha a chosc 305
10.8 Suaitheadh/cur as áit: Bearta maolúcháin le seachaint/laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach/díláithriú ó thionchar pléascadh ar éin gheimhridh a bhaineann úsáid as Loch an Dúlaigh 308
10.9 Éifeacht bacainne 308
10.10 Riosca Mortlaíochta: Bearta maolúcháin le bás speicis Q1 a sheachaint 309
10.11 Achoimre 312

**11 Tionchair Iarmharacha 317**

11.1 cSAC Loch Coirib 317
11.2 cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe 330
11.3 SPA Loch Coirib 335
11.4 SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh 341

**12 Féidearthacht ó thaobh Éifeachtaí i gComhar 348**

12.1 Anailís maidir le Tionchar Cumaisc Ionchais 348
12.2 Conclúid na Measúnachta Tionchair 419

**13 Conclúid an NIS 421**

**14 Tagairtí 422**

# Gluais Tearmaí

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **%íl** | Peircintíl |
| **µg/m3** | micreagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh |
| **AA** | Measúnú Iomchuí<br>Measúnú a rinneadh faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga maidir leis na himpleachtaí a bhí ag plean nó ag tionscadal, go haonair nó i gcomhar le pleananna agus le tionscadail eile, ar láithreán Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin. |
| **Ábhar Cáithníneach** | Cáithníní beaga bídeacha de sholad nó leacht ar fuaidreamh i leacht nó i ngás. |
| **ABP** | An Bord Pleanála. |
| **Acomhail chomhréidh soilsithe** | Acomhal bóthair, áit a dtagann bóithre le chéile ar an leibhéal céanna, á rialú ag soilse tráchta. |
| **Acomhal Comhréidh** | Acomhal ag a dtagann bóithre le chéile ar an leibhéal céanna. |
| **Acomhal Ilairde** | Acomhal bóthair ina dtagann bóithre le chéile agus ina dtéann bóthar amháin ar a laghad thar ceann eile. |
| **Acomhal soilsithe** | Acomhal bóthair ina dtagann bóithre le chéile agus ina rialaítear an sruth tráchta le soilse tráchta. |
| **AE** | An tAontas Eorpach. |
| **Ailíniú Cothrománach** | Treo agus cúrsa an bhóthair atá á phleanáil. |
| **Ailíniú ingearach** | Treo agus cúrsa an bhóthair sa phróifíl. |
| **Alcaileacht** | Tomhas ar chumas tuaslagáin aigéid a neodrú. |
| **An Chéim Oibríochta** | An tréimhse ama ina bhfuil an bóthar beartaithe in úsáid. |
| **An Chéim Thógála** | An chéim a dtógfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe (Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe) lena linn. Áirítear leis sin réamhchonarthaí cosúil le fálú, tástáil seandálaíochta agus saoráidí/seirbhísí a atreorú, bunú láithreáin agus slógadh. |
| **An Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe agus atá faoi réir mheasúnú an Ráitis Tionchair Natura seo agus an iarratais chuig an mBord Pleanála. |
| **An Limistéar Staidéir** | An limistéar ar a ndearnadh staidéar d'fhonn treoir a thabhairt don Mheasúnú Tionchair Timpeallachta. Beidh éagsúlacht ag baint leis an limistéar staidéir ag brath ar an toisc thimpeallachta atá á breithniú. |
| **aOD** | Os cionn tagra ordanáis. |
| **AQS** | Caighdeáin Cáilíochta an Aeir. |
| **Athlíonadh** | Uisce a chur leis an gcrios sáithithe; freisin, an méid uisce a chuirtear leis. |
| **Bac hiodrálach** | Téarma ginearálta ina dtagraítear do mhodhnuithe ar shreabhchóras screamhuisce chun gluaiseacht éilleán a shrianadh nó a chosc. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **Báisteach Éifeachtach** | An chuid sin den deascadh iomlán a fhanann tar éis galú agus atá ar fáil don fhásra agus do shíothlú. |
| **Batailit** | Bruth-ionsá an-mhór ag síneadh go doimhneacht neamhaithnid i screamh an domhain. |
| **Bataiméadrach** | Is ionann bataiméadracht agus tomhas ar dhoimhneacht uisce in aigéin, aibhneacha, nó lochanna. Tá léarscáileanna bataiméadracha an-chosúil le léarscáileanna topagrafacha, a úsáideann línte chun cruth agus airde na ngnéithe talún a thaispeáint. |
| **BCI** | Caomhnú Ialtóg Éireann. |
| **Beantach** | Baint aige le grinneall na farraige nó locha nó leis na horgánaigh a mhaireann ann. |
| **Bithmhilleadh** | Is ionann bithmhilleadh agus an lobhadh a dhéanann miocrorgánaigh ar ábhar orgánach. |
| **Bitít** | Is ainm é bitít a úsáidtear le haghaidh grúpa mór mianraí míoca dubha a fhaightear go minic i mbruthcharraig agus i gcarraigeacha meiteamorfacha. |
| **BoCCI** | Éin a bhfuil imní maidir lena gcaomhnú in Éirinn. |
| **Bóthar cosanta** | Ciallaíonn bóthar cosanta, mar atá sainithe faoi Chuid 45 (1) d'Acht na mBóithre, bóthar poiblí nó bóthar poiblí atá beartaithe agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna faomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfar, le scéim bóthair chosanta arna ceadú ag an mBord Pleanála, foráil a dhéanamh maidir le haon bhealach sonraithe rochtana dírí, nó le gach bealach rochtana dírí, chuig an mbóthar cosanta ó thalamh sonraithe nó ó thalamh sonraithe a úsáidtear chun críche sonraithe nó chuig talamh den sórt sin ón mbóthar cosanta, a thoirmeasc, a dhúnadh, a iamh, a dhíchur, a athrú, a chlaonadh nó a shrianadh. |
| **Briseadh** | Briseadh ar an leanúnachas san áit ina raibh deighilt. |
| **BSBI** | Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann. |
| **BWI** | Cairde Éanlaith Éireann. |
| **$C_6H_6$** | Beinséin. |
| **Carrbhealach** | An chuid ar leith den bhóthar a úsáideann trácht feithiclí. |
| **Carst** | Tír-raon a chruthaítear le tuaslagán aolchloiche agus nach mbíonn aon draenáil dromchla i gceist leis, sraith log sa dromchla, lagracha agus scoilteáin, struchtúir thite agus líonra draenála forleathan faoi thalamh. |
| **Carstach** | Tuairisceoir le haghaidh dálaí buncharraige in aolchloch ina bhfuil gnéithe tuaslagáin cosúil le scoilteáin agus pluaiseanna, agus ina bhféadfadh, sruthchúrsaí uisce a bheith faoi thalamh. |
| **Carstú** | Foirmíocht na ngnéithe de topagrafaíocht charstach de bharr gníomhú ceimiceach, agus uaireanta meicniúil, uisce i réigiún aolchloiche, dolaimíte, nó buncharraig gipsim. |
| **Ceanncharraig** | Limistéar nó céimiúlacht charraigeach ardaithe; mullach nó an chuid is faide de charraig. Dromchla uachtair buncharraige. |
| **CEMP** | Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála. |
| **Ch.** | Slabhraíocht. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **CIRIA** | Cumann Taighde agus Faisnéise don Tionscal Tógála//Construction Industry Research and Information Association. |
| **Cliabhán ardaithe** | Craein hiodrálach le hardán faoi ráille ag an gceann chun daoine a ardú agus a ísliú, mar shampla chun oibriú ar chábla lasnairde. |
| **Clóraifill** | Is ábhar datha é clóraifill a fhaightear i bhformhór plandaí, algaí, agus alga gormghlas. |
| **CO** | Aonocsaíd Charbóin. |
| **$CO_2$** | Dé-ocsaíd charbóin. |
| **Cobhsú** | An próiseas a bhaineann le rud a dhéanamh níos sábháilte nó níos cobhsaí go fisiceach. |
| **Cófradhamba** | Imfhálú uisce-obach a phumpáiltear tirim ionas go mbeifear in ann obair thógála a dhéanamh faoin líne snámha, mar shampla bunsraitheanna le haghaidh struchtúr droichid. |
| **Coinneáil ithreach** | Is airí hiodrálach ollmhór ithreach é coinneáil uisce na hithreach a rialaíonn feidhmiú na hithreach in éiceachórais agus a mbíonn tionchar mór aige ar bhainistiú ithreach.  Cruthaíonn taise na hithreach maolán ollmhór i gcoinne tuilte, agus is toisc stiúrtha ollmhór é toilleadh uisce i bhfo-ithir chun plandaí a fhás. |
| **Córas Bailiúcháin** | Córas chun dramhaíl a bhailiú, a sórtáil nó a mheascadh ar mhaithe lena hiompar chuig saoráid aisghabhála nó diúscartha dramhaíola. |
| **Crios an chion tairbhe** | An dobharcheantar screamhuisce a chuireann uisce i dtobar. |
| **Crios fothaoidmhear** | Is é an crios fothaoidmhear an chuid sin de thimpeallacht réileán taoidmhear a luíonn faoi bhun leibhéal meánlag trá le haghaidh taoidí earraigh. Go hiondúil bíonn sé cumhdaithe ag uisce is cuma cén cineál taoide atá ann. Úsáidtear an focal go minic mar théarma tuairisciúil ginearálta le haghaidh timpeallacht shil-leaganach fo-uiscí ach éadomhain mhuirí. |
| **Crios neamhsháithithe** | An crios idir dromchla na talún agus an maoschlár, ina bhfuil na póireanna agus scoilteáin líonta leath bealaigh le huisce. Tugtar an crios fáin air freisin. |
| **Crios sáithithe** | An crios faoin maoschlár ina bhfuil na póireanna agus na scoilteáin lán le huisce Tugtar an crios fréatach air freisin. |
| **cSAC** | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir. |
| **cSAC** | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir. |
| **Cu** | Copar. |
| **Cumec** | Méadar ciúbach sa soicind, mar aonad ráta sreafa uisce. |
| **Cuspóirí caomhnaithe** | Is é an sprioc foriomlán do na cineálacha speiceas agus/nó gnáthóige dá bhfuil láithreán SAC nó SPA ainmnithe ionas go mbeidh an láithreán in ann rannchuidiú chun stádas fabhrach caomhnaithe na speiceas agus/nó na gcineálacha gnáthóige sin a choimeád nó a shroicheadh. I gcás roinnt láithreán SAC/SPA áirítear leis sin tacar mionsonraithe spriocanna agus saintréithe ar féidir stádas fabhrach caomhnaithe a thomhas ina gcoinne. |
| **DAU** | Aonad na nIarratas Forbartha sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **dB (deicibeil)** | An t-aonad leibhéal fuaimbhrú, arna ríomh mar logartam den dlús fuaime. |
| **dB(A)** | An t-aonad a úsáidtear chun an dlús fuaime a thomhas. Léiríonn an "A" go raibh na leibhéil "A" ualaithe. |
| **DCHG** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. |
| **Débhlaoscaigh** | Moileasc uisceach a bhfuil corp comhbhrúite aige iniata laistigh de shliogán ar insí, cosúil le hoisrí, diúilicíní, agus muiríní. |
| **DEFRA** | An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe sa Ríocht Aontaithe. |
| **Deighilt** | Áit ina bhfuil píosa talún deighilte nó scoite amach ón bpríomhshealúchas talún nó ina bhfuil píosa gnáthóige scartha/scoite amach ón bpríomhlimistéar gnáthóige. |
| **DHPLG** | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. |
| **Dingeáin** | Ionsá fo-ingearach cosúil le leathán de mhagma nó dríodar. |
| **DMRB** | Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid/Design Manual for Roads and Bridges, An Ríocht Aontaithe. |
| **Dobharcheantar** | An limistéar dromchla iomlán a choinníonn uisce le dromchla ar leith nó le gné screamhuisce. |
| **Doilíne** | Lagrach éadomhain ar chruth tonnadóra de dhromchla na talún cruthaithe ag tuaslagán i réigiúin aolchloiche. |
| **Dolairít** | Bruthcharraig dhorcha, meán-ghráinneach, le huigeacht oifíteach, ina bhfuil plagaclás, pirixéin, agus olaivín. Tarlaíonn sé i ndíoga agus i mboinn phoill. |
| **Draenacha réamh-chréfoirt** | I gcás ina ngabhfaidh uisce dromchla agus uisce fodhromchla ó thalamh in aice láimhe le sruth i dtreo an bhóthair, beidh gá tríd is tríd draenacha idircheaptha a thógáil ag bairr na ngearrthacha agus ag bun na gclaífort. I gceantair thuaithe d'fhéadfadh díoga a bheith i gceist leo sin seachas draenacha scagtha mar gheall ar a gcumas níos mó agus toisc iad a bheith níos saoire i gcomparáid le cinn eile. |
| **Draenáil Artaireach** | Obair dhraenála shaorga a dhéantar chun tacú le líonraí draenála nádúrtha. |
| **Éifeachtaí** | Úsáidtear na téarmaí éifeachtaí agus tionchair as lámh a chéile sa NIS seo agus ciallaíonn siad gníomh ar an ngabhdóir éiceolaíoch/láithreán Eorpach faoi chaibidil.<br>Tá brí shonrach leis an téarma "éifeacht" faoin Treoir maidir le Gnáthóga nuair a úsáidtear é i gcomhthéacs plé a dhéanamh ar na "héifeachtaí suntasacha dóchúla" ar láithreán Eorpach. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn sé do thionchar/éifeacht a bhfuil sé de chumas aige difear a dhéanamh do chuspóirí caomhnaithe láithreáin Eorpaigh agus difear díobhálach a dhéanamh dá bharr sin do shláine an láithreáin Eorpaigh sin. |
| **Éileamh Bitheolaíoch ar Ocsaigin (BOD)** | Paraiméadar a úsáidtear chun fáil amach cé chomh tapa is a ídíonn orgánaigh bhitheolaíocha ocsaigin i ndobharlach. Ní tástáil chainníochtúil chruinn é an tástáil a dhéantar ar BOD, cé go bhféadfaí é a mheas mar tháscaire de cháilíocht foinse uisce. |
| **Eipea-charst** | An crios tanaí gar don dromchla carstach. Áirítear leis an dromchla buncharraige mionathraithe (karren) i gcomhair réitigh |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| | agus an forscreamh forshrathnaithe agus cuimsithe. Tacaíonn an eipea-charst go minic le huiscíoch fara agus é ann chun uisce báistí insíothlaithe a mhoilliú agus a stóráil. Bíonn sé mar ghnáthóg freisin ag orgánaigh éagsúla a mhaireann sna scáintí. |
| **EPA** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. |
| **EQS** | Caighdeán Cáilíochta Comhshaoil. |
| **Estavelles** | Is oirifísí iad estavelles a bhfuil dhá fheidhm acu. Scaoileann siad uisce mar thobar nó ligeann siad d'uisce dul go grinneall, ag brath ar dhálaí screamhuisce. De ghnáth is iad estavelles nasc na lochanna carstacha leis an maoschlár talún carstach. |
| **Fásra bruachánach** | Is ionann fásra bruachánach agus éagsúlacht an fhásra dhúchasaigh atá ar 'thalamh in aice le dobharlach nó faoina thionchar. Tá gnáthóga bruachánacha sainithe mar áiteanna 'ina dtagann éiceachórais chríche agus uisceacha le chéile'. |
| **Fo-dhobharcheantar** | Píosa d'abhantrach. |
| **Fo-ithreacha** | An t-ábhar idir an bharrithir agus an bhuncharraig. |
| **Forstruchtúr** | Struchtúr atá tógtha os cionn rud éigin eile. |
| **Fostruchtúr** | Struchtúr foshrathnaithe nó taca. |
| **FPO** | An tOrdú um Flóra (Cosaint), 2015. |
| **Gaothrós** | Léaráid léarscáile ina dtugtar achoimre ar fhaisnéis faoin ngaoth ag suíomh ar leith thar thréimhse ama ar leith. |
| **GHG** | Gáis Cheaptha Teasa. |
| **GI** | Imscrúdú Talún. |
| **GIS** | Córas Faisnéise Geografaí. |
| **Glacadóirí** | Is daoine nó orgánaigh eile iad glacadóirí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach nó nochta d'éilleáin de bharr a n-aois agus a sláinte (e.g. scoileanna, ionaid cúram lae, ospidéil, tithe altranais), stádas (e.g. speicis leochaileacha nó i mbaol), gaireacht don éilliú, tógáil tí (e.g. íoslach), nó na saoráidí a bhíonn in úsáid acu (e.g. tobar i gcomhair soláthair uisce). |
| **Glár** | Dríodar sil-leagtha ag uisce reatha. |
| **Gnáthóg** | Áit chónaithe speiceas nó pobail ina soláthraítear tacar riochtaí comhshaoil. |
| **Gnáthóg Iarscríbhinn I** | Cineálacha gnáthóige liostaithe ar Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga a n-éilítear lena gcaomhnú go n-ainmneofaí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. |
| **Gnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I** | Cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I atá i gcontúirt dul as radharc, agus a bhfuil freagracht ar an gComhphobal Eorpach ina leith i bhfianaise an chiona dá raon nádúrtha atá laistigh den chríoch. |
| **GSI** | Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. |
| **GTS** | Straitéis Iompair na Gaillimhe – straitéis iompair foriomlán le haghaidh Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird le creat forfheidhmithe follasach le haghaidh cúrsaí iompair sna 20 bliain seo amach romhainn. |
| **GWDTE** | Éiceachórais Dhomhanda ag Brath ar Screamhuisce. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **ha** | Heicteár (tá heicteár amháin cothrom le 10,000 méadar cearnach). |
| **HAWRAT** | Uirlis Measúnú Riosca Uisce na Gníomhaireachta Mórbhealaí. |
| **HGV** | Feithicil Earraí Troma. |
| **Hidridinimic** | Brainse eolaíochta a bhaineann le fórsaí a ghníomhaíonn ar sreabháin nó faoina dtionchar (go háirithe leachtanna). |
| **Hz** | Heirts. |
| **Idircheapóir hidreacarbóin** | Gaiste a úsáidtear chun truailleáin hidreacarbóin a scagadh ó rith chun srutha uisce báistí. Úsáidtear é de ghnáth nuair a bhíonn bóthar á thógáil ionas nach n-éilleoidh breosla srutháin a bheidh ag iompar an rith chun srutha. |
| **IEEM** | An Institiúid Éiceolaíochta agus Bainistíochta Comhshaoil. |
| **IFI** | Iascaigh Intíre Éireann. |
| **IGI** | Institiúid Geolaithe na hÉireann. |
| **In-situ** | Ina áit bhunaidh, chun ceannbhalla a thógáil tógtar ar an láthair é. |
| **Íostarraingt** | Cúlú uisce ó thaiscumar nó stór. |
| **IPPC** | Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú. |
| **IRP** | Plean Freagartha Teagmhas. |
| **km** | Ciliméadair. |
| **kPa** | Cileapascal, aonad chun brú a thomhas. |
| **kph** | Ciliméadair san uair. |
| **kV** | Aonad fórsa leictreaghluaisneach, cothrom le 1000 volta. |
| **Láithreáin ainmnithe** | Láithreáin a bhfuil stádas speisialta acu mar limistéir faoi chosaint mar gheall ar an tábhacht nádúrtha agus cultúrtha atá leo. |
| **Láithreán Eorpach** | Téarma coiteann a úsáidtear sa reachtaíocht náisiúnta nuair a thagraítear do láithreáin chaomhnaithe an dúlra a bhfuil cosaint acu faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga nó Éin (i.e. láithreáin SAC nó SPA). |
| **LAP** | Plean Ceantair Áitiúil. |
| **$L_{den}$** | An táscaire torainn ilchodach lá-tráthnóna-oíche arna ghlacadh ag an AE ar mhaithe leis an mbearrán foriomlán a mheas. Is ionann $L_{day}$ agus an leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí lae go léir i mbliain. Is ionann $L_{night}$ agus an leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí oíche go léir i mbliain. |
| **Leochaileacht screamhuisce** | Is téarma é leochaileacht a úsáid chun léiriú a thabhairt ar na bunsaintréithe geolaíocha agus hidrigeolaíocha a chinneann cé chomh héasca is atá sé ag gníomhaíochtaí an duine an screamhuisce a éilliú. |
| **Limistéar Hidriméadrach** | Limistéar arna sainiú ag an EPA ag cumhdach réigiúin dobharcheantair. |
| **Limistéar staidéir na scéime** | Tagraíonn an téarma "limistéar staidéir na scéime", nuair a úsáidtear sa EIAR seo é, don limistéar staidéir i gcoitinn ag ar |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| | sainaithníodh srianta i dtús báire i rith na staidéar ar shrianta agus roghnú bealaí don tionscadal. |
| **Linn mhaolaithe** | Linn uisce a úsáidtear chun rith chun srutha uisce ón mbóthar a bhailiú agus a scaoileadh go mall. |
| **Lomán** | Teagmháil le buncharraig. |
| **Lomán carraige** | An chuid d'fhoirmiú carraige a bhíonn le feiceáil os cionn dromchla na talún timpeall air. |
| **Lúb** | Is ionann lúb go ginearálta agus píosa lúbtha i sruthchúrsa. |
| **Luft** | Treoir-Threoracha Teicniúla TA Luft ar Rialú Cháilíocht an Aeir. |
| **Maicrinveirteabraigh** | Ainmhithe nach bhfuil aon chnámh droma acu atá sách mór le bheith in ann feiceáil leis an tsúil lom. |
| **Maoschlár** | An leibhéal sáithiúcháin is tábhachtaí in uiscíoch ag a mbíonn an brú atmaisféarach. |
| **Máthairábhar** | An cineál buncharraige óna n-eascraítear na píosaí carraige laistigh de thill. Cuir i gcás, is é máthairábhar Till Aolchloiche ná Aolchloch. |
| **Méiseatrófach** | Lochán nó linn a bhfuil líon measartha plandaí ann. |
| **mgbl** | Méadair os cionn leibhéal na talún. |
| **Mionaeráideach** | Na riochtaí san atmaisféar a mbíonn tionchar acu ar dhuine aonair nó ar ghrúpa beag orgánach, go háirithe nuair a bhíonn siad difriúil ón aeráid sa chuid eile den phobal. |
| **Moirfeolaíocht** | Is ionann moirfeolaíocht agus an eolaíocht a bhaineann le cineálacha dobharlach nádúrtha cosúil le haibhneacha, lochanna, inbhir, murlaigh, criosanna cósta agus muirí, mar aon leis na próisis a chruthaíonn agus a mhodhnaíonn na foirmeacha sin. |
| **Moirtiúlacht** | Tomhas ar shoiléire coibhneasta leachta é moirtiúlacht. Is saintréith optúil é d'uisce agus léiriú ar an méid solais a scaiptear le hábhar san uisce nuair a scalltar solas tríd an sampla uisce. Dá mhó déine atá sa solas scaipthe, is airde an mhoirtiúlacht. |
| **MTT** | Measúnú Tionchair Timpeallachta. |
| **N6 GCOB** | Iarratas roimhe seo chuig ABP in 2006 don téarma sainithe 'Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe' (GCOB). |
| **N6 GCRR** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, faoi réir an NIS. |
| **NHA** | Limistéir Oidhreachta Nádúrtha. |
| **NIS** | Ráiteas Tionchair Natura. |
| **$NO_2$** | Dé-ocsaíd Nítrigine. |
| **$NO_x$** | Ocsaídí Nítrigine. |
| **NPF** | Creat Pleanála Náisiúnta. |
| **NPWS** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. |
| **NRA** | An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. |
| **NTA** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair. |
| **$O_2$** | Ocsaigin. |
| **OD** | Tagra Ordanáis. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **Oibreacha cumasúcháin** | Ullmhúcháin chun láithreán a réiteach le haghaidh tógála. Cumhdaítear ann gníomhaíochtaí chun an láithreán a ullmhú, bealaí rochtana a chruthú, agus saoráidí a shuiteáil cosúil le fálú slándála, rampaí, agus comharthaí a chur suas. |
| **Olagatrófach** | Tá cruinniú íseal de shalainn chothaitheacha tuaslagtha ann, a thacaíonn le fás fánach alga agus le horgánaigh eile, agus ina bhfuil leibhéal ard ocsaigin mar gheall ar an méid ábhar orgánach atá ann. |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí. |
| **OS** | Suirbhéireacht Ordanáis. |
| **OSI** | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. |
| **PAH** | Hidreacarbóin Il-timthriallacha Aramatacha. |
| **Pailé-charst** | An téarma ginearálta le haghaidh carst ársa a bhfuil iontaisiú nó caomhnú déanta air. Bíonn na gnéithe sin líonta le dríodair litithe. |
| **Pailé-thírdhreach** | Tírdhreach mar a bhí san aimsir ársa. |
| **Pb** | Luaidhe. |
| **pH** | Is tomhas é pH ar aigéadacht nó bunatacht tuaslagáin. |
| **Pléascadh** | Dlúthcharraig a bhriseadh óna chéile nó a phléascadh le pléascáin |
| **$PM_{10}$** | Ábhar cáithníneach atá 10 micriméadar (miocróin) i dtrastomhas nó níos lú. |
| **$PM_{2.5}$** | Ábhar cáithníneach atá 2.5 micriméadar (miocróin) i dtrastomhas nó níos lú. |
| **pNHA** | Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe. |
| **Podsail** | Cineál ithreach a chruthaítear i réigiúin aeráide fhuara, a bhíodh marbhánta ar bhonn séasúrach agus ina bhfuil láisteadh (síothlú uisce) ina phróiseas ceannasach. |
| **Qbar** | An meán-sreabhadh uasta bliantúil a taifeadadh nó a ríomhadh ag láthair. |
| **QI** | Leas Cáilitheach – gnáthóg Iarscríbhinn I nó speicis Iarscríbhinn II dá bhfuil cSAC/SAC ainmnithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga. |
| **Radairianú** | Úsáid as glacadóirí raidió, aeróga treocha agus tarchuradóirí raidió (ag dul leis an spriocspeiceas) chun gluaiseachtaí agus suíomhanna speiceas a fhaire agus a thaifeadadh. |
| **Riocht Fhabhrach Caomhnaithe** | I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar éifeachtaí an QI/SCI ar láithreáin Eorpacha agus a gcuspóirí caomhnaithe, baintear riocht fhabhrach caomhnaithe amach nuair a bhíonn dóthain raoin, achair agus cáilíochta ag gnáthóga QI, agus tá raon méid daonra agus limistéar gnáthóige leordhóthanach ag speicis QI/SCI, chun a chinntiú go mairfidh siad go meántéarmach nó go fadtéarmach, mar aon le hionchais fhabhracha sa todhchaí agus brúnna agus bagairtí le sárú acu. |
| **Riosóm** | Gas plandaí faoi thalamh, atá ag fás go cliathánach agus in ann fréamh agus córas péacáin planda nua a tháirgeadh. |
| **Rith chun srutha** | An t-uisce a fhágann limistéar draenála nó uisce ag rith trasna an dromchla talún. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **S.I.** | Ionstraim Reachtúil. |
| **SAC** | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta. |
| **SCI (Leas Caomhantais Speisialta)** | Leas Caomhantais Speisialta – speiceas éan Iarscríbhinn I dá bhfuil SPA ainmnithe faoin Treoir maidir le hÉin. |
| **Scoilteán** | Scoilt nádúrtha i gcarraig trína mbíonn uisce in ann gluaiseacht go tapa. |
| **Screamhuisce** | An chuid sin den uisce fodhromchla arb é an crios sáithithe é, i.e. faoi bhun an mhaoschláir. |
| **Séideadh gaoithe** | Iompartha nó tiomáinte ag an ngaoth. |
| **Seoltacht** | Is tomhas é seoltacht (nó seoltas sonrach) tuaslagáin ar a chumas leictreachas a sheoladh. Tá sé nasctha go díreach leis an líon iomlán solad a bhíonn tuaslagtha sa tuaslagán. |
| **SI** | Iniúchadh láithreáin. |
| **$SO_2$** | Dé-ocsaíd sulfair. |
| **Sochorraitheacht** | Leochaileacht gabhdóra sochorraithe d’athrú. |
| **SOx** | Sulfar Ocsaíd léirithe mar Dé-ocsaíd sulfair. |
| **SPA** | Limistéar faoi Chosaint Speisialta. |
| **SPA** | Limistéar faoi Chosaint Speisialta (d’éin). Cuid de líonra láithreán Eorpach Natura 2000, ainmnithe faoin Treoir maidir le hÉin AE (79/409/CEE). |
| **Speicis Iarscríbhinn II** | Speicis liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga a n-éilíonn a gcaomhnú go n-ainmneofaí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. |
| **Speicis Iarscríbhinn IV** | Speicis liostaithe ar Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga a dtugtar cosaint dhian dóibh faoi reachtaíocht AE agus náisiúnta. |
| **Sreabhadh seolphíobáin** | Sreabhadh screamhuisce trí sheolphíobáin mhóra laistigh den charraigmhais a fhaightear de ghnáth in uiscígh charstacha. |
| **Stádas Fabhrach Caomhnaithe** | I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar stádas caomhnaithe ghnáthóga Iarscríbhinn I agus speicis Iarscríbhinn II/IV ar leibhéal náisiúnta, baintear stádas fabhrach caomhnaithe amach nuair a bhíonn dóthain raoin, achair agus cáilíochta ag na gnáthóga, agus tá raon méid daonra agus limistéar gnáthóige leordhóthanach ag na speicis, chun a chinntiú go mairfidh siad go meán nó go fadtéarmach, mar aon le hionchais fhabhracha sa todhchaí agus brúnna agus bagairtí le sárú acu. |
| **SuDS** | Córais draenála uirbí inbhuanaithe (SUDS) ar cur chuige nádúrtha iad maidir le draenáil a bhainistiú i réadmhaoin agus forbairtí eile agus timpeall orthu. Oibríonn siad trí mhoill a chur ar an uisce a ritheann chun srutha ó láithreán agus é a choinneáil siar, ag ligean do phróisis nádúrtha truailleáin a bhriseadh síos. |
| **Talamh Réitithe** | Fosuithe atá carntha trí ghníomh an duine agus ina bhféadfadh mianraí nádúrtha a bheith, e.g. cré agus/nó ábhair shaorga. |
| **Tarbhealach** | Struchtúr íseal cosúil le droichead, le sraith áirsí de ghnáth, a iompraíonn bóthar nó iarnród thar ghleann nó talamh íseal eile. |

| Téarmaí | Brí |
|---|---|
| **Teorainn na Forbartha atá Beartaithe** | Líon na dtailte a gheofar go héigeantach chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil agus a fheidhmiú, agus tagraítear dóibh mar theorainn na forbartha atá beartaithe. |
| **TII** | Bonneagar Iompair Éireann. |
| **Tíolacas** | An cumas atá ag abhainn sreabhadh uisce a iompar. |
| **Tionchair/éifeachtaí i gcomhar** | An téarma le haghaidh tionchar carnach a úsáidtear nuair a bhíonn tionchair ar láithreáin Eorpacha i gcomhthéacs NIS/AA á mbreithniú – éifeachtaí carnacha á gcruthú ag tionscadal atá á bhreithniú i láthair na huaire mar aon leis na héifeachtaí a bheadh ag aon tionscadail nó pleananna reatha nó beartaithe. |
| **Tionchar** | Úsáidtear na téarmaí éifeachtaí agus tionchair as lámh a chéile sa NIS seo agus ciallaíonn siad gníomh ar an ngabhdóir éiceolaíoch/láithreán Eorpach faoi chaibidil. |
| **TOC** | Carbón Orgánach Iomlán. |
| **Tóchar** | Struchtúr lena mbíonn uisce in ann sreabhadh faoi bhacainn cosúil le bóthar nó bóthar iarainn. |
| **Tollán gearrtha agus cumhdaigh** | Is cur chuige é 'gearradh agus cumhdaigh' a úsáidtear chun tolláin éadomhain a thógáil i gcásanna ina féidir an talamh os cionn an tolláin a ghlanadh (a ghearradh), tógtar an ghné struchtúrach ansin don tollán sula gcumhdaítear barr an tolláin le cré, barrithir agus fear. |
| **Tollán tollta** | Tochailt tolláin ag úsáid meaisín le trasghearradh ciorclach trí charraig, i.e. ábhar tógtha le meaisín tollta. |
| **Tréscaoilteacht** | Tomhas ar chumas carraige uisce a tharchur. |
| **Túfa** | Carraig phóiriúil ina gcuimsítear carbónáit chailciam agus a chruthaítear le deascadh ó uisce, e.g. timpeall ar fhuaráin mhianracha. |
| **Tuile báistiúil** | Tarlaíonn na tuilte seo nuair a dhéanann uisce dromchla a chruinníonn de bharr báisteach throm sáithiú ar an gcóras draenála uirbí, agus nuair nach féidir an farasbarr uisce a shú. |
| **Tulógach** | Píosa ardaithe talún os cionn leibhéal ginearálta réigiúin riascaigh. |
| **Turlach** | Lochanna séasúracha a fhaightear i gcarst ísealchríche iarthar na hÉireann. |
| **Uiscíoch** | Sraith nó sraitheanna fodhromchla carraige a stórálann agus a dhéanann uisce a tharchur i méideanna suntasacha. |
| **Úsc** | Scaoileadh idirleata screamhuisce. |
| **Úscadh** | Sceitheadh mall leachta trí ábhar póiriúil nó poill bheaga. |
| **VOC** | Comhdhúile orgánacha míshocair (VOC). |
| **WFD** | An Chreat-treoir Uisce |
| **ZoI** | Crios Tionchair |

# 1 Réamhrá

Thar a cheann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt a dhéanamh ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR), á dtagraítear dó ina dhiaidh seo mar an fhorbairt bheartaithe bóthair.

Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair tógáil tuairim is 6km de charrbhealach aonair ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus tuairim is 12km de charrbhealach dúbailte uaidh sin go dtí an ceangal thoir leis an N6 láithreach ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, chomh maith le nascbhóithre gaolmhara, taobh-bhóithre, acomhail agus déanmhais, mar a thaispeántar i **bhFíoracha 1.1** go **1.15** agus oibreacha i gceantair ar leith ar líonra an chórais tarchurtha agus dáilte leictreachais. Is bóthar cosanta[1] a bheidh sa chuid den fhorbairt bheartaithe bóthair ón gceangal leis an R336 Bóthar an Chósta go dtí an N59 Acomhal Leitrí agus is mótarbhealach a bheith sa chuid ón acomhal seo go dtí an ceangal leis an N6 Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise atá ann cheana féin. Tá cur síos iomlán ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) atá beartaithe curtha i láthair i **gCuid 2**. Tá plean láithreáin den Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) curtha ar fáil i **bPláta 1.1** thíos.

Ullmhaíodh an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) de réir fhorálacha Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus de réir cheanglais Threoir 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992 ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir um Ghnáthóga), na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2016 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011-2015 (na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga).

Déantar breithniú sa ráiteas sin ar na himpleachtaí atá ag an bhforbairt bheartaithe bóthair, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, do láithreáin Eorpacha ag féachaint do chuspóirí caomhantais na láithreán sin. Tá scrúdú eolaíochta ann ar an bhfianaise agus ar na sonraí atá ar fáil chun na himpleachtaí atá ag an bhforbairt bheartaithe bóthair d'aon láithreáin Eorpacha a shainaithint agus a mheasúnú, ag féachaint do chuspóirí caomhantais na láithreán sinDéantar breithniú ann i dtaobh an ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear dochrach d'iomláine láithreán Eorpach. Le linn teacht ar chonclúid ina leith sin, déantar breithniú ar aon bhearta maolúcháin a bhfuil gá leo chun aon tionchair dhiúltacha fhéideartha a sheachaint nó a laghdú.

Is é is cuspóir don NIS seo ná scrúdú, anailís agus meastóireacht i leith thionchair fhéideartha na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin Eorpacha a sholáthar agus na cinntí agus na conclúidí i leith na forbartha beartaithe bóthair a chur ar fáil i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr dá bhfuil ann sa réimse. San NIS seo, beidh

[1] Ciallaíonn bóthar cosanta bóthar poiblí nó bóthar beartaithe atá poiblí agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfar foráil a dhéanamh i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála um thoirmeasc, dhúnadh, athrú, atreorú nó srianadh aon rochtana sonraithe nó gach bealach díreach rochtana ar an mbóthar cosanta ón talamh sonraithe arna húsáid um chuspóir sonraithe nó chuig an talamh sin ón mbóthar cosanta.

eolas agus cúnamh ann don údarás inniúil, is é sin, An Bord Pleanála, le linn dó a Mheasúnacht Chuí a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear dochrach d'iomláine láithreán Eorpach, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, agus cuspóirí caomhantais na nithe sin á gcur san áireamh.

Is é tuairim mheáite údair an NIS seo (Scott Cawley Ltd.) gurb amhlaidh, tar éis na bearta maolúcháin a fhorordaítear i **Roinn 10** (a bhfuil a n-éifeachtacht leagtha amach i **Roinn 10** freisin), nach mbeidh aon éifeachtaí dochracha ag an bhforbairt bheartaithe bóthair, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar iomláine aon láithreán Eorpach, ag féachaint dá a gcuspóirí caomhantais, agus nach bhfuil aon amhras réasúnach ann, ó thaobh cúrsaí eolaíochta de, i leith na conclúide sin.

## 1.1 Cúlra

Glacadh leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe, i bPleananna Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus na Comhairle Contae, faoi réir Measúnachta Straitéiseach Comhshaoil (MSC) agus Measúnacht Chuí agus sa chaoi sin tacaíonn sí le creat pleanála a sholáthar don bhóthar. Tá na bearta maolaithe a aithníodh san MSC agus san AA maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe á gcur i bhfeidhm anois ag céim seo an tionscadail agus tugann siad aghaidh ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal seo, lena n-áirítear éifeachtaí comhcheangailte.

D'ullmhaigh Scott Cawley Ltd. tuarascáil maidir le Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (Scott Cawley, 2018) i dtaca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, chun a chumasú don údarás inniúil, is é sin, An Bord Pleanála, Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle (an Treoir um Ghnáthóga) a chomhlíonadh.


Níl an fhorbairt bheartaithe bóthair bainteach le bainistiú aon láithreán Natura 2000 (dá ngairtear láithreáin Eorpacha ina dhiaidh seo) ná níl gá leis i ndáil le bainistiú den sórt sin[2].

Sa Tuarascáil maidir le Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (Scott Cawley, 2018), cinneadh nach bhféadfaí neamhshuim a dhéanamh den fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha (cSAC) Loch Coirib, ar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, ar Limistéar Cosanta Speisialta (SPA) Loch Coirib agus ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus go bhfuil gá le Measúnacht Chuí. Léiríonn an tuarascáil

[2] Déantar láithreáin Natura 2000 a shainmhíniú faoin Treoir um Ghnáthóga (Airteagal 3) mar líonra éiceolaíochta Eorpach ina bhfuil limistéir chaomhantais speisialta arb é atá iontu ná láithreáin ina bhfuil na cineálacha gnáthóige nádúrtha atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus na speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus limistéir cosanta speisialta a sainíodh faoin Treoir maidir le hÉin. Is é is aidhm don líonra ná cabhrú leis na speicis agus leis na gnáthóga de chuid na hEorpa is luachmhaire agus is mó atá faoi bhagairt leanúint de bheith ar marthain san fhadtéarma. In Éirinn, tá na láithreáin sin ainmnithe mar láithreáin Eorpacha - de réir mar atá sainmhínithe faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus/nó faoi na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga mar (a) láithreán tábhachta Comhphobail féideartha, (b) láithreán tábhachta Comhphobail, (c) limistéar caomhantais speisialta féideartha, (d) limistéar caomhantais speisialta, (e) limistéar cosanta speisialta féideartha, nó (f) limistéar cosanta speisialta. In Éirinn, is é a thugtar orthu de ghnáth ná Limistéir Chaomhantais Speisialta féideartha (cSAC-anna) agus Limistéir Cosanta Speisialta (SPA-anna).

go bhféadfar scóip na Measúnachta Cuí sin a theorannú do na ceithre láithreán Eorpach sin (cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Loch Coirib, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, féach **Pláta 1.1**) ós rud é go bhféadfaí an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar aon láithreáin Eorpacha a chur as an áireamh. Déantar an t-ábhar sin a phlé tuilleadh i **Ranna 7** go **9** den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) seo.

**Pláta 1.1: An Fhorbairt Bheartaithe Bóthair agus láithreáin Eorpacha**




Rinne Comhairle Contae na Gailimhe scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus, mar thoradh air sin, aontaíodh leis na conclúidí agus leis na moltaí a bhí leagtha amach sa Tuarascáil maidir le Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (Scott Cawley, 2017) agus cinneadh, ar bhonn faisnéis oibiachtúil eolaíochta agus ag féachaint do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, nach féidir a cheapadh nach mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar na láithreáin Eorpacha sin.

## 1.2 An Comhthéacs Reachtaíochta

Leis na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga, déantar Treoir 2009/147/CE an 30 Samhain 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú (an Treoir um Éin) agus Treoir 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992 ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir um Ghnáthóga) a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann.

Leis na Treoracha sin, ceanglaítear ar Éirinn láithreáin chosanta a bhunú mar chuid de líonra uile-Eorpach láithreán (a dtugtar láithreáin Eorpacha orthu in Éirinn) le

haghaidh gnáthóg agus speiceas lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta ó thaobh caomhantais de. In Éirinn, áirítear Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC-anna, lena n-áirítear SAC-anna féideartha) agus Limistéir Cosanta Speisialta (SPA-anna) i measc na láithreán Eorpach. Roghnaítear SAC-anna i leith na ngnáthóg atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir um Ghnáthóga (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol dul ó amharc) agus i leith na speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn II. Roghnaítear SPA-anna i leith na speiceas éin (atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir um Éin), i leith daonraí speiceas éin imircigh a fheictear go rialta (amhail lachain, géanna nó lapairí), agus i leith limistéar lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta ó thaobh éin imirceacha de. Freagraíonn na gnáthóga sonraithe agus na speicis shonraithe ar ina leith a roghnaítear gach SAC agus SPA do na Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) (i gcás SAC-anna) nó do na Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna) (i gcás SPA-anna) i ndáil leis na láithreáin ar ina leith a dhéantar cuspóirí caomhantais a fhorbairt.

Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga:

"*Maidir le haon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú an láithreáin, nó nach bhfuil gá leis i ndáil le bainistiú an láithreáin, ach ar dóigh dó éifeacht shuntasach a bheith aige ar an láithreán, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnacht chuí ar na himpleachtaí atá aige don láithreán, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin. I bhfianaise chonclúidí na measúnachta ar na himpleachtaí atá ann don láithreán, agus faoi réir fhorálacha mhír 4, ní chomhaontóidh na húdaráis náisiúnta chuí an plean go dtí go mbeidh sé fionnta acu nach ndéanfaidh sé difear dochrach d'iomláine an láithreáin lena mbaineann agus, más cuí, go dtí go mbeidh tuairim an phobail i gcoitinne faighte acu.*"

Rinneadh an fhoráil sin a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann le Cuid XAB de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2015. Déantar foráil le Roinn 177U(4) den na hAchtanna sin maidir le scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí mar a leanas:

*"Tabharfaidh an t-údarás inniúil breith go bhfuil ceanglas ann measúnacht chuí a dhéanamh ar [...] fhorbairt bheartaithe[...], mura féidir é a eisiamh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an [...] bhforbairt bheartaithe, go leithleach nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar láithreán Eorpach."*

Déantar foráil le Roinn 177T(1) agus (2) maidir le NIS mar a leanas á rá gurb ionann é agus "*ráiteas chun críocha Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga, maidir le himpleachtaí Plean úsáide talún, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, do láithreán Natura 2000 amháin nó níos mó, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin nó na láithreán;" agus á shonrú go n-áireofar ann "tuarascáil maidir le himscrúdú eolaíochta ar fhianaise agus sonraí, arna dhéanamh ag daoine inniúla chun aon impleachtaí do láithreán Natura 2000 amháin nó níos mó a aithint agus a aicmiú ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin nó na láithreán*".

Tá rialú iomchuí déanta ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa i ndáil le cás ina bhfuil gá le Measúnacht Chuí agus i ndáil le cuspóir na measúnachta sin[3]:

*"Aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú an láithreáin, nó nach bhfuil gá leis i ndáil le bainistiú an láithreáin, beidh sé faoi réir measúnacht chuí ar na himpleachtaí atá aige don láithreán, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin, más rud é, ar bhonn faisnéis oibiachtúil eolaíochta, nach féidir a cheapadh nach mbeidh éifeacht shuntasach aige ar an láithreán sin, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile" agus nach féidir an plean nó an tionscadal a údarú ach amháin "i gcás nach bhfuil aon amhras réasúnach ann, ó thaobh cúrsaí eolaíochta de, i leith na héifeachtaí sin a bheith ann".*

Tá rialú iomchuí déanta ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa freisin i dtaobh cad is ceart a bheith ann i Measúnacht Chuí[4]:

*"Ní féidir bearnaí a bheith ann [sa Mheasúnacht Chuí] agus ní mór cinntí agus conclúidí iomlána, beachta, cinntitheacha a bheith inti ar féidir leo deireadh a chur le gach amhras réasúnach, ó thaobh cúrsaí eolaíochta de, i dtaobh éifeachtaí na n-oibreacha atá beartaithe ar an láithreán cosanta lena mbaineann".*

## 1.3 Treoir AE & Cur Chuige maidir le Measúnú Airteagal 6

Sa Treoir ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Assessment of plans and projects significantly affecting Natura 2000 sites*: Methodological guidance on the provisions of Article 6(3) and (4) of the Habitats Directive 92/43/EEC* forordaítear próiseas céimnithe, mar atá leagtha amach thíos, agus bíonn an gá le gach céim ar leith ag brath ar thorthaí na céime roimhe sin. Tá ord na gcéimeanna ceaptha chun éifeachtaí féideartha pleananna agus tionscadal ar láithreáin Eorpacha a thástáil:

1. Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí
2. Measúnacht Chuí
3. Measúnacht ar Réitigh Mhalartacha
4. Measúnacht i gcás nach bhfuil aon réitigh mhalartacha ann agus go bhfuil tionchair dhochracha ann fós *i.e.* tástáil i leith cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, agus bearta cúitimh

Cuirtear síos ar Chéim 1 mar chéim ina ndéantar scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus sainaithnítear lena linn *"an dóigh go mbeadh éifeacht shuntasach"* ag an bhforbairt bheartaithe bóthair, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar aon láithreán Eorpach. Is é atá in éifeacht dhóchúil ná éifeacht nach féidir, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, í a chur as an áireamh. Is ionann toradh na tástála agus *'féidearthacht'* go mbeidh éifeachtaí ann seachas *'cinnteacht'* go mbeidh éifeachtaí ann. Is é atá sa tástáil suntasachta ná a fháil amach an bhféadfadh

[3] Cás C-127/02 Landelijke Vereniging tot Behoud van de Waddenzee, Nederlandse vereniging tot Bescherming van Vogels *v*. Staatssecretaris van Landbouw, Naturbeheer en Visserij (Waddenzee) [2004] ECR I-7405
[4] Cás C-258/11Sweetman v. An Bord Pleanála [2013] ECR I – 0000 (11 Aibreán 2013)

plean nó tionscadal an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais an láithreáin (Féach **Roinn 4.3**).

Má mheastar gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasach, suntasach go féideartha nó éiginnte, nó má éiríonn an próiseas scagtha róchasta, ní mór an próiseas a chur ar aghaidh chuig Céim 2: Measúnacht Chuí, agus Ráiteas Tionchair Natura á ullmhú mar eolas don Mheasúnacht Chuí atá le seoladh ag an údarás inniúil.


# 2 Tuairisc ar an bhForbairt Beartaithe Bóthair

## 2.1 Forléargas

Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair tógáil tuairim is 5.6km de charrbhealach aonair ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus tuairim is 11.9km de charrbhealach dúbailte uaidh sin go dtí an ceangal thoir leis an N6 láithreach ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, chomh maith le nascbhóithre gaolmhara, taobh-bhóithre, acomhail agus déanmhais mar aon le hoibreacha anseo is ansiúd ar an líonra dáilte agus tarchurtha leictreachais (a bheidh comhdhéanta go sonrach le haistriú na seirbhísí 110kV agus 38kV) mar a thaispeántar i **bPláta 2.1** thíos agus i **bhFíoracha 1.1** go **1.15**.

Is ionann an t-achar iomlán laistigh de lorg na forbartha beartaithe bóthair[5] agus 280 heicteár. Den achar iomlán seo, beidh 180 heicteár ag teastáil do na forbairtí beartaithe bóthair.

**Pláta 2.1: Forléargas ar an bhForbairt Bheartaithe Bóthair**




Ceanglaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair leis an mBóthar Cósta láithreach, R336, sa Bhaile Nua agus tá acomhal timpealláin de réir gráid ann tuairim is 2km siar ó Shráidbhaile Bhearna agus, ina dhiaidh sin, téann sé ar aghaidh ó thuaidh agus soir mar charrbhealach aonair go dtí an taobh ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna agus ar aghaidh uaidh sin i dtreo Bhaile an Mhóinín. Tá sé beartaithe timpeallán de réir gráid a lonnú ar Bhóthar Bhearna/Mhaigh Cuilinn, L1421, agus

[5] Tugtar teorainn na forbartha beartaithe ar mhéid na dtailte a shealbhófar go héigeantach le haghaidh tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe bóthair.

tá sé beartaithe acomhail shoilsithe de réir gráid a lonnú ag Bóthar na Ceapaí agus ag Bóthar Bhaile an Mhóinín.

Soir ó Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín, is carrbhealach dúbailte é fhorbairt bheartaithe bóthair agus leanann sé ar aghaidh soir agus Acomhal Leitrí grád-scartha N59 ann i Leitreach. Ceanglaíonn an t-acomhal le Bóthar Mhaigh Cuilinn, N59, trí 9 atá beartaithe agus le Bóthar Leitrí agus le Bóthar Rathúin trí Nascbhóthar Theas N59 atá beartaithe. Leanann an fhorbairt bheartaithe bóthair soir ansin agus trasnaítear Bóthar Mhaigh Cuilinn láithreach, N59, ag an Daingean agus téann sé ar aghaidh ar tharbhealach thar Champas Spóirt OÉG sula dtrasnaítear Abhainn na Gaillimhe (agus cSAC Loch Coirib) ar dhéanmhas droichid.

Imríonn an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar ar Champas Spóirt OÉG ag an Daingean agus imrítear tionchair dhíreacha ar cheann amháin de dá fhaiche láithreacha GAA atá tadhlach le hAbhainn na Gaillimhe agus ar fhaiche traenála os comhair éadan an phailliúin láithrigh spóirt. Chun an tionchar ar an dá fhaiche sin a mhaolú, beartaítear faiche uile-aimsire lánmhéide GAA, agus faiche traenála, a thógáil ar shuíomh na bhfaichí láithreacha GAA atá tadhlach le hAbhainn na Gaillimhe mar a thaispeántar i **bhFíor 1.7**.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe, leanann an fhorbairt bheartaithe bóthair ar aghaidh soir ar an gclaífort i dtreo bhaile fearainn Mhionlaigh. Tá tailte breise ó thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh curtha san áireamh mar chuid den fhorbairt bheartaithe bóthair le tailte a chur ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur ar phríomhghnáthóg sealgaireachta don chrú-ialtóg bheag a bhfuil sé deimhnithe suíomh fara a bheith acu ag Caisleán Mhionlaigh agus maolú a dhéanamh i gcoinne tionchair féideartha ar an speiceas seo. Cuirfear fálta sceach bhreise ar na tailte seo agus déanfaidh an t-údarás áitiúil cothabháil orthu mar thailte talmhaíochta agus tá na tailte seo faoi úinéireacht an údaráis áitiúil.

Agus é ag leanúint soir, trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair thar Bhóthar Nua agus fanann sé ar chuid den bhóthar ar tarbhealach é, is é sin, Tarbhealach Mhionlaigh, i dtreo Sean-Bhóthair sula dtéann sé isteach i gcuid ghearrtha roimh Thollán Leacaigh, díreach siar ó Chairéal Leacaigh, agus tagann sé amach as an tollán sa chairéal.

Tá foirgneamh cothabhála tolláin suite tadhlach le Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar a thaispeántar i **bhFíor 1.8**. Leanann an fhorbairt bheartaithe bóthair ar aghaidh soir agus tá acomhal ilairde suite ar Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Phoill agus leanann soir trí bhaile fearainn an Chaisleáin Ghearr chuig acomhail ilairde ar Bhóthar Thuama, an N83[6]. Soláthraíonn an t-acomhal sin rochtain ar Bhóthar Thuama N83 agus Nascbhóthar beartaithe na Páirce Móire idir Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus Eastát Tionscail na Páirce Móire trí Nascbhóthar beartaithe Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh chun ceangal iomlán a sholáthar ag an suíomh sin.

Leanann an fhorbairt bheartaithe bóthair ar aghaidh soir ó dheas ansin isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe ag Baile an Bhriotaigh ó thuaidh ón Ráschúrsa. Tá foirgneamh cothabhála tolláin suite tadhlach le Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar a thaispeántar i **bhFíor 1.10** agus cuirfear stáblaí nua ar fáil do Ráschúrsa na

---

[6] Ar ar tugadh Bóthar Thuama, an N17 roimhe seo.

Gaillimhe in áit na stáblaí atá ann. Tar éis teacht amach as an tollán leanann an fhorbairt bheartaithe bóthair ar aghaidh soir ó dheas, trasna Bhóthar Mhuine Mheá R339 ar chlaífort agus leantar ar aghaidh ó dheas agus isteach i ngearradh nuair a shroicheann sé a acomhal leis an N6 láithreach ag Acomhal Chúil Each. Beidh Acomhal Chúil Each ina acomhal grád-scartha iomlán agus saorshreabhadh páirteach ann i dtaca leis na príomhghluaiseachtaí.

Áireofar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe plandáil fairsing tírdhreacha agus cruthú limistéir ghnáthóg Forscríbhinn[7] I (mar shampla, gnáthóg féarach calcárach laistigh de cSAC Loch Coirib ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe). Cuirfear bacainní torainn ar fáil freisin in áiteanna ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

## 2.2 Forluí le Láithreáin Eorpacha

Tá go leor suímh Eorpacha sna ceantair áitiúla agus sna ceantair mórthimpeall. Is é cSAC Loch Coirib an t-aon láithreán Eorpach a bheidh á thrasnú ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá cSAC Coimpléasc Bhá na Gaillimhe agus SPA Bhá na Gaillimhe Laistigh thíos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tá cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe suite c.160m ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Bearna. Tá SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh suite ó dheas freisin den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Bearna (c.1.1km). Tá SPA Loch Coirib c.200m ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Baile an Cheantaigh agus c.70m uaidh i Mionlach. Cé go bhfuil SPA Loch Coiribe ar an taobh thuaidh tríd is tríd den bhforbairt bóthair atá beartaithe, beidh sruth draenála amháin (an sruth draenála atá beartaithe do Nascbhóthar Thuaidh an N59) ag silleadh isteach in Abhainn na Gaillimhe a thagann laistigh de sháinniú an SPA. Tá gach láithreán Eorpach eile ag achar níos faide ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.


Forluíonn an fhorbairt bhóthair atá beartaithe agus a theorainn ar Láithreán Eorpach amháin, eadhon cSAC Loch Coirib, ag ceithre shuíomh: ag deireadh an tsrutha draenála atá beartaithe ó Nasc Bóthar Thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh; ag suíomh Dhroichead na Coiribe atá beartaithe idir Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each (Ch. 9+850 go Ch. 10+100); agus, siar agus ó thuaidh de Choiréal Leacaigh, áit a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe comhdhéanta de thollán (Tollán Leacaigh) agus bonneagar bóthair isteach (Ch. 10 + 620 go Ch. 11 + 800).

Is ionann an t-achar iomlán laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus 280ha. Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair láithreán Eorpach amháin, nó forluíonn air, eadhon cSAC Loch Coirib agus luíonn thart ar 4 heicteár den fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh den láithreán Eorpach seo (c0.6ha os cionn Tollán Leacaigh and c0.5ha faoi Dhroichead Abhann na Gaillimhe). Trasnaíonn an fhorbairt bhóthair atá beartaithe roinnt dobharlach screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh laistigh de shuíomhanna Eorpacha atá ag braith ar screamhuisce

[7] Baineann cruthú gnáthóg Iarscríbhinn I le dul i ngleic le tionchair iarmharacha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I lasmuigh d'aon láithreán Eorpach sa Tuarascáil EIA. Ní freagra í ar aon tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I a bhaineann le héifeachtaí ar QIanna ná le cuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Eorpaigh ar bhealach ar bith agus ní "beart cúitimh" é de réir brí an téarma sin in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga.

(déantar tuilleadh plé orthu i **Roinn 5.2** thíos) agus trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe roinnt sruthchúrsaí atá laistigh de shuíomh Eorpach nó a shilleann uisce uathu isteach i suíomh Eorpach.

**Pláta 2.2: Forluí na Forbartha Beartaithe Bóthair ar Shuíomhanna Eorpacha**




Le linn an fhorbairt bheartaithe bóthair a fhorbairt, cuireadh eilimintí san áireamh sa dearadh le go bhféadfaí tionchair dhíreach agus tionchair neamhdhíreacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar láithreáin Eorpacha a sheachaint. Áiríodh na nithe seo a leanas i measc na mbeart seachanta sin:


- Tollán Leacaigh: Tollán faoi bhun roinn chúng de cSAC Loch Coirib i Mionlach, ag Cairéal Leacaigh
- Ballaí cuibhrithe: Balla cuibhrithe ar an taobh ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair ag tuairim Ch. 9+880 go Ch. 10+050 agus ar an dá thaobh den fhorbairt bheartaithe bóthair ag tuairim Ch. 9+850 go Ch. 11+150 chun cúngrú ar ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint
- Droichead Abhainn na Gaillimhe: Droichead os cionn Abhainn na Gaillimhe (atá mar chuid de cSAC Loch Coirib) gan aon chéanna insrutha. Cé go bhfuil na céanna tacaíochta laistigh de limistéir ghnáthóige talún cSAC Loch Coirib, níl siad lonnaithe i limistéir na gnáthóige lena mbaineann díol spéise cáilíochta.

Cuireann an méid seo a leanas codanna den fhorbairt bheartaithe bóthair i láthair a thrasnaíonn díreach gar de nó a théann trí cSAC Loch Coirib.

### *Deireadh an tsrutha éalaithe draenála beartaithe ó Nascbhóthar ó thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh*

Scaoilfear an sceitheadh draenála atá beartaithe ó Bhóthar Nasc N59 Thuaidh chuig díog dhraenála atá ann faoi láthair agus silfidh sé faoi dheireadh isteach in Abhainn na Gaillimhe laistigh de cCCS Loch Coirib agus SPA Loch Coirib. Pléitear é seo níos faide thíos i **Roinn 2.4** agus i **Roinn 2.5.7.1**. Forluíonn teorainn na forbartha beartaithe cSAC Loch Coirib ag an suíomh seo, mar atá léirithe i **bPláta 2.3** thíos, chuig díog dhraenála i cSAC Loch Coirib ag Baile an Cheantaigh.


**Pláta 2.3: An Fhorbairt Bhóthair atá beartaithe ag Baile an Cheantaigh**



### *Abhainn na Gaillimhe - Ch. 9+250 go Ch. 9+550*

Tá Droichead Abhainn na Gaillimhe 21m ar leithead. Leathnaítear lorg na forbartha beartaithe bóthair (lena n-áirítear créfoirt ghaolmhara agus díoga idircheaptha) go 27.5m ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe agus, laistigh de cSAC Loch Coirib idir tuairim Ch. 9+250 go Ch. 9+550, leathnaíonn sé go tuairim 90m chun dearadh claífoirt bhóthair agus draenála a éascú. Taispeántar an fhorbairt bheartaithe bóthair i **bPláta 2.2** thíos de réir mar a thrasnaíonn sí cSAC Loch Coirib agus achar an fhorluí laistigh den láithreán Eorpach seo.


**Pláta 2.4: Forbairt Bhearaithe Bóthair Ch. 9+250 go Ch. 9+550**



### *Mionlach- Ch. 9+850 go Ch. 10+150*

Idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+150, tá codanna den fhorbairt bheartaithe bóthair suite laistigh de cSAC Loch Coirib nó díreach tadhlach leis. Taispeántar an fhorbairt bheartaithe bóthair i **bPláta 2.3** thíos agus achar an fhorluí laistigh den láithreán Eorpach seo.


**Pláta 2.5: Forbairt Bheartaithe Bóthair Ch. 9+850 go Ch. 10+150**



***Cúil Each agus Tollán Leacaigh - Ch. 10+620 go Ch. 11+420***

Forluíonn torainn na forbartha beartaithe ar theorainn cSAC Loch Coirib ag na háiteanna seo a leanas idir Ch. 10+620 agus Ch. 11+420, lena n-áirítear an bealach isteach ar an taobh thiar chuig Tollán Leacaigh agus an draenáil a bhaineann leis a bhfuil cuid de laistigh de cSAC Loch Coirib (Ch. 10+750 go Ch. 11+000), agus téann an tollán féin faoin cSAC (Ch. 11+140 go Ch. 11+420). Taispeántar an fhorbairt bheartaithe bóthair i **bPláta 2.4** thíos de réir mar a thrasnaíonn sí gar do, laistigh de agus thíos faoi cSAC Loch Coirib agus achar an fhorluí ar an láithreán Eorpach seo.

**Pláta 2.6: Forbairt Bheartaithe Bóthair Ch. 10+620 go Ch. 11+420**




## 2.3 Déanmhais

Tá sé beartaithe go mbeidh líon mór déanmhas ann feadh fhad na forbartha beartaithe bóthair. Tá gá le droichid, caidhséir, íosbhealaí áise agus íosbhealaí mamaigh chun maolú a sholáthar le haghaidh sruthchúrsaí láithreacha, bealaí rochtana áitiúla agus mamach trí rochtain a choimeád ar fáil faoi phríomhlíne na forbartha beartaithe bóthair.

Tá ceithre dhéanmhas shuntasacha san áireamh i ndearadh na forbartha beartaithe bóthair, is é sin le rá, Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh, Tollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Is achoimre é seo a leanas ar na déanmhais sin.

### 2.3.1 Droichead Abhainn na Gaillimhe

Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair Abhainn na Gaillimhe ar dhéanmhas droichid (ST09/01) a bheidh 620 méadar ar fad ó Ch. 8+850 go Ch. 9+500. Cuimsíonn an déanmhas beartaithe droichead ocht réise a iompróidh an fhorbairt bheartaithe bóthair thar Abhainn na Gaillimhe tadhlach le claífort atá á choimeád agus tá cúig oscailt chaidhséir ann ar an mbealach chuig an droichead ó taobh thoir. Is é atá sa déanmhas beartaithe ná bosca coincréite aonair ildoimhneachta gan tacaí san abhainn agus is é 153m fad na príomhréise os cionn na habhainn. Ní dhéanann an déanmhas droichid aon chúngrú ar cSAC Loch Coirib ar an taobh thiar d’Abhainn na Gaillimhe. Ar an taobh thoir, soláthraítear déanmhais chuibhrithe ar an gclaífort ag an mbealach chuig an droichead chun teorannú a dhéanamh ar chúngrú an chlaífoirt ar cSAC Loch Coirib. Tagann athrú ar dhoimhneacht déanmhais phríomhréise an droichid abhann ó thuairim is 7m gar do na tacaí ar gach taobh den abhainn agus síos go tuairim is 3m ag lárphointe na réise os cionn na habhann, agus níl aon cháblaí ná trusanna gaolmhara ag gobadh amach os cionn an léibhinn.

### 2.3.2 Tarbhealach Mhionlaigh

Tá sé beartaithe déanmhas tarbhealaigh, Tarbhealach Mhionlaigh (ST10/01) a chur ar fáil ó Ch. 10+100 to Ch. 10+420. Tá an tarbhealach tuairim is 320m ar fad san iomlán agus tá an fhorbairt bheartaithe bóthair le bheith suite ar an gclaífort ar an dá bhealach chuige. Beidh sé suite lasmuigh de cSAC Loch Coirib ach beidh sé tadhlach leis.

Beidh fad iomlán an tarbhealaigh ag brath ar achar na gnáthóige Iarscríbhinn I a thrasnaíonn sé, is é sin le rá, pábháil Aolchloiche agus Turlach. Tá gach aon cheann de ghnáthóga Iarscríbhinn 1 seo suite lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib agus ní chuireann siad ról tacaíochta ar fáil do agus ní cuid iad de Leasanna Cáilitheacha don cSAC seo. Tá ocht réise ann sa tarbhealach agus tá fad 40m ann i ngach réise ar leith. Rinneadh fad na réisí a choigeartú chun laghdú a dhéanamh ar thionchar an fhodhéanmhais agus na ndúshraitheanna ar an bpábháil aolchloiche agus ar an Turlach (agus tá an dá ní sin suite lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib). Mar thoradh ar shuíomh an fhodhéanmhais agus na ndúshraitheanna, íoslaghdófar an tionchar féideartha ar na gnáthóga Iarscríbhinn I seo. Níl sé beartaithe aon tacaí fodhéanmhas a sholáthar laistigh d’achar an Turlaigh.

### 2.3.3 Tollán Leacaigh

Tollán druileáilte agus bleaisteáile é Tollán Leacaigh (ST11/01) atá 270m ar fad agus tá sé suite ag Ch. 11+140 go Ch. 11+420. Tá tairseach thoir Thollán Leacaigh suite laistigh de Chairéal neamhghníomhach Leacaigh, ar cairéal aolchloiche é. Rachaidh an chuid lárnach den tollán faoi cSAC Loch Coirib (mar atá sonraithe cheana i **Roinn 2.2**) agus tá sé beartaithe go mbeidh an tairseach thiar suite i bpáirceanna talmhaíochta, lasmuigh de cSAC Loch Coirib.

Is é atá mar phríomhfheidhm le Tollán Leacaigh agus lena Bhealach Isteach ón Taobh Thiar ná cSAC Loch Coirib a thrasnú idir Cairéal Leacaigh agus Mionlach gan cur isteach go díreach ar struchtúr ná ar fheidhm dromchla Leasanna

Cáilitheacha ghnáthóige na pábhála aolchloiche agus féarthailte cailcreacha laistigh de cSAC Loch Coirib. Dá bharr sin, tá gá le modh sábháilte tochailte agus tógála an tolláin sa chaoi nach mbeidh aon tionchar ar cSAC Loch Coirib le linn thógáil nó oibriú an tolláin, de réir mar a phléitear i **bhFoscríbhinn F**.

### 2.3.4 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

Cuimsíonn Tollán beartaithe Ráschúrsa na Gaillimhe (ST14/02) tollán gearrtha agus clúdaithe ina bhfuil dhá fheadán coincréite treisithe agus balla lárnach ó Ch. 14+950 go Ch. 15+190. Is é an cuspóir atá le Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe ná tionchair dhochracha ó thaobh deartha a sheachaint, eadhon cur isteach ar oibríochtaí agus ar fheidhmiú Ráschúrsa na Gaillimhe. Téann an phríomhlíne beartaithe tríd an gcoirnéal thiar-thuaidh de shealúchas Ráschúrsa na Gaillimhe. Ní théann an tollán seo trí aon láithreán Eorpach ná níl sé tadhlach go díreach le haon láithreán Eorpach.

## 2.4 Draenáil

### 2.4.1 Forléargas

Tá tógáil córais nua draenála i gceist leis an bhforbairt bheartaithe bóthair agus áiríonn sé sin córas bailithe uisce a thógáil rud a áiríonn córas bailithe uisce dromchla, draenáil créfort, draenáil fodhromchla, tanúchán agus rialú truaillithe, agus caidhséarú sruthán láithreach (**Fíoracha 2.1** go **2.15**). Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair deartha sa chaoi go ndéanfar draenáil screamhuisce agus draenáil fodhromchla a sholáthar don charrbhealach príomhlíne, do na hacomhail, do na nascbhóithre agus do gach cuid nua de bhóithre áitiúla atá beartaithe.

De bharr na ngnéithe geolaíochta codarsnacha ar fud achar na forbartha beartaithe bóthair, is féidir an cineál draenála nádúrtha a roinnt ina dhá gcatagóir leathana éagsúla siar agus soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59.

Téann sceitheadh nádúrtha báistí agus draenáil screamhuisce, siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, thar an talamh chuig pointí ísle sa topagrafaíocht in áiteanna a bhfuil díoga éadoimhne agus srutháin iontu. Eibhear atá ann mar bhuncharraig. Uiscíoch lag ísealtábhachta atá ann agus tá an bhuncharraig neamhthorthúil de ghnáth ach amháin i gcás criosanna logánta (féach ar **Foscríbhinn A**). Go hiondúil, bíonn an maoschlár measartha cóngarach don dromchla.

Téann sceitheadh nádúrtha báistí agus draenáil screamhuisce soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59 díreach isteach sa talamh agus le linn drochaimsire bailíonn uisce ag pointí ísle agus bíonn lochanna séasúracha ann laistigh den topagrafaíocht. Aolchloch atá ann mar bhuncharraig. Is é atá san uiscíoch ná uiscíoch carstach ag a bhfuil tábhacht réigiúnach agus ar tréith láidir de sreabhadh cainéil. Seachas Abhainn na Gaillimhe, Abhainn Thír Oileáin, Loch an Dúlaigh agus Lochanna na gCualach, níl aon sruthchúrsaí suntasacha eile ann sa cheantar soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59.

Baineadh úsáid as an dá chatagóir éagsúla ó thaobh draenáil nádúrtha le linn ullmhú an chur chuige maidir le dearadh draenála don fhorbairt bheartaithe bóthair. Chomh

maith le haistriú éifeachtúil uisce ó dhromchla an bhóthair agus ón bpábháil, is é is aidhm do dhearadh na draenála ná íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an rith chun srutha ón bhforbairt bheartaithe bóthair ar an timpeallacht glactha trí macasamhlú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an sreabhadh nádúrtha uisce ar fud na forbartha beartaithe bóthair. Baintear an méid sin amach trí úsáid a bhaint as bearta draenála éagsúla inbhuanaithe.

Déanfar an screamhuisce ar fad a bhailítear tríd an gcóras beartaithe draenála carrbhealaigh a sceitheadh chuig sruthchúrsaí nó chuig séaraigh stoirme láithreacha atá ann agus a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, sin nó sceithfear isteach sa talamh é trí insíothlúchán. Soláthrófar bearta rialaithe sreabhaidh ag pointí éalaithe agus sceite feadh fhad phríomhlíne na forbartha beartaithe bóthair chun a chinntiú nach mbeidh an sceitheadh ina chúis le haon éifeachtaí dochracha suas an sruth nó síos an sruth ón sruthchúrsa nó ón séarach glactha, i dtéarmaí ráta sreabhaidh. Tá imchuacha insíothlúcháin tomhaiste le dóthain ama a thabhairt d’insíothlúchán sceitheadh chun talún. Soláthrófar bearta rialaithe truaillithe ar gach príomhlíne draenála bóthair roimh éalú/sceitheadh chun a chinntiú nach ndéanfar dobharlaigh ghlactha a éilliú le rith chun srutha ón bhforbairt bheartaithe bóthair.

Go hachomair, is mar a leanas an bonn dearthóireachta le haghaidh na straitéise draenála:

- Siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, déanfar an screamhuisce a bhailítear tríd an gcóras draenála carrbhealaigh a sceitheadh chuig sruthchúrsaí a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, nó atá tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ar sruthchúrsaí iad a éalaíonn isteach i gCuan na Gaillimhe nó in Abhainn na Gaillimhe sa deireadh. Maidir le cuid de na sruthchúrsaí sin, éalaíonn siad chuig an gcuid de Chuan na Gaillimhe atá laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó chuig Abhainn na Gaillimhe, go díreach nó chuig craobhabhainn atá laistigh de cSAC Loch Coirib.
- Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, déanfar an screamhuisce ar fad a bhailítear tríd an gcóras draenála carrbhealaigh a sceitheadh isteach sa talamh trí insíothlúchán, ar leith ó dhá líonra draenála (S18A agus S18B, féach **Fíor 2.7**) a sceithfidh go díreach chuig Abhainn na Gaillimhe agus trí líonra (S14A, S14B, féach **Fíor 2.6**, agus S15, féach **Fíor 2.12**) a sceitheann isteach i gcraobhaibhneacha a shilfidh isteach in Abhainn na Gaillimhe sa deireadh. Silfidh an t-uisce ó pháirceanna imeartha OÉG (S44) go hindíreach isteach i cSAC Loch Coirib trí shruthán a shileann ar an taobh ó dheas de na páirceanna imeartha atá ann. Tá abhantrach insíothlúcháin amháin de chuid dhearadh na draenála suite laistigh de cSAC Loch Coirib agus idirghníomhaíonn an screamhuisce ina sceitheann an abhantrach sin agus abhantracha insíothlúcháin eile leis an screamhuisce agus leis na dobharlaigh atá ann laistigh de cSAC Loch Coirib.
- Áireoidh dearadh na draenála comhdhraenacha scagacháin, draenacha iompair, cainéail screamhuisce, draenacha cúnga scagacháin, dreanacha gearrtha agus gobdhraenacha, linnte tanúcháin, cainéil screamhuisce féaraigh, idircheapóirí peitril agus ola, abhantracha bogaigh agus insíothlúcháin.

Glacadh na nósanna imeachta thíos le haghaidh dhearadh draenála na forbartha beartaithe bóthair de réir Fhoilseacháin TII reatha, doiciméad treorach agus modhanna dea-chleachtais.

### 2.4.2 Caidhséir

Rinneadh caidhséir a dhearadh chun íoslaghdú a dhéanamh an tionchar i leith na rioscaí tuilithe suas an sruth agus síos an sruth. De bhreis ar riachtanais hiodrálacha maidir le háiteanna trasnaithe na forbartha beartaithe bóthair, rinneadh breithniú freisin ar ghluaiseacht mamach i roinnt limistéar atá íogaireach ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta de. Tá méadú déanta ar chuid de na caidhséir hiodrálacha le go mbeidh deis ghluaiseachta ann do raon speiceas mamaigh; mar shampla, madraí uisce, broic agus ialtóga.

### 2.4.3 Díoga idircheaptha

Tá díoga idircheaptha ann más gá sin chun sreabhadh thar an talamh ón dobharcheantar nádúrtha tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a idircheapadh (le linn chéimeanna na tógála agus an oibrithe) agus chun linnte uisce a chosc tadhlach le claífoirt. Baintear úsáid as díoga idircheaptha chun cosc a chur ar dhraenáil ó chúirtealáiste an bhóthair rith isteach sna tailte tadhlacha agus vice-versa. Dá bhrí sin, fónann na díoga idircheaptha mar mhodh chun na dobharcheantair nádúrtha láithreacha a choimeád ann.

### 2.4.4 Córais Bailithe

Sa chuid iartharach den fhorbairt bheartaithe bóthair, ó Bhóthar an Chósta R336 go Bóthar Maigh Cuilinn N59, cuimseoidh an córas draenála cainéil screamhuisce, draenacha scagacháin, draenacha iompair nó draenacha den chineál céanna. Ach, sa chuid oirthearach den fhorbairt bheartaithe bóthair ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59 go dtí an pointe ceangail le N6 láithreach ag Cúil Each, ós rud é gur de chineál carstach é an bhuncharraig agus go bhfuil na huiscígh faoin talamh leochaileach, tá gá le córas lánséalaithe chun rith chun srutha ón gcarrbhealach beartaithe a ghlacadh. Dá bhrí sin, fanfaidh an líonra a bhaileoidh an draenáil ón gcarrbhealach beartaithe scartha ón screamhuisce agus neamhspleách air. Baintear an méid sin amach trí úsáid a bhaint as colbha, as clais agus as córas píopa iompair nó as cainéal uisce dromchla atá déanta as concréit agus córas píopa iompair. Maidir le gearrtacha agus claífoirt ísle, soláthrófar draein chúng scagacháin ar leithligh. Mar thoradh ar an gcóras draenála séalaithe atá luaite thuas, beifear in ann cóireáil rialaithe a dhéanamh ar uiscí dromchla sula sceitear isteach sa talamh iad agus, sa dóigh sin, laghdófar an riosca don uiscíoch faoi thalamh.

### 2.4.5 Draenáil Déanmhas

Bainfear úsáid as córas séalaithe leithlisithe ar leithligh le haghaidh dhéanmhais Thollán Leacaigh agus Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Bainfear úsáid as an gcóras séalaithe sa dá thollán chun teacht isteach screamhuisce, uisce dromchla ó rothaí, sreabhadh dóiteáin agus uisce ó na tolláin a cheapadh, agus déanfar an t-uisce sin ar fad a dhraenáil chuig sumpaí agus a chaidéalú chuig an séarach bréan is gaire dá

bhfuil ann. Sceitheann sreabhadh eisilteach bréan trí dhomhantharraingt chuig Fearas Cóireála Dramhuisce Oileán Caorach, áit a ndéantar cóireáil air. Rialaíonn an córas séalaithe seo draenáil na ndéanmhas tolláin seo: ina theannta sin, maolaíonn sé an fhéidearthacht go mbeidh truailliú screamhuisce ann agus déanann sé íoslaghdú ar an riosca do cSAC Loch Coirib agus d'aon dobharlaigh dhromchla.

Le haghaidh fhaid Tharbhealach Mhionlaigh agus Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, ceapfaidh sainchóras séalaithe draenála an rith chun srutha ar léibheann an droichid, agus iompróidh sé é i líonra draenacha séalaithe iompair sula rachaidh sé isteach sa talamh ag suímh oiriúnacha piara lena sceitheadh chuig limistéar bogaigh agus cóireála tanúcháin. Tá sé seo riachtanach mar gheall ar íogaireacht na limistéar atá os cionn na háite a bhfuil droichid á dtrasnú agus mar gheall ar ghnáthóga bogaigh a fhaigheann tacaíocht ón gcomhshaol glactha, m.sh. Pábháil Aolchloiche agus Turlaigh (gnáthóga tosaíochta Iarscríbhinn 1 atá lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib agus nach bhfuil mar chuid dá Leasanna Cáilitheacha) ag Mionlach agus gnáthóga bogaigh a bhaineann le Lochanna na gCualach agus le hAbhainn na Gaillimhe (gnáthóga Leasanna Cáilitheacha Iarscríbhinn 1 agus speicis Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib).

### 2.4.6 Draenáil Nascbhóithre agus Taobh-bhóithre

Tá gá le colbhaí ar na taobh-bhóithre agus iad suite i suímh amhail suímh dhroichid nó acomhail nó in áiteanna ina bhfuil gá le cosáin agus, dá bhrí sin, draenálfar iad trí úsáid a bhaint as claiseanna mar aon le draenacha iompair nó comhdhraenacha scagacháin/iompair. Sceithfidh draenacha píobaithe chuig pointe éalaithe, chuig draein shéalaithe nó chuig an gcóras draenála príomhlíne. Déanfar taobh-bhóithre nach bhfuil colbhaí ag teastáil ina leith a dhraenáil trí úsáid a bhaint as draenáil 'thar an gciumhais' nó as comhdhraenacha scagacháin, más cuí sin, de réir na bprionsabal a thuairiscítear thuas.

### 2.4.7 Pointí Éalaithe, Linnte Tanúcháin agus Abhantracha Insíothlúcháin

Siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, déanfar an t-uisce dromchla a bhailítear tríd an gcóras draenála carrbhealaigh a sceitheadh chuig sruthchúrsaí a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad nó atá tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair. Déantar tanúchán roimh sceitheadh le nach mbeidh sceitheadh ón mbóthar ina chúis le méadú ar ráta sreabhaidh an uisce laistigh de na sruthchúrsaí, rud a d'fhéadfadh cur le haon tuiliú síos an sruth ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Tá roghanna éagsúla stórála ar fáil arb é atá sa cheann is inbhuanaithe díobh ná úsáid a bhaint as linnte tanúcháin agus, le himeacht aimsire, tagann na linnte sin chun bheith ina ngné den tírdhreach agus tá sé sin i gcomhréir leis na treoirlínte reatha maidir le dea-chleachtas. Roghnaíodh na pointí éalaithe, maille leis na linnte tanúcháin atá beartaithe, a chur ar fáil ag suímh oiriúnacha feadh bhealach na forbartha beartaithe bóthair agus, de ghnáth, tá siad chomh gar agus is féidir do shruthchúrsa. I gcás ina n-éalaíonn uisce an chórais draenála isteach i sruthchúrsa, déanfar an leibhéal deiridh éalaithe (tar éis na bearta tanúcháin agus cóireála a dhéanamh) a shocrú os cionn leibhéal tuilithe an tsruthchúrsa de chineál 'ceann

eisceachtúil in aghaidh 5 bliana. Thairis sin, rinneadh measúnacht ar thionchar na linne ar chóras hiodrálach an tsruthchúrsa (**Foscríbhinn B**).

Déanfar feiste rialaithe sreabhaidh (Hydrobrake nó a leithéid) a shuiteáil ag suíomh phointe éalaithe na linnte tanúcháin go léir chun rialú a dhéanamh ar an ráta sreabhaidh ón linn chuig an sruthchúrsa glactha. Tá an ráta sceite maidir le gach dobharcheantar draenála socraithe de réir ráta éalaithe Qbar do láithreáin úrnua d'fhonn macasamhlú a dhéanamh ar an timpeallacht láithreach nó de réir íosmhéid 5 l/s ar dhobharcheantair níos lú d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh blocáil mar thoradh ar smionagar laistigh den líonra.

Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, déanfar an t-uisce dromchla a bhailítear tríd an gcóras draenála carrbhealaigh a sceitheadh isteach sa talamh trí abhantrach insíothlúcháin i gcás nach bhfuil éalú dearfach chuig sruthchúrsa ar fáil nó i gcás nach bhfuil séarach stoirme poiblí ann chun fónamh don dobharcheantar. Rinneadh oibreacha imscrúdaithe talún i suímh bheartaithe na n-abhantrach insíothlúcháin chun maolú a dhéanamh ar an riosca don dearadh trí eolas a bhailiú faoi thréscaoilteacht na hithreach agus na buncharraige atá ann. I gcás ina bhfuil an ráta insíothlúcháin lasmuigh de raon na rátaí sreabhaidh ceadaithe (e.g. sceitheadh go díreach chuig buncharraig aolchloiche charstach), ansin cruthófar bunchiseal na habhantraí insíothlúcháin chun laghdú a dhéanamh go saorga ar an ráta insíothlúcháin. Ní dhéanfar na habhantracha insíothlúcháin a líneáil le gur féidir insíothlú isteach sa talamh tarlú.

Beidh na linnte tanúcháin agus na habhantracha insíothlúcháin in ann déileáil le stoirm de chineál 'ceann eisceachtúil in aghaidh 100 bliain', rud a íoslaghdóidh aon mhéadú ar an riosca tuilithe do mhaoin thadhlach suas go dtí an tréimhse athfhillte seo. Tá saorbhord íosta 300mm ann idir an leibhéal uasta uisce sa linn tanúcháin nó san abhantrach insíothlúcháin agus barrleibhéal na linne/habhantraí nó bunda cosanta na linne/habhantraí. Ní rachaidh buaicrátaí sceite ón bhforbairt thar na buaicrátaí sceite atá ann i gcás cúinsí a bhaineann le tréimhse chriticiúil fillte stoirme. Déanfar an linn/abhantrach a bhundú go leibhéal 500mm os cionn aon leibhéal tuilithe tadhlach de chineál 'ceann eisceachtúil in aghaidh 100 bliain. Chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-éilleoidh éalú ón bhforbairt bheartaithe bóthair uisce glactha agus screamhuisce, déanfar bearta rialaithe truaillithe mar atá leagtha amach sa roinn sin ina dhiaidh seo.

### 2.4.8 Rialú ar Thruailliú

Tá sé beartaithe go mbeidh bearta rialaithe truaillithe á gcur i bhfeidhm roimh gach pointe éalaithe/sceite ón gcarrbhealach chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-éilleofar sruthchúrsaí nó screamhuisce de bharr éalú ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Rinneadh raon beart rialaithe truaillithe a ghlacadh feadh fad na forbartha beartaithe bóthair agus áirítear iontu comhdhraenacha scagacháin agus dreanacha cúnga scagacháin, linnte tanúcháin, cainéil féir screamhuisce, idircheapóirí peitril agus ola, limistéir shrianta doirte, bogaigh agus abhantracha insíothlúcháin.

Cuirfear córais SuDS i bhfeidhm ar dtús. De ghnáth, i gcás ina bhfuil riosca íseal ann don screamhuisce, bainfear úsáid as comhdhraenacha scagacháin nó as cainéil uisce le dromchla féir mar chéad mhodh cóireála i gcoinne truailleáin a bheith ag dul isteach i ndobharlaigh sa chomharsanacht. Sáinneoidh an t-ábhar scagacháin

solaid ar fuaidreamh agus éilleáin eile agus, ar an dóigh sin, laghdófar an riosca maidir le truailliú síos an sruth. I gcás ina ndraenálann an rith chun srutha ó bhóthar an charrbhealaigh isteach i gcainéil féir uisce dromchla, ligfidh an sreabhadh mall dromchla trí chlaiseanna éadoimhne do phróisis an dríodraithe agus an ionsúite tarlú le linn an rith chun srutha a iompar chuig an bpointe éalaithe.

I gcás ina bhfuil an screamhuisce an-íogaireach, beidh córas draenála séalaithe ann (e.g. píopa iompair maille le claiseanna, cainéil uisce dromchla déantas as concréit, draenacha sliotáin etc.) chun uisce dromchla a bhailiú agus a dhíriu chuig suíomh éalaithe/pointe sceite oiriúnach. Déanfar sreabhadh faoin dromchla a bhailiú i sraith draenacha cúnga scagacháin.

Soláthrófar bogaigh suas an sruth ó gach linn tanúcháin agus abhantrach insíothlúcháin chun rith chun srutha a chóireáil agus tá siad san áireamh i ndearadh na forbartha beartaithe bóthair. Tá na bogaigh ceaptha chun linn bhuan uisce 600mm a bheith acu, rud a dhéanfaidh socrú solad ar fuaidreamh a spreagadh tuilleadh agus beidh líneáil ann chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtruailleofar sruthchúrsaí nó screamhuisce le rith chun srutha ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Bainfear úsáid as bearta oiriúnacha plandála agus bearta eile chun socrú siolta agus ionsú aon truailleán breise a spreagadh i.e. gaistí siolta, giolcarnach. Mar thoradh ar an am méadaithe coinnithe a sholáthróidh an bogach, beidh am breise ann le haghaidh tuilleadh ionsúite agus dríodraithe agus ligfear do raon próiseas nádúrtha bitheolaíochta (lena n-áirítear díghrádú, gníomhaíocht mhiocróbach agus fás plandaí) fáil réidh le tuilleadh truailleán uisce-iompartha. Rinneadh méid na linnte seo a thomhas chun rith chun srutha ‘Tosaigh’ óna ndobharcheantair ghaolmhara bóthair a stóráil. Cuimsíonn sé sin toirt atá comhionann le doimhneacht 15mm de bháistí ar an dobharcheantar bóthair. Iompraíonn an ruth chun srutha ‘Tosaigh’ an líon is airde truailleán, i gcomparáid le rith chun srutha a sceitear níos déanaí le linn tréimhse bháistí.

Soláthrófar idircheapóirí ola agus peitril suas an sruth ón mbogach agus ón linn tanúcháin/abhantrach insíothlúcháin chun cosc a chur ar aon éilliú ó hidreacarbóin, amhail doirteadh ola nó peitril, dul isteach san uisce glactha nó sa screamhuisce. Déanfar méid na n-idircheapóirí le haghaidh gach dobharcheantair draenála a shocrú de réir an insreabhaidh. Déanfar toirt íosta éigeandála srianta doirte 25$m^3$ a sholáthar ag gach suíomh éalaithe.

## 2.5 Gníomhaíochtaí Tógála

### 2.5.1 Forléargas

Sa roinn seo, leagtar amach na gníomhaíochtaí tógála atá bainteach le láithreáin Eorpacha. I measc na ngníomhaíochtaí sin áirítear céimniú na tógála, oibreacha cumasúcháin (lena n-áirítear gearradh trinsí tástála seandálaíochta agus imscrúduithe talún), ullmhú láithreáin agus oibreacha imréitigh, príomhghníomhaíochtaí tógála (lena n-áirítear bearta maolaitheacha mar thírdhreachtú agus plandáil éiceolaíochta gnáthóg), modheolaíochtaí beartaithe tógála, foinsí ábhar agus cúrsaí iompair, lena n-áirítear cainníochtaí cré, bealaí tarlaithe atá beartaithe agus bábhúin tógála, atreorú seirbhísí agus fóntas, coimisiúnú agus díchoimisiúnú na forbartha beartaithe bóthair.

Meastar go mairfidh an tréimhse fhoriomlán tógála tuairim is 36 mhí. Beidh gníomhaíochtaí éagsúla tógála ann i gcomhthráth lena chéile ag roinnt suíomh feadh bhealach na forbartha beartaithe bóthair ach déanfar an obair ar mhodh céimnithe. Déanfar an tógáil trí úsáid a bhaint as modhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Áireoidh tógáil na forbartha beartaithe bóthair gníomhaíochtaí amhail tochailt, tógáil claífort agus déanmhas, tollánú, píleáil, briseadh carraigeacha agus bogadh ábhar laistigh den limistéar oibre fálaithe. Ginfidh sé sin torann, deannach agus gluaiseacht innealra agus d'fhéadfadfh na nithe sin tionchar a imirt ar an timpeallacht máguaird. Ní bheidh an fad céanna ag baint leis na hoibreacha sin ar fad. Tabharfar isteach sraith bearta maolaithe sárchleachtais le linn na céime tógála ar mhaithe lena chinntiú nach sárófar luachanna teorann srianta atá leagtha síos le tionchair shuntasacha ag láithreáin íogaire a sheachaint.

Tá forbairt déanta ar straitéis don tógáil agus é mar aidhm tionchair fhéideartha comhshaoil a íoslaghdú ag gach aon chéim den tionscadal ina dhiaidh sin. Chun mórghníomhaíochtaí tógála, amhail obair thochailte, a dhéanamh is gá úsáid a bhaint as trealamh cumhachtach agus is minic a bhíonn an trealamh sin mór agus trom. Tógann sé méid suntasach ama chun oibreacha den sórt seo a chríochnú, bíonn gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl le linn céimeanna éagsúla den tógáil agus bíonn gá le cineálacha éagsúla trealaimh. Tríd is tríd, áfach, is gníomhaíocht shealadach í an tógáil. Tá innealra agus teicníochtaí nua-aimseartha sofaisticiúil agus tá siad ceaptha chun bheith á n-oibriú d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar a dtionchar ar an timpeallacht thart orthu. Ní mhaireann aon tionchar iarmharach a d'fhéadfadh a bheith ann ach ar feadh tréimhse theoranta. Go bunúsach, tá na hoibreacha atá ag teastáil chun an fhorbairt bheartaithe bóthair a thógáil ar aon dul le mórthionscadail tógála eile in Éirinn agus ar fud an domhain.

I measc na ngníomhaíochtaí ginearálta agus na dtionchar díreach agus neamhdhíreach a bhaineann le tógáil na forbartha beartaithe bóthair, áirítear an méid seo a leanas:

- Imréiteach láithreáin lena n-áirítear scartáil agus glanadh fásra
- Fálú
- Rochtain ar láithreán
- Bábhúin tógála
- Imscrúduithe láithreáin agus tástáil seandálaíochta
- Cairéalú agus próiseáil cumascán
- Riachtanais maidir le hábhair agus foinse na n-ábhar
- Dúnadh sealadach bóithre agus atreorú
- Bainistiú/cóireáil uisce
- Stóráil shealadach ábhar, ábhair bharrachais nó dramhaíl

Déantar na gníomhaíochtaí thuas atá bainteach le láithreáin Eorpacha a phlé anseo thíos. De bhreis ar an liosta thuas pléitear na nithe seo a leanas freisin:

- Foirm na tógála agus ré na n-oibreacha

- Srianta tógála
- Modhanna ginearálta tógála
- An clár tógála, céimeanna agus uaireanta oibre

### 2.5.2 Céimniú na Tógála

Is cosuil go ndéanfar an tógáil ón taobh thoir go dtí an taobh thiar agus d'fhéadfadh sé go gcuirfear an tógail i gcrích le linn dhá chéim chomhthráthacha nó de réir conradh foriomlán aonair:

- Céim 1 - N6 Cúil Each go N59 Acomhal Leitrí - 9.9km (lena n-áirítear Nascbhóthar na Páirce Móire agus Nascbhóthar N59 Thuaidh agus Theas)
- Céim 2 - N57 Acomhal Leitrí go R336 Bóthar an Chósta siar ó Bhearna - 7.5km

### 2.5.3 Oibreacha Cumasúcháin

Is ionann oibreacha cumasúcháin de ghnáth agus na hoibreacha sin a dhéantar ar shaoráidí láithreacha chun spás nó rochtain a sholáthar le haghaidh na n-oibreacha buana agus/nó na tógála. De bharr chineál na n-oibreacha seo, ní mór iad a bheith déanta sular féidir tús a chur leis na príomhoibreacha. Bíonn tráthú oibreacha cumasúcháin ag brath ar an am atá beartaithe chun tús a chur leis an gcéim de na príomhoibreacha dá bhfónann na hoibreacha cumasúcháin.

D'fhéadfadh sé go gcuirfear tús le cuid acu tamall maith roimh na príomhghníomhaíochtaí tógála. Sula gcuirtear tús leis na príomhoibreacha tógála, beidh eilimintí d'oibreacha cumasúcháin agus d'oibreacha ullmhúcháin ann, amhail imscrúdú talún, cóireáil i leith speicis ionracha neamhdhúchasacha agus imscrúduithe seandálaíochta laistigh de cSAC Loch Coirib, nó díreach tadhlach leis, ar nithe iad sin atá ceaptha go príomha chun an talamh a réiteach do na príomhghníomhaíochtaí. Breithníodh na gníomhaíochtaí seo ag an gcéim seo chun a chinntiú go ndéantar an talamh agus an rochtain ar fad a chur san áireamh laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus go mbreithnítear na tionchair fhéideartha go léir de chineál díreach agus neamhdhíreach.

### 2.5.4 Imréiteach Láithreáin agus Oibreacha Ullmhúcháin

Déanfar imréiteach láithreáin, lena n-áirítear glanadh fásra, a chur i gcrích laistigh de theorainn bheartaithe na forbartha. Déanfar glanadh fásra, lena n-áirítear cóireáil speiceas ionrach neamhdhúchasach, a chur i gcrích de réir an Phlean maidir le Bainistíocht Chomhshaoil ar Thógáil. (**Foscríbhinn C**).

Laistigh de cSAC Loch Coirib, beidh glanadh síos go leibhéal na talún ar gach limistéar de chuid an láithreáin atá ag teastáil le haghaidh thógáil na forbartha beartaithe bóthair. Cosnófar crainn má tá sé sin indéanta nuair a fhoirmítear rochtain tógála. Déanfar aon ítimí atá i láthair, atá suntasach ó thaobh na hoidhreachta de, mar aon le cineál na n-ítimí sin, a thaifeadadh agus déanfar iad a chaomhnú más féidir. Déanfar imscrúduithe agus faireachán seandálaíochta freisin chun aon nithe a aimsítear faoi thalamh trí úsáid a bhaint as na modhanna cuí a thaifeadadh agus a chaomhnú.

Tá breithniú déanta ar rochtain le haghaidh obair imscrúdaithe talún agus tástáil seandálaíochta agus áirítear an méid sin laistigh de theorainn na forbartha beartaithe.

Ní gá fóntais a atreorú laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní dhéanfar aon déanmhas a scartáil laistigh de cSAC Loch Coirib.

Bainfear athúsáid as farasbarr ábhair i gcomhair na forbartha beartaithe bóthair má bhíonn sé sin indéanta agus faoi réir ag tástáil chuí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don úsáid deiridh. Déanfar bainistíocht ar dhramhaíl nach féidir a sheachaint de réir mar atá leagtha amach sa Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála i **bhFoscríbhinn C**.

### 2.5.5 Fálú

Ag tús na céime tógála, déanfar an talamh atá le fáil de réir theorainn na forbartha beartaithe a fhálú agus srianfar rochtain uirthi. Chun an láithreán a dhaingniú agus chun rochtain neamhúdaraithe a chosc, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le fálú nó clárlach sealadach le linn na tógála sula ndéantar fálú buan a shuiteáil. Cuirfear fálú in airde ó thaobh an bhóthair bheartaithe den fhál. I limistéir ina n-áiríonn teorainn na forbartha beartaithe gnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib, beidh an fálú buan suite idir an bóthar beartaithe agus an ghnáthóg Iarscríbhinn I agus ní bheidh sé suite laistigh de na limistéir ghnáthóige.

Beidh cineálacha éagsúla fálta ann ar fud achar na forbartha beartaithe bóthair agus sin ag brath ar na riachtanais éagsúla agus d'fhéadfadh sé gur fálta sealadacha a bheidh ann. Beidh fálú sealadach atá ag teastáil chun an láithreán tógála a dhaingniú le haghaidh thógail Dhroichead Abhainn na Gaillimhe suite lasmuigh de cSAC Loch Coirib ar bhruach thiar na habhann agus é 10m ó imeall bhruach na habhann. Ar bhruach thoir na habhann, agus ar na codanna eile laistigh de cSAC Loch Coirib nó tadhlach leis, cuirfear an fálú buan in airde laistigh de cSAC Loch Coirib sula gcuirtear tús le tógáil. Déanfar fálú mamach-dhíonach, a bhaineann le cosaint a thabhairt don mhadra uisce, a chur ar fáil mar a thaispeántar i **bhFíor 6**.

### 2.5.6 Oifigí Láithreáin agus Bábhúin

Mar chuid de na hoibreacha ullmhaithe láithreáin freisin, soláthrófar saoráidí do na conraitheoirí agus don fhoireann bainistíochta tógála. Tá na háiteanna aitheanta do na bábhúin suímh beartaithe laistigh de theorainn na forbartha beartaithe mar a léirítear i **bhFíoracha 3.1** go **3.2**. Ní bheidh aon oifig láithreáin ná bábhún suite laistigh de cSAC Loch Coirib. Tá sé beartaithe go mbeidh dhá bhábhún láithreáin (SC 09/01 agus SC 11/01) suite díreach tadhlach le teorainn cSAC Loch Coirib.

Mar gheall ar a mhéid i gcoibhneas leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ina hiomláine, beidh Cairéal Leacaigh (Bábhún Láithreán SC 11/01) ar cheann de na príomhbhábhúin láithreáin. Tá sé beartaithe gléasra baiscthe agus meilte carraige a chur san áireamh ag Cairéal Leacaigh. B'fhéidir go gcuirfear gléasra meilte agus grádaithe carraige ar fáil ag bábhúin láithreáin go léir ach amháin i gcás bábhún SC 09/01. Rinneadh an scéal sin a mheas sa mheasúnú ar thionchair fhéideartha. Déanfaidh an t-oibreoir an t-údarú cuí le haghaidh gléasraí meilte, amhail ceadanna saoráide dramhaíola, a fháil sula gcuirtear tús leis an ngníomhaíocht.

### 2.5.7 Na Príomhoibreacha Tógála

Is é a bheidh i gceist leis na príomhoibreacha tógála ná tochailt agus leagan ábhair chun gearrthacha agus claífoirt a thógáil, chomh maith le tarlú ábhar agus iompórtáil/easpórtáil ábhar chun bailchríoch a chur ar fhoirmiú an bhóthair le haghaidh na forbartha beartaithe bóthair. I measc na n-ábhar a úsáidfear le haghaidh thógáil an bhóthair, áireofar ábhair nach mór iad a thabhairt chuig an láithreán lena n-áirítear gairbhéil agus pábháil bhiotúmanach agus ábhair don dromchla. De bhreis ar thógáil créfort, beidh an méid seo a leanas i gceist leis na príomhghníomhaíochtaí:

- Oibreacha Bóthair - tógáil fo-bhoinn agus boinn, pábháil bhiotúmanach, dromchlú
- Draenáil - píopa-chaidhséir, draenacha scagacháin, cainéil líneáilte féir agus bogaigh
- Déanmhais - ballaí cuibhrithe, oibreacha píleála, droichid agus tarbhealaí, lena n-áirítear dúshraitheanna, piaraí, teanntaí agus bíomaí móra agus oibreacha coincréite treisithe
- Tolláin - tollán tochailte (druileáil agus bleaisteáil) agus tollán gearrtha agus clúdaithe
- Pléascadh - carraigeacha a thochailt le haghaidh gearrthacha agus tollán
- Oibreacha bóthair foghabhálacha lena n-áirítear bacainní sábháilteachta a shuiteáil, comharthaíocht agus marcálacha bóthair
- Oibreacha áise d'úinéirí talún amhail bóithre rochtana, bealaí isteach, fálta, geataí, ballaí, duchtáil agus athcheangal seirbhísí gearrtha
- Bainistiú sealadach tráchta

Áirítear tógáil na nithe seo a leanas i measc na bpríomhghníomhaíochtaí tógála laistigh de cSAC Loch Coirib nó díreach tadhlach leis:

- Bearta draenála lena n-áirítear Pointe Éalaithe Nascbhóthar Thuaidh N59 (S15) agus pointí éalaithe S18A agus S18B
- Droichead Abhainn na Gaillimhe
- Ballaí cuibhrithe
- Créfoirt agus oibreacha pábhála
- Tarbhealach Mhionlaigh
- Tollán Leacaigh agus an bealach chuige ón taobh thiar

Déantar plé níos mionsonraithe faoi gach ceann de na nithe sin sna ranna sin ina dhiaidh seo.

#### 2.5.7.1 Pointí Éalaithe Draenála

Tá trí líonra draenála ann a sceitheann go díreach chuig cSAC Loch Coirib, is é sin le rá, S15 a dhraenálann Nascbhóthar Thuaidh N59 agus a chuireann pointe éalaithe ar fáil chuig díog draenála atá ann agus a chuireann pointe éalaithe deiridh ar fáil chuig Abhainn na Gaillimhe (atá ina chuid de cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib ag an áit seo), S18A agus S18B, agus sceitheann siad sin araon go díreach isteach in Abhainn na Gaillimhe.

De bhreis air sin, tá dhá ghréasán draenála bóthair ann (S14A agus S14B) a chuireann pointe éalaithe ar fáil go neamhdhíreach chuig cSAC Loch Coirib trí shruthán[8] láithreach a shreabhann siar ó eastát cónaitheach Achadh an Churraigh. Beidh an sruth éalaithe ó pháirceanna imeartha beartaithe OÉG (S44) ag sceitheadh go hindíreach freisin isteach in cSAC Loch Coirib trí shruthán atá ann cheana atá ag sreabhadh ó dheas de na páirceanna imeartha atá ann cheana.

Tá leithead oibre 15m ar fáil chun na líonraí draenála thuas a thógáil le go mbeidh spás ann chun an t-innealra agus an trealamh riachtanach a oibriú. Sna limistéir sin, níl aon ghnáthóg Iarscríbhinn I atá laistigh de cSAC Loch Coirib san áireamh laistigh de theorainn na forbartha beartaithe.

Déanfar na ceannbhallaí ag na pointí éalaithe isteach i cSAC Loch Coirib a thógáil ar chothrom an bhruacha draenála láithrigh. Is féidir an ceannbhalla a thógáil trí úsáid a bhaint as ceannbhalla réamhtheilgthe nó trís an gceannbhalla a theilgean ar an láthair. I gcás an dá mhodh sin, rachfar i mbun an phróisis tógála de réir an dea-chleachtais chaighdeánaigh. I gcás ina ndéanfar an ceannbhalla a thógáil trí úsáid a bhaint as ceannbhalla réamhtheilgthe, is féidir déanmhas sealadach cófra-dhamba a thógáil más gá sin chun gur féidir an ceannbhalla réamhtheilgthe a leagan isteach san áit ina mbeidh sé. I gcás ina mbeidh an ceannbhalla le teilgean ar an láthair, déanfar cófra-dhamba sealadach a thógáil le gur féidir na hoibreacha talún riachtanacha a chríochnú agus an ceannbhalla a theilgean. Úsáidtear an cófra-dhamba sin chun cosc a chur ar aon tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce san abhainn/sa sruthán/sa díog draenála. I gcás inar gá aon chaidéalú uisce a dhéanamh, rachaidh an t-uisce sin faoi chóireáil chomhshaoil chun gach truailleán a bhaint as sula ndéantar é a chur ar ais sa líonra áitiúil draenála uisce dromchla. Tar éis an ceannbhalla a thógáil, tugtar an cófra-dhamba sealadach chun bealaigh.

#### 2.5.7.2 Droichead Abhainn na Gaillimhe

Síneann Droichead Abhainn na Gaillimhe thar an abhainn gan teagmháil a dhéanamh léi (i.e. gan aon phiaraí san uisce) agus, dá bharr sin, tá sé beartaithe gur droichead starrmhaide a bheidh ann os cionn chuid na habhann mar aon leis na réisí os cionn bhruacha na habhann. Mar thoradh ar an réise mhór a bheidh ann tá doimhneach struchtúrach an fhordhéanmhais níos mó go suntasach ag suímh na bpiaraí agus agus tá doimhneachtaí éagsúla ann feadh na réise. Méadaíonn sé sin castacht tógála an léibhinn. Is féidir léibhinn coincréite atá iartheannta in-situ a thógáil trí úsáid a bhaint as foirmeánacht ghluaisteach thar réisí na habhann agus na dtaobhanna; agus trí úsáid a bhaint as struchtúr sealadach taca nó as foirmeánacht

[8] Ba chóir a thabhairt faoi deara sileann cuid den sruth seo trí lintéar trí Ard na Locha agus déantar gagairt dó mar shéarach i **bhFíor 2.6**.

gluaisteach ar na réisí ar an mbealach chuig an droichead. Ní bheidh aon oibreacha i sruth Abhainn na Gaillimhe. Chun mionsonraí iomlána a fháil faoi thógáil bheartaithe Dhroichead Abhainn na Gaillimhe féach **Foscríbhinn D**.

#### 2.5.7.3 Ballaí cuibhrithe tadhlach le cSAC Loch Coirib

Coinneoidh struchtúr coinneála, claífort treisithe ithreach idir Ch. 9+850 go Ch. 10+050 an fhorbairt bheartaithe bóthair ó chúngú a dhéanamh ar ghnáthóg Iarscríbhinn 1 cSAC Loch Coirib. Rachfar i mbun thógáil an bhalla cuibhrithe laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus lasmuigh de limistéir ina bhfuil gnáthóga Iarscríbhinn I. Tógfar an claífort treisithe ithreach agus úsáid a bhaint as innealra agus gléasra trom ag cur méid ar airde an struchtúir coinneála ag an ráta céanna is a théann airde an chlaífoirt i méid.

Cuirfear meascán chórais coinneála i bhfeidhm feadh an Bhealaigh Isteach ón Taobh Thiar agus os cionn tairseach thiar an tolláin ag Tollán Leacaigh (Ch. 10+850 go Ch. 11+150) áit nach bhfuil úsáid á bhaint as fánaí gan aon tacaíocht mar go ndéanfadh siad cúngú ar limistéir gnáthóga Iarscríbhinn 1. Tá cineál an chórais coinneála faoi réir ag coinníollacha na talún ar thángthas orthu ag an suíomh ar leith sin. Tagann athruithe suntasacha ar leibhéal cheann carraige laistigh den limistéar seo a éilíonn réitigh córais choinneála do choinníollacha talún carraige éadomhain agus domhain is féidir a thógáil lasmuigh de ghnáthóg Iarscríbhinn 1 cSAC Loch Coirib.

Áiríonn na córais choinneála a tógadh sa limistéar seo na modheolaíochtaí seo a leanas:

- I limistéir ina bhfuil carraig éadomhain:

  Tabharfar an scraith uachtair chun siúil tar éis tochailt carraigeacha a chuirfear chun cinn de réir leibhéil ar bhealach cioglach, lena n-áirítear, druileáil, pléascadh, cartadh agus léarscáiliú carraige a bheidh á dhéanamh ag saineolaí geoiteicniúil. Cuirfear córas tacaíochta cobhsaíochta ilchodach carraige i bhfeidhm i bhfoirm boltaí carraige, duail charraige, mogall cruach agus coincréit spraeáilte san áit a bhfuil gá leo chun an t-éadan carraige a chobhsú roimh thochailt a dhéanamh go dtí an chéad leibhéal tochailte eile bunaithe ar thorthaí ón léarscáiliú carraige. Tógfar struchtúr coinneála treisithe coincréite atá uiscedhíonach laistigh den tochailt carraige, go ginearálta ag bonn na tochailte (sa chás an tochailt a bheith faoi +17.7mOD).

  Tabharfar chun críche, roimh thabhairt faoin tochailt seo, imscrúdú mionsonraithe talún, lena n-áirítear suirbhé geoifisiceach thíos sa pholl le geoiméadracht carraigmhaise a chinneadh ar mhaithe le heolas a chur ar fáil don dearadh mionsonraithe agus lena chinntiú go bhfuil an modh seo indéanta. Sa chás nach bhfuil an modh seo indéanta cuirfear réiteach píle ó leibhéal an dromchla i bhfeidhm, a bhfuil cur síos déanta air thíos.

Tabharfar faoi phléascadh ar bhonn trialach, de réir Sceideal na nGealltanas, mar chuid de mheasúnú pléasctha. Tabharfaidh an conraitheoir faoi phléascadh trialach, a mbeidh monatóireacht déanta air, san fhoirmíocht chéanna buncharraige i suíomh rialaithe. Ní rachaidh an pléascadh trialach thar theorainneacha creatha na ngabhdóirí íogaireacha áitiúla agus ní bheidh aon riosca ann dá bharr sin do ghabhdóirí íogaireacha, lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn 1 in cSAC Loch Coirib. Déanfaidh an pléascadh trialach calabrú ar an dearadh pléasctha chuig dearadh atá sainiúil don láithreán.

- I limistéir ina bhfuil carraig dhomhain (scraith uachtair amháin) nó meascán de scraith uachtair agus carraig:

  Cuirfear ballaí coinneála píle, le hancairí talún sna háiteanna sin. Ballaí píle comhtheagmhála nó ballaí pile seiceanta a bheidh ann. Is é an rige céanna agus an modh tógála céanna a úsáidtear chun an dá chineál balla sin a thógáil. Níl an balla píle comhtheagmhála uisce-obach mar gur sraith líneach de phílí atá ann ach is féidir an balla píle seiceanta a dhearadh sa tslí go mbeidh sé uisce-obach mar gur sraith líneach de phílí idirnasctha/forluiteacha atá i gceist. Níl córas uisce-obach riachtanach ach faoi bhun +17.7mOD amháin, dá bhrí sin cuirfear isteach ballaí píle comhtheagmhála le struchtúr uisce-obach a thógfar laistigh den tochailt.

  Suiteálfar na pílí ó na leibhéil talún atá ann cheana féin roimh oibreacha tochailte nó ó leibhéal tochailte laghdaithe sa chás gur féidir tionchair fhéideartha ar ghnáthóg Iarscríbhinn 1 cSAC Loch Coirib a sheachaint. Beidh an rige píleála socraithe suas lasmuigh de lorg ghnáthóg cSAC Loch Coirib. Nuair a bhíonn na pílí suiteáilte, tabharfar tochailt na scraithe uachtair agus na buncharraige chun críche. Brisfear an bhuncharraig agus úsáid á bhaint as casúr hiodrálach nó as pléascadh agus an balla píle ag feidhmiú mar mhaolán breise don phléascadh carraige.

  Tógfar struchtúr coinneála coincréite treisithe a bheidh uiscedhíonach laistigh de lorg na tochailte san áit is gá.

  Tabharfar imscrúdú talún mionsonraithe chun críche roimh thabhairt faoina hoibreacha píleála, le heolas a chur ar fáil don dearadh mionsonraithe agus lena chinntiú go bhfuil sé sainiúil don láithreán.

Tá breithniú agus measúnú déanta ar gach aon cheann de na roghanna seo ar fud an mheasúnaithe i **Ranna 6** go dtí **9** den NIS seo.

#### 2.5.7.4 Créfoirt agus oibreacha pábhála

Déanfar barrithir agus fo-ithir a thochailt agus cuirfear ábhar tógala bóthair ina n-ionad. Déanfar barrithir agus fo-ithir atá bainte a stóráil laistigh de theorainn an láithreáin agus athúsáidfear í laistigh de thógáil na forbartha beartaithe bóthair más indéanta, ach sin faoi réir tástáil a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil sí oiriúnach don úsáid deiridh atá beartaithe di. I gcás inar gá stóráil a dhéanamh lasmuigh den láithreán ar feadh aon tréimhse, cinnteoidh an conraitheoir go mbeidh na ceadúnais chuí dramhaíola nó na ceadanna cuí saoráide dramhaíola ag na saoráidí stórála lena

mbaineann. Déanfar bainistiú ar na hoibreacha ithreach go léir agus aird á thabhairt ar na TII Guidelines for the Management of Waste from National Road Construction Projects.

Déanfar ábhair a iompar chuig an láithreán, agus uaidh, trí úsáid a bhaint as an líonra láithreach bóithre. Déanfar tochailt agus líonadh trí úsáid a bhaint as gléasra meicniúil.

Tógfar claífoirt bhóthair trí úsáid a bhaint as ábhar tochailte nó, más gá, as ábhar líonta iompórtáilte agus, de ghnáth, déanfar an t-ábhar a bhalcadh trí úsáid a bhaint as rollóirí statacha nó as rollóirí creathacha nó as trealamh den tsamhail chéanna.

Den chuid is mó, tógfar na claífoirt as ábhar líonta féintacaíochta. I gcásanna áirithe, i limistéir inar gá ithir a choimeád i spás cúng, déanfar úsáid a bhaint as créfoirt ghéaraithe ag a mbeidh bailchríoch fásra nó ballaí cuibhrithe ithreach treisithe nó coincréite treisithe.

Cuirfear pábháil ar fáil ar fud achar na forbartha beartaithe bóthair agus beidh tiús na gciseal nua pábhála thart ar 350mm. Déanfar an t-ábhar nua asfailt go léir a iompar chuig an láithreán i dtrucailí atá ceaptha chun ábhair ardteochta a iompar. Déanfar an t-ábhar a aistriú go díreach chuig meaisíní pábhála lena ndéantar an t-asfalt a leathadh ar an mbóthar ina chisil. Déantar an t-ábhar leata a bhalcadh ansin trí úsáid a bhaint as rollóirí.

### 2.5.7.5 Tarbhealach Mhionlaigh

Tá trí mhodh mhalartacha fhéideartha ann chun Tarbhealach Mhionlaigh a thógáil d’fhonn na tionchair fhéideartha, idir dhíreach agus neamhdhíreach, ar an ngnáthóg Iarscríbhinn I a laghdú. Tá Tarbhealach Mhionlaigh suite taobh amuigh de SAC Loch Coirib ach in aice leis agus níl ról tacaíochta ag an limistéar gnáthóige Forscríbhinn I seo maidir le QI an cSAC agus ní cuid de é ach an oiread.

San áireamh i Modh Tógála 1 tá tógáil córais cosanta thar an bpábháil aolchloiche agus úsáidtear an modh sin mar ardán tógála agus baineann Modh Tógála 2 úsáid as an gcóras starrmhaide cothromaithe in éineacht le córas cosanta thar an bpábháil aolchloiche. Is é atá i Modh Tógála 3 ná modh tógála fordhéanmhais ina bhfuil bíoma réamhtheilgthe réamhstrusta. Tá an modh seo comhchosúil le Modh 1 agus soláthrófar córas cosanta don phábháil aolchloiche. Ní bheidh aon oibreacha tógála ar siúl go díreach laistigh de limistéar an Turlaigh i gcás aon cheann de na trí mhodh oibre.

Is iad seo a leanas na céimeanna den tógáil faoi na modheolaíochtaí atá beartaithe:

- Céim 1 - Rochtain ar an láithreán agus oibreacha cumasúcháin
- Céim 2 - Tógáil chóras cosanta na pábhála aolchloiche
- Céim 3 - Tógáil an tarbhealaigh

Déantar gach ceann ar leith de na trí mhodheolaíocht a thuairisciú go hiomlán i **bhFoscríbhinn E** agus tá scóip ann chun Modhanna 1 agus 2 a chomhtháthú le go mbeidh gnéithe den mhodh starrmhaide ann agus chun struchtúr sealadach taca a chur ar fáil más gá.

Rinneadh gach ceann de na trí rogha sin a bhreithniú agus a mheas ar fud na measúnachta i **Ranna 6** go dtí **9** den NIS.

Déanfaidh sainchóras séalaithe draenála an rith chun srutha ar léibheann an droichid a cheapadh agus iompróidh sé é faoi bhun an déanmhais i líonra draenacha iompair séalaithe sula ndéantar é a sceitheadh isteach i mbogach agus in abhantrach insíothlúcháin atá suite soir ón tarbhealach.

### 2.5.7.6 Tollán Leacaigh

Is féidir ábhar barrachais tochailte a tharlú ar ais chuig bábhún láithreán Chairéal Leacaigh (SC 11/01) lena stoc-charnadh go sealadach tar éis é a mheilt agus a athghrádú agus is féidir é a úsáid in áiteanna eile ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Tá trí chuid ann sna gníomhaíochtaí tógála a bhaineann le Tollán Leacaigh:

Cuid 1: Cobhsú éadan Chairéal Leacaigh

Cuid 2: Tógáil na tairsí ag an mbealach isteach thoir

Tógáil an tolláin (ón taobh thoir go dtí an taobh thiar) - Mianadóireacht (druileáil agus pléascadh)

Cobhsú an cheangail le Cuid 3 (An Bealach Isteach ón Taobh Thiar)

Cuid 3: Suiteáil déanmhas ballaí cuibhrithe, más gá

Tochailt an fhorchlúdaigh

Suiteáil déanmhas ballaí cuibhrithe, más gá

Tógáil an bhóthair ag an mbealach isteach ón taobh thiar

Is mar a leanas atá na céimeanna atá á samhlú i leith na tógála. Is féidir Céim 3 a thógáil i gcomhthráth le tógáil Chodanna 1 agus 2.

Céim 1:

- Oibreacha cumasúcháin agus ullmhúcháin don láithreán

Céim 2:

- Cobhsú éadan thoir Chairéal Leacaigh (Cuid 1)
- Tógáil thairseach an bhealaigh isteach don tollán (Codanna 1 agus 2)
- Suiteáil balla cuibhrithe ó leibhéal láithreach na talún i gCuid 3

Céim 3:

- Tógáil an tolláin bheartaithe (Cuid 2)
- Suiteáil leanúnach balla cuibhrithe ó leibhéal láithreach na talún i gCuid 3 agus

Céim 4:

- Tochailt leanúnach do Chuid 3

- Cobhsú na carraige feadh theorainn Chuid 2/Chuid 3 (más/i gcás inar gá)
- Tógáil an tolláin bheartaithe a chríochnú (Cuid 2)
- Tógáil an bhóthair bheartaithe (Cuid 3)

Tá tuarascáil mhionsonraithe faoi intógthacht Thollán Leacaigh agus an mBealach Chuige ón Taobh Thiar, agus faoi na tionchair fhéideartha, idir dhíreach agus neamhdhíreach, le fáil i **bhFoscríbhinn F**.

Is féidir an draenáil réamh-chréfoirt (PED) ag tairseach thiar an tolláin ag Tollán Leacaigh a thógáil lasmuigh den ghnáthóg Iarscríbhinn I i cSAC Loch Coirib. Is féidir an PED a thógáil ó ionad laistigh de chonair an bhóthair bheartaithe sula dtógtar an créfort. Chun laghdú a dhéanamh ar an lorg laistigh de cSAC Loch Coirib, déanfar taobhfhánaí an PED, fad gearr (circe 20m ag Ch. 10+920 go Ch. 10+940) de dhíog PED, a phíobú chun sreabhadh a iompar ó na dobharcheantair thadhlacha. Déanfar an tógáil sin trí úsáid a bhaint as tochaltóir.

## 2.5.8 Foinsí Ábhair agus Iompar

### 2.5.8.1 Forléargas

Beidh oibreacha créfoirt ina mórghníomhaíocht ar an láithreán agus áireoidh siad tochailt, stoc-charnadh, próiseáil, sil-leagan, pléascadh, athúsáid ábhar, iompórtáil agus iompair ón láithreán i gcomhair aisghabháil/diúscairt. Chun an fhorbairt bheartaithe bóthair a dhéanamh, beidh gá le cuid mhór ábhar a bhogadh chuig an láithreán, ón láithreán agus laistigh den láithreán. Is é a bheidh sa chuid is mó de na hábhair a bheidh ag imeacht ón láithreán ná cartadh ó na hoibreacha tochailte. Ní cheadófar ábhair bharrachais a stoc-charnadh ar thailte laistigh d'aon láithreán Eorpach chun aon tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar stoc-charnadh a sheachaint.

Tá farasbarr foriomlán d’ábhar tochailte ag dearadh reatha na forbartha beartaithe bóthair siar ó abhainn na Gaillimhe agus easnamh foriomlán ábhar líonta soir ó Abhainn na Gaillimhe. Bainfear athúsáid as an ábhar tochailte go léir a mheastar a fhreastalaíonn ar na caighdeáin atá riachtanach mar chuid de na codanna líonta faoi réir ag tástáil lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don úsáid deiridh atá beartaithe.

Má thógtar an fhorbairt bheartaithe bóthair i gcéimeanna éagsúla faoi mar a mholtar i **Roinn 2.4.2** thuas, ansin beidh farasbarr foriomlán de 597,000$m^3$ i gCéim 1 agus easnamh foriomlán de 258,000$m^3$ i gCéim 2. Dá bhrí sin, beidh gá le hábhar tochailte inghlactha a stóráil ó Chéim 1 le cothromaíocht a dhéanamh ar an easnamh i gCéim 2. Déanfar an t-ábhar seo a stóráil laistigh de theorainn na forbartha beartaithe bóthair agus lasmuigh d’aon láithreán Eorpach. Déanfaidh conraitheoirí dramhaíola a bhfuil ceadanna bailí acu faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007 agus Rialacháin (Leasú) 2008, 2014, 2015, agus iad siúd amháin, an dramhaíl go léir nach bhfuil oiriúnach lena hathúsáid laistigh den fhorbairt bheartaithe bóthair a bhailiú. Beidh ceadanna cuí/ceadúnais chuí ag na saoráidí go léir faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2011 agus faoi rialacháin arna ndéanamh fúthu a thugann cead dóibh a leithéid de dhramhaíl a ghlacadh a bheidh le seoladh chucu. Déanfar íoslaghdú ar ghiniúint dramhaíola

guaisí agus déanfar a leithéid a aisghabháil nuair is indéanta agus ní dhéanfar í a dhiúscairt ach amháin mura bhfuil sé indéanta í a aisghabháil. Déanfar dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú de réir na reachtaíochta ábhartha.

Trí gan ach saoráidí a bhfuil na ceadanna/ceadúnais/teistiméireachtaí cuí acu cinnteoidh Comhairle Contae na Gaillimhe/Bonneagar Iompair Éireann go gcomhlíonfaidh an conraitheoir cuspóirí an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus go ndéantar aon astaíochtaí comhshaoil (torann, deannach, uisce) a bhainistiú ag an láithreán ceann scríbe agus, dá bhrí sin, agus ar an ábhar sin go bhfuil oibreoir/úinéir an láithreáin ceann scríbe freagrach go dlíthiúil astu. Dá bhrí sin, is féidir le Comhairle Contae na Gaillimhe a bheith deimhin de go bhfuil an reachtaíocht maidir leis an gcomhshaol agus le bainistiú a comhlíonadh i dtaca le gné bhainistíochta an chartaidh ar shiúl ón láithreán.

Rinneadh gach gluaiseacht tráchta a bhaineann le hiompar ábhar a chur san áireamh sa mheasúnacht.

Déanfar ábhair atá ag teastáil le haghaidh na n-oibreacha tógála a fháil go háitiúil más féidir.

Tá Plean Bhainistiú Dramhaíola Tógála agus Scartála san áireamh sa CEMP i **bhFoscríbhinn C**. Freastalaíonn an plean seo ar cheanglais *Best Practice Guidelines for the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects* (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, 2006) agus *TII Guidelines for the Management of Waste from National Road Construction Projects*. Beidh sé de dhualgas ar an gconraitheoir an Plean Bhainistiú Dramhaíola Tógála agus Scartála a chur i bhfeidhm.

Tá an chuid thiar den fhorbairt bheartaithe bóthair i limistéar ina bhfuil cloch eibhir chomh fada leis an N59 ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn agus is limistéar aolchloiche atá soir ó seo. Tá an scraith uachtarach ar fud an limistéir staidéir comhdhéanta de thill oighreach a thagann ón bhuncharraig atá faoi agus a bhfuil comhdhéanamh ceimiceach de chineál eile aici. Má chuirtear ábhar atá díorthaithe ó aolchloch os cionn buncharraig eibhir, tá an fhéidearthacht ag rith chun srutha uisce dromchla nó ag gluaiseachtaí screamhuisce tionchar a bheith acu ar limistéir áitiúla gnáthóga talamh portaigh tríd an pH san uisce dromchla a athrú. Dá bhrí sin, bainfear leas ar na teorainneacha líonta seo a leanas le tionchar gan ghá mar gheall ar shocrúchán ábhair thógála neamhdhúchasacha a sheachaint:

- Tá úsáid ábhar líonta teoranta sa chás go bhfuil conair sna láithreáin chuig láithreán Eorpach
- Ní cheadaítear ach sraitheanna pábhála agus capála atá cosanta ó rith chun srutha uisce dromchla agus gluaiseachtaí screamhuisce a dhíorthú as ábhair thógála neamhdhúchasacha ag suímh atá íogaireach

Díorthófar an t-ábhar líonta inghlactha eile go léir ó ábhar dúchasach nó ó ábhar eile atá comhoiriúnach le pH.

D’fhéadfadh sé go ndéanfar meilt carraigeacha ar an láithreán chun go mbeidh an charraig thochailte oiriúnach lena hathúsáid mar líonadh ginearálta. Thairis sin, beidh gá le clocha meilte a iompórtáil chuig an láithreán. Ní dhéanfar ábhair nach mór iad a fháil ó chairéil a fháil ach amháin ó chairéil atá liostaithe ar an gclár a

choimeádann an t-údarás áitiúil. Tá cairéil atá ag feidhmiú suite an-ghar don fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá an fhéidearthacht ann ábhar biotúmanach le haghaidh pábhála a fháil ó cheann de na cairéil seo. Tá bealaí tarlaithe chuig na cairéil seo aitheanta agus tá measúnú déanta ar aon tionchair fhéideartha a bhaineann leis na bealaí tarlaithe seo san NIS seo.

#### 2.5.8.2 Bealaí Féideartha Tarlaithe

Tá bealaí féideartha tarlaithe sainaitheanta ar fud na forbartha beartaithe bóthair agus é mar aidhm aige sin ná íoslaghdú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht leis an bpobal i gcoitinne agus a laghad cur isteach agus is féidir ar an timpeallacht glactha a chruthú. Más féidir, beidh na bealaí tarlaithe laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus beidh pointí áitiúla trasnaithe ann. Ach beidh tréimhsí dosheachanta ann nuair a bheidh bóithre poiblí á n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí tarlaithe. Trasnóidh líon bealaí féideartha tarlaithe láithreán Eorpach ar na bóithre atá ann cheana agus laistigh do lorg tógála na forbartha beartaithe bóthair. Trasnóidh dhá bhealach bheartaithe tarlaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe feadh an R366 idir Bearna agus Cnoc na Cathrach. Trasnóidh dhá bhealach bheartaithe tarlaithe cSAC Loch Coirib ar Dhroichead na gCúig Chéad N6 agus ar Bhóthar Chúil Each. Ina theannta sin, trasnóidh bealaí tarlaithe cSAC Loch Coirib laistigh de theorainn na forbartha beartaithe ar Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus ag Tollán beartaithe Leacaigh. Féach **Fíoracha 3.1** go **3.2** chun suímh na mbealaí tarlaithe a fheiceáil.

### 2.5.9 Díchoimisiúnú an Láithreáin Tógála

Tar éis an tógáil a chríochnú, déanfar na saoráidí agus an trealamh tógála go léir, amhail gléasra, ábhair, comharthaí, oifigí conraitheora, bábhúin láithreáin agus limistéir seachadta, etc., a thabhairt chun bealaigh ón láithreán. Déanfar an talamh ar fad a athbhunú de réir caighdeán cuí.

## 2.6 Bearta dearthóireachta

Rinneadh an fhorbairt bheartaithe bóthair a dhearadh de réir Fhoilseacháin TII (Bonneagar Iompair Éireann). Seo a leanas achoimre ar na príomhbhearta dearthóireachta a ghabhann le tionchair ar láithreáin Eorpacha a sheachaint nó a laghdú:

### 2.6.1 Draenáil

Chun an córas hidreolaíochta láithreach a choimeád ar bun agus chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeidh tionchair ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha:

- Soláthrófar bearta rialaithe sreabhaidh ag gach pointe éalaithe agus sceite feadh fhad phríomhlíne na forbartha beartaithe bóthair chun a chinntiú nach mbeidh an sceitheadh ina chúis le haon éifeachtaí dochracha ar rátaí sreabhaidh suas an sruth nó síos an sruth ón sruthchúrsa nó ón séarach glactha, agus le go mbeidh dóthain ama ann don insíothlúchán sceitheadh isteach sa talamh

- Ní éireoidh rátaí sreabhaidh 'níos measa' lasmuigh de theorainn an láithreáin suas go dtí stoirm den chineál 'ceann eisceachtúil in aghaidh 100 bliain'
- De bharr an chineál carstach an limistéir soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59, tá córas séalaithe draenála á sholáthar chun na huiscígh íogaireacha screamhuisce faoi thalamh a chosaint
- Cuireann dearadh na draenála san áireamh dáileadh dobharlach screamhuisce ionas go bhfanfaidh an t-uisce báistí sa dobharlach screamhuisce a rachadh sé isteach ann go nádúrtha
- Soláthrófar bearta rialaithe truaillithe ar gach líonra ar phríomhlíne na forbartha beartaithe bóthair roimh éalú/sceitheadh chun a chinntiú nach ndéanfar dobharlaigh ghlactha a éilliú le rith chun srutha ón bhforbairt bheartaithe bóthair le linn na céime oibríochtúla.

### 2.6.2 Páirceanna Imeartha OÉG

- Áireoidh na páirceanna imeartha seo líontán ar chúl na gcuaillí agus tuilsoilsiú. Déanfaidh saindearthóirí páirce imeartha 3G dearadh ar na páirceanna seo chun freastal ar an gcritéar feidhmiúcháin seo a leanas:
  - Déanfar draenáil ar an bpáirc trí dhomhantarraingt chuig sraith draenacha eite agus scagaire a bheidh tógtha faoi dhromchla na páirce. Déanfaidh sé seo íoslaghdú ar an gcás maidir le láithreán úrnua atá ann cheana áit a mbíonn uisce báistí ag sceitheadh isteach sa talamh
  - Beidh sruth éalaithe dearfach ag na draenacha scagacháin freisin a bheidh ag sceitheadh go hindíreach isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn titim neamhghnách báistí trí dhraein atá ann cheana
  - Cuirfear cosc ar aon cháithníní scaoilte sa charnadh ón dromchlú (m.sh. gainimh agus rubar) ó dhul isteach sa sruthchúrsa tríd an gcóras draenála
  - Déanfaidh foireann atá oilte i gcothabháil páirce cothabháil ar an tsraith dromchlú

### 2.6.3 Soilsiúchán

- Freastalóidh an dearadh soilsiúcháin bóthair ar cheanglais BS5489-1, IS EN 13201 agus ar UK DMRB TD 34-07 agus ar aguisín an TII. Cinnteoidh sé seo go gcoinnítear truailliú soilsiúcháin chomh híseal agus is féidir
- Tá breithniú agus dearadh déanta ar an tsuiteáil soilsiúcháin atá beartaithe agus teorannú bradaíl ó thaobh soilsiúcháin mar phríomhthosaíocht
- Níl aon soilsiúchán ann a bhaineann le Droichead Abhainn na Gaillimhe
- Déanfar dearadh ar thuilsoilsiú beartaithe Pháirceanna Imeartha OÉG le teorainn a chur ar mhéid na soilse a bheidh ag soilsiú lasmuigh de na páirceanna imeartha chuig leibhéal cuí ionas nach mbeidh tionchar ar an timpeallacht ghlactha

### 2.6.4 Fálú

Chun aon tionchair dhíreacha ar ghnáthóg QI Iarscríbhinn I laistigh d'aon láithreán Eorpach:

- Cuirfear fálú buan nó sealadach in airde laistigh nó gar d'aon láithreán Eorpach roimh thógáil na forbartha beartaithe bóthair agus tabharfar faoi aon oibreacha riachtanacha, lena n-áirítear fóntais a atreorú, tástáil seandálaíochta, bainistiú speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha agus imscrúduithe talún. Cuirfear fálú in airde ó thaobh an bhóthair bheartaithe den fhál. I limistéir ina n-áiríonn teorainn na forbartha beartaithe gnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib, beidh an fálú buan suite idir an bóthar beartaithe agus an ghnáthóg Iarscríbhinn I agus ní bheidh sé suite laistigh de na limistéir ghnáthóige

Tógfar fálú a bheidh frithsheasmhach in aghaidh mamach freisin, nuair is gá, lena chinntiú nach bhfaighidh speicis ar nós madraí uisce rochtain ar an mótharbhealach atá beartaithe. Tógfar fálú a bheidh frithsheasmhach in aghaidh mamach i gcomhréir leis an tsonraíocht atá leagtha amach sna *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes* (Údarás na mBóithre Náisiúnta, 2008b) agus sonraíocht Bhonneagar Iompair Éireann faoi fhálú frithsheasmhach in aghaidh mamach (CC-SCD-00320/00319 faoi láthair).

### 2.6.5 Suíomh na mbábhún láithreán agus na limistéar stórála

- Ní bheidh bábhúin láithreáin tógála ná oifigí láithreáin suite laistigh d'aon láithreán Eorpach
- Ní bheidh aon stoc-charnadh ann laistigh de láithreán Eorpach. Tabhair ar aird go bhfuil tailte leordhóthanacha san áireamh le teorainn[9] na forbartha atá beartaithe d'aon stoc-charnadh a bhíonn riachtanach
- Ní bheidh aon stoc-charnadh ann laistigh de limistéar tuilemhá gníomhaí
- Beidh córais láimhseála ábhar agus stoc-charnadh ábhar ar láithreáin suite 50m ar a laghad ó ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de láithreán Eorpach

### 2.6.6 Hidreolaíocht

Chun an córas hidreolaíochta láithreach a choimeád ar bun agus chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeidh tionchair ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha:

[9] Is ionann teorainn na forbartha atá beartaithe agus méid na dtailte atá le fáil don fhorbairt bheartaithe bóthair

- Soláthraíonn dearadh na draenála bóthair córas bogaigh trína spreagtar socrú cáithníní ar fuaidreamh agus, ina dhiaidh sin, limistéar abhantraí tanúcháin/insíothlúcháin suas an sruth ó gach pointe éalaithe chun carnadh dríodair ó rith chun srutha ón mbóthar a chosc. Dearadh na linnte sin chun socrú príomha dríodair a sholáthar agus chun maolú a dhéanamh ar rith chun srutha ó stoirmeacha de réir rátaí rith chun srutha i gcás tuilte ar láithreáin úrnua. Déanfar na córais linne hibride go léir sin a dhearadh agus gaistí siolta iontu agus beidh siad feistithe le hidircheapóir hidreacarbóin. Beidh gach linn feistithe le córas loc-chomhla d'fhonn uiscí rith chun srutha de bharr stoirme a leithlisiú agus a choinneáil i gcás doirteadh tromaí bóthair a bheith ann. Tógfaidh an córas linnte an t-ábhar dríodair is insocraithe chun bealaigh agus tá feidhmíocht os cionn 60% ann i dtaca le dríodar a thógáil chun bealaigh as sceitheadh uisce stoirme. Íoslaghdaíonn sé sin an fhéidearthacht go dtarlóidh carnadh logánta ag suímh pointe éalaithe, rud a fhágann nach féidir ach an dríodar is mine dul isteach sna huiscí glactha agus rud a fhágann nach mbeidh aon tionchar logánta ann
- Níl aon sceitheadh díreach uisce stoirme isteach i Lochanna na gCualach
- Rinneadh an fhorbairt bheartaithe bóthair a dhearadh chun íoslaghdú a dhéanamh ar chailleadh limistéar an chreasa tuile a bhaineann le hAbhainn na Gaillimhe agus Lochanna na gCualach. Tá léibheann Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe ardaithe os cionn na leibhéal tuile agus tá na piaraí tacaíochta suite lasmuigh den limistéar riosca tuile. Féach Roinn 5.2.2 agus 5.2.4 **d'Fhoscríbhinn B** den NIS chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

### 2.6.7 Hidrigeolaíocht

Chun an córas hidrigeolaíochta láithreach a choimeád ar bun agus chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeidh tionchair ar cháilíocht an screamhuisce i ndobharlaigh ghlactha:

- Ní bheidh aon ísliú screamhuisce ann laistigh de dhobharlaigh screamhuisce a chothaíonn gnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce laistigh de láithreán Eorpach
- Áiríonn gach abhantrach insíothlúcháin réamhchóireáil le hidircheapóir hidreacarbóin agus bogach. Áiríonn gach abhantrach insíothlúcháin limistéar coinneála chun am coinneála cuí a chur ar fáil chun doirteadh timpisteach a choinneáil
- Déanfar róthochailt go feadh méid 2m ar gach abhantrach insíothlúcháin chun gur féidir tiús 2m ar a laghad d'fho-ithir chuí a bheith ann (de réir shainiú TII in HD45/15). In éineacht leis na bogaigh, soláthraíonn dearadh na n-abhantrach insíothlúcháin leibhéal cuí cosanta chun cosc a chur ar éilliú screamhuisce ó na habhantracha insíothlúcháin
- Más gá, sceithfear dí-uisciúchán chuig an talamh laistigh den dobharlach screamhuisce céanna le gur féidir an córas hidrigeolaíochta láithreach a choimeád ar bun

- Mar thoradh ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthair, ní cheadaítear di-úisciúchán a dhéanamh ar uiscíoch na buncharraige i suímh íogaireacha, is é sin le rá, Tollán Leacaigh agus an bealach chuige ón taobh thiar agus Tarbhealach Mhionlaigh, ait a bhfuil riosca ann go n-imreofar tionchar ar mhéid na ndobharlach screamhuisce atá nasctha le láithreán Eorpach agus go n-imreofar tionchar ar shuíomh dobhardhromanna screamhuisce

### 2.6.8 Tollán Leacaigh

Le nach n-imreoidh tógáil Thollán Leacaigh tionchar ar ghnáthóga QI Iarscríbhinn I thuas i cSAC Loch Coirib nó nach ndéanfar difear dá bharr don chóras láithreach hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh i cSAC Loch Coirib:

- Tollán dhá fheadán tochailte (trí dhruileáil agus bleaisteáil) atá i gceist le Tollán Leacaigh, agus é suite sa charraig faoi bhun cSAC Loch Coirib
- Áirítear an méid seo a leanas in ailíniú agus i ndeighilt an tolláin:
    - i ngach feadán, tá 8.0m glan ar a laghad ann os cionn choróin an tolláin go dtí barr dhromchla talún cSAC Loch Coirib
    - tá colún 7m ar leithead ann idir an dá fheadán
- Déanfar cobhsú éadan thiar an chairéil a chríochnú sula ndéantar oibreacha tollánaithe, lena n-áirítear córas tacaíochta ilchodach ina mbeidh boltaí carraige, duail charraige, mogall cruach agus coincréit spraeáilte
- Tá dearadh agus srianta pléasctha leagtha amach agus áirítear an méid seo a leanas ina measc:
    - De réir measúnacht chreatha a bhí bunaithe ar chur chuige dearthóireachta coimeádach, cinneadh nach mbeidh aon riosca ann do ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib mar thoradh ar theorainn uasta creatha 25mm/sec ar leibhéal na talún. Déanfar spriocthteorainn creatha pléasctha tógála 20mm/sec a chur i bhfeidhm rud a chinnteoidh nach rachfar thar an teorainn uasta pléasctha agus nach mbeidh aon riosca ann, de bharr pléascadh, do ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib. Déanfaidh an conraitheoir pléasctha pléascadh trialach, faoi fhaireachán, san fhoirmíocht chéanna buncharraige i suíomh rialaithe agus ní bheidh aon riosca ann dá bharr sin do ghabhdóirí íogaireacha, lena n-áirítear gnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní rachaidh an pléascadh trialach thar theorainneacha creatha na ngabhdóirí íogaireacha áitiúla agus, dá bharr sin, ní bheidh aon tionchar ann dá bharr. Tríd an bhfaisnéis a gheofar ón bpléascadh trialach, beifear in ann dearadh an phléasctha a chalabrú agus a scagadh i gcomhréir le dearadh a bhaineann go sonrach leis an láithreán.
- Rinneadh an abhantrach insíothlúcháin i gCairéal Leacaigh a dhearadh chun an pátrún nádúrtha athlíonta a choimeád trí athlíonadh chuig an dobharlach screamhuisce faoina bun a choimeád ar bun
- Chun dobharcheantair athlíonta a choimeád, déanfar aon insreabhadh isteach sa tollán le linn na tógála a bhainistiú trí iad a dhearadh le go n-insíothlóidh siad chuig urlár an tolláin go dtí go ndéantar an t-insreabhadh a shéalú

- Beidh na hoibreacha tógála go léir os cionn an chláir screamhuisce ar feadh ré na n-oibreacha chun a chinntiú nach ndéantar an maoschlár screamhuisce a idircheapadh ná nach bhfuil gá le dí-uisciú uiscíoch na buncarraige. Déanfar an sceideal tógála a shaineagrú ionas nach dtarlóidh tochailt na coda íochtaraí ach amháin le linn thréimhse íseal an screamhuisce nuair a bhíonn an maoschlár faoi bhun leibhéal na tógála
- Déanfar an tollán a líneáil go hiomlán le coincréit
- Ar an mbealach chuig Tollán Leacaigh ón taobh thiar, suiteálfar séala uisce-obach ar an taobh íochtair den bhonn an bhóthair agus de thaobhanna na ngearrthacha chun cosaint a chur ar fáil ar insreabhadh screamhuisce agus chun éilliú an screamhuisce a chosc
- Tá córais choinneála ann ag suímh caolas chun cúngrú ar ghnáthóga Iarscríbhinn I a chosc
- Beidh na ballaí cuibhrithe ar an mbealach chuig an tollán ón taobh thiar uisce-obach go leibhéal +17.7mOD chun aon screamhuisce san fho-ithir nó sa bhuncharraig a choinneáil amach agus coiscfidh siad éilliú an screamhuisce

### 2.6.9 Droichead Abhainn na Gaillimhe

- Téann Droichead Abhainn na Gaillimhe thar an abhainn gan teagmháil a dhéanamh léi agus gan aon phiaraí inti
- Cuimsíonn dearadh an droichid léibheann ardaithe thar an tuilemhá agus spás 8.0m ar a laghad ann os cionn na habhann
- Tógfar Droichead Abhainn na Gaillimhe trí úsáid a bhaint as dhá mhodh tógála éagsúla le chéile mar atá leagtha amach i **bhFoscríbhinn D**

### 2.6.10 Ballaí cuibhrithe tadhlach le cSAC Loch Coirib

Chun aon tionchair dhíreacha ar ghnáthóg QI Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib:

- Rachfar i mbun thógáil an bhalla cuibhrithe laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus lasmuigh de limistéir ina bhfuil gnáthóga Iarscríbhinn I agus tógfar é mar atá leagtha amach i **Roinn 2.5.7.3** thuas

## 2.7 Cothabháil le linn na Céime Oibríochtúla

Beidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina cuid de chonarthaí cothabhála TII agus déanfar na heilimintí ar fad, lena n-áirítear an draenáil, a chothabháil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfeidhmíonn na heilimintí go léir de réir na dearthóireachta a bhaineann leo agus go sroicheann siad na caighdeáin riachtanacha.

# 3 Comhairliúcháin

## 3.1 An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS)

Tionóil an fhoireann tionscadal sé chruinniú le rannóg na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta roimhe seo agus roimhe sin arís an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta): an 2 Iúil 2014, an 26 Marta 2015, an 24 Feabhra 2016, an 29 Márta 2017 agus an 3 Lúnasa 2017. Fuarthas freagra foirmiúil comhairliúcháin a bhain leis an Tuarascáil Scóipeála EIS neamhfhoirmiúil ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 10 Lúnasa 2016 mar aon le dhá dhoiciméad a bhain le Dréacht-thuarascáil MTT agus NIS ar an 16 agus ar an 18 Eanáir 2018 (Tag. G Pre00241/2016).

Go hachomair, bhí na díospóireachtaí leis an NPWS fadréimseach a chlúdaigh ceanglais agus próiseas ginearálta le scóipeáil agus le hullmhú Tuarascáil EIA agus NIS, suirbhéanna bonnlíne agus torthaí éiceolaíochta, luacháil gabhdóirí éiceolaíochta, maolú, measúnú tionchair, cuspóirí caomhantais, ceadúnais maolaithe, tacú le pleananna úsáide talún agus straitéisí iompair agus teorainn cSAC Loch Coirib agus Leasanna Cáilitheachta. Seo a leanas na tuairimí/barúlacha iomchuí a bhí ag NWPS maidir le hullmhú an NIS agus maidir le próiseas na measúnachta cuí agus chuireadh nótaí ar chóip chuig an NIS:

- Ní mór tuairisc iomlán ar an bhforbairt bheartaithe bóthair a bheith ann san NIS
- Ní mór na pleananna iomchuí úsáide talún a mheas i leith na n-éifeachtaí féideartha go léir le chéile
- Is ceart na suirbhéireachtaí éiceolaíochta a scópáil agus a dhearadh chun freastal ar na saincheisteanna atá ann sa Treoir um Ghnáthóga, agus sa dlí gaolmhar, agus aird á tabhairt ar na tástálacha agus ar na caighdeáin infheidhme
- Is ceart go ndíreoidh an mheasúnacht NIS ar QI-anna agus ar SCI-anna na Láithreán Eorpach (agus na ngnáthóg tacaíochta) agus ar raon iomlán na gcuspóirí caomhantais; lena n-áirítear, más infhaighte, cuspóirí caomhantais a bhaineann le láithreáin shonracha (níl cuspóirí caomhantais a bhaineann le láithreáin shonracha ar fáil fós do SPA Loch Coirib)
- I gcás nach bhfuil cuspóirí caomhantais a bhaineann le láithreáin shonracha ar fáil, is ceart na cuspóirí caomhantais reatha, ar cuspóirí cineálacha iad, chomh maith leis na tréithe agus na spriocanna ó chuspóirí caomhantais a bhaineann le láithreáin eile, a úsáid mar threoir - mar chur chuige réamhchúramach, úsáid a bhaint as “aisiriú”, seachas “cothabháil”, mar aidhm chaomhantais
- Ní mór bearta agus straitéisí maolúcháin a fhorbairt go hiomlán agus ní mór iad a bheith sách mionsonraithe chun na ceanglais agus na caighdeáin dhlíthiúla reatha a chomhlíonadh
- Tábhacht agus raon na bpleananna agus na dtionscadal a ndéantar breithniú orthu sa mheasúnacht ar na héifeachtaí go léir le chéile

- Dhaingnigh NWPS (ag an gcruinniú ar an 26 Marta 2015) go ndearnadh an ghnáthóg Iarscríbhinn I dar teideal uiscí bodhra, ó olagatrófach go méiseatrófach, ina bhfuil fásra den chineál *Littorelletea uniflorae* agus/nó den chineál *Isoëto-Nanojuncetea* [3130] a chur le liosta QI-anna cSAC Loch Coirib. Níl aon mholtaí ann aon QI-anna breise a chur leis an cSAC seo
- Tá an NPWS ag obair faoi láthair ag nuashonrú tacar digiteach na sonraí mapála agus á dtiontú go teilgean ITM ar mhapáil nua-aimseartha OSI. I gcás suíomhanna Eorpacha nach bhfuil an obair críochnaithe orthu go fóill, ba cheart teorainneacha na suíomhanna Eorpacha a cur i láthair ar an mapáil atá ann san NIS agus iad a bhunú ar léirmhíniú ar an suíomh i gcoibhneas lena suíomh beartaithe ar an mapáil oifigiúil 6” (i gcoibhneas leis na gnéithe topagrafaíochta a leanann siad tacar sonraí)
- Tá an próiseas achomhairc i ndáil le bailchríoch fhoirmiúil a chur ar stádas ainmnithe agus ar theorainn cSAC Loch Coirib ar siúl fós agus ní heol do NWPS go bhfuil aon phleananna ann chun teorainn cSAC Loch Coirib a mhodhnú nó a leathnú i gcomharsanacht na forbartha beartaithe bóthair
- Deimhnithe gur ag Teach Eborhall atá an fara máithreachais do dhaonra Leasanna Cáilitheacha na Crú-Ialtóige Bige in cSAC Loch Coirib (fara 217 ar bhunachar sonraí an NPWS) ar an gcladach ó thuaidh de Loch Coirib in aice le Conga i gContae Mhaigh Eo
- Na ceanglais agus na nósanna imeachta nach mór déanamh dá réir má tá gá le bearta cúitimh mar chuid d’aon iarratas pleanála faoi fhorálacha Airteagal 6(4) den Treoir um Ghnáthóga
- Má tá gá le faireachán/maoirseacht ar bhearta cúitimh, ní mór é/í a chur san aireamh san NIS

Mar is léir ar fud an NIS, cuireadh na moltaí sin san aireamh agus cuireadh i bhfeidhm iad le linn an NIS seo a scrúdú agus a anailísiú.

## 3.2 Iascaigh Intíre Éireann (IFI)

Seoladh dhá chruinniú le IFI chun plé a dhéanamh faoi luach iascaigh na sruthchúrsaí a bhí á dtrasnú ag an bhforbairt bheartaithe bóthair maidir lespeicis éisc: seoladh an chéad cheann ar an 14 Lúnasa 2014, ag an gcéim Roghnaithe Bealaigh den tionscadal, agus seoladh an dara ceann ar an 15 Meán Fómhair 2016 chun plé a dhéanamh ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthair.

I rith na gcruinnithe sin, agus i gcomhfhreagras a bhain leo, bhí na barúlacha seo a leanas ag IFI maidir le luach dhobharcheantar Abhainn na Gaillimhe maidir le héisc agus maidir le QI-anna an Bhradáin Atlantaigh, na Loimpre mara agus na Loimpre srutháin:

- Tá Abhainn na Gaillimhe ina córas abhann lena ngabhann tábhacht náisiúnta i dtaca leis an mBradán Atlantach de

- Tá an Loimpre Mhara feicthe ag IFI agus é ag dul thar Chora na mBradán chun sceitheadh a dhéanamh sa dobharcheantar uachtair ag Conga - bréagnaíonn sé sin roinnt foinsí foilsithe ina luaitear gur measadh nach raibh an speiceas le fáil ach amháin suas go dtí Cora na mBradán i gCathair na Gaillimhe
- Ní raibh aon taifead ag IFI ar limistéir sceite ag na pointí beartaithe trasnaithe sruthchúrsa feadh na forbartha beartaithe bóthair

# 4 Modheolaíocht

## 4.1 Treoir

Le linn don tuarascáil seo a bheith a hullmhú tugadh aird ar na doiciméid treorach seo a leanas maidir le Measúnacht Chuí i gcás ina raibh sé iomchuí déanamh amhlaidh:

- *Measúnacht Chuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn – Treoir d'Údaráis Pleanála* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, athbhreithniú 2010)
- *Measúnacht Chuí faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga: Treoir d'Údaráis Pleanála.* Ciorclán NPWS 1/10 & PSSP 2/10
- *Assessment of Plans and Projects Significantly Affecting Natura 2000 sites: Methodological Guidance on the Provisions of Article 6(3) and (4) of the Habitats Directive 92/43/EEC* (Ardstiúrthóireacht Chomhshaoil an Choimisiúin Eorpaigh, 2001 agus dréacht uasdátaithe, Aibreán 2015). Cuireann an treoir atá ann sa doiciméad sin modheolaíocht neamhéigeantach ar fáil i ndáil le measúnachtaí a gceanglaítear iad a dhéanamh faoi Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir um Ghnáthóga a chur i gcrích
- *Managing Natura 2000 Sites: The Provisions of Article 6 of the Habitat's Directive 92/43/EEC* (Ardstiúrthóireacht Chomhshaoil CE, 2000) agus
- *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim*. An Coimisiún Eorpach (2000)

Áirítear an méid seo a leanas sa treoir a úsáideadh mar eolas ginearálta le haghaidh na measúnachta tionchair éiceolaíochta atá ann sa tuarascáil seo:

- *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the UK and Ireland: Terrestrial, Freshwater and Coastal, 2nd edition* (CIEEM, 2016)
- *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht, Lúnasa 2017)
- *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2002)
- *Advice Notes on Current Practice in the Preparation of Environmental Impact Statements* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2003)
- *Advice notes for Preparing Environmental Impact Statements* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht, Meán Fómhair 2015)
- *Environmental Guidelines Series for Planning and Construction of National Roads* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2005-2009), agus
- *Environmental Impact Assessment of National Road Schemes – A Practical Guide* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008a)

- *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009)
- *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment* (an tAontas Eorpach, 2013)
- *Environmental Impact Assessment of Projects Guidance on the preparation of the Environmental Impact Assessment Report* (An tAontas Eorpach, 2017)

## 4.2 Staidéar Deisce

Tá foinsí na sonraí deisce liostaithe thíos:

- Torthaí staidéar éiceolaíochta a rinneadh mar chuid den staidéar maidir le roghnú an bhealaigh (Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe*: Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh* (Arup, 2016)[10]) agus staidéir EIA (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (féach **Roinn 4.4** agus **Roinn 9** thíos chun mionsonraí a fháil. Tá an Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh ar fáil ó http://www.n6galwaycity.ie
- Torthaí na suirbhéireachtaí ar éin a rinneadh do EIS (Ráiteas Tionchair Timpeallachta) Sheachród Lasmuigh N6 Chathair na Gaillimhe (RPS, 2006)
- Mapáil agus aerfótagrafaíocht Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann atá ar fáil ó www.osi.ie
- Sonraí ar líne maidir le láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear tacair shonraí GIS maidir le gnáthóga agus speicis, agus doiciméid (agus doiciméid tacaíochta) faoi chuspóirí caomhantais, mar atá i seilbh na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), ar nithe iad sin atá ar fáil ó www.npws.ie
- Tacair shonraí ar líne maidir le speicis chosanta mar atá i seilbh an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, ar fáil ó http://maps.biodiversityireland.ie
- Faisnéis chomhshaoil/sonraí comhshaoil don cheantar atá ar fáil ó www.epa.ie(Envision Online Environmental Map Viewer - http://gis.epa.ie)
- Faisnéis faoi stádas ghnáthóga cosanta agus speicis chosanta AE in Éirinn (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, 2013a, 2013b agus 2013c)
- Suirbhéireacht ar Stoic Éisc Loch Coirib, faoin gCreat-Treoir maidir le hUisce, Meitheamh 2014 (Kelly *et al.* 2014)
- Corrib Estuary: Sampling Fish for the Water Framework Directive – Transitional Waters 2008 (An Príomh-Bhord Iascaigh agus an Bord Iascaigh Réigiúnach, 2009)

## 4.3 Modheolaíocht na Measúnachta

Rinneadh anailís agus measúnú ar an fhorbairt bheartaithe bóthair (lena n-áirítear, an dearadh beartaithe, modheolaíochtaí tógála agus éifeachtaí oibríochtaí) leis na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht éiceolaíochta a aithint. Ag eascairt as sin,

[10] Is féidir teacht ar an Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh ag http://www.n6galwaycity.ie

sainíodh Crios Tionchair (ZoI) na forbartha beartaithe bóthair. Aithníodh, bunaithe ar thionchair aitheanta agus a gCrios Tionchair (ZoI), na láithreáin Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith faoi riosca ó aon tionchair díreacha nó indíreacha. Rinneadh an mheasúnacht seo trí bhreithniú a dhéanamh ar na foinsí agus conairí féideartha tionchair a cheanglaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair le láithreáin Eorpacha, ag féachaint do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais SCI-anna na láithreán.

Déantar na cuspóirí caomhantais a bhaineann le gach QI/SCI a léiriú i gcoitinne i leith cSAC-anna mar a leanas: "chun riocht fabhrach caomhantais ghnáthóg(a) Iarscríbhinn I agus/nó speicis Iarscríbhinn II ar maidir leo a roghnaíodh an cSAC a chothabháil nó a athbhunú" agus, i gcás SPA-anna, mar a leanas: "chun riocht fabhrach na speiceas éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo a chothabháil nó a athbhunú".

Ag éirí as sin, agus mar atá sainithe sa Treoir um Ghnáthóga, baintear amach stádas (nó riocht, ar leibhéal láithreáin) fabhrach caomhantais gnáthóige:

- *nuair atá a raon nádúrtha, agus an t-achar a chlúdaíonn sé laistigh den raon sin, cobhsaí nó ag méadú, agus*
- *nuair is ann don struchtúr sonrach agus do na feidhmeanna sonracha a bhfuil gá leo ar mhaithe lena cothabháil agus nuair is dóigh go leanfaidh siad de bheith ann sa todhchaí, agus*
- *nuair atá stádas fabhrach caomhantais ann maidir lena speicis thipiciúla*

Baintear amach stádas fabhrach caomhantais speicis (nó riocht fabhrach caomhantais, ar leibhéal láithreáin):

- *nuair a léiríonn sonraí dinimice pobail faoin speiceas lena mbaineann go bhfuil sé á chothabháil féin ar bhonn fadtéarma mar chomhchuid inmharthana dá ghnáthóga nádúrtha, agus*
- *nach bhfuil raon nádúrtha an speicis á laghdú ná nach dóigh go dtiocfaidh laghdú air sa todhchaí is intuartha, agus*
- *go bhfuil gnáthóg sách mór ann chun a phobail a chothabháil ar bhonn fadtéarma agus gur dóigh go leanfaidh sé de bheith ann*


I gcás ina mbeifear tar éis cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach le láithreán Eorpach ar leith a ullmhú, áireoidh siad sraith tréithe agus spriocanna sonracha ar féidir éifeachtaí ar riocht caomhantais nó ar iomláine a thomhas i gcomparáid leo i.e. is tionchar ar iomláine láithreáin é tionchar a dhéanann difear do bhaint amach riocht fabhrach caomhantais, arna thomhas trí bhíthin tréithe agus spriocanna. I gcás cuid mhór SAC-anna/SPA-anna, ní bhíonn cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach le láithreán ar leith ar fáil, sin nó níl siad foilsithe. Más amhlaidh an cás, agus mar atá molta ag NPWS (féach **Roinn 3.1**), rinneadh tréithe agus spriocanna samplacha a bhaineann go sonrach le láithreán a thiomsú i leith QI/SCI ar leith, agus iad bunaithe ar na cinn atá ann le haghaidh láithreáin Eorpacha iomchuí eile, agus rinneadh sin ar mhaithe le treoir a chur ar fáil i dtaca le measúnacht a dhéanamh i dtaobh conas a d'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh do riocht caomhantais.

I gcás roinnt QI-anna/SCI-anna ar láithreáin Eorpacha áirithe, is é atá sa chuspóir caomhantais ná an riocht caomhantais a aisiriú, seachas é a chothabháil, agus cuirtear an t-idirdhealú sin san áireamh sa mheasúnacht; agus, ar an dóigh chéanna, déantar aon damáiste a rinneadh do láithreáin Eorpacha ón tráth ar ainmníodh iad a chur san áireamh freisin.

Tar éis a fháil amach, le linn an scagtha, gur dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar láithreán (láithreáin) Eorpach (Eorpacha) nó go bhfuil aon dóchúlacht den sórt sin éiginnte, nó nach féidir í a chur as an áireamh, ullmhaíodh an NIS seo mar eolas agus mar chúnamh don údarás inniúil, is é sin, An Bord Pleanála, le linn dó a Mheasúnacht Chuí a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh, nó nach ndéanfaidh, an fhorbairt bheartaithe bóthair difear dochrach d'iomláine láithreán Eorpach, ina haonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, agus cuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach á gcur san áireamh.

Go feadh an méid gur cinneadh, mar thoradh ar an measúnacht a rinneadh mar chuid d'ullmhú an NIS seo, go bhfuil féidearthacht ann go n-imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar ar cheithre láithreán Eorpacha, cuireadh bearta seachanta agus maolúcháin san áireamh mar chuid den fhorbairt bheartaithe bóthair lena chinntiú, ag féachaint do chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach agus le nach mbeidh aon amhras réasúnach ann, nach ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear dochrach d'iomláine na láithreán lena mbaineann.

Tugtar achoimre ar an bpróiseas sin sa léaráid thíos.



## 4.4 Suirbhéireacht Bunlíne

Sa roinn seo a leanas, tuairiscítear na suirbhéireachtaí éagsúla a rinneadh chun eolas a fháil le haghaidh na measúnachta seo. Leagtar amach torthaí na suirbhéireachtaí sin i **Roinn 5** agus **Roinn 9** den NIS seo agus tá tuilleadh mionsonraí ar fáil, más gá, i **bhFoscríbhinní A** go **G**.

Nuair a úsáidtear an téarma "limistéar staidéir na scéime", baineann sé le limistéar ginearálta staidéir inar sainaithníodh srianta éiceolaíochta ar dtús ag céim na srianta agus ag an gcéim roghnaithe bealaigh don fhorbairt bhóthair atá bartaithe (féach **Pláta 4.1**) thíos chun fairsingí limistéar staidéir na scéime a fheiceáil agus tá tuilleadh mionsonraí faoin gclúdach i dtaca leis na cineálacha éagsúla suirbhéireachta ar taispeáint i **bhFíoracha 4.1** agus **4.2**). Sin an limistéar staidéir ar a rinneadh cuid mhór de na suirbhéireachtaí éiceolaíochta a rinneadh chun eolas a bhailiú le haghaidh an tionscadail seo a chur i gcrích ar dtús. I gcás roinnt gabhdóirí éiceolaíochta, bhain na suirbhéireachta le limistéar níos leithne ná an limistéar a sainíodh le "limistéar staidéir na scéime", más rud é go raibh gá leis sin. I gcás cuid mhór de na gabhdóirí éiceolaíochta, rinneadh suirbhéireachtaí freisin laistigh de limistéar staidéir níos srianta, agus iad dírithe ar mheasúnacht a dhéanamh ar thionchair dhíreacha agus neamhdhíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de Chrios Tionchair (ZoI) na forbartha beartaithe bóthair, de réir mar atá leagtha amach i **Roinn 7** den NIS seo.

**Pláta 4.1: Limistéar Staidéir na Scéime**




### 4.4.1 Suirbhéireacht Éiceolaíochta

Sa roinn seo, tugtar achoimre ar mhodheolaíochtaí na suirbhéireachtaí éiceolaíochta éagsúla a úsáideadh chun faisnéis bhunlíne éiceolaíochta a thiomsú le linn an tuarascáil seo a ullmhú.

Le linn na scóipeála a rinneadh sainaithníodh líon mór gabhdóirí íogaire éiceolaíochta a bhí ann laistigh de limistéar staidéir na scéime agus a bhféadfadh forbairt bóthair tionchar a imirt orthu (féach **Pláta 4.1**). Dá bharr sin, rinneadh suirbhéireachtaí ar leibhéal EIA a chur i gcrích i ndáil le cuid mhór de na gabhdóirí éiceolaíochta sin nuair a bhí na staidéir á ndéanamh ar shrianta agus chun bealach a roghnú don bhóthar molta. Ach rinneadh cuid mhór de na suirbhéireachtaí sin thar limistéar suirbhéireachta níos leithne (laistigh de limistéar staidéir na scéime) agus de réir taifigh a d'oir do bhailiú faisnéise mar eolas le haghaidh roghnú an bhealaigh. Dá bhrí sin, rinneadh suirbhéireachtaí breise le haghaidh na céime EIA/NIS den tionscadal a chur i gcrích i séasúir/mblianta ina dhiaidh sin de réir taifigh a d’oir do bhailiú faisnéise mar eolas le haghaidh EIA agus NIS, chomh maith le forlíonadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhí bailithe cheana féin agus aon bhearnaí a líonadh, ó thaobh cúrsaí spásúlachta de, sna tacair shonraí bunlíne éiceolaíochta. I gcás ina ndearnadh suirbhéireachtaí iolracha le haghaidh gabhdóir áirithe éiceolaíochta, thar roinnt séasúr éiceolaíochta nó i suímh gheografaíochta éagsúla, tuairiscítear anseo thíos iad in ord croineolaíoch.

Bhí athbhreithniú ar an eolas éiceolaíochta bonnlíne i gceist le hullmhú measúnú an NIS, le haon bhearnaí sonraí éiceolaíochta a aithint chun measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchair na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin Eorpacha. Rinneadh forbairt ar chur chuige agus ar scóip na suirbhéanna éiceolaíochta agus aird á thabhairt ar na ceisteanna agus ar an tástáil a bhí cruthaithe sa Treoir maidir le Gnáthóga, an reachtaíocht náisiúnta tacaithe agus an cás dlí ábhartha agus cuspóirí caomhantais láithreáin Eorpacha a bhféadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair orthu. Rinne foireann saineolaithe dearadh agus thug siad faoi shuirbhéanna allamuigh diana thar líon blianta agus é mar chuspóir sonrach srianta éiceolaíochta a aithint agus tionchair a sheachaint maidir leis na láithreáin Eorpacha mórthimpeall.

Tá achoimre ar na suirbhéireachtaí a úsáideadh mar eolas le linn ullmhú an NIS le fáil i **dTábla 4.1**.

**Tábla 4.1: Suirbhéireachtaí Éiceolaíochta agus Dátaí na Suirbhéireachtaí idir 2013 agus 2017**

| Suirbhéireacht | Dáta(í) na Suirbhéireachta | Suirbhéir(í) |
|---|---|---|
| Suirbhéireachtaí ar ghnáthóga: | | |
| • cSAC Loch Coirib – Suímh Éagsúla | Iúil go Meán Fómhair, 2013 | |
| • Suirbhéireacht ar fhuaráin clochraithe | Márta go Meitheamh, 2014 | |
| • Limistéar Staidéir Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha (cSAC) Loch Coirib | Bealtaine go Meán Fómhair, 2014 | |

| **Suirbhéireacht** | **Dáta(í) na Suirbhéireachta** | **Suirbhéir(í)** |
|---|---|---|
| • Láithreáin Éiceolaíochta[11] | Meitheamh go Deireadh Fómhair, 2014 | Botanical, Environmental & Conservation (BEC) Consultants Ltd., Scott Cawley Ltd. agus luibheolaithe neamhspleácha éagsúla lena n-áirítear an Dr Joanne Denyer, an Dr John Conaghan, an Dr Janice Fuller, Katharine Duff, Eamon O'Sullivan, Roger Goodwillie, an Dr Cilian Roden, Michelle O'Neill agus Mary O'Connor. |
| • Gnáthóga uisceacha | Meitheamh go Meán Fómhair, 2014 | |
| • Suirbhéireacht ar Fhuaráin Clochraithe Chairéal Leacaigh | Meitheamh, 2015 | |
| • Suirbhéireachtaí EIA ar Ghnáthóga | Meán Fómhair go Nollaig, 2015<br>Iúil go Deireadh Fómhair, 2016<br>Bealtaine 2017 go hEanáir, 2018 | |
| Speicis chosanta plandaí: | | |
| • Síofróg uisce *Najas flexilis* | Meitheamh go Meán Fómhair, 2014 | An Dr Cilian Roden |
| • Caonach crúcach snasta *Hamatocaulis vernicosus* | Meán Fómhair, 2014 | An Dr Rory Hodd |
| Suirbhéireacht ar mhadraí uisce (Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna na gCualach) | Aibreán agus Bealtaine, 2014 | Scott Cawley Ltd. |
| Suirbhéireacht ar mhamaigh (gan ialtóga a áireamh) | Aibreán go Meitheamh agus Deireadh Fómhair/Samhain, 2015<br>Deireadh Fómhair 2016<br>Deireadh Fómhair/Samhain 2017 | Scott Cawley Ltd. agus an Dr Chris Peppiatt |
| Suirbhéireacht ar an gcráifisc liathdhonn | Meán Fómhair, 2014 | Scott Cawley Ltd. agus an Dr Julian Reynolds |
| Suirbhéireachtaí ar mhoilisc (lena n-áirítear suirbhéireachtaí ar an Diúilicín péarla fionnuisce agus ar speicis seilide *Vertigo*) | Lúnasa, 2014 | An Dr Evelyn Moorkens agus an Dr Ian Killeen |
| Suirbhéireachtaí ar éin ghoir | Bealtaine agus Meitheamh, 2015<br>Meitheamh 2016 | An Dr Chris Peppiatt, Gerry Murphy, John Small |
| Suirbhéireacht ar éin geimhrithe | Meán Fómhair, 2014, go Márta, 2015 | Scott Cawley Ltd., An Dr Chris Peppiatt, Gerry Murphy, John Small agus Tom Cuffe. |

[11] Sa chás seo, is ionann Láithreáin Éiceolaíochta agus láithreáin ag a bhfuil luach éiceolaíochta féideartha i dtaca leis na gnáthóga atá ann: i.e. cinneadh déanta ina leith go bhfuil Tábhacht Áitiúil, ar a laghad, acu (ardluach) (*Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009). I dtosach báire, bhí sainiú theorainneacha na Láithreán Éiceolaíochta bunaithe ar léirmhíniú na hortafótagrafaíochta agus ar thiomsú na faisnéise a bhí ar fáil faoi ghnáthóga, agus rinneadh an obair sin in éineacht le hobair fhíorúcháin ar an láthair chun léirmhíniú na hortafótagrafaíochta a fhíorú. Rinneadh na teorainneacha sin a athshainiú ansin, má bhí gá leis sin, ar bhonn thorthaí na suirbhéireachtaí éagsúla a rinneadh ar ghnáthóga.

| Suirbhéireacht | Dáta(í) na Suirbhéireachta | Suirbhéir(í) |
|---|---|---|
| Suirbhéireachtaí ar iascaigh (lena n-áirítear measúnacht ar stádas cháilíocht an uisce, ó thaobh cúrsaí bitheolaíochta de) | Meán Fómhair 2015 | Triturus Environmental Services Ltd. |

### 4.4.1.1 Suirbhéireacht ar Ghnáthóga

Rinneadh suirbhéireachtaí ar ghnáthóga i leith na forbartha beartaithe bóthair idir na blianta 2013 agus 2017, is é sin le rá, sa raon ó shuirbhéireachtaí tosaigh trínar díríodh ar limistéir shonracha go dtí suirbhéireacht iomlán gnáthóige i leith na limistéar go léir de chuid cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib laistigh de chrios féideartha tionchair na forbartha beartaithe bóthair.

Mar chuid den chéim thosaigh, a cuireadh i gcrích idir Iúil agus Meán Fómhair 2013, bhí suirbhéireacht mhapála gnáthóige ann inar díríodh ar roinnt láithreán tábhachtach i gceantar Bhaile an Gharráin (lasmuigh d'aon láithreáin Eorpacha agus, dá bhrí sin, ní bhaineann na torthaí go díreach leis an measúnacht seo) agus, ina theannta sin, rinneadh suirbhéireacht ar an gceantar ina iomláine i leith ghnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I, is é sin, Fuaráin Clochraithe ina bhfuil foirmíocht túfa (*Cratoneurion*) [*7220].

Rinneadh suirbhéireacht ar achar iomlán talún cSAC Loch Coirib, ó Chúl an Oileáin go ceantar Oileán Atlantach/Chois Uisce i gCathair na Gaillimhe, a chur i gcrích idir Márta agus Meán Fómhair 2014 i gcomhthráth le suirbhéireachtaí níos leithne, ó thaobh scála de, ar ghnáthóga uisceacha (inar áiríodh na limistéir fionnuisce go léir i cSAC Loch Coirib laistigh den chrios seo) agus sainíodh láithreáin éiceolaíochta thar Chathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Tá Abhainn na Gaillimhe agus Cúl an Oileáin, suas an sruth ón gcé i Mionlach, san áireamh i SPA Loch Coirib freisin. Rinneadh athshuirbhéireachtaí sa bhliain 2015, sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017 chun an fhaisnéis bhunlíne a bailíodh sa bhliain 2014 a fhíorú agus chun aon bhearnaí sna sonraí faoi ghnáthóga a líonadh. Rinneadh sainsuirbhéireacht ar Chairéal Leacaigh i leith ghnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I, is é sin, Fuaráin Clochraithe a chur i gcrích i Meitheamh 2015 (ar limistéar é sin nach raibh san áireamh le linn shuirbhéireacht na bliana 2013).

***Suirbhéireachtaí ar Ghnáthóga (2013)***

<u>cSAC Loch Coirib – Suímh Éagsúla</u>

Rinne BEC suirbhéireacht ar ghnáthóga sa bhliain 2013 chun aicmiú a dhéanamh i ndáil leis na gnáthóga a bhí ann i limistéir pábhála Aolchloiche i mBaile an Gharráin (soir ó limistéir staidéir cSAC Loch Coirib mar atá sainithe faoi láthair – féach **Fíor 4.2**). Rinneadh an léarscáil ghnáthóige agus na sonraí a d'éirigh as an tsuirbhéireacht sin a chur san áireamh sna torthaí ó shuirbhéireachtaí 2014 (féach thíos).

Foilsíodh tuarascáil iomlán na suirbhéireachta sa bhliain 2015 mar chuid den tuarascáil faoi roghnú an bhealaigh don scéim (féach Foscríbhinn A.4.2 Tuarascáil faoi Shrianta Éiceolaíochta – Foscríbhinn B de Arup, 2016 (Perrin, 2014)).

Rinneadh roinnt leasuithe ar theorainneacha na ngnáthóg sa bhliain 2017 tar éis suirbhéireachtaí breise ar an láthair agus uasdátaíodh an tuarascáil dá réir agus tá sí le fáil i **bhFoscríbhinn G**.

***Suirbhéireachtaí ar Ghnáthóga (2014)***

<u>Suirbhéireacht ar Fhuaráin Clochraithe</u>

(BEC) sainsuirbhéireacht sa bhliain 2014 maidir leis an gcineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I seo - Fuaráin clochraithe ina bhfuil foirmíocht túfa (Cratoneurion). Baineadh úsáid as athbhreithniú deisce agus as anailís Chórais Faisnéise Geografaí (GIS) araon chun sainiú a dhéanamh ar na láithreáin suirbhéireachta agus, ina dhiaidh sin, tugadh cuairt ar na láithreáin sin chun a fháil amach an raibh/nach raibh gné fuaráin clochraithe ann. Forlíonadh an méid sin leis an obair shuirbhéireachta bhreise a rinneadh sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2015, mar a thuairiscítear thíos. Ní raibh Cairéal Leacaigh san áireamh i suirbhéireachtaí na bliana 2014 ach rinneadh suirbhéireacht ar an limistéar sin ina dhiaidh sin sa bhliain 2015 – féach an roinn thíos maidir le Suirbhéireachtaí ar Ghnáthóga 2015 chun mionsonraí a fháil. Foilsíodh tuarascáil iomlán na suirbhéireachta sa bhliain 2015 mar chuid den tuarascáil faoi roghnú an bhealaigh don scéim (Arup, 2016). (féach **Foscríbhinn A.4.2** Tuarascáil faoi Shrianta Éiceolaíochta.

<u>Limistéir Staidéir cSAC Loch Coirib</u>

Rinne BEC agus Wetland Surveys Ireland Ltd. suirbhéireachtaí ar ghnáthóga ó Bhealtaine go Meán Fómhair i limistéar suirbhéireachta ghnáthóg cSAC Loch Coirib (tá an tuarascáil iomlán le fáil i **bhFoscríbhinn G**). Tá fairsinge limistéar suirbhéireachta ghnáthóg cSAC Loch Coirib le feiceáil i **bhFíoracha 4.1** go **2.2**. Bhí dhá chéim ann sa mhodheolaíocht suirbhéireachta: Ba é a bhí i gCéim 1 ná mapáil go leibhéal 3 de chóid ghnáthóige na Comhairle Oidhreachta (Fossitt, 2000) agus sainaithníodh limistéir ina bhfuil gnáthóg Iarscríbhinn I; i gcás Chéim 2, chuathas siar ar na polagáin go léir agus taifeadadh táscspeicis, tugadh scór mearmheasúnachta cáilíochta do gach polagán ar leith ina raibh cineál gnáthóige Iarscríbhinn I, agus bailíodh sonraí relevé ar fud an limistéir suirbhéireachta chun tacú leis an aicmiú gnáthóg a d'éirigh as na hoibre mapála agus chun sonraí breise a sholáthar maidir le luach caomhantais na ngnáthóg. Tugadh luacháil éiceolaíochta do gach polagán gnáthóige freisin de réir na gcritéar atá leagtha amach in *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes: Revision 2* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009).

Rinneadh measúnacht ar bhail chaomhantais gach gnáthóige de chuid Iarscríbhinn I a bhí ann sa limistéar suirbhéireachta. Bhí an mheasúnacht bunaithe ar fhoilseacháin a bhí ar fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) (féach an roinn dar teideal *Aicmiú Ghnáthóga Iarscríbhinn 1* thíos chun tagairtí a fháil) agus ar an gcur chuige a úsáideadh le haghaidh na measúnachta caomhantais náisiúnta ar ghnáthóga Iarscríbhinn I a chuirtear i gcrích i gcomhréir le treoirlínte atá foilsithe ag AE (Evans & Arvela, 2011).

Bhí critéir mheasúnachta ar fáil ó NPWS i leith thromlach na ngnáthóg de chuid Iarscríbhinn I a taifeadadh ach, i gcás nach raibh siad ar fáil, baineadh úsáid as na critéir a bhaineann le gnáthóga den tsamhail chéanna. Rinneadh gnáthóga Iarscríbhinn I a shainiú faoi threoir staidéir náisiúnta a rinneadh le déanaí agus a

chomhordaigh NPWS agus faoi threoir Interpretation Manual of European Union Habitats EUR28 (CEC, 2013). Rinneadh cumainn fhásra a shannadh do limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I ar bhonn na sonraí relevé a bailíodh agus ar bhonn sainmhínithe foilsithe. I gcásanna nach raibh sainmhínithe foilsithe ar chumainn fhásra ar fáil, sannadh aicmiúcháin nua.

Tugtar mionsonraí iomlána faoin tsuirbhéireacht agus faoi na modheolaíochtaí measúnachta a úsáideadh - lena n-áirítear na critéir mheasúnachta, sainmhínithe ar ghnáthóga Iarscríbhinn I, agus aicmiúcháin do chumainn fhásra - sa tuarascáil faoin tsuirbhéireacht atá ann i **bhFoscríbhinn G**.

Láithreáin Éiceolaíochta

Ba é ab aidhm don tsuirbhéireacht ar ghnáthóga láithreán éiceolaíochta ná gnáthóga na Láithreán Éiceolaíochta a aicmiú agus a mhapáil ar bhonn aicmiúchán na Comhairle Oidhreachta (Fossitt, 2000), agus béim ar leith á leagan ar ghnáthóga atá i gcomhréir le gnáthóga Iarscríbhinn I (mar atá liostaithe i dTreoir AE um Ghnáthóga), agus measúnacht a dhéanamh ar a dtábhacht éiceolaíochta. Rinneadh aon speiceas planda ar bhain dáileadh teoranta agus tábhacht éiceolaíochta leis a nótáil.

Sa chás sin, ba é a bhí i Láithreáin Éiceolaíochta ná láithreáin a raibh luach éiceolaíochta féideartha acu agus a raibh sainiú a dteorainneacha bunaithe, i dtosach báire, ar léirmhíniú na hortafótagrafaíochta agus ar thiomsú na faisnéise a bhí ar fáil faoi ghnáthóga, agus rinneadh an obair sin in éineacht le hobair fhíorúcháin ar an láthair chun léirmhíniú na hortafótagrafaíochta a fhíorú. Rinneadh na teorainneacha sin a athshainiú ansin, má bhí gá leis sin, ar bhonn thorthaí na suirbhéireachtaí éagsúla a rinneadh ar ghnáthóga.

Rinne an Dr Joanne Denyer, an Dr John Conaghan, an Dr Janice Fuller, Katharine Duff agus Eamon O'Sullivan na suirbhéireachtaí sa tréimhse ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2014. Tá suímh na Láithreán Éiceolaíochta a ndearnadh suirbhéireacht orthu ar taispeáint i **bhFíoracha 4.1** go **4.2**.

*Aicmiúchán Ghnáthóga Iarscríbhinn I*

Rinneadh tagairt don *Interpretation Manual of European Union Habitats EUR28* (CEC, 2013), agus do thuarascálacha Náisiúnta agus Réigiúnacha faoi shuirbhéireachtaí ar ghnáthóga, i dtéarmaí na gcritéar maidir le haicmiú na ngnáthóg éagsúil de chuid Iarscríbhinn I agus maidir le measúnacht a dhéanamh ar a riocht caomhantais:

- *Turloughs over 10 ha: vegetation survey and evaluation* (Goodwillie, R., 1992)
- *Turlough Hydrology, Ecology and Conservation* (Waldren, S. 2015, Ed.)
- *Summary of findings from the Survey of Potential Turloughs 2015* (O'Neill, F.H. & Martin, J.R., 2015)
- *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. Irish Wildlife Manuals, No. 78* (O'Neill et al., 2013)
- *Results of monitoring survey of old sessile oak woods and alluvial forests. Irish Wildlife Manuals, No. 71* (O'Neill, F.H. & Barron, S.J., 2013)

- *National Survey of Native Woodlands 2003-2008 - Volumes I and II* (Perrin et al., 2008)
- *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, No. 73* (Wilson, S. and Fernández, F., 2013)
- *Coolagh Lakes, Loch Coirib SAC, Co. Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment* (Crushell, P. & Foss, P., 2014a: unpublished report)
- *Coolanillaun Bog, Loch Coirib SAC, Co. Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment* (Crushell, P. & Foss, P., 2014b: unpublished report)
- *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, No. 79* (Perrin et al., 2014)
- *Monitoring Guidelines for the Assessment of Petrifying Springs in Ireland* (Lyons & Kelly, 2016)

Baineadh úsáid as critéir mheasúnachta maidir le *heanaigh Chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus maidir le speicis Caricion davallianae [7210], ar critéir iad a forbraíodh le linn an Staidéir ar Shrianta (le Crushell & Foss 2014a & 2014b). Tá na gnáthóga de chuid Iarscríbhinn I a ngearnadh suirbhéireacht orthu liostaithe i **dTábla 4.2**.

**Tábla 4.2: Gnáthóga Iarscríbhinn I a taifeadadh, an tagairt i leith na gcritéar measúnachta a úsáideadh agus méid an *relevé* measúnachta**

| **Iarscríbhinn I Cód Gnáthóige** | **Ainm na Gnáthóige [1]** | **Tagairt** | **Méid an Relevé (méadair)** |
|---|---|---|---|
| 1220 | Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha | n/a | n/a |
| 1330 | Móinéir shalainn Atlantacha | McCorry & Ryle (2009) | 2x2 |
| 4010 | Fraochmhá fhliuch | Perrin et al. (2014) | 2x2 |
| 4030 | Fraochmhánna tirime | Perrin et al. (2014) | 2x2 |
| 6210<br>*6210 | Féarach cailcreach ina bhfuil flúirse magairlíní<br>(*láithreáin thábhachtacha magairlíní) | O'Neill et al. (2013)<br>O'Neill et al. (2013) | 2x2<br>2x2 |
| *6230 | Féarach ardtalún *Nardus* ina bhfuil flúirse speiceas | O'Neill et al. (2013) | 2x2 |
| 6410 | Móinéir molinia | O'Neill et al. (2013) | 2x2 |
| 6430 | Luibh ard hidrifiliúil | O'Neill et al. (2013) | 2x2 |
| 6510 | Móinéir féir ísealtalún | O'Neill et al. (2013) | 2x2 |
| *7130 | Bratphortach (gníomhach)* | Perrin et al. (2014 | 2x2 |
| 7140 | Seascainn giolcaí | Perrin et al. (2014) | 2x2 |
| 7150 | Logáin Rhynchosporion | Perrin et al. (2014) | 2x2 |
| *7210 | Eanach Cladium* | Crushell & Foss (2014a & 2014b); | 2x2 |

| Iarscríbhinn I Cód Gnáthóige | Ainm na Gnáthóige [1] | Tagairt | Méid an Relevé (méadair) |
|---|---|---|---|
| | | critéir a forbraíodh do thionscadal GCTP | |
| *7220 | Fuaráin clochraithe* | Lyons & Kelly (2016) | n/a |
| 7230 | Eanaigh alcaileacha | Perrin et al. (2014, 2010) | 2x2 |
| *8240 | Pábháil aolchloiche* | Wilson & Fernández (2013) | 5x5 |
| *91E0 | Foraoisí gláracha iarmharacha | O'Neill & Barron (2013) | |
| *3180 | Turlaigh* | Goodwillie (1992)<br>Waldren, (2015, Ed.) | 2x2 |

[1]Tugtar ainmneacha giorraithe ghnáthóga Iarscríbhinn I de réir NPWS (2013a & 2013b), tá teidil iomlána ghnáthóga Iarscríbhinn I ar fáil in *Interpretation manual of European Union Habitats EUR28* (CEC, 2013)

Ullmhaíodh leatháin oibre allamuigh roimh ré chun nótaí láithreáin agus tuairiscí gnáthóige a thaifeadadh, agus critéir mheasúnachta riochta caomhantais á gcur san áireamh. Tá ainmníocht na bplandaí soithíocha i gcomhréir le hainmníocht an New Flora of the British Isles 3rd Edition (Stace, 2010); tá an ainmníocht brífíte i gcomhréir leis an Checklist of British and Irish bryophytes (BBS, 2009).

***Measúnú Éiceolaíochta***

Rinneadh measúnacht ar thábhacht éiceolaíochta na ngnáthóg trí úsáid a bhaint as na critéir atá liostaithe in *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes* (NRA, 2009). I gcás na ngnáthóg de chuid Iarscríbhinn I a taifeadadh, rinneadh mearmheasúnacht cáilíochta eile ar an ngnáthóg de chuid Iarscríbhinn I (scála 1, 2, nó 3), ar bhonn na gcritéar seo a leanas, is é sin le rá:

1. = ba dhrochshampla é an ghnáthóg de ghnáthóg de chuid Iarscríbhinn I
2. = ba shampla maith é an ghnáthóg de ghnáthóg de chuid Iarscríbhinn I
3. = ba shampla sármhaith é an ghnáthóg de ghnáthóg de chuid Iarscríbhinn I

***Suirbhéireacht Allamuigh***

Rinneadh léarscáileanna suirbhéireachta allamuigh a ullmhú ó aerfótagraif de na Láithreáin Éiceolaíochta (scála íosta 1:5,000). Rinne luibheolaithe a bhfuil an-taithí acu suirbhéireacht, de shiúl na gcos, ar láthair na Láithreán Éiceolaíochta. Rinneadh gach gnáthóg ar leith a thuairisciú agus a aicmiú (i gcomhréir le Fossitt i gcás gnáthóg nach gnáthóga Iarscríbhinn I nó i gcás ghnáthóga Iarscríbhinn I, de réir treorach ó NPWS ar bhonn na monatóireachta náisiúnta iomchuí ar ghnáthóga Iarscríbhinn I) agus rinneadh na príomhspeicis plandaí a liostú ar an bhfoirm thaifeadta gnáthóige. Rinneadh fairsinge na gnáthóige a mhapáil ar an aerfótagraf agus glacadh pointí GPS i gcás nach rabhthas in ann fairsinge gnáthóige a shainaithint go soiléir ón aerfótagraf. Maidir le gach gnáthóg Iarscríbhinn I ar thángthas uirthi, breacadh síos relevé(s) trí úsáid a bhaint as foirm réamhullmhaithe. Ba é a bhí i méid an relevé ná $2m^2$ le haghaidh na ngnáthóg uile de chuid Iarscríbhinn I seachas coillearnach agus, sa chás sin, $5m^2$ a bhí ann. Mar chuid den fhoirm relevé bhí measúnacht ar riocht na gnáthóige ann agus í bunaithe ar chritéir a fuarthas ón na suirbhéireachtaí náisiúnta iomchuí ar ghnáthóga a rinneadh don

tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NWPS). I gcás inarbh infheidhme, sannadh an ghnáthóg de chuid Iarscríbhinn I do chumann fásra.

Rinneadh taifead fótagrafach le haghaidh na ngnáthóg agus an relevé (na relevés) i gcás gach láithreáin éiceolaíochta ar leith; dhá ghrianghraf in aghaidh an relevé - ceann amháin don relevé agus ceann amháin do radharc ón relevé. Breacadh síos nótaí freisin faoi chúrsaí bainistíochta, faoi rioscaí agus faoi riocht na gnáthóige.

Maidir le gach Láithreán Éiceolaíochta, comhlánaíodh an méid seo a leanas:

a) Foirm láithreáin: tuairisc achomair ar an Láithreán Éiceolaíochta, liosta na ngnáthóg agus gnéithe tábhachtacha

b) Léarscáil ghnáthóige: polagáin lámhtharraingthe (agus na cóid ghnáthóige chomhfhreagracha ag gabháil leo) ar aerfótagraf

c) Nótaí suirbhéireachta allamuigh: lámhscríofa ar fhoirmeacha taifeadta gnáthóige

d) Foirmeacha relevé: lámhscríofa agus comhlánaithe le haghaidh ghnáthóga Iarscríbhinn I

e) Fótagraif: taifead fótagrafaíochta (digiteach) ar ghnáthóga agus relevé (relevés)

***f)*** Tábla na ngnáthóg: achoimre tháblaithe ar na gnáthóga go léir, lena n-áirítear tuairisc ar an ngnáthóg, aicmiú (Fossitt agus Iarscríbhinn I), liosta speiceas plandaí, riocht na gnáthóige agus measúnú/tábhacht éiceolaíochta

***Limistéir Eile***

Laistigh de limistéar staidéir na scéime, rinneadh suirbhéireacht, de shiúl na gcos ar an láthair, ar na limistéir sin nach raibh clúdaithe leis na suirbhéireachtaí atá tuairiscithe thuas; ba é ba chuspóir dó sin ná cineál na ngnáthóg a bhí ann a chinneadh agus a fháil amach an raibh aon limistéir ann a d’fhreagair do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. I roinnt cásanna, fágadh maoin chónaitheach agus gairdíní gaolmhara, agus mórláithreacha tráchtála agus tionscail, as an áireamh sa tsuirbhéireacht.

Breacadh síos nótaí faoi na cineálacha gnáthóige a bhí ann (de réir na gcatagóirí gnáthóige a thuairiscítear in Fossitt, 2000) agus i gcás inar measadh ardluach éiceolaíochta a bheith ag plásóga gnáthóige, agus cumas acu freagairt do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I, rinneadh suirbhéireacht níos mionsonraithe orthu mar a thuairiscítear thuas faoi Láithreáin Éiceolaíochta. I gcás inar chuí, cuireadh iad sin san áireamh sna Láithreáin Éiceolaíochta lena mbreithniú mar chuid de phróiseas roghnaithe an bhealaigh.

<u>Gnáthóga Uisceacha</u>

Ón 16 Meitheamh 2014 go dtí an 8 Meán Fómhair 2014, rinne an Dr. Cilian Roden suirbhéireacht ar ghnáthóga uisceacha chun a fháil amach an raibh cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I iontu.

I measc na láithreán a ndearnadh suirbhéireacht orthu áiríodh conair Abhainn na Gaillimhe, Lochanna na gCualach, Loch Inse, Loch an Dúlaigh, agus Abhainn Thír

Oileáin. Tá suímh na láithreán a ndearnadh orthu ar taispeáint i **bhFíoracha 4.1** go **4.2**.

Rinneadh measúnacht ar na láithreáin ón gcladach nó ar bord báid. Scrúdaíodh fásra fochladachúil trí snorcláil a dhéanamh. Scrúdaíodh láithreáin bheaga (amhail Abhainn Thír Oileáin) trí spágáladh a dhéanamh nó trí shampláil chladach-bhunaithe a dhéanamh. Rinneadh liosta de na speicis a bhí ann i ngach láithreán agus taifeadadh doimhneacht an fhásra fhochladachúil agus suíomh beacht gach láithreáin. Rinneadh doimhneachtaí a thomhas trí úsáid a bhaint as SCUBAPRO, is é sin, tomhsaire doimhneachta ag a bhfuil cruinneas go dtí 0.1m agus cinneadh an suíomh trí úsáid a bhaint as taifeadán GPS láimhe. Taispeánann suíomh GPS go garbh an limistéar a ndearnadh suirbhéireacht air trí snorcláil. Rinneadh na speicis a bhí i láthair a thaifeadadh ar scláta scríbhneoireachta faoi uisce. Rinneadh samplaí a bhí le scrúdú ina dhiaidh sin a stóráil i málaí plaisteacha agus rinneadh sainaithint laistigh de lá amháin ón tráth ar bailíodh iad. Tógadh fótagraif faoi uisce le ceamara uisce Panasonic Lumix DMC-FT3.

***Suirbhéireacht ar Ghnáthóga (2015/2016)***

Suirbhéireacht ar Fhuaráin Clochraithe

Rinne an Dr Rory Hodd sainsuirbhéireacht ar an 3 Meitheamh 2015 ar na línte úscaíola i gCairéal Leacaigh chun taifead a dhéanamh ar aon ghnáthóg fuaráin clochraithe a bhí ann.

Ba é ab aidhm don tsuirbhéireacht ná cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh, nó nach raibh, aon cheann de na gnéithe sin ag freagairt don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo a leanas: *Fuaráin clochraithe ina bhfuil foirmíocht túfa (Cratoneurion)* [*7220]. Rinneadh speicis plandaí a bhain le gach ceann ar leith de na línte úscaíola a thaifeadadh agus cuireadh iad i gcomparáid leis na sainmhínithe reatha ar na cumainn plandaí a bhaineann leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo. (CEC, 2013; NPWS, 2013b; agus Lyons & Kelly, 2016).

Suirbhéireacht EIA ar Ghnáthóga

Cuimsíodh na heilimintí seo a leanas sna suirbhéireachtaí breise a rinneadh ar ghnáthóga mar fhorlíonadh na sonraí bunlíne a bhí bailithe cheana féin ar mhaithe leis an EIA ar an gconair bealaigh roghnaithe:

- Rinneadh gnáthóga a ndearnadh mionsuirbhéireacht orthu sa tréimhse 2013/2014 (i.e. Limistéar Staidéir agus Láithreáin Éiceolaíochta cSAC Loch Coirib) a athsheiceáil in 2015, 2016 agus 2017. I gcás ina raibh athrú tagtha ar ghnáthóga i gcomparáid le bunlíne 2013/14, rinneadh athshuirbhéireacht orthu de réir na modheolaíochta a thuairiscítear thuas faoi *Suirbhéireachtaí ar Ghnáthóga 2014 - Láithreáin Éiceolaíochta*
- Maidir le limistéir nach ndearnadh suirbhéireacht orthu sa tréimhse 2013/14, rinneadh suirbhéireacht iomlán orthu de réir na modheolaíochta a thuairiscítear thuas faoi *Suirbhéireachtaí ar Ghnáthóga 2014 - Láithreáin Éiceolaíochta*. Rinneadh an obair sin sa bhliain 2015 agus cuireadh limistéir bhreise san áireamh sna blianta 2016 agus 2017 mar thoradh ar athruithe ar theorainn na forbartha beartaithe a lean as an bpróiseas dearthóireachta leanúnach atriallach

Tá suímh na limistéar sin a ndearnadh suirbhéireacht orthu ar taispeáint i **bhFíoracha 4.1** go **4.2**.

#### 4.4.1.2 Suirbhéireachtaí ar Speicis Plandaí lena ngabhann Leas Cáilitheach

Seachas an obair a rinneadh ar an tsuirbhéireacht luibheolaíochta chun gnáthóga a thaifeadadh agus a rangú (rinneadh speicis plandaí neamhchoitianta/cosanta a bhí ann a thaifeadadh lena linn) rinneadh sainsuirbhéireachtaí ar na speicis plandaí seo a leanas a bhfuil cosaint acu de réir an dlí: Caonach crúcach snasta *Hamatocaulis vernicosus* agus Síofróg uisce *Najas flexilis*. Tá an dá speiceas plandaí sin liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir um Ghnáthóga agus tá siad liostaithe mar speicis QI de chuid cSAC Loch Coirib (agus tá an tSíofróg uisce liostaithe in Iarscríbhinn IV den Treoir um Ghnáthóga freisin, agus tá siad cosanta faoin Ordú um Flora (Cosaint), 2015.

***Caonach crúcach snasta***

Rinne an Dr Rory Hodd an tsuirbhéireacht ar an gcaonach crúcach snasta sa tréimhse ón 2 Meán Fómhair 2014 go dtí an 7 Meán Fómhair 2014.

Rinneadh láithreáin fhéideartha le haghaidh suirbhéireachta a roghnú i gcomhairle le héiceolaithe a raibh mapáil éiceolaíochta á déanamh acu laistigh de limistéar staidéir na scéime. Sainaithníodh láithreáin fhéideartha mar na cinn sin ina raibh eanach, agus ina bhfacthas speicis caonaigh dhoinn (i.e. sraith speiceas caonaigh atá ina dtáscaire ar ghnáthóga eanaigh agus atá teoranta do ghnáthóga den sórt sin de ghnáth). Maidir le láithreáin ina n-athraíonn eanach go portach nó ina bhfacthas idirsheascann nó eanach idirmheánach, tugadh tús áite dóibh mar go raibh an ghnáthóg fhéideartha ab oiriúnaí don speiceas le fáil iontu.

Rinneadh suirbhéireacht ar naoi gcinn de láithreáin fhéideartha lena fháil amach an raibh Caonach crúcach snasta iontu (**Fíor 5**). Ina theannta sin, tugadh cuairt ar an láithreán ba ghaire ab eol a bhí ann i dtaca le Caonach crúcach snasta de, is é sin ag Loch Ghort an Chalaidh, ó thuaidh ó Mhaigh Cuilinn, chun tosaíochtaí gnáthóige an speicis a shuíomh sa limistéar sonrach sin. Rinneadh dianchuardach ar gach láithreán ar leith chun limistéir a aimsiú ina raibh dálaí oiriúnacha le haghaidh fhás an speicis seo, agus thángthas ar limistéir ina raibh speicis plandaí ag a raibh riachtanais den tsamhail chéanna. Maidir le haon limistéir a measadh ina leith go bhféadfaidís a bheith oiriúnach, rinneadh dianchuardach iontu agus scrúdaíodh flora caonaigh na limistéar sin go mion.

***Síofróg uisce***

Rinne an Dr Cillian Roden an tsuirbhéireacht ar an tsíofróg uisce sa tréimhse ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2014 mar chuid den tsuirbhéireacht ar ghnáthóga uisceacha Iarscríbhinn I, mar a thuairiscítear thuas sa roinn dar teideal Gnáthóga Uisce.

Mar speiceas planda uisceach báite a bhíonn ann i lochanna glana íseal-chothaitheach, ba iad na láithreáin fhéideartha suirbhéireachta laistigh de limistéar staidéir na scéime Loch Inse, Lochanna na gCualach agus Loch an Dúlaigh - féach

**Fíoracha 4.1** go **4.2**. Mar a thuairiscítear thuas i ndáil le gnáthóga uisce, scrúdaíodh fásra fochladachúil trí snorcláil a dhéanamh.

#### 4.4.1.3 Suirbhéireacht ar Mhadraí Uisce

Rinneadh suirbhéireacht ar Mhadraí Uisce cSAC Loch Coirib sa tréimhse Aibreán/Bealtaine 2014; chlúdaigh sé sin an limistéar ó Loch Coirib go ceantar Oileán Atlantach/Chois Uisce i gCathair na Gaillimhe. Rinneadh suirbhéireachtaí breise ar Mhadraí Uisce mar chuid den tsuirbhéireacht ar mhamaigh idir Aibreán agus Samhain 2015 agus i mí Dheireadh Fómhair 2016 chun athshuirbhéireacht a dhéanamh ar an gcuid sin de cSAC Loch Coirib atá laistigh de c. 250m ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Rinneadh athshuirbhéireacht, i nDeireadh Fómhair 2017, ar limistéir ina mbeadh tionchar féideartha chun a fháil amach nach raibh aon athrú ann ó fuarthas torthaí na suirbhéireachta bunaidh.

***Suirbhéireacht ar Mhadraí Uisce in Abhainn na Gaillimhe (2014)***

Sa tréimhse ón 15 Aibreán 2014 go dtí an 7 Bealtaine 2014, rinne Scott Cawley Ltd. suirbhéireacht ar Mhadraí Uisce in Abhainn na Gaillimhe, ó Chúl an Oileáin go ceantar Chois Uisce i gCathair na Gaillimhe.

D'áirigh an tsuirbhéireacht gach limistéar Gnáthóige Madraí uisce (a shainítear mar leithead 10m de bhruach ar gach taobh den abhainn sa Threat Response Plan: Otter (2009-2011) (NPWS, 2009)) laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib. Tá limistéar staidéir na suirbhéireachta ar Mhadraí Uisce ar taispeáint i **bhFíor 6**. Taifeadadh stádas agus gníomhaíocht aon pholl Madraí Uisce chomh maith le taifead a dhéanamh ar aon fhianaise ar ghníomhaíocht, lena n-áirítear conairí, rianta, comharthaí beathaithe, láithreáin feartha nó leapacha (Ionaid scíthe madraí uisce.

***Suirbhéireacht ar Mhamaigh (2015 agus 2016)***

Rinne Scott Cawley Ltd., agus an Dr Chris Peppiatt, suirbhéireacht ar mhamaigh thar cheithre thréimhse shuirbhéireachta: ón 30 Aibreán go 5 Meitheamh 2015, 28 Deireadh Fómhair go dtí an 8 Samhain 2015, 25 Deireadh Fómhair go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2016 agus 9 Deireadh Fómhair go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2017.

Rinneadh suirbhéireacht ar chonair tuairim is 500m i leith speicis mamaigh, lena n-áirítear an Madra Uisce, mar chuid den tsuirbhéireacht ildisciplíneach ar an láthair. D'áirigh sé sin tailte i cSAC Loch Coirib i gcomharsanacht na forbartha beartaithe bóthair - Fíor 6. Taifeadadh stádas agus gníomhaíocht aon pholl Madra Uisce chomh maith le taifead a dhéanamh ar aon fhianaise ar ghníomhaíocht, lena n-áirítear conairí, rianta, comharthaí beathaithe, leithris nó leapacha.

Suiteáladh, mar chuid den suirbhé, dhá cheamara infridhearga faoi shiúl idir an 9 Iúil agus an 4 Lúnasa 2015 (faoi cheadúnas NPWS Uimh. 024/2015) le monatóireacht a dhéanamh ar líon beag uachaisí feadh bruach an tsrutha a bhí suite gar do pháirceanna imeartha Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) le láithreacht/easnamh an Mhadra Uisce a dheimhniú.

#### 4.4.1.4 Suirbhéireachtaí ar an gCráifisc Liathdhonn

Rinne Scott Cawley Ltd. agus an Dr. Julian Reynolds, an tsuirbhéireacht ar an gcráifisc liathdhonn, faoi cheadúnas ón NPWS (Uimhir an Cheadúnais C120/2014) i rith na tréimhse ón 23 Lúnasa 2014 go dtí an 6 Meán Fómhair 2014.

Tá sruthchúrsaí a ndearnadh suirbhéireacht orthu ar taispeáint i **bhFíor 7**. Ag brath ar mhéid an dobharlaigh, rinneadh suirbhéireacht trí úsáid a bhaint as líontáin láimhe scaobtha (de réir Reynolds et al. 2010), sin nó trí iad a ghaistiú trí úsáid a bhaint as gaistí cráifisce ag a raibh méid oiriúnach mogaill. I gcás ina ndearnadh gaistiú, seiceáladh na gaistí le haghaidh cráifisceanna, agus cuireadh baoite iontu, gach maidin agus fágadh amuigh iad thar dhá oíche nó trí oíche.

#### 4.4.1.5 Suirbhéireacht ar Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce

Rinne an Dr Evelyn Moorkens agus an Dr Ian Killeen suirbhéireachtaí ar Dhiúilicíní péarla fionnuisce *Margaritifera margaritifera* laistigh de limistéar staidéir na scéime i mí Lúnasa 2014 (*Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe: Tuarascáil ar Roghnú an Bhealaigh* (Arup, 2016)).

Ní raibh Abhainn na Gaillimhe san áireamh sa tsuirbhéireacht seo ós rud é nach bhfuil geolaíocht chuí ann sa chuid seo den abhainn chun *Margaritifera* a chothú. Thairis sin, ní chothaíonn an abhainn síos an sruth ó Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe gnáthóg oiriúnach don diúilicín péarla fionnuisce i.e. níl foshraith gairbhéil/gainimh ghlain ann, tá réimeas sreafa rifile ann agus tá tionchar taoide ann faoi chora na mbradán i gCathair na Gaillimhe.

#### 4.4.1.6 Suirbhéireachtaí ar Éin Ghoir

Sheol an Dr. Chris Peppiatt, Gerry Murphy agus John Small suirbhéireachtaí ar éin ghoir le linn trí chuairt i míonna Bhealtaine/Mheithimh 2015 agus modheolaíocht á húsáid acu a forbraíodh mar thoradh ar an *Breeding Bird Survey* (Gilbert et al., 1998). De bharr athruithe ar theorainn na forbartha beartaithe, clúdaíodh dhá limistéar bhreise le linn dhá chuairt i Meitheamh 2016. Chuathas ag siúl go cúramach trí thailte laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, agus tadhlach léi, rud a lig don suirbhéir a bheith laistigh d’achar 50m ó na gnéithe gnáthóige ar fad - féach **Fíoracha 8.1** go **8.2** chun conair na suirbhéireachta a fheiceáil. Sainaithníodh éin de réir a gcuma agus a gceiliúir agus rinneadh taifead dew chineál ginearálta ar an suiomh agus ar an ngníomhaíocht trí úsáid a bhaint as cóid speicis agus gníomhaíochta Iontaobhas Éaneolaíochta na Breataine (*British Trust for Ornithology*) (BTO). Is de réir an méid seo a leanas atá stádas caomhantais na n-éan a taifeadadh:

- Speicis SCI in SPA-anna laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair
- Liostaí *Birds of Conservation Concern in Ireland* (BoCCI) ina n-aicmítear speicis éin ina dtrí chatagóir: An Liosta Dearg - éin a mbaineann ábhar mór imní leo ó thaobh caomhantais de; An Liosta Ómra - éin a mbaineann ábhar meánach imní leo ó thaobh caomhantais de; agus An Liosta Glas - éin nach meastar a bheith faoi bhagairt (Colhoun & Cummins, 2013)
- Speicis éin atá liostaithe in Iarscríbhinn I de Threoir AE um Éin (2008/144/EC)

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachta ar éin ghoir le fáil i **bhFoscríbhinn H**.

#### 4.4.1.7 Suirbhéireacht ar Éin Geimhrithe

Rinne an Dr. Chris Peppiatt, Gerry Murphy, John Small, Tom Cuffe agus Scott Cawley Ltd. suirbhéireachtaí allamuigh ar éin geimhrithe uair amháin sa mhí, le solas an lae, ó Mheán Fómhair 2014 go Márta 2015. De bharr chineál ilghnéitheach na láithreán a ndearnadh suirbhéireacht orthu, seoladh na suirbhéireachtaí trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí éagsúla. I gcoitinne, ba é a bhí sa mhodheolaíocht na cur chuige sracfhéachana (ar bhonn Gilbert et al., 2011). Tá na láithreáin a ndearnadh suirbhéireacht orthu ar taispeáint i **bhFíor 9**.

***Láithreáin Bhogaigh agus Talún Portaigh***

I gcás inarbh fhéidir, rinneadh suirbhéireacht ar láithreáin ó áiteanna caothúla féachana (e.g. Loch an Dúlaigh agus Lochanna na gCualach) agus taifeadadh aon speicis a raibh an limistéar á úsáid acu, mar aon lena ngníomhaíocht a thaifeadadh. Rinneadh suirbhéireacht ar láithreáin mhóra trí úsáid a bhaint as modheolaíocht hibrideach inar cuimsíodh siúl tríd an láithreán agus comhaireamh pointe á dhéanamh agus/nó suirbhéireacht ó áiteanna caothúla féachana feadh bhealach na forbartha beartaithe bóthair, i gcás inarbh fhéidir sin a dhéanamh. I measc na láithreán a clúdaíodh, áiríodh na cinn seo a leanas:

- Abhainn na Gaillimhe
- Abhainn Thír Oileáin
- Loch an Dúlaigh
- Lochanna na gCualach
- NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag an mBealach agus ag Tóin na Brocaí
- Talamh Phortaigh Bhóthar na Ceapaí
- Talamh phortaigh ar an taobh thoir thuaidh de Loch Inse
- Talamh phortaigh ar an taobh ó dheas de Loch Inse
- Talamh phortaigh ar an taobh thiar de Loch Inse

***Suirbhéireachtaí ar Fhara Geimhridh Chromán na gCearc***

Rinneadh suirbhéireachtaí ar Fhara Geimhridh Chromán na gCearc ag Loch an Dúlaigh agus ag Lochanna na gCualach. Ba é a bhí i gceist leo sin ná suirbhéireachtaí ó áiteanna caothúla féachana ó 1.5 uair an chloig roimh luí na gréine go dtí 0.5 uair an chloig tar éis luí na gréine chun taifeadadh a dhéanamh ar Chromán na gCearc sa limistéar.

***Cairéil, Limistéir Thalmhaíochta agus Limistéir Thaitneamhachta***

Rinneadh suirbhéireacht ar thrí chairéal agus úsáid á baint as modheolaíocht hibrideach inar cuimsíodh siúl tríd an láithreán agus/nó suirbhéireacht fheithicil-bhunaithe ar thraschriosanna den láithreán, maille le comhaireamh pointe agus/nó suirbhéireacht ó áiteanna caothúla féachana feadh an traschreasa.

Rinneadh suirbhéireacht ar limistéir thalmhaíochta agus ar limistéir thaitneamhachta trí úsáid a bhaint as suirbhéireachtaí feithicil-bhunaithe agus as breathnóireacht ó thaobh an bhealaigh, i gcás inarbh fhéidir sin a dhéanamh, agus i limistéir áirithe, ba ghá siúl tríd an limistéar chun an úsáid ag éin geimhrithe a chinneadh.

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachta ar éin geimhrithe le fáil i **bhFoscríbhinn I**.

### 4.4.1.8 Suirbhéireachtaí ar Éisc

Rinne Triturus Environmental Services Ltd. na suirbhéireachtaí ar éisc i Meán Fómhair 2015. Ina cháil mar an t-aon dobharlach amháin atá suite laistigh de Láithreán Eorpach (cSAC Loch Coirib), níl ach na suirbhéireachtaí a rinneadh ag Lochanna na gCualach (i.e. suirbhéireacht ar fhaidhclíontóireacht) iomchuí a mhéid a bhaineann leis an NIS agus leis an AA seo agus déantar tuairisciú maidir le anseo. Tá suíomh Lochanna na gCualach, i gcoibhneas leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ar taispeáint i **bhFíor 4.2** - gnéithe AH06 agus AH07.

Rinneadh an trealamh ar fad agus an PPE a úsáideadh a dhíghalrú le Virkon® roimh an tsuirbhéireacht agus dá héis agus baineadh úsáid as dea-chleachtais i dtaca leis na réamhchúraimí a glacadh chun leathadh féideartha speiceas ionrach agus pataiginí uisce-iompartha a sheachaint, rud a rinneadh de réir phrótacail chaighdeánacha bhithshlándála Iascaigh Intíre Éireann (IFI) (ar fáil ag http://www.fisheriesireland.ie/fisheries-research-1/73-biosecurity-protocol-for-field-survey-work-1).

***Suirbhéireacht ar Fhaidhclíontóireacht***

Rinneadh suirbhéireachtaí bád-bhunaithe ar fhaidhclíontóireacht ag Loch an Dúlaigh agus ag Lochanna na gCualach. Sular socraíodh na líonta, baineadh úsáid as trasduchtóir ardtaifigh chun marcálacha éisc a aimsiú agus chun próifíl doimhneachta a bhunú i leith na loch-chuach. D'éascaigh sé sin suíomh na bhfaidhclíonta gar d'imeall scairbheacha agus ba chabhair é maidir le pátrúin dáileacháin éisc a bhunú. Rinneadh cúig cinn d'fhaidhclíonta 1.5m ar trastomhas (D-chruthach), ina raibh mogall ilphainéil, a shuíomh ar imill na lochanna sna criosanna cladachúla (cladach thaobh na gaoithe) agus i limistéir éadoimhne bá thar oíche agus fuarthas ar ais iad laistigh de 24 huaire an chloig. Rinne beirt duine den phearsanra na heéisc a gabhadh a thomhas agus ullmhaíodh graif faoi mhinicíocht faid agus faoi chomhdhéanamh speiceas. Próiseáladh na héisc go léir go tapa agus cuireadh ar ais sa loch iad agus iad beo.

Tá an tuarascáil iomlán faoin tsuirbhéireacht ar éisc ar fáil i **bhFoscríbhinn J** den NIS.

## 4.4.2 Suirbhéireachtaí Hidreolaíochta agus Faireachán

Tugadh faoi shuirbhéanna hidreolaíochta, lena n-áirítear monatóireacht ar chainníocht agus ar cháilíocht uisce le heolas a chur ar fáil do mheasúnú an NIS mar go dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair dobharcheantair/fo-dhobharcheantair a dhraenálann chuig láithreáin Eorpacha. Áiríonn dobharcheantair/fo-dhobharcheantair seo Abhainn na Gaillimhe (tá an áit a

dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair Abhainn na Gaillimhe laistigh de cSAC Loch Coirib) agus ceithre dhobharcheantar/fo-dhobharcheantar sruthchúrsa eile (Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Cnoc na Cathrach), ritheann siad sin go léir isteach i gCuan na Gaillimhe; ritheann cuid acu isteach go díreach sa chuid sin de Chuan na Gaillimhe atá ainmnithe mar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus tá an chuid eile ag dul isteach sa chuan siar ó theorainneacha an láithreáin Eorpaigh.

Chuimsigh an staidéar hidreolaíochta athbhreithniú deisce agus suirbhéireachtaí allamuigh. Mar cuid den staidéar deisce bhí comhairliúchán ann leis na comhlachtaí rialála iomchuí, rinneadh athbhreithniú ar an litríocht fhoilsithe i réimse na hidreolaíochta, rinneadh aerfótagrafaíocht agus baineadh úsáid as faisnéis topagrafaíochta agus hidriméadrachta a bhain le dobharlaigh laistigh de chrios tionchair na forbartha beartaithe bóthair. I measc na suirbhéireachtaí allamuigh a rinneadh áiríodh measúnacht de shiúl na gcos ar an láthair, suirbhéireachtaí ar shrutháin agus ar aibhneacha agus faireachán ar cháilíocht uisce agus baineadh úsáid as eolas a fuarthas mar thoradh air sin, agus as torthaí an athbhreithnithe deisce agus as na sonraí a tiomsaíodh le linn an athbhreithnithe sin, le linn an múnlú hidreolaíochta a dhéanamh.

Tá modheolaíocht iomlán na suirbhéireachta hidreolaíochta ar fáil i **bhFoscríbhinn B**.

### 4.4.3 Suirbhéireachtaí Hidreolaíochta agus Faireachán

Tugadh faoi staidéar hidrigeolaíoch le heolas a chur ar fáil do mheasúnú an NIS mar go dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair a lán dobharlach screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh laistigh de láithreáin Eorpacha atá ag brath ar screamhuisce (m.sh. Lochanna na gCualach atá mar chuid de leasanna cáilitheacha cSAC Loch Coirib).

Chuimsigh an staidéar hidreolaíochta athbhreithniú deisce agus suirbhéireachtaí allamuigh. Rinneadh leagan amach, pleanáil agus tugadh faoi na suirbhéanna allamuigh hidrigeolaíocha agus na hoibreacha imscrúdaithe talún le haon tionchair ar láithreáin Eorpacha a sheachaint agus bhí siad faoi réir ar scagadh do mheasúnacht chuí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe – a tháinig ar an gcinneadh nach mbeadh tionchar suntasach ag oibreacha imscrúdaithe talún ar aon láithreán Eorpach.

Mar chuid de na suirbhéireachtaí allamuigh rinneadh suirbhéireacht ar thoibreacha faireacháin a bhí ann cheana féin, rinneadh suirbhéireacht ar ghnéithe carstacha agus rinneadh imscrúdú talún lena n-áirítear suiteálacha faireacháin screamhuisce. I measc na n-imscrúduithe talún áiríodh poill tóraíochta, poill trialach, sampláil fuinneoige[12] agus suirbhéireachtaí geoifisice, faireachán hidreolaíochta agus tástáil. Go hachomair, cuimsíodh an méid seo a leanas sna himscrúduithe sin:

- 32 thobar faireacháin screamhuisce

[12] Úsáidtear sampla fuinneoige chun poill tóraíochta éadoimhne a tholladh, suas go 5mbgl de ghnáth ag brath ar an gcineál ithreach, chun samplaí ithreach a fháil lena meas.

- 16 chruinneán faireacháin leibhéil screamhuisce
- 12 chruinneán faireacháin cáilíochta screamhuisce
- 15 thástáil insíothlúcháin
- 19 dtástáil tréscaoilteachta cinn athraithigh
- 1 tástáil chaidéalaithe céime

Tá modheolaíocht iomlán na suirbhéireachta hidreolaíochta a úsáideadh chun sonraí hidreolaíochta a bhailiú le haghaidh achar iomlán na forbartha beartaithe bóthair (lena n-áirítear suímh na n-oibreacha imscrúdúcháin talún) ar fáil i dtuarascáil measúnachta hidreolaíochta i **bhFoscríbhinn A** agus tá tuarascáil geoitheicniúil agus hidregheolaíochta faoi Thollán Leacaigh ar fáil i **bhFoscríbhinn F**.

### 4.4.4 An Bhunlíne Gheoiteicniúil - Tollán Leacaigh

Rinneadh oibreacha imscrúdúcháin (GI) a bhain le láithreáin shonracha a chur i gcrích sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 chun an timpeallacht gheolaíochta a bhí ann a aithit agus ar riocht na talún a bhí ann ag Cairéal Leacaigh agus cuimsíodh an méid seo a leanas san obair sin:

- Staidéar deisce agus siúl tríd an láithreán
- Poll tóraíochta cothrománach amháin
- Ceithre pholl tóraíochta ingearacha
- Suirbhéireacht Gheoifisice (dromchla agus claondruileáil)

Tá suímh an GI a bhaineann le himscrúdú na bunlíne geolaíochta agus riocht na talún ag Cairéal Leacaigh ar taispeáint i bhFíor 3.12 den tuarascáil faoi Thollán Leacaigh (**Foscríbhinn F**).

# 5 An Bhunlíne Éiceolaíochta Láithreach

Tá cur síos déanta ar an mbonnlíne éiceolaíochta áitiúil, lena n-áirítear láithreáin Eorpacha, sa roinn seo den NIS. Tá breac chuntas tugtha anseo freisin ar shonraí na bonnlíne hidreolaíoch agus hidrigeolaíoch. Tá sonraí na bonnlíne hidreolaíoch agus hidrigeolaíoch gaolmhar leis an measúnú ar thionchair éiceolaíochta mar go n-áiríonn siad conairí féideartha tionchair ón fhorbairt bheartaithe bóthair ó thaobh éifeacht go háitiúil ar láithreáin Eorpacha.

## 5.1 Geolaíocht Fhorluiteach agus Gnáthóga

Tá an chuid thiar de limistéar an staidéir faoi réir ag cloch eibhir agus an chuid thoir ag aolchloch agus mar thoradh air sin, tá cineál na ngnáthóg atá ar fud limistéar an staidéar aigéadach ó thaobh nádúir siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus cailcreach ar an taobh thoir.

Go ginearálta tá na gnáthóga siar ón N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn comhdhéanta de mhósáic de pháirceanna talmhaíochta, gnáthóga agus scrobarnach talamh portaigh agus fraoch, deighilte i mbloic shainithe gnáthóige ar mhéideanna éagsúla ag an ngréasán bóithre áitiúla agus ag an fhorbairt chónaithe líneach. Tá nádúr na bpáirceanna talmhaíochta éagsúil ó thalamh feirme atá faoi dhian-fheirmeoireacht go páirceanna tréigthe atá imithe fiáin le scrobarnach agus le raithneach. Tá na bloic de ghnáthóga talamh portaigh comhdhéanta de fhraoch fliuch, fraoch tirim agus mósáic phortaigh. Tá na bloic gnáthóga talamh portaigh seo éagsúil ó thaobh méide agus áiríonn siad roinnt paistí fraoigh atá níos lú agus níos scoite amach. Tá limistéir bheaga eanaigh agus idirsheascainn ann freisin. Ag tógáil san áireamh an ghaireacht do Chathair na Gaillimhe tá go leor forbartha fairsing uirbeach agus cónaithe ann freisin cóngarach don fhorbairt bheartaithe bóthair, go háirithe timpeall ar cheantar Bhaile na mBúrcach/Ráthún agus san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag an Daingean.

Tá dhá chrios shainithe gnáthóige soir ón N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn; tá an limistéar ó Abhainn na Gaillimhe chuig an N84 Bóthar Áth Cinn comhdhéanta de phaistí de choillearnach leathnádúrtha, pábháil aolchloiche, scrobarnach agus páirceanna ina bhfuil féarach cailcreach. Is talamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe den chuid is mó atá soir ón N84 Bóthar Áth Cinn atá suite i measc paistí scrobarnaí, coillearnach leathnádúrtha agus pábháil aolchloiche ar mhéideanna éagsúla, timpeallaithe ag forbairt chónaithe agus tionscal sa Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh, Cnoc Mhaoil Drise agus Dabhach Uisce. Tá dhá choimpléasc bogaigh sa chuid seo freisin is fiú a thabhairt ar aird: Lochanna na gCualach agus Loch an Dúlaigh. Tá roinnt paistí scoite amach de ghnáthóga leathnádúrtha ann freisin – talamh féaraigh cailcreach agus pábháil aolchloiche – i limistéar Chúil Each/Dabhach Uisce.

Tá na cineálach gnáthóga a bhfuil taifeadadh déanta orthu feadh na forbartha beartaithe bóthair mar a leanas:

- Ceapacha bláthanna agus Imill (BC4)
- Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3)

- Carta agus talamh lom (ED2)
- Talamh lom athchoilíniúcháin (ED3)
- Cairéil agus mianaigh gníomhacha (ED4)
- Carraig shiliciúil nochta (ER1)
- Carraig chailcreach nochta (ER2), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I *8240
- Lochanna Aolchloiche/Mara (FL3), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I 3140
- Lochanna Méiseatrófacha (FL4)
- Lochanna Eotrófacha (FL5)
- Turlaigh (FL6), a bhaineann le gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I *3180
- Lochanna agus locháin shaorga (FL8)
- Fuaráin chailcreacha (FP1), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I *7220
- Seascann ghiolcaí agus seascainn mhóra cíbe (FS1), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I *7210 agus gnáthóg Iarscríbhinn I 6430
- Seascainn arda luibheanna (FS2), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I 6430/*7210
- Aibhneacha ardtailte/creimthe (FW1)
- Aibhneacha ísealchríche/taiscthe (FW2)
- Díoga draenála (FW4)
- Féarach talmhaíochta feabhsaithe (GA1)
- Féarach taitneamhachta (feabhsaithe) (GA2)
- Riasc (GM1)
- Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I *6210/ gnáthóg Iarscríbhinn I 6210
- Móinéir thirime agus gruaimhíní (GS2), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I 6510
- Féarach tirim-bogthais aigéadach (GS3), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn 1*6230
- Féarach fliuch (GS4), lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I 6410
- Raithneach thiubh (HD1)
- Fraoch tirim siliciúil (HH1), a bhaineann le gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I 4030
- Fraoch tirim cailcreach (HH2), a bhaineann le gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I 4030
- Fraoch fliuch (HH3), a bhaineann le gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I 4010

- Eanach agus borrfhás saibhir (PF1), lena n-áirítear gnáthóga Iarscríbhinn I 7230/*7210
- Eanach agus borrfhás suarach (PF2)
- Coillearnach leathanduilleach (Measctha) (WD1)
- Coillearnach leathanduilleach/buaircíneach measctha (WD2)
- Coillearnach bhuaircíneach (measctha) (WD3)
- Crainn agus fearann páirce scaipthe (WD5)
- Fálta sceach (WL1)
- Crannteorainneacha (WL2)
- Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn 1*8240
- Coillearnach sailí-fearnóige-fuinseoige fliuch (WN6), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn 1*91E0
- Scrobarnach (WS1), lena n-áirítear gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn 1*8240
- Coillearnach neamhaibí (WS2)
- Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach (WS3)
- Coillearnach a leagadh le gairid (WS5)

Tá léarscáiliú ar ghnáthóga an cheantair áitiúil ar fáil ina léirítear aicmí gnáthóg Fossitt (2000) (féach **Fíoracha 13.1** go **13.5**) agus, i gcás inarb infheidhme, gnáthóga tosaíochta Iarscríbhinn I nó cineálacha gnáthóg Iarscríbhinn I (féach **Fíoracha 14.1** go **14.5**).

## 5.2 An Bhonnlíne Hidrigeolaíochta

Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair na dobharlaigh screamhuisce (GWB) seo a leanas - féach **Fíoracha 10.1.1** agus **10.1.2** chun suímh a fheiceáil i gcoibhneas leis an bhforbairt bheartaithe bóthair.

- GWB an Spidéil
- GWB an Mh† - na Fairche
- GWB Loch an Rois
- GWDTE Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach)
- GWDTE Loch Coirib Eanach 2
- GWB an Chláir-Coirib
- GWB Dhroichead an Chláirín

Eibhear atá ann faoin gcuid iartharach an limistéir staidéir, ó Bhóthar an Chósta R336, siar ó Shráidbhaile Bhearna, go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn N59. Tá GWB an Spidéil agus GWB an Mháma - na Fairche suite laistigh den limistéar seo agus cuireann an dá uiscíoch screamhuisce ar fáil do cSAC Choimpléasc Chuan na

Gaillimhe agus do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Fíoracha 10.1.1**. Ach meastar gur uiscígh laga iad an dá cheann acu agus rachadh an chuid is mó den bháisteach isteach i srutháin agus in aibhneacha, gan ach cuid bheag den screamhuisce ag sceitheadh isteach i gCuan na Gaillimhe.


Aolchloch atá ann faoin gcuid oirthearach den limistéar staidéir, ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59 go hAcomhal N6 ag Cúil Each. Tá an limistéar seo suite laistigh d'uiscíoch Neamhdhifreáilte Aolchloiche Viséiche lena ngabhann sreabhadh screamhuisce trí chainéal carstach. Tá an t-uiscíoch seo foroinnte mar a leanas: GWB Loch an Rois, GWDTE Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach), GWDTE Eanach Loch Coirib 2, GWB an Chláir-Coirib agus GWB Dhroichead an Chláirín. Áiríonn GWB an Chláir-Coirib, GWB an Chláir-Coirib (Baile an Dúlaigh Thiar) GWB an Chláir-Coirib (Baile an Dúlaigh Thoir) agus GWB an Chláir-Coirib (Tír Oileáin).

Cuireann GWB Loch an Rois screamhuisce ar fáil d'Abhainn na Gaillimhe atá suite, sa limistéar seo, laistigh de cSAC Loch Coirib agus de SPA Loch Coirib (féach **Fíoracha 10.1.1** agus **10.1.2**.

Síneann GWDTW Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) soir ó Abhainn na Gaillimhe chuig baile fearainn Chúil Each. Roinneadh an GWB ina dhá chuid, eadhon Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) agus Eanach Loch Coirib 1 (Leacach). Tá Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) ar an taobh thuaidh de Lochanna Chúil Each agus GWB beag (<0.04km$^2$) is ea Eanach Loch Coirib 1 (Leacach) idir Loch Coirib agus Coiréal Leacaigh. Sreabhann screamhuisce siar laistigh d'Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) GWB ón scoilt screamhuisce idir GWB an Chláir – agus GWB na Coiribe chuig Lochanna Chúil Each agus Abhainn na Gaillimhe. Sceitheann sreabhadh screamhuisce ag dhá fhoinse sa GWB seo: Foinse carstach is ea Foinse Chúil Each Thiar (K25) agus is cuid í de GWB Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) - féach **Fíor 1.02** i **bhFoscríbhinn A** a bhfuil sliocht as ar taispeáint i **bPláta 5.1** thíos.

Cuireann Foinse Chúil Each (K25) sreabhuisce ar fáil a shileann isteach i Loch Uachtarach Chúil Each. Mar gheall ar an chaoi a bhfuil an t-uiscíoch deighilte ag gleannta adhlactha/ paileacharstach, tá an screamhuisce in Eanach Loch na Coiribe 1 (Leacach) srianta den chuid is mó. Mar gheall ar an gcré thiubh atá thíos faoin dromchla níl aon urscaoileadh le tabhairt faoi deara ón mbuncharraig aolchloiche go foinse Chúil Each thoir agus coisceann an deighilt urscaoileadh chuig foinsí Chúil Each thiar. Ina áit sin, is dócha go dtéann sreabhadh screamhuisce ó Eanach Loch Coirib 1 (Leacach) i dtreo choiréal Leacaigh le linn buaicphointí an screamhuisce. D'fhéadfadh uisce ón uiscíoch aolchloiche gluaiseacht trí chré throm na fo-ithreach go dtí Foinse Chúil Each Thoir, ach mar gheall ar thréscaoilteacht lag agus tiús na fo-ithreach is beag gluaiseacht a bheadh ann. Dá dtarlódh sé ar chor ar bith ní bheadh sa silleadh ón bhfo-ithir chuig Foinse Chúil Each Thoir ach cuid an-bheag den screamhuisce a shileann isteach i Lochanna Chúil Each i gcomparáid leis an insreabhadh carstach ag fuarán Chúil Each thiar (K25), a sholáthraíonn an príomhshreabhadh screamhuisce go Lochanna Chúil Each. Déantar an idirghníomhaíocht sin a mhíniú tuilleadh i Roinn 4.2.2 **d'Fhoscríbhinn A**.

**Pláta 5.1: Sliocht as Fíor 1.02 d'Fhoscríbhinn A ina dtaispeántar suímh Fhoinse Thiar Chúil Each (K25) agus Foinse Thoir Chúil Each (K45)**





Tá GWDTE Eanach Loch Coirib 2 suite laistigh de ZoI hidrigeolaíochta neamh-mhaolaithe (féach **Fíor 10.3.5** agus **Fíor 10.3.6**.). Cuireann an GWB seo screamhuisce ar fáil d'Abhainn na Gaillimhe (cuid de cSAC Loch Coirib agus de SPA Loch Coirib) agus síos an sruth chuig Cuan na Gaillimhe agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Tá GWB an Chláir-Coirib roinnte ina thrí chuid: Baile an Dúlaigh Thiar, Baile an Dúlaigh Thoir agus Tír Oileáin. Cuireann na dobharlaigh screamhuisce sin uisce ar fáil do dhobharcheantair Abhainn na Gaillimhe (cSAC Loch Coirib) agus Abhainn Thír Oileáin a dhraenálann, sa deireadh, isteach i gCuan na Gaillimhe agus i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Fíor 10.1.2** agus **Fíor 10.2.2**. Áiríonn GWB an Chláir-Coirib Loch an Dúlaigh agus na bogaigh thart air ach tá Loch an Dúlaigh suite suas an grádán ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus, dá bhrí sin, lasmuigh den ZoI.

Cuireann GWB Dhroichead an Chláirín screamhuisce sin uisce ar fáil do Chuan na Gaillimhe freisin agus, dá bharr sin, do cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Fíor 10.1.2** agus **Fíor 10.2.2**).

Léirítear é sin i **bPláta 5.2** thíos. Tá torthaí iomlána an staidéir hidrigeolaíochta, lena n-áirítear tomhaiseanna i leith leibhéal an screamhuisce, ar fáil i **bhFoscríbhinn A**.

## Pláta 5.2: Idirghníomhaíochtaí ginearálta hidrigeolaíochta le suíomhanna Eorpacha



## 5.3 An Bhonnlíne Hidreolaíochta

Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair dobharcheantair/fo-dhobharcheantair ocht sruthchúrsa, de réir mar atá liostaithe i **dTábla 5.1**. Tá cainéal Abhainn na Gaillimhe suite laistigh de cSAC Loch Coirib. Sreabhann gach sruthchúrsa eile isteach i gCuan na Gaillimhe; téann cuid acu go díreach isteach sa chuid sin de Chuan na Gaillimhe atá ainmnithe mar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus mar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, agus téann an chuid eile isteach sa chuan siar ó theorainneacha na láithreán Eorpach. Tá torthaí iomlána an staidéir hidreolaíochta ar fáil i **bhFoscríbhinn B** agus leis an dobharcheantar draenála a thrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair taispeánta **i bhFíoracha 11.1** agus **11.2**.

**Tábla 5.1: Sruthchúrsaí/dobharlaigh a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, nó atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, agus naisc le láithreáin Eorpacha**

| Sruthchúrsa | Cáilíocht Bhitheolaíochta an Uisce[13] | Nasc le láithreá(i)n Eorpach(a) |
|---|---|---|
| Sruthán na Líbeirtí | Q3 | Cuan na Gaillimhe c. 3.6km siar ó cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Sruthán Throscaí | Q3 | Cuan na Gaillimhe ag Sráidbhaile Bhearna c. 1.4km siar ó cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Sruthán agus fo-abhainn Bhearna | Q4/Q3 | Cuan an Roisín - laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Sruthán Thóin na Brocaí | Q4 | Cuan an Roisín - laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Sruthán Chnoc na Cathrach | Q3 | Cuan an Roisín - laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Abhainn na Gaillimhe | Q4 | cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (Cathair na Gaillimhe) |
| Lochanna na gCualach | n/a | Laistigh de cSAC Loch Coirib |
| Loch an Dúlaigh | n/a | Cothaítear speicis éan geimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |

[13] De réir Toner et al., 2005: Q5, Q4-5 agus Q4 = Neamhthruaillithe, Aicme A; Q3-4 = Rud beag truaillithe, Aicme B; Q3 nó Q2/3 = Measartha truaillithe, Aicme C; agus, Q2, Q1/2 nó Q1 = Truaillithe go mór, Aicme D.
Ní bhaineann cáilíocht bhitheolaíochta an uisce le lochanna uisce dromchla (e.g. Lochanna na gCualach agus Loch an Dúlaigh)

Tá torthaí na samplála cáilíochta uisce ar fáil sa tuarascáil Hidreolaíochta i **bhFoscríbhinn B** (féach Iarscríbhinn A den tuarascáil sin). Léirigh na torthaí dea-cháilíocht sheasmhach uisce ar gach ceann de na láithreáin agus bhí cothaithigh, Éileamh Bitheolaíoch ar Ocsaigin (BOD), dríodair agus tiúchan trom-mhiotail laistigh go maith de na teorainneacha inghlactha atá ann sna rialacháin maidir le huisce dromchla. Sainaithníodh éilliú faecach baictéarach i ngach suíomh, agus d'fhéadfadh sé gur bhain sé sin le gníomhaíochtaí talmhaíochta a bheith ar siúl, agus poncfhoinsí truaillithe ó dhabhcha séarachais agus ó chlaiseanna sciodair a bheith ann, laistigh de na dobharcheantair faoi seach.

Léirigh na sruthchúrsaí iartharacha (Srutháin Bhearna agus Throscaí agus Sruthán na Líbeirtí) atá bainteach le limistéir buncharraige eibhir agus talún portaigh leibhéil rud beag níos ísle ó thaobh pH de, alcaileacht agus cruas níos ísle, agus tiúchan ardaithe iarainn i gcomparáid leis na sruthchúrsaí aolchloiche san oirthear. Aimsíodh na huiscí is airde alcaileacht agus cruas laistigh de Loch an Dúlaigh, agus bhí Lochanna na gCualach sa dara háit i dtaca leis an ábhar seo de.

Tá tuairiscí iomlána ar na dobharcheantair abhann seo, agus ar Lochanna Chúil Each agus Loch an Dúlaigh araon, ar fáil i Roinn 3.2 **d'Fhoscríbhinn B** den Tuairisc ar Mheasúnacht Hidreolaíochta.

## 5.4 Speicis Flora agus Fauna

Tacaíonn an raon éagsúil gnáthóga atá ar fáil ar fud limistéir staidéir na scéime le bailiúchán mór speicis atá chomh héagsúil céanna.

Tacaíonn limistéar staidéir na scéime le daonraí na speicis ialtóige seo a leanas: an chrú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*, ialtóg Leisler *Nyctalus leisleri*, an ialtóg fheascrach *Pipistrellus pipistrellus*, ialtóg shopránach *Pipistrellus pygmaeus*, ialtóg Natúisias *Pipistrellus nathusii*, ialtóg fhadchluasach donn *Plecotus auritus*, ialtóg Daubenton *Myotis daubentonii*, ialtóg Natterer *Myotis nattereri* agus an ialtóg ghiobach *Myotis mystacinus*.

Baineann daonraí an Mhadra Uisce *Lutra lutra* le hAbhainn na Gaillimhe, dobharcheantar shruthán Bhearna agus le Cuan na Gaillimhe.

Áirítear ar speicis mamaigh eile atá ann: Broc *Meles meles*, an Cat Crainn *Martes martes*, Luch Fhéir *Apodemus sylvaticus*, Iora Rua *Sciurus vulgaris*, Easóg Éireannach *Mustela erminea hibernica*, Giorria Sléibhe Éireannach *Lepus timidus hibernicus*, Gráinneog *Erinaceus europaeus* an Sallóg Fhraoigh *Sorex minutus*, Fox *Vulpes vulpes*, Coinín *Orytolagus cuniculus*, Minc *Mustela vison* agus an Ból Bruaigh *Myodes glareolus*.

Tacaíonn Cuan na Gaillimhe le raon éagsúil speicis mamaigh farraige, lena n-áirítear, an Rón Beag *Phoca vitulina*, an Rón Glas *Halichoerus grypus*, an Deilf Choiteann *Delphinus delphis* agus an Mhuc Mhara *Phocoena phocoena*. Tá gach speiceas céiticeach faoi chosaint freisin ag an Treoir maidir le Gnáthóga (Iarscríbhinn IV).

Cé nach bhfuil siad le fáil in Abhainn na Gaillimhe, tá daonraí den chráifisc liathdhonn *Austropotamobius pallipes* agus an Diúilicín Péarla Fionnuisce *Margaritifera margaritifera* suas le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh

de dhobharcheantar Abhainn na Gaillimhe. Tá daonra an Fhritileáin Réisc *Euphydryas aurinia* sa chuid thiar den limistéar staidéir, a bhaineann leis an mósáic de ghnáthóga d'fhéarach garbh, fraoch agus portaigh atá ansin.

Tacaíonn gnáthóga bogaigh a bhaineann le hAbhainn na Gaillimhe, Lochanna na gCualach agus Loch Bhaile an Dúlaigh le bailiúchán saibhir moilisc freisin, lena n-áirítear an Seilide Rinseach Marsh *Vertigo antivertigo* atá liostaithe a bheith leochaileach i Leabhar Sonraí Dearg na hÉireann maidir le moilisc (Byrne et al., 2009).

Tá raon éagsúil d'éin póraithe agus d'éin gheimhrithe aitheanta ó limistéar staidéir na scéime nó rinneadh taifeadadh orthu le linn suirbhéanna ar tugadh fúthu agus an NIS seo a ullmhú. Áirítear anseo go leor speiceas éan atá liostaithe mar SCIanna do na láithreáin SPA atá mórthimpeall.

Rinne na suirbhéanna ar éin gheimhrithe ar tugadh fúthu sna blianta 2014/15 taifeadadh ar na speicis éin seo a leanas atá liostaithe mar SCIanna do láithreáin SPA go háitiúil mar gheall ar a ndaonraí geimhrithe ar fud limistéar staidéir na scéime: Guilbneach Stríocearrach, Cadhain, Sléibhín, Broigheall, an Faoileán Bán, Cearc/Coileach Ceannann, Crotach, an Fheadóg Bhuí, Corr Réisc, Cromán na gCearc, an Pilibín, an Lóma Mór, Cosdeargán, Spadalach, Praslacha, Piardálaí Trá, Lacha Bhadánach agus Lacha Rua. Rinneadh taifeadadh ar go leor acu seo feadh conair Abhainn na Gaillimhe atá ag teacht le torthaí suirbhéanna na bliana 2006 (RPS, 2006). Féach **Foscríbhinn I** do thorthaí an tsuirbhé ar éin gheimhrithe agus **Tábla 5.3** thíos do na láithreáin Eorpacha a bhfuil na speicis seo ainmnithe mar SCIanna mar gheall ar a ndaonraí geimhrithe.

Rinne na suirbhéanna ar éin phóraithe ar tugadh fúthu agus NIS seo á ullmhú taifeadadh ar na speicis éin seo a leanas, atá liostaithe mar SCIanna do láithreáin SPA go háitiúil ar fud limistéar staidéir na scéime mar gheall ar a gcuid daonraí éan póraithe: Sléibhín, Geabhróg agus Broigheall. Féach **Foscríbhinn H** le torthaí ó shuirbhéanna ar éin phóraithe a fháil agus féach ar **Thábla 5.3** thíos le haghaidh na láithreáin Eorpacha a bhfuil na speicis seo liostaithe mar SCIanna dóibh mar gheall ar a ndaonraí póraithe.

Sa chuid thiar den limistéar staidéir seachas Sruthán Bhearna a thacaíonn le Bradán an Atlantaigh, an Breac Geal, an Breac Donn agus an Eascann Eorpach is beag luach atá ag gabháil leis na sruthchúrsaí go ginearálta ó thaobh speiceas éisc. Tacaíonn Abhainn na Gaillimhe le speicis ar nós Bradán an Atlantaigh *Salmo salar*, Loimpre Mhara *Petromyzon marinus*, Loimpre Shrutháin *Lampetra planeri* agus an Eascann Eorpach *Anguilla anguilla*. Tacaíonn Lochanna na gCualach le speiceas éisc garbh ar nós Péirse *Perca fluviatilis* agus an Róiste *Rutilus rutilus* agus tá Liúis *Esox lucius*, Ruán *Scardinius erythropthalmus* agus an Cúramán *Tinca tinca* le fáil i Loch Bhaile an Dúlaigh. Is gnáthóg thábhachtach idirchriosach agus iascach mara, atá in Inbhear na Coiribe agus i gCuan na Gaillimhe, a thacaíonn le raon speiceas éisc (Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, 2009).

Tá an Frog Coiteann *Rana temporaria* agus an Earc Luachra *Triturus vulgaris* go forleathan sna gnáthóga bogaigh go háitiúil. Rinneadh taifeadadh ar an Laghairt Choiteann *Zootoca (Lacerta) vivipara* sa taobh thiar de limistéar an staidéir.

Rinneadh taifeadadh ar an gCeannbhán Caol *Eriophorum gracile*, speiceas atá faoi chosaint san Ordú um Flóra (Cosaint) 2015 i limistéir Thóin na Brocaí agus Chúl an Oileáin. Cé go bhfuil eolas maidir leis an Magairlín Ban *Pseudorchis albida* (faoi chosaint san Ordú um Flóra (Cosaint) 2015 freisin) go háitiúil, níl taifeadadh déanta air le linn aon suirbhé ar tugadh faoi maidir leis an fhorbairt bheartaithe bóthair.

## 5.5 Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha

Tá trí cinn de speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha ann atá liostaithe sa Tríu Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Éin agus um Ghnáthóga agus atá le fáil laistigh den fhorbairt bheartaithe bóthair nó i ngarchomharsanacht di. Tá achoimre le fáil i **dTábla 5.2** thíos ar shuíomh na speiceas ionrach sin. Níl aon cheann de na foirgeachtaí sin i gcomharsanacht Láithreáin Eorpaigh, seachas uimhir 10 thíos (Glúineach Bhiorach ar thailte OÉG) agus í tuairim is 25m ó theorainn na forbartha beartaithe. Taispeántar suíomh uimhir 10 i **bhFíor 13.1**.

**Tábla 5.2: Achoimre ar Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha atá liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Éin agus um Ghnáthóga agus a taifeadadh laistigh de limistéar staidéir na Forbartha Beartaithe Bóthair**

| Uimh | Ainm Coitianta | Slabhraíocht (neas) | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 1 | Glúineach bhiorach | Ch. 0+010 (príomhlíne) | Feadh rian feirme, ó dheas ó Thimpeallán Thiar Bhearna, tadhlach le teorainn na forbartha beartaithe (tuairim is 14m lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe) |
| 2 | Róslabhras | Ch. 1+580 (príomhlíne) | Taifeadta i gcoillearnach feadh thaobh thoir Bhóthar Throscaí (L5387), ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Díreach tadhlach le teorainn na forbartha beartaithe (laistigh de 3m) |
| 3 | Róslabhras | Ch 1+600 (príomhlíne) | Taifeadta i gcoillearnach feadh thaobh thoir Bhóthar Throscaí (L5387), ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Díreach tadhlach le teorainn na forbartha beartaithe (laistigh de 1m) |
| 4 | Glúineach bhiorach | Soir ó dheas de Ch. 5+275 (príomhlíne) | I bpáirc féaraigh ghairbh ina bhfuil scrobarnach, lasmuigh d'eastát cónaitheach Slí Geal, gar do Bhaile na mBúrcach, tuairim is 45m lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe |
| 5 | Glúineach bhiorach | Ch. 6+840 (príomhlíne) | Ó dheas ón bpríomhlíne don fhorbairt bheartaithe bóthair. Suite feadh mion-sruthchúrsa. Tá an sruthchúrsa sin síos an sruth ón bpríomhlíne don fhorbairt bheartaithe bóthair, agus trasnaíonn Nascbhóthar Theas N59 é níos faide síos an sruth. Tadhlach le maoin chónaitheach atá suite soir ón bpointe beartaithe éalaithe draenála ag Rathún. Tuairim is 85 m lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe. |

| Uimh | Ainm Coitianta | Slabhraíocht (neas) | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 6 | Róslabhras | Ch. 6+800 (príomhlíne) | Ó dheas ón bpríomhlíne. Suite feadh mion-sruthchúrsa. Tá an sruthchúrsa sin síos an sruth ón bpríomhlíne don fhorbairt bheartaithe bóthair, agus trasnaíonn Nascbhóthar Theas N59 é níos faide síos an sruth. Tadhlach le maoin chónaitheach atá suite soir ón bpointe beartaithe éalaithe draenála ag Rathún. Tuairim is 85m lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe. |
| 7 | Glúineach bhiorach | Ch. 8+370 (príomhlíne) | I limistéar talún loime athchoilíniúcháin laistigh de theorainn na forbartha beartaithe |
| 8 | Glúineach spíceach | Ch. 8+330 (príomhlíne) | Ó dheas ón bhforbairt bheartaithe bóthair. 41m ó theorainn na forbartha beartaithe |
| 9 | Glúineach spíceach | Ch. 8+200 (príomhlíne) | Ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. De bhreis ar 100m ó theorainn na forbartha beartaithe |
| 10 | Glúineach bhiorach | Ch. 8+930 (príomhlíne) | I gcoillearnach/scrobarnach, idir Ch. 8+900 agus Ch. 8+950 ag Saoráidí Spóirt OÉG, tuairim is 25m ó theorainn na forbartha beartaithe. |
| 11 | Glúineach bhiorach | Ch. 12+225 (príomhlíne) | I ngairdín cónaitheach, laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn N84. |
| 12 | Glúineach bhiorach | Ch. 1+800 Nascbhóthar Theas N59) | Páirc siar ó bhóthar Rosán Glas. I limistéar talún loime athchoilíniúcháin, ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar Diarmuda, feadh Nascbhóthar Theas N59. Laistigh de theorainn na forbartha beartaithe |
| 13 | Glúineach bhiorach | Ch. 1+890 (Nascbhóthar Theas N59) Nascbhóthar) | Páirc siar ó bhóthar Rosán Glas. I limistéar talún loime athchoilíniúcháin, ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar Diarmuda, feadh Nascbhóthar Theas N59. Laistigh de theorainn na forbartha beartaithe |

## 5.6 Láithreáin Eorpacha

Tá 19 láithreán Eorpach (cSAC-anna nó SPA-anna) lonnaithe gar don bhforbairt bheartaithe bóthair (**Fíor 12**). Liostaítear na láithreáin seo i **dTábla 5.3** thíos, an t-achar atá siad ó theorainn na forbartha beartaithe, agus a Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta. Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon cheann amháin acu seo, eadhon cSAC Loch Coirib.

**Tábla 5.3: Láithreáin Eorpacha (cSAC-anna agus SPA-anna) atá cóngarach do theorainn na forbartha beartaithe**

| Ainm an Láithreáin | Achar[14] | Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna) |
|---|---|---|
| **Limistéir Chaomhantais Speisialta féideartha** | | |
| cSAC Loch Coirib [000297] | Trasnaithe ag an fhorbairt bheartaithe bóthair | [1029] Diúilicín péarla fionnuisce - *Margaritifera margaritifera*<br>[1092] Cráifisc liathdhonn *Austropotamobius pallipes*<br>[1095] Loimpre mhara *Petromyzon marinus*<br>[1096] Loimpre shrutháin *Lampetra planeri*<br>[1106] Bradán Atlantach *Salmo salar* (I bhfíor uisce amháin)<br>[1303] Crúialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1393] Caonach crúcach snasta *Drepanocladus (Hamatocaulis) vernicosus*<br>[1833] Síofróg uisce *Najas flexilis*<br>[3110] Uiscí olagatrófacha ar beag mianraí atá iontu de mhachaire gainimh (*Littorelletalia uniflorae*)<br>[3130] Uiscí bodhra ó olagatrófach go méiseatrófach le fásra *Littorelletea uniflorae* agus nó *Isoëto-Nanojuncetea*<br>[3140] Uiscí crua olag-méiseatrofacha le fásra beantach *d'Aol-Lus* spp.<br>[3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho*-fásra *Batrachion*<br>[6210] Fearthailte tirim breacnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachta magairlíní)<br>[6410] Móinéir ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó ar ithreacha créúla ina bhfuil go leor siolta (*Molinion caeruleae*)<br>[7110] * Portaigh ardaithe ghníomhacha<br>[7120] Portaigh ardaithe dhíghrádaithe a bhfuil cumas athghiniúna nádúrtha fós acu<br>[7150] Logáin ar shubstráití móna *Rhynchosporion*<br>[7210] * Eanach cailcreach le *Cladium mariscus* agus speiceas den *Caricion davallianae*<br>[7220] * Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*)<br>[7230] Eanaigh Alcailigh<br>[8240] * Púbhálacha aolchloiche<br>[91A0] Seanchoillte darach gaelaí le *Ilex* agus *Blechnum* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór<br>[91D0] * Coillearnach portaigh |

[14]Achar i km/m ón bhforbairt bheartaithe bóthair

| **Ainm an Láithreáin** | **Achar[14]** | **Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna)** |
|---|---|---|
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe [000268][15] | 160m | [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá<br>[1150] Murlaigh chósta *<br>[1160] Góilíní agus cuanta móra éadomhain<br>[1170] Sceireacha<br>[1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach<br>[1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú<br>[1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*)<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1365] Rón beag *Phoca vitulina*<br>[1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*)<br>[3180] Turlaigh *<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséise scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha<br>(*Festuco Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>[7210] Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis Caricion davallianae *<br>[7230] Eanaigh Alcailigh |
| cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara [002034] | 6km | [1065] An Fritealán Réisc *Euphydryas* (*Eurodryas*, *Hypodryas*) *aurinia*<br>[1106] Bradán Atlantach *Salmo salar* I bhfíor uisce amháin)<br>[1150] * Murlaigh chósta<br>[1170] Sceireacha<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1833] Síofróg uisce *Najas flexilis*<br>[3110] Uiscí olagatrófacha ar beag mianraí atá iontu de mhachaire gainimh (*Littorelletalia uniflorae*)<br>[3160] Lochanna agus locháin nádúrtha diostrófacha<br>[3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4010] Fraochmhánna fliuch an Atlantaigh Thuaidh le *Erica tetralix*<br>[4030] Fraochmhánna tirime Eorpacha<br>[6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó ar ithreacha créúla ina bhfuil go leor siolta (*Molinion caeruleae*) |

[15] Láithreán Ramsar is ea Cuan na Gaillimhe Laistigh freisin faoi Choinbhinsiún Ramsar (láithreán Ramsar Uimh. 838) agus láithreán mara atá cosanta faoi Choinbhinsiún OSPAR – Coimpléasc Chuan na Gaillimhe MPA (O-IE-0002969)

| **Ainm an Láithreáin** | **Achar[14]** | **Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna)** |
|---|---|---|
| | | [7130] Bratphortaigh (* má tá siad gníomhach agus sin amháin)<br>[7140] Idirsheascainn agus portaigh chreatha<br>[7150 Logáin ar shubstráití móna *Rhynchosporion*<br>[7230] Eanaigh Alcailigh<br>[91A0] Seanchoillte darach gaelaí le *Ilex* agus *Blechnum* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór |
| cSAC Loch agus Coill an Rois<br>[001312] | 10.2km | [1303] Crúialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[3140] Uiscí crua olag-méiseatrofacha le fásra beantach d'Aol-Lus. |
| cSAC Cheann Boirne-Pholl Saileach<br>[000020] | 10.6km | [1170] Sceireacha<br>[1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach<br>[1395] Lus na bPeiteal *Petalophyllum ralfsii*<br>[3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséise scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha<br>(*Festuco Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha margairlíní)<br>[6510] Móinéir féir ísealtalún (*Alopecurus pratensis, Sanguisorba officinalis*)<br>[7220] Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*)<br>[8240] Pábháil Aolchloiche<br>[8330] Pluaiseanna mara faoi uisce nó cuid acu faoi uisce |
| cSAC Choimpléasc Loch Fionngheal<br>[000606] | 11.1km | [1303] Crúialtóg bheagbat *Rhinolophus hipposideros*<br>[3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6210] Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachtacha margairlíní)<br>[7210] * Eanach cailcreach le *Cladium mariscus* agus speiceas den *Caricion davallianae*<br>[8240] * Pábháil Aolchloiche |
| cSAC Thurlach Ráth Asáin<br>[000322] | 13.2km | [3180] * Turlaigh |
| cSAC Phábháil Aolchloiche Ghort na nDarach<br>[001271] | 13.4km | [8240] * Pábháil Aolchloiche |

| Ainm an Láithreáin | Achar[14] | Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna) |
|---|---|---|
| cSAC Shliabh Mhóinín<br>[000054] | 13.2km | [1065] An Fritealán Réisc *Euphydryas* (*Eurodryas*, *Hypodryas*) *aurinia*<br>[1303] Crúialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6130] Féaraigh Calaminarian an *Violetalia calaminariae*<br>[6210 Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachtacha margairlíní)<br>[7220] * Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*)<br>[8240] * Pábháil Aolchloiche |
| cSAC Choimpléasc Boirne Thoir [001926] | 13.5km | [1065] An Fritealán Réisc *Euphydryas* (*Eurodryas*, *Hypodryas*) *aurinia*<br>[1303] Crúialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[1355] Madra Uisce *Lutra lutra*<br>[3140] Uiscí crua olag-méiseatrofacha le fásra beantach d' Aol-Lus spp.<br>[3180] * Turlaigh<br>[3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6210] Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachtacha margairlíní)<br>[6510] Móinéir féir ísealtalún (*Alopecurus pratensis*, *Sanguisorba officinalis*)<br>[7210] * Eanach cailcreach le *Cladium mariscus* agus speiceas den *Caricion davallianae*<br>[7220] * Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*)<br>[7230] Eanaigh Alcailigh<br>[8240] * Pábháil Aolchloiche<br>[8310] Níl na pluaiseanna oscailte don phobal<br>[91E0] * Foraoisí gláracha le *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion*, *Alnion incanae*, *Salicion albae*) |
| cSAC Thurlach Chill Tiarnáin [001285] | 13.8km | [3180] * Turlaigh |

| Ainm an Láithreáin | Achar[14] | Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna) |
|---|---|---|
| cSAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh [000242] | 14km | [3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[6210] Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachtacha margairlíní)<br>[8240] * Pábháil Aolchloiche |
| cSAC Fhéarach Ard Raithin [002244] | 15km | [4060 Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmithe *Juniperus communis* formations ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha<br>[8240] * Pábháil Aolchloiche |
| cSAC Thurlach Bhaile Uí Bheacháin [000996] | 15km | [3180] * Turlaigh |
| **Limistéir Cosanta Speisialta** | | |
| SPA Loch Coirib [004042] | 203m | Gé Bánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú<br>Gadual (*Anas strepera*) [A051] - geimhriú<br>Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] - geimhriú<br>Póiseard (*Aythya ferina*) [A059] - geimhriú<br>Lacha Bhadánach (*Aythya fuligula*) [A061] - geimhriú<br>Scótar (*Melanitta nigra*) [A065] - pórú<br>Cromán na gCearc (*Circus cyaneus*) [A082] – tar éis - póraithe/fara<br>Cearc Cheannann (*Fulica atra*) [A125] - geimhriú<br>Feadóg Bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] - pórú<br>Faoileán Bán (*Larus canus*) [A182] – pórú<br>Geabhróg (*Sterna hirundo*) [A193] - pórú<br>Geabhróg Artach (*Sterna paradisaea*) [A194] – pórú<br>Bogaidh & Éin Uisce [A999] |
| SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh [004031] | 1.1km ag Cuan Órán Mór agus Cuan an Roisín | Lóma Mór (*Gavia immer*) [A003] - geimhriú<br>Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) [A017] - pórú<br>Corr Réisc (*Ardea cinerea*) [A028] - geimhriú<br>Cadhan (*Branta bernicla hrota*) [A046] - geimhriú<br>Lacha Rua (*Anas penelope*) [A050] - geimhriú<br>Praslacha (*Anas crecca*) [A052] - geimhriú<br>Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] - geimhriú<br>Síolta Rua (*Mergus serrator*) [A069] - geimhriú<br>Feadóg Chladaigh (*Charadrius hiaticula*) [A137] - geimhriú<br>Feadóg Bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Pilibín (*Vanellus vanellus*) [A142] - geimhriú |

| **Ainm an Láithreáin** | **Achar[14]** | **Cúiseanna leis an Ainmniúchán – Leasanna Cáilitheacha (QI-anna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCI-anna)** |
|---|---|---|
| | | Breacóg (*Calidris alpina*) [A149] - geimhriú<br>Guilbneach Stríocearrach (*Limosa lapponica*) [A157] - geimhriú<br>Crotach (*Numenius arquata*) [A160] - geimhriú<br>Cosdeargán (*Tringa totanus*) [A162] - geimhriú<br>Piardálaí Trá (*Arenaria interpres*) [A169] - geimhriú<br>Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] - geimhriú<br>Faoileán Bán (*Larus canus*) [A182] - geimhriú<br>Geabhróg Scothdhubh (*Sterna sandvicensis*) [A191] - pórú<br>Geabhróg (*Sterna hirundo*) [A193] - pórú<br>Bogaigh & Éin Uisce [A999] |
| SPA Riasc Chreig Eanaigh<br>[004142] | 4km | Gé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú |
| cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara [004181] | 9.2km | Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) [A017] - pórú<br>Meirliún (*Falco columbarius*) [A098] - pórú<br>Feadóg Bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] - pórú<br>Faoileán Bán (*Larus canus*) [A182] - pórú |
| SPA Thurlach Ráth Asáin<br>[004089] | 13.2km | Eala Ghlórach (*Cygnus cygnus*) [A038] - geimhriú<br>Lacha Rua (*Anas penelope*) [A050] - geimhriú<br>Feadóg Bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Guilbneach Earrdhubh (*Limosa limosa*) [A156] - geimhriú<br>Gé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú<br>Bogaigh & Éin Uisce [A999] |

Tá tuilleadh eolais mionsonraithe bonnlíne éiceolaíochta curtha ar fáil i **Roinn 9** thíos chun eolas breise a chur ar fáil don imscrúdú agus don mheasúnú ar thionchair fhéideartha na forbartha beartaithe bóthar ar láithreáin aonair Eorpacha atá laistigh dá Zo1. Tá an próiseas a bhaineann le tionchair fhéideartha na forbartha beartaithe bóthair a aithint, a shainmhíníonn an ZoI, agus cinneadh a dhéanamh maidir le cé na láithreáin Eorpacha a d’fhéadfadh a bheith faoi riosca ó thionchair, leagtha amach ó **Roinn 6** go dtí **Roinn 8**.

# 6 Tionchair Fhéideartha na Forbartha Beartaithe Bóthair

Trí theacht chun cinn na forbartha beartaithe bóthair, cuireadh gnéithe san áireamh sa dearadh, le haghaidh a thabhairt ar roinnt de na tionchair fhéideartha a bhfuil cur síos déanta orthu thíos. Chuaigh an dearadh ar aghaidh i gcomhar le staidéir thimpeallachta ar tugadh fúthu chun eolas a chur ar fáil do shonraí bonnlíne comhshaoil agus le heolas a chur ar fáil don dearadh leis na tionchair ar an gcomhshaol glactha a íoslaghdú. Dá bhrí sin, chun tionchair fhéideartha a shainaithint agus a sheachaint, cuireadh próiseas atriallach i bhfeidhm mar a leanas idir na foirne dearthóireachta agus comhshaoil:

- An fhoireann comhshaoil a shainaithin tionchair fhéideartha
- Rinne an fhoireann dearthóireachta measúnacht ar shonraí faoin tionchar féideartha chun réitigh dearthóireachta a aimsiú d'fhonn deireadh a chur le tionchar féideartha, agus rinneadh an dearadh a uasdátú chun na hardréitigh sin a chur san áireamh
- Rinne an fhoireann comhshaoil athmheasúnacht ar an dearadh uasdátaithe
- Sa dearadh deiridh, tá aghaidh tugtha ar thionchair fhéideartha a sainaithníodh, idir dhíreach agus neamhdhíreach, agus i gcás nár cuireadh deireadh le tionchair fhéideartha de chineál díreach agus neamhdhíreach sa dearadh uasdátaithe cuireadh bearta maolúcháin san áireamh

Tá na bearta deartha curtha ar fáil i **Roinn 2.6** thuas agus déantar plé thíos ar na bealaí a sheachnódh nó a íoslaghdódh siad an baol go mbeadh tionchar ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar láithreáin Eorpacha.

Tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair na cineálacha tionchair seo a leanas a bheith acu ar an gcomhshaol éiceolaíochta glactha:

- Cailliúint dhíreach limistéar gnáthóige
- Scoilteadh limistéar gnáthóige agus/nó críocha speicis fauna
- Tollánú agus tochailtí a dhéanann difear d'iomláine[16] struchtúrach gnáthóg ar leibhéal an dromchla
- Tollánú agus tochailtí a mbíonn tionchar acu ar an réimeas hidrigeolaíochta atá ann cheana agus/nó oibreacha tógála a mbíonn tionchar acu ar an gcáilíocht screamhuisce ó rith chun srutha uisce dromchla atá éillithe agus/nó doirteadh nó truailliú trí thimpiste
- Tionchar ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála de bharr uisce dromchla éillithe a ritheann chun srutha agus/nó doirteadh nó truailliú timpisteach a dhéanann difear do ghnáthóga agus/nó do speicis

[16] Is éard atá i gceist le neart struchtúrach na carraige a thacaíonn le mósáic na pábhála Aolchloiche agus an fhéaraigh Chalcáraigh ná na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn an chaoi ina bhfeidhmíonn timpeallacht gheoiteicniúil na pábhála aolchloiche

- Éifeacht ar an gcáilíocht aeir a d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige sin ar chomhshuíomh fásra nó ar struchtúr gnáthóga atá in aice láimhe
- Speiceas ionrach neamhdhúchasach a thabhairt isteach nó a scaipeadh
- Suaitheadh speiceas fána (e.g. torann, creathadh, soilsiúchán saorga nó méadú ar an líon daoine a bhíonn ann) arb é a leanann as ná speicis lena mbaineann a chur as áiteanna póraithe/scíthe nó as a ngnáthóg cothaithe ag céimeanna tábhachtacha dá saol b'fhéidir
- Bacainn a chur ar ghluaiseachtaí speicis mar thoradh ar thógáil/tabhairt isteach carrbhealach nua i dtimpeallacht nádúrtha
- Riosca mortlaíochta a chruthú do speiceas uisceach trí thitim ábhar tógála isteach i sruthchúrsa de thimpiste le linn a bheith ag tógáil struchtúir nua os cionn sruthchúrsaí
- Scáile a chaitheamh ar ghnáthóga faoi struchtúir ardaithe nó gar do bhruacha arda nó do bhallaí coinneála, a laghdaíonn solas na gréine agus frasaíocht dhíreach a mbíonn tionchar acu ar chomhshuíomh agus ar struchtúr fásra
- Riosca mortlaíochta a chruthú do speiceas fauna ó imbhuailtí tráchta ar bhóithre

## 6.1 Ilroinnt & Cailleadh Gnáthóige

Ciallóidh an fhorbairt bheartaithe bóthair caillteanas díreach nó déanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair scoilteadh ar limistéir ghnáthóige laistigh den timpeallacht ghlactha trí thrasnú nó trí ghearradh glan trína limistéir ghnáthóige. Áiríonn sé seo ar fud an limistéir staidéir, cineálacha gnáthóige ar nós féaraigh (leathnádúrtha agus féaraigh atá feabhsaithe/bainistithe do chríocha taitneamhachta nó talmhaíocht araon), scrobarnach, coillearnach, bogaigh, pábháil aolchloiche agus sruthchúrsaí agus mar atá imlínithe i **Roinn 5.1**, tá na gnáthóga seo comhleanúnach freisin le cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn 1.

Mar a luadh i **Roinn 2.2**, forluíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a theorainn ar Láithreán Eorpach amháin, eadhon cSAC Loch Coirib, ag ceithre shuíomh: ag deireadh an tsrutha draenála atá beartaithe ó Nasc Bóthar Thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh; ar shuíomh Dhroichead na Coiribe atá beartaithe idir Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each; agus, siar agus ó thuaidh de Choiréal Leacaigh, áit a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe comhdhéanta de thollán (Tollán Leacaigh) agus bonneagar bóthair isteach (Ch. 10+620 go Ch. 11 +800). Beidh caillteanas limistéar gnáthóige (agus leibhéal beag scoilteadh gnáthóige i roinnt áiteanna) mar thoradh air seo ó chuid de cSAC Loch Coirib, agus beidh an fhorbairt bheartaithe ag trasnú anseo idir Abhainn na Gaillimhe (Ch. 9+250) agus Coiréal Leacaigh (Ch. 11+800). Tá c.4ha de cSAC Loch Coirib laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Tá an fhéidearthacht ag caillteanas gnáthóige tionchar a bheith aige ar chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib trí chaillteanas gnáthóige Leasanna Cáilitheacha nó caillteanas gnáthóige a thacaíonn le gnáthóg nó le speiceas Leasanna Cáilitheacha (m.sh. gnáthóg an Mhadra Uisce agus/nó láithreáin póraithe nó scíthe). Is ionann scoilteadh gnáthóige agus próiseas a ndéanann caillteanas gnáthóige deighilt ar bhloic gnáthóga i bpaiste atá níos lú agus níos scoite amach agus is féidir leis tarlú ar scála tírdhreacha nó do limistéir dhiscréideacha gnáthóige. Is féidir le scoilteadh gnáthóige tionchar a bheith aige ar

an mbealach a bhfeidhmíonn éiceachórais, a dteacht aniar i leith athraithe agus maidir le speiceas, bíonn éifeacht aige ar idirghníomhaíochtaí laistigh nó idir daonraí, ar dhlús daonra nó ar shaibhreas speiceas.

Tá an fhéidearthacht ag an tollánú agus ag na tochailtí doimhne a bhaineann le Tollán Leacaigh go mbeidh caillteanas gnáthóige mar thoradh orthu, lastall de lorg láithreach an charrbhealaigh beartaithe, agus tá plé déanta air sin as féin i **Roinn 6.2** agus **Roinn 6.3**.

Cé nach bhfuil tionchar díreach ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar aon láithreán SPA, agus nach mbeidh caillteanas nó scoilteadh gnáthóige laistigh d'aon láithreáin SPA mar thoradh air, téann sé tríd, agus beidh caillteanas gnáthóige mar thoradh air, i láithreán[17] féideartha "ex-situ" áit a bhfuil taifeadadh déanta ar speiceas éin SCI. D'fhéadfadh caillteanas limistéir tábhachtacha tacaíochta gnáthóige a bheith mar thoradh ar an tionchar seo lasmuigh de theorainn an SPA le tionchar ar chuspóirí caomhnaithe ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar scaipeadh limistéir a bhaineann éin SCI úsáid astu agus orthu siúd a bhaineann le treochtaí daonra. Tá plé déanta air sin maidir le speiceas éin SCI atá liostaithe ó thaobh pórú nó mar dhaonraí geimhrithe do na láithreáin SPA atá mórthimpeall.

Tá ceithre láithreán SPA go háitiúil ina bhfuil speiceas éin liostaithe iontu mar SCIanna mar gheall ar a gcuid daonraí geimhrithe: SPA Loch Coirib, SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh, SPA Choimpléasc Phortach Chonamara agus SPA Riasc Chreig Eanaigh.

Beidh céimeanna éagsúla caillteanas gnáthóige mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair i naoi gcinn de na láithreáin d'éin gheimhrithe áit a bhfuil taifeadadh déanta ar speiceas éin atá liostaithe mar SCIanna na SPA-anna mórthimpeall mar gheall ar a gcuid daonraí geimhrithe (SPA Loch Coirib agus SPA Cuan na Gaillimhe[18] Laistigh): WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10, WB16, WB23 agus WB45.

Tríd is tríd, tá an t-achar caillteanas gnáthóige beag le hais fhairsinge gach láithreáin éin gheimhrithe a rachfar i bhfeidhm air. Tá na cineálacha gnáthóige atá á gcailleadh coitianta agus forleathan sa cheantar áitiúil máguaird, go háirithe na gnáthóga tailte

---

[17]Leagtar amach an gá atá leis an úsáid a bhaineann speicis éin SCI as láithreacha gnáthóige taobh amuigh de SPA i Roinn 3.1 agus 5.2 de *Inner Galway Bay Special Protection Area (Site Code 4031), Conservation Objectives Supporting Document, Version 1* (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013d). Tugtar láithreáin "exsitu" ar na láithreacha sin agus sainítear iad mar láithreacha gnáthóige laistigh den chúlchríoch díreach thart ar an SPA, nó i láithreacha a bhfuil nasc éiceolaíoch acu leis, a thacaíonn le speicis éin SCI. Níl aon fhaisnéis ná fianaise a dheimhníonn an ionann aon cheann de na speicis éin a taifeadadh i ngnáthóga lasmuigh de láithreáin Eorpacha, atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, agus éin ó SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, nó nach cuid de dhaonra ceachtar láithreán Eorpach iad. Dá bhrí sin, tá cur chuige réamhchúramach á úsáid agus glactar leis gur láithreáin fhéideartha "exsitu" aon láthair gnáthóige a thacaíonn le speicis éin SCI faoin sainiú sin, agus déantar measúnú orthu dá réir sin.

[18] Tá cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara ainmnithe do dhaonraí éin póraithe amháin (féach **Tábla 5.3** thuas). SPA Riasc Chreig Eanaigh suite c. 4km soir ó dheas ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Ní raibh aon taifid ann maidir le Géanna Bánéadanacha Graonlannacha (an t-aon speiceas SCI don láithreán SPA seo) ó aon suirbhé a rinneadh maidir le láithreáin éan geimhrithe don fhorbairt bheartaithe bóthair. Dá bhrí sin, ní chruthaíonn caillteanas gnáthóige a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca do dhaonra Géanna Bánéadanacha Graonlannacha a chaitheann an geimhreadh in SPA Riasc Chreig Eanaigh.

móna/fraochmhá idir Bearna agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, a shíneadh siar ó thuaidh isteach go Conamara. Ar an gcaoi chéanna, i gcás éan (mar speicis atá thar a bheith soghluaiste), is dóigh nach mbeidh ilroinnt gnáthóige ina fadhb seachas mura mbeadh na geadáin gnáthóg ilroinnte neamhinmharthana go fadtéarmach mar gheall ar a méid laghdaithe, agus dá bhrí sin go gcuirfí srian ar fháil láithreacha móra de chineál áirithe gnáthóige go háitiúil. I bhformhór na gcásanna, níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ach beagán taobh istigh de na láithreáin éin gheimhrithe sin ar a dteorainn ó dheas (WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10 agus WB23) agus tá éifeachtaí na hilroinnte gnáthóige íseal, go háirithe ós rud é nach bhfuil sna gnáthóga i gcuid de na láithreáin éin gheimhrithe (e.g. WB01) ach cion beag de na gnáthóga céanna sin sa cheantar áitiúil.

***Achoimre***

Beidh caillteanas nó ilroinnt limistéir ghnáthóige mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe, agus tarlóidh an caillteanas nó an ilroinnt gnáthóige seo laistigh agus cóngarach do cSAC Loch Coirib. Beidh caillteanas nó ilroinnt limistéar gnáthóige mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe freisin ó láithreáin áitiúla a thacaíonn le speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna mar gheall ar a gcuid daonraí geimhrithe ag láithreáin SPA áitiúla (SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh).

## 6.2 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thollánú/Tochailtí

Áirítear gnéithe tollánú agus tochailtí san fhorbairt bheartaithe bóthair, agus tá an fhéidearthacht ag gach aon cheann acu seo díghrádú gnáthóige a chruthú laistigh den timpeallacht éiceolaíochta glactha. San áit a bhfuil gá le tollánú nó le tochailtí doimhne leis an fhorbairt bheartaithe bóthair a thógáil, cruthaítear riosca ó thaobh scoilteadh struchtúir nó titim na carraigmhaise/éadan carraige a thacaíonn le gnáthóga os cionn (i gcás tollánú faoi thalamh) nó cóngarach (i gcás gearradh/tochailt dhomhain) do limistéar na n-oibreacha. D'fhéadfadh caillteanas limistéar gnáthóige a bheith mar thoradh air seo nó díghrádú struchtúrach na gnáthóige i gcás pábháil aolchloiche [*8240] ar chomhchuid ríthábhachtach struchtúr dromchla na gnáthóige den chineál sin gnáthóige. D'fhéadfadh tionchair hidrigeolaíocha a bheith ag tollánú nó ag tochailtí doimhne freisin agus déantar iad sin a phlé i **Roinn 6.3** thíos.

Is é Tollán Leacaigh beartaithe agus na bealaí isteach chuige na t-aon ghnéithe den fhorbairt bheartaithe bóthar a luíonn laistigh nó gar do Láithreán Eorpach (cSAC Loch Coirib) agus tá an fhéidearthacht ann ó thaobh tionchair den chineál seo. Luíonn Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe beartaithe níos mó ná 2.5km ó na láithreáin Eorpacha is gaire agus ní chruthaítear aon riosca ó thaobh tionchair ar struchtúr na buncharraige. Ar aon dul le Tollán Leacaigh, tá an fhéidearthacht ann ó thaobh tionchair hidrigeolaíocha a bhfuil cur síos déanta orthu i **Roinn 6.3** thíos.

***Achoimre***

Beidh tollánú faoi cSAC Loch Coirib agus tochailt gearrthacha doimhne i gceist leis an fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh de nó díreach cóngarach do theorainn cSAC Loch Coirib. Tá an fhéidearthacht anseo go mbeidh caillteanas nó díghrádú

limistéar gnáthóige Leasanna Cáilitheacha Iarscríbhinn 1 in cSAC Loch Coirib a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin agus tionchar dochrach a bheith aige ar shláine an láithreáin Eorpaigh seo a bheith mar thoradh air.

## 6.3 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidrigeolaíocha

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála agus oibríochta na forbartha beartaithe bóthair idirghníomhú le hidrigeolaíocht gabhdóirí tríd an réimeas screamhuisce a bhfuil na gabhdóirí ag brath air a athrú. Pléitear tionchar féideartha díreach nó indíreach na forbartha beartaithe bóthair ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha sa roinn seo.

Is iad seo a leanas na dobharlaigh screamhuisce (GWB) atá á dtrasnú nó atá faoi thionchar ag an fhorbairt bheartaithe bóthair. Taispeántar suíomh na GWBnna seo maidir leis an fhorbairt bheartaithe bóthar agus le láithreáin Eorpacha i **bhFíor 10.1.1** agus i **bhFíor 10.1.2** agus déantar tuilleadh plé orthu thíos:

- GWB an Spidéil
- GWB an Mháma – na Fairche
- GWB Loch an Rois
- GWDTE Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach)[19]
- GWDTE Loch Coirib Eanach 2
- GWB an Chláir – Coirib
- GWB Dhroichead an Chláirín

Is iad na tréithe a chinneann an fhéidearthacht go dtarlóidh tionchar hidrigeolaíoch ar Láithreáin Eorpacha:

- An ghaireacht don láithreán Eorpach (m.sh. an bhfuil an láithreán Eorpach laistigh de chrios tionchair íostarraingthe nó i limistéir a bhféadfadh truailliú a bheith iontu?)
- Leibhéal na nascachta uiscigh idir an láithreán Eorpach agus an fhorbairt bhóthair atá molta (m.sh an bhfuil an ghné sa screamhuisce céanna leis an bhforbairt bóthair atá molta, nó an bhfuil dobhardhroim hiodrálach idir an ghné agus an fhorbairt bhóthair atá molta?)
- Treo sreafa screamhuisce i gcomharsanacht an láithreáin Eorpaigh
- An gá atá le dí-uisciú, atá ag brath ar dhoimhneacht na tochailte (cibé ó thaobh gearradh bóthair nó tolláin) na forbartha beartaithe bóthair maidir le luaineacht shéasúrach sa leibhéal screamhuisce

[19] Mar a thuairiscítear thuas i Roinn 5.2, agus níos mionsonraithe i Roinn 4.2.2 **d'Aguisín A**, roinntear GWDTE Eanaigh Loch Coirib 1 (Mionlach) in dhá dhobharlach screamhuisce ar leith, bunaithe ar thorthaí na n-imscrúduithe hidreolaíochta: GWB Eanaigh Loch Coirib 1 (Mionlach), agus GWB Eanaigh Loch Coirib 1 (Leacach)

- Cáilíocht an uisce sa ghné agus an screamhuisce óna bhfaigheann sí a bunsreabhadh

### 6.3.1 Tionchair Fhéideartha Hidrigeolaíocha i rith Tógála

***Leibhéil an Screamhuisce***

D’fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair a bheith mar chúis le tionchar ar na leibhéil screamhuisce sa chomhshaol glactha mar go mbeidh gá le híslíú a dhéanamh ar leibhéil screamhuisce trí díuisciú uiscíoch na buncharraige le linn tógála laistigh de na tochailtí sin atá níos doimhne ná an luaineacht shéasúrach screamhuisce. Tabharfar faoi dhí-uiscí agus úsáid á bhaint as dí-uisciú éighníomhach (imtharraingt) nuair is indéanta, seachas sin beidh gá le húsáid a bhaint as dí-uisciú gníomhach (pumpáil). Déanfaidh dí-uisciú íslíú ar leibhéil uisce go háitiúil (agus braitheann an méid ar airíonna an uiscígh) a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar screamhuisce trí mhionathrú a dhéanamh ar an méid uisce a iompraíonn conairí na n-uiscíoch.

Chomh maith le himtharraingt, tá leibhéil screamhuisce faoi riosca má thagtar ar chonairí sreafa carstacha. Má tá conairí carstacha ann, tá riosca ann ansin go ndéanfar mionathrú ar an méid den screamhuisce a iompraíonn na conairí sreafa. D’fhéadfadh sé sin tarlú má bhíonn rith chun srutha breise ón fhorbairt bheartaithe bóthar ag dul isteach sna conairí nó má bhíonn dobharchreimeadh breise dríodair feadh na gconairí. D’fhéadfaí mionathrú a dhéanamh ar na conairí freisin ó choincréit a bhíonn á doirteadh ag struchtúir agus a théann isteach san uiscíoch a d’fhéadfadh conairí sreafa chuig gabhdóirí a shrianadh.

Tá leas bainte as líon ceanglais sa dearadh ar mhaithe leis an réimeas hidrigeolaíoch a chosaint, áirítear orthu sin:

- Ní tharlóidh aon dí-uisciú le linn na tógála ag Tarbhealach Mhionlaigh nó ag Tollán Leacaigh (nó ar na bealaí isteach chucu). Chomh maith leis sin, tabharfaidh sraith na tógála luaineacht shéasúrach screamhuisce san áireamh. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá le doimhneacht na n-oibreacha le linn airde screamhuisce sa gheimhreadh a shrianadh sa chaoi is nach mbeidh gá le dí-uisciú
- Baileofar aon screamhuisce idircheaptha agus déanfar é a phíobú chuig an ngabhdóir screamhuisce a mbeadh sé á dhraenáil chuige go nádúrtha laistigh de Bhatailit Eibhir na Gaillimhe (m.sh. an chuid thiar den fhorbairt bheartaithe bóthair idir Timpeallán Thiar Bhearna agus an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn) nó, san uiscíoch Neamhdhifreáilte Aolchloiche Viséiche (m.sh. soir ón N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn), déanfar screamhuisce idircheaptha a rialú agus a ionsíothlú ar ais chuig an dobharlach screamhuisce céanna
- D’fhéadfadh sé go mbeadh gá le dí-uisciú tógála ar bhonn séasúrach sa ghearradh aolchloiche idir an Caisleán Gearr agus an N83 Bóthar Thuama (Ch. 13+050 go Ch. 13+650) le linn buaicleibhéil screamhuisce. Déanfar aon screamhuisce idircheaptha a scaoileadh ar ais chuig an GWB céanna

***Truailliú Screamhuisce***

Tá riosca ann ó thaobh truailliú screamhuisce le linn tógála ó dhoirteadh trí thimpiste ar an suíomh chomh maith le mínbhrus a bheith á iompar le linn stoirme agus á athlíonadh chun talún. Tá riosca ard ag baint le doirteadh agus le rith chun srutha sa chás go mbíonn conairí neamhcharstacha ann. Má tá carstach ann, ansin is féidir le truailleáin taisteal go tapa ar feadh achar fada, gan maolú ná caolú a tharlódh i gconairí neamhcharstacha (ar nós briseadh nó sreabhadh maitríse). Ar an gcaoi chéanna, má tá conairí carstacha ann, ansin tá riosca ann go rachaidh coincréit doirte isteach san uiscíoch, a d'fhéadfadh éilliú a dhéanamh ar na conairí sreafa chuig gabhdóirí.

I dtéarmaí ceanglais deartha, do GWB Loch an Rois, Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach), GWB Eanach Loch Coirib 2, GWB an Chláir- an Coirib, déanfar an rith chun srutha ón tógáil a bhainistiú ar an suíomh, baileofar é agus déanfar é a chóireáil roimh dhiúscairt trí imchuacha insíothlúcháin

***Athlíonadh screamhuisce***

Ciallóidh tabhairt chun siúil fásra le linn tógála go dtiocfaidh ardú ar chainníocht titim báistí éifeachtach. Go ginearálta, san áit a bhfaightear réidh le fásra ansin tagann ardú ar an rith chun srutha seachas ar an athlíonadh, mar go n-athraíonn an titim báistí is éifeachtaí go sreabhadh de dhroim talún chuig screamhuisce. Méadóidh cainníocht na báistí iarbhír i gcás bhaint an fhásra le linn na tógála. De ghnáth, nuair a bhaintear fásra is é go méadaíonn an rith chun srutha seachas athlíonadh, mar aistríonn an chuid is mó den bháisteach iarbhír agus sruthaíonn sé ar dhromchla na talún. Má bhíonn carstach ansin, d'fhéadfadh an sruth uisce draenáil go tapa go talamh ag pointí suíomhanna athlíonta nuair a bhuaileann sé le conair srutha.

Déanfar bainistiú ar an screamhuisce idircheaptha go léir le linn tógála agus déanfar é a scaoileadh laistigh den GWB céanna. Fanfaidh an screamhuisce idircheaptha le linn tógála laistigh den dobharcheantar uisce dromchla, an áit a mbeidh siad glactha ó thús. Ní thiocfaidh athrú ar an ráta athlíonta i mBatailit Eibhir na Gaillimhe. Meastar go mbeidh ardú beag ar an ráta athlíonta (idir 0.1m agus 0.4m) san uiscíoch Neamhdhifreáilte Aolchloiche Viséiche faoi lorg na forbartha beartaithe bóthair.

***Caillteanas limistéar uiscíoch***

Beidh tionchar do-bhraite ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar uiscíoch Batailit Eibhir na Gaillimhe nó ar uiscíoch Neamhdhifreáilte Aolchloiche Viséiche ó chailliúint limistéar uiscíoch mar gur fíor-bheagán a bheidh á chailliúint sa dá chás (déan tagairt d'Foscríbhinn A). Níl aon tionchair fadtéarmacha ag caillteanas limistéar uiscíoch ar aon ghnáthóga ar láithreáin Eorpacha atá ag brath ar screamhuisce.

### 6.3.2 Tionchair Fhéideartha Hidrigeolaíocha i rith Oibríochta

***Leibhéil agus athlíonadh screamhuisce***

Ní bheidh aon dí-uisciú gníomhach riachtanach le linn na céime oibríochta ach beidh dí-uisciú éighníomhach ag tarlú d’uiscíoch na buncharraige ag roinnt suímh ghearrtha agus beidh leibhéil screamhuisce ag socrú go háitiúil mar thoradh ar an draenáil a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair.

Déanfar screamhuisce idircheaptha go léir na forbartha beartaithe bóthar a scaoileadh chuig an GWB céanna, ag déanamh cothabhála ar an tslí sin ar an ráta athlíonta foriomlán chuig uiscigh agus beidh tionchar do-bhraite ar leibhéal screamhuisce mar thoradh air sin.

Beidh arduithe go háitiúil sa tábla screamhuisce mar thoradh ar scaoileadh ón bpointe scaoilte chuig screamhuisce ó imchuacha insíothlúcháin. Ní bheidh aon ghlanathrú, áfach, ar leibhéil screamhuisce nó ar an ráta athlíonta ag eascairt as sin.

***Truailliú screamhuisce***

Déanann dearadh na draenála, lena n-áirítear dearadh imchuacha insíothlúcháin íoslaghdú ar an riosca truaillithe ó thaobh tionchar ar cháilíocht screamhuisce le linn oibríochta. Tá an riosca ó thaobh an doirte íseal (<0.5%) agus is ar bhonn sealadach a bheidh aon tionchair a tharlaíonn trí thimpiste.

Tá na himchuacha insíothlúcháin go léir deartha leis na gnéithe seo a leanas a thógáil san áireamh mar dhearadh caighdeánach: limistéar coimeádta, idircheapóir hidreacarbóin agus comhchuid cóireála bogaigh.

Déanfaidh insíothlúchán chun talún idirleathadh air agus cuirfidh conairí mala ar fáil chuig an maoschlár screamhuisce a chuirfidh socrúchán mínbhruis chun cinn go nádúrtha. Déanfar caolú suntasach sa screamhuisce ar aon truailleáin a théann isteach sa chóras sin agus déanfar roinnt maolaithe ar aon mínbhruis atá ann freisin.

Tá an scraith uachtair ar fud an limistéir staidéir comhdhéanta de thill oighreach atá díorthaithe as an mbuncharraig forluiteach. Tagann athrú ar an mbuncharraig ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn, an N59, ó chloch eibhir (ar an taobh thiar) go buncharraig aolchloiche (ar an taobh thoir) ag a bhfuil comhchodanna difriúla ceimiceacha. Má chuirtear ábhar atá díorthaithe as aolchloch os cionn buncharraig eibhir, ansin d’fhéadfadh tionchar a bheidh ag rith chun srutha uisce dromchla nó ag gluaiseachtaí screamhuisce tríd an ábhar ar limistéir áitiúla de ghnáthóga portaigh trí athrú a chur ar an pH sa screamhuisce áitiúil. Cé go bhféadfadh sé nach mbeifí in ann méid an chineáil sin tionchar ar pHis screamhuisce a bhrath. Mar gheall ar nádúr ceimiceach támh cloch eibhir, má iompraítear é agus má bhaintear úsáid as mar chlaífoirt ar aolchloch ansin ní bheidh aon údar imní ann ó thaobh cáilíocht uisce i dtéarmaí hidrigeolaíochta.

***Achoimre***

D’fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar a bheith aici ar an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana a thacaíonn le gnáthóga laistigh d’aon láithreán Eorpach (nó láithreáin ex-situ éan a d’fhéadfadh a bheith ann) laistigh den Chrios Tionchair hidrigeolaíoch (ZoI).

Ní bheidh aon éifeacht inbhraite ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar uiscigh nó ar dhobharlaigh screamhuisce trí rátaí athlíonta atá ag athrú nó caillteanas toirt uiscíoch. D'fhéadfadh éifeachtaí screamhuisce a theacht chun cinn trí imtharraingt agus/nó tionchair ar cháilíocht screamhuisce le linn tógála agus/nó oibríochta – D'fhéadfadh cailliúint, nó díghrádú limistéar gnáthóige a thacaíonn le Leasanna Cáilitheacha/SCI-anna láithreán Eorpacha lena mbaineann a bheith mar thoradh ar seo, a bhfuil sé de chumas aige a dhul i gcion ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin agus a bheith mar thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha seo.

## 6.4 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidreolaíocha

Tá dhá chatagóir leathana de thionchar cainníochtúil agus de thionchar cáilíochtúil ag baint le cineálacha tionchair hidreolaíoch.

Léiríonn tionchar hidreolaíoch cainníochtúil athruithe ar réimeas sreafa nádúrtha sa chóras uisceach i dtéarmaí athruithe ar dhoimhneacht sreafa, luasanna, teocht, dlús agus cothromaíocht uisce a chruthaíonn athruithe ar hidridinimic an chórais uiscigh. Eascraíonn na hathruithe sin as cúngach díreach ar dhobharlach nó as an athlíonadh go dobharlach go ginearálta a athrú mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair agus a chóras draenála bóthair lena mbaineann laistigh den dobharcheantar.

Bíonn drochthionchar ag struchtúir hiodrálacha ar nós droichead, lintéar, athchúrsálacha cainéil agus sruthanna éalaithe, mar ndeartar go cuí iad, ar leibhéil uisce thuas agus thíos an abhainn agus ar luasanna sreafa. Má tá droichead nó oscailt lintéir róchúng nó má tá cainéal athchúrsála róbheag, d'fhéadfaí cur isteach ar an sreabhadh i rith tuilte agus dá bhrí sin d'ardódh leibhéil uisce thuas an abhainn ón struchtúr níos airde ná mar a tharlódh mura mbeadh an struchtúr ann. Má tá struchtúir lintéir san abhainn agus athchúrsálacha cainéil agus aistrithe lena mbaineann róleathan nó róghéar d'fhéadfaí dul i bhfeidhm go suntasach ar réimeas meánsreafa agus ísealsreafa an tsrutháin i dtéarmaí athruithe ar luas agus doimhneacht an uisce, agus d'fhéadfadh luasanna ísle agus doimhneacht íseal uisce eascairt as sin a d'fhéadfadh an dríodareolaíocht áitiúil agus réimeas sreafa a athrú a mbeadh tionchair bheantacha agus tionchair fhéideartha ar iascach mar thoradh air.

Is féidir le láithreacha pábháilte crua agus athruithe áitiúla ar an topagrafaíocht mar gheall ar fhoirmiú na forbartha beartaithe bóthair an réimeas athlíonta screamhuisce agus uisce dromchla a athrú. Is féidir le lorg na forbartha beartaithe bóthair agus a córas draenála lena mbaineann rith chun srutha dromchla, idirshreabhadh ithreach neamhsháithithe agus sreafaí screamhuisce a ghabháil ón ngrádán suas agus iad a athchúrsáil go pointí doirte uisce dromchla agus screamhuisce. D'fhéadfadh draenáil uisce dromchla ón gcarrbhealach, ó chiumhaiseanna féir agus ó fhánaí claífoirt sreafaí agus tuilte méadaithe sna sruthchúrsaí áitiúla ghlactha a chruthú. Is féidir leis an bhfoirmíocht bóthair gníomhú mar dhraein mhór chloiche as a d'eascródh athchúrsáil sreafaí athlíonta agus mar gheall ar ghearrthacha doimhne sa mhaoschlár éifeacht díuiscithe ar an gcóras screamhuisce a imríonn tionchar ar na córais uisce dromchla agus screamhuisce araon.

Mar gheall ar ghníomhaíochtaí tógála ar nós cúngach sealadach sruthchúrsaí chun críche tógála droichid, lintéir, srutha éalaithe, bóthar rochtana sealadach agus malairt slí shealadach d'fhéadfadh athruithe ar an réimeas sreafa áitiúil tarlú a d'fhéadfadh luasanna agus doimhneacht a athrú agus d'fhéadfadh athruithe ar réimeas sreafa hidreolaíoch agus athruithe ar mhoirfeolaíocht cainéil (silleagan agus creimeadh cainéil) eascairt as sin.

Léiríonn tionchair hidreolaíocha cháilíochtúla athruithe ar cheimic na ndobharlach glactha a eascraíonn go ginearálta as doirteadh draenála bóthair. Áirítear ar na tionchair ar cháilíocht an uisce ag sruthchúrsaí glactha ag sruthanna éalaithe stoirme ó ghnáthrith chun srutha bóthair (go hiondúil éilleáin a bhaineann le dríodar, trommhiotail, hidreacarbón agus solaid ar fuaidreamh, oibreáin díoighrithe [salann agus grean] agus cothaithigh, orgánaigh agus colaíocha ach ní oiread céanna). Táthar ar an eolas faoi réimse leathan trommhiotal a bhíonn in uiscí draenála bóthair; is iad na príomhmhiotail a mbítear imníoch fúthu Caidmiam (Cd), Luaidhe (Pb), Umha (Cu) agus Sinc (ZU). Mar gheall ar shalann agus grean a chur ar dhromchlaí bóthair chun oighear a mhaolú, méadóidh salandacht, pH, seoltacht agus tiúchan solad tuaslagtha go hiomlán i gcóras uisceach glactha. Má mhéadaíonn salandacht sruthchúrsa, d'fhéadfaí cothromaíocht éiceolaíochta an chórais uiscigh a athrú agus bithinfhaighteacht éilleán ceimiceach a mhéadú.

Soláthraíonn an draenáil bóthair bheartaithe agus na sruthanna éalaithe stoirme lena mbaineann conair fhéideartha dhíreach trína bhféadfadh éilleáin ó dhoirteadh trí thimpiste a bhaineann le HGVanna (talmhaíocht, doirteadh ola/ceimiceán, bulcleacht, stroighin, etc.) dul isteach i sruthchúrsaí glactha.

### 6.4.1 Tionchair Fhéideartha Hidreolaíocha i rith Tógála

Tá riosca suntasach ag baint le gníomhaíochtaí tógála do shruthchúrsaí, go háirithe rith chun srutha uisce dromchla éilithe ó ghníomhaíochtaí tógála ag dul isteach i sruthchúrsaí in aice láimhe. Féadfaidh gníomhaíochtaí tógála in uiscí dromchla, nó in aice le huiscí dromchla, a bhaineann le droichead agus lintéar a thógáil, sruthanna éalaithe agus athchúrsálacha cainéil cur le meath cháilíocht an uisce agus féadfaidh siad grinneall an tsrutháin/na habhann agus moirfeolaíocht bruaigh a athrú go fisiciúil leis an bhféidearthacht go nathrófaí ráta creimthe agus silleagain go háitiúil agus thíos an abhainn. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí i gcainéil sruthchúrsa nó gar dóibh d'fhéadfadh moirtiúlacht méadú trí athfhuaidreamh dríodair grinnill agus scaoileadh dríodar nua ó chréfoirt. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh oibreacha san abhainn léiriú a thabhairt ar suaitheadh tromchúiseach na héiceolaíochta uiscí.

Áirítear leis na príomhéilleáin a eascraíonn as rith chun srutha tógála:

- Ualú méadaithe siolta/dríodair i rith chun srutha láithreán tógála. Féadfaidh ualú méadaithe siolta damáiste fadtéarmach a dhéanamh d'éiceachórais uisceacha trí láithreach sceathraí agus leapacha gairbhéil a phlúchadh agus geolbhaigh éisc a chalcadh. Cuireann ualú méadaithe siolta i sruthchúrsaí glactha srian ar fhás plandaí uisceacha, srian ar chumas ocsaigine tuaslagtha agus tríd is tríd laghdaíonn sé an cháilíocht éiceolaíochta; baineann an tréimhse is tábhachtaí le sreabhadh íseal. Féadfaidh éilleáin cheimiceacha sa sruthchúrsa nascadh le siolta a d'fhéadfadh bithinfhaighteacht na néilleán sin a mhéadú

- Doirteadh stroighne, leachtmhoirtéil agus táirgí eile bunaithe ar stroighin. Bíonn na táirgí bunaithe ar stroighin sin analcaileach (scaoileann siad siolta mín atá analcaileach) agus bíonn siad anchreimneach agus d'fhéadfaidís tionchar mór a imirt ar shruthchúrsaí, ag athrú an pH, ag plúchadh ghrinneall an tsrutháin agus ag déanamh damáiste fisiciúil d'éisc trí dhó agus trí shiolta mín ag calcadh na ngeolbhach
- Doireadh hidreacarbón trí thimpiste ó ghléasra tógála agus ag iosta stórála/compúin tógála
- Éilliú faecach ag eascairt as cóiriúil neamhdhóthanach leithreas agus saoráidí níocháin ar an láithreán

***Réimeas Hidreolaíoch***

Toisc gur struchtúr aonréiseach é Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe agus nach dteastaíonn aon oibreacha san abhainn chun na piaraí tacaíochta a thógáil, ní rachaidh oibreacha tógála i bhfeidhm ar shreabhadh ná ar réimeas tuilte Abhainn na Gaillimhe.

Is ar bhonn sealadach a bheadh aon éifeachtaí ar réimeas hidreolaíoch aon cheann de na sruthchúrsaí atá ag draenáil isteach i gCuan na Gaillimhe (Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna agus a fho-aibhneacha, Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Cnoc na Cathrach) agus ní bheadh aon éifeachtaí hidreolaíocha fadtéarmacha acu ar an gcomhshaol glactha síos le sruth i gCoimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe nó ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

***Cáilíocht Uisce Dromchla***

Tá an fhéidearthacht ag aon rith chun srutha uisce dromchla atá éillithe agus/nó ag eachtra a bhaineann le doirteadh nó le truailliú a théann isteach in aon sruthchúrsa a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, tionchar suntasach diúltach a bheith acu ar cháilíocht uisce agus tionchar a bheith acu síos le sruth ina dhiaidh sin i gCuan na Gaillimhe. Is féidir le héifeachtaí imeachtaí truaillithe minice agus/nó fada i gcóras abhann a bheith fairsing agus forleathan, agus d'fhéadfadh go mbainfeadh éifeachtaí fadtéarmacha suntasacha leo. Sa chás is measa, le himeacht truaillithe a bheadh dona go leor, d'fhéadfaí speicis uisceacha a mharú. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag tionchair cháilíochta uisce ar speicis fionnuisce sa chomhshaol glactha, aon ghnáthóga bogaigh síos le sruth atá ceangailte le sruthchúrsaí glactha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an inbhear, ar an gcósta agus ar an gcomhshaol glactha.

***Tionchair Fhéideartha Hidreolaíocha i rith Oibríochta***

Faoi mar a pléadh i **Roinn 2.4** tá 16 sruth éalaithe príomhlíne uisce dromchla beartaithe atá ag sceitheadh go díreach isteach i sruthchúrsaí uisce dromchla, atá suite go príomha sa chuid thiar den limistéar staidéir (thar an gcuid thiar den phríomhlíne atá 10.15km de 17.5km ar fhad don fhorbairt bheartaithe bóthair). Scaoilfear an 7.35km eile, soir ó Abhainn na Gaillimhe chuig córais phoiblí uisce dromchla nó córais phoiblí uisce stoirme nó séarach bréan in easnamh gnéithe draenála uisce dromchla. Scaoilfear uisce dromchla ó Bhóthar Áth Cinn N84 ailínithe agus do sliosbhóithre don Acomhal ag Bóthar Áth Cinn N84 chuig díog

beag a shníonn isteach i Loch Bhaile an Dúlaigh. Beidh dhá chuid ghearra den tollán sa chuid thoir ag scaoileadh isteach sa séarach bréan poiblí trína phumpáil.

***Réimeas Hidreolaíoch***

D’fhéadfadh na sruthanna éalaithe draenála beartaithe dul i bhfeidhm ar réimeas ginearálta sreafa agus moirfeolaíochta an tsruthchúrsa ghlactha i rith na hoibríochta trí líon agus rátha an reatha chun srutha a mhéadú i rith stoirmeacha. Áiríonn an dearadh soláthar do linnte tanúcháin agus rialú sreafa, áfach, leis an scaoileadh ón sruth éalaithe a shrianadh go dtí ráta reatha chun srutha tuilte láithreán úrnua atá níos nádúrtha, ag seachaint tionchair shuntasacha ar an mbealach sin ar mhoirfeolaíocht cainéil agus ar an réimeas sreafa.

D’fhéadfadh struchtúir nua ar shruthchúrsaí éifeacht a bheith acu ar an réimeas tuilte atá ann cheana féin san abhainn nó sa sruthán lena mbaineann. Táispeántar sna hiarratais Roinn 50 an OPW go bhfuil na lintéir go léir atá curtha ar fáil ar mhéid leordhóthanach le haon tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann ó thuilte a sheachaint faoi staitisticí an lá atá inniu ann agus sna coinníollacha athrú aeráide sa ghearr go meántéarma.

Is é Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe an t-aon mhórstruchtúr maidir le droichead sruthchúrsa. Bíonn tionchar mór ag coinníollacha comhthimpeallacha sreafa agus tuilte san abhainn ar mhoirfeolaíocht Abhainn na Gaillimhe, a rialaítear trí Dhroichead na mBradán i gCathair na Gaillimhe i gcás Abhainn na Gaillimhe. Eascraíonn an méadú féideartha ar shreabhadh chuig an abhainn ó láthair neamhthréscaoilteach níos mó in aice le láthair chosán an bhóthair, soláthar draenáil bóthair agus claífoirt le conair dhíreach trí chóras draenála bóthair chuig an sruthchúrsa glactha agus teacht féideartha screamhuisce agus uiscí draenála a athchúrsáil nach sroichfeadh an pointe srutha éalaithe murach sin. Laghdaíonn na láithreacha faoi phábháil chrua agus an córas draenála bóthair an tréimhse tiúchain don bháisteach le dul chuig an sruth éalaithe agus dá bhrí sin méadaítear ráta an reatha chun srutha thar an bhail nádúrtha i láithreán úrnua.

I dtéarmaí an réimis tuilte, tugadh faoi mheasúnú mionsonraithe hiodrálach ar Abhainn na Gaillimhe agus struchtúr an droichid beartaithe mar chuid den iarratas le haghaidh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe de bhun Roinn 50 den Acht Siltin Airtéirigh, 1945 (arna leasú). Bhain an measúnú sin le samhail hiodrálach mhionsonraithe dhéthoiseach a fhorbairt de réimse Abhainn na Gaillimhe ó Mhionlach go Baráiste Dhroichead na mBradán agus áiríodh ann cainéal Oileán Shiúrdáin agus Lochanna Chúil Each chun leibhéil tuilte a thuar agus chun tástáil a dhéanamh ar chumraíochtaí éagsúla droichid mar chuid den dearadh agus de staidéir roghanna don droichead.

Sholáthair samhaltú ar shreafaí tuilte na tréimhse athfhillte le háireamh earráid staitistiúla leibhéil tuilte ag láithreán an droichid bheartaithe agus léiríonn na leibhéil thuartha tuilte sin go soiléir nach nimreoidh struchtúr an droichid beartaithe aon tionchar inbhraite ar leibhéil uisce agus ar an réimeas sreafa thuas ná thíos an abhainn; chomh maith leis sin níl aon shaincheisteanna riosca tuilte don fhorbairt bheartaithe bóthair le deic an droichid bheartaithe agus an córas draenála stoirme ardaithe a dhóthain os cionn leibhéil tuilte as cuimse.

Ní léiríonn anailís hiodrálach aon tionchar inbhraite ar leibhéil tuilte ag an imeacht tuilte dearaidh, arb é an 100 bliain é le lamháltas athraithe aeráide de 20%. Is é an leibhéal tuilte tuartha do bhail tuilte an dearaidh seo (100 bliain + athrú aeráide) ná 7.59m OD. Ag leibhéal tuilte dá leithéid, beidh piaraí an dá bhruach díreach taobh amuigh den cheantar riosca tuilte. Ag an leibhéal tuilte measta 1000 bliain de 7.67m OD a bhainfeadh le sreabhadh tuilte buaicphointe de 648 méadar ciúbach in aghaidh an tsoicind, bheadh na piaraí droichid beartaithe fós taobh amuigh den láthair tuilemhá sa chrios tuilte (féach Fíor 8 i **bhFoscríbhinn B**) agus, dá bhrí sin, ní tharlódh cúngach ar an láthair tuilemhá ag trasnú an droichid. Léirítear freisin go bhfanann cáilíocht an uisce/locháin maolúcháin taobh amuigh de chriosanna riosca tuilte.

Chun aon riosca féideartha sciúrtha a bhaineann le struchtúr an droichid a thógáil a sheachaint, leagfar na teannta siar fada go leor ó chiumhais bhruach an chainéil agus leagfar na bunsraitheanna go domhain. Cosnóidh sé sin cainéal na habhann ó athruithe ar mhoirfeolaíocht trína rachadh an cainéal le himeacht ama i dtreo ceann de na teannta go nádúrtha. Ach is beag féidearthacht atá ann go dtarlóidh creimeadh bruaigh ag suíomh trasnaithe beartaithe Abhainn na Gaillimhe toisc go bhfuil cainéal na habhann díreach, rialta agus gearrtha i mbuncharraig.

***Cáilíocht Uisce Dromchla***

Faoi mar a pléadh i **Roinn 2.5.7.1** tá trí líonra draenála a dhoirteann go díreach isteach i cSAC Loch Coirib, eadhon S15, a dhéanann draenáil ar Nascbhóthar Thuaidh molta an N59 agus bealaigh sceite chuig díog dhraenála atá ann cheana féin is a sceitheann faoi dheireadh isteach in Abhainn na Gaillimhe (atá ina cuid de cSAC Loch Coirib agus de SPA Loch Coirib ag an ionad sin) S18A agus S18B a sceitheann go díreach isteach in Abhainn na Gaillimhe. Lena chois sin tá dhá líonra draenála bóthair (S14A agus S14B) a sceitheann go hindíreach isteach in Abhainn na Gaillimhe trí shruthán atá ann a ritheann ar thaobh thiar d’eastáit chónaithe Achadh an Churraigh. Silfidh an t-uisce ó pháirceanna imeartha molta OÉG go hindíreach freisin isteach i cSAC Loch Coirib trí shruthán[20] atá ann cheana féin is a ritheann ar an taobh theas de na páirceanna imeartha atá ann cheana.

Beidh na sruthanna éalaithe go léir ó Shruthán Bhearna agus ó Shruthán Chnoc na Cathrach ag doirteadh isteach ar deireadh thiar i gCuan na Gaillimhe laistigh de Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá na dobharlaigh uisce dromchla eile áit a bhfuil an sruth éalaithe draenála bóthair (Sruthán na Líbeirtí agus Sruthán Throscaí), ag doirteadh isteach i gCuan na Gaillimhe freisin ach ón taobh thiar de Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Léirítear i **bhFíoracha 2.1** go **2.15** an líonra draenála agus na pointí doirte ar fud na forbartha beartaithe bóthair, lena n-áirítear iad siúd i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe.Tá an fhéidearthacht ann go rachaidh na sruthanna éalaithe sin i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sna sruthchúrsaí glactha ó ghnáthéilleáin a bhíonn in uiscí draenála bóthair agus freisin mar gheall ar éilliú féideartha a d’eascródh as doirteadh mór leachta mar gheall ar thimpiste ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

[20] Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cuid den sruth seo ag rith trí gháitéar trí Ard na Locha agus go dtugtar séarach air i **bhFíor 2.6**

Déanfar cóireáil cháilíocht an uisce le haghaidh an chéad sruthlaithe ar gach doirteadh ó shruth éalaithe draenála bóthair i gcóras bogaigh agus locháin agus cuirfear idircheapóir ola agus peitril orthu chun hidreacarbóin a ghabháil.

Rinneadh measúnú ar an tionchar féideartha ag sruthanna éalaithe ar leith agus ag ualú carnach ó na cúig shruth éalaithe dromchla ar cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe ag úsáid samhaltú déthoiseach hidridinimice agus scaipthe iompair agus ag úsáid an phacáiste TII HAWRAT. Léirítear go soiléir sna torthaí ón measúnú sin (Roinn 4.2.2 **d'Fhoscríbhinn B**) go gcaolóidh sreabhadh Abhainn na Gaillimhe an gnáthdhoirteadh beartaithe agus imeachtaí an chéad sruthlaithe a ndóthain, fiú nuair atá an sreabhadh íseal, ionas nach mbeidh aon tionchar inbhraite ar cháilíocht an uisce go háitiúil ná síos an abhainn. Léirítear sa mheasúnú gur beart tábhachtach é cóireáil cháilíocht an uisce le haghaidh imeacht an chéad sruthlaithe trí choinneáil agus scaoileadh mall thar imeacht 24 uair an chloig toisc go laghdaíonn sé tionchar áitiúil gar do phointe an tsrutha éalaithe ionas nach sáróidh an tiúchan tuartha de throm-mhiotail agus dríodar ar fuaidreamh aon leibhéal tairisí comhshaoil agus go gcomhlíonfar na rialacháin maidir le huisce dromchla go héasca.

Chun measúnú a dhéanamh ar thionchair áitiúla dhoirteadh na sruthanna éalaithe draenála in Abhainn na Gaillimhe tar éis na cóireála, ritheadh an tsamhail hidridinimice dhéthoiseach d'Abhainn na Gaillimhe a forbraíodh chun measúnú a dhéanamh ar thrasnú an droichid abhann bheartaithe ar imeachtaí an chéad sruthlaithe de thitim báistí 15 mm ar an láthair faoi phábháil chrua ag doirteadh ag na sruthanna éalaithe éagsúla ar Abhainn na Gaillimhe (féach Roinn 4.2.3 **d'Fhoscríbhinn B**). Téann an cleitín le sreabhadh na habhann síos i dtreo Chathair na Gaillimhe agus dá bhrí sin sriantar an tréimhse nochta do thréimhse doirte de thart ar 12 uair an chloig. Léiríonn na huastiúchan tuartha ar fud an fhearainn samhla go bhfanann an cleitín in aice leis an mbruach is gaire sách fada síos an abhainn sula meascann sé go hiomlán trasna chainéal na habhann agus go mbíonn tionchar dobhraite aige ar cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe (Fíoracha 1 go 6 **d'Fhoscríbhinn B**).

Tá maolánú suntasach idir an fhorbairt bheartaithe bóthar agus Coimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a dhéanann íoslaghdú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sruth éalaithe truaillithe ar na láithreáin seo. Faigheann scála foriomlán Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus an sruthlú mór a dhéanann uiscí taoide le linn an earraigh agus ardtaoidí mallmhara réidh le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar an gcáilíocht uisce Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Meastar go gcruthóidh an fhorbairt bheartaithe bóthair (a bhainfidh trácht ó bhóithre reatha) tairbhe éigin do cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha toisc nach bhfuil córais draenála uirbí inbhuanaithe ag formhór an ghréasáin reatha bóithre chun uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint.

Breithníodh an riosca truaillithe d'uisce dromchla agus screamhuisce mar gheall ar dhoirteadh trí thimpiste. Bíonn tionchar ag an gcineál carrbhealaigh, fad an bhóthair, líon an tráchta, agus comhréir agus cineál feithiclí earraí troma (HGVanna) ar an riosca. Tugadh faoi mheasúnú ar riosca doirte na forbartha

beartaithe bóthair de réir Fhoilseacháin TII DN-DNG-03065 (HD45/15) (NRA Design Manual for Roads and Bridges DMRB roimhe seo) – a chuirtear i láthair i dTábla 4 agus 5 d'**Fhoscríbhinn B**. Léirítear sa mheasúnú ar dhoirteadh go mbeidh riosca aníseal ag an bhforbairt bheartaithe bóthair le haghaidh sruthanna éalaithe ar leith nó sruthanna éalaithe grúpáilte sa dobharcheantar. Tá an dóchúlacht fhoriomlán i gcoitinne go rachaidh doirteadh tromchúiseach ó HGV isteach i sruthchúrsa ón bhforbairt bheartaithe bóthair íseal ag 0.09%. Tugadh faoi mheasúnú cosúil leis sin le haghaidh na sruthanna éalaithe beartaithe go screamhuisce trí imchuach insíothlúcháin agus cuirtear sin i láthair i dTábla 5 d'**Fhoscríbhinn B** agus léirítear dóchúlacht aníseal ansin freisin.

D'ainneoin an riosca doirte an-íseal, i gcás na forbartha beartaithe bóthair seo beidh saoráidí rialaithe truaillithe ag gach sruth éalaithe stoirme. Rachaidh gach sruth éalaithe trí locháin mhóra choinneála go ginearálta, a mbeidh loc-chomhla nó bacainn dá leithéid ar an sruth éalaithe go dtí an cainéal glactha. I gcás doirteadh tromchúiseach, is féidir na rialuithe sin a chur in airde chun sruth éalaithe na n-éilleán a bhlocáil a chruthóidh am don ghlantachán.

***Achoimre***

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha le linn tógála. Tá an fhéidearthacht aige seo tionchar a bheith ar ghnáthóga agus ar Leasanna Cáilitheacha speicis uisceacha, inbhearacha agus mara atá síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair in cSAC Loch Coirib agus Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe, ar ghnáthóga agus ar speiceas éan SCI atá síos le sruth in SPA Loch Coirib agus ina SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus ar ghnáthóga bogaigh ag láithreáin féideartha "ex-situ" áit a bhfuil taifeadadh déanta ar speiceas éan SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. D'fhéadfadh díghrádú gnáthóga Leasanna Cáilitheacha/SCI agus ceantar gnáthóige a thacaíonn le speicis Leasanna Cáilitheacha/SCI na láithreán Eorpach seo, a bheith mar thoradh ar seo, a bhfuil an fhéidearthacht ann ó thaobh éifeacht ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin agus tionchar dochrach a bheith ar shláine na láithreán Eorpach seo.

## 6.5 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Cháilíochta Aeir

Féadfaidh astuithe ó sceithphíopaí cairr, agus deascadh ábhair cháithnínigh agus trommhiotal a chruthaíonn caitheamh innill, coscáin agus boinn, cur le deascadh méadaithe truailleán ar nós ocsaídí de nítrigin ($NO_x$, $NO_s$), comhdhúil shoghalaithe orgánach (VOCanna), ábhar cáithníneach (PM), trommhiotal (HM) agus amóinia ($NH_4$) i ngar do charrbhealach. Féadfaidh sé sin dul i bhfeidhm ar na héiceachórais agus fásra atá ann, ar rátaí fáis plandaí agus ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speiceas. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag astaíochtaí deannaigh, in imthosca eisceachtúla, ar ghnáthóga cóngaracha (a d'fhéadfadh gnáthóga atá íogair nó speiceas plandaí a phlúchadh le deannach)

Leagtar amach an tuiscint reatha ar na tionchair a imríonn bóithre ar cháilíocht an aeir agus a nidirghníomhú/éifeachtaí ar éiceolaíocht sa treoircháipéis ó TII *Guidelines for the Treatment of Air Quality During the Planning and Construction*

*of National Road Schemes* (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011) agus dhá thuarascáil ón Ríocht Aontaithe: *The Ecological Effects of Diffuse Air Pollution from Road Transport* (Bignal et al., 2004) agus *The Ecological Effects of Air Pollution from Road Transport: An Updated Review* (Natural England, 2016). Go ginearálta, tá éifeachtaí ó thaobh truailliú aer ar fhásra agus ar ghnáthóga níos airde laistigh de 50-100m den charrbhealach ach d'fhéadfadh na héifeachtaí a bheith le brath suas le 200m ón fhorbairt. Is é an t-aon láithreán Eorpach sa chomharsanacht a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar ná cSAC Loch Coirib.

***Achoimre***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthar éifeacht a bheith aici ar fhásra agus ar ghnáthóga in cSAC Loch Coirib trí thionchar ar cháilíocht aeir le linn tógála agus/nó oibríochta ag a bhfuil an fhéidearthacht le héifeacht a bheith acu ar chuspóirí caomhnaithe agus tionchar dochrach a dhéanamh do shláine an láithreáin Eorpaigh seo.

## 6.6 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Scáthaithe

D'fhéadfadh éifeachtaí scáthaithe a bheith ag struchtúir ardaithe, ag codanna de chlaífort ard nó ag ballaí arda coinneála ar ghnáthóga atá thíos faoi na struchtúir nó cóngarach do na gnéithe sin. Eascraíonn éifeachtaí do chomhdhéanamh fásra agus do struchtúir atá faoi thionchar mar gheall ar laghdú ar sholas na gréine agus nó deascadh díreach a chuireann isteach ar fhás plandaí agus ar chomhdhéanamh speiceas/flúirse. Ní féidir le tionchair scáthaithe ar fhásra éifeacht a bheith acu ach amháin ar limistéir ghnáthóige faoi nó gar don fhorbairt bheartaithe bóthair.

Maidir le Droichead Abhann na Gaillimhe agus an claífort ardaithe ar an mbealach chuige ón taobh thoir (Ch. 9+250 – Ch. 9+600) agus an chuid den chlaífort, struchtúr coinneála agus droichead thar Bhóthar Nua (Ch. 9+850 – Ch. 10+150 beidh siad laistigh de cSAC Loch Coirib nó cóngarach dó agus is é sin an t-aon láthair Eorpach atá i mbaol scáthaithe. Cé go dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí cSAC Loch Coirib nó taobh leis idir Ch. 10+600 agus Ch. 11+800, ní bheidh tionchar scáthaithe ar an láthair sin toisc go bhfuil an carrbhealach atá beartaithe comhréidh, i ngearradh, faoi thalamh nó ag dul trí Chairéal Leacaigh atá faoi bhun leibhéal na dtailte máguaird.

***Achoimre***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar a bheith aici ar ghnáthóga in cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thionchair scáthaithe le linn oibríochta ag a bhfuil an fhéidearthacht éifeacht a bheith acu ar chuspóirí caomhnaithe agus tionchar dochrach a bheith acu ar shláine an láithreáin Eorpaigh seo.

## 6.7 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thabhairt Isteach Speicis Plandaí Neamhdhúchasacha Ionracha

Taifeadadh speicis planda ionracha neamhdhúchasacha feadh na forbartha beartaithe bóthair, nó in aice léi [21] (féach **Roinn 5.5** agus **Fíoracha 13.1** go **13.5**). Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ag oibreacha tógála speicis planda ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh trí thimpiste chuig limistéir ghnáthóige a bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair á dtrasnú nó síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair. Áirítear anseo na bealaí iompair atá taispeánta i **bhFíoracha 3.1** agus **3.2**. Tá an fhéidearthacht ann mar sin go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis planda i ngnáthóga a rachfaí i bhfeidhm orthu.

De bharr chlúdach na speiceas planda neamhdhúchasach ionrach díreach in aice leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, tá an fhéidearthacht ann go n-athchoilíneoidh na speicis sin láithreacha fásra laistigh de theorainn na forbartha beartaithe i ndiaidh na tógála. Dá réir, tá riosca ann freisin go bhféadfadh gnáthoibreacha cothabhála gearrthóga fásra éillithe a scaipeadh.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht a bheith aici ar ghnáthóga feadh na forbartha beartaithe bóthair le linn tógála agus/nó le linn oibríochta de thoradh tabhairt isteach nó scaipeadh speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasach a d'fhéadfadh cur isteach ar chuspóirí caomhnaithe agus tionchar dochrach a bheith acu ar shláine láithreáin Eorpacha atá in aice láimhe.

## 6.8 Suaitheadh/Cur as áit

I gcomhar le héifeachtaí cur as áit a bhaineann le caillteanas gnáthóige, tá an fhéidearthacht ann ó thaobh láithreacht méadaithe daonra agus/nó torann agus creathadh a bhaineann le hoibreacha tógála speiceas fauna a chur as áit ó áiteanna póraithe/scíthe araon agus ó ghnáthóga sealgaireachta. Déantar cur síos sa roinn seo ar na speicis sin a bhaineann leis an measúnú ar éifeachtaí ar láithreáin Eorpacha.

Is ar speiceas Leasanna Cáilitheacha láithreán cSAC/SAC amháin a bheidh éifeachtaí cur isteach/cur as áit ón fhorbairt bheartaithe bóthair atá ag trasnú an láithreáin seo, nó atá cóngarach don láithreán. Tá sin amhlaidh maidir le láithreáin SPA le ceanglas breise ó thaobh láithreáin ex-situ a bhreithniú lastall de theorainn an SPA, atá tábhachtach ó thaobh tacú le daonra/ daonraí SPA-anna SCI. Maidir le láithreáin cSAC/SAC, is dóigh gurbh iad cSAC Loch Coirib, agus a speiceas Leasanna Cáilitheacha Madra Uisce, Bradán an Atlantaigh, Loimpre Mhara agus

[21] Níor taifeadadh speicis plandaí uisceacha (ná speicis fána) ionracha neamhdhúchasacha sna gnáthóga uisceacha a n-imreoidh na hoibreacha tógála tionchar orthu.

Loimpre Shrutháin a bheidh faoi réir ag leibhéal éigin cur isteach le linn tógála agus/nó oibríochta[22].

<u>Madra Uisce</u>

Toisc nach raibh aon láthair póraithe ná scíthe, poll ná láithreáin leapa don Mhadra uisce laistigh de ZoI suaite na tógála (150 m), ní bheidh aon éifeachtaí suaite ná díláithrithe ina leith sin ag an bhforbairt bheartaithe bóthair. Ach taifeadadh Madraí Uisce go forleathan feadh chonair Abhainn na Gaillimhe. Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann mar gheall ar níos mó daoine agus/nó torainn agus creathaidh a bhaineann le hoibreacha tógála, go háirithe iad siúd a bhaineann le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe a thógáil, go ndíláithreofaí (go sealadach ar aon chuma) Madraí Uisce atá ag timaistriú nó seilg.

Tuigtear go nglacann an Madra Uisce le suaitheadh an duine, trácht ar an mbóthar ina measc, i gcoinníollacha áirithe (Bailey & Rochford, 2006; The Environment Agency, 2010; Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, 2012; agus, Reid et al. 2013). Tá fianaise air sin freisin mar gheall ar na comharthaí faoin Madra Uisce feadh Abhainn na Gaillimhe ar fud champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (féach **Fíor 6**), an láithreán leapa gníomhach do Mhadra uisce laistigh de 50 m de Dhroichead na gCúig Chéad agus Madraí Uisce (poll an Mhadra uisce ina measc) i lár uirbeach Chathair na Gaillimhe. Chomh maith leis sin bíonn an Madra Uisce gníomhach sa ghnáthóg istoíche, agus laghdaíonn sé sin an riosca díláithrithe go mór toisc gur dócha go dtabharfar faoi fhormhór na noibreacha tógála i rith ghnáthuaireanta oibre faoi sholas an lae. Beidh pléascadh sa Bhealach ar feadh thart ar naoi mí a chruthóidh leibhéil áirithe suaite do na Madraí Uisce a úsáideann Sruthán Bhearna (a bhfuil a réimse is ísle laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) agus Sruthán Thóin na Brocaí. Ach ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an Madra Uisce ach go sealadach, ní rachaidh sé i bhfeidhm ar aon pholl an Mhadra uisce, agus toisc gur eol go nglacann an Madra Uisce le leibhéil áirithe suaite agus go dtéann sé i gcleachtadh air, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ar úsáid an Mhadra uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna. Ag cur an mhéid sin thuas san áireamh, níl riosca go ndéanfar suaitheadh/díláithriú fadtéarmach ar an Madra Uisce sna córais abhann/locha ag baint le suaitheadh de bharr níos mó daoine, torainn agus creathaidh a bhainfidh le hoibreacha tógála i ngar d’Abhainn na Gaillimhe agus do Lochanna Chúil Each, agus Coill Bhearna.

Ar an gcaoi chéanna, ní rachadh suaitheadh i rith na hoibríochta i bhfeidhm go dona ar an Dobharchú, de bharr, bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna ar an Dobharchú a rinneadh in 2014/15, go n-úsáideann siad gnáthóg i ngar do champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Droichead na gCúig Chéad reatha (bóthar gnóthach reatha). Ní bhaineann aon soilsiúchán saorga le Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus ní bheidh tionchar ag na soilse atá ag scaladh ó Pháirceanna Imeartha OÉG ar chonair Abhainn na Gaillimhe a mbaineann an Madra Uisce úsáid aisti agus dá bhrí sin níl aon riosca ann ó éifeachtaí cur isteach ón fhoinse tionchair seo.

---

[22] Níl na speicis eile Leasanna Cáilitheach cSAC Loch Coirib faoi riosca ó éifeachtaí cur isteach mar nach bhfuil siad in Abhainn na Gaillimhe (Cráifisc Liathdhonn nó an Diúilicín Péarla Fionnuisce – féach **Roinn 9.1.2.3** agus **Roinn 9.1.2.6**, faoi seach) nó tá daonraí Leasanna Cáilitheacha scoite amach ón limistéar staidéir mar a chéile leis a gCrú-Ialtóg Bheag (**Roinn 9.1.2.5**).

Ní bheidh aon chur isteach nó cur as áit fhadtéarmach ó thaobh an Mhadra Uisce ón fhorbairt bheartaithe bóthair, le linn tógála nó ná le linn oibríochta.

Bradán Atlantach, Loimpre shrutháin agus Loimpre mhara

D'fhéadfadh díláithriú speicis éisc ón láthair tarlú de bharr níos mó daoine, torainn agus creathaidh a bhainfeadh le hoibreacha tógála (lena n-áirítear suiteáil pílí sealadacha ar bith a theastaíonn chun teannta droichid a thógáil). De bharr chomh sealadach is a bheadh aon chreathadh a bhainfeadh le pílí a shá, agus chomh sealadach is a bheadh gnáthoibreacha tógála (a bheadh srianta ó thaobh tréimhse de gach lá dá dtabharfaí fúthu i rith gnáthuaireanta oibre), ní dhíláithreoidh leibhéil suaite speicis éisc go buan ó Abhainn na Gaillimhe in aice láimhe.

Toisc nach bhfuil Droichead na gCúig Chéad mar atá faoi láthair ag cruthú aon éifeachtaí suaite ná díláithrithe do speicis éisc in Abhainn na Gaillimhe, níl aon riosca suaite ná díláithrithe ag baint leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a oibriú. Ní bhaineann aon soilsiúchán saorga le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe agus ní chuirfidh na soilse a bheidh ag scaladh ó Pháirceanna Imeartha beartaithe OÉG as don speiceas seo a bhaineann úsáid as conair Abhainn na Gaillimhe agus dá bhrí sin níl aon riosca ó thaobh éifeachtaí cur as áit ón fhoinse tionchair seo.

Ní bheidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina húdar le suaitheadh ná díláithriú fadtéarmach an Bhradáin Atlantaigh, na Loimpre srutháin ná na Loimpre mara, i rith na tógála ná i rith na hoibríochta, agus ní rachaidh sí i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe chuspóir caomhantais na speiceas seo i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**).

Speicis Éan SCI

Tá an fhéidearthacht ag láithreacht mhéadaithe daonna agus torann agus creathadh a bhaineann le hoibreacha tógála ginearálta (agus lena n-áirítear freisin aon suaitheadh torainn ríge, ar nós pléascadh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le hoibreacha tógála a éascú) cur isteach agus éin a chur as áit ó limistéir tábhachtach éin. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint aige seo le limistéir laistigh de láithreáin SPA nó ag limistéar ex-situ gaolmhar a thacaíonn le gnáthóga atá scoite amach ón láithreán SPA féin.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht a bheith aici le linn tógála agus/nó le linn oibríochta, ar ghnáthóga a mbaineann speiceas éin SCI leas astu, laistigh de láithreáin SPA agus ag limistéir thábhachtacha ex-situ gnáthóige araon, d'fhéadfadh éifeacht ar chuspóirí caomhnaithe agus tionchar dochrach ar shláine láithreán SPA a bheith i gceist anseo.

## 6.9 Éifeacht Bacainne

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair bacainn fhisiciúil a chruthú do ghluaiseacht speiceas uisceach mar thoradh ar thógáil fhisiciúil nó le linn oibríochta sa chás go ndéanann dearadh an tsruthchúrsa a thrasnaíonn struchtúir srianadh ar ghluaiseacht speiceas uisce feadh conairí abhann/sruthán, go háirithe le linn tréimhsí lán-taoide nó tuilte. Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair na sruthchúrsaí seo a leanas: Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Cnoc na Cathrach agus Abhainn na Gaillimhe.

Is í Abhainn na Gaillimhe an t-aon sruthchúrsa atá á thrasnú ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus atá laistigh de láithreán Eorpach, eadhon cSAC Loch Coirib.

Ach de bharr mhodheolaíocht na tógála (mar a thugtar breacchuntas uirthi i **bhFoscríbhinn D**), ní gá struchtúr trasnaithe sealadach a thógáil mar gheall ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe chun freastal ar oibreacha tógála, agus ní theastaíonn aon oibreacha san abhainn. Teastóidh oibreacha cois bruaigh chun na sruthanna éalaithe draenála go hAbhainn na Gaillimhe a shuiteáil ar dhá bhruach na habhann (**Fíoracha 2.1** go **2.15**.); agus scoiltfidh sé sin an ghnáthóg bruaigh a úsáideann an Dobharchú, go sealadach ar a laghad, i rith na tógála. Mar sin féin, nuair a bhreithnítear an méid thuas, ní chuirfidh na hoibreacha tógála bac ar chainéal Abhainn na Gaillimhe fós agus dá bhrí sin ní bheidh na hoibreacha tógála ina mbac fisiciúil do ghluaiseacht speiceas uisceach feadh chonair na habhann.

Toisc gur struchtúr aonréiseach é Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe (ardaithe thart ar 10m os cionn na habhann) agus nach mbeidh aon struchtúir tacaíochta san abhainn, níl aon riosca ag baint leis mar bhacainn do ghluaiseacht speiceas uisceach feadh Abhainn na Gaillimhe i rith na hoibríochta.

Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair Sruthán Bhearna agus Sruthán Thóin na Brocaí. Rinneadh taifeadadh ar mhadra uisce freisin i ndobharcheantar Shruthán Bhearna. Tá dhá struchtúr lintéir beartaithe ar na sruthchúrsaí seo ag a bhfuil an fhéidearthacht bac a chur ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce le linn tógála (mar go bhfuil oibreacha insrutha riachtanach) agus le linn oibríochta. Cé nach bhfuil an áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair na sruthchúrsaí seo laistigh de Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe, tá an chuid is íochtaraí de Shruthán Bhearta laistigh den láithreán Eorpach seo. Is dóigh go mbeidh na Madraí Uisce a bhaineann úsáid as na sruthchúrsaí seo mar chuid de dhaonra Madra Uisce an láithreáin Eorpaigh sin.

D'fhéadfadh suaitheadh/díláithriú speiceas uisceach ó chodanna de chainéal abhann/srutháin i rith na tógála a bheith ina mbac féideartha freisin do ghluaiseacht speiceas. Déantar measúnú air sin thuas faoi *Suaitheadh/Ddíláithriú*, agus ba é an tátal ansin nach bhfuil aon riosca ann go rachaidh suaitheadh tógála ná oibríochta i bhfeidhm ar chuspóirí caomhantais speiceas QI cSAC Loch Coirib.

***Achoimre***

Ní bheidh bac ar ghluaiseacht speiceas uisceach le linn tógála nó ná linn oibríochta mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair. D'fhéadfadh sé, áfach, bac a chur ar an Madra Uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna.

## 6.10 Riosca Mortlaíochta ó Oibreacha Tógála agus ó Thrácht ar Bhóithre

Cuireann tabhairt isteach na forbartha beartaithe bóthair i dtírdhreach tuaithe leis an riosca ar bhonn buan ó thaobh imbhuailtí tráchta bóthair le speiceas fauna talún. Déantar cur síos sa roinn seo ar na speicis seo atá ábhartha don mheasúnú ar éifeachtaí ar láithreáin Eorpacha.

Nuair atá Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe á thógáil, tá riosca ann go dtitfeadh ábhar tógála trí thimpiste isteach in Abhainn na Gaillimhe agus go marófaí/go ngortófaí na speicis uisceacha – Madra Uisce, Bradán Atlantach, Loimpre shrutháin agus Loimpre mhara. Ag an suíomh seo, tá Abhainn na Gaillimhe laistigh de cSAC Loch Coirib agus tá na speicis seo liostaithe mar Leasanna Cáilitheacha don láithreán Eorpach seo. Mar go bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair scoite amach ó gach láithreán Eorpach eile, ní chruthaíonn an tionchar féideartha seo aon riosca ach amháin do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib.

Bhí fianaise ann ar bhonn forleathan maidir le gníomhaíocht an Mhadra Uisce feadh Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna na gCualach, tá gach aon cheann acu seo mar chuid de cSAC Loch Coirib. Rinneadh taifeadadh ar an Madra uisce freisin i ndobharcheantar Shruthán Bhearna, cé nach cuid de Choimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe an dobharcheantar atá á thrasnú ag an fhorbairt bheartaithe bóthair, is dóigh gur cuid de dhaonra Madra an láithreáin Eorpaigh seo na Madraí Uisce atá ag úsáid na sruthchúrsaí seo. Tá riosca i gceist le tabhairt isteach bóthar nua, lena n-áirítear struchtúr nua droichid trasna tuilemhá Abhainn na Gaillimhe gar de choimpléasc bogaigh ag Lochanna na gCualach, ó thaobh imbhuailtí tráchta bóthair leis an Madra Uisce mar aon le trasrianta nua na forbartha beartaithe bóthair os cionn sruthchúrsaí i nDobharcheantar Shruthán Bhearna. Tá an fhéidearthacht aige seo ó thaobh éifeachta ar chuspóirí caomhnaithe an Madra Uisce in cSAC Loch Coirib agus i gCoimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe araon.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh mortlaíocht ó thaobh speiceas uisceach Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthar le linn tógáil Droichead Abhainn na Gaillimhe. Tá an fhéidearthacht ann freisin go mbeidh mortlaíocht an Mhadra Uisce mar thoradh ar an riosca méadaithe ó thaobh imbhuailtí tráchta bóthair a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar dhaonraí Madra Uisce cSAC Loch Coirib agus Coimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe. Tá an fhéidearthacht ag na tionchair seo éifeacht a bheith acu ar chuspóirí caomhnaithe agus tionchar dochrach a bheith acu ar shláine na láithreáin Eorpacha seo.

## 6.11 Riosca Imbhuailte le Struchtúir Droichid

Tá an-taifead ar mhortlaíocht éan mar gheall ar imbhualadh faoi dhéanmhais a thóg daoine (Banks 1979). Taifeadadh foirgnimh agus fuinneoga (Kelm 2008), línte cumhachta (Jenkins et al., 2010), tuirbíní gaoithe (Lucas et al., 2008) agus túir cumarsáide (Longcore et al., 2012) mar na príomhdhéanmhais ba chúis le himbhuailtí éin a mharaigh iad (Erickson et al., 2001). Níl an méid céanna taifeadta ar imbhuailtí éan faoi dhroichid.

Tugtar mionsonraí in Fehmarnbelt Fixed Link EIA (FEBI, 2013) ar thorthaí staidéir ar imbhuailtí éan a rinne Nilsson et al. (2009) ag Droichead Oresund. Áiríonn an droichead a cheanglaíonn an Danmhairg agus an tSualainn, codanna staghcháblaí agus tá sé thart ar 8km ar fhaid. Sa bhliain 2000, go gairid tar éis oscailt an droichid, fuarthas 344 conablach éin tar éis eachtra imbhuailte amháin. Measadh gur tharla an t-imeacht mar gheall ar infheictheacht íseal i gcomhar le piolóin arda. I ndiaidh an droichead a oscailt in 2000, bhuail na mílte éan faoin droichead istoíche an 8 Deireadh Fómhair 2000 (Bengtsson 2000). I staidéir a rinneadh ina dhiaidh sin ar ghluaiseachtaí éan thart ar an droichead, taifeadadh imeachtaí imbhuailte i bhfómhar 2001 (291 éan), 2002 (103 éan), 2003 (65 éan) agus 2008 (21 éan) mar a tuairiscíodh in FEBI, 2013. Léiríodh in athbhreithniú ar shonraí 2001 gur chuimsigh speicis pasaireach 94% de na híospartaigh imbhuailte, toradh atá cosúil leo siúd a taifeadadh agus túir faoi sholas agus sreanga teanntáin lena mbaineann i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada (Longcore *et al.*, 2013), b'éin imirce 96% de na híospartaigh agus b'imircigh oíche 73% (Nilsson agus Green, 2002, mar a tuairiscíodh in FEBI 2013). D'athraigh comhdhéanamh na n-íobartach imbhuailte i staidéir níos deireanaí (Nilsson agus Green 2003, 2004, Nilsson *et al.* 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013) le laghdú suntasach ar líon na gconablach pasaireach a baineadh agus méadú ar chonablaigh speicis faoileáin. Léirigh na sonraí go bhféadfadh gur laghdaigh líon inmbuailte pasaireach mar gheall ar athruithe ar shoilsiú in 2002, soilse an droichid ar phiolóin arda a mhúchadh nuair a bhí ceo ann, agus go bhféadfadh go bhfuil riosca imbhuailte le trácht níos mó ag speicis scroblála (e.g. faoileáin) mar gheall ar a n-iompar. Thug na staidéir le tuiscint freisin go dtarlaíonn imbhuailtí éan leis an droichead nuair atá an aimsir go dona go príomha (Nilsson *et al.* 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013). Chun an staidéar sin a chur sa chomhthéacs ceart, measadh go dtéann 100 milliún éan thar cheantar Oresund gach fómhar (Nilsson agus Green, 2011), agus go ar leith dtéann 10 milliún imirceach thar Dhroichead Oresund i rith imirce an fhómhair, agus nach ionann líon na n-íospartach imbhuailte a tuairiscíodh sna staidéir thuas ach éifeacht bheag ar na speicis a breithníodh (Nilsson *et al.* 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013).

Mar chuid de EIA ar Chonair Thiar Hong Cong-Shenzhen le haghaidh droichead 5.5 km (Ove Arup & Partners Hong Kong Ltd., 2002) tugadh faoi staidéar gearr i rith na tréimhse imirce (Samhain 2001 go Márta 2002) chun measúnú a dhéanamh ar airdí agus iompar eitilte thar thrí dhroichead roghnaithe, a bhí thart ar 15 m ar airde. Léirigh an staidéar gur ghnách leis na héin eitilt thar ar struchtúr tráthnóna agus faoin struchtúr i lár an lae, agus gur sheachain na héin an struchtúr go gníomhach trína n-airde a athrú agus iad ag dul i ngar dó. Níor breithníodh aon imbhualadh leis na droichid a ndearnadh staidéar orthu. Ach ba cheart a thabhairt faoi deara nár tugadh faoi shuirbhéireacht istoíche. Léirigh staidéar gearrthéarmach ag an Golden Gate Bridge, California, gur sheachain éin struchtúr an droichid go

gníomhach agus gur eitil a bhformhór thar na struchtúir staghchláblaí nó timpeall orthu seachas dul tríothu. Níor taifeadadh aon imbhualadh agus ar an gcaoi chéanna tugadh faoin tsuirbhéireacht sin i rith na tréimhse laethúla (Golden Gate Bridge EIA, 2009.

Tacaíonn torthaí na staidéar sin le hargóint nach bhfuil aon riosca imbhuailte ag baint le struchtúir droichid a bheadh chomh mór sin go marófaí líon mór éan, cé go bhfuil roinnt mortlaíocht éan trí imbhualadh ag baint leo, ná nach mbíonn éifeachtaí ar leibhéal daonra mar gheall orthu.

Tá an riosca a bhaineann le héin ag imbhualadh faoi struchtúr droichid ag brath ar chúinsí éagsúla, eadhon: suíomh agus tréithe na struchtúr de dhéantús an duine (Lucas *et al.* 2008), infheictheacht agus inbhraiteacht an struchtúir (is mó seans go mbuailfear faoi dhroichead i rith drochaimsire nó istoíche), struchtúr na gnáthóige máguaird, a mhinice a bhíonn siad sa chrios tionchair (agus airde eitilte le hais struchtúr an droichid), agus na speicis éin i láthair agus a dtréithe speicis sonracha ar nós moirfeolaíochta agus iompair a imríonn tionchar ar chomh dóchúil is atá sé go mbuailfidh siad faoi struchtúir (Janss 2000). Is féidir le mearbhall de bharr soilsiú saorga cur go mór le héifeachtaí an riosca imbhuailte istoíche (Molenaar et al., 2006). Tugadh le tuiscint freisin go bhféadfadh an taithí – nó easpa taithí – atá ag éan ar leith tionchar a imirt ar riosca imbhuailte (Barrios and Rodriguez, 2004).

Bheifí ag súil go mbeadh seans níos mó ann go mbuailfeadh speicis níos mó nach bhfuil chomh lúfar céanna, ar nós gé, eala agus Broighill, faoi struchtúr droichid; go háirithe i dtaca leis an riosca go n-imbhuailfí faoi chábláí tacaíochta. I dtéarmaí critéir dearaidh, tá an riosca is airde ag baint le droichid a lastar istoíche agus a bhfuil líonra dlúth agus/nó fairsing de chábláí tacaíochta agus túir thar ghleann na habhann ag baint leo.

Is é Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe an t-aon struchtúr amháin a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair atá ar scála agus a d'fhéadfadh riosca ó thaobh imbhualadh a chruthú d'éin. Tá an droichead ardaithe os cionn na talún trasna tuilemhá iomlán Abhainn na Gaillimhe (c.620m) arbh ionann é agus conair thábhachtach d'éin ó thaobh sealgaireachta agus éin atá ag timaistriú idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe. Chomh maith le níos mó gluaiseachtaí éin ar bhonn laethúil, is dóigh go mbainfear úsáid as conair Abhainn na Gaillimhe le linn gluaiseacht shéasúrach éin chuig agus ó Chuan na Gaillimhe. Seachas Tarbhealach beartaithe Mhionlaigh, is tolláin nó lintéir (réasúnta beag) abhann/srutháin na struchtúir eile go léir a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair agus ní chruthaíonn siad aon riosca d'éin ag leibhéal daonra. Síneann Tarbhealach Mhionlaigh thar limistéar pábhála aolchloiche agus coillearnaí trasna barr cnoic atá íseal, ach ag tógáil san áireamh nach bhfuil sé ach ardaithe ach de bheagán os cionn na talún atá mórthimpeall (go ginearálta tá an deic idir 0.75m agus 2.5m os cionn na talún), agus go bhfuil sé timpeallaithe den chuid is mó ar an dá thaobh ag coillearnach (a dhéanann íoslaghdú ar an fhéidearthacht ó thaobh imbhualadh trí éin a stiúradh os cionn an struchtúir) is riosca fíor-bheag ó thaobh imbhualadh éin a chruthaíonn sé.

Cuimsítear sa dearadh do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe cearchaillí bosca réamhdhéanta, réamhtheilgthe a thacaíonn le deic droichid choincréite teilgthe – tá níos mó sonraí le fail i **Roinn 2.3** i **bhFoscríbhinn D**. I dtéarmaí

dearaidh, cruthaíonn sé sin riosca bídeach d'éin i gcomparáid le struchtúir droichid ina mbíonn líonra de struchtúir cáblaí tacaíochta thar chonair na habhann. Tá doimhneacht struchtúrtha phríomhréise na deice droichid a thrasnaíonn Abhainn na Gaillimhe idir 3-7 m, atá níos tibhe go ginearálta (agus dá bhrí sin níos feiceálaí d'éin is dócha) ná Droichead na gCúig Chéad reatha atá thart ar 1.7km síos an abhainn. Chomh maith leis sin, ní bheidh soilse air, a laghdaíonn an riosca go mbuailfidh éin faoi níos mó.

I dtéarmaí éin a bhfuiltear ar an eolas fúthu go mbaineann siad úsáid as conair Abhann na Gaillimhe ar mhaithe le timaistriú agus le sealgaireacht, i suirbhéanna a rinneadh in 2005/2006 mar chuid de Scéim Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 (RPS, 2006), taifeadadh na speicis SPI seo a leanas ag eitilt trí láithreán an droichid bheartaithe don scéim sin thar thréimhse na suirbhéireachta (52 suirbhé a chuimsigh 104 uair an chloig de bhreathnóireacht): An Sléibhín, An Faoileán Bán, An Gheabhróg, An Broigheall, An Chearc Cheannann, An Crotach, An Chorr Réise, Cromán na gCearc, An Pilibín agus an Meirliún. Ba iad na cinn ba choitianta Sléibhín, Faoileán bán agus Broigheall. Taifeadadh an Sléibhín ag dul thar an bpointe breathnóireachta 409 n-uaire (comhaireadh 810 éan ar leith san iomlán); chuaigh Faoileán bán thar an bpointe breathnóireachta 93 huaire (130 éan ar leith san iomlán); agus chuaigh Broigheall thar an bpointe breathnóireachta 177 n-uaire (248 éan ar leith san iomlán). Níl taifeadadh déanta ach aon uair amháin ar Chromán na gCearc agus ar an gCearc Cheannann, ar an gCrotach faoi dhó agus ar an Philibín cheithre huaire thar thréimhse an tsuirbhé. Rinneadh taifeadadh ar an gCorr Réisc ag gabháil thar an bpointe breathnóireachta 20 uair. Rinneadh taifeadadh ar an nGeabhróg ag gabháil thar bráid ar 43 ócáid agus bhí sí ag eitilt go híseal os cionn an uisce (<5m) de ghnáth. Rinneadh taifeadadh ar go leor de na speicis seo freisin feadh Abhainn na Gaillimhe thar thréimhse na suirbhéanna ar tugadh fúthu agus an NIS seo a ullmhú: an Sléibhín, an Faoileán Bán, an Broigheall, an Chearc Cheannann, an Crotach, an Chorr Réisc agus an Cosdeargán.

Is fiú a thabhairt faoi deara i dtéarmaí riosca imbhuailte agus éifeachtaí leibhéal daonra go háitiúil, go bhfuil Droichead na gCúig Chéad (struchtúr ardaithe os cionn Abhainn na Gaillimhe ina bhfuil piaraí tacaíochta i gcainéal na habhann) in úsáid ó 1984 i leith agus go meastar go bhfuil treochtaí daonra do speicis éin SCI i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a thaifeadtar feadh chonair Abhainn na Gaillimhe seasmhach nó ag méadú (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 2013d) – ní raibh treochtaí daonra cosúla do SPA Loch Coirib ar fáil agus an méid seo á scríobh.

I bhfianaise an riosca ísil a chruthaíonn droichid do dhaonraí éan, chomh maith le dearadh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe, an líon íseal de speicis éin SCI ar leith (agus éin ar leith) a taifeadadh ag dul feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (go háirithe i gcomhthéacs dhaonra an SPA do na speicis sin), agus na minicíochtaí ísle trasnaithe a chonacthas, ní thuartar go mbeidh riosca imbhuailte ag droichead cosúil leis an gceann a bheartaítear a thógáil thar Abhainn na Gaillimhe don fhorbairt bheartaithe bóthair a bheadh chomh mór sin go mbeadh aon éifeachtaí fadtéarmacha aige ar líon, dáileadh ná treocht daonra reatha aon SPA.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt beartaithe bóthar a bheith mar chúis le riosca imbhuailte do speiceas éin, ní bheidh aon éifeacht, áfach, ar an leibhéal daonra mar thoradh ar an riosca seo.

## 6.12 Achoimre

Tá achoimre le fáil i **dTábla 6.1** thíos ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus lena gCrios Tionchair (ZoI).

**Tábla 6.1: Tionchair Fhéideartha na Forbartha Bóthair atá beartaithe Tionchar**

| **Tionchar** |
|---|
| Tionchair Thógála |
| Caillteanas gnáthóg<br>Caillteanas/ilroinnt limistéir ghnáthóige, laistigh agus in aice le cSAC Loch Coirib, agus caillteanas/ilroinnt limistéir ghnáthóige ó láithreáin áitiúla a thacaíonn le speicis éan geimhridh atá liostaithe mar SCIanna de SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh thollánú/tochailtí<br>D'fhéadfadh sé tarlú de bharr tollánú faoi cSAC Loch Coirib agus gearrthacha doimhne a dhéanamh laistigh de agus go díreach in aice lena theorainn go gcaillfear nó go ndéanfear díghrádú ar limistéar gnáthóg QI Forscríbhinn I i cSAC Loch Coirib. |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh tionchair hidrigeolaíocha<br>An cumas chun tionchar a imirt ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh den ZoI hidrigeolaíoch |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh tionchair hidreolaíocha<br>An cumas chun tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce sa timpeallacht glactha le linn na tógála |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh tionchair ar chaighdeán an aeir<br>An cumas chun difear a dhéanamh d'fhásra agus do ghnáthóga i cSAC Loch Coirib trí dheannach a leagfaí síos le linn na tógála |
| Díghrádú ar ghnáthóga de thoradh speicis plandaí neamh-dhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh le linn na tógála |
| Cur isteach ar/cur as áit<br>An cumas chun difear a dhéanamh don úsáid a bhaineann speicis éan a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo as gnáthóga le linn tógála agus/nó oibríochta, laistigh de shuíomhanna SPA agus de limistéir thábhachtacha *ex-situ* |
| Riosca maraithe ó oibreacha tógála<br>An cumas chun speicis uisceacha QI de cSAC Loch Coirib a mharú le linn thógáil Dhroichead na Coiribe |
| **Tionchair Oibriúcháin** |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh thionchair hidrigeolaíocha<br>An cumas chun tionchar a imirt ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh den ZoI hidrigeolaíoch |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh tionchar scáthaithe |

| **Tionchar** |
|---|
| An cumas chun tionchar a imirt ar ghnáthóga i cSAC Loch Coirib trí thionchar scáthaithe le linn oibríochta |
| Díghrádú gnáthóg de thoradh thionchair ar chaighdeán an aeir<br>An cumas chun difear a dhéanamh ar fhásra agus ar ghnáthóga i cSAC Loch Coirib trí thionchair a imirt ar chaighdeán an aeir le linn oibríochta |
| Díghrádú ar ghnáthóga de thoradh speicis plandaí neamhshúchasacha ionracha a thabhairt isteach/a scaipeadh le linn oibríochta |
| Éifeacht bacainne<br>An cumas chun dobharchúnna a chosc i ndobharcheantar Shruthán Bhearna |
| Baol báis ó thrácht ar bhóithre<br>D’fhéadfadh trácht ar bhóithre dobharchúnna a mharú rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do líon na ndobharchúnna i cSAC Loch Coirib agus i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe |

# 7 Crios Tionchair na Forbartha Beartaithe Bóthair

Is ionann an Crios Tionchair (ZoI) agus an limistéar a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar ghnáthóga Leasanna Cáilitheach nó speiceas Leasanna Cáilitheach/SCI láithreáin Eorpaigh (arna shainiú sa CIEEM, 2016).

Seo a leanas achoimre ar an sásra a úsáidtear chun an ZoI a shainiú:

- Déantar breithniú ar chineál, ar mhéid agus ar shuíomh na forbartha beartaithe bóthair (féach **Roinn 2** le haghaidh cur síos ar an fhorbairt bheartaithe bóthair)
- Déantar breithniú ar íogaireacht na ngabhdóirí éiceolaíochta (féach **Roinn 5** le haghaidh cur síos ar an timpeallacht bonnlíne)
- Aithnítear foinsí tionchair agus conairí a d'fhéadfadh a bheith ann (féach **Roinn 6** maidir le tionchair fhéideartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair)
- Déantar cinneadh maidir leis an gCrios Tionchair (ZoI) bunaithe ar mhéid an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann

Ag féachaint do na foinsí agus do na conairí tionchair atá sainaitheanta i **Roinn 6** agus a bhfuil achoimre tugtha thíos fúthu, tugtar tuilleadh mínithe ar an gCrios Tionchair (ZoI) do gach aon cheann acu thíos agus déantar achoimre orthu i **dTábla 7.2**, agus tá an ZoI comhcheangailte léirithe i **bPláta 7.1** thíos agus i **bhFíor 16**.

## 7.1 Caillteanas agus Scoilteadh Gnáthóige

Faoi mar a pléadh i **Roinn 6.1** tagraíonn caillteanas gnáthóige do chailliúint limistéir gnáthóige laistigh de láithreáin Eorpacha agus laistigh de theorainn na forbartha beartaithe bóthair freisin. Tagraíonn scoilteadh gnáthóige d'aon bhloc gnáthóige a scoilteann an fhorbairt bheartaithe bóthair.

Faoi mar a tugadh le fios i **Roinn 2.2** and i **Roinn 6.1** trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair cSAC Loch Coirib agus roinnt láithreáin ex-situ speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh – agus sa dá chás beidh leibhéal éigin caillteanas agus scoilteadh gnáthóige mar thoradh air.

Ní bheidh meath i líon agus i raon na limistéir ghnáthóige ag láithreáin éin gheimhrithe, mar thoradh ar chaillteanas gnáthóige agus aon scoilteadh gaolmhar gnáthóige, atá ar fáil go háitiúil do speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna aon SPA-anna mórthimpeall mar gheall ar a gcuid daonraí geimhrithe agus dá bhrí sin ní bheidh aon éifeacht ar chumas na ndaonraí SCI seo cothabháil a dhéanamh orthu féin san fhadtéarma. Tá trí láithreán SPA ann go háitiúil le speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna mar gheall ar a gcuid daonraí póraithe: SPA Loch Coirib, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus SPA Choimpléasc Phortach Chonamara.

Liostaítear Sléibhín, Faoileán bán agus Geabhróg mar SCI-anna mar gheall ar a ndaonraí póraithe in SPA Loch Coirib [23]. Tá an láithreán póraithe is gaire don Sléibhín i gCairéal Ghort an Chalaidh; thart ar 1.3km ó thuaidh den fhorbairt bheartaithe bóthair, ina raibh 11 láithreán neide den 431 a taifeadadh i rith shuirbhé 2007. Tá go leor oileán ar Loch Coirib a úsáideadh go traidisiúnta mar láithreáin póraithe don Fhaoileán Bán, agus go leor bánna, oileán agus stráicí den líne chladaigh ar an loch a úsáideadh go traidisiúnta mar láithreáin neadaithe don Gheabhróg. Bhí an láithreán ba ghaire díobh siúd ar Walsh’s Island, níos mó ná 8.5km ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Éin amplacha glice is ea an Sléibhín agus an Faoileán bán agus ní chuirfidh aon chaillteanas/scoilteadh gnáthóige a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthar as dá gcuid rathúlacht póraithe. Is iasc a itheann an Gheabhróg agus mar gheall nach bhfuil caillteanas aon uisce bhealaí cósta nó intíre mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair (m.sh. Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, Cuan na Gaillimhe) ní bheidh éifeacht ag aon chaillteanas/scoilteadh gnáthóige ar a rathúlacht póraithe.

Tá an Broigheall, an Gheabhróg Scothdhubh agus an Gheabhróg liostaithe mar SCI-anna mar gheall ar a gcuid daonraí póraithe in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Is éin iad seo go léir a itheann iasc agus mar gheall nach bhfuil caillteanas aon uisce bhealaí cósta nó intíre mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair (m.sh. Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, Cuan na Gaillimhe) ní bheidh éifeacht ag aon chaillteanas/scoilteadh gnáthóige ar a rathúlacht póraithe.

Tá SPA Choimpléasc Phortach Chonamara suite c.9km siar ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Ag an bhfad sin ar shiúl, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca i dtaca le difear a dhéanamh do rath póraithe sna láithreáin neadaithe laistigh den SPA: na lochanna maidir leis an mBroigheall agus maidir leis an bhFaoileán Bán, agus na gnáthóga ardtalún maidir leis an Meirliún agus maidir leis an bhFeadóg Bhuí.

Tá gach SPA eile suite níos mó ná 10km ar shiúl ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Meastar go bhfuil an t-achar sin lasmuigh de ghnáthraon gluaiseachta speiceas geimhrithe nó póraithe SCI. Eisceacht is ea éin a chaitheann an geimhreadh in Éirinn agus iad ar imirce chuig a bhfearainn póraithe nó uathu; mar shampla, Ealaí glóracha a fhilleann óna bhfearainn póraithe san Íoslainn chun an geimhreadh a chaitheamh in Éirinn. De réir an eolais eolaíochta is fearr atá ann faoi láthair, ní chruthaíonn bóithre aon riosca go mbeidh éifeacht ar leibhéal phobal na n-éan geimhrithe le linn na ngluaiseachtaí imirceacha seo (nuair a bhreithnítear cailleadh gnáthóige i gcomhthéacs limistéir lóistíochta; rud nach dtagann chun cinn i gcomhthéacs na forbartha beartaithe bóthair), agus ní dhéanfar difear do láithreáin póraithe ná do raonta baile tacaíochta thar achar 10km. Dá réir sin, ní chruthaíonn

[23] Déantar cur síos ar láithreáin póraithe na speiceas sin ar Loch Coirib in Hunt & Heffernan (2007)

an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca do chuspóirí caomhantais aon láithreáin SPA eile.

**D'fhéadfadh aon limistéar gnáthóige atá laistigh nó a thrasnaíonn teorainn na forbartha beartaithe bóthair atá laistigh de cSAC Loch Coirib nó na láithreáin fhéideartha ex-situ sin a thacaíonn le speiceas éan atá liostaithe toisc go bhfuil bhfuil tábhacht Comhphobail ag baint leo i SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a bheith i gceist le ZoI an chineáil sin tionchair**

## 7.2 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thollánú/Tochailtí

Faoi mar a pléadh i **Roinn 2.2** gluaisfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair taobh le cSAC Loch Coirib agus thíos faoi i gcás Thollán Leacagh agus na bealaí chuige. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar shláine struchtúrach24 na carraige, agus ar struchtúr agus ar fheidhm na ngnáthóg a dtacaíonn sí leo, os cionn agus cóngarach do Thollán Leacaigh beartaithe agus do na hoibreacha tógála gaolmhara.

**Is ionann ZoI an tionchair seo agus na limistéir ghnáthóige atá go díreach os cionn Thollán Leacaigh agus ar fud na mbealaí chuige ón taobh thoir is ón taobh thiar laistigh de cSAC Loch Coirib**

## 7.3 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidrigeolaíocha

Beidh idirghníomhú idir an fhorbairt bheartaithe bóthair agus screamhuisce le linn tógála agus le linn oibríochta agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar ghnáthóga atá ag brath ar screamhuisce go háitiúil mar thoradh ar íostarraingt screamhuisce nó mar thoradh ar thionchair cáilíochta uisce, sa chás go dtarlaíonn siad laistigh de ZoI hidrigeolaíoch.

Is ionann méid na híostarraingthe, á dtagraítear dó mar chrios tionchair (ZoI) imtharraingthe, agus an limistéar a dhéantar leibhéil an screamhuisce a ísliú agus lasmuigh den limistéar seo beidh na leibhéil screamhuisce ag fanacht ag a leibhéal nádúrtha. Léirítear an ZoI íostarraingthe mar gha ar thaobh amháin nó ar thaobh eile den fhorbairt bhóthair atá molta a chuireann san áireamh airíonna an uiscígh agus an grádán hiodrálach agus ríomhtar é sin ag úsáid raon uachtair na n-airíonna a bhaineann le gach aon uiscíoch.

Tá an áit a bhfuil screamhuisce i mbaol ó thruailliú tionóisceach nó ó rith chun srutha teoranta i méid do lorg na forbartha bóthair atá molta do Bhatailit Eibhir na

[24] Is ionann sláine struchtúrach na carraige atá faoin bpábháil aolchloiche agus faoin dtalamh calcárach féir agus na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn an chaoi a fheidhmíonn timpeallach na pábhála geoiteicniúla aolchloiche.

Gaillimhe mar gheall ar na hairíonna easnamhacha a chuirfidh bac ar screamhuisce imeacht síos le fána an líomatáiste. Sa chás go dtagtar ar chriosanna áitiúla tréscaoilteachta i mBatailit Eibhir na Gaillimhe, ansin déanfar bainistiú orthu sin trína séalú ón draenáil beartaithe bóthair. Cuimsíonn an áit a bhfuil screamhuisce i mbaol ó thruailliú tionóisceach nó ó rith chun srutha i gcás uiscíoch Neamhdhifreáilte Aolchloiche Viséiche lorg na forbartha beartaithe bóthair atá molta ach beidh sé leathnaithe nuair a bheidh carstach i láthair chun soláthar a dhéanamh do screamhuisce le fána.

Taispeántar an ZoI hidrigeolaíoch d'íostharraingt screamhuisce agus do thionchair cáilíochta screamhuisce le linn tógála agus oibríochta sna **Fíoracha 10.2.1** go **10.3.8**.

Ní shíneann ZoI neamh-mhaolaithe na forbartha beartaithe bóthair laistigh de GWB an Spidéil, GWB an Mhámа-na Fairche, GWB an Chláir-Coirib (Baile an Dúlaigh Thiar), GWB an Chláir-Coirib (Baile an Dúlaigh Thoir), agus GWB Dhroichead an Chláirín le haon láithreáin Eorpacha a thabhairt san áireamh (déan tagairt do **Fhíoracha 10.2.1** do **10.2.2**). Dá bhrí sin, ní imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair aon tionchar ar ghnáthóga aon suímh Eorpaigh a bhraitheann ar screamhuisce a eascraíonn as na dobharlaigh screamhuisce sin, i rith na tógála ná na hoibríochta toisc go mbeidh an fhorbairt bhóthair beartaithe ag dul thar na dobharlaigh screamhuisce sin.

I rith na tógála nó na hoibríochta, níl d'fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ach idirghníomhú le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce atá laistigh de ZoI hidrigeolaíoch neamh-mhaolaithe na forbartha beartaithe bóthair, agus a dtacaíonn fáltais ó GWB Loch an Rois, Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach), GWDTE Loch Coirib Eanach 2 nó GWB an Chláir - Coirib leo. Is é cSAC Loch Coirib an t-aon láithreán Eorpach laistigh den chrios seo ina bhfuil gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce.

Tá an fhéidearthacht, laistigh de na dobharlaigh screamhuisce seo, go mbeidh na gnéithe seo a leanas na forbartha beartaithe bóthar ag idirghníomhú le screamhuisce le linn tógála, bunaithe ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthar agus na sonraí monatóireachta screamhuisce atá curtha i láthair i **bhFoscríbhinn A** agus i **bhFoscríbhinn F**: tochailt agus suiteáil sruth éalaithe draenála Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59, tochailt agus suiteáil piaraí tacaíochta do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, tochailt agus suiteáil piaraí tacaíochta do Tharbhealach Mhionlaigh, don bhealach isteach ar an taobh thiar de Thollán Leacaigh agus do Thollán Leacaigh féin.

Cé nach síneann na tionchair hidrigeolaíocha chomh fada le haon láithreáin SPA agus nach mbeidh caillteanas ná díghrádú gnáthóige i gceist laistigh de cheachtar de na láithreáin SPA mar thoradh orthu, d'fhéadfadh siad éifeacht a bheith acu ar ghnáthóga bogaigh ag Lochanna na gCualach agus ar ghnáthóga bogaigh féideartha sa chuid thiar den limistéar staidéir. Cothaíonn na gnáthóga seo speicis éan geimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchair ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha dul i bhfeidhm ar cháilíocht gnáthóige agus ar an úsáid a bhaineann speicis SCI as an láithreán, agus d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar an

gcuspóir caomhantais dáileadh na láithreacha a úsáideann éin uisce SCI a choinneáil.

**Taispeántar an ZoI hidrigeolaíoch d'íostharraingt screamhuisce agus do thionchair cháilíochta screamhuisce le linn tógála agus oibríochta i bhFíoracha 10.2.1 go 10.3.8 agus áirítear leis limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib agus suíomhanna bogaigh SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a thacaíonn le láithreáin a bhfuil tábhacht Comhphobail ag baint leo**

## 7.4 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Hidreolaíocha

Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair dobhaircheantair na sruthán/aibhneacha seo a leanas: Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Chnoc na Cathrach, Abhainn na Gaillimhe (agus Lochanna na gCualach) agus Loch Bhaile an Dúlaigh. Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh éifeacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha le linn tógála ag a bhfuil an fhéidearthacht tionchar a bheith aige ar ghnáthóga uisceacha, inbhearacha agus mara agus/nó ar speiceas atá síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair sna sruthchúrsaí sin agus i gCuan na Gaillimhe.

**Is ionann ZoI an tionchair seo agus aon bhogach nó gnáthóg cósta nó farraige síos an abhainn ó aon bhealach thar dhobharlach nó aon sceitheadh draenála, agus aon speiceas uisceach nó mara laistigh díobh agus áirítear leis cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus cSAC Chuan na Gaillimhe Laistigh**

## 7.5 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Cháilíochta Aeir

Cruthóidh oibreacha tógála deannach agus cruthóidh trácht ar bhóithre truailleáin aeir le linn oibríochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí truailleáin aeir ar fhásra agus ar ghnáthóga ag síneadh chomh fada le 200m ón fhorbairt bheartaithe bóthair.

**Is ionann ZoI an tionchair seo agus an limistéar gar do na hoibreacha tógála ó thaobh spruadar deannaigh agus laistigh de 200m ó imeall an bhóthair mholta le linn oibriúcháin agus áirítear leis cSAC Loch Coirib**

## 7.6 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thionchair Scáthaithe

Tá gnáthóga atá thíos faoi nó díreach le taobh struchtúir tarbhealaigh, claífoirt nó ballaí coinneála áit nach mbeidh caillteanas gnáthóige ann ar bhonn buan faoi riosca ag mionleibhéal scáthaithe ó fhorbairt bheartaithe bóthair – m.sh. Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe, Tarbhealach Mhionlaigh beartaithe agus codanna de chlaífort agus de na ballaí coinneála idir na struchtúir seo.

**Is ionann ZoI an tionchair seo agus limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá ina luí thíos faoi nó go díreach taobh le struchtúir tharbhealaigh, claífoirt agus ballaí coinneála nuair nach gcaillfear na gnáthóga go buan – m.sh. Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe, Tarbhealach Mhionlaigh beartaithe agus codanna de chlaífort agus de na ballaí coinneála idir na struchtúir seo**

## 7.7 Díghrádú Gnáthóige mar thoradh ar Thabhairt Isteach/Scaipeadh Speicis Plandaí Ionracha Neamhdhúchasacha

Tá daonraí áitiúla de speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh nó cóngarach don fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair a bheith mar chúis le speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh trí thimpiste chuig aon limistéir gnáthóige a thrasnaíonn, atá díreach le taobh, nó síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthar le linn tógála agus/nó le linn oibríochta. Cruthaíonn bealaí iompair le linn tógála foinse agus conair féideartha d'ithir atá éillithe ag speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha (**Fíoracha 3.1** agus **3.2**).

**D'fhéadfadh aon ghnáthóg a bheith ina ZoI an tionchair féideartha seo má thrasnaíonn an fhorbairt bhóthair iad, nó má bhíonn siad go díreach taobh léi nó síos an abhainn uaithi, nó le cois aon cheann de na bealaí iompartha molta sa chaoi go bhféadfadh siad a bheith i mbaol ó chré nó ábhar truaillithe agus áirítear leo cSAC Loch Coirib agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe**

## 7.8 Cur Isteach/Cur as Áit Speicis Éin ó SPA-anna agus/nó Láithreáin Ex-situ

Tá breithniú le déanamh ar thrí chomhpháirt maidir le cur isteach ar speicis éin gheimhrithe ZoI a shainmhíniú: cur isteach ó ghníomhaíocht ginearálta tógála (m.sh. láithreacht bhreise daonna, gluaiseachtaí feithicle agus oibreacha ithreach), cur isteach ó thorann ríge tógála (m.sh. sáigh pílí agus pléascadh), agus torann ó thrácht oibríochta.

***Suaitheadh Gnáthghníomhaíochta Tógála***

Ullmhaíodh staidéar do Humber INCA, Cutts et al. (2009) inar scrúdaíodh éifeachtaí an tsuaite ar éin uisce sealgaireachta agus fara agus ar bhunús thorthaí an staidéir sin, ó thaobh freagartha ar shuaitheadh tríú páirtí (i.e. duine a bheith i láthair), d'fhéadfaí a bheith ag súil le héifeachtaí íosta in áiteanna níos faide ná 300 m. Maidir le torann tógála, ní bheifí ag súil go mbeadh aon fhreagra ó éin sealgaireachta ná fara mar gheall ar leibhéil faoi bhun 50dB. Bheadh éifeacht/leibhéal freagartha réasúnta ó éin mar gheall ar leibhéil torainn idir 50dB agus 70dB – i.e. éin ag éirí airdeallach agus roinnt athruithe iompair (e.g. gníomhaíocht laghdaithe beathaithe) – ach bheifí ag súil go rachadh éin i gcleachtadh ar leibhéil torainn sa réimse sin. Dá mbeadh leibhéil torainn os cionn 70dB is dócha go mbogfadh éin amach as an gcrios a rachfaí i bhfeidhm air, nó go bhfágfaidís an láithreán ar fad. Tacaítear leis sin i dtorthaí Wright et al. (2010) a léirigh go raibh freagraí iompair ar leibhéil torainn os cionn 60dB, agus gur thréig éin an láithreán mar fhreagra ar leibhéil torainn os cionn 70dB.

Ríomhadh leibhéil torainn a bhaineann le gnáthghníomhaíocht tógála de réir na modheolaíochta a leagtar síos in BS 5228: Cuid 1. Leagtar amach sa chaighdeán sin na leibhéil cumhachta fuaime le haghaidh earraí gléasra a fhaightear go hiondúil ar láithreáin tógála, agus bítear in ann leibhéil torainn a thuar dá bharr. Úsáidfear earraí gléasra éagsúla i rith na hoibreacha tógála. Áireofar leo sin bristeoirí, tochaltóirí, dumpairí agus gineadóirí i dteannta trealamh ginearálta chun dromchla a chur ar bhóthar agus chun bóthar a dhéanamh cothrom. Cuimseoidh na príomhchéimeanna oibreacha briseadh talún, oibreacha tochailte, oibreacha líonta, carnadh struchtúr, agus gnáthoibreacha bóthair.

Cuirtear ríomhanna ar fáil sna táblaí seo a leanas de leibhéil torainn tháscacha le haghaidh gnáthfhoinsí torainn a bhaineann le hoibreacha tógála bóthair, ag faid shocraithe ón ngníomhaíocht tógála, ag úsáid na sonraí foinseacha ó BS 5228:2009 Cód Cleachtais do Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Tógála agus Oscailte – Cuid 1 Torann.

Ríomhadh leibhéil torainn tháscacha le haghaidh gnáthfhoinsí torainn a bhaineann le hoibreacha tógála bóthair, ag faid shocraithe ón ngníomhaíocht tógála, ag úsáid na sonraí foinseacha ó BS 5228:2009 Cód Cleachtais do Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Tógála agus Oscailte – Cuid 1 Torann. Glacann na ríomhanna leis go bhfuil na hearraí gléasra i mbun oibre do 66% den am chun LAeq a fháil, luach aon uair an chloig. Cuirtear leibhéil torainn i láthair i **dTábla 7.1** do na hearraí aonair gléasra ag faid shonracha i dteannta leibhéal carnach a ghlacann leis go bhfuil na hearraí gléasra a bhaineann leis na céimeanna aonair ar fad i mbun oibre ag an am céanna, agus ag an bhfad céanna, d'aon chás ar leith. Ní chuirtear san áireamh sna ríomhanna aon scáthú a dhéanann struchtúir idir an dá phointe, clársconsa ar an láithreán tógála etc., agus mar sin is é seo an "cás is measa".

**Tábla 7.1: Leibhéal Leanúnach Coibhéiseach Torainn Ríofa ($L_{Aeq, T}$) le haghaidh Gníomhaíochtaí Éagsúla Tógála agus Maolú Tuartha ar an Leibhéal Fuaime de réir Faid**

| **Réiteach agus Ullmhú Láithreáin** | **$L_{Aeq, T}$ (dB) ríofa ag fad ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **50m** | **100m** | **150m** | **200m** | **250m** | **300m** | **350m** | **400m** |
| Bristeoir neomatach C.1.6 | 67 | 61 | 58 | 55 | 53 | 52 | 50 | 49 |
| Lódaire rothaí C2-26 | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| Tochaltóir le crios boinn (dumpaire ualaithe) C1-10 | 69 | 63 | 60 | 57 | 55 | 54 | 52 | 51 |
| Scartaire C.2.10 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Dumpaire (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| **$L_{Aeq}$ comhcheangailte ó oibreacha go léir** | **73** | **67** | **64** | **61** | **59** | **58** | **56** | **55** |
| **Oibreacha Líonta** | **$L_{Aeq, T}$ (dB) ríofa ag fad ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
| | **50m** | **100m** | **150m** | **200m** | **250m** | **300m** | **350m** | **400m** |
| Tochaltóir le crios boinn (dumpaire ualaithe) C1-10 | 69 | 63 | 60 | 57 | 55 | 54 | 52 | 51 |
| Dumpaire altach (spallaí dumpála) C1-11 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Lódaire rothaí C2-26 | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| Scartaire C.2.10 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Dumpaire Líonadh Dumpála (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| **$L_{Aeq}$ comhcheangailte ó oibreacha go léir** | 73 | **66** | **63** | **60** | **59** | **57** | **56** | **54** |
| **Oibreacha Carntha** | **$L_{Aeq, T}$ ríofa ag fad ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
| | **50m** | **100m** | **150m** | **200m** | **250m** | **300m** | **350m** | **400m** |
| Rige Suite Snámhaíola (C3.22) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Tochaltóir le crios boinn a shuiteálann caighean miotail, (C3.24) | 58 | 52 | 49 | 46 | 44 | 43 | 41 | 40 |
| Pumpa Stroighne agus Trucail Meascthóir Stroighne (C4.24) | 51 | 45 | 42 | 39 | 37 | 36 | 34 | 33 |
| Gineadóir Díosail (C4.76) | 45 | 39 | 36 | 33 | 31 | 30 | 28 | 27 |
| íomhadóir Diosca (C4.93) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| **$L_{Aeq}$ comhcheangailte ó oibreacha go léir** | **68** | **62** | **58** | **56** | **54** | **52** | **51** | **50** |

| **Oibreacha Bóthair** | **$L_{Aeq,T}$ ríofa ag fad ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **50m** | **100m** | **150m** | **200m** | **250m** | **300m** | **350m** | **400m** |
| Tochaltóir le crios boinn (C2.21) | 55 | 49 | 46 | 43 | 41 | 40 | 38 | 37 |
| Dumpaire (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| Rollóirí Creathacha (C5.20) | 59 | 53 | 50 | 47 | 45 | 44 | 42 | 41 |
| Leoraí Pábhála Asfailt agus Líonta (C.5.31) | 61 | 55 | 52 | 49 | 47 | 46 | 44 | 43 |
| Gineadóir Díosail (C4.76) | 45 | 39 | 36 | 33 | 31 | 30 | 28 | 27 |
| Rollóirí Bóthair (C5.19) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| **$L_{Aeq}$ comhcheangailte ó oibreacha go léir** | **69** | **63** | **59** | **57** | **55** | **53** | **52** | **51** |

Ní mheastar go mbeadh níos mó ná leibhéal réasúnta d'éifeacht suaite ar éin uisce ag faid níos faide ná 150 m mar gheall ar na gníomhaíochtaí tógála thuasluaite. Ag 300 m, tá na leibhéil torainn faoi bhun 60dB nó, i bhformhór na gcásanna, gar don tairiseach 50dB. Bheifí ag súil le héifeachtaí ísle, nó easpa éifeachtaí, ag na leibhéil torainn sin. Chuirfeadh aon ghnéithe tírdhreacha, clúdach fásra nó foirgnimh idir an láithreán tógála agus láithreáin éin gheimhrithe leis an torann comhthimpeallach a laghdú tuilleadh ag fad faoi leith. Dá bhrí sin, meastar gurb é 300 m an maolán réamhchúramach chun ZoI na n-éifeachtaí suaite a bhaineann le gnáthghníomhaíochtaí tógála a shainiú.

Mheasfaí go mbeadh na faid suaite ag a gcruthódh suaitheadh daonna tríú páirtí athruithe iompair nó díláithriú níos lú ná iad siúd a bhaineann le foinsí torainn (Cutts *et al.,* 2009). Chun críche an mheasúnaithe, glactar le cur chuige réamhchúramach agus úsáidtear an fad maoláin níos mó, 300m, chun an crios féideartha suaite a shainiú. Tagraítear as seo amach don mhaolán 300m sin mar "ZoI an ghnáthshuaite tógála".

***Suaitheadh Torann Ríge***

Ó thaobh leibhéil torainn a bhaineann le pléascadh, mheasfaí go mbeadh tairseacha freagartha iompair cosúil leo siúd a bpléitear thuas le haghaidh suaitheadh a bhaineann le gnáth-thógáil – i.e. níos mó ná 60dB. Ach tá fad a ríomh ina maolódh pléascadh faoi bhun 60dB níos éiginnte de bharr an lín mhóir athraitheach a d'imreodh tionchar ar an ríomh sin (e.g. méid an lánáin a úsáidtear, brú aeir, doimhneacht an phléasctha agus an gaol leis an topagrafaíocht máguaird).

Léirigh Rees et al. (2005) gur chuir suaitheadh torann ríge (e.g. scanrú éan ag aerfort) Eala ghlórach ar an airdeall ag faid suas le 800 m. Ach is fiú a thabhairt faoi deara sa staidéar sin nár chuir scanrú ag aerfort na héin ar an airdeall ach ocht n-uaire thar imeacht trí bliana, go raibh comhréir na n-éan a cuireadh ar an airdeall íseal (thart ar aon trian ar an meán), go raibh na himeachtaí suaite sealadach (agus na héin ag filleadh ar iompar neamhshuaite laistigh de chúpla nóiméad), agus nár chruthaigh scanrú ag aerfort ach líon beag de chéatadán beag na n-imeachtaí suaite

a chuir éin ag eitilt[25]. Mar sin féin, mar chur chuige réamhchúramach, úsáidtear 800 m mar an crios ina bhféadfadh suaitheadh éigin tarlú mar gheall ar phléascadh carraige.

Is dóigh gur mó méid aon éifeachtaí suaite nuair a tharlaíonn pléascadh go rialta, thar thréimhse fhada, agus is dócha nach mbeidh éifeachtaí suaite le feiceáil ach ag faid níos lú ná 800m. Beidh formhór na láithreacha ina bhféadfadh pléascadh a bheith ag teastáil i rith na tógála gearrthéarmach (idir cúpla lá agus cúpla seachtain) agus beidh líon na n-imeachtaí pléasctha bhig sách íseal. Sa chás sin, ní rachaidh aon díláithriú sealadach ar éin gaobhardach don láithreán pléasctha i bhfeidhm ar rátaí marthanachta ná ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ar dhaonraí éan áitiúil. Níl ach cúig láthair feadh na forbartha beartaithe bóthair ina mbeidh pléascadh rialta agus fada chun gearrthacha doimhne a thochailt: An Bealach (Ch. 3+100 go Ch. 3+900), Acomhal an N59 agus Leitrí (Ch. 7+500 go Ch. 8+300), Tollán Leacaigh (na bóithre isteach thiar agus thoir ó Ch. 10+900 go Ch. 11+150 agus ó Ch. 11+800 go Ch. 12+100), an Caisleán Gearr (Ch. 12+550 go Ch. 13+650), agus ag Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe (Ch. 14+200 go Ch. 15+400).

Is é Loch Bhaile an Dúlaigh an t-aon láithreán éin gheimhrithe atá laistigh de 800m de na láithreacha sin ina mbíonn líon ard de speicis éin gheimhrithe ar liosta SCI go rialta: tá an príomhloch thart ar 450m ón mbóthar isteach thoir go Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 12+100) agus thart ar 350m ón ngearradh sa Chaisleán Gearr. Dá bhrí sin, is é Loch Bhaile an Dúlaigh an t-aon láithreán éin gheimhrithe ina bhféadfadh pléascadh fadtéarmach éifeacht shuntasach a imirt ar speicis éin gheimhrithe. Mar atá thuasluaite, chuirfeadh aon ghnéithe tírdhreacha, clúdach fásra nó foirgnimh idir an fhoinse torainn agus an gabhdóir an torann comhthimpeallach a laghdú tuilleadh ag fad faoi leith.

***Suaitheadh Torann Oibríochta***

Is é an paraiméadar is coitianta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar leibhéil torainn an $L_{Aeq}$ a shainítear mar leibhéal torainn leanúnach seasta comhionann A-ualaithe thar thréimhse shocraithe agus is meánluach é go bunúsach. Is ionann gnáthleibhéal torainn a bhaineann le feithicil earraí éadroma (carr nó veain bheag) ag ciumhais an bhóthair agus 70dB $L_{Aeq}$ agus suas le 85dB $L_{Aeq}$ le haghaidh feithiclí earraí troma. (HGVanna).

Ní bhíonn an leibhéal torainn a bhaineann le sruth tráchta leanúnach; athraíonn sé ag brath ar an líon tráchta, an cineál feithicle, luas an tráchta, agus an cineál bóthair. Ag dul amach ó chiumhais an bhóthair, imreoidh ailíniú an bhóthair (i.e. gearrthacha, claífoirt, etc.) agus an fad tionchar ar an leibhéal torainn ag láthair faoi leith.

I gcás na forbartha beartaithe bóthair, athróidh na leibhéil torainn feadh fhad an bhealaigh ag brath ar na cúinsí thuasluaite. s féidir gnáth-thorann ó thrácht ar bhóthar a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a chinneadh leis na Graif Lorg Torainn atá i bhFoscríbhinn A de TII TII *Good Practice Guidance for the Treatment of Noise during the Planning of National Road Schemes* (2014). Cuireann na graif ar chumas an úsáideora an fad ó lárlíne an bhóthair ag a dtitfidh

[25] B'ionann eitilt a bhain le suaitheadh agus thart ar 30% de na himeachtaí suaite ar fad a taifeadadh; bhain níos lú ná 5% díobh siúd le scanrú ag aerfort.

na leibhéil torainn ón trácht ar an mbóthar faoi bhun 60dB $L_{den}$ a chinneadh, ag brath ar ailíniú ceartingearach an bhóthair, an líon tráchta, céatadán HGVanna agus dromchla an bhóthair. Úsáideadh an t-eolas sin freisin chun gnáthlorg torainn a bhaineann le príomhchodanna bhealach na forbartha beartaithe bóthair a shainaithint.

Ag Acomhal Chnoc Mhaoil Drise, ag faid 120m agus níos mó ó lárlíne an bhóthair, beidh leibhéil torainn faoi bhun 60dB $L_{den}$ go hiondúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar gheall ar ailíniú an N6 reatha ag Cúil Each agus Dabhach Uisce, tá na leibhéil torainn ón trácht ar an mbóthar ardaithe cheana féin ag an láthair seo agus cuirtear sin san áireamh sa mheasúnú agus samhaltú torainn.

Beidh na leibhéil torainn is airde idir Acomhal an N83 agus Bhóthar Thuama agus ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 nuair a bheidh na leibhéil torainn ó thrácht ar an mbóthar ag 60dB $L_{den}$ nó os a chionn idir 140 agus 150m de lárlíne an bhóthair bheartaithe. Baineann sé sin leis na codanna den bhóthar atá ar chlaífort agus ag na hacomhail nua.

Ag dul siar ó Acomhal an N59 agus Leitrí i dtreo Bhearna, ag faid idir 50 agus 70m ó lárlíne an bhóthair bheartaithe, beidh leibhéil torainn faoi bhun 60dB $L_{den}$ go hiondúil de bharr an laghdaithe ar an líon tráchta, luas an tráchta agus próifíl an ailínithe.

Ní shíneann gnáthleibhéil torainn os cionn 70dB níos faide ná díreach in aice leis an gcarrbhealach agus dá réir ní mheastar go ndíláithreofar éin ó láithreacha gnáthóige go buan taobh amuigh de sin i rith na hoibríochta. Mar a phléitear thuas faoi *Suaitheadh Gnáthghníomhaíocht Tógála*, bheifí ag súil le roinnt suaite ar dtús sa chrios idir 60dB agus 70dB (idir an carrbhealach agus 120m ag Cnoc Mhaoil Drise, idir an carrbhealach agus 150m ag Acomhal an N83 agus Bhóthar Thuama go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, agus idir an carrbhealach agus 50-70m siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59) agus go rachadh éin i gcleachtadh ar an mbonnlíne torainn ardaithe.

**Is ionann an ZoI do ghníomhaíochtaí tógála ginearálta agus thart ar 300m, ag ardú go dtí thart ar 800m i gcás pléascadh fadtéarmach agus go minic a bheith beartaithe agus áirítear leis limistéir gnáthóg éan laistigh de SPA Loch Coirib agus limistéir gnáthóg éan a úsáideann speicis éan SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh lasmuigh de na shuíomhanna Eorpacha a bhfuil tábhacht Comhphobail ag baint leo**

## 7.9 Éifeacht Bacainne

Beidh sé riachtanach trasrianta nua srutháin a thógáil do shruthchúrsaí laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna agus d’fhéadfadh na struchtúir seo a bheith mar bhac ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna.

**Is é an Crios Tionchair (ZoI) atá aige ná dobharcheantar Shruth Bhearna a chuimsíonn cuid de Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Bhá na Gaillimhe**

## 7.10 Riosca Mortlaíochta ó Oibreacha Tógála agus ó Thrácht ar Bhóithre

D'fhéadfadh mortlaíocht speiceas uisce in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe a bheith mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá an fhéidearthacht ann freisin go mbeidh mortlaíocht an Mhadra Uisce mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthar trí riosca níos mó ó thaobh imbhuailtí tráchta ar bhóithre a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar dhaonraí an Mhadra Uisce a bhaineann úsáid as Abhainn na Gaillimhe agus as Lochanna na gCualach agus orthu siúd a bhaineann úsáid as na sruthchúrsaí laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna.

**Is ionann ZoI an tionchair seo agus bealach Abhainn na Gaillimhe agus gar do Locha Chúil Each agus laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna a chuimsíonn cSAC Loch Coirib agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe**

## 7.11 Achoimre


Déantar achoimre i **dTábla 7.2** thíos ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair agus lena ZoI.

**Tábla 7.2: Tionchair Aitheanta agus Crios Tionchair (ZoI) Féideartha**


| Tionchar | Crios Tionchair (ZoI) |
|---|---|
| Tionchair Thógála | |
| Cailleadh gnáthóige | De ghnáth, laistigh de lorg na forbartha beartaithe bóthair ach d'fhéadfadh sé a bheith ann freisin mar thoradh ar dhroch-chásanna díghrádaithe gnáthóige (féach thíos) |
| Ilroinnt gnáthóige | Limistéir ghnáthóige nó raonta/críocha speiceas a dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair tharstu |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thollánú/tochailtí | An limistéar díreach os cionn Thollán Leacaigh agus feadh an bhealaigh chuig an tollán ón taobh thiar agus ón taobh thoir |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha | Gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh de ZoI hidrigeolaíoch<br>Déan tagairt d'**Fíoracha10.2.1** go **10.3.6** ZoI hidrigeolaíoch |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha | Aon ghnáthóg bogaigh, cósta nó mara síos le sruth ó aon trasrianta sruthchúrsaí nó sruthanna éalaithe draenála agus aon speiceas uisce/mara atá iontu |

| Tionchar | Crios Tionchair (ZoI) |
|---|---|
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair cháilíochta aeir | Ní dóigh go mbeidh an deannach a chruthaítear le linn tógála ag titim ach amháin i gcainníochtaí intomhaiste díreach le taobh na n-oibreacha tógála |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thabhairt isteach/scaipeadh speiceas planda neamhdhúchasach ionrach | D’fhéadfadh aon ghnáthóga a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, atá díreach tadhlach leis nó síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, nó feadh aon cheann de na bealaí tarlaithe a bheith i mbaol ó ithir/ábhar éillithe a thagann ó áiteanna laistigh de theorainn na forbartha beartaithe nó a iompórtáiltear ó fhoinsí lasmuigh den láithreán |
| Suaitheadh/aschur | Limistéir ghnáthóige a mbaineann éin gheimhrithe úsáid astu laistigh de 300m ghníomhaíochtaí ginearálta tógála nó iad siúd atá laistigh de 800m de limistéir lena mbeadh gá le pléascadh thar thréimhse níos faide |
| Riosca mortlaíochta ó oibreacha tógála | Speiceas uisceach atá ag sealgaireacht nó ag timaistriú feadh chonair Abhainn na Gaillimhe |
| Tionchair Oibríochta | |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha | Gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh de ZoI hidrigeolaíoch<br>Déan tagairt d’**Fíoracha10.2.1** go **10.3.6** ZoI hidrigeolaíoch |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair scáthaithe | Gnáthóga faoi bhun déanmhais tarbhealaigh, claífort nó ballaí cuibhrithe, nó díreach tadhlach leo, i gcás nach gcaillfear an ghnáthóg go buan - i.e. Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach beartaithe Mhionlaigh, agus codanna den chlaífort agus de na ballaí cuibhrithe idir na déanmhais sin. |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair cháilíochta aeir | In áiteanna logánta de ghnáth, ar imeall an bhóthair, gan achar níos mó na 200m a bheith ann. |
| Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thabhairt isteach/scaipeadh speiceas planda neamhdhúchasach ionrach | D’fhéadfadh aon ghnáthóga a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, nó atá díreach tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a bheith i mbaol ó ithir/ábhar éillithe a thagann ó áiteanna laistigh de theorainn na forbartha beartaithe nó a iompórtáiltear ó fhoinsí lasmuigh den láithreán |
| Éifeacht bacainne | Dobharcheantar Shruthán Bhearna |
| Riosca mortlaíochta mar thoradh ar thrácht ar bhóithre | Ábhartha do speiceas uisce feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus i gcomharsanacht Lochanna na gCualach agus laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bearna |

**Pláta 7.1(a): ZoI na forbartha beartaithe bóthair agus láithreáin Eorpacha**



**Pláta 7.1(b): ZoI comhcheangaile na forbartha beartaithe bóthair agus láithreáin Eorpacha agus gar-radharc ar an mbaint a bheidh ag cSAC Loch Coirib leis an ZoI**



# 8 Láithreáin Eorpacha laistigh de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair

## 8.1 Láithreáin Eorpacha laistigh de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair a Aithint

Rinneadh cineál agus scála na forbartha beartaithe bóthair agus na tionchair fhéideartha sainaitheanta, agus an bhaint atá acu le láithreáin Eorpacha, a bhreithniú chun a fháil amach cé na láithreáin Eorpacha a bhí laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair agus, dá bhrí sin, a bhféadfadh riosca a bheith ann ina leith i dtaca le difear a dhéanamh dá gcuspóirí caomhantais mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Is é atá sa ZoI ná limistéar sainithe ar laistigh de atá féidearthacht go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do na cuspóirí caomhantais a chothaíonn riocht caomhantais QI-anna/SCI-anna láithreáin Eorpaigh.

I gcás ghnáthóga QI, má tá láithreán Eorpach suite lasmuigh den ZoI, ansin ní féidir leis an bhforbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh do ghnáthóga laistigh den láithreán sin.

Ina theannta sin, rinneadh breithniú i dtaobh an raibh sé de chumas ag an bhforbairt bheartaithe bóthair tionchair *ex-situ* a bheith aici ar speicis atá liostaithe mar QI-anna/SCI-anna de chuid aon láithreán Eorpach lasmuigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, agus aird á tabhairt ar raon foráiste na speiceas, raon baile na speiceas agus na ceangail idir láithreáin mháithreachais, póraithe agus codlata geimhridh. Déantar níos mó plé air seo thíos.

Liostaítear i **dTábla 8.1** thíos na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair, a gcrios tionchair (ZoI), agus na láithreáin Eorpacha a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bpéire orthu.

**Tábla 8.1: Láithreáin Eorpacha Aitheanta laistigh den Chrios Tionchair (ZoI)**

| **Tionchar Féideartha** | **Crios Tionchair (ZoI)** | **Láithreáin Eorpacha laistigh den ZoI** |
|---|---|---|
| Tionchair Fhéideartha Tógála | | |
| Cailleadh gnáthóige | De ghnáth, laistigh de lorg na forbartha beartaithe bóthair ach d'fhéadfadh sé a bheith ann freisin mar thoradh ar dhroch-chásanna díghrádaithe gnáthóige (féach thíos) | cSAC Loch Coirib<br>agus láithreáin ex-situ féideartha a bhaineann le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Ilroinnt gnáthóige | Limistéir ghnáthóige nó raonta/críocha speiceas a dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair tharstu | cSAC Loch Coirib<br>agus láithreáin ex-situ féideartha a bhaineann le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |

| **Tionchar Féideartha** | **Crios Tionchair (ZoI)** | **Láithreáin Eorpacha laistigh den ZoI** |
|---|---|---|
| Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt | An limistéar díreach os cionn Thollán Leacaigh agus feadh an bhealaigh chuig an tollán ón taobh thiar agus ón taobh thoir | cSAC Loch Coirib |
| Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht | Gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh de ZoI hidrigeolaíochta<br>Déan tagairt d'**Fíoracha 10.2.1** go **10.3.6** ZoI hidrigeolaíoch | cSAC Loch Coirib<br>agus láithreáin ex-situ féideartha a bhaineann le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht | Aon ghnáthóg bogaigh, cósta nó mara síos le sruth ó aon trasrianta sruthchúrsaí nó sruthanna éalaithe draenála agus aon speiceas uisce/mara atá iontu | cSAC Loch Coirib<br>cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh<br>agus láithreáin ex-situ féideartha<br>SPA Loch Coirib<br>agus láithreáin ex-situ féideartha |
| Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir | Ní dóigh go mbeidh an deannach a chruthaítear le linn tógála ag titim ach amháin i gcainníochtaí intomhaiste díreach le taobh na n-oibreacha tógála | cSAC Loch Coirib |
| Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha | D'fhéadfadh aon ghnáthóga a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, nó atá díreach tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, nó feadh aon cheann de na bealaí tarlaithe a bheith i mbaol ó ithir/ábhar éillithe a thagann ó áiteanna laistigh de theorainn na forbartha beartaithe nó a iompórtáiltear ó fhoinsí lasmuigh den láithreán | cSAC Loch Coirib<br>cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Suaitheadh/Díláithriú | Limistéir ghnáthóige a mbaineann éin gheimhrithe SCI úsáid astu laistigh de 300m de ghníomhaíochtaí ginearálta tógála nó iad siúd atá laistigh de 800m de limistéir lena mbeadh gá le pléascadh thar thréimhse níos faide | Láithreáin ex-situ féideartha a bhaineann le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Díghrádú gnáthóige - ábhair thógála<br>Riosca Mortlaíochta | Speiceas uisceach atá ag sealgaireacht nó ag timaistriú feadh chonair Abhainn na Gaillimhe | cSAC Loch Coirib |
| Tionchair Fhéideartha Oibríochtaí | | |
| Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht | Gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce laistigh den ZoI hidrigeolaíochta<br>Déan tagairt d'**Fíoracha10.2.1** go **10.3.6** ZoI hidrigeolaíoch | cSAC Loch Coirib<br>agus láithreáin ex-situ féideartha a bhaineann le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |

| **Tionchar Féideartha** | **Crios Tionchair (ZoI)** | **Láithreáin Eorpacha laistigh den ZoI** |
|---|---|---|
| Díghrádú gnáthóige – scáthú | Gnáthóga faoi bhun déanmhais tarbhealaigh, claífort nó ballaí cuibhrithe, nó díreach tadhlach leo, i gcás nach gcaillfear an ghnáthóg go buan - i.e. Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach beartaithe Mhionlaigh, agus codanna den chlaífort agus de na ballaí cuibhrithe idir na déanmhais sin. | cSAC Loch Coirib |
| Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir | In áiteanna logánta de ghnáth, ar imeall an bhóthair, gan achar níos mó na 200m a bheith ann. | cSAC Loch Coirib |
| Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha | D'fhéadfadh aon ghnáthóga a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad, nó atá díreach tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, nó feadh aon cheann de na bealaí tarlaithe a bheith i mbaol ó ithir/ábhar éillithe a thagann ó áiteanna laistigh de theorainn na forbartha beartaithe nó a iompórtáiltear ó fhoinsí lasmuigh den láithreán | cSAC Loch Coirib<br>cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |
| Éifeacht bacainne | Dobharcheantar Shruthán Bhearna. | cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe |
| Riosca Mortlaíochta | Ábhartha do speiceas uisce feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus i gcomharsanacht Lochanna na gCualach agus laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bearna | cSAC Loch Coirib<br>cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe |

## 8.2 Láithreáin Eorpacha Lastall de ZoI na Forbartha Beartaithe Bóthair a Bhreithniú

Rinneadh láithreáin Eorpacha a bhreithniú i dtaobh an gcruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca i dtaca le tionchair *ex-situ* ar chuspóirí caomhantais speicis QI/SCI, d'ainneoin go bhfuil na láithreáin Eorpacha iad féin lasmuigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair. Tá sé sin dírithe ar speicis áirithe i gcás ina bhféadfadh a raonta foráiste, a raonta baile, a láithreáin neadaithe/fara (agus ar na ceangail idir na nithe sin) síneadh níos faide na teorannacha an cSAC/SPA, is cuma nach bhfuil aon chonairí hidreolaíochta ná hidrigeolaíochta ann idir na láithreáin Eorpacha agus an fhorbairt bheartaithe bóthair.

Is iad na láithreáin sin cSAC Choimpléacs Phortach Chonamara (agus An Fritealán Réisc *Euphydryas aurinia*), SPA Choimpléasc Phortach Chonamara (agus pobail phóraithe Broigheall, Meirliún *Falco columbarius*, Feadóg Buí agus Faoileán Bán), cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rosa (agus an chrú-ialtóg bheag) agus SPA Riasc Chreig Eanaigh (agus an Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach *Anser albifronsflavirostris*).

1. Tá cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara suite c. 6km siar ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Is speiceas é an Fritealán réisc nach mór líonra paistí oiriúnacha gnáthóige a bheith aige laistigh dá raon le gur féidir leis an meiteaphobal áitiúil a choimeád ar bun. Cé go bhfuil taifead déanta ar ghluaiseachtaí fadachair (i.e. suas go 20km), is speiceas measartha neamhaistreach é agus bheadh 6.5km lasmuigh de ghnáthraon dáileacháin an speicis (Lavery, 1993; Hula et al.2004; Betzholtz et al. 2007; Junker & Schmitt, 2010; Botham et al., 2011; agus Zimmermann et al., 2011). Dá bhrí sin, ní imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar ar dhinimic phobal láithreach Fhritealáin Réisc cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara ar aon slí ná ní dhéanfaidh sí difear do na cuspóirí caomhantais a chothaíonn an riocht caomhantais i cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara.
2. Tá SPA Choimpléasc Phortach Chonamara suite c.9km siar ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Ag an bhfad sin ar shiúl, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca i dtaca le difear a dhéanamh do rath póraithe sna láithreáin neadaithe laistigh den SPA: na lochanna maidir leis an mBroigheall agus maidir leis an bhFaoileán Bán, agus na gnáthóga ardtalún maidir leis an Meirliún agus maidir leis an bhFeadóg Bhuí.
3. Tá cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rosa suite c.10km ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus is é an láithreán Eorpach is gaire é dá bhfuil roghnaithe i leith na Crú-ialtóige bige *Rhinolophus hipposideros*. Tá an fara ina bhfuil an pobal QI don láithreán Eorpach seo (foirgnimh ag Teach an Rois) níos mó ná 13km ar shiúl ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Meastar go bhfuil an t-achar sin lasmuigh de ghnáthraon lárnach foráiste phobal Theach an Rois agus lasmuigh de ghnáthraon gluaiseachta an speicis seo, seachas ar ócáidí eisceachtúla nó thar thréimhsí fada ama; mar shampla, ialtóga a scaipeann agus a ghluaiseann idir limistéir sa tírdhreach i gcoitinne thar chuid mhór blianta/glúnta. Thairis sin, de réir suirbhéireachta raidió-rianaithe ar phobal ialtóg Mhionlaigh (a bhí laistigh de limistéar staidéir na scéime) a rinneadh le haghaidh an tionscadail seo sna blianta 2014 agus 2015, taispeánadh nach raibh aon fhianaise ann ar nasc idir an pobal sin agus fara Theach an Rois). Ós rud é nach bhfuil nach ann idir an fhorbairt bheartaithe bóthair agus fara Theach an Rois, ní imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair aon tionchar ar dhinimic láithreach phobal crú-ialtóg beag cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rosa ná ní dhéanfaidh sí difear do na cuspóirí caomhantais a chothaíonn an riocht caomhantais i cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rosa. De réir na conclúide sin, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an gcrú-ialtóg bheag in aon cheann de na cSAC-anna eile atá roghnaithe i leith an speicis seo (ar cSAC-anna iad atá níos faide ar shiúl ón bhforbairt bheartaithe bóthair).
4. Tá SPA Riasc Chreig Eanaigh suite c.4km soir ó dheas ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Ní raibh aon taifead ar ghéanna bánéadanacha Graonlannacha ann sna láithreáin éan geimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu le haghaidh na forbartha beartaithe bóthair. Dá bhrí sin, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca don phobal geimhridh sa láithreán seo.

Tá gach SPA eile suite níos mó ná 10km ar shiúl ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Meastar go bhfuil an t-achar sin lasmuigh de ghnáthraon gluaiseachta speiceas geimhrithe nó póraithe SCI. Eisceacht is ea éin a chaitheann an geimhreadh in Éirinn agus iad ar imirce chuig a bhfearainn póraithe nó uathu; mar shampla, Ealaí glóracha a fhilleann óna bhfearainn póraithe san Íoslainn chun an geimhreadh a chaitheamh in Éirinn. De réir an eolais eolaíochta is fearr atá ann faoi láthair, ní chruthaíonn bóithre aon riosca go mbeidh éifeacht ar leibhéal phobal na n-éan geimhrithe le linn na ngluaiseachtaí imirceacha seo (nuair a bhreithnítear cailleadh gnáthóige i gcomhthéacs limistéir lóistíochta; rud nach dtagann chun cinn i gcomhthéacs na forbartha beartaithe bóthair), agus ní dhéanfar difear do láithreáin póraithe ná do raonta baile tacaíochta thar achar 10km. Dá réir sin, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca do chuspóirí caomhantais aon láithreáin SPA eile.

## 8.3 Achoimre

Agus breithniú á dhéanamh ar ZoI na forbartha beartaithe bóthair, meastar go bhfuil an fhéidearthacht ann (go díreach nó go hindíreach) go mbeidh éifeacht ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas:

- cSAC Loch Coirib
- SPA Loch Coirib
- cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe
- SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Tá suíomh na láithreán Eorpach sin i gcoibhneas leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus leis an ZoI atá á thuar, ar taispeáint i **bhFíor 16**.

Tá gach láithreán Eorpach eile suite lasmuigh den ZoI agus, dá bhrí sin, ní féidir leis an bhforbairt bheartaithe bóthair tionchar a imirt orthu.

# 9 Imscrúdú agus Anailís ar na Tionchair Dhíreacha agus Indíreacha Féideartha ar Láithreáin Eorpacha

Déantar measúnú sna ranna seo a leanas ar thionchair dhíreacha agus indíreacha na forbartha beartaithe bóthair maidir leis na ceithre láithreán Eorpacha ábhartha laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair: cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Maidir le gach aon cheann de na láithreáin Eorpacha seo, leagtar amach sa mheasúnú thíos an anailís ar na tionchair fhéideartha, Leasanna Cáilitheach/SCI-anna atá faoi riosca ó thionchair i bhfianaise Cuspóirí Caomhantais láithreáin (lena n-áirítear a gcuid airíonna agus spriocanna) agus coinníoll caomhnaithe Leasanna Cáilitheacha/SCI-anna. Breithnítear na bearta seachanta agus deartha atá leagtha amach i **Roinn 2.6** agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair fhéideartha. Cuirtear na bearta maolúcháin a chuirfear i bhfeidhm i láthair i **Roinn 10** den tuarascáil seo agus déantar measúnú ar aon tionchar iarmharach ón bhforbairt bheartaithe bóthair maidir leis na Láithreáin Eorpacha i **Roinn 11**. Bunaithe ar an imscrúdú agus ar an anailís atá leagtha amach thíos, is í tuairim ghairmiúil údair an NIS seo nach mbeidh aon tionchar dochrach ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar shláine aon láithreán Eorpach le feidhmiú na mbeart maolaithe beartaithe agus níl aon dabht réasúnach ann ó thaobh na heolaíochta maidir leis an gconclúid seo. Cuirtear measúnú ar an bhforbairt bheartaithe bóthair i gcomhar le haon phlean nó tionscadal eile ar láithreáin Eorpacha i láthair i **Roinn 12**.

## 9.1 cSAC Loch Coirib

### 9.1.1 Leasanna Cáilitheacha agus Cuspóirí Caomhantais cSAC Loch Coirib

Liostaítear gnáthóga agus speiceas Leasanna Cáilitheacha Iarscríbhinn 1 atá in cSAC Loch Coirib, agus na Cuspóirí Caomhantais foriomlána do gach aon cheann acu sin i **dTábla 9.1** thíos. Is iad na cinn daite (i nglas) na QI-anna a taifeadadh laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair. Tá dath freisin ar an Diúilicín péarla fionnuisce, cé nach bhfuil an daonra QI laistigh den ZoI, de bharr na féidearthachta go rachadh tionchair ar speicis iasc salmainide in Abhainn na Gaillimhe i bhfeidhm ar chéim ríthábhachtach dá saolré Dúilicíní péarla fionnuisce sa dobharcheantar (féach **Roinn 9.1.4.9**). Bunaithe ar na foinsí agus ar na conairí tionchair féideartha atá aitheanta i **Roinn 6**, níl ceachtar de na Leasanna Cáilitheacha eile faoi riosca tionchair ón fhorbairt bheartaithe bóthair.

Féach freisin ar **Thábla 9.16** chun an chaoi a mbaineann na conairí tionchair sin leis na cuspóirí caomhantais sonracha do gach QI a d’fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm orthu.

**Tábla 9.1: Leasanna Cáilitheacha agus Cuspóirí Caomhantais cSAC Loch Coirib**[26]
(Maidir leo siúd atá aibhsithe le dath glas is iad sin na QIanna a taifeadadh laistigh de ZoI na forbartha bóthair beartaithe)

| **Leasanna Cáilitheacha** | **Cuspóirí Caomhantais** |
|---|---|
| Gnáthóga Iarscríbhinn I | |
| [3110] Uiscí olagatrófacha ar beag mianraí atá iontu de mhachaire gainimh (*Littorelletalia uniflorae*) | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| [3130 Uiscí bodhra, ó olagatrófach go méiseatrófach, ina bhfuil fásra den chineál *Littorelletea uniflorae* agus/nó den chineál *Isoëto-Nanojuncetea* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [3140] Uiscí crua olagaiméiseatrófacha ina bhfuil fara beantach den chineál *Chara* spp | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* vegetation | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [6210 Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachta magairlíní) | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó ar ithreacha créúla ina bhfuil go leor siolta (*Molinion caeruleae*) | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [7110] Portaigh ardaithe ghníomhacha * | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [7120] Portaigh ardaithe dhíghrádaithe a bhfuil cumas athghiniúna nádúrtha fós acu | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [7150 Logáin ar shubstráití móna *Rhynchosporion* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [7210 Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* gus speicis *Caricion davallianae* * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [7220] Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*) * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [7230] Eanaigh Alcailigh | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [8240] Pábháil Aolchloiche * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [91A0] Seanchoillte darach gaelaí le *Ilex* agus *Blechnum* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [91D0] Coillearnach portaigh * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Speicis Iarscríbhinn II | |
| [1029] Diúilicín Péarla fionnuisce - *Margaritifera margaritifera* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [1092] Cráifisc liathdhonn - *Austropotamobius pallipes* | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1095] Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |

[26] An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. (2017) *Conservation Objectives: Loch Coirib SAC 000297. Version 1.* An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

| Leasanna Cáilitheacha | Cuspóirí Caomhantais |
|---|---|
| [1096] Loimpre shrutháin - *Lampetra planeri* | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1106] Bradán Atlantach - *Salmo salar* (only in fresh water) | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1303] Crú-Ialtóg Bheag - *Rhinolophus hipposideros* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |
| [1355] Madra Uisce - *Lutra lutra* | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1393] Cleitchaonach caol glas (Caonach crúcach snasta) - *Drepanocladus (Hamatocaulis) vernicosus* | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1833] Síofróg uisce - *Najas flexilis* | An riocht fabhrach caomhantais a aistriú |

I gcomhar le breith ar an gcuspóir cineálach caomhantais "Bail chaomhantais mhaith ghnáthóg(a) Iarscríbhinn I agus/nó speicis Iarscríbhinn II dár roghnaíodh an SAC a choinneáil nó a athchóiriú", chuir an cháipéis faoi chuspóirí caomhantais a bhain go sonrach le láithreán cSAC Loch Coirib (NPWS, 2017) bonn eolais freisin faoin measúnú seo. Leagtar amach sa cháipéis seo na tréithe, bearta agus spriocanna a shainíonn bail chaomhantais mhaith na ngnáthóg agus speiceas QI sa láithreán Eorpach. Meastar gur droch-éifeacht ar shláine cSAC Loch Coirib é dul i bhfeidhm ar bhail chaomhantais gnáthóga nó speicis QI.

I **dTábla 9.16** i **Roinn 9.1.4.10**. cuirtear i láthair na tréithe agus na spriocanna sonracha a úsáideadh chun cuspóirí caomhantais na ngnáthóg agus speiceas QI laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair a shainiú. Is ionann iad siúd atá daite (i nglas) sa tábla sin agus na tréithe agus spriocanna sonracha sin a bhfuil an fhéidearthacht ann go rachaidh na tionchair a aithníodh i bhfeidhm orthu i gcás gach QI.

Cé go bhfuil an Chrú-ialtóg bheag i limistéar staidéir na scéime, tá an fara a chuimsíonn an daonra QI don láithreán Eorpach seo (Ebor Hall House) níos mó ná 30 km ón bhforbairt bheartaithe bóthair, ar bhruach thuaidh Loch Coirib. Meastar go bhfuil sé sin níos faide ná an gnáthréimse de phríomhshealgaireacht dhaonra Ebor Hall House agus níos faide ná gnáthréimse timaistrithe an speicis sin seachas i gcásanna eisceachtúla nó thar thréimhsí fada – mar shampla, ialtóga ag scaipeadh agus ag bogadh idir ceantair sa tírdhreach níos leithne thar go leor blianta/glúin. Thairis sin, níor thug na suirbhéanna rianaithe raidió ar dhaonra ialtóga Mhionlaigh (a bhí aitheanta laistigh de limistéar staidéir na scéime) ar tugadh fúthu ar mhaithe leis an tionscadal seo sna blianta 2014 agus 2015 (*N6 Galway City Transport Project Route Selection Report*, Arup, 2016) le fios go raibh aon fhianaise ann maidir le gluaiseacht idir an daonra sin agus fara Theach Eborhall. De bharr na heaspa naisc idir limistéar staidéir na scéime agus na faraí ba chúis le hainmniú an láithreáin Eorpaigh seo, cuireadh éifeachtaí suntasacha dóchúla ar dhaonra Crúialtóg bheag cSAC Loch Coirib as an áireamh. Cé go bhfuil tuar sa Tuarascáil EIA go mbeidh tionchar iarmharach ar leibhéal áitiúil ar dhaonra Chrúialtóg bheag Mhionlaigh, mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ní dhéanfaidh na tionchair seo difear do chuspóirí caomhnaithe cSACanna Loch Coirib ná ní dhéanfaidh siad difear do QI Daonra na gCrúialtóg bheag ar aon láithreáin Eorpacha eile toisc nach bhfuil an daonra seo mar chuid de daonra QI cSAC Loch Coirib.

### 9.1.2 An Bhunlíne Éiceolaíochta


Léirítear i **Roinn 5.1** an bhunlíne éiceolaíochta laistigh le limistéar staidéir na forbartha bhóthair beartaithe. Léirítear sa chuid seo an bhunlíne éiceolaíochta laistigh de cSAC Loch Coirib.

#### 9.1.2.1 Gnáthóga

Faoi mar a tugadh le fios i **Roinn 2.2** agus i **Roinn 6.1** trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair agus a theorainn cSAC Loch Coirib i gceithre ionad[27]. ag deireadh an tsrutha éalaithe draenála ó Nascbhóthar ó thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh; ag láthair Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus ag dhá phointe éalaithe draenála idir an Daingean agus Mionlach; ar an taobh thiar de Locha Chúil Each; agus ar an taobh thiar agus an taobh ó thuaidh de Chairéal Leacaigh, áit ina gcuimseoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair tollán agus bonneagar le haghaidh bóthar isteach (Ch. 10+620 go Ch. 11+800). Tá mapáil ghnáthóige i leith gach ceann de na limistéir sin curtha ar fáil agus taispeántar inti aicmiú gnáthóige Fossitt (2000) (féach **Fíoracha 13.1** go **13.5**) agus, i gcás inarb infheidhme, na cineálacha gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I nó na cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I (féach **Fíoracha 14.1** go **14.5**), agus déantar tagairt dóibh i ngach ceann de na ranna thíos (**Ranna 9.1.2.1.1** go **9.1.2.4**). Tá thart faoi 4 ha. den fhorbairt bhóthair beartaithe laistigh de cSAC Loch Coirib. Tá forléargas ar an limistéar ar taispeáint ar **Phláta 9.1** thíos.

[27] Ní léirítear gnéithe ar an talamh, mar theorainneacha páirceanna, imeall bóithre, srl. go cruinn i gcónaí sna leaganacha atá ann faoi láthair de theorainneacha digiteacha na gceantar ainmnithe ar féidir iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin an NPWS. Tá sé seo mar gheall ar dhifríochtaí scála idir na léarscáileanna 6-orlach a úsáidtear chun teorainneacha an láithreáin Eorpaigh a shainmhíniú ar dtús agus an léarscáilíocht veicteoir / Ortafótagrafaíocht veicteoir níos mó. Maidir leis na tuairiscí ar shuíomhanna gnáthóg sa tuarascáil seo, i dtaobh iad a bheith laistigh nó lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib, léirmhínithe is ea iad ar na láithreacha atá beartaithe maidir le teorainneacha páirceanna agus maidir le teorainn cheantar ainmnithe dlí mar a thaispeántar iad ar Léarscáileanna oifigiúla cruachóipe na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Pléadh agus aontaíodh an cur chuige seo leis an NPWS.

**Pláta 9.1: An fhorbairt bheartaithe bóthair agus forléargas ar ghnáthóga Iarscríbhinn 1 i gcomharsanacht cSAC Loch Coirib**




Déantar torthaí iomlána na suirbhéireachtaí ar ghnáthóga a rinneadh i cSAC Loch Coirib a thabhairt in *N6 Galway City Transport Project – Habitat mapping and assessment of a section of Loch Coirib cSAC and surrounding areas* (Barron et al., 2017), agus tá sé sin san áireamh i **bhFoscríbhinn G**.

Go hachomair, rinneadh 16 ghnáthóg Iarscríbhinn I san iomlán a thaifead le linn na suirbhéireachta, a bhfuil achar 155.2 ha laistigh de cSAC Loch Coirib iontu, agus a shíneann amach thar teorainn na forbartha beartaithe:

- Lochanna diostrófacha [3160]
- Fraochmhánna fliucha [4010]
- Fraochmhánna tirime [4030]
- Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha [4060]
- Féaraigh chailcreacha [6210]
- Féaraigh chailcreacha ina bhfuil flúirse magairlíní [*6210]
- Móinéir *Molinia* [6410]
- Cumainn luibheanna arda hidrifiliúla [6430]
- Eanaigh *Cladium* [*7210]
- Bratphortach (neamhghníomhach) [7130]
- Bratphortach (gníomhach) [*7130]
- Idirsheascainn agus portaigh chreatha [7140]
- Eanaigh alcaileacha [7230]

- Pábháil aolchloiche (nocht) [*8240]
- Pábháil aolchloiche (faoi chrainn) [*8240]
- Foraoiseacha gláracha [*91E0]

Tá tromlach na gcineálacha gnáthóige sin ina gcuid den choimpléasc bogaigh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe, agus cothaíonn an coimpléasc sin iad, agus tá siad bainteach le Lochanna na gCualach. Tá na gnáthóga níos tirime fraochmhá, féaraigh agus carraige nocht aolchloiche suite den chuid is mó ar fhánaí cnoic ardaithe ó thuaidh ó Lochanna na gCualach (a chothaíonn limistéir níos lú ina bhfuil na cineálacha seo gnáthóga lasmuigh d'imill an bhogaigh).

Rinneadh Abhainn na Gaillimhe a aicmiú mar abhainn sil-leagtha/ísealtalún (FW2) mar chuid de shuirbhéireachtaí ar ghnáthóga uisceacha a rinneadh sa bhliain 2014 (**Foscríbhinn K**). Ní fhreagraíonn cainéal Abhainn na Gaillimhe atá i gcomharsanacht na forbartha beartaithe bóthair, agus níos faide síos an sruth, d'aon chineál gnáthóige Iarscríbhinn I. Féadfaidh aibhneacha sil-leagtha ísealchroíocha in Éirinn a bheith ar aon dul le dhá  chineál ghnáthóg Forscíbhinn I: Cúrsaí uisce ó leibhéal an mhachaire go leibhéal an tsléibhe ina bhfuil fásra *Ranunculion fluuncantis* agus *Callitricho-Batrachion* [3260]; agus, Aibhneacha a bhfuil bruacha láibe acu ina bhfuil fásra *Chenopodion rubri* p.p. agus *Bidention* p.p. [3270]. Níl plandaí uisceacha den sórt sin a bhaineann leis an gcineál gnáthóige atá in Iarscríbhinn I [3260][28] le fáil in Abhainn na Gaillimhe gar don fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Sa réimse seo d'Abhainn na Gaillimhe, níl gnáthóga bruach láibe ann ná na speiceas fásra / plandaí a bhaineann le gnáthóg Iarscríbhinn I [3270].

Síos an sruth ó Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe, cuimsíonn an ghnáthóg atá ann laistigh de cSAC Loch Coirib, feadh bhruacha na habhann, mósáic d'fhéarach fliuch (GS4) agus de chorcach ghiolcaí (FS1). Tá scrobarnach (WS1), féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) agus coillearnach (WS1, WN2 agus WN6) ann freisin idir an pointe beartaithe trasnaithe agus Lochanna na gCualach. Freagraíonn cuid mhór de na cineálacha gnáthóige sin do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I[29] mar atá, féarach cailcreach [6210], foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], eanach Cladium [*7210], luibh ard Hydrophilous [6430] agus Idirsheascainn [7140]. Cé nach bhfuil ach féarach cailcreach agus eanach *Cladium* ina ngnáthóga QI le haghaidh cSAC Loch Coirib, is dóigh go mbeidh ról tacaíochta ag cuid mhór de na gnáthóga bogaigh eile i leith na ngnáthóg sin atá laistigh den mhósáic seo.

Sceithfidh an pointe éalaithe draenála beartaithe ó Nascbhóthar Thuaidh an N59 chuig díog dhraenála in cSAC Loch Coirib ag Baile an Cheantaigh. Áirítear ar ghnáthóga sa limistéar seo Crannteorainn (WL2), Scrobarnach (WS1) agus Móinéir Thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2), Féaraigh agus Giolcacha Fliucha agus seascainn mhóra cíbe/féarach fliuch (FS1/FS2/GS4). Tá paiste seascainn giolcaí *Phragmites australis* (FS1)s agus limistéar eanaigh shaibhir agus borrfháis (PF1) ann díreach soir ó theorainn na forbartha beartaithe. Freagraíonn an limistéar

[28] Tá na speicis plandaí uisceacha a thaifeadadh ar feadh Abhainn na Gaillimhe curtha i láthair i **bhForscríbhinn K**.
[29] I gcás ina n-úsáidtear ainmneacha giorraithe gnáthóige Iarscríbhinn I sa tuarascáil seo, tá an t-ainmníocht de réir na hainmníochta atá ann in The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Overview Volume 1. (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, 2013a).

eanaigh do chumann fásra PF1_RFLU1a[30] (borrfhás *Carex viridula oedocarpa* - *Pinguicula vulgaris* - *Juncus bulbosus*; ochumann caonaigh dhoinn) do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh alcaileacha* [7230].

Draenálann an díog draenála, ar chuige a sceitheann an pointe éalaithe draenála, i dtreo siar ó thuaidh ar feadh c. 380m sula dtiontaíonn sé soir ó thuaidh áit a gceanglaíonn sé le hAbhainn na Gaillimhe tar éis c.130m eile. Feadh na díge draenála, nó gar di, laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib, tá gnáthóga féaraigh fhliuch (GS4), Fraochmhá fliuch (HH3), Idirsheascainn (PF3) agus coillearnaí fliche Saileach-Fearnóg-Fuinseog (WN6) ann. Freagraíonn cuid díobh sin do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I: Móinéar *Molinia* [6410], Fraochmhá fhliuch [4010], Idirsheascann [7140] agus foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], faoi seach.

Freagraíonn Lochanna na gCualach do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I dar teideal lochanna crua-uisce [3140] agus cothaíonn siad coimpléasc bogaigh féaraigh fhliuch (GS4), Fraochmhá fliche (HH3), Eanaigh (PF1 agus PF2) agus Seascainn ghiolcaí (FS1). Freagraíonn cuid mhór de na cineálacha gnáthóige sin do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I [31] dar teideal foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], eanach *Cladium* [*7210], eanach alcaileach [7230], luibh ard Hydrophilous [6430], móinéar Molinia [6410], fraochmhá fhliuch [4010] agus isirsheascainn [7140]. Cé nach bhfuil ach féarach cailcreach agus eanach Cladium ina ngnáthóga QI le haghaidh cSAC Loch Coirib, is dóigh go mbeidh ról tacaíochta ag cuid mhór de na gnáthóga bogaigh eile i leith na ngnáthóg sin atá laistigh den mhósáic seo.

Tá an limistéar siar ó Lochanna na gCualach agus ó thuaidh agus soir i dtreo Thollán beartaithe Leacaigh comhdhéanta de mhósáic de Charraig chailcreach nochta (ER2) fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) agus Choillearnach Darach-Fuinseog-Coill (WN2) scrobarnach (WS1). Tá roinnt de na limistéir sin ag freagairt d’fhéarach Cailcreach [*6210/6210] agus do Phábháil aolchloiche [*8240] gnáthóga Iarscríbhinn 1. Maidir le cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn 1 a bhfuil taifeadadh déanta orthu, tá a bhformhór sainithe go maith ag staidéir náisiúnta le gairid a bhí comhordaithe ag an NPWS (déan tagairt do na foilseacháin atá luaite i **dTábla 4.2** den NIS seo) agus chun críocha an mheasúnaithe seo, aithníodh agus rinneadh aicmiú orthu de réir na bhfoilseachán sin nuair a bhíodar ar fáil.

Ach, i gcás *8240 pábháil aolchloiche, ba ghá an cineál gnáthóige a shainiú tuilleadh. Cé nach ndéantar tagairt in Interpretation Manual of EU Habitats (CEC, 2013) do choillearnach mar chomhchuid den sainiú Iarscríbhinn I ar *8240 Pábháil aolchloiche, is léir go nglactar go forleathan lena chur san áireamh (JNCC, 2009, 2014; Wilson & Fernández, 2013). Áiríonn Lámhleabhar Léirmhíniúcháin AE “scrobarnach... (*m.sh. Corylo-Fraxinetum*)”, agus an dá chatagóir chomhfhreagracha as an UK National Vegetation Classification a bhaineann le

[30] Tá aicmiú an chumainn fásra eanaigh alcailigh de réir an chórais aicmiúcháin a thuairiscítear in Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R & O’Hanrahan, B. (2014). *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, No. 79.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

[31] I gcás ina n-úsáidtear ainmneacha giorraithe gnáthóige Iarscríbhinn I sa tuarascáil seo, tá an t-ainmníocht de réir na hainmníochta atá ann in The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Overview Volume 1. (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, 2013a).

*8240 Pábháil aolchloiche agus ar cineálacha coillearnaí an dá cheann acu. Ach, luann Rodwell *et al.* (2000) nach n-oireann gnáthóga pábhála aolchloiche go maith do chóras NVC, ó tharla nar tháinig ar aon ní nach féidir é a thuairisciú i dtéarmaí blúirí nó coimpléisc ina bhfuil cineálacha éagsúla fásra, a bhfuil léiriú le fáil orthu cheana féin in áiteanna eile laistigh den aicmiú.

In The National Survey of Limestone Pavement (NSLP) (Wilson & Fernández, 2013), tugtar tuairiscí ar dhá chineál pábhála ar bhonn a moirfeolaíochta:

- blocach, ar saintréith de struchtúr dea-shainithe clinteanna agus gríog
- limistéir scoilte ina bhfuil smionagar scaoilte gan aon struchtúr dea-shainithe clinteanna agus gríog ann

In NSLP, déantar pábháil aolchloiche faoi chrainn a thuairisciú mar ghnáthóg ina n-áirítear foirmíochtaí coillearnaí ina bhfuil Coill agus/nó Fuinseoga go formhór, mar aon le pábháil thipiciúil bhlocach faoin gceannbhrat". Níl aon réasún tugtha maidir le cén fáth nach bhfuil coillearnach coill/fuinseoige, a d'fhás os cionn pábháil scoilte, san áireamh laistigh de chineál Iarscríbhinn 1. Tá 'pábháil scoilte' san áireamh i Lámhleabhar Léirmhíniúcháin AE, laistigh dá shainmhíniú maidir le gnáthóg Iarscríbhinn 1. D'fhéadfadh sé a bheith deacair limistéir ina bhfuil pábháil bhlocach, seachas pábháil scoilte faoi chrainn, a shainaithint nuair a bhíonn an talamh clúdaithe le brat brífítí. Le fírinne, is minic a bhíonn cineálacha blocacha agus scoilte pábhála ann in éineacht lena chéile, rud a fhágann go mbíonn sé níos casta fós an t-idirdhealú a dhéanamh. Bheadh na speicis a bhíonn ann i gcoillearnach os cionn pábháil bhlocach agus pábháil scoilte comhchosúil lena chéile agus is féidir iad a fháil, go deimhin, i gcoillearnach chailcreach in ithreacha doimhne agus, dá bharr sin, ní cabhair iad na speicis i dtaca leis an ngnáthóg a shainiú. Mar sin, cinneadh, ar mhaithe leis an measúnacht seo, go n-áiríonn limistéir *8240 pábháil aolchloiche faoi chrainn na limistéir sin ag a bhfuil ceannbhrat dlúth crann atá 3m ar airde ar a laghad, agus buncharraig ar an dromchla a bheith i gceist le 50% ar a laghad dá dhromchla (bhí an bhuncharraig clúdaithe le caonaigh de ghnáth), agus fianaise ann fós ar struchtúr pábhála aolchloiche. Sna gnáthóga *8240 pábháil aolchloiche faoi chrainn ar thángthas orthu, bhí ithir ann de ghnáth ach bhí sí tanaí (<2cm), cé go raibh cuma níos doimhne uirthi in áiteanna áirithe - mar shampla, i seanghríoga - de bharr carnadh húmais.

I gcás na cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I dar teideal *Semi-natural dry grasslands and scrubland facies on calcareous substrates (*Festuco-Brometea*)* (*láithreáin tábhachtacha magairlíní) [6210/*6210], sainaithníodh agus aicmíodh iad de réir shainiú Lámhleabhar Léirmhíniúcháin AE agus de réir O'Neill *et al.* (2013).

#### 9.1.2.1.1 Droichead Beartaithe Abhainn na Gaillimhe

Tá na cineálacha gnáthóige a taifeadadh laistigh de cSAC Loch Coirib i gcomharsanacht Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus na pointí beartaithe éalaithe draenála ar taispeáint i **bhFíor 13.1** (aicmiú gnáthóg Fossitt) agus i **bhFíor 14.1** (aicmiú gnáthóg Iarscríbhinn I) agus tuairiscítear iad i **bhFoscríbhinn G**. Baineann an tuairisc mhionsonraithe thíos le gach limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá suite laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus beidh tionchar díreach ag an bhforbairt bhóthair beartaithe orthu

(beidh tionchar díreach ar c2.9ha laistigh de cSAC Loch Coirib). Níl aon cheann de na limistéir sin ar aon dul le cineálacha gnáthóg Forscríbhinn I agus ní thacaíonn siad le cuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib. Freagraíonn na cóid tagartha a úsáidtear thíos (e.g. Limistéar 1.a) don anótáil i **bhFíor 15.1**.

Bhí Abhainn na Gaillimhe féin aicmithe mar abhainn ísealchríche/taiscthe (FW2) nach bhfreagraíonn d'aon chineál gnáthóige de chuid Iarscríbhinn 1. Ní fhreagraíonn aon limistéar gnáthóige talún atá laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus laistigh de cSAC Loch Coirib d'aon chineál gnáthóige de chuid Iarscríbhinn 1, ní gnáthóga Leasanna Cáilitheach de chuid cSAC Loch Coirib iad agus ní chothaíonn siad gnáthóga Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib.

***Limistéar 1.a***

Is ionann an ghnáthóg seo agus mósáic de mhóinéir thirime agus de chiumhaiseanna féir (GS2) agus de scrobarnach (WS1) ar fhána os comhair Abhainn na Gaillimhe. *Rubus fruticosus* agg. is mó atá sa scrobarbach, agus tá *Crataegus monogyna, Prunus spinosa* agus *Salix cinerea* ann freisin. I measc na speiceas atá bainteach leis an bhféarach áirítear *Dactylis glomerata, Arrhenatherum elatius, Cynosurus cristatus, Carex flacca, Ranunculus repens, Centaurea nigra, Trifolium pratense* agus *Prunella vulgaris.* Tá thar ar 0.09ha den limistéar gnáthóige sin laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus beidh c0.01ha laistigh de cSAC Loch Coirib freisin.

Tá easpa táscspeiceas ann sa limistéar gnáthóige seo, rud a fhágann nach bhfreagraíonn sé d'aon chineálacha gnáthóige féaraigh Iarscríbhinn I. Le linn breithniú a dhéanamh ar *Féaraigh thirime leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha (*Festuco-Brometalia*)* [6210], ní dhearnadh ach táscspeiceas amháin don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo, i gcomhthéacs Éireannach, mar atá liostaithe in O'Neill et al. (2013), a thaifeadadh: *Centaurea nigra*. Ní raibh aon cheann de na speicis plandaí atá liostaithe don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo ann. Maidir le *Lowland hay meadows* [6510], ní dhearnadh ach trí tháscspeiceas don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo, mar atá liostaithe in O'Neill et al. (2013), a thaifeadadh: *Centaurea nigra, Trifolium pratense* agus *Prunella vulgaris*. Níl ach speiceas amháin atá liostaithe don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo in CEC (2013) ann (*Arrhenatherum elatius*),

***Limistéar 1.b***

Cuimsíonn an ghnáthóg seo cosán gairbhéil feadh bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe a aicmíodh mar Fhoirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3) agus stráice féaraigh fhliuch (GS4) agus Scrobarnach (WS1) idir an cosán agus an abhainn. Is cosúil go ndéantar bainistiú ar an stráice féaraigh ar bhonn tréimhsiúil. Is iad na speicis atá bainteach leis an bhféarach/scrobarnach Agrostis stolonifera, Arrhenatherum elatius, Holcus lanatus, Lythrum salicaria, Filipendula ulmaria agus Rubus fruticosus agg., mar aon le Phragmites australis ar an imeall agus Schoenoplectus lacustris feadh imeall an uisce. Áirítear an na speicis atá bainteach leis an scrobarnach Salix cinerea subsp. oleifolia, Crataegus monogyna agus Rubus fruticosus agg. Tá thart faoi 0.07ha den limistéar gnáthóige seo laistigh de theorain na forbartha beartaithe agus laistigh de cSAC Loch Coirib.

Ní fhreagraíonn limistéir an chosáin agus na scrobarnaí d’aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. Níl líon sách mór táscspeiceas ann sa limistéar féaraigh, rud a fhágann nach bhfreagraíonn sé d’aon chineálacha gnáthóige féaraigh Iarscríbhinn I. Níl aon táscspeicis de chuid féarach Cailcreach [*6210/6210] ann agus níl ach speiceas amháin atá liostaithe don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo in CEC (2013) ann (Arrhenatherum elatius).

***Limístear 1.c***

Is éard atá sa limistéar gnáthóige seo ná cuid líneach de scrobarnach, chrainn (WS1/WL2) ina gcuimsítear Fraxinus excelsior den chuid is mó, mar aon le Crataegus monogyna, Alnus glutinosa, Prunus spinosa agus Ilex aquifolium ó áit go háit. Go struchtúrach, tá sé an-lom agus tá bearnaí ann idir crainn ar leithligh in áiteanna áirithe, go háirithe i gcomharsanacht phointe beartaithe trasnaithe Dhroichead Abhainn na Gaillimhe. Ní fhreagraíonn an limistéar gnáthóige seo d’aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. Go háirithe, ní fhreagraíonn sé d’aon chineálacha gnáthóige coillearnaí; tá easpa struchtúir coillearnaí ann ós rud é gur gné chúng líneach atá ann agus é comhdhéanta de líne shingil bhearnach crann/tor. Beidh tionchar díreach ar thart ar 0.05ha den limistéar gnáthóige sin.

***Limistéar 1.d***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) agus freagraíonn sé don chumann fásra féaraigh *Cynosurus cristatus – Trifolium repens* (GS1_3b)[32]. Cuimsíonn an réimse seo achar thart ar 0.56ha agus tá sé go léir laistigh de theorainn na forbartha beartaithe.

Ní fhreagraíonn an cineál gnáthóige seo do chineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I, ná don mhalairt neamhthosaíochta air sin, is é sin, *Féaraigh thirime leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha* (Festuco-Brometea) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní) [6210/*6210], ar an mbonn nach gcothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanach speiceas don chineál gnáthóige seo. Níl aon cheann de na Táscspeicis Dhearfacha Ardcháilíochta ná aon cheann de na Táscspeicis Dhearfacha don ghnáthóg seo, i gcomhthéacs Éireannach (de réir O’Neill et al. 2013) ann. Níl aon speicis atá liostaithe don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo atá liostaithe in CEC (2013) ann.

Maidir le *móinéir féir ísealtalún* [6510], ní chothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanach speiceas don chineál gnáthóige seo i gcomhthéacs Éireannach, ós rud é nach bhfuil ach ceithre tháscspeiceas ann, mar atá liostaithe in O’Neill et al. (2013): *Centaurea nigra, Trifolium pratense, Plantago lanceolata* agus *Ranunculus acris*. Níl aon speicis atá liostaithe don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo atá liostaithe in CEC (2013) ann.

Is ionann **Tábla 9.2** agus taifead ar na speicis plandaí a taifeadadh i relevé anseo (tagairt eangaí ITM 528598 727805).

[32]Tá aicmiú cumann fásra Féaraigh de réir an chórais aicmiúcháin a thuairiscítear in O’Neill, F.H., Martin, J.R., Devaney, F.M. & Perrin, P.M. (2013) *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012*.

**Tábla 9.2: Sonraí relevé agus liosta speiceas do limistéar gnáthóige 1.d**

| **Speiceas** | **Clúdach mar %** | **Speiceas** | **Clúdach mar %** |
|---|---|---|---|
| *Lolium perenne* | 50 | *Carex hirta* | 3 |
| *Ranunculus repens* | 40 | *Rumex acetosa* | 1 |
| *Trifolium repens* | 30 | *Holcus lanatus* | 1 |
| *Trifolium pratense* | 20 | *Dactylis glomerata* | 1 |
| *Festuca rubra* | 15 | *Centaurea nigra* | 1 |
| *Cynosurus cristatus* | 10 | *Agrostis stolonifera* | 1 |
| *Ranunculus acris* | 5 | *Calliergonella cuspidata* | 0.5 |
| *Plantago lanceolata* | 5 | *Carex disticha* | 0.3 |
| *Taraxacum officinale* agg. | 3 | *Elytrigia repens* | 0.1 |
| *Rumex crispus* | 3 | *Cerastium fontanum* | 0.1 |

***Limistéar 1.e***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) agus freagraíonn sé don chumann fásra féaraigh *Cynosurus cristatus – Trifolium* repens (GS1_3d). Cuimsíonn an réimse seo achar thart ar 0.69ha agus tá sé suite go hiomlán laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Tá thart ar 0.3ha de suite laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib freisin.

Ní fhreagraíonn an cineál gnáthóige seo do chineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I, ná don mhalairt neamhthosaíochta air sin, is é sin, *Féaraigh thirime leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha (Festuco-Brometea) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní*) [6210/*6210], ar an mbonn nach gcothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanach speiceas don chineál gnáthóige seo. Níl aon cheann de na Táscspeicis Dhearfacha Ardcháilíochta ann agus níl ach ceann amháin de na seacht dTáscspeiceas Dhearfacha don chineál gnáthóige seo (de réir O’Neill et al. 2013) ann.

Maidir le *móinéir féir ísealtalún* [6510], níl bainistiú á dhéanamh air faoi láthair mar mhóinéar agus ní chothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanach speiceas don chineál gnáthóige seo, gan aon cheann de na táscspeicis don ghnáthóg seo, i gcomhthéacs Éireannach, mar atá liostaithe in O’Neill at al. (2013), ná aon speicis atá liostaithe don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo, atá liostaithe in CEC (2013), á gcothú ann.

Is ionann **Tábla 9.3** híos agus taifead ar na speicis plandaí a taifeadadh i relevé a tógadh anseo (tagairt eangaí ITM 528705 727740); á táscspeicis don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I aibhsithe i gcló trom. Tá roinnt carraigeacha aolchloiche ann sa chúinne thoir thuaidh ach ní fhreagraíonn sé sin don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I dar teideal pábháil aolchloiche.

**Tábla 9.3: Sonraí relevé agus liosta speiceas do limistéar gnáthóige 1.e**

| Speiceas | Clúdach mar % | Speiceas | Clúdach mar % |
|---|---|---|---|
| *Festuca rubra* | 20 | *Ranunculus repens* | 3 |
| *Rhytidiadelphus squarrosus* | 15 | *Rumex obtusifolius* | 3 |
| *Holcus lanatus* | 10 | *Bellis perennis* | 1 |
| *Plantago lanceolata* | 10 | *Cerastium fontanum* | 1 |
| *Ranunculus acris* | 7 | *Luzula campestris* | 1 |
| *Trifolium pratense* | 7 | *Medicago lupulina* | 1 |
| *Agrostis capillaris* | 5 | *Prunella vulgaris* | 1 |
| *Anthoxanthum odoratum* | 5 | *Taraxacum officinale* agg. | 1 |
| *Cynosurus cristatus* | 5 | *Tortella tortuosa* | 1 |
| *Lolium perenne* | 5 | *Trifolium repens* | 1 |
| *Calliergonella cuspidata* | 3 | *Carex flacca* | 0.5 |
| *Cirsium arvense* | 3 | | |

### *Limistéar 1.f*

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar choillearnach leathandhuilleach mheasctha (WD1) agus freagraíonn sé don chumann fásra féaraigh Fagus sylvatica – Prunus laurocerasus (WD1_2f[33]). Cuimsíonn an choillearnach seo achar thar ar 1.58ha, a bhfuil thart ar.1.54ha de laistigh den teorainn forbartha beartaithe. Tá formhór na coillearnaí (c.1.45ha) laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib freisin.

Is ionann **Tábla 9.4** híos agus taifead ar na speicis plandaí a taifeadadh i relevé a tógadh anseo (tagairt eangaí ITM 528647 727837). Mar choillearnach a bhfuil Feánna ann den chuid is mó, gan aon ghnáthóg pábhála aolchloiche ann, ní fhreagraíonn an cineál gnáthóige seo d'aon chineálacha gnáthóige coillearnaí Iarscríbhinn I.

***Tábla 9.4: Liosta speiceas do limistéar gnáthóige1.f***

| Speiceas | Clúdach mar % | Speiceas | Clúdach mar % |
|---|---|---|---|
| *Fagus sylvatica* | 80 | *Kindbergia praelonga* | 0.1 |
| *Ilex aquifolium* | 50 | *Lejeunea cavifolia* | 0.1 |
| *Thamnobryum alopecurum* | 15 | *Metzgeria furcata* | 0.1 |
| *Fraxinus excelsior* | 10 | *Neckera complanata* | 0.1 |
| *Isothecium alopecuroides* | 0.3 | *Radula complanata* | 0.1 |
| *Arum maculatum* | 0.1 | *Rhynchostegiella tenella* | 0.1 |
| *Hedera helix* | 0.1 | *Tortella tortuosa* | 0.1 |

[33] Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K. & Delaney, A. (2008) Suirbhé Náisiúnta ar Choillearnacha Dúchasacha 2003-2008. Imleabhar II: Aicmiú coillearnach.

***Limistéar 1.g***

Cuimsíonn an limistéar gnáthóige seo rian rochtana gairbhéil agus geata isteach sa choillearnach in aice láimhe agus aicmíodh é mar fhoirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3). Ní fhreagraíonn an limistéar gnáthóige seo d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ós rud é gur gné de dhéantús an duine í.

#### 9.1.2.1.2 Pointe Beartaithe Éalaithe Draenála - Nascbhóthair Thuaidh N59

Sceithfidh an pointe beartaithe éalaithe draenála ó Nascbhóthar Thuaidh N59 chuig díog dhraenála i cSAC Loch Coirib; agus is gá an pointe éalaithe draenála a thógáil laistigh de theorainn an cSAC.

Tá cineálacha gnáthóige a taifeadadh laistigh de cSAC Loch Coirib i gcomharsanacht an phointe bheartaithe éalaithe draenála ar taispeáint i **bhFíor 13.2** (aicmiú gnáthóg Fossitt) agus i **bhFíor 14.2** (aicmiú gnáthóg Iarscríbhinn I). Baineann na tuairiscí mionsonraithe thíos le gach limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá suite laistigh de theorainn na forbartha beartaithe nó atá tadhlach léi. Is é limistéar 4a an t-aon chuid de cSAC Loch Coirib a mbeidh tionchar díreach air (c.0.02ha) agus ní aon cheann de chineálacha gnáthóige Forscríbhinn I i gceist. Freagraíonn na cóid tagartha a úsáidtear thíos (e.g. Limistéar 4.a) don anótáil i **bhFíor 15.2**.

***Limistéar 4.a***

Is é atá sna gnáthóga atá bainteach leis an gclaífort iarnróid seo ná mósáic de Chrainn (WL2), Scrobarnach (WS1) agus Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2). Cuimsíonn na crainn/an scrobarnach *Salix cinerea, Salix caprea, Alnus glutinosa, Rubus fruticosus* agg., *Prunus spinosa* agus *Urtica dioica.* Áiríonn an féarach fásaigh speicis amhail *Dactylis glomerata, Arrhenatherum elatius, Cynosurus cristatus, Centaurea nigra, Cirsium arvense, Plantago lanceolata, Ranunculus acris, Trifolium pratense, Lathyrus pratensis* agus *Potentilla anserina.* Tá an limistéar gnáthóige seo laistigh de cSAC Loch Coirib agus tá thart ar 0.02ha (c.150$m^2$) laistigh de theorainn na forbartha beartaithe.

Tá easpa táscspeiceas ann sa ghnáthóg seo, rud a fhágann nach bhfreagraíonn sé d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. Maidir le *móinéir féir ísealtalún* [6510], cé go bhfuil roinnt speiceas ann atá liostaithe in CEC (2013) don ghnáthóg Iarscríbhinn I seo (*Centaurea nigra, Plantago lanceolata, Ranunculus acris, Trifolium pratense* agus *Lathyrus pratensis*) níl sé á bhainistiú mar mhóinéar faoi láthair. Ní chothaíonn sé dóthain speiceas don chineál gnáthóige seo agus ní chothaíonn sé aon cheann de na táscspeicis don ghnáthóg seo, i gcomhthéacs Éireannach, mar atá liostaithe in O'Neill at al. (2013).

***Limistéar 4.b***

Tá mósáic de sheascann giolcaí agus cíbe móire/de sheascann luibheanna arda/d'fhéarach fliuch (FS1/FS2/GS4) suite siar ón bpointe beartaithe éalaithe draenála agus go díreach taobh le teorainn na forbartha beartaithe agus laistigh de cSAC Loch Coirib. I measc na speiceas atá ann áirítear *Phragmites australis*, *Iris pseudacorus*, *Filipendula ulmaria*, *Typha latifolia* agus *Epilobium hirsutum*. Tá easpa táscspeiceas ann sa ghnáthóg seo, rud a fhágann nach bhfreagraíonn sé d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I.

### *Limistéar 4.c*

Tá paiste (c.0.3ha) de seascainn giolcaí *Phragmites australis* (FS1) agus limistéar eanaigh shaibhir agus borrfháis (PF1) ann díreach soir ó theorainn na forbartha beartaithe agus laistigh de cSAC Loch Coirib. Freagraíonn an limistéar eanaigh do phobal fásra PF1_RFLU1a[34] (*Carex viridula oedocarpa - Pinguicula vulgaris - Juncus bulbosus* borrfhás; fochumann caonaigh dhoinn) de chuid an chineáil gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh alcaileacha* [7230] - gnáthóg QI de cSAC Loch Coirib.

Is ionann **Tábla 9.5** thíos agus taifead ar na speicis plandaí a taifeadadh i relevé a taifeadadh anseo (tagairt eangaí ITM 527676 728255). Tá táscspeicis dhearfacha don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I aibhsithe i gcló trom.

**Tábla 9.5: Sonraí relevé agus liosta speiceas do limistéar gnáthóige 4.c**

| **Speiceas** | **Clúdach mar %** | **Speiceas** | **Clúdach mar %** |
|---|---|---|---|
| *Agrostis stolonifera* | 5 | *Hydrocotyle vulgaris* | 7 |
| *Anagallis tenella* | 5 | *Juncus bulbosus* | 10 |
| *Aneura pinguis* | 0.1 | *Leontodon autumnalis* | 0.3 |
| *Anthoxanthum odoratum* | 1 | *Leontodon saxatilis* | 0.3 |
| *Bellis perennis* | 0.5 | *Lophocolea heterophylla* | 0.1 |
| *Bryum pseudotriquetrum* | 0.3 | *Lotus corniculatus* | 0.3 |
| *Calliergonella cuspidata* | 5 | *Lythrum salicaria* | 0.5 |
| *Calypogeia muelleriana* | 0.1 | *Mentha aquatica* | 0.1 |
| *Campylopus introflexus* | 0.3 | *Molinia caerulea* | 15 |
| *Carex echinata* | 1 | *Pedicularis sylvatica* | 0.3 |
| *Carex flacca* | 5 | *Potentilla erecta* | 3 |
| *Carex hostiana* | 0.5 | *Prunella vulgaris* | 3 |
| *Carex panicea* | 35 | *Ranunculus acris* | 0.3 |
| *Carex viridula* | 30 | *Ranunculus flammula* | 0.5 |
| *Centaurea nigra* | 0.5 | *Rhytidiadelphus squarrosus* | 0.5 |
| *Cirsium palustre* | 0.5 | *Riccardia multifida* | 0.1 |
| *Danthonia decumbens* | 0.1 | *Rubus fruticosus agg.* | 0.3 |
| *Drepanocladus cossonii* | 1 | *Scapania irrigua* | 0.1 |
| *Eriophorum angustifolium* | 0.1 | *Scleropodium purum* | 0.3 |
| *Festuca rubra* | 3 | *Succisa pratensis* | 10 |
| *Fissidens adianthoides* | 0.1 | *Taraxacum officinale agg.* | 1 |
| *Galium palustre* | 0.3 | *Thuidium delicatulum* | 0.1 |

[34] Tá aicmiú an chumainn fásra eanaigh alcailigh de réir an chórais aicmiúcháin a thuairiscítear in Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R & O'Hanrahan, B. (2014). *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Version 2.0. Irish Wildlife Manuals, No. 79.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

| Speiceas | Clúdach mar % | Speiceas | Clúdach mar % |
|---|---|---|---|
| *Holcus lanatus* | 0.5 | *Trifolium repens* | 0.3 |

***Limistéar 4.d***

Tá limistéar (c.1.88ha) féaraigh fhliuch (GS4), ina bhfuil clúdach beag (c.3%) mósáice eanaigh shaibhir agus borrfháis (PF1) ann ó thuaidh ón bpointe beartaithe éalaithe draenála. I measc na speiceas atá ann áirítear Molinia caerulea, Filipendula ulmaria, Anthoxanthum odoratum agus Juncus conglomeratus. Freagraíonn an limistéar seo do chumann féaraigh Molinia caerulea – Succisa pratensis ach níl dóthain clúdaigh luibheanna ná táscspeiceas comhréireach ann le go gcomhfhreagróidh sé don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I dar teideal móinéar Molinia [6410].

Draenálann an díog draenála, ar chuige a sceitheann an pointe éalaithe draenála, i dtreo siar ó thuaidh ar feadh c. 380m sula dtiontaíonn sé soir ó thuaidh áit a gceanglaíonn sé le hAbhainn na Gaillimhe tar éis c.130m eile. Feadh na díge draenála, nó gar di, laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib, tá gnáthóga féaraigh fhliuch (GS4), Fraochmhá fliuch (HH3), Idirsheascainn (PF3) agus coillearnaí fliche Saileach-Fearnóg-Fuinseog (WN6) ann. Freagraíonn cuid díobh sin do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I: Móinéar Molinia [6410], Fraochmhá fhliuch [4010], Idirsheascann [7140] agus foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], faoi seach.

### 9.1.2.1.3 Mionlach

Forluíonn teorainn na forbartha beartaithe ar theorainn cSAC Loch Coirib ag dhá phointe i gcomharsanacht Lochanna na gCualach: idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+050 agus arís idir Ch. 10+075 agus Ch. 10+100.

Freagraíonn Lochanna na gCualach do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I dar teideal lochanna crua-uisce [3140] agus cothaíonn siad coimpléasc bogaigh féaraigh fhliuch (GS4), Fraochmhá fliche (HH3), Eanaigh (PF1 agus PF2) agus Seascainn giolcaí (FS1). Freagraíonn cuid mhór de na cineálacha gnáthóige sin do chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I[35] Foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], Eanach Cladium [*7210], Eanach Alcaileach [7230], Luibh ard hidrifiliúil [6430], móinéar *Molinia* [6410], Fraochmhá fhliuch [4010] agus Idirsheascann [7140]. Cé nach bhfuil ach féarach cailcreach agus eanach Cladium ina ngnáthóga QI le haghaidh cSAC Loch Coirib, is dóigh go mbeidh ról tacaíochta ag cuid mhór de na gnáthóga bogaigh eile i leith na ngnáthóg sin atá laistigh den mhósáic seo.

Tá na cineálacha gnáthóige a taifeadadh laistigh de cSAC Loch Coirib, agus tadhlach léi, idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+100 ar taispeáint i **bhFíor 13.3** (aicmiú gnáthóg Fossitt) agus i **bhFíor 14.3** (aicmiú gnáthóg Iarscríbhinn I) agus tuairiscítear iad i **bhFoscríbhinn G**. Baineann na tuairiscí mionsonraithe thíos le gach limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá suite laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, nó tadhlach léi, agus a mbeidh tionchar díreach

[35] I gcás ina n-úsáidtear ainmneacha giorraithe gnáthóige Iarscríbhinn I sa tuarascáil seo, tá an t-ainmníocht de réir na hainmníochta atá ann in *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Overview Volume 1.* (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, 2013a)

ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe orthu (beidh tionchar díreach ar c.0.13ha laistigh de cSAC Loch Coirib). Ní bhaineann aon cheann de na limistéir sin le cineálacha gnáthóg Forscríbhinn I. Freagraíonn na cóid tagartha a úsáidtear thíos (m.sh. Limistéar 2.a) don anótáil i **bhFíor 15.3**.

***Limistéar 2.a, Limistéar 2.d, Limistéar 2e agus Limistéar 2.g***

Tá na limistéir ghnáthóige seo aicmithe mar Choillearnach Darach-Fuinseog-Coll (WN2) agus freagraíonn siad don ghrúpa coillearnaí *Fraxinus excelsior – Hedera helix* agus don chumann fásra coillearnaí *Corylus avellana – Oxalis acetosella* (WN2_2e). I measc na speiceas tipiciúil áirítear *Corylus avellana*, *Fraxinus* excelsior, *Hedera helix, Prunus spinosa, Quercus robur, Ilex aquifolium, Acer pseudoplatanus agus Lonicera periclymenum.* Clúdaíonn na coillearnacha seo limistéar de thart ar 7.78ha; a bhfuil c.3.3ha de suite laistigh de cSAC Loch Coirib. Den c.3.3ha atá suite laistigh de cSAC Loch Coirib, níl ach c.0.08ha suite laistigh den teorainn na forbartha atá beartaithe. Is mósáic iad na bloic coillearnacha seo ina bhfuil paistí de ghnáthóg aolchloiche nochta agus coillteach ar fud an cheantair áitiúil ó Mhionlach go dtí ó thuaidh de Choiréal Leacaigh. Gabhann an fhorbairt bóthair atá beartaithe idir Limistéar 2.a agus na bloic choillearnacha eile atá níos gaire do Lochanna Chúil Each.

Níl an clúdach tanaí ithreach (níos lú ná 2cm ar doimhneacht ar an meán) ná clúdach carraige nocht aolchloiche faoin gceannbhrat coillearnaí (i.e. carraig nocht a bheith ann i gcás 50% ar a laghad den dromchla) ann sa choillearnach seo le go mbeadh sí cáilithe mar mhalairt coillearnaí i leith an chineáil gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I dar teideal pábháil aolchloiche [*8240].

***Limistéar 2.b***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar fhéarach fliuch (GS4) agus freagraíonn sé don chumann fásra féaraigh *Juncus effusus – Holcus lanatus* (GS4_2b). Ar na speicis a taifeadadh anseo bhí *Agrostis stolonifera*, *Arrhenatherum elatius*, *Cirsium palustre*, *Filipendula ulmaria*, *Holcus lanatus, Juncus effusus*, *Lychnis flos-cuculi*, *Lythrum salicaria*, *Molinia caerulea*, *Plantago lanceolata*, *Potentilla anserina*, *Ranunculus acris*, *Ranunculus repens* agus *Trifolium repens*. Tá thar at 0.25ha den limistéar gnáthóige laistigh de theorainn na forbartha beartaithe agus tá c0.01ha de laistigh de cSAC Loch Coirib freisin. Níl na táscspeicis riachtanacha sa ghnáthóg seo le go bhfreagróidh sí d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I.

***Limistéar 2.c***

Aicmíodh an limistéar gnáthóige seo (c.0.64ha) mar fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) in 2014 agus freagraíonn sé don chumann fásra féaraigh *Holcus lanatus – Lolium perenne* (GS1_2c). Is *Holcus lanatus* is mó atá sa bháinseach agus tá gnáthchineálacha eile ar nós *Agrostis stolonifera*, *Trifolium repens*, *Ranunculus repens*, agus *Plantago lanceolata* ann. Tá an ghnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib agus tá níos lú ná 50m$^2$ de laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Níl na táscspeicis riachtanacha sa ghnáthóg seo le go bhfreagróidh sí d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I.

***Limistéar 2.f***

Rinneadh an limistéar gnáthóige seo a aicmiú mar fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) sa bhliain 2014, agus é suite i mósáic ina bhfuil scrobarnach (WS1) agus raithneach (HD1). D'fhreagair an féarach don chumann fásra féaraigh *Cynosurus cristatus – Trifolium pratense* (GS1_3d). Tá an chuid is mó den limistéar gnáthóige lasmuigh de cSAC Loch Coirib ach amháin cuid (c.0.01ha) den bhealach rochtana atá suite laistigh den suíomh Eorpach. I measc na speiceas tipiciúil áiríodh *Cynosurus cristatus*, *Trifolium pratense*, *Plantago lanceolata*, *Centaurea nigra* agus *Filipendula ulmaria*.

Sa bhliain 2015, cuireadh feabhas ar an ngnáthóg agus athaicmíodh í mar fhéarach talmhaíochta feabhsaithe (GA1) agus na speicis thipiciúla *Lolium perenne*, *Rumex acetosa*, *Plantago lanceolata*, *Trifolium repens*, *Holcus lanatus*, *Cirsium arvense*, *Odontites vernus*, *Ranunculus repens*, *Cynosurus cristatus* agus *Trifolium pratense*. Ní fhreagraíonn an cineál gnáthóige seo do chineál gnáthóige (tosaíochta) Iarscríbhinn I dar teideal *Féaraigh thirime leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha (Festuco-Brometea) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní))* [6210/*6210] ar an mbonn nach gcothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanach speiceas don chineál gnáthóige seo. Níl aon cheann de na Táscspeicis Dhearfacha Ardcháilíochta riachtanacha ná aon cheann de na Táscspeicis Dhearfacha don ghnáthóg seo ann. Maidir le *Móinéir féir ísealtalún* [6510], níor taifeadadh ach dhá cheann de na táscspeicis (*Plantago lanceolata* agus *Trifolium pratense*) agus, ar an mbonn sin, ní chothaíonn sé an comhdhéanamh riachtanas speiceas don chineál gnáthóige seo.

***Limistéar 2.h***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar scrobarnach (WS1) agus *Prunus spinosa* is mó atá ann. I measc na speiceas tipiciúil eile atá ann áirítear *Rubus fruticosus* agg., *Hedera helix* agus *Pteridium aquilinum.* Clúdaíonn an scrobarnach thart faoi 0.16ha agus tá sé sin go léir laistigh de cSAC Loch Coirib. Tá thart ar 0.01ha de laistigh de theorainn na forbartha beartaithe freisin. Níl na táscspeicis riachtanacha sa ghnáthóg seo le go bhfreagróidh sí d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I.

***Limistéar 2.i***

Is bóthar agus cosán gairbhéil rochtana áitiúil atá anseo atá aicmithe mar Fhoirgnimh agus mar dhromchlaí saorga (BL3). Ní fhreagraíonn an limistéar gnáthóige seo d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ós rud é gur gné de dhéantús an duine í.

***Limistéar 2.j***

Is bóthar pábháilte áitiúil atá anseo atá aicmithe mar Fhoirgnimh agus mar dhromchlaí saorga (BL3). Tá thart faoi 50m$^2$ laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní fhreagraíonn an limistéar gnáthóige seo d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ós rud é gur gné de dhéantús an duine í.

#### 9.1.2.1.4 Cúil Eacach agus Tollán Leacaigh beartaithe

Forluíonn na forbartha beartaithe bóthair agus a teorainn far cSAC Loch Coirib, is é sin le rá go mbeidh siad ag gluaiseacht tríd nó tadhlach leis ag na háiteanna seo a leanas idir Ch. 10+620 agus Ch. 11+800, lena n-áirítear an tollán faoin cSAC agus fad iomlán Tolláin Leacaigh:

- ó thuaidh ón gcarrbhealach ó Ch. 10+620 go Ch. 10+660 (Limistéir 3.a agus 3.b)
- ó thuaidh agus ó dheas ón mbealach chuig Tollán Leacaigh ón taobh thiar ó Ch .10+800 go Ch. 11+150 (Limistéir 3.g go 3.l)
- os cionn Thollán Leacaigh ó Ch. 11+150 go Ch. 11+420 (Limistéir 3.m agus 3.n)
- tadhlach le teorainn thiar Chairéal Leacaigh, ó dheas ó thairseach Thollán Leacaigh laistigh den chairéal
- tadhlach le teorainn thiar agus thuaidh Chairéal Leacaigh, ó thuaidh ó thairseach Thollán Leacaigh laistigh den chairéal

Tá cineálacha gnáthóige a taifeadadh laistigh de cSAC Loch Coirib i gcomharsanacht Thollán beartaithe Leacaigh (agus an bealach chuige ón taobh thiar) agus Chairéal Leacaigh ar taispeáint i **bhFíoracha 13.4** agus **13.5** (aicmiú gnáthóg Fossitt) agus i **bhFíoracha 14.4** agus **14.5** (aicmiú gnáthóg Iarscríbhinn I) agus tuairiscítear iad i **bhFoscríbhinn G**. Baineann an cur síos mionsonraithe thíos, agus na cóid tagartha a bhfuil úsáid bainte astu, le gach aon limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá ar taispeáint i **bhFíoracha 15.4** agus **15.5**. Baineann an cur síos le limistéir ghnáthóige a mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bhóthair beartaithe orthu. Beidh tionchar ar thart faoi 2ha laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní chomhfhreagraíonn aon cheann de na limistéir sin le cineálacha gnáthóige Forscríbhinn I.

***Limistéar 3.a***

Tá an limistéar gnáthóige seo tadhlach le cSAC Loch Coirib agus tá sé aicmithe mar mhósáic de Choillearnach Darach-Fuinseog-Coll (Wn2) agus scrobarnach (WS1) agus freagraíonn sé don ghrúpa coillearnaí Fraxinus excelsior – Hedera helix agus don chumann fásra Geum urbanum – Veronica montana (WN2_2a). I measc na speiceas tipiciúil áirítear Fraxinus excelsior, Corylus avellana, agus Rubus fruticosus agg. Níl an clúdach tanaí ithreach (níos lú ná 2cm ar doimhneacht ar an meán) ná clúdach carraige nocht aolchloiche faoin gceannbhrat coillearnaí (i.e. carraig nocht a bheith ann i gcás 50% ar a laghad den dromchla) ann sa choillearnach seo le go mbeadh sí cáilithe mar mhalairt coillearnaí i leith an chineáil gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I dar teideal pábháil aolchloiche [*8240].

***Limistéar 3.b***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar mheascán de Choillearnach Darach-Fuinseog-Coll (Wn2) agus scrobarnach (WS1) agus freagraíonn sé don ghrúpa coillearnaí Fraxinus excelsior – Hedera helix agus don chumann fásra Corylus avellana – Oxalis acetosella (WN2_2e). I measc na speiceas tipiciúil áirítear Corylus avellana, Hedera helix agus Crataegus monogyna. Tá an limistéar seo laistigh de cSAC Loch Coirib agus tá c.0.03ha de laistigh de theorainn na forbartha beartaithe freisin. Níl an clúdach tanaí ithreach (níos lú ná 2cm ar doimhneacht ar

an meán) ná clúdach carraige nocht aolchloiche faoin gceannbhrat coillearnaí (i.e. carraig nocht a bheith ann i gcás 50% ar a laghad den dromchla) ann sa choillearnach seo le go mbeadh sí cáilithe mar mhalairt coillearnaí i leith an chineáil gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I dar teideal pábháil aolchloiche [*8240].

***Limistéar 3.c, Limistéar 3.d, Limistéar 3.g, Limistéar 3.h, Limistéar 3.i, agus Limistéar 3. j***

Tá an limistéir ghnáthóige seo aicmithe mar mheascán de Choillearnach Darach-Fuinseog-Coll (Wn2) agus scrobarnach (WS1) agus freagraíonn sé don ghrúpa coillearnaí Corylus avellana – Oxalis acetosella (WN2_2e). Áirítear Corylus avellana, Crataegus monogyna, Hedera helix and Rubus fruticosus agg. ar na speicis tipiciúla a fhaightear ann. seo a aicmiú mar Chrainn (WL2). Typical I measc na speiceas tipiciúil áirítear Prunus spinosa, Corylus avellana agus Rubus fruticosus agg. Níl an clúdach tanaí ithreach (níos lú ná 2cm ar doimhneacht ar an meán) ná clúdach carraige nocht aolchloiche faoin gceannbhrat coillearnaí (i.e. carraig nocht a bheith ann i gcás 50% ar a laghad den dromchla) sa choillearnach seo le go mbeadh sí cáilithe mar mhalairt coillearnaí i leith an chineáil gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I dar teideal pábháil aolchloiche [*8240].Ní fhreagraíonn an ghnáthóg seo d'aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. De ghnáth, bhí na hithreacha sna bloic choillearnaí seo idir 5cm agus 10cm ar dhoimhneacht ar an meán. Bhí clúdach lom carraige <10% i gceist i bhformhór na gcásanna ach nuair a bhí níos mó clúdaigh ann bhí bloic aolchloiche móra ann seachas clinteanna agus gríoga a bhaineann leis an gcineál gnáthóige in Iarscríbhinn I.

Clúdaíonn na coillearnacha seo limistéar de thart ar 2ha; agus tá c.1.82ha de suite freisin i cSAC Loch Coirib. Den c1.82ha atá suite i cSAC Loch Coirib, níl ach c0.11ha suite freisin laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Is meascán iad na bloic choillearnacha seo de phaistí de ghnáthóg phábhála aolchloiche nochta agus coillteach ar fud an cheantair áitiúil ó Choiréal Leacaigh go Mionlach.

***Limistéar 3.f***

Tá an limistéar gnáthóige seo aicmithe mar mheascán línte crann (WL2) agus Scrobarnach (WS1) mar aon le roinnt gnáthóg bainteach ina bhfuil móinéir thirime agus imill féir (GS2), cartadh agus talamh lom (ED2). Tá thart ar 0.08ha den limistéar gnáthóige seo laistigh den teorainn na forbartha beartaithe agus cSAC Loch Coirib. Is iad seo a leanas speicis tipiciúla na línte crann agus an scrobarnaigh *Fraxinus excelsior*, *Prunus spinosa* and *Rubus fruticosus* agg. San áireamh i measc na speiceas féarthailte tá *Agrostis stolonifera*, *Centaurea nigra*, *Holcus lanatus*, *Leontodon autumnalis*, *Plantago lanceolata*, *Plantago major*, *Potentilla anserina*, *Ranunculus repens*, *Senecio jacobaea* agus *Trifolium repens*. Ní fhreagraíonn an cineál gnáthóige seo do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I.

#### 9.1.2.2 Madra Uisce

Bhí fianaise ar ghníomhaíocht Madraí uisce flúirseach agus forleathan laistigh de cSAC Loch Coirib ar feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus feadh chladach thoir theas Loch Coirib. Mar sin féin níl aon fhianaise faoi phoill nó láithreáin leapa ar feadh Abhainn na Gaillimhe (féach **Tábla 9.6** chun achoimre ar na torthaí a

fháil). Taifeadadh láithreán amháin ina raibh leaba Mhadra Uisce ag Lochanna na gCualach ach bhí sé níos mó ná 600m ón bhforbairt bheartaithe bóthair.

**Tábla 9.6: Poill/leapacha Madraí Uisce a taifeadadh**

| Uimh. Thag. | Gné | Stádas agus tuairisc |
|---|---|---|
| H1 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H2 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H3 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>c.450m ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H4 | Poll breithe féideartha | Paiste scrobarnaí dlúithe agus flúirse comharthaí ar mhadraí uisce thart air agus in aice leis, rianta ídithe agus úsáidte go maith agus iad ag dul isteach sa scrobarnach - fianaise a thug le fios go raibh madra uisce óg ann.<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H5 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H6 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H7 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H8 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair |
| H19 | Láithreán leapa | Láithreán gníomhach leapa feadh bhruach na habhann<br>c.600m ón bhforbairt bheartaithe bóthair |

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachtaí ar Mhadraí Uisce ar taispeáint i **bhFíor 6**.

#### 9.1.2.3 An Chráifisc Liathdhonn

Ní dhearnadh aon chráifisc liathdhonn a thaifeadadh ag aon cheann de na láithreáin suirbhéireachta laistigh de limistéar staidéir na scéime, lena n-áirítear Abhainn na Gaillimhe. Níor breathnaíodh aon fhianaise eile ar an speiceas a bheith ann laistigh de limistéar staidéir na scéime (i.e. is minic a bhíonn iarsmaí cráifisce ann in áiteanna feartha madraí uisce más cuid dá réimeas bia í). Dá bhrí sin, níl an chráifisc liathdhonn ann i cSAC Loch Coirib laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, an limistéar idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe.

#### 9.1.2.4 Éisc

Tá Abhainn na Gaillimhe ina sruthchúrsa tábhachtach salmainide agus cothaíonn sí an bradán Atlantach agus an Breac donn. Ina theannta sin, tá córas Abhainn na Gaillimhe ainmnithe faoin Treoir um Ghnáthóga mar chuid de cSAC (cSAC Loch Coirib) i ndáil leis an mbradán Atlantach *Salmo salar*, an Loimpre mhara *Petromyzon marinus* agus Loimpre srutháin *Lampetra planeri* atá ann. Tá cáilíocht

an uisce sa chuid íochtarach d'Abhainn na Gaillimhe, áit a dtrasnódh an fhorbairt bheartaithe bóthair an abhainn, aicmithe mar neamhthruaillithe (Q4[36]) ag an EPA (sampláil déanta ag Cora na mBradán - http://gis.epa.ie/Envision). Níl aon taifid ar sceathrach bhradáin i gcomharsanacht Dhroichead beartaithe na Gaillimhe ná síos an sruth uaidh.

Níl aon taifid ar sceathrach Loimpre mara thíos faoi Chora na mBradán i gCathair na Gaillimhe (O'Connor, 2007), agus tá taifead déanta ag IFI ar sceathrach an speicis freisin i ndobharcheantar uachtarach i gConga, Co. Mhaigh Eo. Tá taifid fhorleathana ar an Loimpre shrutháin ar fud dhobharcheantar Abhainn na Gaillimhe (O'Connor, 2007). Ní dhearnadh aon ghnáthóg ghorlainne amaicéat loimpre oiriúnach a thaifeadadh i gcomharsanacht Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe ná ag na pointí gaolmhara éalaithe draenála chuig an abhainn.

Cé nach bhfuil aon taifid ar an mBradán Atlantach na ar an Loimpre Mhara ag trasnú Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe, soláthraíonn Abhainn na Gaillimhe gnáthóg thábhachtach don bhradán Atlantach, agus don dá speiceas Loimpre, go háirithe i gcomhthéacs a feidhme mar chonair imirce ón muir go dtí ceantair sceathraí an bhradáin Atlantaigh agus na Loimpre mara.

### 9.1.2.5 An Chrú-ialtóg bheag

Tá daonra ialtóg na Crú-ialtóige Bige laistigh de limistéar staidéir na scéime, go háirithe ag fara máithreachais ag Caisleán Mhionlaigh. Síneann an limistéar sealgaireachta atá á úsáid ag daonra ialtóg na Crú-ialtóige Bige seo ón Daingean/Baile an Cheantaigh ar an mbruach thiar d'Abhainn na Gaillimhe chuig láithreán cúplála agus geimhrithe sa Chaisleán Gearr thart ar 3.5km soir.

Tá fara na Crú-ialtóige Bige (agus daonra ialtóg na Crú-ialtóige Bige gaolmhar) atá mar chuid de dhaonra Leasanna Cáilitheacha an Láithreáin Eorpaigh seo (Teach Eborhall) níos faide ná 30km ón fhorbairt bheartaithe bóthair, ar chladach thuaidh Loch Coirib. Meastar go bhfuil sé sin níos faide ná an gnáthréimse de phríomhshealgaireacht dhaonra Ebor Hall House agus níos faide ná gnáthréimse timaistrithe an speicis sin seachas i gcásanna eisceachtúla nó thar thréimhsí fada – mar shampla, ialtóga ag scaipeadh agus ag bogadh idir ceantair sa tírdhreach níos leithne thar go leor blianta/glún. Ina theannta sin, níor tugadh le fios sna suirbhéanna rianaithe raidió ar dhaonra ialtóg Mhionlaigh (a sainaithníodh i limistéar staidéir na scéime) aon fhianaise ar ghluaiseacht idir an daonra sin agus fara Ebor Hall House. Tugadh faoi na suirbhéanna sin don tionscadal seo in 2014 agus 2015 (Arup, 2016). Ag tógáil san áireamh an easpa ceangail idir limistéar staidéir na scéime agus na faraí atá mar chúis le hainmniúcháin an láithreán Eorpaigh seo, níl daonra na Crú-ialtóige Bige Chaisleán Mhionlaigh mar chuid de na Leasanna Cáilitheacha do cSAC Loch Coirib. Cé gur tugadh le fios sa Tuarascáil MTT go mbeidh tionchair iarmharacha áitiúla ar dhaonra Chrú-ialtóige Bige Mhionlaigh de thoradh na forbartha beartaithe bóthair ní bheidh tionchar acu ar chuspóirí caomhantais cSACanna Loch Coirib, agus ní bheidh tionchar acu ar QI dhaonra Crú-ialtóige Bige aon láthair Eorpach eile toisc nach bhfuil an daonra seo

[36] Córas rátála cáilíochta uisce an EPA, de réir Toner *et al.*, 2005: Q5, Q4-5 agus Q4 = Neamhthruaillithe, Aicme A; Q3-4 = Rud beag truaillithe, Aicme B; Q3 nó Q2/3 = Measartha truaillithe, Aicme C; agus, Q2, Q1/2 or Q1 = Truaillithe go mór, Aicme D.

ina chuid de dhaonra QI cSAC Loch Coirib nó aon láthair Eorpach a sainíodh don speiceas seo.

#### 9.1.2.6 Diúilicín péarla fionnuisce

Níl aon daonraí Diúilicín péarla fionnuisce laistigh den chuid a thrasnaíonn cSAC Loch Coirib, nó síos le sruth ó cSAC Loch Coirib, áit a bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair ag idirghníomhú leis an láithreán Eorpach seo (féach freisn ar **Rooinn 9.1.4.9**); Baineann an daonra Leasanna Cáilitheacha in cSAC Loch Coirib le hAbhainn Ruibhe, thart ar 23km ó thuaidh.

#### 9.1.2.7 Caonach Crúcach Snasta agus Síofróg Uisce

Is ó thuaidh de Mhaigh Cuilinn agus níos mó ná 10km ón fhorbairt bheartaithe bóthair atá an láithreán is gaire agus is fearr aithne don Chaonach Crúcach Snasta, i Loch Ghort an Chalaidh.

Níl Siofróg Uisce aitheanta in aon dobharlach laistigh de cSAC Loch Coirib atá laistigh de limistéar staidéir na scéime.

### 9.1.3 Tionchair Fhéideartha Díreacha agus Indíreacha[37]

Gluaiseann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí nó taobh le suíomh Eorpach amháin, eadhon, cSAC Loch Coirib i gceithre láthair: ag deireadh an tsrutha éalaithe draenála beartaithe ó Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh; ag suíomh an droichid bheartaithe thar Abhainn na Gaillimhe idir an Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each (Ch. 9+850 go Ch. 10+100); agus ar an taobh thoir agus an taobh ó thuaidh de Chairéal Leacaigh áit a gcuimseoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair tollán agus bonneagar do bhóthar isteach (Ch. 10+620 go Ch. 11+800).

Is iad seo a leanas na tionchair lena bhféadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar (in easnamh bearta maolaithe) ar Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib:

- Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige
- Díghrádú gnáthóige trí éifeachtaí struchtúracha ar an mbuncharraig aolchloiche forshrathnaithe/cóngarach a bhaineann le Tollán Leacaigh beartaithe agus na bealaí isteach chuige
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair ag a bhfuil éifeacht ar fheidhmiú agus ar cháilíocht an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair ag a bhfuil éifeacht ar cháilíocht uisce sna sruthchúrsaí glactha leis linn tógála
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair cháilíochta aeir

[37] Déanta na tionchair chomhcheangailte a plé i **Roinn 12** ar leithligh ó na tionchair dhíreacha agus indíreach a plead sa chuid seo

- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí scáthaithe ó struchtúir ardaithe nó claífoirt ardaithe
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí neamhdhúchasacha ionracha chuig limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib
- Riosca mortlaíochta do speiceas uisce in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe
- Riosca mortlaíochta don Mhadra Uisce le linn oibríochta trí imbhuailtí mar gheall ar thrácht ar bhóithre

### 9.1.4 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha Dhíreacha agus Indíreacha

#### 9.1.4.1 Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige

***Gnáthóga***

Le linn dhul chun cinn na forbartha beartaithe bóthair, cuireadh gnéithe sa dearadh a sheachain tionchar díreach ar limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib. Mar shampla seachnaíonn láithriú agus dearadh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe aon tionchar díreach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I QI laistigh de cSAC Loch Coirib agus seachnaíonn an dearadh aonréiseach, gan aon phiara san abhainn, aon chaillteanas de ghnáthóg san abhainn. Beidh balla coinneála ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair ag thart ar Ch. 9+880 go Ch. 10+050 agus ag dá thaobh na forbartha beartaithe bóthair ag thart ar Ch. 10+850 go Ch. 11+150 ina chuid den dearadh chun cúngach na forbartha beartaithe ar ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint. Beidh Tollán Leacaigh beartaithe faoi limistéar de ghnáthóga Iarscríbhinn I QI i cSAC Loch Coirib (Pábháil aolchloiche agus Féarach cailcreach) a sheachnaíonn aon chaillteanas díreach gnáthóige. Mar sin féin ag cuid de na suíomhanna sin, tá gnáthóga Iarscríbhinn I QI cSAC Loch Coirib laistigh de theorainn na forbartha beartaithe ag na ceithre shuíomh a sonraíodh thuas i **Roinn 9.1.4**.

Ag cuid de na háiteanna sin tá gnáthóga QI Forscríbhinn I laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, ach ní gá go n-éascódh an talamh ar fad laistigh de theorainn na forbartha beartaithe na hoibreacha tógála. Níl cead faoi dhearadh na forbartha beartaithe bóthair compúin tógála ná stoc-chairn ábhar a chur laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní cheadaítear sconsaí buana a thógáil i limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib ach an oiread.

Teastaíonn bearta maolúcháin chun a cinntiú nach dtabharfar faoi aon oibreacha tógála laistigh de limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I i cSAC Loch Coirib atá laistigh de theorainn na forbartha beartaithe (**Roinn 10.1** agus **Fíoracha 15.1** go **15.4**). Léirítear é sin sa mheasúnú a chuirtear i láthair i roinn seo an NIS a bhaineann le caillteanas gnáthóige, i.e. ní phléitear sa mheasúnú thíos le caillteanas gnáthóige i réimse srianta na n-oibreacha tógála.

Sa chás is measa, d’fhéadfadh caillteanas gnáthóige eascairt as díghrádú gnáthóige le himeacht ama. Pléitear iad sin astu féin thíos agus áirítear leo: tionchar féideartha

struchtúrtha a bhaineann le tolláin, tionchar féideartha hidrigeolaíoch, tionchar féideartha hidreolaíoch, tionchar féideartha ar cháilíocht an aeir, agus tionchar féideartha de bharr scaipeadh/tabhairt isteach speicis planda ionracha neamhdhúchasacha.

Ní bheidh aon tionchar indíreach ag caillteanas aon limistéir gnáthóige lasmuigh de cSAC Loch Coirib ar ghnáthóga QI, ná ar ghnáthóga a thacaíonn le speicis QI, mar gheall ar easpa conairí tionchair – i.e. níl aon ról tacaíochta ag na gnáthóga a chaillfear lasmuigh den láithreán Eorpach sin i gcás aon ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib, ná speicis QI. Ní bheidh aon tionchar indíreach ag caillteanas aon ghnáthóga nach gnáthóga QI iad laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib ar ghnáthóga QI, ná ar ghnáthóga a thacaíonn le speicis QI, mar gheall ar easpa conairí tionchair – i.e. níl aon ról tacaíochta ag na gnáthóga nach gnáthóga QI iad a chaillfear laistigh den láithreán Eorpach i gcás aon ghnáthóga QI, ná speicis QI.

Forluíonn teorainn na forbartha beartaithe ar thart ar 4ha de cSAC Loch Coirib. Coinneofar thart ar 2ha den ghnáthóg sin agus caillfear thar ar 4ha laistigh de cSAC Loch Coirib.

Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe

Ag an áit a dtrasnóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe an abhainn, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar aon ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib (**Fíor 14.1**). Ar an mbruach thiar, beidh achar an chaillteanais gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib ag thart ar c.0.08ha; is éard a bheidh ann ná cosán gairbhéalta, geadán scrobarnach driseacha agus banda caol féaraigh fásaigh. Is ionann agus achar de thart ar 2ha; ar an mbruach thoir an caillteanas gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib; atá comhdhéanta de bhloc coillearnaí agus dhá pháirc thalmhaíochta le crannteorainn feadh bruach na habhann. Caillfear thart ar 0.7ha de limistéar coillearnaí agus caillfear 1.3ha eile de ghnáthóg féarthalamh agus línte crann. 1.7ha an t-achar iomlán de chaillteanas gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib ag an áit a dtrasnóidh Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe an abhainn.

Ní hionann aon cheann de na gnáthóga sin agus cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith. Ní QI-anna do cSAC Loch Coirib iad aon cheann de na cineálacha gnáthóige sin, agus níl ról tacaíochta acu i gcás aon ghnáthóga QI laistigh de SAC Loch Coirib, ná speicis QI (tá plé ar speicis thíos). Dá bhrí sin, ní rachaidh a gcaillteanas ó cSAC Loch Coirib i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais aon cheann de na gnáthóga ná speicis QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

Sruth éalaithe draenála beartaithe Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59

Mar gheall ar shruth éalaithe draenála beartaithe Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 caillfear crannteorainn agus scrobarnach feadh cuid den chlaífoirt iarnróid mar a bhíodh, chomh maith le gnáthóg féaraigh fásaigh lena mbaineann. Tá achar iomlán an chaillteanais gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib le haghaidh shruth éalaithe draenála beartaithe Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 ionann le thart ar 250m$^2$.

Ní hionann aon cheann de na gnáthóga sin agus cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith (**Fíor 14.2**). Ní QI-anna do cSAC Loch Coirib iad aon cheann de na

cineálacha gnáthóige sin, agus níl ról tacaíochta acu i gcás aon ghnáthóga QI laistigh de SAC Loch Coirib, ná speicis QI (tá plé ar speicis thíos). Dá bhrí sin, ní rachaidh a gcaillteanas ó cSAC Loch Coirib i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais aon cheann de na gnáthóga ná speicis QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

Mionlach

Ní thógfar faoi aon oibreacha tógála, agus ní bheidh aon chaillteanas gnáthóige, laistigh de na limistéir sin de ghnáthóg Iarscríbhinn I QI laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib **(Fíor 14.3**).

Idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+050, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair caillfear thart ar 0.02ha de choillearnach dharach, fuinseoige, coill, féarach cailcreach agus gnáthóg féaraigh fhliuch. Cuimsíonn an dara ceantar, (idir Ch. 10+075 agus Ch. 10+100), den chuid is mó, coillearnach dharach, fuinseoige, coill (dhá gheadán ar leith) chomh maith le geadán scrobarnaí ina bhfuil *Prunus spinosa* níos mó ná rud ar bith eile d'achar thart ar 0.11ha. Tá an t-achar iomlán de chaillteanas gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib i gceantar Mhionlaigh ionann le thart ar 0.13ha.

Ní hionann aon cheann de na limistéir gnáthóige a rachfar i bhfeidhm go díreach orthu laistigh de cSAC Loch Coirib agus cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith. Ní QI-anna do cSAC Loch Coirib iad aon cheann de na cineálacha gnáthóige sin, agus níl ról tacaíochta acu i gcás aon ghnáthóga QI laistigh de SAC Loch Coirib, ná speicis QI (tá plé ar speicis thíos). Dá bhrí sin, ní rachaidh a gcaillteanas ó cSAC Loch Coirib i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais aon cheann de na gnáthóga ná speicis QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

Cúil Each agus Tollán Leacaigh beartaithe

Ní thógfar faoi aon oibreacha tógála, agus ní bheidh aon chaillteanas gnáthóige, laistigh de na limistéir sin de ghnáthóg Iarscríbhinn I QI laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib (féach **Fíor 14.4** agus **14.5**). Áirítear leis sin na gnáthóga sin os cionn Thollán Leacaigh beartaithe agus iad siúd laistigh de cSAC Loch Coirib i ngar do theorainneacha thiar agus thuaidh Chairéal Leacaigh.

Idir Ch. 10+620 agus Ch. 10+660, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair caillfear thart ar 0.03ha de scrobarnach agus coillearnach darachfuinseoigecoill laistigh de cSAC Loch Coirib, ó thuaidh den charrbhealach beartaithe.

Idir Ch. 10+750 agus Ch. 10+810, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair caillfear thart ar 0.11ha de scrobarnach/crannteorainn ina bhfuil *Prunus spinosa* den chuid is mó, agus dhá gheadán d'fhéarach cailcreach/neodrach, a mbeidh c.0.11ha i gceist ina iomláine laistigh de cSAC Loch Coirib, ó thuaidh den charrbhealach beartaithe. Ó thuaidh den bhóthar isteach thiar chuig Tollán Leacaigh, ó Ch. 10+800 go Ch. 11+150, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair caillfear thart ar 0.07ha de scrobarnach agus coillearnach darachfuinseoigecoill atá laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Ní hionann an limistéar gnáthóige sin agus cineál gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith. Ó dheas den bhóthar isteach thiar chuig Tollán Leacaigh, ó Ch. 10+800 go Ch. 11+150, mar

gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair caillfear thart ar 0.02ha de scrobarnach, thart ar 0.02ha de choillearnach darachfuinseoigecoill, agus thart ar 0.07ha de mhósáic de chrannteorainn, scrobarnach, féarach fásaigh agus talamh shuaite laistigh de cSAC Loch Coirib. Ní hionann an limistéar gnáthóige sin agus cineál gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith.

Tá an t-achar iomlán de chaillteanas gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib i ngar do Thollán Leacaigh beartaithe ionann le thart ar thart ar 0.2ha.

Ní hionann aon cheann de na limistéir gnáthóige a rachfar i bhfeidhm orthu laistigh de cSAC Loch Coirib agus cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I ar bith. Ní QI-anna do cSAC Loch Coirib iad aon cheann de na cineálacha gnáthóige sin, agus níl ról tacaíochta acu i gcás aon ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib, ná speicis QI (tá plé ar speicis thíos). Dá bhrí sin, ní rachaidh a gcaillteanas ó cSAC Loch Coirib i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais aon cheann de na gnáthóga ná speicis QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

***An Madra Uisce***

Toisc nach bhfuil aon láthair póraithe ná scíthe, poll ná láithreáin leapa don Mhadra uisce laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, ní thiocfaidh aon laghdú ar líon na bpoll ná láithreán leapa laistigh de cSAC Loch Coirib mar gheall ar chaillteanas gnáthóige.

I gcomhthéacs na gcóras abhann, sa cháipéis *Threat Response Plan Otter* Lutra lutra *2009-2011* (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2011) sainítear gnáthóg talún an Mhadra uisce mar chrios 10m de ghnáthóg bhruachánach feadh bhruacha na habhann. Ar Abhainn na Gaillimhe, ní chaillfear aon ghnáthóg san abhainn mar gheall ar struchtúr an droichid bheartaithe a thógáil. Mar gheall ar struchtúr an droichid (piara tacaíochta) a thógáil, caillfear thart ar 20m$^2$ de ghnáthóg an Mhadra uisce go buan ar bhruach thiar na habhann. Ar an mbruach thoir, mar gheall ar an bpiara tacaíochta, caillfear thart ar 24 m$^2$ of de ghnáthóg an Mhadra uisce. Ar dhá bhruach na habhann, is dócha go dteastóidh roinnt gearradh/baint fásra mar gheall ar na hoibreacha tógála agus ar bhonn leanúnach seans i rith na hoibríochta (thart ar 40m d'fhad líneach ar an mbruach thoir seans). Bheifí ag súil freisin le roinnt éifeachtaí ar aon fhásra a fhágfar faoi struchtúr an droichid mar gheall ar a éifeachtaí scáthaithe. Mar gheall ar na sruthanna éalaithe draenála beartaithe a thógáil go hAbhainn na Gaillimhe, caillfear freisin thart ar 23m$^2$ go buan ar an iomlán de ghnáthóg bhruachánach (S15, S18A agus S18B). Ar an iomlán, caillfear thart ar 67m$^2$ de ghnáthóg an Mhadra uisce go buan laistigh de cSAC Loch Coirib mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Ní hionann caillteanas gnáthóige ar scála réasúnta beag mar sin, i gcomhthéacs acmhainn gnáthóige san abhainn agus bhruachánach feadh Abhainn na Gaillimhe idir an loch agus Cathair na Gaillimhe (ar cuid bheag í féin de ghnáthóg an Mhadra uisce atá i cSAC Loch Coirib níos leithne i.e. níos lú ná 0.0007% den 1,054ha iomlán a luaitear i gcáipéis na gcuspóirí caomhantais le haghaidh cSAC Loch Coirib), agus laghdú suntasach. Déantar an measúnú sin ar an mbonn nach laghdóidh an caillteanas gnáthóige agus na hathruithe a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair an líon láithreacha póraithe ná scíthe, nach n-imreoidh siad tionchar ar fháil ná ar líonmhaireacht na gcreach, agus dá bhrí sin nach rachaidh

siad i bhfeidhm ar chumas an daonra áitiúil Madra Uisce é féin a choinneáil – fiú go gearrthéarmach. Tá fianaise air sin ag go leor láithreáin lintéireacha agus droichid ar fud na tíre, fiú i gcásanna ina n-iompaítear gnáthóga ina ndromchlaí crua (ar nós nuair a chuirtear lintéar coincréite réamhtheilgthe isteach), nuair a úsáideann Madraí Uisce gnáthóg a athraíodh go mór go rialta i lintéir agus faoi dhroichid.

Ní bheidh aon oibreacha san abhainn mar gheall ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe a thógáil agus tá struchtúr an droichid ardaithe os cionn na habhann agus ghleann na habhann. Dá bhrí sin, ní dhéanfar aon ilroinnt ar ghnáthóg an Mhadra uisce feadh Abhainn na Gaillimhe.

Ní rachaidh caillteanas gnáthóige cois bruacha ná bruachánaí, ná athrú orthu, a bhainfidh leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a thógáil, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an Mhadra uisce i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

***An Loimpre Mhara, an Loimpre srutháin agus an Bradán Atlantach***

Feidhmíonn Abhainn na Gaillimhe, i gcás Loimpre mhara, Loimpre srutháin agus an Bhradán Atlantaigh, i ngar do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe, go príomha mar chonair imirce idir Cuan na Gaillimhe agus láithreacha sceathraí thuas an abhainn sa dobharcheantar. Tá caillteanas gnáthóige a bhaineann leis an abhainn srianta go dhá chuid de bhruach na habhann a bheidh thart ar 3m ar fad; caillfear iad chun na sruthanna éalaithe draenála beartaithe a thógáil (ceann ar gach aon bhruach – déan tagairt do Roinn 6 le haghaidh cur síos ar an dearadh beartaithe draenála). Ní gnáthóg oiriúnach sceathraí ná iasclainne le haghaidh amaicéat loimpre iad na ngnáthóga i ngar dó do na speicis sin, agus dá bhrí sin ní imreoidh aon chaillteanas gnáthóige a bhaineann le hoibreacha dá leithéid aon éifeacht ar chumas an speicis a dhaonra a choinneáil laistigh den dobharcheantar – fiú go gearrthéarmach.

Ní bheidh aon oibreacha san abhainn mar gheall ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe a thógáil agus dá bhrí sin ní dhéanfar aon ilroinnt ar ghnáthóg na Loimpre mara, na Loimpre srutháin ná an bhradáin Atlantaigh.

Ní rachaidh caillteanas gnáthóige cois bruacha ná bruachánaí, ná athrú orthu, a bhainfidh leis an bhforbairt bheartaithe bóthair a thógáil, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na Loimpre mara, na Loimpre srutháin nó an bhradáin Atlantaigh i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha maidir le hilroinnt/caillteanas gnáthóige i **dTábla 9.7** thíos.

**Tábla 9.7: Achoimre ar Thionchair maidir le hIlroinnt/Caillteanas Gnáthóige**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Cailliúint gnáthóige QI<br>nó<br>cailliúint cineálacha gnáthóg neamh-QI a bhfuil ról tacaíochta acu ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar stádas caomhantais gnáthóga QI | D'fhéadfaí<br>Níl aon limistéir de ghnáthóga Leasanna Cáilitheacha Iarscríbhinn 1 cSAC Loch Coirib atá faoi lorg na forbartha beartaithe bóthair. Ní bheidh caillteanas aon ghnáthóga a chothaíonn gnáthóga Leasanna Cáilitheacha atá in cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair ach oiread.<br>Tá limistéir gnáthóga Pábhála Aolchloiche [*8240] agus Féarach Cailcreach [6210] Leasanna Cáilitheacha, áfach, laistigh de cSAC Loch Coirib a luíonn laistigh de theorainn na forbartha beartaithe bóthair ach atá fós lasmuigh de lorg an charrbhealaigh a bhféadfadh tionchar díreach a bheith air mura gcosnaítear é ó oibreacha tógála. | Tá<br>Chun a chinntiú nach nimríonn an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar díreach ar ghnáthóga Iarscríbhinn I QI i cSAC Loch Coirib (mar a thugtar breacchuntas orthu i **Roinn 10.1**) |
| Ilroinnt Gnáthóige | Ní fhéadfaí<br>Ní bheidh ilroinnt aon ghnáthóga QI mar thoradh ar an bhforbairt beartaithe bóthair agus ní dhéanfar ilroinnt ar chonair Abhainn na Gaillimhe | Níl |
| Cailliúint gnáthóige a bhféadfadh ról tacaíochta a bheith aici ó thaobh tacú le stádas caomhantais:<br>Madra Uisce<br>Loimpre mhara<br>Loimpre shrutháin<br>Bradán an Atlantaigh | Ní fhéadfadh<br>Is fíor bheagán atá i gceist le cailliúint gnáthóige laistigh nó feadh bruacha Abhainn na Gaillimhe, agus ní bheidh aon tionchar ar láithreáin phórúcháin nó ar láithreáin scíthe nó ar chumas speicis cothabháil a dhéanamh ar a gcuid daonraí | Níl |
| **Oibríocht** | | |
| Ní bhaineann | Ní fhéadfadh | Níl |

### 9.1.4.2 Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt

Tá trí láthair shonracha a bhaineann leis an Tollán Leacaigh beartaithe a phléitear thíos, ina ndéanfar, mar chuid den tógáil, tollánú faoi ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib, nó tochailt dhomhain díreach in aice leo (féach **Fíoracha 8.1** go **8.14** don dhearadh agus **Fíoracha 14.4** agus **14.5** do ghnáthóga Iarscríbhinn I). Ó thaobh cur síos ar an measúnú seo, tá plé déanta ar Thollán Leacaigh agus a chuid bealaí isteach i dtrí roinn, ach tá measúnú déanta ar thionchar foriomlán Thollán Leacaigh agus a chuid bealaí isteach mar cheann amháin.

***Cuid 1 Daingniú Aghaidh Chairéal Leacaigh***

Tá Cairéal Leacaigh díreach in aice le teorainn cSAC Loch Coirib agus d'fhéadfadh oibreacha tógála a bhaineann le ballaí an chairéil, nó atá anghar dóibh, dul i bhfeidhm ar shláine struchtúrtha[38] na haolchloiche a thacaíonn leis na gnáthóga QI thuas. Cuimsíonn na gnáthóga sin mósáic de Phábháil aolchloiche coille [*8240], Pábháil aolchloiche clúdaithe i scrobarnach [*8240], Pábháil aolchloiche nochta [*8240], agus Féarach cailcreach [6210]. Is é an cás ba mheasa dá dtarlódh maidhm charraige mhór agus an caillteanas gnáthóige a tharlódh dá bharr a bhainfeadh le tionchar dá leithéid.

***Cuid 2 Tollán Leacaigh***

Cuimseofar i dTollán Leacaigh dhá thollán thollta tríd an aolchloch (trí dhruileáil agus bleaisteáil) faoi cSAC Loch Coirib. Tá riosca ann go bhféadfadh oibreacha dá leithéid dul i bhfeidhm ar dhaingne struchtúrtha na Pábhála aolchloiche QI os a chionn nó go n-imreoidís tionchar ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha. D'fhéadfadh sé sin ansin dul i bhfeidhm ar na gnáthóga QI a dtacaítear leo.

***Cuid 3 An Bóthar Isteach Thiar chuig Tollán Leacaigh***

Tá an Bóthar Isteach Thiar chuig Tollán Leacaigh lonnaithe i bhfo-ithreacha tiubha a bhfuil cSAC Loch Coirib agus an mhósáic de Phábháil aolchloiche a bhaineann le gnáthóga QI ó thuaidh agus ó dheas díobh. Tá riosca ann go n-imreodh oibreacha dá leithéid tionchar ar shláine struchtúrtha na Pábhála aolchloiche QI in aice láimhe nó gnáthóga Féaraigh chailcrigh nó go rachaidís i bhfeidhm ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha.

***Iomlán***

Forbraíodh dearadh agus modheolaíocht mhionsonraithe tógála d'oibreacha tógála do thrí chuid Thollán Leacaigh chun a chinntiú nach rachfar i bhfeidhm ar shláine struchtúrtha na haolchloiche a thacaíonn leis an ngnáthóg QI ar an dromchla (tá achoimre le fáil i **Roinn 2.5.7.6**, agus cur síos iomlán i **bhFoscríbhinn F**). Ach teastaíonn bearta maolúcháin a chinnteoidh go ndéanfar monatóireacht ar fhánaí carraige le linn thógáil an tolláin agus monatóireacht ar phléascadh go háitiúil chun

[38] Is ionann Daingne Struchtúrach na carraige atá faoin mósáic de phábháil Aolchloiche agus d'fhéarach Calcárach agus na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn iompar na thimpeallacht geoiteicniúil na pábhála aolchloiche.

a chinntiú nach bhfuil aon riosca ann do shláine struchtúrtha an chairn carraige a thacaíonn le haon ghnáthóg thuasluaite.

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha maidir le tollánú/tochailt a bhaineann le Tollán Leacaigh beartaithe i **dTábla 9.8** thíos.

**Tábla 9.8: Achoimre ar na Tionchair a bhaineann le Tógáil Tollán Leacaigh**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Tollánú agus tochailtí Tollán Leacaigh atá beartaithe ag a bhfuil tionchar ar shláine struchtúrach gnáthóga ag leibhéal dromchla:<br>[*8240]<br>[6210] | D'fhéadfaí<br>Dá mbeadh tionchar ar shláine struchtúrtha an chairn carraige os cionn an tolláin mar gheall ar oibreacha tógála agus go ndéanfaí damáiste do Phábháil aolchloiche QI/láthair gnáthóg Féaraigh chailcrigh laistigh den cSAC thuas nó dá gcaillteanas | Tá<br>Chun a chinntiú nach bhfuil aon riosca ann do shláine struchtúrtha an chairn carraige a thacaíonn leis na gnáthóga QI i cSAC Loch Coirib (**Roinn 12.2**) |
| **Oibríocht** | | |
| Ní chruthaíonn Tollán Leacaigh atá beartaithe aon bhaol do struchtúr na carraigemhaise atá os cionn an tolláin | Níl | Níl |

### 9.1.4.3 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht

Mar atá pléite thuas i **Roinn 6.3**, tá na dobharlaigh screamhuisce seo a leanas laistigh den ZoI hidrigeolaíoch agus dá bhrí sin tá éifeachtaí féideartha ag an fhorbairt bheartaithe bóthair orthu. Áirítear freisin limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib (déan tagairt **d'Fhíoracha 10.2.1** go **10.3.6** i ndáil le suímh maidir leis an fhorbairt bheartaithe bóthair agus cSAC Loch Coirib):

- GWB Loch an Rois
- Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach) GWB
- Loch Coirib Eanach 1 (Leacach) GWB
- GWDTE Eanach Loch Coirib 2
- An Chláir-Coirib GWB

Níl aon ghnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce a liostaítear mar QI-anna de chuid cSAC Loch Coirib (ná gnáthóga tacaíochta QI sa cSAC) laistigh de ZoI hidrigeolaíochta na forbartha beartaithe bóthair i GWB Loch an Rois ná i GWDTE Loch Coirib Eanach 2 (féach **Fíoracha 10.2.1** go **10.2.2** agus **Fíoracha 10.3.1** go

**10.3.4** chomh maith le **Fíoracha 11.1** go **11.4** le haghaidh léarscáiliú gnáthóige Iarscríbhinn 1).

I Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach) GWB áirítear sa ZoI hidrigheolaíoch fuaráin a chuireann le Lochanna Chúil Each agus a thacaíonn le coimpléasc bogaigh na ngnáthóg QI lena mbaineann. Faoi mar a tugadh le fios i **Roinn 5.2** is é Fuarán Thiar Chúil Each an phríomhfhoinse uisce Lochanna Chúil Each agus faigheann sé sin screamhuisce ó GWB Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach). D'fhéadfadh uisce tríd an ithir a bheith ag silleadh ar ráta an-mhall ó GWB Eanach Loch Coirib 1 (Leacach) tríd an bhfo-ithir mharlach chuig fuarán Thoir Chúil Each ach ní sholáthraíonn an fuarán seo ach cuid an-bheag den screamhuisce a shileann isteach Locháin Chúil Each.

Is Lochanna uisce chrua [3140] iad Lochanna Chúil Each féin agus tacaíonn siad leis na gnáthóga bogaigh Eanach alcaileach [7230] agus Eanach cladium [*7210]. Is gnáthóga QI de chuid cSAC Loch Coirib iad na cineálacha gnáthóige sin ar fad. Meastar freisin gur cuid de na cuspóirí caomhantais a bhaineann le gnáthóg Lochanna uisce chrua iad na gnáthóga imeallacha a bhaineann le Lochanna Chúil Each mar gheall ar a ról tacaíochta.

Laistigh de Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach) GWB agus Loch Coirib Eanach 1 (Leacach) GWB, níl an fhéidearthacht ach ag na gnéithe seo a leanas den fhorbairt bheartaithe bóthair idirghníomhú leis an screamhuisce i rith na tógála, bunaithe ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthair agus na sonraí ó mhonatóireacht ar screamhuisce a chuirtear i láthair i **bhFoscríbhinn A** agus **Foscríbhinn F**:

- Tochailt agus suiteáil na bpiaraí tacaíochta do Tharbhealach Mhionlaigh
- An bóthar isteach thiar chuig Tollán Leacaigh
- Tollán Leacaigh féin

Seachas i gcás na féidearthachta go dtiocfar ar sheolphíobáin screamhuisce nuair atá na bpiaraí tacaíochta do Tharbhealach Mhionlaigh á thógáil, ní rachaidh tógáil na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha i dtéarmaí mhéid an tsoláthair uisce chuig Lochanna Chúil Each ná minicíochta na dtuilte toisc nach gceadaítear díuisciú screamhuisce i rith na tógála sa dearadh (féach Roinn 5.1.1 **d'Fhoscríbhinn A**). Teastaíonn bearta maolúcháin chun a chinntiú go gcoinneofar aon seolphíobáin screamhuisce a dtagtar orthu nuair atá Tarbhealach Mhionlaigh á thógáil.

Forluíonn GWB an Chláir-Coirib (Tír Oileáin) gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce feadh imeall thoir Lochanna na gCualach (**Fíoracha 10.3.7** agus **10.3.8**). Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh oibreacha tógála Cairéal Leacaigh agus feadh Bhóthar Mhionlaigh ag idirghníomhú leis an screamhuisce.

Ní imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair aon tionchar ar screamhuisce i rith na tógála ná na hoibríochta ar an bPábháil aolchloiche in aice leis an mBóthar Isteach Thiar chuig Tollán Leacaigh agus Cairéal Leacaigh, chomh maith leis sin os cionn Thollán Leacaigh; beidh an phábháil fós draenáilte agus leanfaidh an t-athlíonadh na conairí reatha tríd an gcrios neamhsháithithe go dtí an maoschlár. Tá riosca ann áfach go bhféadfadh doirteadh truailleán trí thimpiste i rith na tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce sa GWB, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chuspóirí

caomhantais Lochanna Chúil Each agus na ngnáthóg bogaigh imeallach a dtacaítear leo (féach **Tábla 9.9** thíos).

Má dhraenálann na hoibreacha tógála chuig aon imchuach insíothlúcháin, baintear an riosca sin. Deartar na himchuacha insíothlúcháin le húsáid i rith chéim na tógála do rith chun srutha an láithreáin agus do rith chun srutha an bhóthair araon agus beidh siad ina gcuid de na hoibreacha tosaigh a dhéantar don fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá dearadh gach imchuach insíothlúcháin sonrach don hidrigeolaíocht áitiúil, ag cur an chreasa neamhsháithithe atá ar fáil san áireamh, agus áirítear fo-ithir chuí de thoradh innealtóireachta a chur ann chun an cumas riachtanach insíothlaithe a sholáthar. Áirítear i ngach imchuach insíothlúcháin réamhchóireáil idircheapóir hidreacarbóin agus láthair choimeádta chun tréimhse chuí coinneála a sholáthar chun doirteadh trí thimpiste a choimeád. Déanfar gach imchuach insíothlúcháin a thochailt i mbuncharraige, agus déanfar forthochailt chun freastal ar thiús na fo-ithreach cuí. Líneálfar ciumhaiseanna na tochailte chun insíothlú screamhuisce a rialú ionas go ndraenálfaidh an doirteadh ar fad trí fho-ithir thógtha a chuirfear san áit chuí bunaithe ar thiús an chreasa neamhsháithithe. Mar gheall ar dhearadh na n-imchuach insíothlúcháin, chomh maith leis an idircheapóir hidreacarbóin agus láthair choimeádta, tabharfar leibhéal cuí cosanta chun éilliú an screamhuisce ó na himchuacha insíothlúcháin a sheachaint i rith na tógála agus na hoibríochta.

Tá riosca ann áfach, sna codanna sin den fhorbairt bheartaithe bóthair a bhfuil aolchloch fúthu, go bhféadfadh doirteadh tarlú trí thimpiste i rith na tógála i láithreacha ina bhfuil an bhuncharraig ris ann, ar nós na láithreacha sin ina bhfuil an screamhuisce thar a bheith leochaileach nó an-leochaileach (Fíor 3.01 agus Fíor 3.02 i **bhFoscríbhinn A**) nó ina bhfuil an aolchloch charstach ris mar gheall ar ghearrthacha agus tochailtí. Teastaíonn bearta maolúcháin chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce i rith na tógála.

I rith na hoibríochta, d'fhéadfaí tionchar a imirt ar líon an screamhuisce mar gheall ar dhí-uisciú nó gearrthacha a shéalú nó tolláin ag athrú conairí sreafa. D'fhéadfaí tionchar a imirt ar cháilíocht an screamhuisce mar gheall ar rith chun srutha éilithe an bhóthair a dhoirteadh sa talamh nó d'fhéadfadh láisteáit/rith chun srutha ó líonadh aolchloiche dul i bhfeidhm ar pH screamhuisce aigéadaigh feadh chuid thiar na forbartha beartaithe bóthair.

Mar thoradh ar dhearadh séalaithe na dtollán agus na bóithre isteach, ní theastaíonn dí-uisciú oibríocha ó aon cheann de na gearrthacha i Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach) GWB nó Loch Coirib Eanach 1 (Leacach) GWB agus, dá bhrí sin, ní imreoidh an oibríocht tionchar ar sholáthar screamhuisce ná ar chonairí sreafa sa GWB ar an mbealach sin.

Cé go gcinnteoidh dearadh na draenála (mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2**, agus **Foscríbhinní A, F** agus **D**) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríochta, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. Má shainaithnítear é sin i rith gnáthchigireachtaí ar na himchuacha insíothlúcháin teastóidh maolú chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar aon fhadhbanna ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (féach **Roinn 10.3.1.2**).

### *Achoimre*

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha hidrigeolaíocha a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.9** thíos.

**Tábla 9.9: Achoimre ar na Tionchair Hidrigeolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí tionchar a imirt ar na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Oibreacha tógála ag dul i bhfeidhm ar líon an screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh QI:<br>m.sh. Lochanna Collagh | Tá an fhéidearthacht ag suiteáil piléir thacaíochta an Tarbhealaigh atá beartaithe do Mhionlach idirghníomhú le seolphíobán screamhuisce agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an sruth screamhuisce go háitiúil le hEanach 1 Loch Coirib (Mionloch) GWB – a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a uain ar an soláthar uisce chuig an Western Coolagh Spring a chuidíonn le Lochanna Chúil Each, a thacaíonn le gnáthóga bogaigh QI san cSAC | Tá<br>Chun a chinntiú nach rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar an réimeas screamhuisce reatha (mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | D'fhéadfaí<br>D'fhéadfadh tionchar ar an gcáilíocht screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce in cSAC Loch Coirib tionchar a bheith aige ar dháileadh, ar mhéid, ar éagsúlacht limistéar gnáthóga bogaigh QI | Tá<br>Chun a chinntiú nach rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce sa bhunuiscíoch (mar a thugtar breacchuntas air i **Roinn 10.3**) |
| **Oibríocht** | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | D'fhéadfaí<br>Cé nach gcuirfidh dearadh na forbartha beartaithe bóthair srian ná bac ar chonairí sreafa screamhuisce reatha a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce i cSAC Loch Coirib, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair<br>(mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí tionchar a imirt ar na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | D'fhéadfaí<br>Cinnteofar leis an leagan amach ar na gnéithe draenála (a dtugtar cuntas ina leith i **gCuid 2**, agus in **Foscríbhinní G, H** & **I**) go gcoinnítear an screamhuisce ar an gcaighdeán céanna le linn ré na húsáide. Ach tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair<br>(mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |

### 9.1.4.4 Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht

***Tionchair Hidreolaíochta Fhéideartha ar Cháilíocht Uisce Dromchla le linn Tógála***

<u>Cáilíocht an Uisce</u>

Is beag seans ar chor ar bith go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin go rachfaí i bhfeidhm ar chuspóirí caomhantais speiceas uisceach QI i rith na tógála. Trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair an abhainn gar do bhun síos an abhainn an dobharcheantair, a chuireann srian ar ZoI an tionchair ar cháilíocht an uisce go dtí an chuid sin de cSAC Loch Coirib atá síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Meastar go mbeadh aon imeachtaí truaillithe a d'fhéadfadh a tharlú sách beag i gcomparáid le toisc caolaithe agus cumas asamhlaithe Abhainn na Gaillimhe, nó go mbeidís sealadach. Dá bhrí sin, ní bheadh aon éifeachtaí inbhraite ná forleathana laistigh den dobharcheantar ag aon imeacht truaillithe i rith na tógála.

Mar sin féin, tógfar cur chuige réamhchúramach maidir leis an leibhéal riosca do thionchair ar cháilíocht an uisce agus teastaíonn maolú tógála chun damáiste féideartha a mhaolú trí bhearta éagsúla seachanta, laghdaithe, maolúcháin agus monatóireachta a dhearfar chun aon uisce tógála rith chun srutha neamhchóireáilte a chosc ó dhul díreach isteach in Abhainn na Gaillimhe.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ann go rachfar i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce i rith na thógáil na forbartha beartaithe bóthair toisc go bhfuil an fhéidearthacht ann go ndoirtfí truailleáin trí thimpiste a rachadh i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí/dobharlaigh ghlactha agus teastaíonn bearta maolúcháin.

Tá an fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm ar raon, láthair, nó struchtúr/feidhm gnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib, raon na speiceas QI, nó cumas na ndaonraí speiceas nó na ngnáthóg QI sin iad féin a

choinneáil go fadtéarmach mar gheall ar éifeachtaí ar cháilíocht an uisce. Dá bhrí sin tá an fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair freisin srian a chur ar aon iarracht an stádas caomhantais fabhrach a athchóiriú, sa chás gur cuid de na cuspóirí caomhantais é sin (nó go bhféadfadh gurbh ea sa todhchaí).

Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais ghnáthóga agus speicis QI Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**) trí thionchair ar cháilíocht an uisce i rith na tógála.

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha dhíreacha nó indíreacha maidir leis an réimeas hidreolaíoch i **dTábla 9.10** thíos.

**Tábla 9.10: Achoimre ar Thionchair Hidreolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí tionchar a imirt ar na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | D'fhéadfaí<br>Má théitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga uisceacha/bogaigh agus speicis d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar cháilíocht agus ar fhairsing na ngnáthóg agus na speiceas uisceach sin a dtacaíonn siad leo | Tá<br>Chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sa chomhshaol glactha i rith na tógála (mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.4**) |

### 9.1.4.5 Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir

Féadfaidh astuithe ó sceithphíopaí cairr, agus deascadh ábhair cháithnínigh agus trom-mhiotal a chruthaíonn caitheamh innill, coscáin agus boinn, cur le deascadh méadaithe truailleán ar nós ocsaídí de nítrigin ($NO_x$, $NO_s$), comhdhúil shoghalaithe orgánach (VOCanna), ábhar cáithníneach (PM), trom-mhiotal (HM) agus amóinia ($NH_4$) i ngar do charrbhealach. Féadfaidh sé sin dul i bhfeidhm ar na héiceachórais agus fásra atá ann, ar rátaí fáis plandaí agus ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speiceas.

Leagtar amach an tuiscint reatha ar na tionchair a imríonn bóithre ar cháilíocht an aeir agus a n-idirghníomhú/éifeachtaí ar éiceolaíocht sa treoircháipéis ó TII *Guidelines for the Treatment of Air Quality During the Planning and Construction of National Road Schemes* (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011) agus dhá thuarascáil ón Ríocht Aontaithe: *The Ecological Effects of Diffuse Air Pollution from Road Transport* (Bignal et al., 2004) agus *The Ecological Effects of Air Pollution from Road Transport: An Updated Review* (Natural England, 2016).

Cé go ngineann feithiclí aonocsaíd charbóin (CO), dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) agus dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$) ní cheapfar faoi láthair go bhfuil tábhacht leo ó thaobh cur

le tionchar ar cháilíocht an aeir i gcás fásra agus ní phléitear níos mó iad (Bignal et al., 2004; Natural England, 2016)).

***$NO_x$, $NO_s$ agus $NH_3$***

Ríomhadh samhaltú cháilíocht an aeir i gcás tiúchan agus rátaí deasctha $NO_x$ le haghaidh cSAC Loch Coirib ag faid suas go 200 m ón bhforbairt bheartaithe bóthair (tá na torthaí i dTábla 3 i **bhFoscríbhinn L**). Tá luach teorann 30µg/$m^3$ le haghaidh cosaint fásra sna Rialacháin um Chaighdeáin Cháilíocht an Aeir, 2011 (I.R. Uimh. 180 de 2011).

Comhlíonann an mheántiúchan bhliantúil thuartha de $NO_x$ ag faid éagsúla ó chiumhais an bhóthair bheartaithe an luach teorann 30µg/$m^3$ le haghaidh an cháis Déan an Méid is Lú is Gá in 2024 agus 2039, ag sroicheann tiúchan $NO_x$ 32% den teorainn seo in 2024 agus 2039. Sa chás Déan Rud Éigin, comhlíontar na luachanna teorann in 2024 ag 88% den luach teorann agus comhlíontar iad in 2039 leis an tiúchan thuartha ag 92% den luach teorann, lena n-áirítear tiúchan chúlra ag 10 m ó chiumhais an bhóthair. Mar gheall ar thionchar féideartha na forbartha beartaithe bóthair tá uasmhéadú ar thiúchan $NO_x$ de 18.02µg/$m^3$ ar a mhéad ag 10m ó chiumhais an bhóthair bheartaithe. Comhlíonann gach tiúchan thuartha Chaighdeán Cháilíocht an Aeir le fásra a chosaint (luach teorann 30µg/$m^3$). Dá bhrí sin, fiú ag 10m ó chiumhais an bhóthair, ní thuartar éifeachtaí díobhálacha ar fhásra mar gheall ar $NO_x$.

Sa chás Déan Rud Éigin cuireann an fhorbairt bheartaithe bóthair an t-uasmhéadú ar ráta deasctha thirim $NO_2$ de 1.15kg (N)/ha/bliana in 2024 agus 1.18kg(N)/ha/bliana in 2039 leis an ráta deasctha thirim $NO_2$ feadh an traschreasa 200m ó chiumhais an bhóthair. Seo thart faoi 20% den ualach chriticiúil d'íosmhéid theorainn na ngnáthóg intíre agus na ngnáthóg uisce dromchla de 5-10kg(N)ha/yr (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011). Tá comhchruinnithe cúlracha múnlaithe de shil-leagan nítrigin do 1990, 2000, agus 2010 curtha ar fáil i ndoiciméad taighde an EPA'*Development of Critical Loads for Ireland: Simulating Impacts on Systems (SIOS*) (Aherne, Henry agus Wolniewicz, 2017).'I réimse na forbartha beartaithe bóthair, tá leibhéil cúlra sa raon ó 1 go 2.5kg(N)/ha/bliana, atá, leis na harduithe tuartha de 1.15kg(N)/ha/bliana in 2024 agus 1.18kg(N)/ha/bliana in 2039 curtha leis sa chás Déan Rud Éigin faoi 5kg(N)/ha/bliana, an t-ualach criticiúil (3.68kg(N)/ha/bliana). Dá bhrí sin, níl éifeachtaí dochracha ar fhásra ó $NO_2$ tuartha.

D'fhéadfadh astaíochtaí deannaigh a bhaineann le hoibreacha tógála, in imthosca eisceachtúla, éifeacht a bheith acu ar ghnáthóga cóngaracha (d'fhéadfadh siad gnáthóga atá íogair nó speicis plandaí a phlúchadh le deannach) Tá modheolaíochtaí tógála sárchleachtais (m.sh. uisce a chur ar an láithreán tógála/bóithre rochtana agus bóithre a ghlanadh) agus bearta maolaithe (sciath deannaigh le linn tógála – féach **Roinn 10.5**) riachtanach le deannach a chruthaítear le linn tógála a íoslaghdú agus é a choinneáil laistigh de theorainn na forbartha beartaithe bóthair.

Astaíonn feithiclí amóinia ($NH_3$) i méideanna beaga ach tá tiúchan atmaisféarach i bhfad faoi bhun na leibhéal contúirteach don truailleán seo (Bignal et al., 2004 and Natural England, 2016) agus dá bhrí sin ní thuartar aon éifeachtaí ar fhásra laistigh de cSAC Loch Coirib.

### *Comhdhúile So-ghalaithe Orgánacha (VOCanna)*

I dtéarmaí comhdhúile soghalaithe orgánacha (VOCanna), tá tiúchan beinséine samhaltaithe ag 8.2% de chaighdeán cháilíocht an aeir de 5µg/m$^3$ chun sláinte an duine a chosaint (tá na torthaí iomlána i dTábla 4 i **bhFoscríbhinn L**). Rinneadh scrúdú ar chomparáid idir chúinsí astaithe VOCanna (mg/feithicil/km) chun cóimheas cuí eitiléine go beinséin a mheas. Cinneadh gurb é an cóimheas is airde eitiléine le beinséin 3:1, d'fheithiclí arbh astuithe díosail a bhformhór. Tuaradh méaduithe ar eitiléin ón bhforbairt bheartaithe bóthair le is an gcóimheas sin agus ba é 0.280.33µg/m$^3$ g 10 m ó chiumhais an bhóthair na torthaí air sin (tá na torthaí iomlána i dTábla 5 i **bhFoscríbhinn L**). Níl aon sonraí cúlra ar fáil le haghaidh eitiléine. Is beag fianaise atá ann ar dhamáiste éiceolaíoch mar gheall ar VOCanna a bhaineann le feithiclí agus de bharr na tiúchana ísle a thuartar, ní imreofar aon tionchar ar fhásra laistigh de cSAC Loch Coirib.

### *PM agus HM*

Baineann trom-mhiotail (HM) le hastuithe cairr le hastuithe Ábhair Cháithnínigh (PM), $PM_{10}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 10µm) agus $PM_{2.5}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 2.5µm). Ullmhaíodh measúnú ar astuithe $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$ de réir threoirlínte TII ag úsáid scarbhileog samhaltaithe DMRB. Cuireadh an tiúchan thuartha i gcomparáid le caighdeán cháilíocht an aeir de 40µg/m$^3$ agus 25µg/m$^3$ faoi seach chun sláinte an duine a chosaint. Ba í an uastiúchan thuartha sa chás Déan Rud Éigin, lena n-áirítear tiúchan chúlra, ná 51.6% agus 52% de na caighdeán sin faoi seach.

Lobhann PM agus HM ag ráta easpónantúil ag imeacht ón mbóthar agus bíonn an tiúchan is airde laistigh de 20-30 méadar go hiondúil. Tá an t-aon láthair de ghnáthóg Iarscríbhinn I QI i cSAC Loch Coirib laistigh den chrios sin soir ó dheas den charrbhealach idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+150. Is aniar agus aniar aneas atá an ghnáthghaoth sa limistéar seo agus le cSAC Loch Coirib ar an taobh thoir theas den fhorbairt bheartaithe bóthair, cuireann sé sin teorainn ar chumas truailleáin aeriompartha na gnáthóga atá ansin a bhaint amach agus tionchar a bheith acu orthu (féach Roinn 4.2.3 **d'Fhoscríbhinn L**). Is ionann achar na dronlíne is giorra ón gcarrbhealach agus breithniú á dhéanamh ar threo na gnáthghaoithe ná 23m (aniar amháin, mar go n-iompródh gaoth aniar aneas truailleáin ar siúl ón cSAC) agus tá formhór an PM/HM a chruthaíonn trácht bóithre á scaipeadh lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib. In 2016, níor tháinig an ghnáthghaoth aniar ach 15% den am. De bharr an chreasa 20-30m a ndeascfaí formhór an PM/HM, an tiúchan íseal a thuartar, treo agus minicíocht na gnáthghaoithe, agus scaipeadh de bharr airde an bhóthair, ní thuartar tionchar díreach ná indíreach ar an bhfásra laistigh de cSAC Loch Coirib mar gheall ar PM nó HM.

### *Iomlán*

Toisc go dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair cSAC Loch Coirib ag Abhainn na Gaillimhe, scaipfear an truailliú a ghineann an trácht go maith mar gheall ar airde struchtúr an droichid agus an chlaífoirt. Tá bacainní (thart ar 2m ar airde) i ndearadh struchtúr an droichid féin, a choinneoidh formhór na dtruailleán. Mar gheall ar an méid sin thuas, agus leibhéil ísle na dtruailleán a thuartar i rith oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar aon

ghnáthóg Iarscríbhinn I QI – a bhfuil an ceann is gaire thart ar 150 m ón bhforbairt bheartaithe bóthair, seachas an ZoI d'aon tionchair ar cháilíocht an aeir.

Sa chás go luíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cSAC Loch Coirib, nó go bhfuil sí díreach in aice leis, idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+900, tá gnáthóga Iarscríbhinn I QI in aice láimhe – mar shampla láthair Pábháil aolchloiche agus Féarach cailcreach thart ar 15m ón gcarrbhealach i Mionlach. Mar aon le trasnú Abhainn na Gaillimhe, tá an fhorbairt bheartaithe bóthair ardaithe sa láthair seo (a scaipfidh truailleáin), tuartar leibhéil ísle truailleán i rith na hoibríochta agus ní shíneann ZoI na dtruailleán sin fada go leor go n-áirítear gnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib. Dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ar ghnáthóga Iarscríbhinn I QI i cSAC Loch Coirib in aice láimhe.

Ó Ch. 10+900 go dtí an bealach isteach thiar i dTollán Leacaigh tá an fhorbairt bheartaithe bóthair i ngearradh; feidhmeoidh na himill mar bhacainn chun truailleáin a ghinfidh an trácht a choinneáil. Tá sé sin i gceist freisin le Cairéal Leacaigh, áit a mbeidh ballaí cairéil suas le 40m ar airde timpeall ar an gcarrbhealach. San áit a dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair i dtollán faoi cSAC Loch Coirib, ní bheidh na hastuithe a ghintear ansin in ann idirghníomhú go fisiciúil le láithreacha gnáthóige os a cionn.

Ach i rith na tógála, teastaíonn maolú chun astuithe deannaigh a choinneáil agus chun aon tionchar ar ghnáthóga nó speicis QI laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint (féach **Roinn 10.5**).

***Achoimre***

I rith na hoibríochta, ní thuartar go n-imreofar tionchar ar fhásra laistigh de cSAC Loch Coirib mar gheall ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthair (ar chlaífort, i ngearradh, ná faoin talamh) de bharr leibhéil ísle na dtruailleán a thuartar, agus a ZoI srianta.

I rith na tógála, ginfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair deannach a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fhásra laistigh de cSAC Loch Coirib nuair atá an fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh den láithreán Eorpach seo nó gar dó. Teastaíonn bearta maolúcháin chun astuithe deannaigh a choinneáil i rith na tógála (féach **Roinn 10.5**).

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an aeir a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.11** thíos.

**Tábla 9.11: Achoimre ar Thionchair ar Cháilíocht an Aeir**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Deannach a ghintear i rith oibreacha tógála laistigh de cSAC Loch Coirib, nó i ngar dó, a rachadh i bhfeidhm ar fhairsing, éagsúlacht nó struchtúr na ngnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib i ngar don fhorbairt bheartaithe bóthair | D'fhéadfaí<br>Toisc go bhféadfadh sil-leagan deannaigh dul i bhfeidhm ar fhairsing, éagsúlacht nó struchtúr na ngnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib | Tá<br>Chun a chinntiú nach n-imríonn deannach a ghintear i rith na tógála tionchar ar ghnáthóga nó speicis QI i cSAC Loch Coirib (mar a thugtar breacchuntas air i **Roinn 10.5**) |
| **Oibríocht** | | |
| Laghdú i gcáilíocht an aeir le linn oibríochta a mbíonn tionchar aige ar mhéid, ar éagsúlacht nó ar struchtúr gnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib cóngarach don fhorbairt bheartaithe bóthair | Ní fhéadfaí<br>Toisc nach dtuartar go rachaidh éifeachtaí féideartha ar cháilíocht an aeir a bhainfidh leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar fhairsing, éagsúlacht ná struchtúr aon ghnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib | Níl |

### 9.1.4.6 Díghrádú gnáthóige – scáthú

Tá dhá láthair ina bhfuil an fhéidearthacht ann go n-imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair roinnt scáthaithe ar ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib (féach **Fíoracha 13.1** go **13.5** agus **14.1** go **14.5** le haghaidh eolas dearaidh agus gnáthóige ag na láithreacha sin).

- ag láithreán Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe áit a rachaidh an struchtúr ardaithe os cionn gnáthóga sa cSAC (Ch. 9+400 – Ch. 9+500) agus san áit a dtógfar cuid de claífort ardaithe (Ch. 9+500 – Ch. 9+600) ar an mbealach chuige ón taobh thoir

san áit a mbeidh cuid den chlaífort ardaithe/balla coinneála agus tarbhealach ag dul ar feadh theorainn an cSAC idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+150) Cuireann Bunce et al. (1999) luachanna táscaire Ellenberg [39] i láthair le haghaidh speicis planda shoithíoch sa Bhreatain agus in Éirinn – is iad sin na luachanna a thugann le fios cé na coinníollacha comhshaoil a mbeifí ag súil leo dá mbeadh speicis planda ann (e.g. planda a dtaitníonn solas nó scáth leis, táscaire do bhail thirim/fhliuch). Tá luachanna a seacht nó a hocht ar an scála táscaire don solas ag formhór na speiceas planda sna gnáthóga féaraigh oscailte. Léiríonn luach a hocht "planda a dtaitníonn an solas leis nach bhfaightear mórán in áit ina bhfuil soilsiú coibhneasta níos lú ná

[39] Díorthaítear luachanna Ellenberg ó shonraí ar réimse srianta gnáthóg (agus d'fhéadfadh nach bhfuil siad fíor thar réimse iomlán speiceas) agus ní thugann siad ach léiriú ar na coinníollacha comhshaoil atá ann, ar scála treallach

40%" agus léiríonn luach a seacht "planda in áiteanna le neart solais go hiondúil, ach faoi scáth uaireanta freisin". Dá bhrí sin, is tátal réasúnta é go bhféadfadh aon laghdú suntasach ar leibhéal an tsolais mar gheall ar scáthú ó dheic droichid/tarbhealaigh dul i bhfeidhm go diúltach ar an ngnáthóg.

Thug Broome et al. (2005) faoi thaighde ar na héifeachtaí scáthaithe ó struchtúir droichid ar fhásra réisc inbhearaigh in North Carolina, Stáit Aontaithe Mheiriceá [40]. Léirigh torthaí an staidéir sin go bhfuil comhchoibhneas suntasach idir leibhéil solais faoi dhroichid agus cóimheas airde le leithead (cóimheas HW) an struchtúir, agus baineadh de thátal astu go ndeachaigh na droichid sin a raibh cóimheas HW <0.5 acu i bhfeidhm go suntasach ar fhás agus ar tháirgeacht plandaí fúthu. Bhí éifeachtaí intomhaiste ag cóimheasa HW idir 0.5 agus 0.68 ach ní raibh siad chomh suntasach céanna. Taifeadadh caillteanas iomlán fásra ag droichead amháin ag a raibh cóimheas HW 0.28.

Tá cóimheas HW idir 0.52 agus 0.69 ag an bhforbairt bheartaithe bóthair nuair a thrasnaíonn sí cSAC Loch Coirib ag Abhainn na Gaillimhe (airde idir 13 agus 15m agus leithead deice idir tuairim is 21m agus 25m).

Tá cóimheas HW idir 0.52 agus 0.69 ag an bhforbairt bheartaithe bóthair nuair a thrasnaíonn sí cSAC Loch Coirib ag Abhainn na Gaillimhe (airde idir 13 agus 15 m agus leithead deice idir tuairim is 21 m agus 25m).

Tugadh faoi staidéar anailíse scáthaithe chun samhail a chruthú den chaoi a rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar leibhéil solais chomhthimpeallaigh i ngar do cSAC Loch Coirib – cuirtear an tuarascáil sin i láthair i **bhFoscríbhinn M**. Tugadh faoi shraith samhlacha ríomhaire chun éifeacht na forbartha beartaithe bóthair ar nochtadh gréine i dtailte in aice laistigh de cSAC Loch Coirib a ríomh.

Tá na samhlacha ríomhaire sin bunaithe ar dhearadh tríthoiseach na forbartha beartaithe bóthair. Ríomhtar nochtadh na gréine le rásaíocht gathanna agus úsáidtear na bogearraí Radiance. Is féidir le pointí ar talamh solas gréine díreach a fháil nó gan a fháil. Úsáidtear an líon carntha uaireanta an chloig a bhfeiceann pointe solas gréine díreach mar thomhas an nochta gréine. Ríomhadh nochtadh gréine do chónochtaí agus grianstadanna. Is iad an domhanleithead agus domhanfhad a úsáidtear chun an gheoiméadracht gréine a chinneadh: 53.3°N agus 9°W. Cuirtear an teolas i láthair ar shraith shamplach de léaráidí dath bréige i **bhFoscríbhinn M** a léiríonn dáileadh an nochta gréine ar an talamh do gach láthair. Léiríonn an scála datha líon uaireanta an chloig a fhaightear solas gréine ag pointe áirithe, ó thús deireadh an lae a bhreithnítear. Is féidir éifeacht an scáthaithe ar feadh na bliana a rianú freisin ón tsraith sceitsí sin.

[40] Tá roinnt cúinsí agus srianta le breithniú nuair atá torthaí staidéar North Carolina (NC) á léirmhíniú maidir le tionchair droichid thar cSAC Loch Coirib: rinneadh staidéar NC measúnú ar an tionchar ar bhogaigh inbhearacha, cineál gnáthóige atá an-difriúil leis an ngnáthóg féaraigh ag Abhainn na Gaillimhe; de bharr an difríocht shuntasach i ndomhanleithead idir an dá láthair (thart ar 18°) mheasfaí go mbeidh éifeachtaí an scáthaithe difriúil; agus an méid beag samplaí i staidéar NC. Ach bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh i láthair sa staidéar sin, agus ag glacadh leis an bprionsabal réamhchúramach, meastar go bhfuil na tátail a bhaintear amach sa tuarascáil seo maidir le tionchar féideartha scáthaithe Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe réasúnta.

Léirigh torthaí an staidéir scáthaithe a rinneadh go mbeadh laghdú suntasach ar leibhéil solais chomhthimpeallaigh i rith an tsamhraidh; laghdú ó >12 go <4 uair an chloig de sholas na gréine (féach Fíoracha 10, 11, 12 agus 14 in **bhFoscríbhinn M**). Léireodh sé sin gur cinnte go mbeidh éifeacht éigin ag scáthú ar an gcomhdhéanamh fásra. Tagann leibhéil solais cúlra, le linn tréimhse an tsamhraidh, áfach, chomh fada le 20m de Dhroichead Abhainn na Gaillimhe (Fíor 14 **d'Iarscríbhinn M**). Níl sé tuartha go mbeidh aon éifeacht scáthaithe ag baint leis an gcuid den chlaífort cóngarach agus leis an gcuid thiar de Tharbhealach Mhionlaigh ó Ch. 9+500 go Ch. 10+150.

Ní gnáthóga QI atá sna gnáthóga a bhfuil tionchar ag scáthú ón fhorbairt bheartaithe bóthair orthu laistigh den cSAC  Loch Coirib agus ní chuireann siad ról tacaíochta ar fáil d'aon ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib. Beidh na héifeachtaí scáthaithe a thuartar beag agus áitiúil agus ní imreofar tionchar díreach ná indíreach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis na speicis QI (Dobharchú, Bradán Atlantach, Loimpre shrutháin agus Loimpre mhara); i.e. ní chuirfidís aon ghnáthóg a úsáideann na speicis sin laistigh de cSAC Loch Coirib i gcontúirt.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon díghrádú gnáthóige a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar scáthú i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ngnáthóg ná speiceas QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

### *Achoimre*

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha scáthaithe a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.12** thíos.

**Tábla 9.12: Achoimre ar na Tionchair Scáthaithe**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil/Oibríocht** | | |
| Laghdú ar sholas gréine agus deascadh díreach a rachadh i bhfeidhm ar chomhdhéanamh fásra agus struchtúr na ngnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib faoi na struchtúir/claífort ardaithe nó in aice leo:<br>Droichead Abhainn na Gaillimhe<br>Claífort ó Ch. 9+850 go Ch. 10+100 | Ní fhéadfaí,<br>Toisc go léiríonn an staidéar scáthaithe nach bhfuil aon láthair de ghnáthóg QI, ná láithreacha gnáthóige a thacaíonn le gnáthóg nó speicis QI, a rachaidh scáthú ón bhforbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm orthu | Níl |

### 9.1.4.7 Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha

Taifeadadh speicis planda ionracha neamhdhúchasacha feadh na forbartha beartaithe bóthair, nó in aice léi [41] (féach **Roinn 5.5**). Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go scaipfeadh oibreacha tógála iad trí thimpiste go láithreacha gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib nó go dtabharfaí isteach ann iad den chéad uair. Tá an fhéidearthacht ann mar sin go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis planda i ngnáthóga a rachfaí i bhfeidhm orthu.

De bharr chlúdach na speiceas planda neamhdhúchasach ionrach díreach in aice leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, tá an fhéidearthacht ann go n-athchoilíneoidh na speicis sin láithreacha fásra laistigh de theorainn na forbartha beartaithe i ndiaidh na tógála. Dá réir, tá riosca ann freisin go bhféadfadh gnáthoibreacha cothabhála gearrthóga fásra éillithe a scaipeadh.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ann mar gheall ar speicis planda ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a scaipeadh i cSAC Loch Coirib, i rith na tógála nó na hoibríochta, go rachfar i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ngnáthóg QI (féach **Tábla 9.16**).

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha dhíreacha nó indíreacha maidir le speicis planda ionracha neamhdhúchasacha i **dTábla 9.13** thíos.

**Tábla 9.13: Achoimre ar Thionchair Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| Tógáil/Oibríocht | | |
| Speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó scaipeadh ar ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib | D'fhéadfaí<br>D'fhéadfadh scaipeadh/tabhairt isteach speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha tionchar a imirt ar dháileadh, ar éagsúlacht, agus ar mhéid limistéir ghnáthóige QI nó ar na limistéir ghnáthóige a thacaíonn le limistéir Ghnáthóige QI | Tá<br>Chun a chinntiú nach scaiptear speicis planda ionracha neamhdhúchasacha i láithreacha gnáthóige, ná nach dtugtar isteach iad den chéad uair ann, laistigh de cSAC Loch Coirib (mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.7**) |

[41] Níor taifeadadh speicis plandaí uisceacha (ná speicis fána) ionracha neamhdhúchasacha sna gnáthóga uisceacha a n-imreoidh na hoibreacha tógála tionchar orthu.

### 9.1.4.8 Riosca Mortlaíochta

Nuair atá Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe á thógáil, tá riosca ann go dtitfeadh ábhar tógála trí thimpiste isteach in Abhainn na Gaillimhe agus go marófaí/go ngortófaí na speicis QI uisceacha i cSAC Loch Coirib – Dobharchú, Bradán Atlantach, Loimpre shrutháin agus Loimpre mhara. Is beag seans ar chor ar bith go dtarlódh a leithéid d'imeacht ar an gcéad dul síos, agus go marófaí nó go ngortófaí ceann de na speicis thuas dá bharr. Fiú dá dtarlódh a leithéid, is beag seans ach an oiread go rachfaí i bhfeidhm ar níos mó ná líon beag neach ar leith. Dá bhrí sin, is beag seans go mbeidh aon éifeacht aige ar dhaonraí na speiceas QI sin. Mar sin féin, teastaíonn maolú chun an riosca seo a bhaint (féach **Roinn 10.10** agus **Foscríbhinn D**).

Méadaíonn struchtúr an droichid nua thar Abhainn na Gaillimhe an riosca go mbuailfeadh trácht ar an mbóthar faoi Mhadra uisce. Toisc gur struchtúr ardaithe é Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe trí ghleann na habhann ar feadh fad suntasach ar dhá bhruach na habhann (thart ar 450m siar agus thart ar 90m soir) tá an riosca laghdaithe go mór, agus baintear ar fad é gar d'Abhainn na Gaillimhe féin. Chomh maith leis sin, tá líon beag cainéil draenála agus sruthán (gar do Ch. 9+950) a d'fhéadfadh Madraí Uisce a thabhairt gar don fhorbairt bheartaithe bóthair áit a bhfuil sí ar chlaífort, cé nach dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon cheann díobh siúd. Tá cuid den bhalla coinneála sa láthair seo os cionn 2m ar airde a chuirfidh cosc ar an Madra Uisce dul isteach ar an gcarrbhealach atá beartaithe. Ach tá cuid den chlaífort ina mbeidh gá le sconsaí mamach a thógáil chun an Dobharchú a choinneáil ón gcarrbhealach (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008b).

***Achoimre***

Toisc go bhfuil riosca ann go mbeidh na hoibreacha tógála agus trácht ar an mbóthar i rith na hoibríochta ina riosca mortlaíochta do speicis QI uisceacha cSAC Loch Coirib, tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an Mhadra uisce, an Bhradáin Atlantaigh, na Loimpre srutháin nó na Loimpre mara i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an riosca mortlaíochta mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.14** thíos.

**Tábla 9.14: Achoimre ar Thionchair Riosca Mortlaíochta**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna leis an bhforbairt bheartaithe bóthair? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| D'fhéadfadh toradh a bheith ar ábhair thógála ag titim de thaisme isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála ar Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe go marófaí speiceas QI uisceach:<br>Madra Uisce<br>Bradán an Atlantaigh<br>Loimpre mhara<br>Loimpre shrutháin | D'fhéadfaí<br>D'fhéadfadh mortlaíocht speicis QI dul i bhfeidhm ar líon daonraí – ach de bharr an riosca ísil agus chomh sealadach agus a bheidh na hoibreacha os cionn na habhann, is beag seans go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarmach aici siúd ar leibhéal aon daonra | Tá<br>Chun a chinntiú go gcoinnítear ábhar tógála laistigh den láthair oibreacha (mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.10.1)** |
| **Oibríocht** | | |
| Riosca mortlaíochta/imbhuailte de bharr trácht ar an mbóthar i gcás an Mhadra uisce | D'fhéadfaí<br>Tá riosca buan de bharr oibríocht na forbartha beartaithe bóthair go marófar Madraí uisce mar gheall ar imbhuailtí le trácht ar an mbóthar agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aici ar dhaonra an Mhadra uisce i cSAC Loch Coirib | Tá<br>Chun a chinntiú nach féidir le Madraí uisce dul ar an gcarrbhealach (mar a dtugtar breac-chuntas air i **Roinn 12.10.2**) |

## 9.1.4.9 Diúilicín Péarla Fionnuisce

Níl aon daonra de Dhiúilicín péarla fionnuisce laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair; baineann an daonra QI i cSAC Loch Coirib le hAbhainn Ruibhe, thart ar 23km ó thuaidh. Braitheann an chéim larbhach glochidia i saolré an Diúilicín péarla fionnuisce ar éisc shalmainide mar speiceas óstach. Dá bharr sin, tá sé tábhachtach daonra leordhóthanach de shalmainidí óga a choinneáil chun daonra an Diúilicín péarla fionnuisce a choinneáil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm ar chuspóirí caomhantais an speicis seo i cSAC Loch Coirib dá rachadh sí i bhfeidhm ar dhaonraí speicis éisc salmainide i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe.

Ach tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar bhail chaomhantais an Bhradáin Atlantaigh i cSAC Loch Coirib (agus dá bhrí sin an fhéidearthacht freisin go rachfar i bhfeidhm ar aon daonraí eile éisc salmainide sa dobharcheantar) trí aon tionchair fhéideartha: caillteanas gnáthóige, díghrádú gnáthóige ag dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce, éifeachtaí suaite/díláithrithe, éifeacht bacainne, nó riosca mortlaíochta. Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe

cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an Diúilicín péarla fionnuisce i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.16**).

### 9.1.4.10 Achoimre

Cuirtear achoimre i láthair sa roinn seo de na tionchair fhéideartha ar Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair agus an bealach ina bhfuil baint acu seo leis an tionchar ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin.

Liostaítear i **dTábla 9.15** thíos, Leasanna Cáilitheach Choimpléasc cSAC Loch Coirib agus an bealach a bhaineann na tionchair atá pléite thíos le gach aon cheann acu. Is iad na Leasanna Cáilitheacha atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair na ceanna atá léirithe i ndath uaine.

**Tábla 9.15: Leasanna Cáilitheacha cSAC Loch Coirib agus Tionchair fhéideartha**

| Leasanna Cáilitheacha | Tionchar |
|---|---|
| **Gnáthóga Iarscríbhinn I** | |
| [3110] Uiscí olagatrófacha ar beag mianraí atá iontu de mhachaire gainimh (*Littorelletalia uniflorae*) | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [3130] Uiscí bodhra, ó olagatrófach go méiseatrófach, ina bhfuil fásra den chineál *Littorelletea uniflorae* agus/nó den chineál *Isoëto-Nanojuncetea* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [3140] Uiscí crua olagaimhéiseatrófacha le fásra beantach *Chara* spp. | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [3260] Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra *Ranunculion fluitantis* agis *Callitricho-Batrachion* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [6210] Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachta magairlíní) | Cailleadh gnáthóige<br>Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt<br>Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir<br>Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha |
| [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó ar ithreacha créúla ina bhfuil go leor siolta (*Molinion caeruleae*) | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha |
| [7110] Portaigh ardaithe ghníomhacha * | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [7120] Portaigh ardaithe dhíghrádaithe a bhfuil cumas athghiniúna nádúrtha fós acu | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [7150] Logáin ar shubstráití móna *Rhynchosporion* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [7210] Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis *Caricion davallianae* * | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |

| **Leasanna Cáilitheacha** | **Tionchar** |
|---|---|
| | Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha |
| [7220] Fuaráin clochraithe le foirmíocht túfa (*Cratoneurion*) * | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [7230] Eanaigh Alcailigh | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha |
| [8240] Pábháil Aolchloiche * | Cailleadh gnáthóige<br>Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt<br>Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir<br>Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha |
| [91A0] Seanchoillte darach gaelaí le *Ilex* agus *Blechnum* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [91D0] Coillearnach portaigh * | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| **Speicis Forscríbhinn II** | |
| [1029] Diúilicín Péarla fionnuisce - *Margaritifera margaritifera* | Níor taifeadadh aon chuid sna sruthchúrsaí a rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm orthu, ach d'fhéadfadh tionchair ar speicis éisc salmainide dul i bhfeidhm go hindíreach ar an Diúilicín péarla fionnuisce – féach an bradán Atlantach thíos do na tionchair |
| [1092] Cráifisc liathdhonn - *Austropotamobius pallipes* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [1095] Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Riosca Mortlaíochta |
| [1096] Loimpre shrutháin - *Lampetra planeri* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Riosca Mortlaíochta |
| [1106] Bradán Atlantach - *Salmo salar* (I bhfíor uisce amháin) | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Riosca Mortlaíochta |
| [1303] Crú-Ialtóg Bheag - *Rhinolophus hipposideros* | Gan tionchar féideartha – níl an daonra laistigh den ZoI (**Roinn 9.1.2.5**) |
| [1355] Madra Uisce - *Lutra lutra* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Riosca Mortlaíochta |
| [1393] Cleitchaonach caol glas (Caonach crúcach snasta) - *Drepanocladus (Hamatocaulis) vernicosus* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [1833] Síofróg uisce - *Najas flexilis* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |

Tugtar achoimre thíos agus tá cur i láthair déanta i **dTábla 9.16** freisin, ar an gcaidreamh idir, agus tionchar féideartha na dtionchar seo maidir le gnáthóga agus le speiceas Leasanna Cáilitheacha laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair agus na hairíonna/spriocanna ar a bhfuil a gcoinníoll caomhnaithe fabhrach breithnithe agus tomhaiste.

***[3140 Uiscí crua olag-méiseatrofacha le fásra beantach d' Aol-Lus spp.***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i Lochanna na gCualach agus/nó difear a dhéanamh d'fheidhmiú nó cáilíocht an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana le linn tógála (cé go bhfuil riosca aon éifeacht inbhraite íseal) tionchar a bheith aige ar stádas Iarscríbhinn 1 an locha, ag laghdú ar an mbealach sin, limistéar na gnáthóige agus scaipeadh an cineál sin gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag na tionchair seo ar chineál, flúirse agus scaipeadh gnáthspeiceas atá á gcothú ag na lochanna, ar chomhdhéanamh agus scaipeadh fásra, limistéar agus ar riocht fásra uisceach imeallach, cáilíocht bhunsraithe an locha agus ceimic uisce.

***[6410]* Móinéir Molinia ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créiúla lán le siolt (Molinion caeruleae) *[7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil* Cladium mariscus *agus speicis* Caricion davallianae * agus *[7230] Eanaigh Alcaileacha***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha agus/nó difear a dhéanamh d'fheidhmiú nó do cháilíocht an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana tionchar a bheith aige ar fheidhmiú an éiceachórais agus ar riocht limistéir gnáthóga den chineál sin a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar a limistéar agus ar a scaipeadh laistigh de cSAC Loch Coirib. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag na tionchair seo freisin ar chomhdhéanamh fásra agus ar struchtúr agus flúirse agus scaipeadh gnáthspeicis agus speicis sainiúil áitiúil a bhaineann le gnáthóga Leasanna Cáilitheacha.

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag tabhairt isteach/scaipeadh speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha ar mhéid, ar éagsúlacht agus ar chomhdhéanamh fásra nó ar struchtúr gnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib.

***[6210] Féarthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (Festuco Brometalia) (*suíomhanna tábhachta magairlíní) agus [6210] Pábháil aolchloiche * [6210]***

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag tógáil Tollán Leacaigh ar shláine struchtúrach[42] na carraige a chothaíonn na gnáthóga thuas laistigh de cSAC Loch Coirib agusd'fhéadfadh damáiste do, nó caillteanas Pábháil Aolchloiche agus Féarthailte Cailcreacha gnáthóga Leasanna Cáilitheach Iarscríbhinn 1 a bheith mar thoradh air. Maidir leis na gnáthóga na Leasanna Cáilitheacha sin agus a gCuspóirí Caomhantais, d'fhéadfadh éifeacht a bheith ag caillteanas gnáthóige ar limistéar gnáthóige Féarthailte Cailcreacha agus ar Phábháil Aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige freisin ar scaipeadh gnáthóg den chineál sin laistigh de láithreán Eorpach.

Tá limistéar Pábhála Aolchloiche [*8240] agus Féarthailte Cailcreacha [6210] laistigh de cSAC Loch Coirib atá laistigh de theorainn na forbartha beartaithe bóthar ach atá fós lasmuigh de lorg an débhealaigh beartaithe bóthair a bhféadfadh tionchar díreach a bheith aige orthu mura gcosnaítear iad ó oibreacha tógála. Maidir leis na gnáthóga sin agus a gcuid cuspóirí caomhantais, d'fhéadfadh éifeacht a

[42] Is eard atá i gceist le sláine struchtúrach an mheascáin de phábháil Aolchloiche agus d'féaraigh Chalcáracha ná na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn iompar thimpeallacht gheoiteicniúil na pábhála aolchloiche.

bheith ag caillteanas gnáthóige ar limistéar gnáthóige Pábhála Aolchloiche agus Féarthailte Cailcreacha laistigh de cSAC Loch Coirib, agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith acu freisin ar scaipeadh gnáthóga den chineál sin laistigh den láithreán Eorpach.

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag sil-leagan deannaigh ó ghníomhaíochtaí tógála go háitiúil ar mhéid, ar éagsúlacht agus ar chomhdhéanamh fásra nó ar struchtúr na ngnáthóg sin laistigh de cSAC Loch Coirib, sa chás iad a bheith i gcóngaracht na forbartha beartaithe bóthair.

D'fhéadfadh éifeacht a bheith go háitiúil ag tabhairt isteach/scaipeadh speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha ar mhéid, ar éagsúlacht agus ar chomhdhéanamh fásra nó ar struchtúr na gnáthóga sin laistigh de cSAC Loch Coirib.

### *[1095] Loimpre Mhara*

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil riosca aon éifeacht inbhraite íseal) tionchar a bheith aige ar cháilíocht, méid agus fáil a bheith ar aon ghnáthóg sceite nó gnáthóga iasc óg atá síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair a bhféadfadh éifeacht fadtéarmach a bheith aige ar dhaonra Loimpre Mhara an Láithreáin Eorpaigh. Tá tógáil droichid os cionn Abhainn na Gaillimhe ag cruthú riosca mortlaíochta do speicis éisc atá thíos faoin struchtúr, a bhféadfadh, sa chás is measa, éifeacht a bheith aige freisin ar leibhéal daonra.

### *[1096] Loimpre Shrutháin*

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil riosca aon éifeacht inbhraite íseal) tionchar a bheith aige ar cháilíocht, méid agus fáil a bheith ar aon ghnáthóg d'iasc óg atá síos le sruth ón fhorbairt bheartaithe bóthair a bhféadfadh éifeacht fadtéarmach a bheith ag ar dhaonra Loimpre Shrutháin an Láithreáin Eorpaigh. Tá tógáil droichid os cionn Abhainn na Gaillimhe ag cruthú riosca mortlaíochta do speicis éisc atá thíos faoin struchtúr, a bhféadfadh, sa chás is measa, éifeacht a bheith aige freisin ar leibhéal daonra.

### *[1106] Bradán an Atlantaigh*

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil riosca aon éifeacht inbhraite íseal) tionchar a bheith aige ar an líon éisc, go háirithe, dá dtarlódh an tionchar le linn tréimhsí imirce bradáin fhásta/brainlíní a bhféadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige ar Láithreán Eorpacha Bhradán an Atlantaigh. Tá tógáil droichid os cionn Abhainn na Gaillimhe ag cruthú riosca mortlaíochta do speicis éisc atá thíos faoin struchtúr, a bhféadfadh, sa chás is measa, éifeacht a bheith aige freisin ar leibhéal daonra.

### *[1029] Diúilicín Péarla Fionnuisce*

Mar atá pléite thuas maidir le Bradán an Atlantaigh, d'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil riosca aon éifeacht inbhraite íseal) agus/nó riosca mortlaíochta a bhaineann le hoibreacha tógála droichid os cionn Abhainn na Gaillimhe tionchar a bheith aige

ar an líon éisc salmainide. D'fhéadfadh sé sin tionchar a bheith aige freisin ar dhaonraí Diúilicín Péarla Fionnuisce suas an abhainn mar gurbh iad an t-iasc salmainide an speiceas a dhéanann óstach ar an gcéim larbhach *glochidial* de shaolré an Diúilicín Péarla Fionnuisce. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith ag cur isteach ar an líon éisc salmainide ar dhaonra Diúilicín Péarla Fionnuisce an Láithreáin Eorpaigh.

***[1355] An Madra Uisce***

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag laghdú cáilíochta uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe ar chaighdeán agus ar fháil a bheith ar láithreáin phóraithe/scíthe síos le sruth in cSAC Loch Coirib agus éifeacht a bheith aige go háitiúil ar an líon éisc. D'fhéadfadh éifeacht fadtéarmach a bheith ag an tionchar seo ar dhaonra láithreán Eorpach an Mhadra Uisce.

D'fhéadfadh éifeacht fadtéarmach a bheith ag an riosca mortlaíochta atá á chruthú ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar líon agus ar scaipeadh Madraí Uisce laistigh de cSAC Loch Coirib. Cruthaíonn tógáil droichid os cionn Abhainn na Gaillimhe riosca mortlaíochta don Mhadra Uisce thíos faoin struchtúr, a bhféadfadh, sa chás is measa, éifeacht a bheith aige freisin ar leibhéal daonra.

**Tábla 9.16: Tionchair Fhéideartha ar Chuspóirí Caomhantais cSAC Loch Coirib** (Is iad na réanna sin atá aibhsithe le dath glas na tréithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu)

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| [3140] Méiseatrófacha Uiscí Crua Olaga-Méiseatrófacha le Fásra Beantach Speiceas Chara spp.<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe Méiseatrófacha Uiscí Crua Olaga-Méiseatrófacha le Fásra Beantach Speiceas Chara spp. a thabhairt ar ais in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha | Sa bhfad tréimhse trí bheith ag imirt tionchair ar chaighdeán an uisce dromchla, an screamhuisce, nó ag laghdú sholáthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each d'fhéadfaí cur isteach ar stadas Iarscríbhinn 1 na locha, ag imirt tionchair ar cheantar gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn na tógála agus na hoibríochta, a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan meath, faoi réir próiseas nádúrtha. | Beidh éifeacht san fhadtéarma ar cháilíocht uisce dromchla, cáilíocht screamhuisce nó ag laghdú sholáthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each d'fhéadfaí cur isteach ar stádas Iarscríbhinn 1 na locha, ag imirt tionchair ar dháileadh gnáthóg den chineálseo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn na tógála agus na hoibríochta, a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Speiceas Tipiciúil: Tarlú | Speiceas tipiciúil i láthair, faoi dhea-bhail agus ag léiriú flúirsí agus dáilte tipiciúla | Beidh éifeacht san fhadtéarma ar cháilíocht uisce dromchla, cáilíocht screamhuisce nó ag laghdú sholáthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chineál, flúirse agus dáileadh na speiceas tipiciúla atá tacaithe ag na locha | Bearta chun díghrádú gnáthóige, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn na tógála agus na hoibríochta, a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Comhshuíomh fásra: criosracht shaintréithe-Tarlú | Ba chóir go mbeadh na criosanna saintréithe ar fad i láthair, roinnte amach i gceart agus dea-bhail orthu | Beidh éifeacht san fhadtéarma ar cháilíocht uisce dromchla, cáilíocht screamhuisce nó ag laghdú sholáthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chriosracht, dáileadh agus caighdeán an fhásra a bhaineann leis na locha | Bearta chun díghrádú gnáthóige, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn na tógála agus na hoibríochta, a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh fásra: uasdoimhneacht –<br>Méadair | Gan aon athrú ar uasdoimhneacht fásra, faoi réir próiseas nádúrtha | Trí chur isteach ar sholáthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each d'fhéadfaí leibhéil uisce a laghdú agus ar an gcaoi sin tionchar a imirt ar dhoimhneacht agus ar phróifílí fásra | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Córas Hidreolaíoch: luaineacht ar uisceleibhéil –<br>Méadair | Córas cuí nádúrtha hidreolaíoch a theastaíonn chun tacú leis an ngnáthóg | Bheadh tionchar ag laghdú a dhéanamh ar an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar an gcóras nádúrtha hidreolaíoch a theastaíonn chun tacú leis an ngnáthóg ina staid reatha | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Caighdeán bunsraithe locha - Éagsúil | Cineál, réimse agus ceimic cuí bunsraithe a athshlánú chun tacú leis an bhfásra | Má chuirtear isteach ar chaighdeán an uisce dromchla nó ar chaighdeán an screamhuisce d'fhéadfadh sé cur isteach ar cheimic agus caighdeán na bunsraithe.<br>Má chuirtear isteach ar sholáthar an screamhuisce d'fhéadfadh sé cur isteach ar phróifíl dhoimhneachta na locha agus dá bharr ar réimse na bunsraithe – ag ísliú chaighdeán na bunsraithe | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Caighdeán Uisce: Trédhearcacht –<br>Méadair | Trédhearcacht chuí Secchi a athshlánú.<br>Níor chóir go mbeadh aon laghdú ar thrédhearcacht /dhoimhneacht Secchi | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an uisce chuig Lochanna Chúil Each ar luachanna trédhearcacht uisce.<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| | | agus dá bharr, tionchar a imirt go hindíreach ar thrédhearcacht uisce trí mhéadú a chur ar thiúchan na solad/dríodar ar fuaidreamh sa cholún uisce | **Roinn 10.4** |
| Caighdeán uisce: Cothaithigh – µg/l P nó mg/l N | Tiúchan na gcothaitheach sa cholún uisce a athshlánú go dtí leibhéil sách íseal chun tacú leis an ngnáthóg agus a cuid speiceas tipiciúla | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach.<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Caighdeán uisce: bithmhais fhíteaplanctóin –<br>µg/l Clóraifill a | Caighdeán uisce cuí a chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg, lena n-áirítear stadas ard clóraifíle *a* | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach.<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Caighdeán uisce: comhshuíomh fíteaplanctóin -<br>Comhshuíomh fíteaplanctóin méadrach EPA | Caighdeán uisce cuí a chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg, lena n-áirítear stadas ard chomhshuíomh fíleaplanctóin | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| | | mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | |
| Caighdeán uisce: bithmhais algach ceangailte-<br>Clúdú algach agus fítibeantós méadrach EPA | Athshlánaigh/caomhnaighrian/ fág ar lár bithmhais algach ceangailte (clúdach <5%) agus stadas ard fítibeantóis | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Caighdeán uisce: stadas macraifíte –<br>Macraifít mhéadrach EPA (An Saor-Innéacs)) | Stadas ard macraifíte a athshlánú | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Stadas Aigéadaithe: Aonaid pH, mg/ | pH cuí uisce agus dríodair, tiúchan alcaileachta agus caitiain a chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg faoi réir próiseas nádúrtha | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an uisce dromchla, caighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | lochanna- eutrophication can lead to at least temporary increases in pH to toxic levels (>9/9.5) | |
| Dath an uisce: mg/l PtCo | Dath uisce cuí a athshlánú/chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg | Níl<br>Ní bheadh tionchar ag cur isteach ar chaighdeán an screamhuisce ná ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar dhath an uisce | Níl |
| Carbón orgánach tuaslagtha (DOC): mg/l | Leibhéil chuí carbón orgánach a athshlánú/chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg | Ní bheadh tionchar díreach aige cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ag laghdú a dhéanamh ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil na gcothaitheach<br>Ach, d'fhéadfadh laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce tionchar a imirt ar leibhéil uisce agus dá bharr, go leanfadh sé go hindíreach, go mbeadh tiúchan cothaitheach ardaithe sna lochanna | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Moirtiúlacht: aonaid mhoirtiúlachta neifiliméadracha/ mg/l SS/ aonad eile cuí | Moirtiúlacht chuí a athshlánú/ chaomhnú chun tacú leis an ngnáthóg | Níl<br>Ní bheadh tionchar ag cur isteach a dhéanamh ar chaighdeán an screamhuisce ná ar sholáthar an screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each ar leibhéil mhoirtiúlachta i Lochanna Chúil Each | Níl |
| Gnáthóg imeallach: achar agus bail -<br>Heicteáir | Achar agus bail na ngnáthóg imeallach a theastaíonn chun tacú le struchtúr agus feidhmiú nádúrtha gnáthóg 3140 a chaomhnú | Sa bhfadtéarma d'fhéadfadh cur isteach a dhéanamh ar cháilíocht an uisce dromchla, ar chaighdeán an screamhuisce nó laghdú a chur ar an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each achar agus bail na ngnáthóg imeallach a ísliú. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| [6210] Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachta magairlíní)<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe Fearthailte tirim leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (Festuco Brometalia) (*suíomhanna tábhachta magairlíní) in SAC Loch Coirib atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige:<br>Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha | Tá limistéir féarthailte Cailcreacha [6210] i cSAC Loch Coirib atá laistigh de theorainn na forbartha beartaithe ach fós nach bhfuil díreach thíos faoi lorg na forbartha beartaithe bóthair. D'fhéadfadh caillteanas limistéir gnáthóige féarthailte Cailcreacha a bheith mar thoradh ar oibreacha. Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor os cionn Thollán beartaithe Leacaigh d'fhéadfaí limistéar gnáthóige a chailliúint toisc go bhfásfadh scrobarnach ar an áit.<br>Tá Tollán beartaithe Leacaigh deartha chun aon tionchar ar shláine struchtúrach na carraige atá thíos faoin bpábháil aolchloiche agus faoin ngnáthóg féaraigh Chailcreaigh os a chionn i cSAC Loch Coirib a sheachaint- ach ní mór an tollán a thógáil mar atá sonraithe in Forscríbhinn F ar mhaithe le tionchair a sheachaint.<br>D'fhéadfaí gnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib a chailleadh de bharr astuithe dusta le linn tógála, agus laghdú a chur ar dháileadh gnáthóg go háitiúil, nuair is ann dóibh, cóngarach do na hoibreacha tógála idir Ch. 9+850 go Ch. 10+100<br>D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh ar speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh in cSAC Loch Coirib go gcaillfí achair ghnáthóg Cailcreach féarthailte agus, b'fhéidir, tionchar a imirt ar dháileadh gnáthóg | Achair de QI Iarscríbhinn I a choinneáil laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh den teorainn bheartaithe forbartha agus aon athrú fásra nó ionradh scrobarnaí a sheachaint trí gan srian a chur le hainmhithe a bheith ag iníor.<br>Roinn 10.1 (agus **Fíoracha 15.1** go **15.5**)<br>Ag déanamh monatóireachta go bhfuil dóthain céimeanna chobhsaíocht carraigeacha suiteáilte chun sláine struchtúrach an charraigmhais a chosaint<br>**Roinn 10.2**<br>Bearta chun astuithe dusta a shrianadh le linn tógála<br>**Roinn 10.5**<br>Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | *...mar atá thuas d'achar gnáthóg* | *...mar atá thuas d'achar gnáthóg* |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas tipiciúil-<br>Líon ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Ar a laghad 7 speiceas táscaire dearfach ann lena n-áirítear 2 speiceas "ard-chaighdeán | D'fhéadfadh na tionchair a bhaineann le Tollán beartaithe Leacaigh, astuithe dusta agus tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha, tionchar a imirt ar líon na speiceas táscaire dearfach a thaifeadtar go háitiúil laistigh de cheantair ghnáthóg phábháil aolchloiche agus féaraigh Chalcaracha cóngarach don bhforbairt bheartaithe bóthair (mar atá thuas faoi *Achar Gnáthóg*) Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar an bhféarach Calcarach os cionn Tholán mholta Leacaigh d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chomhdhéanamh na bplandaí agus d'fhéadfadh scrobarnach leathadh amach sa limistéar. | *...mar atá thuas d'achar gnáthóg* |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Speiceas táscaire diúltach gan a bheith níos mó ná clúdach 20% le chéile agus gan clúdach ar leithligh níos mó ná 10% | Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib agus dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor sa ghnáthóg féarthalaimh Chailcreach os cionn Thollán beartaithe Leacaigh d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar struchtúr na bplandaí agus d'fhéadfadh scrobarnach leathnú isteach san áit. | Níl |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdach speiceas neamhdhúchasach gan níos mó ná 1% | Is féidir leis tarlú go bhfágfadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúsacha a thabhairt isteach/ a scaipeadh i gceantair ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib go mbeadh tionchar diúltach ar ghnáthóga i gceantair Chailcreacha féarthailte mar a bhaineann le comhshuíomh fásra | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Struchtúr Fásra: speiceas adhmadach agus raithneach (*Pteridium aquilinum*) –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú speiceas adhmadach (seachas *Juniperus communis*, *Rosa spinosissima*, *Dryas octopetala* and *Helianthemum oelandicum*) agus raithneach (*Pteridium aquilinum*) gan clúdach níos mó ná 5% | Ní bheidh éifeacht go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib ach dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar an bhféarach Cailcreach os cionn Tholán mholta Leacaigh d'fhéadfadh scrobarnach leathadh amach sa limistéar. | Coinnigh na réimsí gnáthóg QI Forscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, agus seachain leathadh amach scrobarnaigh sa cheantar trí gan srian a chur le hainmhithe a bheith ag teacht isteach is ag iníor.<br>**Roinn 10.1** (agus **Fíoracha 15.1** to **15.5**) |
| Comhshuíomh Fásra: cóimheas luibh leathanduilleach le féar –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Comhpháirt Luibh leathanduilleach den fhásra idir 40% agus 90% | Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar an bhféarach Cailcreach os cionn Tholán beartatithe Leacaigh d'fhéadfadh scrobarnach leathadh amach sa limistéar agus comhdhéanamh na bplandaí a athrú<br>Is féidir leis tarlú go bhfágfadh na tionchair a bhaineann le hastuithe dusta agus le speiceas plandaí ionracha neamhdhúsacha a thabhairt isteach/a scaipeadh, go gcuirfí isteach ar chóimheas luibh leathanduilleach le féar i gceantair ghnáthóg Chailcreach féarthailte cóngarach don bhforbairt bheartaithe bóthair (mar thuas faoi *Achar Gnáthóg)* | Coinnigh na réimsí gnáthóg QI Forscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, agus seachain athrú fásra agus leathadh amach scrobarnaigh sa cheantar trí gan srian a chur le hainmhithe a bheith ag teacht isteach is ag iníor.<br>**Roinn 10.1** (agus **Fíoracha 15.1** to **15.5**)<br>Bearta chun astuithe dusta a shrianadh le linn tógála<br>**Roinn 10.5**<br>Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Struchtúr Fásra: airde báinsí-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | 30% ar a laghad den bháinseach idir 5cm agus 40cm ar airde | Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar ghnáthóg an féaraigh Chailcrigh os cionn Tholán beartaithe Leacaigh d'fhéadfadh scrobarnach leathadh amach sa limistéar agus comhdhéanamh na bplandaí a athrú.<br>D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag tabhairt isteach/scaipeadh speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha chuig cSAC Loch Coirib ar chéatadán na gnáthóige féarthailte cailcreacha ag airde oiriúnach báinsí. | Coinnigh na réimsí gnáthóg QI Forscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh de theorainn na forbartha beartaithe, agus seachain leathadh amach scrobarnaigh sa cheantar trí gan srian a chur le hainmhithe a bheith ag teacht isteach is ag iníor.<br>**Roinn 10.1** (agus F**íoracha 15.1** to **15.5**)<br>Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | | **Roinn 10.7** |
| Struchtúr Fásra: easair-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú easrach gan a bheith níos mó ná 25% | Níl<br>Ní bheidh éifeacht go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin, ní chuirfidh sé le clúdach easrach i ngnáthóg Cailcreacha féarthailte in cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: talamh bán –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Gan níos mó ná 10% de thalamh bán | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le leibhéil fhisiceacha corraíola a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar thalamh bán i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: Corraíl Méadar Cearnach | Achar ag léiriú comharthaí de throm-innilt nó corraíl eile níos lú ná 20 m² | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le, ná ní bheidh sé ina cúis corraíola fisicí ná ní chuirfí sé athrú ar leibhéil na hinnilte i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte cSAC Loch Coirib | Níl |
| [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créiúla lán le siolt (*Molinion caeruleae*)<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe Móinéir Molinia ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créiúla lán le siolt (Molinion caeruleae) in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige:<br>Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla nó an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each a laghdú go laghdófaí achar gnáthóige den chineál seo i cSAC Loch Coirib. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú, nó soláthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each a laghdú go laghdófaí achar (agus dáileadh da bharr sin) gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas tipiciúil-<br>Líon ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Ar a laghad seacht speiceas táscaire dearfach ar fáil ann lena n-áirítear speiceas amháin "ardchaighdeán" mar atá liostaithe in O'Neill et al (2013) | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú nó an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí gnáthóga den chineál seo amach (agus ar an gcaoi sin go gcuirfí isteach ar chomhshuíomh speiceas) | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Speiceas táscaire diúltach gan a bheith níos mó ná clúdach 20% le chéile agus gan clúdach ar leithligh níos mó ná 10% | Níl<br>Ní bheith tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóg mhóinéar *Molinia* laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh tionchar aige ar chlúdú speiceas táscaire diúltach ar ghnáthóg mhóinéar Molinia (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag O'Neill et al. 2013) | Níl |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdach speiceas neamhdhúchasach gan a bheith níos mó ná 1% | Ní bheith tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóg mhóinéar *Molinia* laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh tionchar aige ar chlúdach speiceas táscaire diúltach ar ghnáthóg mhóinéar Molinia (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag O'Neill et al. 2013)<br>Ach, d'fhéadfaí speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a chur san áireamh beag beann ar an liosta sin – agus d'fhéadfadh tionchar | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | diúltach a bheith acu ar achair ghnáthóg mhóinéar *Molinia* | |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas caonaigh- Líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Foltchaonaigh (*Polytrichum* spp.) gan níos mó ná clúdach 25% | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú nó ar an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí gnáthóg den chineál seo amach (agus ar an gcaoi sin go gcuirfí isteach ar chomhshuíomh speiceas agus ar chlúdú caonach) | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr Fásra: speiceas adhmadach agus raithneach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú speiceas adhmadach agus raithní (*Pteridium aquilinum*) gan a bheith níos mó ná clúdach 5% | Níl<br>Ní bheidh tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóg mhóinéar *Molinia*laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní chuirfidh sé le speiceas adhmadach ná le clúdach raithní i ngnáthóg mhóinéar *Molinia* i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr Fásra: cóimheas luibh leathanduilleach le féar-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Comhpháirt Luibh leathanduilleach den fhásra idir 40% agus 90% | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú nó an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí gnáthóg den chineál seo amach (agus ar an gcaoi sin go gcuirfí isteach ar struchtúr an fhásra) | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr Fásra: airde báinsí-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | 30% ar a laghad den bháinseach idir 10cm agus 80cm ar airde | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú nó an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí gnáthóg den chineál seo amach (agus ar an gcaoi sin go gcuirfí isteach ar struchtúr an fhásra) | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Struchtúr Fásra: easair-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú easrach gan a bheith níos mó ná 25% | Níl<br>Ní bheidh éifeacht go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin, ní chuirfidh sé le clúdach easrach i ngnáthóg Cailcreacha féarthailte in cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: talamh bán –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Gan níos mó ná 10% de thalamh bán | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le leibhéil fhisiceacha corraíola a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar thalamh bán i ngnáthóg mhóinéar *Molinia* i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: corraíl-<br>Méadar cearnach | Achar ag léiriú comharthaí de throm-innilt nó corraíl eile níos lú ná 20m² | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le, ná ní bheidh sé ina cúis corraíola fisicí ná ní chuirfí sé athrú ar leibhéil na hinnilte i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte cSAC Loch Coirib | Níl |
| [*7210] Eanach cailcreach le *Cladium mariscusagus* speiceas den *Caricion davallianae*<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe *Eanach cailcreach le Cladium mariscus agus speiceas den Caricion davallianae* in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha. | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí achar gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí achar gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Feidhmiú éiceachórais:<br>Hidreolaíocht-<br>Méadar | Réimis hidreolaíochta nádúrtha chuí, a theastaíonn chun tacú le struchtúr nádúrtha agus feidhmiú na ngnáthóg, a chaomhnú | Bheadh tionchar ag laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each ar an réimeas hidreolaíochta nádúrtha a thacaíonn le gnáthóg eanaigh bainteach ar bith | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Feidhmiú éiceacórais:<br>Fás portach- Aga tuile | Fás portach gníomhach a chaomhnú, nuair is cuí | D'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each tionchar a imirt ar aga tuilte i gceantair ina bhfuil fás portach gníomhach ar siúl | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Feidhmiú éiceacórais:<br>caighdeán uisce-<br>Toisí cheimic an uisce | Caighdeán cuí uisce, go háirithe maidir le leibhéil chothaitheach, a chaomhnú, chun tacú leis an struchtúr nádúrtha agus le feidhmiú gnáthóg | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each leibhéil uisce a ísliú agus tionchar a imirt ar thiúchan chúlrach cothaitheach | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Struchtúr Fásra: speiceas tipiciúil-<br>láithreacht | Clúdú fásra do speiceas tipiciúil a chaomhnú lena n-áirítear caonaigh dhonna agus plandaí soithíocha | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce a ísliú in Abhainn na Gaillimhe nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó laghdú a dhéanamh ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each go gcaillfí speiceas tipiciúil as achair den chineál gnáthóige seo (go háitiúil ar a laghad) i cSAC Loch Coirib. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán clúdaithe ag agus i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Clúdú speiceas neamhdhúchasach níos lú ná 1% | Dá dtabharfaí isteach nó dá scaipfí speiceas plandaí neamhdhúchasach ionrach i gceantar gnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib d'fhéadfadh an poitéinseal a bheith acu tionchar diúltach a imirt ar cheantair ghnáthóg eanach mar a bhaineann le comhshuíomh fásra | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Comhshuíomh Fásra: crainn agus toir-<br>Céatadán clúdaithe sa timpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna | Clúdú crann agus tor dúchasach scaipthe gan níos mó ná 10% | Dá laghdófaí an soláthar uisce go Lochanna Chúil Each bheadh tionchar aige ar an réimeas nádúrtha hidreolaíoch agus dá bharr d'fhéadfadh gnáthóg eanaigh triomú amach agus bheadh an poitéinseal ann go dtiocfadh méadú ar chlúdú crann agus tor | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Struchtúr fisiceach: talamh bán corraithe-<br>Céatadán clúdaithe ag agus i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Clúdú talamh bán corraithe gan níos mó ná 10%. Más ann do thúfa gan níos mó ná 1% talamh bán corraithe | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair leis na leibhéil corraíola fisicí ar bhealach a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar thalamh bán i ngnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr fisiceach: draenáil-<br>Céatadán achair sa timpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Achar a léiríonn comharthaí draenála de bharr díoganna draenála nó trom-shatailte gan níos mó ná 10% | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le suiteáil draenála saorga agus ní thiocfaidh aon mhéadú ar shatailt ar ghnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib dá barr | Níl |
| Táscairí saintréitheachta áitiúla:<br>Tarlú agus líon beo | Gan aon laghdú i ndáileadh ná ilíon beo i gcás speiceas atá bainteach leis an ngnáthóg seo agus atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó gann.<br>Cuimsíonn sé seo speiceas ar an Ordú um Flóra (Cosaint) 2015 agus/nó ar na liostaí dearga | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go gcuirfí isteach ar líon beo agus/nó ar dháileadh speiceas atá bainteach le gnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib agus atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó gann | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| [7230] Eanaigh Alcailigh<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe Eanaigh Alcailigh in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí achar gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh gnáthóg:<br>Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí achar (agus dáileadh da bharr sin) gnáthóg den chineál seo i cSAC Loch Coirib. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Feidhmiú éiceachórais: cothaithigh ithreach-<br>pH ithreach agus leibhéil chuí cothaitheach ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Coinnigh stádas chothaithigh ithreach laistigh de réimse nádúrtha | Níl<br>Ní bheidh aon tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar aon cheantar gnáthóg eanaigh i cSAC Loch Coirib agus ní chuirfidh sé le leibhéil na gcothaitheach san ithir. | Níl |
| Feidhmiú éiceacórais:<br>Fás portach- Aga tuile | Fás portach gníomhach a chaomhnú, nuair is cuí | D'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each tionchar a imirt ar aga tuilte i gceantair ina bhfuil fás portach gníomhach ar siúl | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Feidhmiú éiceachórais:<br>Hidreolaíocht- Méadar | Réimis hidreolaíochta nádúrtha chuí, a theastaíonn chun tacú le struchtúr nádúrtha agus feidhmiú na ngnáthóg, a chaomhnú | Bheadh tionchar ag laghdú a chur ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each ar an réimeas hidreolaíochta nádúrtha a thacaíonn le gnáthóg eanaigh bainteach ar bith. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Feidhmiú éiceacórais: caighdeán uisce-<br>Toisí cheimic an uisce | Caighdeán cuí uisce, go háirithe maidir le leibhéil chothaitheach, a chaomhnú, chun tacú leis an struchtúr nádúrtha agus le feidhmiú gnáthóg | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar chaighdeán uisce dromchla nó ar sholáthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each leibhéil uisce a ísliú agus tionchar a imirt ar thiúchan chúlrach cothaitheach | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Ilchineálacht pobal:<br>Flúirse éagsúlachta i bpobail fhásra | Éagsúlacht pobal fásra a chaomhnú faoi réir próiseas nádúrtha | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán uisce dromchla a laghdú, nó cur ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí ilchineálacht pobal de ghnáthóga den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh Fásra: líon speiceas táscaire dearfach (caonaigh dhonna)-<br>Líon speiceas ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Ar a laghad speiceas amháin de chaonach donn ar fáil ag gach stop | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán uisce dromchla a laghdú, nó cur ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí líon na speiceas caonach donna atá bainteache le hachair áirithe de ghnáthóga den chineál seo i cSAC Loch Coirib. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh Fásra: líon speiceas táscaire dearfach (plandaí soithíocha)-<br>Líon speiceas ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Ar a laghad dhá speiceas táscaire dearfach de phlanda soithíoch ar fáil ag gach stop monatóireachta i gcás borrfháis chíbe bige agus ar a laghad trí speiceas i gcás bhorrfhás sifín (*Schoenus nigricans*) agus eanach cíbe gobaí (*Carex rostrata)* | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán uisce dromchla a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go laghdófaí líon na speiceas táscaire dearfach atá bainteach le hachair áirithe de ghnáthóga den chineál seo i cSAC Loch Coirib | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán clúdaithe ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Clúdú iomlán de speiceas táscaire diúltach níos lú ná 1% | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chur isteach a dhéanamh ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce isteach i Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí amach gnáthóga eanaigh agus go dtabharfaí deiseanna do speiceas táscaire diúltach leathnú nó ceantair eanaigh áirithe a chóilíniú. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán clúdaithe ag agus i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Clúdú speiceas neamhdhúchasach níos lú ná 1% | Dá dtabharfaí isteach nó dá scaipfí speiceas plandaí neamhdhúchasach ionrach i gceantar gnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib bheadh an poitéinseal acu tionchar diúltach a imirt ar cheantair ghnáthóg eanach mar a bhaineann le comhshuíomh fásra | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Comhshuíomh Fásra: crainn agus toir dhúchasacha-<br>Céatadán clúdaithe i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú scaipthe crann agus tor dúchasach níos lú ná 10% | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chur isteach a dhéanamhar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce isteach i Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí amach gnáthóga eanaigh agus go dtabharfaí deiseanna do speiceas crann/tor leathnú nó ceantair eanaigh áirithe a chóilíniú. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Comhdhéanamh fásra: luachair bhog agus clúdach giolcaí –<br>Céatadán clúdaithe sa timpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna | Clúdú iomlán de bhogluachair (*Juncus effusus*) agus giolcach (*Phragmites australis*) níos lú na 10% | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chur isteach a dhéanamh ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce isteach i Lochanna Chúil Each a laghdú go dtriomófaí amach gnáthóga eanaigh agus go dtabharfaí deiseanna do bhogluachair leathnú nó ceantair eanaigh áirithe a chóilíniú. | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3** |
| Struchtúr Fásra: airde-<br>Céatadán duilleoga/péacán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | Ba chóir céatadán duilleoga beo agus /nó péacán faoi bhláth de phlandaí soithíocha atá níos mó ná 5cm os cionn talún a bheith ar a laghad ag 50% | Níl<br>Ós rud é go bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfad ó ghnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib ní féidir leis cur isteach ar airde fásra (is í | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | an innilt a imríonn an tionchar is mó ar airde fásra) | |
| Struchtúr fisiceach: talamh bán corraithe-<br>Céatadán clúdaithe ag agus i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopann | Clúdú de thalamh bán corraithe níos lú ná 10% | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair leis na leibhéil corraíola fisicí ar bhealach a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar thalamh bán i ngnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr fisiceach: draenáil-<br>Céatadán achair sa timpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Achar a léiríonn comharthaí draenála de bharr díoganna draenála nó trom-shatailte gan níos mó ná 10% | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le suiteáil draenála saorga agus ní thiocfaidh aon mhéadú ar shatailt ar ghnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib dá barr | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: fás tufa –<br>Céatadán clúdaithe ag agus i dtimpeallacht áitiúil de líon ionadaíoch stopanna monatóireachta 2m x 2m | An chuid chorraithe de chlúdú fásra ina bhfuil túfa ar fáil níos lú ná 1% | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair leis na leibhéil corraíola fisicí ar bhealach go mbeadh tionchar aige ar fhás túfa i ngáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib. | Níl |
| Táscairí saintréitheachta áitiúla: Tarlú agus líon beo | Gan aon laghdú i ndáileadh ná ilíon beo i gcás speiceas atá bainteach leis an ngnáthóg seo agus atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó gann.<br>Cuimsíonn sé seo speiceas ar an Ordú um Flóra (Cosaint) 2015 agus/nó ar na liostaí dearga | Thar thréimhse fada d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chaighdeán an uisce dromchla a laghdú, nó cur isteach ar chaighdeán screamhuisce nó ar sholáthar screamhuisce do Lochanna Chúil Each go gcuirfí isteach ar líon beo agus/nó ar dháileadh speiceas atá bainteach le gnáthóga eanaigh i cSAC Loch Coirib agus atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó gann | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| [8240] Pábháil Aolchloiche *<br>Le cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhnaithe Pábháil Aolchloiche in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige:<br>Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha. | Tá limistéir Pábhála Aolchloiche [*8240] i cSAC Loch Coirib atá laistigh de theorainn na forbartha beartaithe ach fós nach bhfuil díreach faoi lorg na forbartha beartaithe bóthair. D'fhéadfadh | Achair de QI Iarscríbhinn I a choinneáil laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh den teorainn bheartaithe forbartha agus athrú fásra nó leathadh |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | caillteanas limistéir gnáthóige Pábhála Aolchloiche a bheith mar thoradh ar oibreacha tógála. Dá gcuirfí srian le hainimhithe ag bheith ag iníor os cionn Thollán mholta Leacaigh d'fhéadfaí limistéar gnáthóige a chailleadh de bharr leathadh scrobarnaigh.<br>Tá Tollán beartaithe Leacaigh deartha chun nach mbeidh aon tionchar struchtúrach ar shláine na carraige atá faoi phábháil aolchloiche cSAC Loch Coirib - ach ní mór an tollán a thógáil mar atá sonraithe in Foscríbhinn F ar mhaithe le tionchair a sheachaint.<br>D'fhéadfaí gnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib a chailleadh de bharr astuithe dusta le linn tógála, agus laghdú a chur ar dháileadh gnáthóg go háitiúil, nuair is ann dóibh, cóngarach do na hoibreacha tógála idir Ch.9+850 go Ch.10+100<br>D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh ar speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh in cSAC Loch Coirib go gcaillfí achair ghnáthóg Cailcreach féarthailte agus, b'fhéidir, tionchar a imirt ar dháileadh gnáthóg. on | scrobarnaigh a sheachaint trí ligint d'ainmhithe a bheith ag iníor.<br>**Roinn 10.1** (agus **Fíoracha 15.1** go **15.5**)<br>Ag déanamh monatóireachta go bhfuil dóthain céimeanna chobhsaíocht carraigeacha suiteáilte chun sláine struchtúrach an charraigmhais a chosaint<br>**Roinn 10.2**<br>Bearta chun astuithe dusta a shrianadh le linn tógála<br>**Roinn 10.5**<br>Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Dáileadh gnáthóg:<br>Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas tipiciúil-<br>Líon ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Ar a laghad seacht speiceas táscaire dearfach ann | D'fhéadfadh na tionchair a bhaineann le Tollán beartaithe Leacaigh, astuithe dusta agus tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha, tionchar a imirt ar líon na speiceas táscaire dearfach a thaifeadtar go háitiúil laistigh de cheantair ghnáthóg phábháil | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | aolchloiche cóngarach don bhforbairt bheartaithe bóthair (mar atá thuas faoi *Achar Gnáthóg*) | |
| Comhshuíomh Fásra: ciseal brífíte-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú brífíte de 50% ar a laghad ar phábháil choillteach | D'fhéadfadh astuithe dusta le linn tógála agus tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha clúdach brífíte a laghdú ar ghnáthóg choillteach phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib, más ann dó, cóngarach don obair thógála idir Ch. 9+850 to Ch. 10+100 | Bearta chun astuithe dusta a shrianadh le linn tógála<br>**Roinn 10.5**<br>Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú iomlán de speiceas táscaire diúltach ar phábháil nocht gan níos mó ná 1%. | Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh aon tionchar aige ar chlúdú speiceas táscaire diúltach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag Wilson & Fernandez, 2013)<br>Ach, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh faoi speiceas plandaí neamhdhúchasacha ionracha beag beann ar an liosta sin – agus bheadh an poitéinseal ann go gcuirfí as go diúltach do cheantair ghnáthóg phábháil aolchloiche | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú iomlán de speiceas táscaire diúltach ar phábháil nocht gan níos mó ná 1% | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh aon tionchar aige ar chlúdú speiceas táscaire diúltach ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag O'Neill et al, 2013) | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú de speiceas neamhdhúchasach gan níos mó ná 1% ar phábháil nocht; gan nios mó ná 10% ar phábháil choillteach, gan athghiniúint ar bith | Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh aon tionchar aige ar chlúdú speiceas neamhdhúchasach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag Wilson & Fernandez, 2013)<br>Ach, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh faoi speiceas plandaí neamhdhúchasacha ionracha beag beann ar an liosta sin – agus bheadh an poitéinseal ann go gcuirfí as go diúltach do cheantair ghnáthóg phábháil aolchloiche | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Comhshuíomh Fásra: scrobarnach –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú scrobarnaigh gan níos mó ná 25% de phábháil nocht | Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar ghnáthóg na pábhála Aolchloiche os cionn Thollán beartatithe Leacaigh d'fhéadfadh scrobarnach leathadh amach sa limistéar agus comhdhéanamh na bplandaí a athrú | Níl |
| Comhshuíomh Fásra: clúdach raithní -<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú raithnigh (*Pteridium aquilinum*) ar phábháil nocht gan níos mó ná 10%, | Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor ar ghnáthóg na pábhála Aolchloiche os cionn Thollán beartatithe Leacaigh d'fhéadfadh raithneach leathadh amach sa limistéar agus comhdhéanamh na bplandaí a athrú | Coinnigh limistéir de ghnáthóg QI Forscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib agus laistigh de thorainn na forbartha beartaigh agus seachain athrú fásra agus leathadh scrobarnaigh trí gan srian a chur le hainmhithe teacht le bheith ag iníor<br>**Roinn 10.1** (agus **Fíorach 15.1** go **15.5**) |
| Struchtúr Fásra: ceannbhrat coillearnaigh -<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú ceannbhrait ar phábháil choillteach 30% ar a laghad | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh aon tionchar aige ar chlúdú cheannbhrat coillearnaigh ar ghnáthóg phábháil aolchloiche | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Struchtúr Fásra: adhmad marbh - Tarlú i líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Dóthain d'adhmad marbh ar phábháil choillteach chun gnáthóg a chur ar fáil d'orgánaigh saprocsaileacha | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní chuirfidh se isteach ar sholáthar/méid an adhmaid mhairbh ar ghnáthóg phábháil aolchloiche | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: corraíl- Tarlú i líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Gan aon fhianaise de bhrú innilte ar phábháil choillteach | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le leibhéil corraíola fisicí ó innilt (nó eile) do ghnáthóg phábháil aolchloiche i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Táscairí saintréitheachta áitiúla: Tarlú | Tá táscairí saintréitheachta áitiúla caomhnaithe.<br>Cuimsíonn sé speiceas ar an Ordú um Flóra (Cosaint) 2015 agus/nó ar na liostaí dearga sonraí, agus speiceas eile atá gann nó áitiúil, chomh maith le gnéithe seandálaíochta agus geolaíocha a thacaíonn go minic le speiceas saintréitheach | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóg phábháil aolchloiche laistigh de cSAC Loch Coirib agus níl aon speiceas sainiúil áitiúil laistigh de limistéir sin na ngnáthóg pábhála Aolchloiche laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Níor aimsíodh aon cheantar phábháil aolchloiche ar leith (ná saintréithe seandálaíochta ná geolaíocha) sa limistéar níos leithne laistigh de cSAC Loch Coirib a d'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair cur isteach air. Dá bhrí sin ní chuirfear as don cháilíocht/sprioc sin | Níl |
| [1029] Diúilicín Péarla fionnuisce - *Margaritifera margaritifera*<br>An riocht fabhrach caomhnaithe a chur ina cheart don Diúilicín Péarla fionnuisce in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh: Ciliméadar | Caomhnaigh ag 9.1km.<br>Baineann an cuspóir caomhnaithe le líon beo de | Níl<br>Tá an líon beo QI breis agus 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| | diúilicín péarla fionnuisce in Abhainn an Chnoic | mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar dháileadh an speicis in Abhainn an Chnoic | |
| Líon beo: Líon na ndiúilicíní fásta | An líon beo in Abhainn an Chnoic a thabhairt ar ais go dtí milliún diúilicín fásta ar a laghad | Cé nach mbeidh tionchar go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar líon beo na ndiúilicíní péarla fionnuisce i cSAC Loch Coirib, má chuirtear isteach ar líon na n-éisc óstach d'fhéadfadh tionchar dá réir a bheith aige ar líon diúilicíní péarla fionnuisce óga inghafa agus ar an líon beo ar fad | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógálaagus oibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |
| Cur le líon na n-iasc beo –<br>Céatadán de réir mhéid ranga | Ar a laghad 20% den líon beo nach bhfuil níos mó ná 65mm ar fad a athshlánú: agus ar a laghad 5% den líon beo nach mbeidh níos mó ná 30mm ar fad | Cé nach mbeidh tionchar go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar líon beo na ndiúilicíní péarla fionnuisce i cSAC Loch Coirib, má chuirtear isteach ar líon na n-éisc óstach d'fhéadfadh tionchar dá réir a bheith aige ar líon diúilicíní péarla fionnuisce óga inghafa agus ar an líon beo ar fad | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an **droichid**<br>**Roinn 10.10.1** |
| Struchtúr líon beo: mortlaíocht iasc fásta- Céatadán | Gan laghdú níos mó ná 5% ó líon na n-iasc fásta beo a rinneadh comhaireamh orthu cheana; sliogáin mhairbh níos lú ná 1% den líon fásta beo agus iad scaipthe amach | Níl<br>Tá an líon beo QI breis agus 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar rátaí mortlaíochta iasc fásta in Abhainn an Chnoic | Níl |
| Gnáthóg fheiliúnach: Fairsinge –<br>Ciliméadar | Gnáthóg fheiliúnach a athshlánú i níos mó ná 8.3km in Aibhneacha an Chnoic agus Gleannán Beag agus aon réimsí breise a theastaíonn le haghaidh sceitheadh bradán | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar fhairsinge gnáthóg | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Gnáthóg fheiliúnach: bail – Ciliméadar | Bail gnáthóg fheiliúnach a athshlánú | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar bhail gnáthóg | Níl |
| Cáilíocht Uisce: maicrinveirteabrach agus fítibeantós (diatóim) – Cóimheas Caighdeáin Éiceolaíochta (EQR) | Cáilíocht uisce a chur ina cheart - macroinvertebrates: EQR níos mó ná 0.90 (Q4-5 nó Q5); fítibeantós: EQR níos mó ná 0.93 | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce | Níl |
| Caighdeán bunsraithe: algae snáithíneach (macralgae) macraifítí (plandaí uaisle fréimhithe) - Céatadán | Caighdeán bunsraithe a athshlánú-: algae snáithíneach: ar lár nó rian (<5%); macraifítí: ar lár nó rian (<5%) | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar chaighdeán bunsraithe | Níl |
| Caighdeán bunsraithe: dríodar – Tarlú | Caighdeán bunsraithe a athshlanú-: foshraith cobhsaí duirleoige agus gairbhéil le fíor-bheagán mionábhar; gan aon leibhéal mindhríodair ardaithe go saorga | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar chaighdeán bunsraithe | Níl |
| Caighdeán bunsraithe: fáil ar ocsaigin - poitéinseal ocsdí | Athshlánaigh go dtí ísliú de gan níos mó ná 20% ó cholúnuisce go doimhneacht 5cm sa bhunsraith | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar leibhéil/coinníollacha ocsaigine | Níl |
| Réimeas hidreolaíoch: athraitheacht srutha – méadar sa soicind | Réimis hidreolaíocha chuí a athshlánú | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar an réimeas hidreolaíoch | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Éisc óstacha: Líon | Dóthain salmainidí óga a chaomhnú chun lárbhaí glócaidíocha a óstáil | Mar atá pléite thíos – faoi bhradán Atlantach – tá an poitéinseal ag an bhforbairt bheartaithe bóthair tionchar a imirt ar líon na mbradán in Abhainn na Gaillimhe mar thoradh ar thionchar a imirt ar chaighdeán an uisce san abhainn | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |
| Gnáthóg imeallach: achar agus bail -<br>Heicteáir | Achar agus bail na ngnáthóg imeallach, a theastaíonn chun tacú leis an líon beo, a chaomhnú | Níl<br>Tá Abhainn an Chnoic breis is 20km suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus mar sin ní féidir leis tionchar a imirt ar an ngnáthóg imeallach bainteach | Níl |
| [1095] Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus*<br>An riocht fabhrach caomhnaithe a chur ar ais ina cheart don Loimpre Mhara in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh: fairsinge anadromachais –<br>Céatadán den abhainn insroichte | Níos mó ná 75% d'fhad phríomhchúrsa aibhneacha insroichte ón inbhear | Níl<br>Tá droichead aonréiseach thar Abhainn na Gaillimhe sa bhforbairt bheartaithe bóthair agus ní bheidh aon bhac ann don loimpre mhara ag teacht chun gnáthóg in abhantrach na Coiribe/cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr líon na n-óg:<br>Líon grúpaí de réir aoise/méide | Ar a laghad trí ghrúpa ann de réir aoise/méide | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, rud a d'fhéadfadh, go háitiúil ar a laghad, tionchar a imirt ar struchtúr an lín bheo | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Dlús na n-óg i míndhríodar:<br>Líon na n-óg/m $^2$ | Meándlús na n-óg san abhantrach ar a laghad 1/m$^2$ | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar dlús na n-óg-loimpre a bheadh ann | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Fairsinge agus dáileadh na ngnáthóg sceite: m$^2$ agus Tarlú | Gan aon laghdú ar fhairsinge ná ar dháileadh claiseanna sceite | Ní fios cé chomh rathúil is atá gníomhaíocht sceite na loimpre mara faoi bhun Chora na mBradán i gCathair na Gaillimhe (O'Connor, 2007).<br>Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na ngnáthóg sceite a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Fáil ar óg-ghnáthóg:<br>Líon na suíomhanna dearfacha i gcainéil den 3úhord (agus níos mó) síos an abhainn ó cheantair sceite | Níos mó ná 50% de shuíomhanna samplacha dearfach, le híosmhéid ceithre shuíomh dearfacha in abhantrach agus iad ar a laghad 5km ó chéile. | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge, úsáid agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Riosca Mortlaíochta | Níl sé sainithe in aon cháipéis reatha faoi chuspóirí caomhnaithe | Cé nach dócha go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc beo d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar ábhair thógála ag titim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála go marófaí éisc | Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| [1096] Loimpre shrutháin - *Lampetra planeri*<br>An riocht fabhrach caomhnaithe a chur ar ais ina cheart don Loimpre Shrutháin in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh:<br>Céatadán den abhainn insroichte | Rochtain chuig sruthchúrsaí ar fad chomh fada le srutháin den chéad ord | Níl<br>Tá droichead aonréiseach thar Abhainn na Gaillimhe sa bhforbairt bheartaithe bóthair agus ní bheidh aon bhac ann don loimpre mhara ag teacht chun gnáthóg in abhantrach na Coiribe/cSAC Loch Coirib | Níl |
| Struchtúr líon na n-óg:<br>Líon grúpaí de réir aoise/méide | Ar a laghad trí ghrúpa den loimpre shrutháin/abhann de réir aoise/méide ann | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, rud a d'fhéadfadh, go háitiúil ar a laghad, tionchar a imirt ar struchtúr an lín bheo | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Dlús na n-óg i míndhríodar: amaicéit/m ² | Meándhlús na n-óg loimpre shrutháin/abhann san abhantrach ar a laghad 5/m² | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar dlús na n-óg-loimpre a bheadh an | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Fairsinge agus dáileadh na ngnáthóg sceite: m² agus tarlú | Gan aon laghdú ar fhairsinge ná ar dháileadh claiseanna sceite | Níl<br>Níl gnáthóga síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair feiliúnach mar ghnáthóga sceite loimpre srutháin agus dá bhrí sin tá sé lasmuigh de ZoI tógála ná oibrithe – i.e sruth mall domhain go Cora na mBradán agus cainéal sách domhain (>40cm), atá faoi thionchar na taoide, idir é agus Cuan na Gaillimhe | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Fáil ar óg-ghnáthóg:<br>Líon na suíomhanna dearfacha i gcainéal den 2ú ord (agus níos mó) síos an abhainn ó cheantair sceite | Níos mó ná 50% de shuíomhanna samplacha dearfach | Má chuirtear as do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán, fairsinge agus fáil na n-óg-ghnáthóg a bheadh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar dlús na n-óg-loimpre a bheadh ann | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Riosca Mortlaíochta | Níl sé sainithe in aon cháipéis reatha faoi chuspóirí caomhnaithe | Cé nach dócha go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc beo d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar ábhair thógála ag titim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála go marófaí éisc | Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |
| [1106] Bradán Atlantach - *Salmo salar* (fionnuisce amháin)<br>Cothabháil a dhéanamh ar an riocht fabhrach caomhnaithe don Bhradán Atlantach in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh: fairsinge anadromachais –<br>Céatadán den abhainn insroichte | 100% de chainéil abhann síos don 2ú ord insroichte ón inbhear | Níl<br>Tá dearadh ina bhfuil droichead aonréiseach thar Abhainn na Gaillimhe sa bhforbairt bheartaithe bóthair agus ní bheidh aon bhac ann don bhradán Atlantach ag teacht chun gnáthóg in abhantrach na Gaillimhe/cSAC Loch Coirib | Níl |
| Éisc sceite fásta: Líon | Teorainn Chaomhnaithe (TC) do gach córas sáraithe go seasta | Má thiteann caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar stoic na mbradán Atlantach san abhainn, le riosca méadaithe ansin go mbeadh tionchar aige ar an leibhéal iasc dá dtarlódh teagmhas truaillithe comhaimsearach le héisc a bheith ag imirceadh suas an abhainn ón bhfarraige go láithreacha sceite.<br>Cé nach dócha go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc beo d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar ábhair thógála ag titim isteach in | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid.<br>**Roinn 10.10.1** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| | | Abhainn na Gaillimhe le linn tógála go marófaí éisc | |
| Flúirse gealóga: Líon gealóga /5 nóiméad leictriascaireacht | Caomhnaigh nó sáraigh 0+ meán luach thairseach flúirse gealóg ar fud na habhantraí<br>Socraithe faoi láthair ag samplú 17 gealóg/5 nóim | Níl<br>Ós rud go bhfuil láithreacha sceite agus gnáthóg iasclainne do ghealóga (gnáthóg éadomhain, mhear-shruthach, rifilithe) suas an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe ar flúirse na ngealóg san abhantrach. | Níl |
| Flúirse na mbrainlín imirceach:<br>Líon | Gan aon laghdú suntasach | Má thiteann caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar líon na mbrainlín imirceach san abhainn le riosca méadaithe ansin go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc dá dtarlódh teagmhas truaillithe comhaimsearach le héisc a bheith ag imirceadh le sruth go dtí an fharraige.<br>Cé nach dócha go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc beo d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar ábhair thógála ag titim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála go marófaí éisc | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |
| Líon agus dáileadh claiseanna:<br>Líon agus tarlú | Gan aon laghdú ar líon agus dáileadh na gclaiseanna sceite de bharr cúiseanna antrapaigineacha | Níl<br>Níl aon ghnáthóg sceite bradán Atlantach síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus dá bhrí sin ní féidir leis tionchar a imirt ar líon ná ar dháileadh claiseanna | Níl |
| Cáilíocht Uisce: Q-Fhachtóir EPA | Ar a laghad Q4 ag gach suíomh samplaithe ag an EPA | Tá an poitéinseal sa bhforbairt bheartaithe bóthair caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe a ísliú ag pointí samplaithe EPA síos an abhainn | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| [1355] Madra Uisce *Lutra lutra* | | | |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Cothabháil a dhéanamh ar an riocht fabhrach caomhnaithe don Mhadra Uisce in SAC Loch Coirib, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus na spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh:<br>Céatadán suíomhanna suirbhé dearfacha | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ní chuirfidh suaitheadh ná díláithriú madraí uisce le linn tógála ná oibrithe isteach ar dháileadh madraí uisce ar fud Abhainn na Gaillimhe.<br>Ach tá riosca mortlaíochta do mhadraí uisce ag teacht ó thrácht bóthair.<br>Cé go bhfuil an seans a bheidh ag madraí uisce rochtain a fháil chuig an mbóthar mór laistigh de cSAC Loch Coirib teoranta (ag cur san áireamh struchtúr ard an droichid trasna ghleann na habhann) tá an poitéinseal fós ann go mbeadh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina riosca mortlaíochta buan do mhadraí uisce agus d'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige ar a líon go háitiúil | **Úsáid a bhaint as fálú atá frithsheasmhach in aghaidh madraí uisce chun cosc a chur orthu rochtain a fháil chuig an mbóthar mór**<br>**Roinn 10.10.2** |
| Raon gnáthóg talún:<br>Heicteáir | Gan aon laghdú suntasach.<br>Achar mapáilte agus ríofa mar 1,054ha ar feadh bhruacha abhann/línte chladaigh locha/thart ar locháin | Níl<br>Ní thiocfaidh laghdú suntasach ar ghnáthóg madraí uisce ar talamh mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe<br>An t-achar gnáthóige go mbeidh cur isteach air ar feadh bhruacha abhann agus ag pointe dhraenáil sceite an N59 (S15) ná c.67m $^{2}$ – achar atá neamhshuntasach i gcomhthéacs an1,054ha de ghnáthóg madraí uisce atá mapáilte i cSAC Loch Coirib (i.e. 0.0007%) | Níl |
| Raon gnáthóg fionnuisce (abhainn):<br>Ciliméadar | Gan aon laghdú suntasach.<br>Fad mapáilte agus ríofa mar 314.2km | Níl<br>Ní laghdóidh an fhorbairt bheartaithe bóthair fairsinge ghnáthóg abhann i cSAC Loch Coirib | Níl |
| Fairsinge ghnáthóg fionnuisce (loch):<br>Heicteáir | Gan aon laghdú suntasach.<br>Achar mapáilte agus ríofa mar 4,178ha | Níl<br>Ní laghdóidh an fhorbairt bheartaithe bóthair fairsinge ghnáthóg locha i cSAC Loch Coirib | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **Tionchair Fhéideartha a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Suíomhanna luí agus poill (holt): | Gan aon laghdú suntasach | D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála cur isteach (go sealadach ar a laghad) ar úsáid suíomhanna poll/luí ar fáil do mhadraí uisce san cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Bithmhais iasc ar fáil:<br>Kg | Gan aon laghdú suntasach | Mar a pléadh thuas faoi bhradán Atlantach tá an poitéinseal ag an bhforbairt bheartaithe bóthair cur isteach ar chaighdeán an uisce agus go mbeadh an poitéinseal ann go mbeadh tionchar aige ar líon na n-iasc in Abhainn na Gaillimhe | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4**<br>Bearta chun ábhair thógála a choinneáil ó thitim isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn thógáil an droichid<br>**Roinn 10.10.1** |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon | Gan aon mhéadú suntasach | Níl<br>Tá dearadh ina bhfuil droichead aonréiseach thar Abhainn na Gaillimhe sa bhforbairt bheartaithe bóthair agus ní bheidh aon bhacainn ann doghluaiseacht madraí uisce ar feadh chonair Abhainn na Gaillimhe | Níl |
| Riosca Mortlaíochta ag teacht ó thrácht bóthair | Níl sé sainithe in aon cháipéis reatha faoi chuspóirí caomhnaithe | Cé go bhfuil an seans a bheidh ag madraí uisce rochtain a fháil chuig an mbóthar mór laistigh de cSAC Loch Coirib teoranta (ag cur san áireamh struchtúr ard an droichid trasna ghleann na habhann) tá an poitéinseal fós ann go mbeadh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina riosca mortlaíochta buan do mhadraí uisce agus d'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige ar a líon go háitiúil | Úsáid a bhaint as fálú atá frithsheasmhach in aghaidh madraí uisce chun cosc a chur orthu rochtain a fháil chuig an mbóthar mór.<br>**Roinn 10.10.2** |

# 9.2 cSAC Choimpléasc na Gaillimhe

## 9.2.1 Leasanna Cáilitheacha agus Cuspóirí caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

Liostaítear thíos gnáthóga agus speicis Leasanna Cáilitheacha cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus an cuspóir caomhnaithe foriomlán do gach aon cheann acu, i **dTábla 9.17**. Ní thrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus is bealaí hoideolaíochta iad na bealaí ina bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe tionchar a imirt ar an cSAC. Is iad na cinn daite (i nglas) na QI-anna a taifeadadh laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe [43] agus laistigh de ZoI hidreolaíoch na forbartha beartaithe bóthair. Níl aon riosca tionchar hidreolaíoch ar na QI-anna eile, toisc gur gnáthóga talún iad, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

**Tábla 9.17: Leasanna Cáilitheacha agus Cuspóirí caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe** [44]

| Leasanna Cáilitheacha | Cuspóir Caomhnaithe |
|---|---|
| **Gnáthóga Iarscríbhinn I** | |
| [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1150] Murlaigh chósta * | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| [1160] Góilíní agus cuanta móra éadomhain | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1170] Sceireacha | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*) | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| [1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*) | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| [3180] Turlaigh * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |

[43] Mar a chuirtear i láthair sna cáipéisí cuspóirí caomhantais (agus tacaíochta) ó bhunachar sonraí ar líne na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra https://www.npws.ie/protectedsites/sac/000268<arna rochtain mí Eanáir 2017>

[44] NPWS (2013f) Conservation Objectives: SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe 000268 Leagan 1. An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra, An Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta.

| **Leasanna Cáilitheacha** | **Cuspóir Caomhnaithe** |
|---|---|
| [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséise scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*hreáin thábhachtacha magairlíní) | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [7210] anaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis *Caricion davallianae* * | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| [7230] Eanaigh Alcailigh | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| **Speicis Iarscríbhinn II** | |
| [1355] Madra Uisce *Lutra lutra* | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| [1365] Rón beag *Phoca vitulina* | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |

I gcomhar le breith ar an gcuspóir cineálach caomhantais “Bail chaomhantais mhaith ghnáthóg(a) Iarscríbhinn I agus/nó speicis Iarscríbhinn II dár roghnaíodh an SAC a choinneáil nó a athchóiriú”, chuir an cháipéis faoi chuspóirí caomhantais a bhain go sonrach le láithreán cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (NPWS, 2013) bonn eolais freisin faoin measúnú seo. Leagtar amach sa cháipéis seo na tréithe, bearta agus spriocanna a shainíonn bail chaomhantais mhaith na ngnáthóg agus speiceas QI sa láithreán Eorpach. Bheadh droch-éifeacht ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe i gceist le dul i bhfeidhm ar bhail chaomhantais gnáthóga nó speicis QI.

I **dTábla 9.23** thíos cuirtear i láthair na tréithe agus na spriocanna sonracha a úsáideadh chun cuspóirí caomhantais na ngnáthóg agus speiceas QI laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair a shainiú.

### 9.2.2 An Bhunlíne Éiceolaíochta

Rinneadh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe a roghnú i leith raon cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I, is é sin, ó phábháil aolchloiche [*8240] agus féarach Cailcreach [*6210] go cineálacha gnáthóige cósta agus muirí Iarscríbhinn I (**Tábla 9.17**).

Ní thrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus, ag féachaint do chineál na forbartha beartaithe bóthair agus do na conairí féideartha tionchair (féach **Roinn 9.2.3** thíos), tá an tuairisc a thugtar anseo dírithe ar na gnáthóga síos an sruth de chineál cósta agus muirí, agus ar na speicis QI a chothaíonn siad, agus iad sin na QI-anna a thagann faoi réir chrios tionchair na forbartha beartaithe bóthair. Tá na tuairiscí bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna cuspóirí caomhantais do cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus sna doiciméid tacaíochta iomchuí.

Tá Cuan na Gaillimhe aicmithe mar ghnáthóg Iarscríbhinn I dar teideal Góilíní agus bánna de chineál mór éadomhain [1160], lena ngabhann Sceireacha [1170], Réileáin láibe taoide [1140], Murlaigh [*1150], laib Salicornia [1310], fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha [1220] agus móinéir shalainn Atlantacha [1330]. Tá na gnáthóga sin á gcothú freisin ag líonra cineálacha eile gnáthóige, lena n-áirítear na haibhneacha agus na srutháin fionnuisce a shreabhann isteach sa chuan, idiruiscí an inbhir agus gnáthóg thalún feadh an chósta.

Cuimsíonn Cuan an Roisín, a ndraenálfaidh cuid de na haibhneacha/sruthán a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad isteach ann (dobharcheantar Shruthán Bhearna agus Sruthán Chnoc na gCathrach), mósáic ina bhfuil an chuid is mó de na gnáthóga sin: Góilíní agus bánna de chineál mór éadomhain [1160], lena ngabhann Sceireacha [1170], Réileáin láibe taoide [1140], fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha [1220] agus móinéir shalainn Atlantacha [1330].

Ina theannta sin, cothaíonn na gnáthóga atá ann laistigh de Chuan na Gaillimhe pobail QI an Dobharchú agus an Róin bhig.

### 9.2.3 Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha

Toisc nach dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, ní imreoidh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar díreach ar aon ghnáthóg ná speicis QI agus níl aon riosca ann go dtarlóidh caillteanas gnáthóige díreach ná ilroinnt gnáthóige. Tá cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe taobh amuigh den ZoI d’aon éifeachtaí ar cháilíochta an aeir freisin mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Ní shíneann ZoI hidrigeolaíoch neamhmhaolaithe na forbartha beartaithe bóthair (féach **Fíoracha 10.2.1** go **10.3.6** agus Fíoracha 6.01 agus 6.02 den tuarascáil hidrigeolaíochta i **bhFoscríbhinn A**) chomh fada le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. Dá bhrí sin, níl aon fhéidearthacht ann go mbeidh tionchair indíreacha ar ghnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe trí dhul i bhfeidhm ar an réimeas hidrigeolaíoch reatha.

Ní bheidh éifeacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar láithreáin phóraithe/scíthe an Mhadra Uisce agus ní bheidh cur isteach nó cur as áit fadtéarmach ó limistéir ghnáthóige mar thoradh air, laistigh nó ceangailte do cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. Ní chruthaíonn tógáil nó oibríocht aon riosca ó thaobh cur isteach ar an Rón Beag i gCuan na Gaillimhe ag achar atá níos mó ná 1km ón fhorbairt bheartaithe bóthair.

D’fhéadfadh na tionchair seo a leanas, áfach, ón fhorbairt bheartaithe bóthair (in easnamh bearta maolaithe) éifeacht a bheith acu ar Leasanna Cáilitheacha cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe:

- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar éifeacht a bheith ag an fhorbairt beartaithe bóthar ar cháilíocht uisce sna sruthchúrsaí glactha agus i gCuan na Gaillimhe le linn tógála
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thabhairt isteach/scaipeadh speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha chuig limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe
- Éifeacht bacainne – tá an fhéidearthacht ag suiteáil struchtúir nua lintéir ar shruthchúrsaí laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna a bheith mar bhacainn do ghluaiseacht an Mhadra Uisce (tá an chuid is íochtaraí de dhobharcheantar Shruthán Bhearna laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe)

- Riosca mortlaíochta – cruthaíonn trasrianta nua ar shruthchúrsaí laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna agus an fhorbairt bheartaithe bóthair riosca mortlaíochta do Mhadra Uisce trí imbhuailtí trácht ar bhóithre

### 9.2.4 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha Dhíreacha agus Indíreacha

#### 9.2.4.1 Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht

I rith na tógála, mar gheall ar rith chun srutha uisce dromchla éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó imeacht truaillithe in aon ghné uisce dromchla d'fhéadfaí tionchar diúltach suntasach a imirt ar cháilíocht an uisce sna sruthchúrsaí glactha, agus dá bhrí sin síos an abhainn i gCuan na Gaillimhe. Is féidir le héifeachtaí imeachtaí truaillithe minice agus/nó fada i gcóras abhann a bheith fairsing agus forleathan, agus d'fhéadfadh go mbainfeadh éifeachtaí fadtéarmacha suntasacha leo. Sa chás is measa, le himeacht truaillithe a bheadh dona go leor, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm freisin ar thimpeallacht na mara. Dá laghdódh cáilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe, tá an fhéidearthacht ann go laghdófaí láthair agus dáileadh gnáthóg a rachfaí i bhfeidhm orthu, struchtúr, fairsinge agus dáileadh daonraí speicis fásra agus fána, agus go bhféadfaí dul i bhfeidhm ar cháilíocht/bhail na láithreán póraithe agus scíthe don Mhadra uisce agus don Rón beag (féach **Tábla 9.23**).

Ach is beag seans ar chor ar bith go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin i rith na tógála. Meastar go mbeadh aon imeachtaí truaillithe a d'fhéadfadh a tharlú sách beag i gcomparáid le toisc caolaithe agus cumas asamhlaithe dobharlach cósta chomh mór le Cuan na Gaillimhe, nó go mbeidís sealadach, agus dá bhrí sin ní bheadh aon éifeachtaí inbhraite ná fadréimseacha acu sa chuan. Is fíor sin go háirithe mar gheall ar shruthlú ard na n-uiscí taoide i rith an rabharta agus na mallmhara, agus an meascadh taoide, atá ar fáil.

Mar sin féin, tá cur chuige réamhchúramach á thógáil nuair atá leibhéal riosca na dtionchar ar cháilíocht an uisce á thuar agus teastaíonn bearta maolúcháin chun an riosca go mbeadh aon éifeacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glacadh i rith na tógála a laghdú tuilleadh.

Beidh sé cinn déag (16) ar an iomlán sruth éalaithe príomhlíne draenála bóthair ag sceitheadh chuig sruthchúrsaí dromchla (beidh cúig cinn acu sin ag sceitheadh isteach in Abhainn na Gaillimhe, péire go díreach agus trí cinn go hindíreach) beidh sruth éalaithe príomhlíne draenála bóthair ag sceitheadh chuig fo-abhainn de chuid Loch Bhaile an Dúlaigh, beidh seacht sruth éalaithe príomhlíne draenála bóthair ag sceitheadh chuig séaraigh poiblí uisce dromchla atá ann cheana agus beidh péire (codanna clúdaithe den tollán) á bpumpáil chuig séarach poiblí bréan, beidh líonra amháin príomhlíne draenála bóthair ag sceitheadh isteach sa díog insíothlaithe atá ann cheana don N6 atá ann cheana féin. Tá líonraí príomhlíne draenála bóthair breise taobh-bhóthair ann atá ag sceitheadh isteach freisin i ndíoga áitiúla agus isteach i líonraí séaraigh uisce dromchla atá ann cheana.

Léirítear i **bhFíoracha 2.1** go **2.15** an líonra draenála agus na pointí doirte. Mar sin féin, i bhfianaise an dearaidh draenála, mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2** agus i **bhFoscríbhinn B** (lena n-áirítear maolú agus gnéithe rialaithe truaillithe), ní

thuartar go mbeidh aon éifeacht shuntasach ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha ná i gCuan na Gaillimhe mar gheall ar ghnáthcháilíocht oibríochta uisce na sruthanna éalaithe draenála, fiú sa chás neamhdhóchúil go dtarlóidh imeacht truaillithe.

Mar thoradh ar scála beag achar dromchla na forbartha beartaithe bóthair i gcomparáid leis an dobharcheantar fionnuisce foriomlán a dhoirteann i gCuan na Gaillimhe, ní bheidh aon tionchar inbhraite ar an réimeas sreafa laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe seo ar scála áitiúil ná ar scála réigiúnach. Mar gheall ar chuspóir caomhantais na QI-anna éagsúla sa cSAC seo, caithfear an réimeas nádúrtha hidreolaíoch a choinneáil i dtéarmaí an réimis nádúrtha taoide, salandachta, soláthar dríodair agus cháilíocht an uisce. Laghdaíonn an dearadh beartaithe draenála a mhéad is féidir an fhéidearthacht go n-athróidh an rith chun srutha agus rátaí athlíonta go háitiúil, le 39 sruth éalaithe thar 17.5km d'fhad bóthair agus soláthar cóireáil agus maolú uisce stoirme suas an abhainn ó na sruthanna éalaithe sin chun rátaí doirte a scóigeadh go rátaí rith chun srutha i láithreán úrnua.

***Achoimre***

Ag breithniú dhearadh na forbartha beartaithe bóthair, agus go háirithe an dearadh don draenáil a mhaolóidh agus a chóireálfaidh draenáil bóthair sula ndoirtear sa líonra uisce dromchla é (féach **Roinn 2** thuas agus **Rinn 10** thíos, agus i **bhFoscríbhinn A**, **Foscríbhinn B**, agus **Foscríbhinn C**), agus a suímh le hais Chuan na Gaillimhe, ní rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm go díreach ná go hindíreach ar an réimeas hidreolaíoch reatha atá i bhfeidhm i rith na tógála ná na hoibríochta, agus ní rachaidh sí i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla (ná cáilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe) i rith na hoibríochta.

Tá an fhéidearthacht ann, áfach, agus cur chuige réamhchúraim á ghlacadh go mbeidh éifeacht ar an gcáilíocht uisce le linn tógála. I rith na tógála tá an fhéidearthacht ann go ndoirtfí truailleáin trí thimpiste a rachadh i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí/dobharlaigh ghlactha agus teastaíonn bearta maolúcháin.

Tá an fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm ar raon, láthair, nó struchtúr/feidhm gnáthóga QI laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, raon na speiceas QI, nó cumas na ndaonraí speiceas nó na ngnáthóg QI sin iad féin a choinneáil go fadtéarmach mar gheall ar éifeachtaí ar cháilíocht an uisce. Dá bhrí sin tá an fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair freisin srian a chur ar aon iarracht an stádas caomhantais fabhrach a athchóiriú, sa chás gur cuid de na cuspóirí caomhantais é sin (nó go bhféadfadh gurbh ea sa todhchaí).

Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais ghnáthóga agus speicis QI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.23**) trí thionchair ar cháilíocht an uisce i rith na tógála.

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha dhíreach nó indíreacha a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.18** thíos.

### Tábla 9.18: Achoimre ar na Tionchair Hidreolaíocha

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear don chóras hidreolaíochta | Ní fhéadfaí<br>Ní chuirfidh tógáil bheartaithe an bhóthair isteach ar fheidhmiú aon abhann laistigh de cSAC Chuan na Gaillimhe, mar a bhaineann le réimeas srutha ná tuile agus ní bheidh aon tionchar aige ar an réimeas taoide ná ar fheidhmiú hidreolaíoch Chuan na Gaillimhe | Níl |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | D'fhéadfaí<br>Má chuirtear isteach ar chaighdeán uisce dromchla a dhoirteann isteach sa timpeallacht mhara d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar speicis agus gnáthóga bainteacha uisceacha, cósta agus muirí | Tá<br>Chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sa chomhshaol glactha i rith na tógála (mar a thugtar breacchuntas air i **Roinn 10.4**) |
| **Oibríocht** | | |
| Difear á dhéanamh don chóras hidreolaíocha le linn oibríochta | Ní fhéadfaí<br>Ní bheidh aon tionchar ag dearadh na forbartha beartaithe bóthair ar fheidhmiú aon abhann laistigh de, nó a ritheann laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, mar a bhaineann le sruth nó réimeas tuile agus ní bheidh aon tionchar aige ar an réimeas taoide ná ar fheidhmiú hidreolaíoch Chuan na Gaillimhe | Níl |
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an uisce dromchla le linn oibríochta | Níl<br>Mar thoradh ar dhearadh na draenála (mar a thuairiscítear i Roinn 2 agus i bhFoscríbhinn B), cinnteofar go gcothabhálfar cáilíocht an uisce dromchla le linn na hoibríochta | Níl |

### 9.2.4.2 Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha

Taifeadadh speicis planda ionracha neamhdhúchasacha feadh na forbartha beartaithe bóthair, nó in aice léi [45] (féach **Roinn 5.5**). Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht ann go scaipfeadh oibreacha tógála iad trí thimpiste go láithreacha gnáthóige laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó go dtabharfaí isteach ann iad den chéad uair. Tá an fhéidearthacht ann mar sin go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis planda i ngnáthóga a rachfaí i bhfeidhm orthu. Cé go bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair scoite amach ó cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, tá dhá phríomhchonair ann trína bhféadfaí speicis neamhdhúchasacha ionracha a thabhairt isteach sa láithreán Eorpach seo ón fhorbairt bheartaithe bóthair: trasnaíonn na bealaí iompair atá léirithe i **bhFíoracha 3.1** agus **3.2** Coimpléasc Chuan na Gaillimhe ag Coill Bhearna, feadh an R336, agus tabharfar faoi oibreacha tógála suas an abhainn i ndobharcheantar Shruthán Bhearna agus d'fhéadfaí speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha a iompar síos le sruth chuig Coill Bhearna agus chuig Cuan an Roisín. D'fhéadfadh sé seo thionchar a bheith aige ar ghnáthóg Féarthailte Cailcreacha [*6210/6210] a bhfuiltear ar an eolas a leithéid a bheith timpeall ar imeall Chuan an Roisín.

De bharr chlúdach na speiceas planda neamhdhúchasach ionrach díreach in aice leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, tá an fhéidearthacht ann go n-athchoilíneoidh na speicis sin láithreacha fásra laistigh de theorainn na forbartha beartaithe i ndiaidh na tógála. Dá réir, tá riosca ann freisin go bhféadfadh gnáthoibreacha cothabhála gearrthóga fásra éillithe a scaipeadh.

***Achoimre***

Tá an fhéidearthacht ann mar gheall ar speicis planda ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a scaipeadh i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, i rith na tógála nó na hoibríochta, go rachfar i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ngnáthóg QI (féach **Tábla 9.23**).

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha dhíreacha nó indíreacha maidir le speicis planda ionracha neamhdhúchasacha i **dTábla 9.19** thíos.

[45] Níor taifeadadh speicis plandaí uisceacha (ná speicis fána) ionracha neamhdhúchasacha sna gnáthóga uisceacha a n-imreoidh na hoibreacha tógála tionchar orthu.

**Tábla 9.19: Achoimre ar Thionchair Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil/Oibríocht** | | |
| Speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó scaipeadh ar ghnáthóga laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | D'fhéadfaí<br>Dá dtabharfaí speicis planda ionracha neamhdhúchasacha a isteach nó a scaipeadh d'fhéadfadh siad dul i bhfeidhm ar dháileadh, fairsinge, éagsúlacht agus achar na ngnáthóg QI nó na láithreacha gnáthóige a thacaíonn le speicis QI | Tá<br>Chun a chinntiú nach scaiptear speicis planda ionracha neamhdhúchasacha i láithreacha gnáthóige, nó nach dtugtar isteach iad den chéad uair ann, laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (mar a thugtar breacchuntas air i **Roinn 10.7**) |

## 9.2.4.3 Éifeacht Bacainne

Rinneadh taifeadadh ar an Madra Uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna agus trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair Sruthán Bhearna agus Sruthán Thóin na Brocaí sa dobharcheantar sin. Tá sé beartaithe dhá struchtúr lintéir a chur ar na sruthchúrsaí sin a bhfuil an fhéidearthacht acu a bheith mar bhacainn ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce le linn na tógála (mar go mbeidh oibreacha insrutha riachtanach) agus oibríochta na forbartha beartaithe bóthair. Cé nach bhfuil an áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair na sruthchúrsaí seo laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, tá an chuid is íochtaraí de Shruthán Bhearna laistigh den láithreán Eorpach seo. Is dóigh go mbeidh na Madraí Uisce atá ag úsáid na sruthchúrsaí seo mar chuid de dhaonra Madra Uisce an láithreáin Eorpaigh sin. Is dóigh go mbeidh tógáil na lintéir sin críochnaithe laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag (agus ag breithniú freisin nach gceadaíonn an IFI oibreacha insrutha idir míonna Deireadh Fómhair agus Meitheamh (san áireamh) agus ní bheadh aon éifeachtaí fadtéarmacha ar an Daonra Madra Uisce Áitiúil mar thoradh ar aon bhacainn a chruthófaí.

### *Achoimre*

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht bacainne a chruthú don Mhadra Uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé éifeacht a bheith aige ar chuspóirí

caomhnaithe a thacaíonn le riocht caomhnaithe an Madra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an éifeacht bacainne mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.20** thíos.

**Tábla 9.20: Achoimre ar Th-ionchair maidir le hÉifeachtaí Bacainne**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfadh siad difear a dhéanamh do na QIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Éifeacht bacainne ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce ar fud dhobharcheantar Shruthán Bhearna | D'fhéadfadh<br>D'fhéadfadh oibríocht na forbartha beartaithe bóthair bacainn a chur ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Tá<br>Lena chinntiú nach bhfuil gluaiseachtaí an Mhadra Uisce á srianadh i ndobharcheantar Shruthán Bhearna (mar atá imlínithe i **Roinn 10.9**) |

## 9.2.4.4 Riosca Mortlaíochta

Cuireann tabhairt isteach lintéir nua ar shruthchúrsaí laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna leis an riosca ó imbhuailtí trácht ar bhóithre don Mhadra Uisce. Éileoidh codanna de charrbhealach beartaithe sa chomharsanacht suiteáil fálú mamach le cosc a chur ar an Madra Uisce rochtain a fháil ar an gcarrbhealach (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008b).

***Achoimre***

Mar gheall go bhfuil an riosca ann ó thrácht ar bhóithre le linn oibríochta riosca mortlaíochta a chruthú do dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht a bheith aici ar airíonna agus spriocanna cuspóirí caomhantais a thacaíonn le riocht caomhnaithe an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.23**).

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an riosca mortlaíochta mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.21** thíos.

**Tábla 9.21: Achoimre ar Thionchair Riosca Mortlaíochta**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na QIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Riosca mortlaíochta/imbhuailte de bharr trácht ar an mbóthar i gcás an Mhadra uisce | D'fhéadfaí<br>Tá riosca buan de bharr oibríocht na forbartha beartaithe bóthair go marófar Dobharchú mar gheall ar imbhuailtí le trácht ar an mbóthar agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aici ar dhaonra an Mhadra uisce i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Tá<br>Chun a chinntiú nach féidir le Dobharchú dul ar an gcarrbhealach (mar a dtugtar breacchuntas air i **Roinn 10.10.2**) |

## 9.2.4.5 Achoimre

Cuirtear achoimre i láthair sa roinn seo maidir le tionchair fhéideartha na forbartha beartaithe bóthair ar Leasanna Cáilitheacha cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus conas a bhaineann na tionchair seo leis an éifeacht ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin.

Liostaítear i **dTábla 9.22** thíos, Leasanna Cáilitheacha cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus an bhaint atá ag na tionchair a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthar le gach aon cheann acu. Is iad na ceanna sin atá léirithe i ndath uaine na Leasanna Cáilitheacha siúd atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair.

**Tábla 9.22: Leasanna Cáilitheacha cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus na Tionchair Fhéideartha**

| Leasanna Cáilitheacha | Tionchar |
|---|---|
| **Gnáthóga Iarscríbhinn I** | |
| [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag tráe | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1150] Murlaigh chósta* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1160] Góilíní agus cuanta móra éadomhain | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1170] Sceireacha | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |

| **Leasanna Cáilitheacha** | **Tionchar** |
|---|---|
| [1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*) | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*) | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| [3180] Turlaigh* | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [5130] Foirmithe *Juniperus communis* ar fhraochmhánna nó féaraigh chailcreacha | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséise scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha (Festuco Brometalia) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní) | Habitat degradation - non-native invasive plant species |
| [7210] Calcareous fens with *Cladium mariscus* and species of the *Caricion davallianae* * | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| [7230] Alkaline fens | Gan tionchar féideartha – níl sé sa ZoI |
| **Annex II Species** | |
| [1355] Otter *Lutra lutra* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíochtBarrier effect (Bearna Stream catchment)<br>Mortality risk (Bearna Stream catchment) |
| [1365] Harbour seal *Phoca vitulina* | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |

Pléitear thíos an gaol idir tionchar féideartha, na dtionchar seo maidir le gnáthóga agus le speicis Leasanna Cáilitheacha laistigh de chrios tionchair (ZoI) na forbartha beartaithe bóthair agus na hairíonna/spriocanna agus breithnítear agus tomhaistear a riocht fabhrach caomhantais agus tá sé seo curtha i láthair freisin i **dTábla 9.23**.

***[1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar riocht nádúrtha choimpléasc pobail Réileáin láibe agus Réileáin ghainimh idirthaoideach atá mar chuid ríthábhachtach den chineál seo gnáthóige.

***[1150] Murlaigh chósta ****

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar líon agus méid gnáthspeiceas plandaí agus sainspeiceas fauna a bhaineann le gnáthóg murlaigh cósta.

***[1160] Góilíní agus cuanta móra éadomhain***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar mhéid, scaipeadh agus ar struchtúr pobail plandaí agus ainmhithe atá mar chuid ríthábhachtach den chineál seo gnáthóige.

***[1170] Sceireacha***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar mhéid agus struchtúr pobail plandaí agus ainmhithe atá mar chuid ríthábhachtach den chineál seo gnáthóige.

***[1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar limistéir agus ar scaipeadh an chineáil seo gnáthóige, agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar an struchtúr fásra trí raon na ngnáthóg cósta atá ann agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar raon gnáthphobail plandaí flora clochacha.

***[1310] Salicornia agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú.***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar limistéir agus ar scaipeadh an chineáil seo gnáthóige, agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar an struchtúr fásra trí raon na ngnáthóg cósta atá ann agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar an gclúdach fásra, airde fásra agus ar gnáthspeicis plandaí agus ar phobail féinchothaitheach plandaí atá ann.

***[1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (Glauco-Puccinellietalia maritimae), [1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (Juncetalia maritimi)***

D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar limistéir agus ar scaipeadh an chineáil seo gnáthóige, agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar an struchtúr fásra trí raon na ngnáthóg cósta atá ann agus d'fhéadfadh éifeacht a

bheith aige ar an gclúdach fásra, airde fásra agus ar gnáthspeicis plandaí agus ar phobail féinchothaitheach plandaí atá ann.

***[6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséise scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha (Festuco Brometalia) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní)***

Tá an fhéidearthacht ann ó thaobh na forbartha beartaithe bóthair speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha a thabhairt isteach agus a scaipeadh i gCuan an Roisín trí bhealach tarlaithe an R336 Shruthán Bhearna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar limistéar gnáthóige Féarthailte Cailcreacha [*6210/6210] atá sainaitheanta timpeall ar imeall Chuan an Roisín. D’fhéadfadh an tionchar seo difear a dhéanamh do limistéar agus do scaipeadh na gnáthóige agus d’fhéadfadh tionchar dochrach a bheith aige ar struchtúr agus ar chomhdhéanamh fásra.

***[1355] Madra Uisce***

D’fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i Sruthán Bhearna agus i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar cháilíocht agus fáil a bheith ar láithreáin phóraithe/scíthe síos le sruth in cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus d’fhéadfadh sé éifeacht a bheith aige ar an líon éisc, go háirithe i Sruthán Bhearna. D’fheádfadh aon éifeacht bacainne tionchar a bheith aige ar mhéid críche daonra Leasanna Cáilitheacha an Mhadra Uisce a bhaineann úsáid as na sruthchúrsaí laistigh den dobharcheantar sin, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ansin ar dhinimic an daonra áitiúil trí fhachtóirí ar nós iomaíocht inspeiceasach le haghaidh acmhainní. D’fhéadfadh an riosca mortlaíochta a chruthaíonn an bóthar laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna éifeacht fadtéarmach a bheith aige ar líon na Madraí Uisce laistigh de cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe.

***[1365] An Rón Beag***

D’fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i Sruthán Bhearna agus i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon tionchar inbhraite íseal) éifeacht a bheith aige ar riocht láithreáin phóraithe agus triomaithe don Rón Beag.

**Tábla 9.23: Tionchair Fhéideartha ar Chuspóirí Caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe** (Is iad na réanna sin atá aibhsithe le dath glas na tréithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu)

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Réileáin láibe agus Réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Tá achar na ngnáthóg seasta nó ag méadú faoi réir próiseas nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe, ar achar na réileán láibe agus gainimhmurlaigh san cSAC. | Níl |
| Dáileadh pobal: Heicteáir | Na cineálacha pobal seo leanas a chaomhnú i riocht nádúrtha: Intertidal sandy mud community complex; and Intertidal sand community complex. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i sruthchúrsaí fála le linn tógála go gcuirfí isteach ar dháileadh pobal fána i gCuan na Gaillimhe | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| [1150] Murlaigh chósta *<br>Riocht fabhrach caomhantais do Mhurlaigh Chósta in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe a chur ina cheart, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta faoi réir mionathraithe nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe, ar achar na murlach cósta san cSAC. | Níl |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe, ar dháileadh na murlach cósta san cSAC. | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Réimeas salandachta: Aonaid phraiticiúla salandachta (psu) | Salandacht airmheánach bhliantúil agus comhathrú ama laistigh de réimsí nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe, ar phróifíl shalandachta na murlach cósta san cSAC. | Níl |
| Réimeas hidreolaíoch: Méadar | Luaineachtaí bliantúla ar leibhéal uisce agus íosmhéideanna laistigh de réimsí nádúrtha. | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar an réimeas hidreolaíoch i gCuan na Gaillimhe. | Níl |
| Bacainn: comhcheangailteacht idir murlach agus farraige tréscaoilteacht | Comhcheangail hidreolaíochta chuí idir murlaigh agus farraige, lena n-áirítear, nuair is gá, bainistiú chuí. | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar chomhcheangailteacht murlach/farraige | Níl |
| Caighdeán uisce: Clóraifill *a*: µg/L | Clóraifill airmheánach bhliantúil*a* laistigh de réimsí nádúrtha agus níos lú ná 5µg/L | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar leibhéil chlóraifille i ngnáthóga murlaigh i gCuan na Gaillimhe | Níl |
| Caighdeán uisce: Fosfar molabdáit-imoibríoch (MRP): mg/L | MRP airmheán bliantúil laistigh de réimsí nádúrtha 0.1mg/L | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar leibhéil MRP i ngnáthóga murlaigh i gCuan na Gaillimhe | Níl |
| Caighdeán uisce: Nitrigin neamhorgánach tuaslagtha (DIN): mg/L | DIN airmheán bliantúil laistigh de réimsí nádúrtha agus níos lú ná 0.15mg/L | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar leibhéil DIN i ngnáthóga murlaigh i gCuan na Gaillimhe | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Doimhneacht chóilíniú macraifíte: Méadar | Cóilíniú macraifíte go doimhneacht 2m ar a laghad | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar dhoimhneacht chóilíniú macraifíte i ngnáthóga murlaigh i gCuan na Gaillimhe | Níl |
| Speiceas planda tipiciúil: Líon agus m² | Líon agus fairsinge sainspeiceas liostaithe murlaigh a chaomhnú faoi réir comhathraithe nádúrtha. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go mbeadh tionchar aige ar éagsúlacht, líon agus fairsinge speiceas plandaí bainteach le gnáthóga den chineál seo sa cSAC (m.sh. Loch an tSáile) | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Speiceas ainmhí tipiciúil: Líon | Caomhnaigh sainspeiceas liostaithe murlaigh faoi réir comhathraithe nádúrtha. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go mbeadh tionchar aige ar éagsúlacht, líon agus fairsinge speiceas plandaí bainteach le gnáthóga den chineál seo sa cSAC (m.sh. Loch an tSáile) | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Speiceas táscaire diúltach: Líon agus céatadán clúdaithe | Speiceas táscaire diúltach ar lár nó faoi smacht | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála, ar smachtú nó scaipeadh speiceas táscaire diúltach i ngnáthóga murlaigh i gCuan na Gaillimhe | Níl |
| [1160] Góilíní agus cuanta móra éadomhain<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Góilíní agus cuanta móra éadomhain in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Tá achar na ngnáthóg buan seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha. | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar achar gnáthóg den chineál seo. | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Fairsinge pobal: Heicteáir | Fairsinge choimpléasc pobail faoi cheannas *Zostera* agus pobail faoi cheannasmaërl a chaomhnú faoi réir próiseas nádúrtha. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go laghdófaí fairsinge na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr pobal: Dlús *Zostera*–Péacáin de réir m² | Ardchaighdeán pobal faoi cheannas *Zostera* a chaomhnú, faoi réir próiseas nádúrtha. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go laghdófaí dlús na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr pobal: Comhshuíomh bitheolaíoch | Ardchaighdeán pobal faoi cheannas maërl a chaomhnú, faoi réir próiseas nádúrtha | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfidh isteach ar chaighdeán na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh pobal: Heicteáir | Na cineálacha pobal seo leanas a chaomhnú i riocht nádúrtha: coimpléasc pobal idirthaoideach láib ghainimh; coimpléasc pobal idirthaoideach gainimh; coimpléasc pobal gaineamh mín go meánach le débhlaoscaigh; Coimpléasc pobal láib ghaineamhach go dríodar measctha; Coimpléasc pobal dríodar measctha faoi cheannas *Mytilidae;* Scaineagán; Coimpléasc pobal faoi cheannas *Fucoid*; Coimpléasc pobal faoi cheannas *Laminaria*; agus Coimpléasc pobal faoi cheannas spúinse éadomhain. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go laghdófaí dáileadh na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| [1170] Sceireacha | | | |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Sceireacha in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh: Tarlú | Tá dáileadh sceireacha seasta nó ag méadú faoi réir próiseas nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar dháileadh gnáthóg sceireacha. | Níl |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Tá achar na ngnáthóg buan seasta, faoi réir próiseas nádúrtha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar achar chlúdú ghnáthóg sceireacha. | Níl |
| Fairsinge pobal: Heicteáir | Fairsinge pobal sceireacha faoi cheannas*Mytilus* a chaomhnú, faoi réir próiseas nádúrtha | D’fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go laghdófaí fairsinge na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr pobal: Dlús*Mytilus*– de réir m² | Fairsinge pobal sceireacha faoi cheannas*Mytilus* a chaomhnú, faoi réir próiseas nádúrtha | D’fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go laghdófaí dlús na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr pobal: Comhshuíomh bitheolaíoch | Na cineálacha pobal seo leanas a chaomhnú i riocht nádúrtha: coimpléasc pobail faoi cheannas *Fucoid-h;* coimpléasc pobail faoi cheannas *Laminaria;* agus coimpléasc pobail faoi cheannas *spúinse éadomhain* | D’fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfidh isteach ar chaighdeán na bpobal seo laistigh den cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| [1220] Fásra ilbhliantúil bruach clochach<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Fásra ilbhliantúil bruach clochach in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha, lena n-áirítear creimeadh agus comharbas | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfidh isteach (go sealadach ar a laghad) ar an achar á chlúdú ag an ngnáthóg seo | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan laghdú ná athrú i ndáileadh na ngnáthóg, faoi réir próiseas nádúrtha | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfidh isteach (go sealadach ar a laghad) ar dháileadh na ngnáthóg seo | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fisciciúil: soláthar feidhmiúlachta agus dríodair: Láithreacht/easnamh bacainní fisiciúla | Inshruthú nádúrtha dríodar agus ábhar orgánach a chaomhnú gan aon bhacainn fhisiceach | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar imshruthú nádúrtha dríodair ná ábhair orgánaigh. | Níl |
| Struchtúr Fásra: criosracht: Tarlú | Réimse gnáthóg cósta a chaomhnú, lena n-áirítear idirchriosanna, faoi réir próiseas nádúrtha, lena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar struchtúr speiceas | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh fásra: speiceas tipiciúil agus foth-phobail: Céatadán clúdaithe ag sampla ionadaíoch de stopanna monatóireachta. | Flóra fásmhar tipiciúil scaineagáin a chaomhnú, lena n-áirítear an réimse foth-phobal laistigh de na criosanna éagsúla. Cuimsíonn speicis thipiciúla - gaineamhlus mara (*Honckenya peploides*), laíon na trá (*Beta vulgaris* ssp *maritima*), Craobhraic (*Crithmum maritimum*), Lus Bealtaine mara (*Tripleurospermum* | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar chomhshuíomh speiceas | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| | *maritimum*), Caillicín na trá (*Glaucium flavum*) agus coireán mara (*Silene uniflora*) | | |
| [1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Salicornia agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrthalena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcaillfí achar gnáthóg. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan laghdú nó athrú i ndáileadh gnáthóg, faoi réir próiseas nádúrtha | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar dháileadh na ngnáthóg seo san cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fisiciúil: soláthar dríodair: Láithreacht/easnamh bacainní fisiciúla | Inshruthú nádúrtha dríodar agus ábhar orgánach a chaomhnú/athshlánú gan aon bhacainn fhisiceach | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar imshruthú nádúrtha dríodair ná ábhair orgánaigh. | Níl |
| Struchtúr fisiceach: cuaisíní agus loig: Tarlú | Struchtúr cuaisíní agus loig a chaomhnú agus nuair is gá, a athshlánú, faoi réir próiseas nádúrtha lena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar an gcaoi ina idirghníomhaíonn an réimeas/próiseas taoide leis an gcineál gnáthóige seo. | Níl |
| Struchtúr fisiceach: réimeas tuile – Heicteár faoi thuile; Tarlú | Réimeas nádúrtha taoide a chaomhnú | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar an gcaoi ina idirghníomhaíonn an réimeas/próiseas taoide leis an gcineál gnáthóige seo. | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Struchtúr fásra: criosracht – Tarlú | Réimse gnáthóg cósta a chaomhnú, lena n-áirítear idirchriosanna, faoi réir próiseas nádúrtha, lena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar struchtúr speiceas | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fásra: airde fásra-Ceintiméadar | Comhathrú struchtúrach a chaomhnú laistigh den bháinseach | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar struchtúr fásra na gnáthóige seo san cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fásra: Céatadán clúdaithe ag sampla ionadaíoch de stopanna monatóireachta | Caomhnaigh breis agus 90% den achar lasmuigh de chuaisíní faoi fhás. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar struchtúr fásra na gnáthóige seo san cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh fásra: speiceas tipiciúil agus foth-phobail – Céatadán clúdaithe | Caomhnaigh an réimse pobal ar bheagán speiceas le speicis thipiciúla liostaithe in SMP (McCorry agus Ryle, 2009) | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar chomhshuíomh speiceas | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fásra: speiceas táscaire diúltach - *Spartinaanglica*–Heicteár | Níl aon spairtíneach Ghallda (*Spartina anglica*) faoi láthair san LCS seo. Coisc a bhunaithe ann | Níl<br>Níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ag idirghníomhú go díreach leis an limistéar cósta agus mar sin níl poitéinseal ann le haghaidh idirghníomhaíochta le gnáthóg a thacaíonn le spairtíneach Ghallda. | Níl |
| [1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*) &<br>[1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*)<br>Riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do Mhóinéir ghoirt na Meánmhara (Juncetalia maritimi) in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar ag méadú faoi réir próiseas nádúrtha, lena n- | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | áirítear creimeadh agus comharbas. | tógála go gcaillfí achar gnáthóg i gCuan na Gaillimhe | **Roinn 10.4** |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan laghdú nó athrú i ndáileadh gnáthóg, faoi réir próiseas nádúrtha. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar dháileadh na ngnáthóg seo san cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fisiceach: soláthar dríodair – Bacainní fisiceacha ann/gan a bheith ann. | Inshruthú nádúrtha dríodar agus ábhar orgánach a chaomhnú/athshlánú gan aon bhacainn fhisiceach | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar imshruthú nádúrtha dríodair ná ábhair orgánaigh. | Níl |
| Struchtúr fisiceach: cuaisíní agus loig: Tarlú | Struchtúr cuaisíní agus loig a chaomhnú faoi réir próiseas nádúrtha lena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar an gcaoi ina idirghníomhaíonn an réimeas/próiseas taoide leis an gcineál gnáthóige seo. | Níl |
| Struchtúr fisiceach: réimeas tuile – Heicteár faoi thuile; Tarlú | Réimeas nádúrtha taoide a chaomhnú | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar an gcaoi ina idirghníomhaíonn an réimeas/próiseas taoide leis an gcineál gnáthóige seo. | Níl |
| Struchtúr fásra: criosracht – Tarlú | Réimse gnáthóg cósta a chaomhnú, lena n-áirítear idirchriosanna, faoi réir próiseas nádúrtha, lena n-áirítear creimeadh agus comharbas. | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar struchtúr speiceas | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fásra: airde fásra- Ceintiméadar | Comhathrú struchtúrach a chaomhnú laistigh den bháinseach | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar struchtúr fásra na gnáthóige seo san cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála agus na hoibríochta<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Struchtúr fásra: Céatadán clúdaithe ag sampla ionadaíoch de stopanna monatóireachta | Caomhnaigh breis agus 90% den achar lasmuigh de chuaisíní faoi fhás. | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar struchtúr fásra na gnáthóige seo san cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Comhshuíomh fásra: speiceas tipiciúil agus foth-phobail – Céatadán clúdaithe ag sampla ionadaíoch de stopanna monatóireachta | Caomhnaigh réimse foth-phobal le speiceas tipiciúil liostaithe in SMP (McCorry agus Ryle, 2009) | D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála go gcuirfí isteach ar struchtúr fásra na gnáthóige seo san cSAC. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Struchtúr fásra: speiceas táscaire diúltach - *Spartina anglica*– Heicteár | Níl aon spairtíneach Ghallda (*Spartina anglica*) faoi láthair san LCS seo. Coisc a bhunaithe ann | Níl<br>Níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ag idirghníomhú go díreach leis an limistéar cósta agus mar sin níl poitéinseal ann le haghaidh idirghníomhaíochta le gnáthóg a thacaíonn le spairtíneach Ghallda. | Níl |
| [6210] Féarthailte tirim leath-nádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*suíomhanna tábhachta magairlíní)<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais Féarthailte tirim leath-nádúrtha agus faiséisí scrobarnaigh ar shubstráití cailcreacha (Festuco Brometalia) (*suíomhanna tábhachta magairlíní) in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Achar na gnáthóige: Heicteáir | Achar seasta nó ag méadú, faoi réir próiseas nádúrtha. | D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh ar speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe go gcaillfí achair ghnáthóg Cailcreach féarthailte agus, b'fhéidir, tionchar a imirt ar dháileadh gnáthóg. | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Dáileadh gnáthóg: Tarlú | Gan aon laghdú faoi réir próiseas nádúrtha | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas tipiciúil-<br>Líon ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Ar a laghad 7 speiceas táscaire dearfach ann lena n-áirítear 2 speiceas "ard-chaighdeán" | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* | *…mar atá thuas d'achar gnáthóg* |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Comhshuíomh Fásra: speiceas táscaire diúltach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Speiceas táscaire diúltach gan a bheith níos mó ná clúdach 20% le chéile agus gan clúdach ar leithligh níos mó ná 10%. | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach go díreach ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Loch Coirib agus mar sin ní bheidh aon tionchar aige ar chlúdú speiceas táscaire diúltach ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte (speiceas neamhdhúchasach mar atá ag O'Neill et al, 2013) | Níl |
| Comhshuíomh Fásra: speiceas neamhdhúchasach-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú speiceas neamhdhúchasach gan níos mó ná 1% | D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh ar speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe go gcaillfí achair ghnáthóg Cailcreach féarthailte agus, b'fhéidir, tionchar a imirt ar dháileadh gnáthóg. | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Struchtúr Fásra: speiceas adhmadach agus raithneach (*Pteridium aquilinum*) –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú speiceas adhmadach (seachas *Juniperus communis*, *Rosa spinosissima*, *Dryas octopetala* agus *Helianthemum oelandicum*) agus raithneach (*Pteridium aquilinum*) gan clúdú níos mó ná 5% | Níl<br>Ní bheidh éifeacht go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus mar sin, ní chuirfidh sé le clúdach speiceas adhmadach ná le clúdach raithní i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. | Níl |
| Comhshuíomh Fásra: cóimheas luibh leathanduilleach leféar –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Comhpháirt Luibh leathanduilleach den fhásra idir 40% agus 90% | D'fhéadfadh tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha chuig cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe difear a dhéanamh do chóimheas luibh leathanduilleach le féar limistéir gnáthóige Féarthailte Cailcreacha | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |
| Struchtúr Fásra: airde báinsí-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | 30% ar a laghad den bháinseach idir 5cm agus 40cm ar airde | D'fhéadfadh tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha chuig cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe éifeacht a bheith | Bearta chun tabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí ionracha neamhdhúchasacha a choinneáil faoi smacht<br>**Roinn 10.7** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | acu ar chéatadán gnáthóige ag airde oiriúnach báinsí | |
| Struchtúr Fásra: easair-<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Clúdú easrach gan a bheith níos mó ná 25% | Níl<br>Ní bheidh éifeacht go díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar ghnáthóga Cailcreacha féarthailte laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus mar sin, ní chuirfidh sé le clúdach easrach i ngnáthóg Cailcreacha féarthailte in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: talamh bán –<br>Céatadán ag líon ionadaíoch stopanna monatóireachta | Gan níos mó ná 10% de thalamh bán | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le leibhéil fhisiceacha corraíola a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar thalamh bán i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Níl |
| Struchtúr Fisiceach: Corraíl Méadar Cearnach | Achar ag léiriú comharthaí de throm-innilt nó corraíl eile níos lú ná 20m² | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair le, ná ní bheidh sé ina cúis corraíola fisicí ná ní chuirfí sé athrú ar leibhéil na hinnilte i ngnáthóga Cailcreacha féarthailte cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. | Níl |
| [1355] Madra Uisce *Lutra lutra*<br>Riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart don Mhadra Uisce *Lutra lutra* in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Dáileadh: Céatadán suíomhanna suirbhé dearfacha | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar dháileadh ná ar réimse na speiceas i gCuan na Gaillimhe | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Raon gnáthóg talún: Heicteáir | Gan aon laghdú suntasach. Achar mapáilte agus ríofa ag 262ha os cionn líne bharr láin (LBL); 14ha ar feadh bhruachanna abhann/thart ar locháin | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar raon na ngnáthóg talún atá ar fáil ag madraí uisce sa cSAC. | Níl |
| Raon gnáthóg mara: Heicteáir | Gan aon laghdú suntasach. Achar mapáilte agus ríofa mar 2040ha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar raon na ngnáthóg mara atá ar fáil ag madraí uisce sa cSAC. | Níl |
| Raon gnáthóg fionnuisce (abhainn): Ciliméadar | Gan aon laghdú suntasach. Fad mapáilte agus ríofa mar 4km | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar raon na ngnáthóg abhann atá ar fáil ag madraí uisce sa cSAC. | Níl |
| Raon gnáthóg fionnuisce (loch/murlach): Heicteáir | Gan aon laghdú suntasach. Achar mapáilte agus ríofa mar 21ha | Níl, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála ar raon na ngnáthóg locha atá ar fáil ag madraí uisce sa cSAC. | Níl |
| Suíomhanna luí agus poill: Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair agus aon tionchar a bheidh aige ar chaighdeán an uisce gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach (go sealadach ar a laghad) ar úsáid suíomhanna poll/luí ar fáil do mhadraí uisce san cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Bithmhais iasc ar fáil: Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna nó i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar líon na n-iasc sa cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Bacainní ar cheangailteacht: Líon | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair aon bhacainn roimh ghluaiseacht madraí uisce laistigh den cSAC. D'fhéadfadh sé, áfach, bacainn a chruthú do ghluaiseacht an Mhadra Uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bearna – is sruthchúrsaí atá iontu seo a bhféadfadh daonra Madra Uisce cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe a bheith ag baint úsáid astu. | Bearta chun a chinntiú go leanann conair de bheith ar fáil don Mhadra Uisce ar fud sruthchúrsaí Shruthán Bhearna<br>Roinn 10.9 |
| Riosca Mortlaíochta ag teacht ó thrácht bóthair | Níl sé sainithe in aon cháipéis reatha faoi chuspóirí caomhnaithe | Cé go bhfuil an fhéidearthacht ann ó thaobh rochtain don Mhadra Uisce chuig an gcarrbhealach beartaithe lasmuigh de theorainn cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, tá an fhéidearthacht ann fós go gcruthóidh an fhorbairt bheartaithe bóthair riosca mortlaíochta ar bhonn buan do dhaonra Madra Uisce Chuan na Gaillimhe (is dóigh a bheidh ag úsáid na gnáthóige feadh Sruthán Bhearna agus Sruthán Thóin na Brocaí) a bhféadfadh éifeachtaí fadtéarmacha a bheith acu ar an daonra áitiúil | Úsáid a bhaint as fálú atá frithsheasmhach in aghaidh madraí uisce chun cosc a chur orthu rochtain a fháil chuig an mbóthar mór.<br>**Roinn 10.10.2** |
| [1365] Rón beag *Phoca vitulina*<br>Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais don Rón Beag in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas: | | | |
| Rochtain chuig gnáthóg fheiliúnach: Líon na mbacainní saorga. | Níor cheart go gcuirfeadh bacainní saorga srian ar úsáid an tsuímh ag an réimse speiceas laistigh den suíomh. | Níl<br>Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair breis is 1km ón limistéar cósta laistigh den cSAC agus ní baol go gcuirfidh sé teorainn le raon na rónta beaga i gCuan na Gaillimhe. | Níl |
| Iompar póraithe: Suíomhanna póraithe | Caomhnaigh suíomhanna póraithe i riocht nadúrtha. | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | chaighdeán/riocht na suíomhanna póraithe sa cSAC | **Roinn 10.4** |
| Iompar folta: Suíomhanna tarraingthe-amach folta | Caomhnaigh suíomhanna tarraingthe-amach folta i riocht nádúrtha | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar chaighdeán/riocht na suíomhanna tarraingthe-amach folta sa cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Iompar scíthe: Suíomhanna tarraingthe-amach scíthe | Caomhnaigh suíomhanna tarraingthe-amach scíthe i riocht nádúrtha | D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála cur isteach ar chaighdeán/riocht na suíomhanna tarraingthe-amach scíthe sa cSAC | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Corraíl: An leibhéal tionchair | Ba chóir go dtarlódh gníomhaíocht dhaonna ag leibhéil nach gcuireann isteach go dochrach ar líon na rónta beaga ar an suíomh. | Níl<br>Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair breis is 1km ón limistéar cósta laistigh den cSAC agus ní baol go gcuirfidh sé as do na rónta beaga. | Níl |

## 9.3 SPA Loch Coirib

### 9.3.1 Leasanna Caomhantais Speisialta agus Cuspóirí Caomhantais SPA Loch Coirib

Liostaítear thíos i **dTábla 9.24** na speicis éin SCI agus an cuspóir caomhantais foriomlán do gach ceann acu. Is iad na cinn dhaite (i nglas) na SCI-anna a taifeadadh laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair agus a bhfuil, dá bharr sin, riosca imbhuailte ag baint leo ó thionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair.

**Tábla 9.24: SCI-anna SPA Loch Coirib**[46]

| SCI-anna | Cuspóir Caomhnaithe |
|---|---|
| Gé bhánéadanach Ghraonlannach *Anser albifrons flavirostris* [A395] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Gadual *Anas strepera* [A051] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Spadalach *Anas clypeata* [A056] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Póiseard *Aythya ferina* [A059] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Lacha bhadánach *Aythya fuligula* [A061] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Scótar *Melanitta nigra* [A065] – Pórú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Cromán na gcearc *Circus cyaneus* [A082] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Cearc cheannann *Fulica atra* [A125] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Feadóg bhuí *Pluvialis apricaria* [A140] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Sléibhín *Chroicocephalus ridibundus* [A179] – Pórú/Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Faoileán bán *Larus canus* [A182] – Pórú/Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Geabhróg *Sterna hirundo* [A193] – Pórú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Geabhróg Artach *Sterna paradisaea* [A194] – Pórú | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |
| Bogaigh agus Éin Uisce [A999] | An riocht fabhrach caomhantais a aisiriú |

Ní cáipéis cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láithreán ar fáil faoi láthair do SPA Loch Coirib. Ach i gcomhar le breith ar an gcuspóir cineálach caomhantais "Bail chaomhantais mhaith na speiceas éin a liostaítear mar Leasanna Speisialta Caomhantais don SPA seo a choinneáil nó a athchóiriú", cuireadh sraith cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láithreán i dtoll a chéile do SCI-anna SPA Loch Coirib agus úsáideadh í chun bonn eolais a chur faoin measúnú seo, bunaithe ar cháipéisí dá leithéid atá ar fáil do láithreáin Eorpacha eile ina bhfuil speicis SCI choibhéiseacha (féach **Foscríbhinn N**). Mar cur chuige

[46] Cuspóirí caomhnaithe NPWS (2015) do SPA Loch Coirib [004042]. Leagan Cineálach 4.0. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

réamhchúramach, úsáidtear "athchóiriú" chun an cuspóir caomhantais sa mheasúnú seo a shainiú. Leagtar amach ansin na tréithe, bearta agus spriocanna a mbeifí ag súil a shaineodh bail chaomhantais mhaith na speiceas éin SCI laistigh de SPA Loch Coirib. Mhol an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an cur chuige sin (féach an freagra comhairliúcháin ón tSeirbhís i **Roinn 3.1**).

I **dTábla 9.30** thíos cuirtear i láthair na tréithe agus na spriocanna sonracha a úsáideadh chun cuspóirí caomhantais na speiceas SCI a shainiú.

Tógtar daonraí bonnlínte na SCI-anna ó na sonraí a chuirtear i láthair i dTábla 3.2 d'Fhoirm Sonraí Caighdeánacha na Láithreán Eorpach le haghaidh SPA Loch Coirib.[47]

## 9.3.2 An Bhunlíne Éiceolaíochta

Láithreán ollmhór is ea é SPA Loch Coirib ina gcuimsítear Loch Coirib, an chuid is mó dá oileáin, agus cuid mhór den ghnáthóg bhogaigh atá thart ar imeall an locha. Ní thrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair SPA Loch Coirib. Tá na limistéir is gaire, áfach, den chineál sin gnáthóige bogaigh den fhorbairt bheartaithe bóthair ag Tóin an Churraigh agus ag Cúl an Oileáin, áit a bhfuil mósáic bogaigh idir phortaigh, fraoch, cíb, seascann, riasc agus gnáthóga féarthailte fliucha.

Cé go bhfuil an SPA seo suite lasmuigh den fhorbairt bheartaithe bóthair, agus suas an sruth uaithi, rinneadh cuid mhór de na speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid an SPA a thaifeadadh ar láithreáin suirbhéireachta geimhridh ar fud limistéar staidéir na scéime. Bhí raon leathan cineálacha gnáthóige ann i ndáil leis na láithreáin sin, mar atá lochanna nádúrtha/leathnádúrtha agus coimpléisc fhéaraigh (Loch an Dúlaigh, Lochanna na gCualach agus Loch Inse), Abhainn na Gaillimhe, agus mósáicí ardtalún ina bhfuil portach, fraochmhá agus tailte féaraigh de chineál fliuch agus aigéadach, mar aon le gnáthóga feabhsaithe dianbhainistithe amhail páirceanna talmhaíochta agus limistéir thaitneamhachta laistigh de Chathair na Gaillimhe (e.g. Saoráidí Áineasa OÉG).

Taifeadadh dhá speiceas éin le linn na suirbhéireachtaí ar éin ghoir agus is SCI-anna iad sin de chuid SPA Loch Coirib a mhéid a bhaineann lena bpobal póraithe: Geabhróg agus Sléibhín. Tá an méid sin i gcomhréir, i gcoitinne, le torthaí na suirbhéireachtaí a rinneadh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe sa tréimhse 2005/2006 i ndáil le Scéim Sheachród Lasmuigh Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006), tráth ar taifeadadh na speicis sin go minic feadh na habhann thar mhíonna an tsamhraidh ach bhí líon íseal i gceist. Ina theannta sin, is minic a taifeadadh speiceas póraithe SCI eile le linn shuirbhéireachtaí 2005/2006 i rith an tsamhraidh: Faoileán bán.

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachta ar éin ghoir le fáil i **bhFoscríbhinn H**. Tá torthaí na suirbhéireachtaí ar éin póraithe i leith na speiceas sin ar taispeáint i **bhFíoracha 8.1** go **8.2**.

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachtaí ar éin geimhrithe, de réir mar a bhaineann leis na speicis sin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib agus SPA

---

[47] ar fáil ag http://www.npws.ie/sites/default/files/protected-sites/natura2000/NF004042.pdf

Chuan na Gaillimhe, ar fáil i **bhFoscríbhinn I**. Tá láithreáin suirbhéireachta na n-éan geimhrithe dá dtagraítear ansin ar taispeáint i **bhFíor 9**.

### 9.3.3 Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha

Toisc nach dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair trasna an SPA, níl aon tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar aon speiceas SCI ná ar a ngnáthóga tacaíochta laistigh den SPA.

Tá na tionchair fhéideartha seo a leanas ann, áfach, lena bhféadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar (in easnamh bearta maolaithe) ar speicis éin SCI nó ar a ngnáthóga cothaithe bogaigh laistigh de SPA Loch Coirib:

- Díghrádú gnáthóige mar gheall ar thionchair hidrigeolaíocha – tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair go mbeidh éifeacht aici ar an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana a chothaíonn gnáthóga bogaigh atá ag brath ar screamhuisce (ag láithreán fhéideartha ex-situ[48]) agus a thacaíonn chomh maith le speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna SPA Loch Coirib
- Díghrádú gnáthóige mar gheall ar thionchair hidreolaíocha - tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht a bheith aici ar cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha a chothaíonn gnáthóga uisceacha agus bogaigh (laistigh den SPA agus ag láithreáin ex-situ) a chothaíonn speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna SPA Loch Coirib
- Cur Isteach/Cur as Áit – d'fhéadfadh cur as áit éin SCI ó limistéir ghnáthóige tábhachtach laistigh agus lasmuigh de theorainn an SPA (m.sh. láithreáin fhéideartha ex-situ) a bheith mar thoradh ar chur isteach le linn tógála agus/nó le linn oibríochta
- Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige - téann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí láithreáin fhéideartha "ex-situ" inar taifeadadh speicis éin SCI, agus beidh sí ina cúis le caillteanas gnáthóige iontu

[48] Leagtar amach an gá atá leis an úsáid a bhaineann speicis éin SCI as láithreacha gnáthóige taobh amuigh de SPA i Roinn 3.1 agus 5.2 de *Inner Galway Bay Special Protection Area (Site Code 4031), Conservation Objectives Supporting Document, Version 1* (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013d). Tugtar láithreáin "exsitu" ar na láithreacha sin agus sainítear iad mar láithreacha gnáthóige laistigh den chúlchríoch díreach thart ar an SPA, nó i láithreacha a bhfuil nasc éiceolaíoch acu leis, a thacaíonn le speicis éin SCI. Níl aon fhaisnéis ná fianaise a dheimhníonn an ionann aon cheann de na speicis éin a taifeadadh i ngnáthóga lasmuigh de láithreáin Eorpacha, atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe, agus éin ó SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, nó nach cuid de dhaonra ceachtar láithreán Eorpach iad. Dá bhrí sin, tá cur chuige réamhchúramach á úsáid agus glactar leis gur láithreáin fhéideartha "ex-situ" aon láthair gnáthóige a thacaíonn le speicis éin SCI faoin sainiú sin, agus déantar measúnú orthu dá réir sin.

### 9.3.4 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha Dhíreacha agus Indíreacha

#### 9.3.4.1 Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíoch/hidreolacha a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint

***Hidrigeolaíocht***

I dtéarmaí idirghníomhú le screamhuisce, tá an fhéidearthacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm ar líon an screamhuisce (éifeachtaí dí-uiscithe agus ídithe uisce i rith na tógála, agus éifeachtaí ídithe uisce i rith na hoibríochta de bharr gearrthacha bóthair) agus ar cháilíocht an screamhuisce sa chomhshaol glactha.

Síneann ZoI hidrigeolaíoch na forbartha beartaithe bóthair thar theorainn na forbartha beartaithe i go leor áiteanna, áit lena mbaineann an fhéidearthacht tionchar a bheith aige ar ghnáthóga atá ag brath ar screamhuisce lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe. Is é WB07 (An Chloch Scoilte) (féach **Fíor 9**) an t-aon láithreán de chuid an tsuirbhé ar éin gheimhrithe a chothaíonn speicis éin atá liostaithe mar SCI sa chuid thiar den limistéar staidéir a luíonn laistigh den ZoI sínte seo. Ag an láithreán éin gheimhrithe sin, ní shíneann an ZoI hidrigeolaíoch (1.8 m idir Ch. 1+600 agus Ch. 1+950, agus 10.6m idir Ch. 2+230 agus Ch. 2+640) chun dul i bhfeidhm ar aon láithreacha gnáthóige a bhraitheann ar screamhuisce (e.g. fraochmhá fhliuch) agus, dá bhrí sin, ní rachaidh sé i bhfeidhm ar oiriúnachta na mósáice seo de ghnáthóg tailte móna/scrobarnaí seo chun leanúint ar aghaidh ag tacú le héin gheimhrithe. Níor taifeadadh aon speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Loch Coirib ag WB07 i rith na suirbhéanna geimhridh ar éin. Níos ginearálta, ar fud chuid thiar na forbartha beartaithe bóthair, téann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí láithreacha raithní agus/nó scrobarnaí tibhe, agus féaraigh talmhaíochta fhliuch/fheabhsaithe. Ar an gcaoi chéanna, ní rachaidh éifeachtaí na forbartha beartaithe bóthair i dtéarmaí tionchair hidrigeolaíocha i bhfeidhm ar a n-oiriúnacht tacú le héin gheimhrithe.

Feadh chuid thoir na forbartha beartaithe bóthair, níl ach dhá láthair bogaigh a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce sa ZoI hidrigeolaíoch neamhmhaolaithe (féach Tábla 5 i **bhFoscríbhinn A** le haghaidh an chreasa tionchair a bhaineann le gach gearradh.

Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh de na dobharlaigh screamhuisce céanna a chuireann soláthar screamhuisce chuig Lochanna na gCualach (GWB Loch Coirib Eanach 1 – féach **Fíor 10.2.2** agus **Fíoracha 10.3.3** go **10.3.4**) a thacaíonn le cuid den fhásra uisceach imeallach (GWB an Chláir-Coirib – féach **Fíoracha 10.3.7** agus **10.3.8**). Mar a shonraítear thuas i **Roinn 9.1.4.3** (cSAC Loch Coirib), ní bheidh faoi thionchar le linn tógála (a bhaineann le piaraí Tharbhealach Mhionlaigh[49]) ach amháin an soláthar screamhuisce chuig Lochanna na gCualach (WB04) agus na

[49] Is é Fuarán thiar Chúil Each an fuarán carstach laistigh d'Eanach Loch Coirib 1 GWB 1 (Mionlach) agus is é sin príomhfhoinse an tsreafa screamhuisce go Lochanna Chúil Each.

gnáthóga bogaigh a chothaítear. Níor úsáid speicis éin a liostaítear mar SCI-anna an SPA an láithreán seo go minic, agus nuair a taifeadadh iad bhí an líon íseal (idir éan amháin ar leith agus cúig cinn go hiondúil) – féach **Foscríbhinn I**. Á chur sin san áireamh, agus go gcuireann Abhainn na Gaillimhe le Lochanna Chúil Each freisin, cé go bhféadfadh go mbeadh éifeacht éigin ar leibhéil agus fairsinge uisce, ní bheadh an láthair míoiriúnach dá bharr ná in ann tacú leis na speicis éin gheimhrithe a taifeadadh ansin (an líon sin). Ar aon chuma, teastaíonn bearta maolúcháin chun tionchar dá leithéid a sheachaint agus chun a chinntiú nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe bóthair ina riosca do líon ná cáilíocht an screamhuisce a théann go Lochanna Chúil Each (féach **Roinn 10.3**). Mar a phléitear i **bhFoscríbhinn A** agus i **bhFoscríbhinn F**, ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair srian ná bac ar chonairí sreafa screamhuisce reatha a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce.

Tá riosca ann áfach, sna codanna sin den fhorbairt bheartaithe bóthair a bhfuil aolchloch fúthu, go bhféadfadh doirteadh tarlú trí thimpiste i rith na tógála i láithreacha ina bhfuil an bhuncharraig ris ann, ar nós na láithreacha sin ina bhfuil an screamhuisce thar a bheith leochaileach nó an-leochaileach (Fíor 3.01 agus Fíor 3.02 i **bhFoscríbhinn A**) nó ina bhfuil an aolchloch charstach ris mar gheall ar ghearrthacha agus tochailtí. Teastaíonn bearta maolúcháin dá bhrí sin chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce i rith na tógála (féach **Roinn 10.3**).

Cinnteoidh dearadh draenála na forbartha beartaithe bóthair (mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2**) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríocht – mar a dhéantar cur síos air i **bhFoscríbhinn A** agus i **bhFoscríbhinn F**.

Cé go gcinnteoidh dearadh na draenála go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríochta, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht air chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. Má shainaithnítear é sin i rith gnáthchigireachtaí ar na himchuacha insíothlúcháin teastóidh maolú chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar aon fhadhbanna ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (féach **Roinn 10.3**).

Mar a phléitear sa tuarascáil Hidrigeolaíochta i **bhFoscríbhinn A**, tá Loch Bhaile an Dúlaigh ar ghrádán thuas ón bhforbairt bheartaithe bóthair sa dá dobharlach screamhuisce a chuireann screamhuisce sa loch sin (GWB Abhainn an ChláirAbhainn na Gaillimhe [Baile an Dúlaigh Thoir] agus GWB Abhainn an ChláirAbhainn na Gaillimhe [Baile an Dúlaigh Thiar]). Dá bhrí sin, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca do chainníocht nó do cháilíocht screamhuisce atá ag cur soláthar ar fáil do Loch Bhaile an Dúlaigh.

***Hidreolaíocht***

Tá an fhéidearthacht le linn tógála ag rith chun srutha uisce dromchla atá éillithe agus/nó ag eachtra a bhaineann le doirteadh nó le truailliú trí thimpiste isteach in aon ghné uisce dromchla, tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha. Tá an fhéidearthacht ann freisin go rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe, Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh; is láithreáin bogaigh iad sin ar fad a thacaíonn le speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Loch Coirib. Mar a phléitear i **Roinn**

**9.1.4.4** (maidir le cSAC Loch Coirib agus Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each) ní rachfar i bhfeidhm ar an réimeas hidreolaíoch a thacaíonn leis na gnáthóga bogaigh ag na láithreáin sin. Is féidir le héifeachtaí imeachtaí truaillithe minice agus/nó fada i gcóras abhann a bheith fairsing agus forleathan, agus d'fhéadfaidís tionchar suntasach fadtéarmach a imirt. Sa chás is measa, le himeacht truaillithe a bheadh dona go leor, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm freisin ar thimpeallacht na mara.

Ach is beag seans ar chor ar bith go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin i rith na tógála. Meastar go mbeadh aon imeachtaí truaillithe a d'fhéadfadh a tharlú sách beag i gcomparáid le toisc caolaithe agus cumas asamhlaithe Abhainn na Gaillimhe, nó go mbeidís sealadach, agus dá bhrí sin ní dócha go mbeadh aon éifeachtaí inbhraite ná fadréimseacha acu. Mar sin féin, tá cur chuige réamhchúramach á thógáil nuair atá leibhéal riosca na dtionchar ar cháilíocht an uisce á thuar agus teastaíonn bearta maolúcháin chun an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht an uisce i rith na tógála a laghdú.

Cé go raibh taifeadadh déanta ar an nGeabhróg feadh conair Abhainn na Gaillimhe le linn suirbhéanna éin phóraithe sa bhliain 2015, agus go raibh taifeadadh déanta orthu freisin feadh Abhainn na Gaillimhe mar chuid de shuirbhéanna na bliana 2006 maidir le Seachbhóthar Seachtrach Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006), ní bheidh éifeacht ag aon tionchar ar an gcáilíocht uisce anseo ar rathúlacht póraithe dhaonra na Geabhróige in aon bhealach mar nach mbeidh i gceist ach limistéar gnáthóige réasúnta beag laistigh de mheán-raon sealgaireachta don speiceas (thart ar 15km, a chuimsíonn Loch Coirib ina iomláine).

Beidh pointí srutha éalaithe chuig gnéithe uisce dromchla ón ngréasán draenála bóthair beartaithe i rith na hoibríochta. Mar sin féin, i bhfianaise an dearaidh draenála, mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2** agus i **Roinn 10** agus i **bhFoscríbhinn B**, **Foscríbhinn A** agus **Foscríbhinn C** (lena n-áirítear maolú agus gnéithe rialaithe truaillithe), ní bheidh aon tionchar inbhraite ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha mar gheall ar ghnáthcháilíocht oibríochta uisce na sruthanna éalaithe draenála, fiú sa chás neamhdhóchúil go dtarlóidh imeacht truaillithe. Ní bheidh aon doirteadh draenála go Lochanna Chúil.

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha hidrigeolaíocha/hidreolaíocha a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.25** thíos.

**Tábla 9.25: Achoimre ar Thionchair Hidrigeolaíocha/Hidreolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do chainníocht an screamhuisce | Ní fhéadfaí<br>Cé go bhfuil sé de chumas ag an bhforbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don soláthar screamhuisce do | Níl |

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|
| | ghnáthóga bogaigh go logánta, ní dhéanfaidh sé sin difear d'úsáid na ngnáthóg sin sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail do na pobail SCI | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | D'fhéadfaí<br>Dá rachfaí i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar chineál, cáilíocht agus fairsinge na gnáthóige oiriúnaí ar fáil do speicis éin SCI | Tá<br>Chun a chinntiú nach rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce sa bhunuiscíoch (**Roinn 10.3**) |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | D'fhéadfaí<br>Dá rachfaí i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga agus speicis uisceacha/bogaigh/mara, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar chineál, cáilíocht agus fairsinge na gnáthóige oiriúnaí atá ar fáil do speicis éin SCI | Tá<br>Chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sa chomhshaol glactha i rith na tógála (**Roinn 10.4**) |
| **Oibríocht** | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | Ní fhéadfaí<br>Cé nach gcuirfidh dearadh na forbartha beartaithe bóthair srian ná bac ar chonairí sreafa screamhuisce reatha a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce a úsáideann speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Loch Coirib, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair<br>(mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | Ní fhéadfaí<br>Cinnteoidh dearadh na draenála (mar a dhéantar cur síos air i Roinn 6, agus Foscríbhinní G, H agus I) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair |

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| | hoibríochta, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. | (mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |

### 9.3.4.2 Suaitheadh/cur as áit – laistigh den SPA

Tá an teorainn SPA níos mó ná 700 m ó na príomhoibreacha tógála a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, i.e. príomhlíne agus ceangal den ghréasán bóthair reatha. Ag an bhfad sin, ní bheadh aon éifeachtaí suaite ná díláithrithe le brath laistigh den SPA i rith na tógála. Chomh maith leis sin, ní dhéanfar aon phléascadh laistigh de 800 m de SPA Loch Coirib.

Tá sruth éalaithe draenála Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 beartaithe ó Acomhal Pháirc na Sceach go hAbhainn na Gaillimhe thart ar 200m ón SPA ag a raon is faide soir ó thuaidh (**Fíoracha 13.2** agus **14.2**) agus tógáil bóthair rochtana ag Mionlach a bheidh c.90m ón SPA bheifí ag súil le leibhéal éigin suaite mar gheall ar obair thógáala ar speicis éin ar chainéal na habhann agus ag cuid theas de Chúl an Oileáin. Ach toisc go mbeidh na hoibreacha sin sealadach (mairfidh siad thart ar thréimhse míosa tógála), nach mbeadh suaitheadh i gceist ach in achar réasúnta beag laistigh den ZoI suaite (c.9ha), agus go meastar go rachaidh na speicis éin i gcleachtadh ar na leibhéil torainn thuartha ag fad 200-300m, ní bheidh díláithriú fadtéarmacha speicis éin SPI ó ghnáthóga laistigh den SPA ann mar ghoradh ar shuaitheadh a bhaineann leis an tógáil.

Liostaítear Sléibhín, Faoileán bán agus Geabhróg mar SCI-anna mar gheall ar a ndaonraí póraithe[50]. Tá an láithreán póraithe is gaire don Sléibhín i gCairéal Ghort an Chalaidh; thart ar 1.3km ó thuaidh den fhorbairt bheartaithe bóthair, ina raibh 11 láithreán neide den 431 a taifeadadh i rith shuirbhé 2007. Tá go leor oileán ar Loch Coirib a úsáideadh go traidisiúnta mar láithreáin póraithe don Fhaoileán Bán, agus go leor bánna, oileán agus stráicí den líne chladaigh ar an loch a úsáideadh go traidisiúnta mar láithreáin neadaithe don Gheabhróg. Bhí an láithreán ba ghaire díobh siúd ar Walsh's Island, níos mó ná 8.5km ó thuaidh ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Ag an bhfad sin, bheadh na láithreáin póraithe taobh amuigh den ZoI d'aon éifeachtaí suaite/díláithrithe i rith tógála nó oibríochta.

***Achoimre***

Cuirtear achoimre maidir leis an tionchar féideartha díshocraithe agus díláithrithe ar limistéar SPA Loch Coirib a cheanglaítear leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i láthair in **Tábla 9.26** thíos.

[50] Déantar cur síos ar láithreáin póraithe na speiceas sin ar Loch Coirib in Hunt & Heffernan (2007)

**Tábla 9.26: Achoimre maidir le Tionchar Díshocraithe/Díláithrithe i Limistéar SPA Loch Coirib**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Díshocrú/díláithriú ar speicis éin SCI taobh istigh de limistéar SPA Loch Coirib le linn na tógála | Ní fhéadfaí,<br>Toisc go bhfuil SPA Loch Coirib taobh amuigh den ZoI d'aon suaitheadh fadtéarmach a bhaineann leis an tógáil | Níl |
| **Oibríocht** | | |
| Díshocrú/díláithriú ar speicis éin SCI taobh istigh de limistéar SPA Loch Coirib le linn na hoibríochta | Ní fhéadfaí,<br>Toisc go bhfuil SPA Loch Coirib taobh amuigh den ZoI d'aon suaitheadh i rith oibríocht na forbartha beartaithe bóthair | Níl |

Dá bhrí sin, dá laghad suaite a bheidh i gceist d'éin SCI laistigh den SPA i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, ní bheidh sí ina húdar le díláithriú fadtéarmach, agus ní rachaidh sí i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis seo i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

### 9.3.4.3 Suaitheadh/cur as áit - ag láithreáin fhéideartha ex-situ

Mar a pléadh roimhe seo i **Roinn 7.8**, ní thuartar go mbeidh suaitheadh fada éigin a bhaineann leis an tógáil i gceist ach sna láithreáin éin gheimhrithe, nó láithreáin fhéideartha "ex-situ", atá laistigh de 300m den fhorbairt bheartaithe bóthair, nó iontu siúd atá laistigh de 800m de láithreacha inar dócha go dtarlóidh gníomhaíocht fhada pléasctha. As an 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu, tá 19 gcinn laistigh den ZoI suaite sin nó tá cuid díobh laistigh de; agus astu sin, thacaigh ocht gcinn le speicis éin a liostaítear mar SCI-anna do SPA Loch Coirib: Sléibhín, Faoileán bán, Geabhróg, Cearc cheannann, Feadóg bhuí, Cromán na gcearc, Spadalach agus Lacha bhadánach. Tugtar na torthaí iomlána ar na suirbhéanna geimhridh ar éin i **bhFoscríbhinn I**.

***Gé bhánéadanach Ghraonlannach, Gadual, Póiseard, Scótar, agus Geabhróg Artach***

Níor taifeadadh Gé bhánéadanach Ghraonlannach, Gadual, Póiseard, Scótar, ná Geabhróg Artach in aon cheann de na láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe don fhorbairt bheartaithe bóthair, ná níor taifeadadh iad feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006). Dá bhrí sin, níl na SCI-anna sin i mbaol aon éifeachtaí suaite ó thógáil ná ó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair. Liostaítear péire de na speicis sin mar SCI-anna dá ndaonraí póraithe, Scótar agus Geabhróg Artach, ach tá na láithreáin póraithe is gaire níos mó ná 14km agus 10km, faoi seach, ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus dá bhrí sin tá siad taobh amuigh den ZoI suaite.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair ag aon láithreán féideartha ex-situ i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na speiceas sin i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

***Spadalach***

Taifeadadh Spadalach ar cheann amháin de na láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe, nó ag eitilt isteach ann, in 2014/15: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02). Taifeadadh idir 10 agus 144 Spadalach i gcúig de na seacht gcuairt suirbhéireachta. Is líon suntasach é ealta 144 éan agus sáraíonn sé daonra geimhridh bonnlíne an SPA de 90. Mar a bheifí ag súil leis i gcás speicis lacha tumthaí, ba é an phríomhghnáthóg a úsáideadh ag Loch Bhaile an Dúlaigh príomhdhobharlach an locha féin, atá thart ar 300 m ón bhforbairt bheartaithe bóthair ag an bpointe is gaire.

Tá trí ghné san fhorbairt bheartaithe bóthair a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar Loch Bhaile an Dúlaigh, agus ar aon speicis ar liosta SCI ann, mar gheall ar shuaitheadh a bhaineann le tógáil: suiteáil an sconsa ó thuaidh den fhorbairt bheartaithe bóthair, idir Ch. 12+250 agus Ch. 12+400, thart ar 240m ó chladach an locha, an gearradh soir ó Chairéal Leacaigh (atá thart ar 450m ón loch); agus an gearradh ag an gCaisleán Gearr (thart ar 350m ón loch).

Bheadh leibhéil torainn a bhainfeadh leis an sconsa a shuiteáil sealadach (cúpla lá) agus meastar go mbeidís faoi bhun 50dB ag an bhfad sin agus dá bhrí sin nach ndíláithreofaí éin gheimhrithe ón loch mar ghealla ar an torann. D’fhéadfadh go mbeadh éifeacht suaite shealadach níos mó daoine sa gharthimpeallacht; ní rachfaí i bhfeidhm ar fhormhór na gnáthóige bogaigh. Ní rachadh ceachtar díobh i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an speiceas as an loch go fadtéarmach. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

***Lacha bhadánach***

Taifeadadh Lacha bhadánach ag ceann amháin de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), nuair a taifeadadh an speicis ceithre huaire sa gheimhreadh (Samhain, Eanáir, Feabhra agus Márta). Ba é an líon ba mhó a taifeadadh 26 cinn i mí Eanáir 2015, arbh ionann é seans agus <0.5% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 5,521.

Mar a pléadh thuas maidir leis an Spadalach agus suaitheadh a bhaineann le tógáil ar éin uisce ar phríomhdhobharlach an locha, teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/cur as áit ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

***Cromán na gCearc***

Taifeadadh Cromán na gcearc (ceann amháin ar leith) i ngar do Loch Inse i mí Eanáir 2015. Tá láthair Loch Inse níos mó ná 1km ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus ag an bhfad sin ní bheidh sé faoi réir aon éifeachtaí suaite/díláithrithe mar

gheall ar thógáil nó oibríocht. Is eol freisin go mbíonn fara ag Cromán na gcearc mar phobal sa gheimhreadh laistigh den SPA, i líon a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis,[51] agus tá taifead ar speicis ó Thóin an Churraigh, Cúl an Oileáin, Mionlach agus Gort an Chalaidh (RPS, 2006). Níl aon cheann de na láithreáin fara geimhridh laistigh den ZoI suaite tógála ná oibríochta agus dá bhrí sin ní dhíláithreofaí Cromán na gcearc.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná cur as áit ar Chromán na gcearc ón SPA nó ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

***Cearc cheannann***

Taifeadadh Cearc cheannann ag trí cinn de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), agus feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12 agus taifeadadh freisin í in RPS, 2006). Cé gur taifeadadh Cearc cheannann go rialta ag na láithreáin sin ar fad, bhí an líon íseal; taifeadadh 11 cheann ar a mhéad ag Loch Bhaile an Dúlaigh i mí Feabhra/mí an Mhárta 2015 (arbh ionann é seans agus 0.08% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 14,473).

Taifeadadh Cearc cheannann ar an uisce oscailte nó i measc fásra uisceach imeallach ag gach ceann de na láithreacha sin. Ag gach láithreán éin gheimhrithe bhí na gnáthóga sin laistigh den ZoI suaite tógála ginearálta agus bheifí ag súil le suaitheadh/cur as áit éigin. Ach ní rachadh an suaitheadh i bhfeidhm ar líon sách beag Cearc cheannann i gcomhthéacs dhaonra an SPA. Cuimsíonn an ZoI suaite tógála agus oibríochta ag Lochanna Chúil Each agus feadh chonair Abhainn na Gaillimhe achar réasúnta beag i gcomhthéacs gnáthóg oiriúnach mhalartach atá ar fáil don speiceas go háitiúil, agus i rith na tógála ní dhíláithreoidh éifeachtaí suaite Cearc cheannann ó na láithreáin sin. I rith na hoibríochta, ní dhíláithreofar Cearc cheannann ón ngnáthóg laistigh de na láithreáin éin gheimhrithe sin.

Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

***Feadóg bhuí***

Taifeadadh Feadóg bhuí ag péire de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: soir agus siar ó Loch Inse (WB06 agus WB08, faoi seach). Tá an láithreán suirbhéireachta soir ó Loch Inse níos mó ná 700m ón bhforbairt bheartaithe bóthair, fad atá i bhfad taobh amuigh den ZoI suaite tógála agus oibríochta ag a rachadh éifeachtaí suaite nó díláithrithe i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Fheadóg bhuí as an láthair.

---

[51] Eolas ón leagan reatha den Achoimre Láithreáin don SPA (nach raibh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra tráth a scríobhadh seo) agus ó chomhairliúchán le comhaltaí foirne na Seirbhíse – de bharr chomh leochaileach is a bhíonn láithreáin fara Chromán na gcearc tugadh na láithreacha fara geimhridh faoi rún agus dá bhrí sin ní chuirtear ar léarscáil iad ná ní fhoilsítear faid go láithreáin fara geimhridh.

Taifeadadh Feadóg bhuí go minic ag WB08 (ceithre cinn as seacht gcuairt suirbhéireachta) ach, seachas i gcás amháin nuair a taifeadadh ealta de 73 éan (Samhain 2014), bhí líon sách beag i gceist (naoi n-éan ar a mhéad, arbh ionann é seans agus 0.5% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 1,727; bheadh 4.2% i gceist leis an uaslíon de 73 éan). Níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ach beagán taobh istigh d'imeall deas an láithreáin éin gheimhrithe sin, i gceantar ina bhfuil dlús réasúnta ard d'árais chónaithe do cheantar ard, i bhfad (níos mó ná 700 m) ó na tailte móna siar ó Loch Inse ar ar chonacthas na héin. Ag an bhfad sin, ní rachadh éifeachtaí suaite ná díláithrithe a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Fheadóg bhuí as an láthair.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht ag cur isteach nó ag cur as áit na Feadóige Buí as láithreáin fhéideartha ex-situ, le linn tógála nó oibríochta na forbartha beartaithe bóthair, ar spriocanna ná ar airíonna cuspóir caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais an speiceas seo in SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

***Sléibhín (pórú agus geimhriú)***

Cé gur taifeadadh an Sléibhín feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéireachta ar éin phóraithe in 2015 a rinneadh don fhorbairt bheartaithe bóthair, agus gur taifeadadh an Sléibhín feadh Abhainn na Gaillimhe freisin mar chuid de na suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006), ní bheidh aon suaitheadh/cur as áit éan mar thoradh ar oibreacha tógála an droichid ach díreach in aice le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe agus ní chuirfear cosc ar éin ag cothú nó ag timaistriú feadh chonair na habhann. Ní rachaidh cur as áit sealadach ó láthair gnáthóige atá chomh beag sin i rith na tógála i bhfeidhm ar rath póraithe an speicis ar bhealach ar bith. Ní dhíláithreofar éin ón láthair mar gheall ar oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, go háirithe i bhfianaise a hairde os cionn na habhann (thart ar 10m).

Sa gheimhreadh, taifeadadh an Sléibhín go forleathan ar fud Chathair na Gaillimhe agus na ceantair máguaird (ó 39 as 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015) agus i líon idir ceann amháin ar leith agus ealta de 130 éan; ba é 20 éan an meánlíon in aghaidh an láithreáin faoi shuirbhéireacht in aghaidh na míosa. Ba iad na láithreáin sin laistigh de 300m den fhorbairt bheartaithe bóthair inar taifeadadh na healtaí níos mó d'os cionn 40 éan ar leith conair Abhainn na Gaillimhe (WB12) agus Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (WB45). Taifeadadh an Sléibhín go minic freisin feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006). Taobh amuigh den ZoI suaite tógála agus oibríochta tá láithreáin eile ar fáil go háitiúil inar taifeadadh ealtaí níos mó (>40 éan ar leith), agus gur dóigh go bhfuil tábhacht leo i gcás an daonra áitiúil: seacht bpáirc uirbeacha i gCathair na Gaillimhe (WB28, WB31, WB38, agus WB44) agus páirceanna ar chladach thuaidh Chuan Órán Mór (WB71), inar taifeadadh 130 éan i mí Dheireadh Fómhair 2014 (an taifead singil is airde i rith na suirbhéanna).

Nuair a áirítear gur taifeadadh formhór na n-éan feadh chonair Abhainn na Gaillimhe sa láthair díreach suas an abhainn ó Dhroichead na mBradán, is dócha gurb é Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an t-aon cheann de na

láithreáin éin gheimhrithe sin a bheidh faoi réir éifeachtaí suntasacha suaite/díláithrithe i rith na tógála.

Ní bheidh riosca suntasach de dhíláithriú oibríochta ag an láithreán seo i bhfianaise go bhfuil na héin a taifeadadh i bpáirceanna ar fud Chathair na Gaillimhe tar éis dul i gcleachtadh ar chomh gar is atá na bóithre reatha agus go n-ardófaí an fhorbairt bheartaithe bóthair os cionn leibhéal na talún trí Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a chuirfeadh scáthú radhairc idir na gnáthóga a úsáideann na faoileáin agus an trácht. Tuairiscíodh freisin i rith na suirbhéireachta ag an láithreán seo go raibh na héin á suaitheadh go rialta agus á ndíláithriú go sealadach ó pháirceanna imeartha mar gheall ar lucht úsáidte na saoráidí spóirt; shocraigh siad síos nó d'fhill siad go tapa ar an bpáirc chéanna nó chuaigh siad go ceann eile in aice láimhe.

Taifeadadh an Sléibhín i gceithre cinn de na seacht gcuairt suirbhéireachta ar Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus ba é 47 an líon ba mhó a taifeadadh ag aon chuairt amháin (Feabhra 2015); líon a d'fhéadfadh a bheith ionann le thart ar 23.9% de dhaonra bonnlíne an SPA, 197, agus 30 ar an meán thar an tréimhse suirbhéireachta a bheadh ionann le thart ar 15.2%. D'ainneoin chéatadán an daonra bonnlíne a d'fhéadfaí a dhíláithriú i rith na tógála san Ollscoil, meastar nach rachaidh an tionchar seo i bhfeidhm ar líon, dáileadh ná treocht reatha daonra don speiceas sa SPA (ní fhoilsítear sonraí reatha ar threocht daonra an speicis sa SPA ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoi láthair) i bhfianaise fhlúirse na ngnáthóige oiriúnaí malartaí (e.g. féarach áineasa) laistigh de champas spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus sa cheantar máguaird (mar is léir ón 39 láithreán ag ar taifeadadh an speiceas ar fud Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird), agus an úsáid neamhbhuan a bhaineann an Sléibhín as formhór na láithreán a ndearnadh suirbhéireacht orthu laistigh de limistéar staidéir scéim Thionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe, an N6 (Arup, 2016).[52]

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht ag cur isteach nó ag cur as áit an tSléibhín as láithreáin fhéideartha ex-situ, le linn tógála nó oibríochta na forbartha beartaithe bóthair, ar spriocanna ná ar airíonna cuspóir caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais an speiceas seo in SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

---

[52] Ní raibh an speiceas i láthair ag 77% de na láithreáin dhearfacha suirbhé (i.e. nuair a taifeadadh Sléibhín uair amháin ar a laghad) ar thrí cinn nó níos lú de na seacht gcuairt suirbhéireachta; ní raibh taifead ar an speiceas ag gach cuairt suirbhéireachta ach i láithreán amháin, conair Abhainn na Gaillimhe

### *An Faoileán Bán*

Cé gur taifeadadh an Faoileán bán feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéireachta ar éin phóraithe in 2015 a rinneadh don fhorbairt bheartaithe bóthair, agus gur taifeadadh an Sléibhín feadh Abhainn na Gaillimhe freisin mar chuid de na suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006), ní bheidh aon suaitheadh/díláithriú éan mar thoradh ar oibreacha tógála an droichid ach díreach in aice le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe agus ní chuirfear cosc ar éin ag cothú nó ag timaistriú feadh chonair na habhann. Ní rachaidh cur as áit sealadach ó láthair gnáthóige atá chomh beag sin i rith na tógála i bhfeidhm ar rath póraithe an speicis ar bhealach ar bith. Ní dhíláithreofar éin ón láthair mar gheall ar oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, go háirithe i bhfianaise a hairde os cionn na habhann (thart ar 10m).

Sa gheimhreadh, taifeadadh an Faoileán bán go forleathan ar fud Chathair na Gaillimhe agus na ceantair máguaird (ó 27 as 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015) agus i líon idir ceann amháin ar leith agus ealta de 120 éan. As an 27 láithreán suirbhéireachta ag a taifeadadh Faoileán bán, tá ocht gcinn laistigh de 300 m den fhorbairt bheartaithe bóthair. Seachas i gcás Abhainn na Gaillimhe (WB12) agus Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (WB45), taifeadadh Faoileán bán go neamhrialta (ar chuairt amháin as seacht gcuairt suirbhéireachta) agus i líon beag (16 éan ar leith nó níos lú) sna láithreáin a rachfar i bhfeidhm orthu. Tagann sé sin leis an treocht ar fud na 27 láithreán dearfach i limistéar staidéir na scéime, inar taifeadadh Faoileán bán ag 23 díobh ar cheann nó péire de na seacht gcuairt suirbhéireachta agus ag 21 láithreán suirbhéireachta taifeadadh níos lú ná deich n-éan i rith na gcuairteanna suirbhéireachta ar fad.

Cé gur taifeadadh go minic é sa láithreán suirbhéireachta ar Abhainn na Gaillimhe (sé cinn as seacht gcuairt suirbhéireachta don staidéar seo), agus go minc freisin feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006), níor taifeadadh na healtaí níos mó ach ar dhá ócáid. Bhí na taifid níos mó sin ag láithreacha níos mó ná 2km ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe, sa cheantar díreach suas an abhainn ó Dhroichead na mBradán, i mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2014 nuair a taifeadadh 48 éan agus 78 éan, faoi seach. Ag an bhfad sin, ní rachadh éifeachtaí suaite ná díláithrithe a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Faoileán bán as an láthair.

Níor taifeadadh an Faoileán bán chomh minic céanna ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ar trí cinn de na seacht gcuairt suirbhéireachta) agus níor taifeadadh ach éin shingile ar dhá ócáid, agus ealta de 21 éan i mí na Samhna 2014.

Tríd is tríd, má tharlaíonn díláithriú féideartha líon suntasach den Fhaoileán bán i rith na tógála ná na hoibríochta (is ionann taifead de 21 seans agus <43.8% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 48) ní rachfar i bhfeidhm ar líon, dáileadh ná treocht daonra reatha an speicis sa SPA[53] i bhfianaise an úsáid neamhbhuan a bhaineann an Faoileán bán as formhór na láithreán a ndearnadh suirbhéireacht orthu

[53] Ní fhoilsítear na sonraí reatha maidir le treochtaí daonra na speiceas sa SPA ar láithreán gréasáin an NPWS faoi láthair.

ina raibh siad, agus fhlúirse na gnáthóige oiriúnaí malartaí atá ar fáil (i.e. cuimsítear i bhformhór na 27 láithreán a úsáideann an speiceas go háitiúil féarach áineasa bainistithe nó páirceanna talmhaíochta bainistithe feadh an chósta).

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an bhFaoileán Bán ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

### *An Gheabhróg*

Cé gur taifeadadh an Gheabhróg feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéireachta ar éin phóraithe in 2015, agus gur taifeadadh an Sléibhín feadh Abhainn na Gaillimhe freisin mar chuid de shuirbhéanna 2006 (RPS, 2006), ní bheidh aon suaitheadh/díláithriú éan mar thoradh ar oibreacha tógála an droichid ach díreach in aice le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe agus ní chuirfear cosc ar éin ag cothú nó ag timaistriú feadh chonair na habhann. Ní rachaidh díláithriú sealadach ó láthair gnáthóige atá chomh beag sin laistigh den mheánréimse sealgaireachta don speiceas (thart ar 15 km, a áiríonn Loch Coirib ina iomlán) i rith na tógála i bhfeidhm ar rath póraithe an speicis ar bhealach ar bith. Ní dhíláithreofar éin ón láthair mar gheall ar oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, go háirithe i bhfianaise a hairde os cionn na habhann (thart ar 10m).

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an nGeabhróg ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

### *Achoimre*

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha suaite/díláithrithe ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.27** thíos.

**Tábla 9.27: Achoimre maidir le Tionchar Féideartha Míshuaimhnis/Díláithrithe ar láithreacha ionchais ex-situ**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| **Tógáil** | | |
| Oibreacha ginearálta tógála trína ndéantar speicis éin SCI a shuaitheadh/chur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ lasmuigh de SPA Loch Coirib | Ní fhéadfaí<br>Toisc nach gcuirfidh aon suaitheadh a bhaineann le tógáil srian le fairsinge na gnáthóige ar fáil d’aon speicis SCI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |
| Pléascadh ar feadh tréimhse fhada ag Cairéal Leacaigh agus ag an gCaisleán Gearr ina chúis le speicis éin atá | D’fhéadfaí<br>Toisc go bhféadfadh pléascadh fadtéarmach speicis éin a liostaítear mar SCI a | Tá<br>Srianadh séasúrach ar oibreacha pléasctha i ngar do Loch Bhaile an Dúlaigh chun |

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib ag Loch an Dúlaigh | dhíláithriú ó Loch Bhaile an Dúlaigh ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó; a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar an daonra geimhrithe SPA | a cinntiú nach mbíonn aon suaitheadh na díláithriú fadtéarmach ann (Roinn10.8) |
| **Oibríocht** | | |
| Speicis éin SCI a shuaitheadh/chur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ lasmuigh de SPA Loch Coirib le linn oibríochta | Ní fhéadfaí<br>Toisc nach srianfaidh aon suaitheadh oibríochta fairsinge na gnáthóige ar fáil d'aon speicis SPI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |

#### 9.3.4.4 Cailleadh/ilroinnt gnáthóige - ag láithreáin fhéideartha ex-situ

Beidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina húdar le leibhéil éagsúla caillteanas gnáthóige i naoi gcinn de na láithreáin éin gheimhrithe ag ar taifeadadh speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Loch Coirib: WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10, WB16, WB23 agus WB45.

Tríd is tríd, tá an t-achar caillteanas gnáthóige beag le hais fhairsinge gach láithreáin éin gheimhrithe a rachfar i bhfeidhm air. Tá na cineálacha gnáthóige atá á gcailleadh coitianta agus forleathan sa cheantar áitiúil máguaird, go háirithe na gnáthóga tailte móna/fraochmhá idir Bearna agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, a shíneadh siar ó thuaidh isteach go Conamara. Ar an gcaoi chéanna, i gcás éan (mar speicis atá thar a bheith soghluaiste), is dóigh nach mbeidh ilroinnt gnáthóige ina fadhb seachas mura mbeadh na geadáin gnáthóg ilroinnte neamhinmharthana go fadtéarmach mar gheall ar a méid laghdaithe, agus dá bhrí sin go gcuirfí srian ar fháil láithreacha móra de chineál áirithe gnáthóige go háitiúil. I bhformhór na gcásanna, níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ach beagán taobh istigh de na láithreáin éin gheimhrithe sin ar a dteorainn ó dheas (WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10 agus WB23) agus tá éifeachtaí na hilroinnte gnáthóige íseal, go háirithe ós rud é nach bhfuil sna gnáthóga i gcuid de na láithreáin éin gheimhrithe (e.g. WB01) ach cion beag de na gnáthóga céanna sin sa cheantar áitiúil.

Ní bheidh caillteanas gnáthóige, agus aon ilroinnt gnáthóige lena mbaineann, ag na láithreáin éin gheimhrithe ina údar le meath ar líon agus réimse na láithreacha gnáthóige ar fáil go háitiúil do speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Loch Coirib agus dá bhrí sin ní rachaidh sé i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ndaonraí SCI i SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.30**).

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha caillteanas agus ilroinnt gnáthóige ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.28** thíos.

**Tábla 9.28: Achoimre maidir le Tionchar Ilroinnt agus Cailleadh Gnáthóige ar Láithreacha Féideartha ex-situ**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|
| **Tógáil/Oibríocht** | | |
| Cailliúint agus bearnú gnáthóg ar láithreacha ex-situ taobh amuigh de limistéar SPA Loch Coirib a chuireann isteach ar an réimse gnáthóige atá ar fáil ag speicis SCI den éanlaith | Ní fhéadfadh<br>Toisc nach srianfaidh méid an chaillteanais agus na hilroinnte gnáthóige fairsinge na gnáthóige ar fáil d'aon speicis SPI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |

## 9.3.4.5 Achoimre

Cuirtear achoimre i láthair sa roinn seo maidir leis na tionchair fhéideartha ar dhaonraí éin SCI SPA Loch Coirib mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair agus an bealach ina bhfuil baint ag na tionchair sin le héifeacht a bheith acu ar chuspóirí caomhantais an láithreáin.

Liostaítear i **dTábla 9.29** thíos, SCI-anna SPA Loch Coirib agus an bealach ina dtéann na tionchair atá pléite thíos i gcion ar gach aon cheann acu. Is iad na cinn atá daite glas na SCI-anna sin atá laistigh den ZoI agus a bhféadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair orthu.

**Tábla 9.29: SCI-anna SPA Loch Coirib agus na Tionchair Fhéideartha**

| **SCI-anna** | **Tionchar** |
|---|---|
| Gé bhánéadanach Ghraonlannach *Anser albifrons flavirostris* [A395] – Geimhriú | Gan tionchar féideartha – níor taifeadadh aon cheann sa ZoI. |
| Gadual *Anas strepera* [A051] – Geimhriú | Gan tionchar féideartha – níor taifeadadh aon cheann sa ZoI. |
| Spadalach *Anas clypeata* [A056] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Póiseard *Aythya ferina* [A059] – Geimhriú | Gan tionchar féideartha – níor taifeadadh aon cheann sa ZoI. |
| Lacha bhadánach *Aythya fuligula* [A061] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Scótar *Melanitta nigra* [A065] – Pórú | Gan tionchar féideartha – níor taifeadadh aon cheann sa ZoI. |

| **SCI-anna** | **Tionchar** |
|---|---|
| Cromán na gcearc *Circus cyaneus* [A082] – Geimhriú | Ní bheidh éifeacht ag ceachtar de na tionchair fhéideartha ar láithreán/láithreáin fara geimhridh |
| Cearc cheannann *Fulica atra* [A125] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht ag láithreáin fhéideartha ex-situ (Lochanna na gCualach)<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Feadóg bhuí *Pluvialis apricaria* [A140] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| Sléibhín *Chroicocephalus ridibundus* [A179] – Pórú/Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht ag láithreáin fhéideartha ex-situ (Lochanna na gCualach)<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Faoileán bán *Larus canus* [A182] – Pórú/Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| Geabhróg *Sterna hirundo* [A193] – Pórú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |
| Geabhróg Artach *Sterna paradisaea* [A194] – Pórú | Gan tionchar féideartha – níor taifeadadh aon cheann sa ZoI. |
| Bogaigh [A999] | Habitat degradation – hydrogeology at potential ex-situ sites<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht |

Déantar an gaol idir, agus tionchar féideartha, na dtionchar seo maidir le gnáthóg agus leis an speiceas éin atá liostaithe mar SCI laistigh de chrios tionchair (ZoI) na forbartha beartaithe bóthair agus na hairíonna/spriocanna a bhreithniú agus ar a thomhas a riocht fabhrach caomhantais agus tá sé seo curtha i láthair freisin i **dTábla 9.30**.

### *Spadalach [A056]*

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann Spadalaigh geimhrithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Spadalach a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

### *Lacha Bhadánach [A061]*

D’fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann an Lacha Bhadánach geimhrithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

D’fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Lacha Bhadánach a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

### *Cearc Cheannann [A125]*

D’fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann an Chearc Cheannann geimhrithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

D’fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Chearc Cheannann a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

### *Feadóg Bhuí [A140]*

D’fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann an Fheadóg Bhuí geimhrithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

### *Sléibhín [A179]*

D’fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann an Sléibhín geimhrithe/póraithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D’fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Sléibhín a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

***Faoileán Bán [A182]***

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla i láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann an Faoileán Bán geimhrithe/póraithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

***Geabhróg [A193]***

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála a mbaineann an Gheabhróg póraithe úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Loch Coirib trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI SPA-anna.

***Bogaigh [A999]***

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ar limistéar buan gnáthóige bogaigh mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha agus/nó tionchair hidreolaíocha.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar cháilíocht screamhuisce ag láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna do SPA Loch Coirib úsáid astu. D'fhéadfadh tionchair ar cháilíocht screamhuisce difear a dhéanamh do chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil do speicis éin SCI ar na láithreáin ex-situ sin atá laistigh de ZoI hidrigeolaíoch. Seachnaíonn dearadh na forbartha beartaithe bóthair aon tionchair fadtéarmacha ar an réimeas screamhuisce atá ann cheana a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aon láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI úsáid astu. Tá bearta maolaithe riachtanach, áfach, i gcás go dtagtar ar aon seolphíobáin le linn tógála agus lena chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuacha insíothlúcháin le linn na hoibríochta.

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh do cháilíocht uisce dromchla sa chomhshaol glactha a chothaíonn gnáthóga bogaigh agus gnáthóga fionnuisce, laistigh de láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann speicis éin SCI SPA Loch Coirib úsáid astu (Loch Bhaile an Dúlaigh go háirithe).

**Tábla 9.30: Tionchair Fhéideartha ar Chuspóirí Caomhantais cSAC Loch Coirib (**Is iad na réanna atá aibhsithe i ndath glas na hairíonna a d’fhéafadh a bheith faoi thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe)

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| **An Ghé Bhánéadanach Ghraonlanach, an Gadual, an Póiseard, an Scótar**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Níl<br>Níl speicis ar fáil taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe | Níl |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Níl<br>Níl speicis ar fáil taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe | Níl |
| **Spadalach, Lacha Bhadánach**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Treocht daonra:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála ar an gcóras láithreach hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála ar an gcóras láithreach hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| **Cearc cheannann**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Treocht daonra:<br>Athrú céatadánach | Treocht daonra fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| **Feadóg bhuí**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo** | | | |
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála ar an gcóras láithreach hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála ar an gcóras láithreach hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| **Cromán na gCearc**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Freastal an fhara: éin de chineál chromán na gcearc:<br>Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní thiocfaidh de thoradh ar na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe go dtiocfadh laghdú ar líon chromán na gcearc ar fara geimhridh sa limistéar SPA | Níl |
| Gnáthóg sealgaireachta oiriúnach:<br>heicteáir | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Bunaithe ar na taifid eolais maidir le Cromán na gCearc i ndeisceart Loch Coirib, ní thiocfaidh de thoradh ar na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe go dtiocfadh cúngú ar ghnáthóg sealgaireachta atá cóiriúil ag Cromán na gCearc taobh istigh ná taobh amuigh den limistéar SPA | Níl |
| Láthair fara: cuma:<br>Achar (heicteáir); struchtúr | Ba chóir an láthair fara a choinneáil i gcaoi oiriúnach | Níl<br>Ní chuirfidh aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar an gcaoi a bhíonn ar láithreacha fara geimhridh | Níl |
| Díshocrú ar an láthair fara:<br>An leibhéal tionchair | Ba cheart gur ar leibhéal nach gcuireann isteach ar dhaonra fhara geimhridh Chromán na gCearc maidir lena líon a bheadh beartaíocht an duine | Ní chuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe leis an díshocrú ar na láithreacha fara agus ní bheidh aon tionchar i ndáil leis an tréith/sprioc sin | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| **An Sléibhín**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Ráta táirgiúlachta: líon na ngearrcach faoi lán cluimhrí ag gach péire póraithe<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní tharlóidh aon chur isteach ar chreach a bheith ar fáil don speiceas seo mar gheall ar cheann ar bith de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus ní bheidh aon tionchar i ndáil leis an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní chruthóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe bacainn ar cheangailteacht feadh Chonair Abhainn na Gaillimhe agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Suaitheadh ag an láithreán póraithe:<br>An leibhéal tionchair | Is ceart gníomhaíochtaí ag daoine a chur i gcrích ag leibhéil nach ndéanann difear dochrach do phobal póraithe na Geabhróige Artaí | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| **An Faoileán Bán**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta: líon na ngearrcach faoi lán cluimhrí ag gach péire póraithe<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní tharlóidh aon chur isteach ar chreach a bheith ar fáil don speiceas seo mar gheall ar cheann ar bith de na conairí tionchair a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus ní bheidh aon tionchar i ndáil leis an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ní chruthóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe bacainn ar cheangailteacht feadh Chonair Abhainn na Gaillimhe agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Suaitheadh ag an láithreán póraithe:<br>An leibhéal tionchair | Is ceart gníomhaíochtaí ag daoine a chur i gcrích ag leibhéil nach ndéanann difear dochrach do phobal póraithe na Geabhróige Artaí | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| **An Gheabhróg**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta: líon na ngearrcach faoi lán cluimhrí ag gach péire póraithe<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus nach srianfar na limistéir fhoráiste, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Tá<br>D'fhéadfadh tionchair thógála ar cháilíocht uisce in Abhainn na Gaillimhe difear a dhéanamh d'fhlúirse creiche do choilíneachtaí póraithe a bhíonn i mbun sealgaireachta feadh na habhann. | Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Níl | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| | | Ní chruthóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe bacainn ar cheangailteacht feadh Chonair Abhainn na Gaillimhe agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | |
| Cur isteach ag láithreán póraithe/fara:<br>An leibhéal tionchair | Ba chóir go dtarlódh gníomhaíochtaí daonna ag leibhéil nach gciallaíonn tionchar dochrach do dhaonra Póraithe na Geabhróige nó do líon na nGeabhróg ag láithreáin fara tar éis póraithe | Níl<br>Mar gheall go bhfuil coilíneachtaí póraithe (níos mó ná 8.5km ó thuaidh de Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe) lastall de ZoI aon tionchar a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair, agus nach bhfuil aon láithreáin aitheanta tar éis póraithe laistigh den ZoI agus gur ar bhonn sealadach a bheidh aon chur isteach feadh Abhainn na Gaillimhe le linn tógála agus teoranta do gharchóngaracht na n-oibreacha tógála, ansin ní bheidh aon éifeachtaí ar an sprioc/airí seo. | Níl |
| **An Gheabhróg Artach**<br>**An riocht fabhrach caomhantais a chur ina cheart do na speicis éin atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo:** | | | |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Níl<br>Ós rud é nár taifeadadh an speiceas laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, agus go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar na tréithe/spriocanna seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta: líon na ngearrcach faoi lán cluimhrí ag gach péire póraithe:<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Dáileadh: limistéir fara:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Bacainní ar cheangailteacht: | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | | |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | | | |
| Cur isteach ag láithreán póraithe/fara<br>An leibhéal tionchair | Ba chóir go mbeadh gníomhaíochtaí daonna ag leibhéil nach gciallaíonn tionchar dochrach do dhaonra Póraithe na Geabhróige nó do líon na nGeabhróg ag láithreáin fara tar éis póraithe | | |
| **Bogaigh**<br>**Riocht fabhrach caomhantais na gnáthóige bogaigh in SPA Loch Coirib a choinneáil nó a chur ina cheart mar acmhainn d'éin uisce imirceacha a bhaineann úsáid as go rialta.**<br>**Tá sé sin sainmhínithe ag na spriocanna agus na hairíonna seo a leanas:** | | | |
| Achar na gnáthóige:<br>Heicteáir | Is ceart go mbeidh an limistéar buan atá áitithe ag an ngnáthóg bhogaigh cobhsaí | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

## 9.4 SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

### 9.4.1 Leasanna Caomhantais Speisialta agus Cuspóirí Caomhantais SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Liostaítear thíos i **dTábla 9.31** na speicis éin SCI a bhfuil SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ainmnithe, agus tá an cuspóir caomhantais uileghabhálach do gach aon cheann acu. Is iad na cinn daite (i nglas) na SCI-anna atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair. Toisc go bhfuil SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh síos an abhainn ón bhforbairt bheartaithe bóthair, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar gach speiceas éin SCI (agus ar na Bogaigh agus Éin Uisce SCI) trí chuid (nó gach) de na tionchair fhéideartha a phléitear thuas.

**Tábla 9.31: SCI-anna SPA[54] Chuan na Gaillimhe Laistigh**

| SCI-anna | Conservation Objective |
|---|---|
| Lóma mór *Gavia immer* [A003] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Broigheall *Phalacrocorax carbo* [A017] – Pórú/Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Corr réisc *Ardea cinerea* [A028] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Cadhan *Branta bernicla hrota* [A046] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Lacha rua *Anas penelope* [A050] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Praslacha *Anas crecca* [A052] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Spadalach *Anas clypeata* [A056] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Síolta rua *Mergus serrator* [A069] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Feadóg chladaigh *Charadrius hiaticula* [A137] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Feadóg bhuí *Pluvialis apricaria* [A140] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Pilibín*Vanellus vanellus* [A142] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Breacóg *Calidris alpina* [A149] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Guilbneach stríocearrach *Limosa lapponica* [A157] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Crotach *Numenius arquata* [A160] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |

[54] Cuspóirí Caomhnaithe NPWS (2013f): SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh 004031. Leagan 1. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

| SCI-anna | Conservation Objective |
|---|---|
| Cosdeargán *Tringa totanus* [A162] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Piardálaí trá *Arenaria interpres* [A169] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Sléibhín *Chroicocephalus ridibundus* [A179] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Faoileán bán *Larus canus* [A182] – Geimhriú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Geabhróg scothdhubh *Sterna sandvicensis* [A191] – Pórú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Geabhróg *Sterna hirundo* [A193] – Pórú | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |
| Bogaigh agus Éin Uisce [A999] | An riocht fabhrach caomhantais a chothabháil |

I gcomhar le breith ar an gcuspóir cineálach caomhantais "Bail chaomhantais mhaith na speiceas éin a liostaítear mar Leasanna Speisialta Caomhantais don SPA seo a choinneáil nó a athchóiriú", tá cáipéis cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láithreán ar fáil do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013f) ina leagtar amach na tréithe, bearta agus spriocanna a shainíonn bail chaomhantais mhaith na speiceas SCI laistigh den láithreán Eorpach. Bheadh droch-éifeacht ar shláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh i gceist le dul i bhfeidhm ar bhail chaomhantais speicis SCI.

I d**Tábla 9.37** thíos cuirtear i láthair na tréithe agus na spriocanna sonracha a úsáideadh chun cuspóirí caomhantais na speiceas SCI laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair a shainiú.

Tógtar daonraí bonnlínte, agus treochtaí daonra, na SCI-anna ó na sonraí a chuirtear i láthair i dTábla 2.1 in *Inner Galway Bay Special Protection Area (Site Code 4031), Conservation Objectives Supporting Document, Version 1* (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013d).

### 9.4.2 An Bhunlíne Éiceolaíochta

Ós rud é go gclúdaíonn SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh tuairim is an t-achar céanna le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, féach an tuairisc ghnáthóige atá ann thuas i **Roinn 9.2.2**. Cothaíonn na gnáthóga atá sann sa SPA na speicis éin SCI agus soláthraíonn siad láithreáin neadaithe, foráiste agus fara, lena n-áirítear gnáthóga uisce oscailte, idirthaoide agus talún.

Mar atá luaite thuas i leith SPA Loch Coirib, rinneadh speicis éin atá liostaithe mar speicis geimhrithe SCI de chuid an SPA a thaifeadadh ar chuid mhór de na láithreáin suirbhéireachta ar fud limistéar staidéir na scéime agus bhí a bhformhór scoite amach ón SPA é féin.

Taifeadadh dhá speiceas éin le linn na suirbhéireachtaí ar éin ghoir agus is SCI-anna iad sin de chuid SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a mhéid a bhaineann lena bpobal póraithe: Geabhróg (feadh Abhainn na Gaillimhe) agus Broigheall (ag eitilt

i gcomharsanacht chonair Abhainn na Gaillimhe agus sa chuid iartharach de limistéar staidéir na scéime. Tá torthaí iomlána na suirbhéireachta ar éin ghoir le fáil i **bhFoscríbhinn H**.

Tá torthaí na suirbhéireachtaí ar éin póraithe i leith na speiceas sin ar taispeáint i **bhFíoracha 8.1** go **8.2**.

Tá na torthaí sin i gcomhréir, i gcoitinne, le torthaí na suirbhéireachtaí a rinneadh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe sa tréimhse 2005/2006 i ndáil le Scéim Sheachród Lasmuigh Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006), tráth ar taifeadadh na speicis sin go minic feadh na habhann thar mhíonna an tsamhraidh ach bhí líon íseal i gceist.

Tá torthaí iomlána na suirbhéireachtaí ar éin geimhrithe, de réir mar a bhaineann leis na speicis sin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe, ar fáil i **bhFoscríbhinn I**. Tá láithreáin suirbhéireachta na n-éan geimhrithe dá dtagraítear ansin ar taispeáint i **bhFíor 9**.

### 9.4.3 Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha

Toisc nach dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair trasna an SPA, níl aon tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar aon speiceas SCI ná ar a ngnáthóga tacaíochta laistigh den SPA. Ag an bpointe is gaire, tá an fhorbairt bheartaithe bóthair níos mó ná 1km ó theorainn an SPA agus dá bhrí sin níl aon riosca suaite/díláithrithe d'éin SCI ó ghnáthóga laistigh den SPA.

Tá na tionchair fhéideartha seo a leanas ann, áfach, lena bhféadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar (in easnamh bearta maolaithe) ar speicis éin SCI nó ar a ngnáthóga cothaithe bogaigh laistigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh:

- Díghrádú gnáthóige mar gheall ar thionchair hidrigeolaíocha – tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair go mbeidh éifeacht aici ar an réimeas hidrigeolaíoch atá ann cheana a chothaíonn gnáthóga bogaigh atá ag brath ar screamhuisce (ag 3 láithreán fhéideartha ex-situ) agus a thacaíonn chomh maith le speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh
- Díghrádú gnáthóige mar gheall ar thionchair hidreolaíocha - tá an fhéidearthacht ag an fhorbairt bheartaithe bóthair éifeacht a bheith aici ar cháilíocht uisce sa chomhshaol glactha a chothaíonn gnáthóga uisceacha agus bogaigh (laistigh den SPA agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ) a chothaíonn speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh
- Cur Isteach/Cur as Áit – d'fhéadfadh cur as áit éin SCI ó limistéir ghnáthóige tábhachtacha láithreáin fhéideartha ex-situ a bheith mar thoradh ar chur isteach le linn tógála agus/nó oibríochta
- Téann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí láithreáin fhéideartha "ex-situ" inar taifeadadh speicis éin SCI, agus beidh sí ina cúis le caillteanas gnáthóige iontu

### 9.4.4 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha Dhíreacha agus Indíreacha

#### 9.4.4.1 Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann

Mar atá pléite thuas maidir le SPA Loch Coirib, i dtéarmaí idirghníomhú le screamhuisce, tá an fhéideartacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair dul i bhfeidhm ar mhéid an screamhuisce trí dí-uisciú an uiscigh le linn na tógála, agus trí éifeachtaí ídithe uisce i rith na hoibríochta de bharr gearrthacha bóthair) agus ar cháilíocht an screamhuisce sa chomhshaol glactha.

Is é WB07 (An Chloch Scoilte) an t-aon láithreán de chuid an tsuirbhé ar éin gheimhrithe a chothaíonn speicis éin atá liostaithe mar SCI sa chuid thiar den limistéar staidéir a luíonn laistigh den ZoI hidrigeolaíoch. Ag an láithreán éin gheimhrithe sin, ní shíneann an ZoI hidrigeolaíoch (1.8m idir Ch. 1+600 agus Ch. 1+950, agus 10.6m idir Ch. 2+230 agus Ch. 2+640) chun dul i bhfeidhm ar aon láithreacha gnáthóige a bhraitheann ar screamhuisce (e.g. fraochmhá fhliuch) agus, dá bhrí sin, ní rachaidh sé i bhfeidhm ar oiriúnachta na mósáice seo de ghnáthóg tailte móna/scrobarnaí seo chun leanúint ar aghaidh ag tacú le héin gheimhrithe. Níos ginearálta, ar fud chuid thiar na forbartha beartaithe bóthair, téann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí láithreacha raithní agus/nó scrobarnaí tibhe, agus féaraigh talmhaíochta fhliuch/fheabhsaithe. Ar an gcaoi chéanna, ní rachaidh éifeachtaí na forbartha beartaithe bóthair i dtéarmaí tionchair hidrigeolaíocha i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann éin gheimhrithe astu ná ar a n-oiriúnacht tacú le héin gheimhrithe.

Feadh chuid thoir na forbartha beartaithe bóthair, níl ach dhá láthair bogaigh a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce sa ZoI hidrigeolaíoch neamhmhaolaithe Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh (féach Tábla 5 i **bhFoscríbhinn A** le haghaidh an chreasa tionchair a bhaineann le gach gearradh):

Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair laistigh den dobharlach screamhuisce céanna a chuireann soláthar screamhuisce chuig Lochanna na gCualach (GWB Loch Coirib Eanach 1 (Mionlach) – féach **Fíor 10.2.2** agus **Fíoracha 10.3.3** go **10.3.4**). Mar a phléitear thuas i **Roinn 9.1.4.3** (cSAC Loch Coirib), níl féideartacht ann go rachfaí i bhfeidhm ar an soláthar screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each (WB04) ach amháin i rith na tógála (a bhainfeadh le piaraí tacaíochta Tharbhealach Mhionlaigh a shuiteáil). Ní raibh an speiceas éan atá liostaithe mar SCI-anna an SPA ag úsáid an láithreáin go minic, agus nuair a rinneadh taifeadadh orthu bhí na huimhreacha íseal (go ginearálta idir aon éan amháin agus cúig éan) – féach **Foscríbhinn 1**. Nuair a bhreithnítear é sin agus nuair a bhreithnítear go gcuireann Abhainn na Gaillimhe le Lochanna na gCualach freisin, cé go bhféadfadh beagán éifeachta a bheith ann ó thaobh leibhéil agus méid uisce, ní chiallódh sé nach mbeifí in ann an limistéar a úsáid agus ní chiallódh sé nach dtacódh sé leis na speicis éin gheimhrithe siúd a bhfuil taifeadadh déanta orthu ansin (agus ar na huimhreacha a bhfuil taifeadadh déanta orthu). Ar aon chuma, áirítear bearta maolúcháin chun tionchar dá leithéid a sheachaint agus níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ina riosca do líon ná cáilíocht an screamhuisce a théann go Lochanna Chúil Each (féach **Roinn 10.3**). Mar a phléitear i **bhFoscríbhinn A** agus i **bhFoscríbhinn F**, ní chuirfidh an fhorbairt

bheartaithe bóthair srian ná bac ar chonairí sreafa screamhuisce reatha a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce.

Mar a phléitear sa tuarascáil Hidrigeolaíochta i **bhFoscríbhinn A**, tá Loch Bhaile an Dúlaigh ar ghrádán thuas ón bhforbairt bheartaithe bóthair sa dá dobharlach screamhuisce a chuireann screamhuisce sa loch sin (GWB Abhainn an Chláir-Abhainn na Gaillimhe [Baile an Dúlaigh Thoir] agus GWB Abhainn an Chláir-Abhainn na Gaillimhe [Baile an Dúlaigh Thiar]). Dá bhrí sin, ní chruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca do chainníocht nó do cháilíocht screamhuisce a chuireann soláthar ar fáil do Loch Bhaile an Dúlaigh.

Tá riosca ann áfach, sna codanna sin den fhorbairt bheartaithe bóthair a bhfuil aolchloch fúthu, go bhféadfadh doirteadh tarlú trí thimpiste i rith na tógála i láithreacha ina bhfuil an bhuncharraig ris ann, ar nós na láithreacha sin ina bhfuil an screamhuisce thar a bheith leochaileach nó an-leochaileach (Fíor 3.01 agus Fíor 3.02 i **bhFoscríbhinn A**) nó ina bhfuil an aolchloch charstach ris mar gheall ar ghearrthacha agus tochailtí. Teastaíonn bearta maolúcháin chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce i rith na tógála (féach **Roinn 10.3**).

Cinnteoidh dearadh draenála na forbartha beartaithe bóthair (mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2**) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríocht – mar a dhéantar cur síos air i **bhFoscríbhinn A** agus i **bhFoscríbhinn F**.

Cé go gcinnteoidh dearadh na draenála (mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 6**, agus **Foscríbhinní G, H** agus **I**) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríochta, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht ar na himchuacha insíothlúcháin chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar a bhfeidhmiú i rith na hoibríochta. Má shainaithnítear é sin i rith gnáthchigireachtaí ar na himchuacha insíothlúcháin teastóidh maolú chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar aon fhadhbanna ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (féach **Roinn 10.3**).

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha hidrigeolaíocha a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.32** thíos.

### Tábla 9.32: Achoimre ar na Tionchair Hidrigeolaíocha

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh ar na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| Tógáil | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do chainníocht an screamhuisce | Ní fhéadfaí<br>Cé go bhfuil sé de chumas ag an bhforbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don soláthar screamhuisce do ghnáthóga bogaigh go logánta, ní dhéanfaidh sé sin difear d'úsáid na ngnáthóg sin sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail do na pobail SCI | Níl |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | D'fhéadfaí<br>Dá ndéanfaí difear do cháilíocht an screamhuisce a chothaíonn gnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chineál, do cháilíocht agus d'fhairsinge na gnáthóige oiriúnaí atá ar fáil do speicis éin SCI | Chun a chinntiú nach rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce sa bhunuiscíoch (**Roinn 10.3**) |
| Oibríocht | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | Ní fhéadfaí<br>Cé nach gcuirfidh dearadh na forbartha beartaithe bóthair srian ná bac ar chonairí sreafa screamhuisce reatha a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce a úsáideann speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair<br>(mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | D'fhéadfaí | Tá<br>Chun a chinntiú go leanfaidh na himchuacha insíothlúcháin ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh iad ar feadh shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair<br>(mar a thugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.3**) |

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh ar na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
| --- | --- | --- |
| | Cé go gcinnteoidh dearadh na draenála (mar a dhéantar cur síos air i Roinn 2, agus **Foscríbhinní G, H** agus **I**) go gcothabhálfar cáilíocht an screamhuisce i rith na hoibríochta, tá sé tábhachtach go ndéantar cigireacht orthu chun a chinntiú nach dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlúcháin i rith na hoibríochta. | |

### 9.4.4.2 Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha le linn tógála

I rith na tógála, mar gheall ar rith chun srutha uisce dromchla éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó imeacht truaillithe in aon ghné uisce dromchla d'fhéadfaí tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht an uisce sna sruthchúrsaí glactha, agus dá bhrí sin síos an abhainn i gCuan na Gaillimhe. Tá an fhéidearthacht ann freisin go rachaidh na hoibreacha tógála i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe, Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh; is láithreáin bogaigh iad sin ar fad a thacaíonn le speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Mar a phléitear i **Roinn 9.1.4.4** (maidir le cSAC Loch Coirib agus Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each) ní rachfar i bhfeidhm ar an réimeas hidreolaíoch a thacaíonn leis na gnáthóga bogaigh ag na láithreáin sin. Is féidir le héifeachtaí imeachtaí truaillithe minice agus/nó fada i gcóras abhann a bheith fairsing agus forleathan, agus d'fhéadfaidís tionchar suntasach fadtéarmach a imirt. Sa chás is measa, le himeacht truaillithe a bheadh dona go leor, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm freisin ar thimpeallacht na mara.

Ach is beag seans ar chor ar bith go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin i rith na tógála. Meastar go mbeadh aon imeachtaí truaillithe a d'fhéadfadh a tharlú sách beag i gcomparáid le toisc caolaithe agus cumas asamhlaithe dobharlach cósta chomh mór le Cuan na Gaillimhe, nó go mbeidís sealadach, agus dá bhrí sin ní dócha go mbeadh aon éifeachtaí inbhraite ná fadréimseacha acu sa chuan. Mar sin féin, tá cur chuige réamhchúramach á thógáil nuair atá leibhéal riosca na dtionchar ar cháilíocht an uisce á thuar agus teastaíonn bearta maolúcháin chun an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht an uisce i rith na tógála a laghdú.

Beidh pointí srutha éalaithe chuig gnéithe uisce dromchla ón ngréasán draenála bóthair beartaithe i rith na hoibríochta. Mar sin féin, i bhfianaise an dearaidh draenála, mar a dhéantar cur síos air i **Roinn 2** agus **i Roinn 10** agus i **bhFoscríbhinn A**, **Foscríbhinn B** agus **Foscríbhinn C** (lena n-áirítear maolú agus gnéithe rialaithe truaillithe), ní bheidh aon tionchar inbhraite ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha ná i gCuan na Gaillimhe mar gheall ar ghnáthcháilíocht oibríochta uisce na sruthanna éalaithe draenála, fiú sa chás neamhdhóchúil go

dtarlóidh imeacht truaillithe. Ní bheidh aon doirteadh draenála go Lochanna Chúil Each.

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha dhíreach nó indíreacha ar an réimeas hidreolaíoch a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.33** thíos.

**Tábla 9.33: Achoimre ar na Tionchair Hidreolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| Tógáil | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | D'fhéadfaí<br>D'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht uisce dromchla sa chomhshaol glactha i gCuan na Gaillimhe (nó ag láithreáin thábhachtacha ex-situ) tionchar a bheith acu ar cháilíocht gnáthóige agus ar úsáid limistéir thábhachtacha gnáthóige do speicis SCI, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chuspóir caomhantais ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar dháileadh limistéir a mbaineann éin uisce SCI úsáid astu | Tá<br>Chun a chinntiú nach dtéitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sa chomhshaol glactha i rith na tógála (Roinn 10.4) |

## 9.4.4.3 Suaitheadh/cur as áit - ag láithreáin fhéideartha ex-situ

Mar a pléadh i **Roinn 7.8**, ní thuartar go mbeidh suaitheadh fada éigin a bhaineann leis an tógáil i gceist ach sna láithreáin éin gheimhrithe, nó láithreáin fhéideartha "ex-situ", atá laistigh de 300m den fhorbairt bheartaithe bóthair, nó iontu siúd atá laistigh de 800m de láithreacha inar dócha go dtarlóidh gníomhaíocht fhada pléasctha. As an 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu, tá 19 gcinn laistigh den ZoI suaite sin nó tá cuid díobh laistigh de; agus astu sin, thacaigh ocht gcinn le speicis éin a liostaítear mar SCI-anna do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh: Broigheall, Corr réisc, Breacóg, Lacha rua, Praslacha, Spadalach, Síolta rua, Pilibín, Guilbneach stríocearrach, Crotach, Cosdeargán, Sléibhín, Faoileán bán, agus Geabhróg. Cuirtear na torthaí iomlán ó na suirbhéanna ar éin gheimhridh ar fáil i **bhFoscríbhinn 1**.

An Lóma Mór

Ní raibh aon taifeadadh déanta ar an Lóma Mór ach ag aon láithreán amháin de na láithreáin d'éin gheimhridh a rinneadh suirbhé orthu sna blianta 2014/15; rinneadh taifeadadh ar Lóma Mór aonair ag limistéar féarthailte cósta i (WB30) Bhaile an Locháin atá ag teorannú an SPA i mí Eanáir 2015. Tá an láthair sin níos mó ná 1.9 km ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus is maolán eatarthu an fhorbairt uirbeach agus réimse Choill Pháirc Mhuirlinne. Ag an bhfad sin, ní rachadh éifeachtaí suaite ná díláithrithe a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Lóma mór as an láthair seo.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an Lóma mór ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

Broigheall

Taifeadadh Broigheall ag sé láithreán suirbhéireachta ar éin gheimhrithe ar fud limistéar staidéir na scéime (WB02, WB04, WB07, WB08, WB12, agus WB31) ach i ngach cás bhí an líon a taifeadadh íseal; éan amháin ar leith nó péire, seachas an tuaslíon de cheithre cinn i mí Feabhra 2015 feadh Abhainn na Gaillimhe (WB12). Tá péire de na láithreáin sin – WB07 agus WB31 – taobh amuigh den ZoI suaite tógála ginearálta, ar dócha go mbeadh leibhéal éigin d'éifeachtaí suaite laistigh de. Taifeadadh an Broigheall go minic freisin feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith suirbhéanna a rinneadh in 2005/2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006). Bheadh taifead ar éan amháin ar leith nó péire ionann le níos lú ná 1% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 266. Mar gheall ar an easpa gnáthóg oiriúnach póraithe (oileáiníní carraigeacha, stacaí farraige, aillte, etc.) i gceantair a rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm orthu, agus an láithreán póraithe traidisiúnta ar Oileán Fia níos mó ná 5.5 m ó dheas de trasna Chuan na Gaillimhe, ní bheadh aon éifeachtaí a bhaineann le suaitheadh ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an daonra póraithe. Ag formhór na láithreán éin gheimhrithe, ní rachadh díláithriú féideartha líon chomh beag sin den Bhroigheall i rith na tógála nó na hoibríochta i bhfeidhm ar rath póraithe, líon, dáileadh ná an treocht daonra reatha don speiceas seo sa SPA (maith) de bharr fhlúirse na gnáthóige oiriúnaí malartaí i mórcheantar Chathair na Gaillimhe agus an chúltír (taifeadadh Broigheall ag úsáid gnáthóg idir lochanna, aibhneacha, féarach áineasa agus fraochmhá ard).

Ach is láithreán tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhrithe. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

Corr réisc

Taifeadadh Corr réisc ag 15 cinn as an 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015 agus go hiondúil níor taifeadadh ach éan amháin ar leith. B'eisceachtaí suntasacha an taifead ar 18 agus ocht gCorr réisc ag péire de

na láithreáin chósta feadh chladach thuaidh Chuan Órán Mór (WB70 agus WB71 faoi seach). Ach tá an dá láthair níos mó ná 1 km ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus ní rachadh suaitheadh/díláithriú mar gheall ar thógáil nó oibríocht i bhfeidhm orthu. As na 15 láithreán ag ar taifeadadh Corr réisc, níl ach ceithre cinn laistigh den ZoI suaite tógála ginearálta (WB02, WB04, WB08 agus WB12) agus taifeadadh éan amháin ar leith i bhformhór na gcásanna ag na láithreáin sin. Níl ach láithreán amháin (WB05) laistigh de ZoI an Bhealaigh, ina dtabharfar faoi phléascadh fada (ar feadh thart ar naoi mí). Níor taifeadadh ach Corr réisc shingil, ar ócáid amháin, ag an láithreán sin.

Ó tharla nár taifeadadh ach éan singil ar leith ag go leor de na láithreáin dhearfacha, nach rachaidh suaitheadh tógála ná oibríochta i bhfeidhm ar bhealach ar bith ar fhormhór na láithreán ag ar taifeadadh an speiceas, go bhfuil flúirse gnáthóige oiriúnaí malartaí ar fáil go háitiúil (i.e. taifeadadh an speiceas ó réimse leathan cineálacha gnáthóige, lena n-áirítear lochanna, gnáthóga bogaigh, gnáthóga arda, agus féaraigh bhainistithe), agus an úsáid neamhbhuan a bhaineann an Chorr réisc as formhór na láithreán a ndearnadh suirbhéireacht orthu, ní bheidh aon éifeacht ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an daonra áitiúil.

Ach is láithreán tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhrithe. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe ó fhormhór na gnáthóige ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

<u>Cadhan</u>

Taifeadadh Cadhan ag trí cinn de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: Galfchúrsa na Gaillimhe (WB19), an Cladach/Cé Nimmo (WB38) agus ar chladach thuaidh Chuan Órán Mór (WB71). Tá na láithreáin sin ar shiúl ón bhforbairt bheartaithe bóthair ag fad de (thart ar) 470 m, 2.5 km, agus 1.1 km faoi seach, agus i ngach cás tá stráice forbartha uirbí i láthair sna criosanna maoláin faoi seach. Ag an bhfad sin, ní rachadh éifeachtaí suaite ná díláithrithe a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Cadhan as na láithreacha sin.

Tá taifead amháin ann freisin don speiceas feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (RPS, 2006) ach ó tharla gur go han-annamh a bhíonn an speiceas ar Abhainn na Gaillimhe ní rachaidh aon suaitheadh a bhaineann le tógáil i bhfeidhm ar úsáid Abhainn na Gaillimhe go fadtéarmach. Ní dhíláithreofar éin ón láthair mar gheall ar oibríocht an bhóthair, go háirithe i bhfianaise a hairde os cionn na habhann (thart ar 10m).

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an gCadhan ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

### Lacha rua

Taifeadadh Lacha rua ag cúig cinn de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: WB02, WB22, WB31, WB70 agus WB71. Tá maolán idir na láithreáin suirbhéireachta chósta ag Loch an tSáile (WB22), an Rinn Mhór (WB31), agus feadh chladach thuaidh Chuan Órán Mór (WB70 agus WB71), agus aon suaitheadh a bhaineann le tógáil nó oibríocht d'fhad 800m ar a laghad d'fhorbairt uirbeach agus ní rachadh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Lacha rua as na láithreacha sin.

Taifeadadh an Lacha rua ar ócáid amháin ag Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02); taifeadadh 28 éan i mí Feabhra 2015, arbh ionann é seans agus 2.4% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 1,168).

Is láithreán tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhrithe. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

### Praslacha

Taifeadadh Praslacha ag sé cinn de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: WB02, WB04, WB08, WB10, WB14 agus WB71. Níl ach ceithre cinn díobh siúd laistigh de 300m den fhorbairt bheartaithe bóthair agus ar dócha go mbeidh suaitheadh éigin ag cur as dóibh i rith na tógála agus/nó na hoibríochta: WB02, WB04, WB08 agus WB10.

Bhí an líon a taifeadadh ag WB04, WB08 agus WB10 íseal go hiondúil (<6 éan, nó <1% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA) agus ní raibh an Phraslacha i láthair go rialta i rith an gheimhridh (taifeadadh iad ar dhá ócáid, ceithre ócáid agus ócáid amháin faoi seach). Ag breithniú an lín ísil agus úsáid annamh láithreáin WB04, WB08 agus WB10, laghdaítear an fhéidearthacht go dtarlóidh éifeachtaí suntasacha suaite/díláithrithe tuilleadh mar nach dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair ach trí phíosaí beaga den ghnáthóg ag imill gach láithreáin, a fhágann formhór na láithreán sin, agus dá bhrí sin ní rachfar i bhfeidhm ar go leor de na láithreacha malartacha ina bhfuil gnáthóg oiriúnach chosúil sa cheantar máguaird.

Taifeadadh an Phraslacha ar Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), nó ag eitilt isteach ann, i rith na gcuairteanna suirbhéireachta ar fad, i líon idir trí éan i mí Dheireadh Fómhair 2014 go 146 éan i mí Eanáir 2015 (arbh ionann é agus idir 0.4% agus 20.9% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA). Cé go bhfacthas Praslacha uaireanta sna díoga draenála timpeall ar an loch, ba é an phríomhghnáthóg a d'úsáid an speiceas sa láithreán seo príomhdhobharlach an locha.

Mar a pléadh i **Roinn 9.3.4.3** (SPA Loch Coirib) maidir leis an suaitheadh a bhaineann le tógáil ar éin uisce ag Loch Bhaile an Dúlaigh, teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir

caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Spadalach</u>

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí suaite/díláithrithe féideartha na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin fhéideartha ex-situ don speiceas seo faoi SPA Loch Coirib i **Roinn 9.3.4.3** thuas. I gcás SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, tá an taifead ar 144 Spadalach níos mó ná an daonra bonnlíne de 88.

Mar a pléadh i **Roinn 9.3.4.3** (SPA Loch Coirib) maidir leis an suaitheadh a bhaineann le tógáil ar éin uisce ag Loch Bhaile an Dúlaigh, teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Síolta rua</u>

Níor taifeadadh Síolta rua ag aon cheann de na láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe. Tá taifead amháin ann freisin don speiceas feadh chonair Abhainn na Gaillimhe a taifeadadh i rith na suirbhéanna a rinneadh in 2005/2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006) ach ó tharla gur go han-annamh a bhíonn an speiceas ar Abhainn na Gaillimhe ní bheidh aon suaitheadh a bhaineann le tógáil a bhaineann le Droichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe ina údar le haon éifeacht shuntasach suaite ná díláithrithe i gcás an speicis seo.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an tSíolta rua ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Feadóg chladaigh</u>

Níor taifeadadh Feadóg chladaigh ag aon cheann de na láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe agus dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an speiceas ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Feadóg bhuí</u>

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí suaite/díláithrithe féideartha na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin fhéideartha ex-situ don speiceas seo faoi SPA Loch Coirib i **Roinn 9.3.4.3** thuas.

Bunaithe ar an measúnú i **Roinn 9.3.4.3**, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an bhFeadóg bhuí ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

Pilibín

Taifeadadh Pilibín ag ceithre láithreán suirbhéireachta ar éin gheimhrithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse (WB08), Loch an tSáile (WB22) agus Cuan Órán Mór (WB71). Níl ach péire díobh siúd laistigh den ZoI suaite tógála nó oibríochta agus ar dócha go mbeidh éifeacht suaite éigin ag cur as dóibh: Loch Bhaile an Dúlaigh agus an láthair ag na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse. Ag Loch Bhaile an Dúlaigh, taifeadadh ealta de 16 éan agus éan singil ar leith i mí Eanáir agus i mí an Mhárta 2015 faoi seach; ag na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse, taifeadadh 17 gcinn i mí Dheireadh Fómhair 2014. Taifeadadh an Pilibín go minic freisin feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006); ach níor taifeadadh ealta mhór amháin ar ócáid amháin (123 éan).

Taifeadadh líon beag Pilibíní go hiondúil ag láithreáin a rachfar i bhfeidhm orthu (is ionann 17 gcinn seans agus 0.4% de dhaonra bonnlíne an SPA, 3,969), le minicíocht íseal feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (ó thaobh láithreacht agus líon an speicis) agus úsáid neamhbhuan an Philibín den dá láithreán eile. Ní théann an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ach ar imill na láithreán suirbhéireachta ar éin gheimhrithe sna Foraí Maola/Siar ó Loch Inse; laghdaíonn sé sin oiread agus is féidir an fhéidearthacht a bhaineann le suaitheadh agus seachnaítear caillteanas mór gnáthóige, scoilteadh gnáthóige nó díláithriú.

Is láithreán tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhrithe. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe ó fhormhór na gnáthóige ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

Breacóg

Níor taifeadadh Breacóg ag aon cheann de na láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe. Taifeadadh an speiceas uair amháin feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéanna a rinneadh in 2005/2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006).

Toisc nach rachadh suaitheadh i bhfeidhm ach ar líon sách beag Breacóg i gcomhthéacs dhaonra an SPA, an úsáid annamh a bhaineann an speiceas as Abhainn na Gaillimhe, toisc go gcuimsíonn an ZoI suaite tógála agus oibríochta achar réasúnta beag i gcomhthéacs gnáthóg oiriúnach mhalartach ar fáil don speiceas go háitiúil, go mbeidh an suaitheadh sealadach (arna srianadh don tréimhse tógála a mheastar a mhairfidh 18 mhí), ní rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar úsáid an láithreáin seo go fadtéarmach.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an mBreacóg ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

Guilbneach stríocearrach

Taifeadadh naoi nGuilbneach stríocearracha ag láithreán suirbhéireachta amháin ar éin gheimhrithe, Loch Bhaile an Dúlaigh, ar ócáid amháin i mí Feabhra 2015; arbh ionann é seans agus 2% de dhaonra bonnlíne an SPA, 447.

D'ainneoin an lín ísil agus an úsáid annamh a bhaineann Guilbneach stríocearrach as an láithreán seo, is láithreán tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhrithe. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe ó fhormhór na gnáthóige ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

Crotach

Taifeadadh an Crotach ag 24 den 60 láithreán éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015 agus taifeadadh iad freisin feadh Abhainn na Gaillimhe mar chuid de shuirbhéanna GCOB 2006 a rinneadh le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006). Níl ach sé chinn de na láithreáin sin laistigh de 300m den fhorbairt bheartaithe bóthair agus ar dócha go mbeidh suaitheadh éigin ag cur as dóibh i rith na tógála agus/nó na hoibríochta: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse (WB08), NHA Phortach Mhaigh Cuilinn ag an mBealach (WB10), Abhainn na Gaillimhe (WB12), Páirc an Chaisleáin (WB24) agus Ráschúrsa na Gaillimhe (WB23).

Is é Loch Bhaile an Dúlaigh an t-aon láithreán suirbhéireachta ar éin gheimhrithe a úsáideann an Crotach go rialta (a taifeadadh i gcúig cinn de na seacht gcuairt suirbhéireachta); ach seachas nuair a taifeadadh ocht gcinn i mí Mheán Fómhair 2014, ní taifeadadh ach ceann amháin ag an am, nó uair amháin, dhá éan ar leith. Tá an fhéidearthacht ann go suaithfeadh agus go ndíláithreodh pléascadh i mBaile an Dúlaigh agus sa Chaisleán Gearr na héin gheimhrithe ó fhormhór na gnáthóige ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus teastaíonn maolú chun an fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh/díláithriú ann mar gheall ar phléascadh a laghdú oiread is féidir agus chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a sheachaint.

Níor taifeadadh an Crotach ach ar phéire de na seacht gcuairt suirbhéireachta ar na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse agus NHA Phortach Mhaigh Cuilinn ag láithreáin an Bhealaigh; ba é dhá éan ar leith i mí na Samhna 2014 ag an suíomh deiridh sin an líon ba mhó. Níl ach imill na láithreán sin laistigh de ZoI na n-éifeachtaí suaite.

Feadh Abhainn na Gaillimhe, cé gur taifeadadh líon mór Crotach i mí Dheireadh Fómhair 2014 (16 cinn, arbh ionann é seans agus 2.3% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 697), níor taifeadadh an speiceas anseo ach ar ócáid amháin agus sna bogaigh níos mó ná 500 m ón bhforbairt bheartaithe bóthair. Dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí suntasacha suaite/díláithrithe ag an láithreán seo i rith na tógála ná na hoibríochta.

I bPáirc an Chaisleáin, taifeadadh naoi gCrotach ar ócáid amháin i rith na suirbhéanna (Samhain 2014). Ach tá an láthair áineasa sin scartha ón bhforbairt bheartaithe bóthair ag maolán de thart ar 250 m d'fhorbairt tráchtála agus chónaithe

agus bóthar reatha an N6 agus ní bheidh oibreacha tógála ina n-údar le haon díláithriú éag ag an láithreán seo.

Ag an láithreán suirbhéireachta ar éin gheimhrithe i Ráschúrsa na Gaillimhe, taifeadadh an Crotach ag úsáid na páirce imeartha i measc na bhfoirgneamh tionsclaíoch/tráchtála i bPáirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh, i gcúinne thiar theas an láithreáin suirbhéireachta ar éin gheimhrithe. Ar cheann amháin de na trí chuairt suirbhéireachta ina raibh an speiceas ann, taifeadadh 37 Crotach (5.3% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA). Baineann oibreacha tógála leis an ngréasán reatha bóithre nó scáthaítear ón bpáirc seo iad le foirgnimh thionsclaíocha thart timpeall uirthi; ar an gcaoi chéanna, beidh suaitheadh i rith na hoibríochta ag teacht leis na leibhéil reatha thart ar an N6 reatha agus Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach nó á scáthú ag na foirgnimh sin. Dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí suntasacha suaite/díláithrithe ag an láithreán seo i rith na tógála ná na hoibríochta.

I bhfianaise an líon beag a taifeadadh ag láithreáin a rachfar i bhfeidhm orthu go hiondúil – níor taifeadadh ach éan nó dhó ag formhór na láithreán (<0.3% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA), go raibh úsáid an Chrotaigh annamh go hiondúil, nach rachfar i bhfeidhm ach ar shé cinn de na 24 láithreán dearfach don Chrotach agus go han-bheag i bhformhór na gcásanna i leith láithreacha taifeadta an Chrotaigh, agus mar gheall ar fhlúirse gnáthóige oiriúnaí malartaí go háitiúil, ní dóigh go rachaidh suaitheadh i bhfeidhm ar an úsáid a bhaintear as formhór na láithreán go fadtéarmach. Ach teastaíonn maolú ó phléasca i ngar do Loch Bhaile an Dúlaigh chun aon éifeachtaí fadtéarmacha suaite nó díláithrithe a chosc a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chuspóirí caomhantais SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Cosdeargán

Taifeadadh Cosdeargán ag sé cinn de na láithreáin éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2014/2015: WB08, WB12, WB30, WB52, WB70 agus WB71. Bhí an líon i láthair íseal go hiondúil (<9) seachas ealta 47 Cosdeargán a taifeadadh i WB71 i mí Eanáir 2015. Níl aon láithreáin laistigh den ZoI suaite, seachas na Foraí Maola/Siar ó Loch Inse (WB08) agus Abhainn na Gaillimhe (WB12).

Ach ag na láithreáin sin, níor taifeadadh éin ach ar cheann agus péire de na seacht gcuairt suirbhéireachta, faoi seach, agus ba é dhá éan an líon ba mhó éan a taifeadadh (ag WB08 i mí an Mhárta 2015); is ionann sin seans agus 0.4% de dhaonra geimhridh bonnlíne an SPA, 505. Toisc nach rachadh suaitheadh i bhfeidhm ach ar líon sách beag Cosdeargán i gcomhthéacs dhaonra an SPA, toisc go gcuimsíonn an ZoI suaite tógála agus oibríochta achar réasúnta beag i gcomhthéacs gnáthóg oiriúnach mhalartach ar fáil don speiceas go háitiúil, agus nach dtéitear i bhfeidhm ach ar imill an láithreáin agus go mbeidh an suaitheadh sealadach (arna srianadh don tréimhse tógála a mheastar a mhairfidh 3 bliana), ní rachaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair i bhfeidhm ar úsáid an láithreáin seo go fadtéarmach.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an gCosdeargán ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Piardálaí trá</u>

Taifeadadh an Piardálaí trá ag láithreán suirbhéireachta amháin ar éin gheimhrithe; láthair d'fhéaraigh chósta ag Baile an Locháin (WB30) inar taifeadadh cúig éan i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá maolán de níos mó ná 1.5km d'fhorbairt uirbeach ag an láithreán ó shuaitheadh a bhaineann le tógáil nó oibríocht. Tá an láthair sin níos mó ná 1.9km ón bhforbairt bheartaithe bóthair agus is maolán eatarthu an fhorbairt uirbeach agus Coill Pháirc Mhuirlinne. Ag an bhfad sin, ní rachadh éifeachtaí suaite ná díláithrithe a bhaineann le tógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann an Piardálaí trá as an láthair seo.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an bPiardálaí trá ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>An Sléibhín</u>

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí suaite/díláithrithe féideartha na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin fhéideartha ex-situ don speiceas seo faoi SPA Loch Coirib i **Roinn 9.3.4.3** thuas.

Mar a bhaintear de thátal as i **Roinn 9.3.4.3**, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an Sléibhín ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>An Faoileán Bán</u>

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí suaite/díláithrithe féideartha na forbartha beartaithe bóthair ar láithreáin fhéideartha ex-situ don speiceas seo faoi SPA Loch Coirib i **Roinn 9.3.4.3** thuas.

Mar a bhaintear de thátal as i **Roinn 9.3.4.3**, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an bhFaoileán bán ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.37**).

<u>Geabhróg scothdhubh</u>

Tacaíonn Cuan na Gaillimhe le coilíneachtaí tábhachtacha póraithe don Gheabhróg scothdhubh ar go leor dá oileáin (Cuideachta Cuain na Gaillimhe, 2014; agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2005). Níor taifeadadh an speiceas seo mar chuid de na suirbhéanna ar éin phóraithe a rinneadh in 2015, ná níor taifeadadh é feadh chonair Abhainn na Gaillimhe i rith na suirbhéanna a rinneadh in 2006 le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe, an N6 (RPS, 2006). Toisc nach n-úsáideann an speiceas seo aon láithreáin fhéideartha ex-situ a rachaidh suaitheadh i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair i bhfeidhm orthu, ní bheidh aon éifeachtaí ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin sa SPA (féach **Tábla 9.37**).

<u>An Gheabhróg</u>

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí suaite/díláithrithe féideartha na forbartha beartaithe bóthair ag láithreáin fhéideartha ex-situ don speiceas seo faoi SPA Loch Coirib i **Roinn 9.3.4.3** thuas.

Mar a bhaintear de thátal as i **Roinn 9.3.4.3**, ní rachaidh aon suaitheadh ná díláithriú ar an nGeabhróg ó láithreáin fhéideartha ex-situ, i rith thógáil nó oibríocht na forbartha beartaithe bóthair, i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais an speicis sin sa SPA (féach **Tábla 9.37**).

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha suaite/díláithrithe ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.34** thíos.

**Tábla 9.34: Achoimre maidir le Tionchar Míshuaimhnis/Díláithrithe ar láithreacha ionchais ex-situ**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na SCIanna?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|
| Tógáil | | |
| Gnáthoibreacha tógála ag suaitheadh/díláithriú speicis éin SPI ag láithreáin fhéideartha ex-situ lasmuigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh | Ní fhéadfaí<br>Ní shrianfaidh aon suaitheadh a bhaineann le tógáil fairsinge na gnáthóige ar fáil d'aon speicis SPI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |
| Pléascadh fadtéarmach i gCairéal Leacaigh agus sa Chaisleán Gearr ag suaitheadh/díláithriú speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ag Loch Bhaile an Dúlaigh | D'fhéadfaí<br>D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach speicis éin a liostaítear mar SCI a dhíláithriú ó Loch Bhaile an Dúlaigh ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó; a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar an daonra geimhrithe SPA | Tá<br>Srianadh séasúrach ar oibreacha pléasctha i ngar do Loch Bhaile an Dúlaigh chun a cinntiú nach mbíonn aon suaitheadh na díláithriú fadtéarmach ann (**Roinn 10.8**) |
| Oibríocht | | |
| Suaitheadh/díláithriú speicis éin SPI ag láithreáin fhéideartha ex-situ lasmuigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh i rith na hoibríochta | Ní fhéadfaí<br>Ní shrianfaidh aon suaitheadh oibríochta fairsinge na gnáthóige ar fáil d'aon speicis SPI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |

#### 9.4.4.4 Cailleadh/ilroinnt gnáthóige - ag láithreáin fhéideartha ex-situ

Beidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina húdar le leibhéil éagsúla caillteanas gnáthóige in ocht gcinn de na láithreáin éin gheimhrithe ag ar taifeadadh speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh: WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10, WB23 agus WB45.

Tríd is tríd, tá an t-achar caillteanas gnáthóige beag le hais fhairsinge gach láithreáin éin gheimhrithe a rachfar i bhfeidhm air. Tá na cineálacha gnáthóige atá á gcailleadh coitianta agus forleathan sa cheantar áitiúil máguaird, go háirithe na gnáthóga tailte móna/fraochmhá idir Bearna agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, a shíneadh siar ó thuaidh isteach go Conamara. Ar an gcaoi chéanna, i gcás éan (mar speicis atá thar a bheith soghluaiste), is dóigh nach mbeidh ilroinnt gnáthóige ina fadhb seachas mura mbeadh na geadáin gnáthóg ilroinnte neamhinmharthana go fadtéarmach mar gheall ar a méid laghdaithe, agus dá bhrí sin go gcuirfí srian ar fháil láithreacha móra de chineál áirithe gnáthóige go háitiúil. I bhformhór na gcásanna, níl an fhorbairt bheartaithe bóthair ach beagán taobh istigh de na láithreáin éin gheimhrithe sin ar a dteorainn ó dheas (WB01, WB02, WB03, WB07, WB08, WB10 agus WB23) agus tá éifeachtaí na hilroinnte gnáthóige íseal, go háirithe ós rud é nach bhfuil sna gnáthóga i gcuid de na láithreáin éin gheimhrithe (e.g. WB01) ach cion beag de na gnáthóga céanna sin sa cheantar áitiúil.

Ní bheidh caillteanas gnáthóige, agus aon ilroinnt gnáthóige lena mbaineann, ag na láithreáin éin gheimhrithe ina údar le meath ar líon agus réimse na láithreacha gnáthóige ar fáil go háitiúil do speicis éin a liostaítear mar SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus dá bhrí sin ní rachaidh sé i bhfeidhm ar chumas na ndaonraí SCI iad féin a choinneáil go fadtéarmach.

***Achoimre***

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha caillteanas agus ilroinnt gnáthóige ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 9.35** thíos.

**Tábla 9.35: Achoimre maidir le Tionchar Ilroinnt agus Cailleadh Gnáthóige ag Láithreacha Féideartha ex-situ**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do SCIanna? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|
| Tógáil/Oibríocht | | |
| Cailleadh agus ilroinnt gnáthóige ag láithreáin fhéideartha ex-situ lasmuigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a bheith ina chúis le difear a dhéanamh don limistéar gnáthóige atá ar fáil do speicis éin SCI | Ní fhéadfaí<br>Toisc nach srianfaidh méid an chaillteanais agus na hilroinnte gnáthóige fairsinge na gnáthóige ar fáil d’aon speicis SPI a mbeadh éifeachtaí ar leibhéil daonra ar bith mar thoradh air | Níl |

### 9.4.4.5 Achoimre

Cuirtear achoimre i láthair sa roinn seo de na tionchair fhéideartha ar dhaonraí éin SCI SPA-anna Chuan na Gaillimhe Laistigh mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthar agus an bealach ina bhfuil éifeacht ag na tionchair sin ar chuspóirí caomhantais an láithreáin.

Liostaítear i **dTábla 9.36** thíos, na SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus an bealach a bhfuil baint ag na tionchair atá pléite thíos le gach aon cheann acu. Is iad na cinn daite i nglas na SCI-anna atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair.

**Tábla 9.36: SCI-anna SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus na Tionchair Fhéideartha**

| Leasanna Speisialta Caomhantais (SCI-anna) | Tionchar |
|---|---|
| Lóma mór *Gavia immer* [A003] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA |
| Cadhan *Branta bernicla hrota* [A046] – Geimhriú | |
| Síolta rua *Mergus serrator* [A069] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Feadóg chladaigh *Charadrius hiaticula* [A137] – Geimhriú | |
| Feadóg bhuí *Pluvialis apricaria* [A140] – Geimhriú | |
| Breacóg *Calidris alpina* [A149] – Geimhriú | |
| Cosdeargán *Tringa totanus* [A162] – Geimhriú | |
| Piardálaí trá *Arenaria interpres* [A169] – Geimhriú | |
| Faoileán bán *Larus canus* [A182] – Geimhriú | |
| Geabhróg scothdhubh *Sterna sandvicensis* [A191] – Pórú | |
| Geabhróg *Sterna hirundo* [A193] – Pórú | |
| Lacha rua *Anas penelope* [A050] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Spadalach *Anas clypeata* [A056] – Geimhriú | |
| Pilibín*Vanellus vanellus* [A142] – Geimhriú | |
| Guilbneach stríocearrach *Limosa lapponica* [A157] – Geimhriú | |
| Crotach *Numenius arquata* [A160] – Geimhriú | |
| Broigheall *Phalacrocorax carbo* [A017] – Pórú/Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht ag láithreáin fhéideartha ex-situ (Lochanna na gCualach)<br>Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit ag láithreáin fhéideartha ex-situ |
| Corr réisc *Ardea cinerea* [A028] – Geimhriú | |
| Praslacha *Anas crecca* [A052] – Geimhriú | |
| Sléibhín *Chroicocephalus ridibundus* [A179] – Geimhriú | |
| Bogaigh [A999] | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht ag láithreáin fhéideartha ex-situ |

| **Leasanna Speisialta Caomhantais (SCI-anna)** | **Tionchar** |
|---|---|
| Lóma mór *Gavia immer* [A003] – Geimhriú | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA |
| Cadhan *Branta bernicla hrota* [A046] – Geimhriú | |
| | Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht laistigh den SPA agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ |

Déantar an ngaol idir, agus tionchar féideartha, na dtionchar seo maidir le gnáthóg agus le speiceas atá liostaithe mar SCI laistigh de chrios tionchair (ZoI) na forbartha beartaithe bóthair agus na hairíonna/spriocanna agus a riocht fabhrach caomhantais a bhreithniú agus a thomhas tá sé sin curtha i láthair freisin i **dTábla 9.37**.

***Loma Mór [A003]***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige mara atá ar fáil don speiceas seo. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil don speiceas laistigh den SPA.

***Cadhan [A046]***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn tógála (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige mara atá ar fáil don speiceas seo. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil don speiceas laistigh den SPA.

***Síolta Rua [A069], Feadóg Chladaigh [A137], Feadóg Bhuí [A140], Breacóg [A149], Cosdeargán [A162], Piardálaí Trá [A169], Faoileán Bán [A182], Geabhróg Scothdhubh [A191] agus Geabhróg [A193]***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann na speicis seo úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh/mara/idirthaoideach atá ar fáil don speiceas seo. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil don speiceas laistigh den SPA.

***Lacha Rua [A050], Spadalach [A056], Pilibín [A142], Guilbneach Stríocearrach [A157] agus Crotach [A160]***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann na speicis seo úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a

bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh/mara/idirthaoideach atá ar fáil don speiceas seo. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil don speiceas laistigh den SPA.

D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Speiceas seo atá liostaithe mar SCI a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil dóibh.

***Broigheall [A017], Corr Éisc [A028], Téal [A052] agus Sléibhín [A179]***

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don réimeas hidrigeolaíoch atá ann agus a thacaíonn le gnáthóga bogaigh ag Lochanna na gCualach a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI na SPA-anna.

D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe agus ag láithreáin fhéideartha ex-situ le linn tógála a mbaineann na speicis seo úsáid astu (cé go bhfuil aon riosca inbhraite íseal) a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh/mara/idirthaoideach atá ar fáil don speiceas seo. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil don speiceas laistigh den SPA.

D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh an Speiceas seo atá liostaithe mar SCI a chur as áit ón láithreán seo ar feadh séasúr geimhridh amháin nó níos mó ná sin. D'fhéadfadh na tionchair seo dul i bhfeidhm go diúltach ar threochtaí daonra fadtéarmacha dhaonra SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh trí laghdú a dhéanamh ar líon agus ar raon na limistéar atá ar fáil dóibh.

***Bogaigh [A999]***

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ar limistéar buan gnáthóige bogaigh mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha agus/nó tionchair hidreolaíocha.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an fhorbairt bheartaithe bóthar ar cháilíocht screamhuisce ag láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI-anna do SPA Loch Coirib úsáid astu. D'fhéadfadh tionchair ar cháilíocht screamhuisce difear a dhéanamh do chineál, cáilíocht agus méid na gnáthóige bogaigh atá ar fáil do speicis éin SCI ar na láithreáin ex-situ sin atá laistigh de ZoI hidrigeolaíoch. Seachnaíonn dearadh na forbartha beartaithe bóthair aon tionchair fadtéarmacha ar an réimeas screamhuisce atá ann cheana a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aon láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCI úsáid astu. Tá bearta maolaithe riachtanach, áfach, i gcás go dtagtar ar aon seolphíobáin le linn tógála agus lena chinntiú nach

dtéann gnéithe carstacha i bhfeidhm ar fheidhmiú na n-imchuacha insíothlúcháin le linn na hoibríochta.

D’fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear a dhéanamh do cháilíocht uisce dromchla sa chomhshaol glactha a chothaíonn gnáthóga bogaigh agus gnáthóga fionnuisce, laistigh de láithreáin fhéideartha ex-situ a mbaineann speicis éin SCI SPA Loch Coirib úsáid astu (Loch Bhaile an Dúlaigh go háirithe).

**Tábla 9.37: Tionchair Fhéideartha ar Chuspóirí Caomhantais SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh** (Is iad na réánna atá aibhsithe le dath glas na tréithe a bhféadfadh an forbairt bhóthair beartaithe tionchar a imirt orthu)

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| **Lóma mór, Corr réisc, Cadhan, Lacha rua, Praslacha, Spadalach, Síolta rua, Feadóg chladaigh, Feadóg bhuí, Pilibín, Breacóg, Guilbneach stríocearrach, Crotach, Cosdeargán, Piardálaí trá, Sléibhín, Faoileán bán**<br>**Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais do na speicis éin seo in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas:** | | | |
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann speicis éan uisce iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| **Broigheall**<br>**Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais don Bhroigheall in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas:** | | | |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na conairí tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta:<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus nach srianfar na limistéir fhoráiste, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair difear d'infhaighteacht creiche don speiceas seo i Loch Coirib agus ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Ní chruthóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe bacainn ar cheangailteacht feadh Chonair Abhainn na Gaillimhe agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Suaitheadh ag an láithreán póraithe:<br>An leibhéal tionchair | Is ceart gníomhaíochtaí ag daoine a chur i gcrích ag leibhéil nach ndéanann difear dochrach do phobal póraithe na Geabhróige Artaí | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus go mbeidh aon suaitheadh feadh Abhainn na Gaillimhe le linn na tógála sealadach agus srianta do gharchomharsanacht na n-oibreacha tógála, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |

| Tréith agus Beart | Sprioc | An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith? | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? |
|---|---|---|---|
| Treocht phobail:<br>Athrú céatadánach | Treocht phobail fadtéarma atá cobhsaí nó méadaitheach | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| Dáileadh:<br>Líon agus raon na limistéar a n-úsáideann éin uisce iad | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann ar líon ná ar raon na limistéar a n-úsáideann an broigheall iad, seachas laghdú a tharlaíonn de bharr na bpátrún nádúrtha a bhaineann le hathrú | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ<br>Suaitheadh/cur as áit i dtaca le héin ag Loch an Dúlaigh le linn na tógála | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4**<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** |
| **Geabhróg scothdhubh**<br>**Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais don Gheabhróg scothdhubh in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas:** | | | |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é nár taifeadadh an speiceas laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, agus go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na conairí tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar na tréithe/spriocanna seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta:<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe: | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | | | |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | | |
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | | |
| Suaitheadh ag an láithreán póraithe:<br>An leibhéal tionchair | Is ceart gníomhaíochtaí ag daoine a chur i gcrích ag leibhéil nach ndéanann difear dochrach do phobal póraithe na Geabhróige Artaí | | |
| **An Gheabhróg**<br>**Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais don Gheabhróg in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas:** | | | |
| Méid an phobail póraithe:<br>neadacha ar léir iad a bheith áitithe (AON-anna): Líon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Ráta táirgiúlachta: líon na ngearrcach faoi lán cluimhrí ag gach péire póraithe<br>Meánlíon | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus nach srianfar na limistéir fhoráiste, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Dáileadh: coilíneachtaí póraithe:<br>Líon; suíomh; limistéar (heicteáir) | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Bithmhais chreiche atá ar fáil:<br>Cileagraim | Gan aon laghdú suntasach a bheith ann | Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair difear d'infhaighteacht creiche don speiceas seo i Loch Coirib agus ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |

| **Tréith agus Beart** | **Sprioc** | **An bhfuil Tionchair Fhéideartha, de chineál Díreach nó Neamhdhíreach, ann a dteastaíonn Maolúcháin ina leith?** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** |
|---|---|---|---|
| Bacainní ar cheangailteacht:<br>Líon; suíomh; cruth; limistéar (heicteáir) | Gan aon mhéadú suntasach a bheith ann | Ní chruthóidh Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe bacainn ar cheangailteacht feadh Chonair Abhainn na Gaillimhe agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| Suaitheadh ag an láithreán póraithe:<br>An leibhéal tionchair | Is ceart gníomhaíochtaí ag daoine a chur i gcrích ag leibhéil nach ndéanann difear dochrach do phobal póraithe na Geabhróige Artaí | Ós rud é go bhfuil na coilíneachtaí póraithe lasmuigh de ZoI aon cheann de na tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus go mbeidh aon suaitheadh feadh Abhainn na Gaillimhe le linn na tógála sealadach agus srianta do gharchomharsanacht na n-oibreacha tógála, ní bheidh aon éifeachtaí ann ar an tréith/sprioc seo | Níl |
| **Bogaigh**<br>**Cothabháil a dhéanamh ar riocht fabhrach caomhantais don ghnáthóg bhogaigh in SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe mar fhoinse d'éin uisce imirceacha a bhaineann úsáid as go rialta, atá sainmhínithe ag an liosta airíonna agus spriocanna seo a leanas:** | | | |
| Achar na gnáthóige:<br>Heicteáir | Is ceart go mbeidh an limistéar buan atá áitithe ag an ngnáthóg bhogaigh cobhsaí | Tionchair thógála/oibríochta ar an gcóras láithreach hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a chothaíonn gnáthóga bogaigh ag láithreáin fhéideartha ex-situ | Bearta chun díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta le linn tógála agus oibrithe a sheachaint<br>**Roinn 10.3**<br>Bearta chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chothabháil le linn na tógála<br>**Roinn 10.4** |

# 10 Riachtanais Dearthóireachta agus Bearta Maolaithe

Cuirtear i láthair sa roinn seo na bearta maolúcháin atá riachtanach sa bhreis ar na bearta deartha atá leagtha amach i **Roinn 2.6** den NIS seo agus tugtar achoimre thíos: D'éirigh leis na bearta dearthóireachta an baol a sheachaint nó a mhaolú go bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe bóthair tionchar a imirt ar chuspóirí na suíomhanna Eorpacha laistigh dá ZoI.

- Ní áiríonn dearadh na forbartha beartaithe bóthair aon fhálú buan laistigh de ghnáthóga Iarscríbhinn 1 atá suite laistigh de cSAC Loch Coirib
- Seachnaíonn dearadh aonréiseach an droichid atá beartaithe d'Abhainn na Gaillimhe cailliúint gnáthóige insrutha in Abhainn na Gaillimhe, déanann íoslaghdú ar an fhéidearthacht ó thaobh díghrádú gnáthóige in Abhainn na Gaillimhe (agus síos le sruth i gCuan na Gaillimhe) ó oibreacha tógála, agus déanann sé íoslaghdú ar an gcur isteach ar speicis uisceacha QI cSAC Loch Coirib
- Áiríonn an dearadh draenála, tanúchán, rialú srutha agus cóireáil truaillithe lena chinntiú go ndéantar íoslaghdú chomh maith agus is féidir ar an mbaol maidir le tionchar a bheith ar cháilíocht screamhuisce nó ar cháilíocht uisce dromchla
- Cinntíonn dearadh na forbartha beartaithe bóthair nach mbeidh aon tionchar ach oiread ar an gcóras hidreolaíoch nó ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann cheana (cé go bhfuil leibhéal cigireachta oibriúcháin san áireamh don cheann deiridh laistigh den straitéis maolúcháin i **Roinn 10.3.1.2**)
- Áirítear sa dearadh, modheolaíocht tógála mionsonraithe do Thollán Leacaigh atá beartaithe a chinnteoidh nach mbeidh tionchar aige ar shláine struchtúrach[55] na carraige aolchloiche forshrathnaithe (tá roinnt monatóireachta san áireamh sa straitéis mhaolaithe) ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann cheana nó nach mbeidh aon tionchar ar ghnáthóga Iarscríbhinn 1 in aice leis an mbealach isteach ar an taobh thiar den tollán mar thoradh ar an mballa coinneála atá sonraithe ansin
- Níl soilse san áireamh feadh an bhealaigh an droichid atá beartaithe d'Abhainn na Gaillimhe, agus tá na soilse atá beartaithe do pháirceanna OÉG deartha, le leibhéal cur isteach oibriúcháin ar speicis uisce QI feadh conair Abhainn na Gaillimhe in cSAC Loch Coirib a íoslaghdú

In ainneoin na mbeart deartha seo, áfach, tá bearta maolúcháin riachtanach freisin agus cuirfear i bhfeidhm iad faoi mhaoirsiú éiceolaí an tionscadail (a bheidh fostaithe ag an bhfostóir) agus Cléireach Oibreacha éiceolaíochta (a bheidh fostaithe ag an gconraitheoir) lena cinntiú nach mbeidh tionchar ag an fhorbairt

[55] Is éard atá i gceist le Sláine Struchtúrach mhósáic na pábhála Aolchloiche agus féaraigh Calcáraigh ná na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn an chaoi a bhfeidhmíonn timpeallacht gheoiteicniúil na pábhála aolchloiche.

bheartaithe bóthair ar chuspóirí comhaontais Láithreáin Eorpacha laistigh dá Chrios Tionchair.

Mar a leagtar amach i **Roinn 9**, is iad na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair óna dteastaíonn maolú**:**

- Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige: Bearta le híoslaghdú a dhéanamh ar chailliúint gnáthóige in cSAC Loch Coirib agus cailliúint gnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint le linn na tógála (cSAC Loch Coirib)
- Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt: Beartas le cothabháil a dhéanamh ar shláine struchtúrach pábháil aolchloiche le linn de chonair bheartaithe Leacaigh agus den bhealach isteach ón taobh thiar chun na conaire a bheith á dtógáil, (cSAC Loch Coirib)
- Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht Bearta le díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíoch a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint (cSAC Loch Coirib, LfCS Loch Coirib, LfCS an chuid is gaire den chladach de Chuan na Gaillimhe)
- Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht Bearta le Cáilíocht Uisce i Sruthchúrsaí Glactha a Chosaint (cSAC Loch Coirib, Coimpléasc cSAC Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh)
- Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir: Bearta le hAstaíochtaí Deannaigh le linn na Tógála a Rialú (cSAC Loch Coirib)
- Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha: Bearta maolúcháin le tabhairt isteach nó scaipeadh speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig Láithreáin Eorpacha (cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) a sheachaint
- Cur isteach/díláithriú: Bearta maolúcháin le héifeachtaí pléascadh maidir le cur isteach/díláithriú a dhéanamh ar éin gheimhridh a bhaineann úsáid as Loch an Dúlaigh (LfCS Loch Coirib, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh) a sheachaint/a laghdú
- Éifeacht bacainne: Bearta maolaithe lena chinntiú nach gcruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthar bacainn do ghluaiseacht an Mhadra Uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna (cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe)
- Riosca Mortlaíochta: Bearta maolúcháin le mortlaíocht i measc speicis QI (cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) a sheachaint

Tá an Plean Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) atá san áireamh in **Fhoscríbhinn C** lárnach anseo.

Tugtar achoimre sa CEMP seo ar straitéis maidir le bainistiú comhshaoil foriomláin a ghlacfar agus a chuirfear i bhfeidhm le linn na céime tógála den fhorbairt bheartaithe bóthair. Is é an cuspóir leis an CEMP léiriú a thabhairt ar an gcaoi ina ndéanfar na hoibreacha beartaithe bóthair a sheachadadh in ord atá loighciúil, stuama agus sábháilte agus leas á bhaint as bearta sonracha rialaithe comhshaoil atá ábhartha d’oibreacha tógála den chineál seo. Leagtar amach sa CEMP an

mheicníocht trína mbainfear amach cosaint comhshaoil le linn na céime tógála den fhorbairt bheartaithe bóthair. Cinnteoidh feidhmiú an CEMP go gcoinneofar cur isteach agus núis chomh híseal agus is féidir. Ullmhaíodh an CEMP de réir an iliomad treoracha maidir le sárchleachtas tionscal, lena n-áirítear:

- Treoracha TII maidir le Cruthú, Feidhmiú agus Cothabháil Plean Oibriúcháin Comhshaoil
- An *Construction Industry Research and Information Association* (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe, Treoir maidir le Dea-chleachtais ar an Láithreán, an 4ú hEagrán (CIRIA 2015)

Ullmhaíodh an CEMP i gcomhar leis an Tuarascáil um Mheasúnacht Tionchar Timpeallachta (EIA) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS), agus aird á thabhairt ar chomhairliúcháin le raon saineolaithe agus eagraíochtaí comhshaoil, go háirithe an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI). Tacaíonn an CEMP leis an eolas atá curtha ar fáil cheana féin i dTuarascáil an EIA agus san NIS agus ní mór é a léamh i gcomhar leis an eolas atá curtha ar fáil cheana féin san NIS. Tá na mionsonraí atá ábhartha do Láithreáin Eorpacha curtha ar fáil cheana féin san NIS.

Tá an t-eolas atá san áireamh sa CEMP curtha i láthair thíos:

- Mionsonraí Ginearálta Tionscadal
- Bileoga Teagmhála
- Doiciméid Tagartha
- Struchtúr Eagraíochta/Dualgais agus Freagrachtaí
- Tiomantais Chomhshaoil agus Bearta Rialaithe Comhshaoil
- Ráitis Modhanna Suíomhoiriúnaithe /Pleananna Bainistíochta
  - Plean Bainistíochta Dramhaíola Tógála agus Scartála
  - Plean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodair agus Truailliú
  - Plean Bainistíochta Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha
  - Plean maidir le Freagairt do Theagmhais
  - Plean Bainistíochta Tráchta Tógála
  - Straitéis Oiliúna maidir le Feasacht Comhshaoil
  - Straitéis Chumarsáide
  - Straitéis maidir le Cigireachtaí, Iniúchadh agus Monatóireacht Comhlíontachta
  - An tAistriú Deiridh

Is ionann an CEMP agus doiciméad oibre agus tabharfaidh an Conraitheoir chun críche é tar éis dó/dí a bheith ceaptha agus roimh thús a chur le hoibreacha ar an láithreán. Déanfaidh an Conraitheoir an t-ábhar go léir atá curtha ar fáil sa CEMP seo a sheachadadh ina iomláine agus ní bheidh tionchar ag a thabhairt chun críche ag an gConraitheoir ar láidreacht ná ar leordhóthanacht an eolais atá curtha ar fáil agus a bhfuiltear ag brath air san NIS. Tá roinnt den eolas (ar nós mionsonraí maidir le tionscadal agus sceideal tiomantas comhshaoil ón NIS) curtha ar fáil cheana féin san NIS agus níl sé á athrá sa leagan seo den CEMP. Áireofar sa CEMP é, áfach, nuair a bheidh sé tugtha chun críche ag an gConraitheoir.

Chomh maith leis na nithe atá liostaithe thuas, cuirfidh an Conraitheoir an t-eolas seo a leanas ar fáil nuair atáthar ag tabhairt an CEMP chun críche:

- Cead Pleanála - Sa chás go mbíonn cead pleanála deonaithe don fhorbairt bheartaithe bóthair, beidh ábhar iomlán an cheada pleanála san áireamh sa CEMP
- Na Tiomantais Chomhshaoil go léir atá leagtha amach sna doiciméid Chonartha (go háirithe na Riachtanais Oibre) a thabhairt san áireamh go hiomlán, iad siúd atá san áireamh i dTuarascáil an EIA agus san NIS agus aon tiomantais bhreise a thagann chun cinn mar chuid den phróiseas forbartha ceada go mbeidh an Éisteacht ó Bhéal ar siúl agus sin san áireamh. Áireofar sa CEMP an tsraith iomlán Tiomantais Chomhshaoil mar aon leis an tsonraíocht ghaolmhar, fianaise agus freagrachtaí maidir le conas a fhreastalófar ar gach aon tiomantas
- Na Critéir Ábhartha Feidhmíochta Comhshaoil atá forordaithe i reachtaíocht comhshaoil agus sna doiciméid Chonartha
- Clár den reachtaíocht infheidhme go léir, lena n-áirítear caighdeáin, Cóid Chleachtais agus Treoirlínte ábhartha
- Cur síos ar Chóras Bainistiú Comhshaoil na forbartha beartaithe bóthair, a bheidh ceaptha de réir critéir an ISO 14001:2004 – Córais Bhainistiú Comhshaoil. Déanfaidh Nósanna Imeachta Ginearálta, Nósanna Imeachta Oibre agus Treoracha Oibriúcháin comhlánú ar an CEMP. Beidh na doiciméid seo i bhfeidhm laistigh de na hoifigí riaracháin láithreáin agus laistigh de shuímh chuí an láithreáin le linn na n-oibreacha

Is doiciméid fuinniúil atá sa CEMP agus cinnteoidh an Conraitheoir go mbeidh sé bailí ar feadh na tréimhse tógála. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathrú a dhéanamh ar an CEMP le linn saolré na tréimhse tógála le torthaí monatóireachta, athruithe reachtaíochta, torthaí ó chomhairliúcháin tríú páirtithe srl. a thabhairt san áireamh. D'fhéadfadh sé go gcuirfí foscríbhinní breise leis an CEMP chun freastal ar thorthaí monatóireachta, ceadanna srl. Ní bheidh tionchar, áfach, ag tabhairt chun críche an CEMP ag an gConraitheoir ar láidreacht ná ar leordhóthanacht an eolais atá curtha ar fáil anseo agus a bhfuiltear ag brath air san NIS.

Déanfaidh an Conraitheoir, ar mhaithe le forbairt, feidhmiú agus cothabháil rathúil an CEMP a chinntiú, Bainisteoir Comhshaoil Láithreáin (SEM) a cheapadh. Beidh an oiliúint, an taithí agus an t-eolas dóthanach ag an SEM atá oiriúnach don chineál tasc a bhfuiltear ag tabhairt faoi, Cáilíocht Leibhéal a hOcht atá aitheanta ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC), nó a chomhionann ó Ollscoil, nó cáilíochtaí eile atá inghlactha ag an Fhostóir in Eolaíocht an Chomhshaoil nó i mBainistíocht Comhshaoil, nó ábhair eile atá inghlactha don Fhostóir. Beidh gá ag an SEM, go háirithe, le saineolaithe éiceolaíochta atá cáilithe go cuí – Éiceolaí an tionscadail a bheidh fostaithe ag an bhfostóir agus Cléireach Oibreachais Éiceolaíochta a bheidh fostaithe ag an gConraitheoir - le maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe atá goilliúnach go héiceolaíoch ó thaobh na n-oibreacha tógála, ceanglais cheadúnaithe maidir le maolú éiceolaíochta agus monatóireacht éiceolaíochta. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le róil agus le freagrachtaí an SEM curtha ar fáil ar fud doiciméad an CEMP i **bhFoscríbhinn C**.

Tá cur síos déanta thíos ar na Ráitis Modhanna Suíomhoiriúnaithe /Pleananna Bainistíochta atá ábhartha don NIS seo.

Tá Plean Bhainistiú Dramhaíola (WMP) Tógála agus Scartála (C&D) ullmhaithe mar chuid den CEMP ar mhaithe lena chinntiú go ndéantar bainistiú agus go ndéantar diúscairt ar dhramhaíl ar an láithreán mar thoradh ar an gcéim thógála agus scartála den fhorbairt bheartaithe bóthair ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh fhorálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996- 2011 agus na Rialacháin ghaolmhara (1996-2011) agus lena chinntiú go bhfuil na leibhéil is fearr is féidir laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála a mbaint amach agus lena chinntiú nach mbíonn tionchar ag bainistíocht dramhaíola ar Láithreáin Eorpacha.

Tugtar achoimre sa Phlean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodair agus Truailliú (SEPCP) ar na nósanna imeachta agus ar na cleachtais theicniúla le rialú éifeachtach maidir le creimeadh, dríodair agus truailliú a chur i bhfeidhm trí mhodhanna seachadta éagsúla don chéim na tógála den fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá sé mar chuspóir leis an SEPCP seo, léiriú a thabhairt ag an gcéim seo maidir leis an mbealach inar féidir na hoibreacha beartaithe tógála a sheachadadh in ord atá loighciúil, stuama agus sábháilte le bearta rialaithe maidir le dríodar, creimeadh agus truailliú a thabhairt san áireamh atá ábhartha d’oibreacha tógála den chineál seo. Léiríonn sé seo nach mbeidh tionchar ag rith chun srutha ó láithreán thógála ar aon Láithreán Eorpach.

Tá Plean Bainistíochta Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha (NISMP) ullmhaithe le himlíne a thabhairt maidir leis an straitéis a ghlacfar le linn na tógála agus feidhmithe na forbartha beartaithe bóthair le bainistíocht a dhéanamh agus cosc a chur ar scaipeadh speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha chuig aon Láithreán Eorpach. Déan tagairt do **Roinn 10.7** le tuilleadh mionsonraí a fháil.

Tá an fócas maidir leis na bearta diana go léir a chur san áireamh sa CEMP seo dírithe ar chosc a chur ar eachtra ó thitim amach ar an gcéad dul síos. Tá Plean Freagartha Teagmhais (IRP) ullmhaithe, áfach, lena chinntiú sa chás go dtarlódh agus ní mórán dóigh go dtarlóidh eachtra, go mbíonn iarrachtaí freagartha tapa, éifeachtúil agus oiriúnach do na himthosca áirithe. Déanann an IRP cur síos ar na nósanna imeachta, línte údaráis agus próisis a leanfar lena chinntiú go mbíonn iarrachtaí freagartha tapa, éifeachtúil agus oiriúnach do na himthosca áirithe. Tugann an IRP mionsonraí maidir leis na nósanna imeachta a dtabharfar fúthu i gcás aon chineál dríodair a scaoilfear isteach i sruthchúrsa, doirteadh tromchúiseach ceimiceach, breosla nó aon dramhaíl ghuaiseach eile (m.sh. coincréit), eachtra maidir le neamhchomhlíonadh le haon chead nó ceadúnas, nó aon riosca eile den sórt sin a bhféadfadh eachtra truaillithe, lena n-áirítear baol tuilte a bheidh mar thoradh orthu.

Cuirfear an oiliúint chuí agus ábhartha ar fáil d’fhoireann láithreáin an Chonraitheora lena chinntiú go bhfuil an t-eolas cuí acu leis an CEMP a fheidhmiú go rathúil.

Tugtar imlíne sa CEMP freisin maidir leis an straitéis chumarsáide a nglacfar léi le linn na céime tógála a chinnteoidh go bhfuiltear ag glacadh le agus ag feidhmiú nósanna imeachta feasachta, oideachais agus go bhfuiltear ag roinnt eolais. Ar deireadh, tugtar imlíne sa CEMP maidir leis an straitéis chigireachta, iniúchta agus monatóireachta ar chomhlíonadh a nglacfaidh an Conraitheoir léi.

Go hachomair, cinntíonn cur i bhfeidhm an CEMP nach dtiocfaidh aon tionchar díreach nó indíreach nó ex-situ i leith cuspóirí caomhantais a thacaíonn le gnáthóga QI agus speicis QI/SCI cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, cSAC Loch Coirib nó an SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, chun cinn agus go gcinnteofar go bhfuil aon drochthionchair maidir le sláine láithreáin á seachaint.

## 10.1 Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige: Bearta chun cailleadh gnáthóige cSAC Loch Coirib a íoslaghdú agus cailleadh gnáthóige Q1 laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint le linn na tógála

### 10.1.1 Bearta Maolúcháin

Bainfear úsáid as an limistéar oibre is lú atá riachtanach chun éascú a dhéanamh ar thógáil struchtúir thacaíochta a bhaineann leis an droichead atá beartaithe d'Abhainn na Gaillimhe (**Foscríbhinn D**). Déanfar an limistéar seo a dhílíniú go soiléir agus a fhálú ón tráth a gcuirfear tús leis na hoibreacha agus déanfar cothabháil air le linn an chláir thógála. Ní thabharfar faoi aon oibreacha laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib atá lasmuigh den chrios seo.

Áirítear anseo slánachar de 10m ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe agus 5m ar an mbruach thoir, áit a mbeidh oibreacha tógála teoranta go ginearálta do ghlanadh fásra adhmaid (seachas suiteáil sruth éalaithe chun na habhann), más gá, le héascú a dhéanamh ar oibreacha tógála.

Tá roinnt limistéir de ghnáthóg Iarscríbhinn QI laistigh de cSAC Loch Coirib atá laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. (Pábháil Aolchloice ag féarach calcárach) Déanfar fálú sula gcuirfear tús le haon tógáil, ar na limistéir ghnáthóige seo lena chinntiú nach mbeidh tionchar ar na hoibreacha tógála orthu agus beidh siad mar "chrios neamhthógála" a chiallaíonn nach mbeidh aon obair ar siúl ann. Tá na limistéir seo taispeánta i **bhFíoracha 15.1** go **15.5**.

Ní chuimsíonn dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe aon fhálú buan laistigh de ghnáthóga Iarscríbhinn I atá suite laistigh de cSAC Loch Coirib. Tá an leibhéal féaraigh atá ann i gcás na limistéir sin de thalamh féaraigh Calcáraigh agus de phábháil aolchloiche nochta a choinneofar os cionn Tollán Leacaigh atá beartaithe, ag cur sriain le leathadh scrobarnaí a chuirfeadh isteach ar chaighdeán na ngnáthóg sin (féach **Tábla 9.17,** faoi chomhdhéanamh fásra agus tréithe struchtúir). Cabhróidh an tiomantas chun gan fálú buan a thógáil sa réimse seo chun go leanfaidh an réimeas féaraigh atá ann faoi láthair agus cinnteoidh sé nach dtiocfaidh díghrádú gnáthóige de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe.

## 10.2 Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt: Bearta le cothabháil a dhéanamh ar shláine struchtúrach pábháil aolchloiche le linn do chonair beartaithe Leacaigh a bheith á tógáil, (agus an bealach isteach ar an taobh thiar den chonair)

### 10.2.1 Bearta Maolúcháin

Tá modheolaíocht mionsonraithe tógála do Chonair beartaithe Leacaigh curtha ar fáil in **bhFoscríbhinn F**, a áiríonn na bearta maolúcháin seo a leanas lena chinntiú nach mbíonn tionchar ag na hoibreacha tógála ar shláine struchtúrach na buncharraige aolchloiche a thacaíonn le gnáthóga Q1 in cSAC Loch Coirib:

- Tugtar aghaidh den chuid is mó tríd an dearadh ar thionchair dhíreacha agus neamhdhíreacha na srianta geoiteicniúla le linn tógála agus fheidhmiú Chonair Leacaigh. Cuireann na bearta maolúcháin atá leagtha amach thíos gné bhreise sábháilteachta ar fáil lena chinntiú nach mbíonn aon chur isteach ar ghnáthóg forshrathnaithe Iarscríbhinn 1
- Déanfar monatóireacht ó thaobh gluaiseachta ar an éadan carraige tacaithe agus ar na ballaí coinneála le linn de Chuid 1 (Cobhsú éadan Choiréil Leacaigh) agus Cuid 3 (an bealach chuig an tollán ón taobh thiar) a bheith á dtógáil. Déanfaidh an conraitheoir saineolaí geoiteicniúil a cheapadh, a bheidh i láthair le monatóireacht a dhéanamh ar chobhsaíocht na carraigmhaise le linn na céime tógála. Sa chás go mbreithnítear éagobhsaíocht agus ní dóigh go dtarlóidh sé sin, laistigh den charraigmhais, déanfar bearta tacaíochta breise a shuiteáil lena chinntiú nach mbíonn aon tionchar ar shláine struchtúrach an dromchla atá os a chionn agus ar mhósáic na pábhála aolchloiche agus ar an fhéarach cailcreach atá gar don fhorbairt bheartaithe bóthair. Tá na bearta tacaíochta breise carraige comhdhéanta d’ancairí talún, boltáil charraige, duail charraige, mogalra carraige, rois-choincréit nó meascán de na bearta sin, atá deartha chun caighdeán deartha ábhartha agus doiciméid treoracha sárchleachtais. Breithnítear, áfach, bunaithe ar chur chuige deartha coimeádach, go seachnófar an baol ó éagobhsaíocht agus nach mbeidh gá le bearta breise tacaíochta
- Le linn na céime feidhmithe, leanfar ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar chobhsaíocht na carraigmhaise, leanfar ar aghaidh freisin le monatóireacht a dhéanamh ar na córais charraige agus ar na córais choinneála ró-ualaithe i gCuid 1(Cobhsú éadan Choiréil Leacaigh) agus i gCuid 3 (an bealach chuig an tollán ón taobh thiar) mar chuid de sceideal cothabhála TII (Bonneagar Iompair Éireann). Sa chás go mbreithnítear éagobhsaíocht agus ní dóigh go dtarlóidh sé sin, laistigh den charraigmhais, déanfar bearta tacaíochta breise, atá imlínithe thuas don chéim thógála, a shuiteáil lena chinntiú nach mbíonn aon tionchar ar shláine struchtúrach an dromchla atá os a chionn agus ar mhósáic na pábhála aolchloiche agus ar an fhéarach cailcreach. Breithnítear, áfach bunaithe ar chur chuige deartha coimeádach, ar an gcóras tacaíochta ilchodach atá suiteáilte agus ar mhonatóireacht le linn na tógála go seachnófar an baol ó éagobhsaíocht agus nach mbeidh gá le bearta breise tacaíochta

- Déanfaidh an conraitheoir saineolaí geoiteicniúil a cheapadh, a bheidh i láthair le monatóireacht a dhéanamh ar chreathadh na pábhála aolchloiche le linn oibreacha pléasctha do thógáil Céim 1 (Cobhsú éadan Thollán Leacaigh) agus Cuid 3 (an bealach chuig an tollán ón taobh thiar). Sainmhínítear an teorainn maidir le creathadh ó phléascadh ag 20% atá níos coimeádaí ná cur chuige coimeádach deartha maidir le teorainn an chreathaidh de 25mm/soic ag dromchla pábhála aolchloiche, a chuireann gné bhreise sábháilteachta ar fáil do na hoibreacha tógála lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag pléascadh ar shláine struchtúracha na timpeallachta pábhála aolchloiche. Ní shárófar an t-uasteorainn creathadh de 25mm/soic. Sá chás go sáraítear an teorainn creathaidh maidir leis an sprioc pléasctha ar an dromchla, agus ní dóigh go sárófar, scoirfear d'oibreacha pléasctha ar an láithreán go dtí go bhfaightear amach cén bunús atá leis an gcreathadh breise. Déanfar an dearadh maidir le pléascadh a cheartú agus leanfar leis na hoibreacha pléasctha faoi mhonatóireacht leanúnach

## 10.3 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht: Bearta le díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint

### 10.3.1 Bearta Maolúcháin

Tá bearta maolúcháin sonracha tógála riachtanach le tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ó thógáil a mhaolú agus tá siad sin imlínithe thíos. Leanfar an treoir ón Construction Industry Research and Information Association (Cumann Taighde agus Faisnéise Thionscal na Tógála) (CIRIA) ar rialú agus ar bhainistíocht truailliú uisce ó láithreáin tógála ina bhfoilseachán *Control of Water Pollution from Construction Sites, Guidance for Consultants and Contractors* (Truailliú Uisce ó Shuíomhanna Tógála a Rialú: Treoir le haghaidh Sainchomhairleoirí agus Conraitheoirí) (Masters – Williams et al, 2001).

Tá maolú mionsonraithe thíos agus tá sé roinnte sna bearta caighdeánacha sin a bhaineann le Batailit Eibhear na Gaillimhe agus le hAolchloch Visean gan Idirdhealú agus leis na bearta sin atá deartha go sonrach don charstach san Aolchloch Visean gan Idirdhealú.

#### 10.3.1.1 Bearta Maolúcháin Caighdeánacha

- Bainfear amach maolú maidir le tionchair thógála a d'fhéadfadh a bheith ann trí dhian-nósanna imeachta sárchleachtais tógála agus rialú comhshaoil a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an deis ó scaoileadh éillithe ó rith chun srutha tógála a laghdú, mar a leagtar amach sa CEMP (**Foscríbhinn C**). Áireoidh cleachtais den chineál sin, bundún leordhóthanach d'umair ola, glantóirí rotha agus coinneáil síos deannaigh ar bhóithre láithreáin agus cothabháil rialta fearais
- Cuirfear i bhfeidhm na bearta seo a leanas atá san áireamh sa CEMP leis an fhéidearthacht truaillithe ó dhoirteadh de thaisme ar an láithreán a rialú:
    - Níl stoc-charnadh ábhar éillithe ceadaithe

- Cuirfidh dea-chleachtais tís (glanadh suas an láithreáin ar bhonn laethúil, boscaí bruscair aon uaire a úsáid, srl) ar an láithreán le linn na tógála agus úsáid, stóráil agus fáil réidh i gceart leis na substaintí sin agus lena gcuid coimeádán cosc ar éilliú ar screamhuisce
- Maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le húsáid truailleáin nó ábhair ghuaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann, éileofar ar an gconraitheoir, faoin CEMP, a chinntiú go ndéanfar ábhar ar nós coincréit, breoslaí, bealaí agus sreabhán hiodrálach a láimhsiú agus a stóráil go cúramach le doirteadh a sheachaint. Déanfar truailleáin a d'fhéadfadh a bheith ann a choinneáil slán ar loitiméireacht agus cuirfear coimeádáin cheart ar fáil dóibh de réir cóid chleachtais. Déanfar aon doirteadh a tharlóidh a shrianadh ar an bpointe boise agus tabharfar ithir éillithe chun siúil ón láithreán lena diúscairt i gceart
- Éileofar ar an gconraitheoir plean teagmhais a chur i bhfeidhm d'eachtraí éigeandála truaillithe, a bheidh forbartha ag an gconraitheoir atá ceaptha roimh thús a chur leis an obair agus a bheidh tugtha cothrom le dáta ar bhonn rialta, agus a aithneoidh na gníomhartha nach mór tabhairt fúthu i gcás eachtra truaillithe. Mar atá molta i ndoiciméad CIRIA, beidh an méid seo a leanas san áireamh sa phlean teagmhais d'éigeandálaí truaillithe:
  - Bearta srianta
  - Bealaí éigeandála scaoilte
  - Liosta den trealamh cuí agus d'ábhair glanta
  - Sceideal cothabhála don trealamh
  - Mionsonraí maidir le foireann oilte, láthair agus an soláthar 24 uair an chloig atá ar fáil
  - Mionsonraí maidir le freagrachtaí na foirne
  - Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) nó roinn comhshaoil Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar an eolas
  - Sceideal iniúchta agus athbhreithnithe
  - Uimhreacha teileafóin comhairlí reachtúla uisce
  - Liosta de chuideachtaí ag a bhfuil saineolas le truailleáin a ghlanadh suas agus a gcuid uimhreacha teileafóin

- Ní cheadófar aon phointe díreach scaoilte neamhchóirithe tógála maidir le rith chun srutha chuig screamhuisce
- Sa chás go mbraitear eachtra truaillithe, stopfar na hoibreacha tógála go dtí go n-aithnítear agus go gceartaítear an fhoinse is cúis le truailliú tógála
- Cuirfear saoráidí agus nósanna imeachta rialaithe truaillithe, atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Tógála maidir le Creimeadh, Dríodair agus Truailliú a Rialú atá san áireamh sa CEMP i bhfeidhm más gá

- Suiteálfar na saoráidí rialála agus cóireála truaillithe agus an líonra monatóireachta, lena n-áirítear, ionstraimíocht agus nósanna imeachta a bhí bunaithe sular cuireadh tús le gníomhaíochtaí tógála ar an talamh i gcomharsanacht sruthchúrsaí agus dromchla goilliúnach agus glacadóirí screamhuisce. Táthar ag súil go ndéanfar monatóireacht ar bhonn laethúil ar shaoráidí rialála truaillithe lena sláine agus lena bhfeidhm inmhianaithe leanúnach a chinntiú

### 10.3.1.2 Bearta Maolúcháin Sonracha Carst

Sa chás go dtagtar ar charst, cuirfear Prótacal Carst i bhfeidhm. Tá mionsonraí tugtha i bPrótacal Carst maidir le bearta maolúcháin sonracha carst, a bhfuil cur síos déanta orthu sa CEMP (**Foscríbhinn C**). Tá achoimre tugtha thíos maidir le cur i bhfeidhm Prótacal Carst, le mionsonraí a thabhairt maidir le cá háit a bhfuil siad le feidhmiú.

- Nuair a thagtar ar ghnéithe carstacha le linn oibreacha tógála, déanfaidh hidrigeolaí cáilithe measúnú orthu. Éileoidh méid na ngnéithe seo dílíniú ar fud na forbartha beartaithe bóthair. I gcás tochailtí (gearradh bóthair, tolláin, tochailtí do philéir droichid), ansin déanfar an ghné carst a thochailt, déanfar é a athlíonadh le hábhar garbh agus déanfar é a shéalú. Seachnóidh sé seo an rith chun srutha ó dhraenáil isteach sa ghné agus tabharfaidh cosaint in aghaidh doirteadh trí thaisme dá réir sin. Ar an mbonn seo, ní scaoilfear rith chun srutha tógála isteach i gconair charst agus beidh tanúchán agus lagú nádúrtha san uiscíoch
- Maidir le gnéithe carstacha a bheith á scoitheadh i dtochailtí d'oibreacha ithreach (lena n-áirítear, tarbhealaí, droichid agus tolláin) agus in imchuacha insíothlúcháin, déanann Prótacal Carst caomhnú ar nascthacht hiodrálach na gné agus úsáid á bhaint as ábhar gráinneach leis an charst a líonadh agus a shéalú ansin ón tochailt agus líneáil á úsáid (geoiteicstíl agus/nó stroighin ag brath ar cad atá oiriúnach don láithreán) a chuirfidh cosc ar nascacht idir an tochailt agus an carst
- De réir an dearaidh, beidh cigireacht agus cothabháil ar siúl le linn na céime oibríochta lena chinntiú go mbeidh tiús fo-ithreach cuí ar fud achar dromchla an imchuach. Má fhaightear amach go bhfuil gnéithe carstacha agus conairí féideartha san imchuach insíothúlcháin le linn na cigireachta agus na cothabhála, ansin cuirfear Prótacal Carst i bhfeidhm lena chinntiú nach bhfuil aon chonairí tosaíochta laistigh den imchuach insíothlúcháin

- Ag tabhairt gaireacht na forbartha beartaithe bóthair do Lochanna Chúil Each san áireamh, atá ag brath ar screamhuisce trí charst-fhuaráin, is ionann tionchair na tógála agus foinse tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann do cháilíocht uisce an locha ó rith chun srutha neamhrialaithe ón láithreán tógála agus éilliú a d'fhéadfadh tarlú ó thaobh an screamhuisce ó dhoirteadh tógála. Ní bheidh aon scaoileadh screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each agus déanfar cóireáil ar rith chun srutha sula scaoilfear chun talún é ag na himchuacha insíothlúcháin. Tá imchuacha insíothlúcháin deartha le socrú a thabhairt san áireamh chun dríodar a thabhairt chun siúil agus le 2m d'fho-ithreach a bheith faoi leibhéal an inbhéarta. Tá srianadh ar fáil sna himchuacha insíothlúcháin go léir le cosaint a thabhairt in aghaidh doirteadh. Ní mór cigireacht a dhéanamh ar bhonn rialta ar imchuacha insíothlúcháin lena dheimhniú an bhfuil aon turnamh inbhraite san insíothlúchán mar gheall ar charst. Níl aon treoirlínte ann ó thaobh minicíocht cigireachta maidir le himchuacha insíothlúcháin, bunaithe ar bhearta maolúcháin, áfach, atá curtha i bhfeidhm, breithnítear an baol go dtarlódh turnamh a bheith íseal agus moltar cigireacht a dhéanamh gach uile 5 bliana
- Ní thabharfar faoi dhoirteadh coincréite i dtochailtí (Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh agus Tollán Leacaigh) ach amháin nuair a bhíonn cigireacht déanta ag hidrigeolaí cáilithe ar an tochailt. Tabharfar faoi chigireacht ar mhéid agus ar dhoimhneacht iomlán gach aon tochailt lena fháil amach an bhfuil aon chonair shuntasach sreafa ann, ar nós treisiú carst i dtréscaoilteacht na buncharraige. Sa chás nach bhfuil aon chonair shuntasach sreafa ann, ansin déanfaidh an hidrigeolaí tuairisciú dá réir sin agus deimhneoidh sé/sí nach bhfuil aon bhaol ann don screamhuisce ó sceitheadh stroighne. Sa chás go bhfuil conair shuntasach sreafa ann, ansin d'fhéadfadh an hidrigeolaí an tionchair a eascraíonn ón sreabhadh feadh na gconairí seo a dhearadh bunaithe ar an bplean maolúcháin carst, d'fhéadfadh siad sin a bheith comhdhéanta de chrios ard-tréscaoilteachta a shuiteáil le cur in áit na gconairí screamhuisce a bheidh tugtha chun siúil ag bunsraitheanna agus/nó séalú a dhéanamh ar an nasc ón tochailt leis an charst a chosaint. Ceadóidh hidrigeolaí atá cáilithe dearadh na mbeart maolúcháin lena dheimhniú nach mbeidh aon tionchair diúltacha ann don screamhuisce

Cinnteoidh na bearta caighdeánacha agus na bearta carstacha atá thuas go bhfuil rialú á dhéanamh ar an mbaol truaillithe dobharlaigh screamhuisce agus nach mbeidh aon tionchar ar dhobharlaigh screamhuisce a thacaíonn le GWDTE ag Láithreáin Eorpacha.

#### 10.3.1.3 Bearta Maolúcháin maidir le Tollán Leacaigh

- Déanfaidh an conraitheoir hidrigeolaí a cheapadh do chéim na tógála, a bheidh i láthair i gcónaí sa chás go mbíonn an fhéidearthacht ag gníomhaíochtaí tógála tionchar a bheith acu ar screamhuisce. Má thagtar ar charst le linn aon tochailt, déanfaidh an hidrigeolaí tástáil ar an ngné carst ionas gur féidir méid na conaire a rangú. Déanfar an ghné a aislíonadh ansin le hábhar gráinneach ar mhaithe le cothabháil a dhéanamh ar nascacht hiodrálach na conaire agus déanfar é a shéalú ó thochailt le tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann do phatrún athlíonta screamhuisce agus do chonair sreafa go GWDTE a sheachaint

- Tá ballaí bunda sealadacha san áireamh sa dearadh ag tairseach thoir an tolláin mar bhearta atá le cur i bhfeidhm sa chás go mbíonn droch-choinníollacha screamhuisce ann (>15m OD) le linn na tógála. Cuirfidh an beart seo cosc ar an uisce le solaid ar fuaidreamh a d'fhéadfadh a bheith ard agus atá fanta sa chairéal ó dhul isteach sa tollán le linn tógála
- Lena chinntiú nach bhfuil tionchar ag truailliú ar an screamhuisce le linn na céime tógála, cuirfear na bearta maolúcháin seo a leanas i bhfeidhm mar atá mionsonraithe sa CEMP:
    - Déanfar bacainn shealadach a shuiteáil ag an tairseach thoir nuair a tharlaíonn tuile screamhuisce sa chairéal le rith chun srutha ón gcairéal a chosc ó dhul isteach sa tollán
    - Déanfar bainistíocht ar gach rith chun srutha nó scaoileadh mar atá mionsonraithe sa CEMP ionas nach mbeidh aon scaoileadh ann gan é a bheith cóireáilte ar dtús
    - Déanfar bundú ar an mbreosla leachtach agus ar na ceimiceáin go léir atá stóráilte ar an láithreán laistigh de limistéar a bhfuil dóthain acmhainn acu chun acmhainneacht 110% a choimeád

## 10.4 Díghrádú Gnáthóige – hidreolaíocht: Bearta le Cáilíocht Uisce i Sruthchúrsaí Glactha a Chosaint

### 10.4.1 Bearta Maolúcháin

Cuirfear i bhfeidhm na bearta maolúcháin a bhfuil cur síos déanta orthu thíos agus sa CEMP (**Foscríbhinn C**) lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag tógáil na forbartha beartaithe bóthair ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha. Bainfear na bearta maolúcháin seo amach trí nósanna imeachta sárchleachtais tógála agus rialuithe comhshaoil a fheidhmiú go dian ar mhaithe leis an deis maidir le scaoileadh éillithe uisce tógála a íoslaghdú. Tá na bearta maolúcháin mar seo a leanas:

- Déanfar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann le linn tógála i bhfoirm tionchar dríodair agus doirteadh isteach i sruthchúrsaí agus i ndobharlaigh screamhuisce glactha a mhaolú trí úsáid a bhaint as locháin bheartaithe dríodraithe agus córais bhogaigh sealadacha agus buan leis an rith chun srutha go léir ón láithreán tógála a chur trí shaoráidí den sórt sin sula ndéantar é a scaoileadh. Déanfaidh soláthar claíocha siolta leanúnacha agus locháin dríodraithe sealadacha gar don sruthchúrsa maolú ar thruailliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó rith chun srutha an láithreáin tógála le linn na céime tógála
- Ní cheadófar aon phointe díreach scaoilte neamhchóirithe rith chun srutha tógála chuig sruthchúrsaí nó chuig dobharlaigh screamhuisce
- Déanfar rith chun srutha tógála atá cóirithe a scaoileadh chuig crios maolánach ina bhfuil fásra neamhbhearnaithe, seachas é a scaoileadh díreach chuig sruthchúrsa

- Tabharfar faoi mhonatóireacht rialta ar cháilíocht uisce glacadóra síos le sruth ó thaobh dríodar agus hidreacarbóin agus tabharfar faoi chigireacht ar shaoráidí rialála truaillithe le linn na n-oibreacha tógála
- Sa chás go mbraitear eachtra truaillithe, stopfar na hoibreacha tógála nó go n-aithnítear agus go gceartaítear an fhoinse is cúis le truailliú tógála
- Déanfar na saoráidí rialála agus cóireála truaillithe, atá leagtha amach i roinn Phlean Bainistíochta Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodar agus Truailliú den CEMP, agus an líonra monatóireachta, lena n-áirítear ionstraimíocht agus nósanna imeachta a bhí bunaithe sular cuireadh tús le gníomhaíochtaí tógála ar an talamh i gcomharsanacht sruthchúrsaí agus dromchla goilliúnach agus glacadóirí screamhuisce, a shuiteáil. Déanfar monatóireacht ar bhonn laethúil ar na saoráidí rialála truaillithe lena sláine agus lena bhfeidhm inmhianaithe a chinntiú
- Beidh scaoileadh rith chun srutha láithreán tógála chuig sruthchúrsaí agus go háirithe tiúchan dríodair, ag freastal ar rialacháin uisce dromchla. Tabharfar faoi mhonatóireacht leanúnach ar thiúchan dríodair sna huiscí glactha, le linn gníomhaíochtaí tógála gar do shruthchúrsaí, le comhlíonadh a chinntiú agus le freagairt láithreach d’eachtraí truaillithe
- Beidh an Bainisteoir Comhshaoil Láithreáin (SEM) freagrach as an tabhairt chun críche, as feidhmiú agus as cothabháil deiridh an Phlean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodar agus Truailliú agus an Plean Freagartha Teagmhais

Déantar cur síos mar a leanas sa CEMP ar na príomhghnéithe den Phlean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodar agus Truailliú:

- Déantar cur síos i Roinn 8.3.1 ar na bearta ginearálta rialaithe
- Tugtar imlíne i Roinn 8.3.2 ar na ceanglais atá ar an SEM
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.3 ar na bearta rialaithe a bhaineann le hithir a thochailt agus a phróiseáil, iompar ábhair, láithreáin athúsáide tairbheacha d’ábhar ithreach agus stoc-charnadh sealadach ábhar
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.4 ar na bearta rialaithe a bhaineann le tógáil struchtúir agus oibriú le coincréit
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.5 ar na bearta rialaithe a bhaineann le trasrianta sruthchúrsa agus le hoibreacha insrutha lena n-áirítear príomh-sruthchúrsaí, mion-sruthchúrsaí agus draenacha, atreorú srutha agus athailíniú
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.6 ar na bearta rialaithe a bhaineann le screamhuisce a chosaint
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.7 ar na bearta rialaithe a bhaineann le clóis tógála agus athbhreoslú agus bealú innealra agus/nó láithreáin chothabhála
- Déantar cur síos i Roinn 8.3.8 ar na ceanglais mhonatóireachta agus iniúchta don réamh-thógáil agus don tógáil araon
- Tugtar imlíne i Roinn 8.3.9 ar nósanna imeachta éigeandála (a bheidh ag nascadh leis an bPlean Freagartha Teagmhais)

Tá na bearta seo bunaithe ar na treoirlínte sárchleachtais seo a leanas lena chinntiú go bhfuil cosaint leordhóthanach á dhéanamh ar dhobharlaigh le linn obair thógála:

- Treoirlínte maidir le hIascach a Chosaint le linn Oibreacha Tógála in Uiscí agus gar d'Uiscí (Iascaigh Intíre Éireann, 2016)
- Cainéil agus Dúshláin an Phríomh-Bhord Iascaigh Central Fisheries Board Channels and Challenges – The Enhancement of Salmonid Rivers
- CIRIA – Doiciméad Treorach C648 *Control of Water Pollution from Linear Construction Projects*, (Truailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní) treoir theicniúil
- CIRIA – Doiciméad Treorach C793 an Lámhleabhar SuDS
- CIRIA – Doiciméad Treorach C624 Forbairt agus baol tuilte – treoir do thionscal na tógála
- CIRIA (C649) Truailliú uisce a rialú ó thionscadail tógála líneacha, treoir láithreáin (2006)
- CIRIA (C532) Truailliú uisce ó láithreáin tógála a rialú, treoir do chomhairleoirí agus do chonraitheoirí (2001)
- Treoirlíne maidir le Trasbhealaí Sruthchúrsaí le linn Tógála na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (NRA, 2005)

## 10.5 Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir: Bearta le hAstaíochtaí Deannaigh a Rialú le linn Tógála

### 10.5.1 Bearta Maolúcháin

***Ginearálta***

Tá forbairt déanta ar na bearta maolúcháin go léir atá imlínithe thíos bunaithe ar an treoir seo a leanas:

- Treoirlínte maidir le Déileáil le Cáilíocht an Aeir le linn Pleanáil agus Tógáil Scéimeanna Bóithre Náisiúnta, Bonneagar Iompair Éireann, 2011
- Treoir ar mheasúnú deannaigh ó scartáil agus ó thógáil, *Institute of Air Quality Management*, 2014

Ar mhaithe lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar ag deannach a d'fhéadfadh a bheith ann go díreach nó go hindíreach ar fhásra laistigh de cSAC Loch Coirib gar de na hoibreacha tógála, cuirfidh an conraitheoir na bearta seo a leanas i bhfeidhm le linn céime tógála na forbartha beartaithe bóthair.

- Scuabfar dromchla crua na mbóithre le láib agus le hábhair chomhiomlána a bhaint den dromchla agus déanfar bóithre gan dromchla a shrianadh ach amháin do thrácht láithreán atá riachtanach seachas carrchlós an chonraitheora ar a mbeidh dromchla crua

- Déanfar uisce a chur ar aon bhóthar ar bhonn rialta le linn aimsir atá tirim/gaofar lena mbaineann an fhéidearthacht deannach atá baolach do shláinte an duine a chruthú
- Déanfar luas feithiclí a bhaineann úsáid as bóithre láithreáin a shrianadh, agus forfheidhmeofar go dian an srianadh luais seo. Is luas 20km san uair a bheidh i gceist ar aon bhóthar láithreáin gan dromchla agus ar bhóithre le dromchla crua de réir mar a leagan bainistíocht an láithreáin amach
- Cuirfear saoráidí níocháin rothaí ar fáil d'aon fheithicil atá ag fágáil an láithreáin ar mhaithe lena chinntiú nach bhfuil láib nó aon dramhaíl eile á dtabhairt isteach ar bhóithre poiblí, agus beidh siad sin suite 50m ar laghad ó ghnáthóga Iarscríbhinn 1 laistigh de Láithreán Eorpach
- Beidh córais láimhseála ábhar agus stoc-charnadh ábhar ar láithreáin suite 50m ar a laghad ó ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de láithreán Eorpach Cuirfear uisce ar dhromchlaí a bhfuil go leor deannaigh orthu le linn aimsir thirim
- Beidh sé ríthábhachtach go mbeidh trucailí atá ag tabhairt ábhair chuig an láithreán agus ón láithreán clúdaithe le tarpóil i gcónaí. Déanfar cigireacht leordhóthanach ar na trucailí roimh dhul amach ar bhóithre poiblí leis an fhéidearthacht ó astaíochtaí deannaigh a laghdú

Déanfar monatóireacht agus measúnacht dhian ar na nósanna imeachtaí ar bhonn laethúil. Sa chás go dtugtar leibhéil ardaithe deannaigh faoi deara lasmuigh de theorainn an láithreáin, cuirfear nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm leis an fhadhb a réiteach roimh thús a chur arís le hoibríochtaí láithreáin.

Cuirfear bacainní torainn ar fáil thart timpeall ar na láithreáin tógála i bhfoirm balla cláir. Beidh an éifeacht acu seo freisin tionchar deannaigh lasmuigh den láithreán a laghdú.

***Sainiúil do cSAC Loch Coirib***

Beidh sciath deannaigh 2m ar airde mórthimpeall na n-oibreacha tógála ag gach láithreán laistigh nó gar do cSAC Loch Coirib leis na hastaíochtaí deannaigh a chruthaítear le linn tógála a choinneáil faoi smacht.

# 10.6 Díghrádú gnáthóige – scáthú

## 10.6.1 Bearta Maolúcháin

Ní bheidh tionchar ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar speicis QI nó SCI in aon Láithreán Eorpach mar thoradh ar aon tionchar scáthaithe agus dá bhrí sin, níl gá le bearta maolúcháin.

## 10.7 Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha: Bearta maolúcháin le tabhairt isteach nó scaipeadh speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig Láithreáin Eorpacha a chosc

### 10.7.1 Bearta Maolúcháin

Tá plean bainistíochta do speicis ionracha neamhdhúchasacha ullmhaithe don fhorbairt bheartaithe bóthair a chinnteoidh nach dtarlóidh scaipeadh speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha le linn na tógála agus nach dtugtar speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha isteach in aon Láithreán Eorpach le linn na tógála. Leagtar amach sa phlean an straitéis le scaipeadh speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha a aithint, a rialú agus a bhainistiú le linn na tógála.

Cuireadh eolas ar fáil d’ullmhú agus d’fheidhmiú na mbeart bainistíochta atá leagtha amach sa phlean seo ó reachtaíocht agus ó dhoiciméid treoracha sárchleachtais ar nós:

- *Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-native Invasive Plant Species on National Roads* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2010)
- *Managing Japanese Knotweed on Development Sites (leagan 3, arna leasú in 2013):* The Knotweed Code of Practice (An Ghníomhaireacht Comhshaoil, 2013)
- *Managing Invasive Non-native Plants in or near Freshwater* (An Ghníomhaireacht Comhshaoil, 2010)
- *Best Practice Management Guidelines Japanese knotweed Fallopia japonica,* Speicis Ionracha Éireann (2015)

Tabharfaidh an conraitheoir an plean bainistíochta do speicis ionracha neamhdhúchasacha cothrom le dáta sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála. Cinnteoidh sé seo go bhfuil an bunlíne suas chun dáta maidir leis na cineálacha láithreáin, méid agus speicis nach mór a thabhairt chun siúl ón láithreán tógála (agus a bhféadfadh nach mbeadh siad teoranta do na trí cinn sin a bhfuil taifeadadh déanta orthu go dtí seo) agus rialaithe ar bhealach nach mbeifear a dtabhairt isteach nó á scaipeadh laistigh d’aon Láithreán Eorpach.

Tá speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha aitheanta ag líon láithreán laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Tá an *straitéis* leis na limistéir shonracha seo atá foirgthe a rialú agus a bhainistiú le linn na tógála curtha i láthair sa phlean. Chomh maith leis sin, tá bearta maolúcháin mionsonraithe sa phlean le scaipeadh speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha i ngach limistéar laistigh de theorainn na forbartha beartaithe le linn na tógála a chosc, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

***Réamhchóireáil***

Ag brath ar an amscála do thógáil na forbartha beartaithe bóthair, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta trí chonradh réamhchóireála, scaipeadh roinnt speicis

plandaí a theorannú roimh thús a chur leis an tógáil ar an láithreán. Éileoidh feidhmiú na réamhchóireála cead ó úinéirí talún rochtain a thabhairt le limistéir atá foirgthe a chóireáil.

Mar chuid den chonradh réamhoibreacha, éileofar ar an gConraitheoir moltaí an phlean bainistíochta seo a thabhairt cothrom le dáta agus a fheidhmiú roimh thús a chur leis an réamhchóireáil. Is é an cuspóir a bheidh leis an bplean réamhchóireála:

- Méid na foirgeachta ar an láithreán a aithint
- A chinntiú nach dtarlóidh tuilleadh fáis agus nach scaipfidh an planda ar an láithreán
- A chinntiú nach scaipeann an planda chuig láithreáin eile atá gar don láithreán foirgthe nó trí iompar ithir éillithe chuig láithreán eile
- An modh is fearr le speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha a bhainistiú agus a rialú ar an láithreán agus aird á thabhairt ar oibreacha beartaithe láithreáin agus ar mhodhanna tógála
- Eolas maidir leis an bplean a chur in iúl d’oibrithe go léir an láithreáin le rathúlacht an plean a chinntiú
- Doiciméadú agus taifeadadh a dhéanamh ar na modhanna bainistíochta agus cóireála ar tugadh fúthu ar an láithreán i gcomhair tagartha amach anseo (trína úsáid le linn an phríomhchonradh tógála, seachnóidh úinéirí láithreáin agus úsáideoirí láithreáin dlíthíocht, srl.)
- Tabharfaidh éiceolaí cáilithe an plean réamhchóireála chun críche

***Suirbhé réamhthógála***

Mar go bhféadfadh speicis a bheith scaipthe, nó go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar an scaipeadh sin, idir na suirbhéanna gnáthóige ar tugadh fúthu do Thuarascáil an EIA agus an NIS, an conradh réamhchóireála agus tús a bheith curtha leis na príomhoibreacha tógála, beidh athshuirbhé réamhthógála le duine atá cáilithe go cuí riachtanach d’fheidhmiú an plean seo, laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. De réir treoir an TII, cuirfidh an suirbhé seo léarscáiliú atá cruinn agus ar scála 1:5,000 ar fáil de láthair chruinn na speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha. Tabharfaidh saineolaithe cuí atá inniúil ó thaobh na speicis atá i gceist a aithint, faoi na suirbhéanna réamhthógála, agus aird á thabhairt ar aon srianta séasúracha.

***Sláinteachas Láithreáin***

Tá cothabháil a dhéanamh ar shláinteachas láithreán i gcónaí in áit ina bhfuil speicis ionracha neamhdhúchasacha ríthábhachtach le tuilleadh scaipeadh a chosc. Tá sé riachtanach freisin ar láithreáin nach bhfuil speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha ann, ach go bhfuil baol ann go dtabharfaí ábhar éillithe isteach ar an láithreán, mar shampla, innealra láithreán á n-úsáid ar an iliomad láithreán, agus an fhoireann tógála ag taisteal idir láithreán atá foirgthe agus láithreán nach bhfuil foirgthe. Glacfar bearta rialaithe coscacha bithshlándála lena chinntiú nach dtarlaíonn aon scaipeadh eile. Áirítear ar na bearta seo:

- Limistéir foirgthe a aithint, a fhálú agus a mharcáil go soiléir roimh agus le linn oibreacha tógála. Úsáid innealra a bhfuil lorg ó limistéir foirgthe ar a raibh siad a sheachaint
- Na limistéir ina mbeidh ithir foirgthe le stoc-charnadh a aithint agus a mharcáil go soiléir ar an láithreán agus níor chóir go mbeadh na limistéir seo laistigh de 50m den sruthchúrsa nó laistigh de chrios tuilte
- Pointí ainmnithe iontrála isteach agus amach a chruthú d'oibrithe atá ag siúl agus do threalamh beag gluaiseachta
- Saoráid tiomanta níocháin bróg agus níocháin rothaí feithiclí a shuiteáil i limistéar coimeádta laistigh den láithreán
- Sa chás go dtugtar ithir isteach ar an láithreán chun tírdhreachú a dhéanamh, do líonadh isteach nó do chlaífoirt, éileoidh an Conraitheoir doiciméid ar na soláthróirí a dheimhníonn go bhfuil an ithir saor ó speicis ionracha neamhdhúchasacha
- Cinnteofar go bhfuil lucht úsáidte go léir an láithreáin ar an eolas maidir leis na bearta atá le glacadh agus ní mór iad a chur ar an eolas go bhfuil an plean ann

***Modhanna Cóireála***

Leagfar síos limistéir atá aitheanta mar limistéir a éilíonn cóireáil shonrach agus cuirfear na bearta rialaithe ainmnithe i bhfeidhm ag an gcéim is luaithe leis an mbaol ó scaipeadh feadh na forbartha beartaithe bóthair nó thar thógáil talún a laghdú.

Tá líon roghanna bainistíochta ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le cosc a chur agus rialú a dhéanamh ar scaipeadh speicis ionracha plandaí neamhdhúchasacha. Tá sé tugtha ar aird freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta fáil réidh go hiomlán le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha roimh nó le linn na céime tógála. Mar sin féin is féidir modhanna cóireála a chur i bhfeidhm i gcónaí, áfach, (ar nós scannán bacainne fréimhe) lena chinntiú nach dtarlóidh tuilleadh scaipeadh.

Ní mór go mbeidh siad siúd atá bainteach le luibhicídí/lotnaidicídí a chur amach a bheith inniúil lena dhéanamh, agus dá réir sin, ní mór go mbeidh an oiliúint, an taithí agus an t-eolas leordhóthanach acu sa réimse maidir le luibhicídí/lotnaidicídí a chur amach. Tá sé tábhachtach go mbeidh an oiliúint chuí faighte ag an fhoireann go léir atá bainteach le luibhicídí/lotnaidicídí a chur amach, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí ansin, teastas inniúlachta a bhaint amach in úsáid sábháilte luibhicídí/lotnaidicídí trí ionad cláraithe measúnaithe an National Proficiency Tests Council nó cáiliúchán cuí FETAC sa réimse seo.

Beidh an cineál cóireála a roghnaítear ag brath ar choinníollacha láithreán (ar nós, gaireacht do shruthchúrsaí/gnáthóga mórthimpeall/gaireacht do thithe cónaithe, údair imní maidir le sláinte, sábháilteacht agus tráchta) agus cineál agus méid na foirgeachta. Seachas sin, roghnófar meascán de mhodhanna difriúla ar bhonn láithreáin agus aird á thabhairt ar ghabhdóirí goilliúnacha sa gharthimpeallacht.

Cinntíonn feidhmiú na mbeart bainistíochta atá leagtha amach sa phlean seo nach n-eascróidh aon tionchair díreacha, neamhdíreacha nó ex-situ i ndáil le gnáthóga agus speicis laistigh de Láithreáin Eorpacha agus cinnteoidh go seachnófar drochthionchair ar iomláine Láithreáin Eorpacha.

Déan tagairt de Roinn 9 den CEMP i bhFoscríbhinn C le tuilleadh mionsonraí a fháil.

## 10.8 Suaitheadh/cur as áit: Bearta maolúcháin le seachaint/laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach/díláithriú ó thionchar pléascadh ar éin gheimhridh a bhaineann úsáid as Loch an Dúlaigh

### 10.8.1 Bearta Maolúcháin

Coinneofar torann tógála chomh híseal agus is féidir de réir BS 5228 (2009).

Sonróidh na doiciméid chonartha go mbeidh sé de dhualgas ar an gconraitheoir atá ag tabhairt faoi na hoibreacha tógála bearta sonracha laghdaithe torainn a fheidhmiú agus cloí leis na sárchleachtais atá leagtha amach i gCaighdeán BS 5228 – 1: 2009 +A1 2014 na Breataine: *Code of practice for noise and vibration control on construction and open sites – Noise* agus treoirlínte an NRA (TII anois) Treoirlínte Sárchleachtais chun Tabhairt faoi Thorann le linn pleanála do Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (NRA 2014).

Tabharfar faoin bpléascadh a bhaineann leis an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh ar an taobh thoir Ch. 11+800 go Ch. 12+100) idir na míonna ó Aibreán go Meán Fómhair (san áireamh) le nochtadh éin gheimhridh ar Loch an Dúlaigh ar chur isteach a bhaineann le pléascadh a laghdú chomh maith agus is féidir. Tá an srian seo san áireamh i Sceideal na dTiomantas a bheidh le cur i bhfeidhm ag an gconraitheoir.

Tógfaidh an pléascadh a bhaineann leis an ngearradh sa Chaisleán Gearr (Ch. 12+550 go Ch. 13+650) thart ar naoi mí lena thabhairt chun críche, agus meastar go mbeidh cúig phléascadh in aghaidh na seachtaine ar siúl. Le nochtadh éin gheimhridh ar Loch an Dúlaigh ar chur isteach a bhaineann le pléascadh a laghdú chomh maith agus is féidir ní mór go gclúdóidh an tréimhse naoi mí sin an tréimhse ó Aibreán go Meán Fómhair (san áireamh) laistigh de bhlianta as a chéile.

## 10.9 Éifeacht bacainne

### 10.9.1 Bearta Maolúcháin

Cuirfear saoráidí conaire ar fáil don Mhadra Uisce ag lintéir C04/01 (Ch. 4+100) agus C04/02 (Ch. 4+950) ionas nach gcruthóidh lintéir ar Shruthán Bhearna (C04/01) agus ar Shruthán Thóin na Brocaí (C04/02) bacainn ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce. Beidh siad sin comhdhéanta de laftáin ardaithe laistigh den struchtúr nó píopaí tirime 600mm ar leithligh a bheidh suiteáilte cóngarach do na lintéir. Tógfar íosbhealaí mamach de réir *na Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes* (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c).

# 10.10 Riosca Mortlaíochta: Bearta maolúcháin le bás speicis Q1 a sheachaint

## 10.10.1 Bearta maolúcháin lena chinntiú nach dtéann ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe

Tá modheolaíocht tógála mionsonraithe ullmhaithe do thógáil an droichid atá beartaithe d'Abhainn na Gaillimhe. Cinntíonn an mhodheolaíocht tógála go seachnófar an baol ó thaobh ábhair thógála a ligin isteach trí thaisme in Abhainn na Gaillimhe le linn an droichid a bheith á thógáil agus déanfar íoslaghdú ar an mbaol ó thaobh doirteadh trí thaisme isteach in Abhainn na Gaillimhe. Cinntíonn sé seo nach mbíonn tionchar ag oibreacha tógála a bhaineann leis an Droichead atá beartaithe d'Abhainn na Gaillimhe agus nó ag aon oibreacha gaolmhara laistigh de dhobharcheantar Abhainn na Gaillimhe ar chuspóirí caomhantais cSAC Abhainn na Gaillimhe.


Cuirfear na bearta maolúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Le linn na céime tógála den trasdeic beidh líontán ar crochadh faoi ardán na creatlaí soghluaisteachta atá á úsáid le haghaidh na tógála, le hábhair thógála a choinneáil
- Tá cur síos déanta i **Roinn 10.4** thuas, ar na bearta maolúcháin leis an rith chun srutha a rialú agus a chóireáil ar mhaithe lena chinntiú nach bhfuil tionchar ar chuspóirí caomhantais cSAC Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar laghdú i gcáilíocht uisce in Abhainn na Gaillimhe. Áirítear orthu sin:

  - Déanfar limistéir oibre atá gar d'Abhainn na Gaillimhe a theannadh siar 5m ar a laghad ó imeall na habhann de réir ceanglais Iascaigh Intíre Éireann (IFI). Tógfar locháin dríodraithe agus díoga idircheapóra roimh thógáil an chlaífoirt agus an droichid le gach rith chun srutha uisce dromchla a bhailiú, a chóireáil agus a scaoileadh le linn na tógála
  - Ní mór breithniú a dhéanamh ar rith chun srutha tógála don limistéar tógála thart ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar a ghaireacht d'Abhainn na Gaillimhe. Tabharfar faoi chosaint an dobharlaigh ó rith chun srutha agus ualach siolta tógála agus úsáid á bhaint as limistéir bufair féir forchoimeádta, fálú adhmaid agus fálta síolta, beirmeacha cré nó a mhacasamhail le cóireálacha leordhóthanacha rith chun srutha a chur ar fáil sula mbaineann uiscí rith chun srutha láithreáin an sruthchúrsa amach. Is féidir tabhairt faoi chosaint ó ualach siolta freisin trí úsáid a bhaint as bogaigh agus as linnte tanúcháin gar d'Abhainn na Gaillimhe ar an dá bhruach. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta úsáid a bhaint as meascán de na modhanna sin. Déan tagairt do Roinn 8, an Plean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodair agus Truailliú an CEMP i **bhFoscríbhinn C** maidir le tuilleadh rialaithe ó thaobh dríodair agus truailliú láithreáin. Leagtar amach sa phlean seo an straitéis lena chinntiú go gcoinnítear chomh híseal agus is féidir agus go rialaítear an dríodar, an creimeadh agus truailliú a chruthaítear. Leagtar amach sa phlean seo go háirithe na ceanglais áirithe maidir le suíomh clóis tógála, stoc-charnadh, gníomhaíochtaí coincréite, ag obair gar do shruthchúrsaí, (lena n-áirítear, Abhainn na Gaillimhe) lena chinntiú go ndéantar íoslaghdú ar thionchair


- Déanfar rochtain chun an láithreáin a chur ar fáil trí bhealach iompair, HR 08/01, trí Bhóthar an N59, Maigh Cuilinn, mar atá taispeánta i **bhFíor 2.2** den NI Sand atá athchruthaithe i **bPláta 10.1** thíos. Tá clós an láithreáin, SC 08/01, do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe ar an mbruach thiar den abhainn, suite ar an taobh ó thuaidh den fhorbairt bheartaithe bóthair gar den pháirc haca, mar atá taispeánta i **bPláta 10.1** thíos. Ní féidir an clós láithreáin seo a úsáid ach do stóráil trealamh agus ábhair agus sin amháin

**Pláta 10.1: Rochtain Bhruach Thiar Abhainn na Gaillimhe agus Clós Láithreáin**




Cuirfear rochtain ar fáil chuig an mbruach thoir den abhainn trí bhealach iompair, HR 09/01, via an Bóthar Nua, mar atá taispeánta ar **Phláta 10.2** thíos. Tá clós an láithreáin, SC 09/01, do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe ar an mbruach thoir den abhainn, suite ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair, mar atá taispeánta i **bPláta 10.2** thíos. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid freisin as clós láithreáin Chairéal Leacaigh, SC 11/01, ar mhaithe le stóráil agus do riachtanais mór-oibreacha ar nós briseadh carraige, srl.

**Pláta 10.2: Rochtain Bhruach Thoir Abhainn na Gaillimhe agus Clós Láithreáin**




Le tuilleadh mionsonraí a fháil maidir leis an bPlean Rialaithe maidir le Creimeadh, Dríodair agus Truailliú, déan tagairt do Roinn 8 den CEMP i **bhFoscríbhinn C**. Déan tagairt **d'Fhoscríbhinn D** le tuilleadh mionsonraí a fháil maidir leis an modheolaíocht tógála d'Abhainn na Gaillimhe.

### 10.10.2 Bearta maolúcháin le fáil réidh leis an mbaol go marófaí/go ngortófaí an Madra Uisce mar gheall ar theagmháil le trácht bóthair

Cuirfear saoráidí conaire ar fáil don Mhadra Uisce ag lintéir C04/01 (Ch. 4+100) agus C04/02 (Ch. 4+950) le taismí bóthair don Mhadra Uisce ar Shruthán Bhearna agus ar Shruthán Thóin na Brocaí a sheachaint. Beidh siad sin comhdhéanta de laftáin ardaithe laistigh den struchtúr nó píopaí tirime 600mm ar leithligh a bheidh suiteáilte cóngarach do na lintéir. Tógfar íosbhealaí mamach de réir *na Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes* (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c).

Suiteálfar fálú mamach feadh teorainn na forbartha beartaithe idir Ch. 4+050 agus Ch. 4+200, idir Ch. 4+825 agus Ch. 5+300, agus idir Ch. 9+750 agus Ch. 10+040 (Fíor 6) le cosc a chur ar an Madra Uisce rochtain a fháil ar an gcarrbhealach agus leis na Madraí Uisce a threorú chuig íosbhealaí mamaigh. Ní bheidh gá le fálú mamach idir Ch. 9+750 agus Ch. 10+040 feadh imeall oirdheiscirt an charrbhealaigh, áit an bhfuil an balla coimeádta atá beartaithe níos mó ná 2m ar airde, mar go gcuirfidh sé sin cosc ar an Madra Uisce rochtain a fháil ar an gcarrbhealach atá beartaithe. Suiteálfar fálú atá frithsheasmhach maidir le mamaigh de réir na sonraíochta atá mionsonraithe i Mionsonraí Chaighdeáin Tógála an TII d'fhálú atá frithsheasmhach maidir le mamaigh (CC-SCD-00319).

Tá an balla coimeádta atá díreach in aice leis na locháin tanúcháin/insíothlúcháin beartaithe idir Abhainn na Gaillimhe agus an Ch. 9+600 níos mó ná 2m ar airde freisin agus cuirfidh sé sin cosc le an Madra Uisce dul isteach ar an gcarrbhealach.

## 10.11 Achoimre

Tá achoimre sa chuid seo ar an gcaoi a mbaineann na bearta maolaithe atá molta maidir leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe le cuspóirí caomhnaithe na láithreán Eorpach agus a gcuid QIanna/SCIanna.

Tá cuntas le fáil i **dTábla 10.1** thíos faoi cad iad na QIanna/SCIanna Eorpacha a bhfuil sé beartaithe iad a chosaint leis na bearta maolaithe éagsúla.

Déantar sin a nascadh siar leis na táblaí seo a leanas i **Roinn 9** a thugann mionsonraí ar conas a chosnóidh na bearta maolaithe tréithe agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhnaithe:

- cSAC Loch Coirib – **Tábla 9.17**
- cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe – **Tábla 9.24**
- SPA Lough Coirib – **Tábla 9.31**
- SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh – **Tábla 9.38**

***cSAC Loch Coirib***

Maidir le cSAC Loch Coirib, tá glactha le sraith de bhearta maolaithe a bhaineann le cosaint na timpeallachta glactha hidreolaíche agus le srian a chur le hábhair thógála le linn tógáil Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe a dhearadh chun an speicis QI uisceach a chosaint: an diúilicín péarla fionnuisce, an loimpre mhara, an loimpre shrutháin, bradán an Atlantaigh agus an madra uisce. Cuireadh fálú atá díonach ar mhamaigh ar fáil freisin chun madraí uisce a chosaint ón riosca mortlaíochta ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe.

Déanfar lochanna uisce crua, móinéir Molinia, eanach Cladium agus eanach alcaileach a chosaint leis na bearta maolaithe a bhaineann leis na timpeallachtaí glactha hidreolaíocha agus hidreolaíocha. Forbraíodh an plean um bainistiú speiceas ionrach neamhdhúchasach chun móinéir Molinia, Eanach Cladium agus eanach alcaileach a chosaint ó dhíghrádú gnáthóg trí thabhairt isteach/scaipeadh speiceas plandaí neamhdhúchasacha ionracha.

Cosnófar na limistéir féaraigh Chalcáraigh agus pábháil aolchloiche atá timpeall na forbartha bóthair atá beartaithe i gceantar Mhionlaigh/Cúil Each, agus atá os cionn Thollán Leacaigh atá beartaithe, trí chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe chun caillteanas gnáthóg a íoslaghdú agus tionchar díreach a sheachaint ar na gnáthóga sin laistigh de cSAC Loch Coirib, bearta chun sláine struchtúrtha na pábhála aolchloiche a chinntiú le linn tógáil Tolláin Leacaigh atá beartaithe, bearta chun deannach a rialú le linn na tógála agus chun speicis phlandaí neamhdhúchasacha ionracha a rialú.

### *cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe*

Beidh na gnáthóga cósta agus mara i gCuan na Gaillimhe faoi chosaint ag na bearta maolaithe a bhaineann le cosaint na timpeallachta hiodrálaíochta. Cosnóidh an rialú ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha aon limistéar de ghnáthóg féarach Calcárach \[* 6210/6210] síos an abhainn ón bhforbairt bhóthair atá beartaithe. Cosnóidh na bearta maolaithe hidreolaíocha róin bheaga agus madraí uisce freisin. Bearta maolaithe chun a áirithiú nach mbeidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ina bhac do ghluaiseacht Madraí Uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna, nó nach mbeidh riosca mortlaíochta ann ag Madraí Uisce, agus tá siad curtha san áireamh chomh maith le cosaint a thabhairt do Mhadraí Uisce i gCeantar Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

### *SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh*

Tá na bearta maolaithe chun an timpeallacht ghlactha hidreolaíochta agus hidrigeolaíocha a chosaint agus chun éifeachtaí suaite /díláithrithe na n-oibreacha bleaisteála ar éin gheimhridh a baineann úsáid as Loch Bhaile an Dúlaigh a laghdú nó a sheachaint, agus tá siad deartha chun líon na n-éan a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo a bhíonn in SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (agus gnáthóga bogaigh a thacaíonn leo) a chosaint.

**Tábla 10.1: Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus conas a bhaineann siad le cosaint a dhéanamh ar na QIanna/SCIanna agus cuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe**

Taispeántar sna cealla atá aibhsithe le dath glas cad iad na QIanna/SCIanna ar dearadh na straitéisí maolaithe lena gcosaint

| | **Bearta Maolaithe (Tagairtí do Ranna)** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Suíomh Eorpach agus QIanna/SCIanna** | **10.1** | **10.2** | **10.3** | **10.4** | **10.5** | **10.7** | **10.8** | **10.9** | **10.10.1** | **10.10.2** |
| **cSAC Loch Coirib** | | | | | | | | | | |
| \[3140] Oligo crua[1]-{2]uiscí méiseatrófacha ina bhfuil fásra beantach *Chara spp.* | | | | | | | | | | |
| \[6210] Féaraigh thirime leath[1}-{2]nádúrtha agus faiséis scrubthaite ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha | | | | | | | | | | |
| [6410\[6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móna nó marla a bhfuil ualaigh siolta orthu (*Molinion caeruleae*) | | | | | | | | | | |
| \[* 7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis an *Caricion davallianae* | | | | | | | | | | |
| \[7230] Eanaigh alcaileacha | | | | | | | | | | |
| \[8240] Pábháil aolchloiche * | | | | | | | | | | |
| [1029] \[1029] Diúilicíní Péarla Fionnuisce - *Margaritifera margaritifera* | | | | | | | | | | |
| \[1095] An loimpre mhara - *Petromyzon marinus* | | | | | | | | | | |
| \[1096] An loimpre shrutháin - *Lampetra planeri* | | | | | | | | | | |
| \[1106] Bradán an Atlantaigh - *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin) | | | | | | | | | | |
| \[1355] An Madra Uisce *Lutra lutra* | | | | | | | | | | |
| **cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe** | | | | | | | | | | |

| | Bearta Maolaithe (Tagairtí do Ranna) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Suíomh Eorpach agus QIanna/SCIanna** | **10.1** | **10.2** | **10.3** | **10.4** | **10.5** | **10.7** | **10.8** | **10.9** | **10.10.1** | **10.10.2** |
| \[1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá | | | | | | | | | | |
| \[1150] Murlaigh chósta* | | | | | | | | | | |
| \[1160] Góilíní móra éadoimhne agus cuanta | | | | | | | | | | |
| \[1170] Sceireacha | | | | | | | | | | |
| [\[1220] Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha | | | | | | | | | | |
| [1310] \[1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú | | | | | | | | | | |
| [\[1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*) | | | | | | | | | | |
| \[1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*) | | | | | | | | | | |
| \[6210] Féaraigh thirime leath[1}-{2]nádúrtha agus faiséis scrubthaite ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní) | | | | | | | | | | |
| \[1355] An Madra Uisce *Lutra lutra* | | | | | | | | | | |
| [\[1365] An rón beag *Phoca vitulina* | | | | | | | | | | |
| **SPA Loch Coirib** | | | | | | | | | | |
| An Spadalach, Lacha bhadánach | | | | | | | | | | |
| Coo An chearc cheannann | | | | | | | | | | |
| Golden Pl An feadóg bhuí | | | | | | | | | | |
| An sléibhín | | | | | | | | | | |
| An faoileán bán | | | | | | | | | | |
| An gheabhróg | | | | | | | | | | |
| Wetland Bogaigh | | | | | | | | | | |

| | Bearta Maolaithe (Tagairtí do Ranna) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Suíomh Eorpach agus QIanna/SCIanna** | **10.1** | **10.2** | **10.3** | **10.4** | **10.5** | **10.7** | **10.8** | **10.9** | **10.10.1** | **10.10.2** |
| **SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh** | | | | | | | | | | |
| Great An lóma mór, An chorr réisc liath, An cadhan, An lacha rua, An phraslacha, An Spadalach, An tsíolta rua, An fheadóg chladaigh, An fheadóg bhuí, An pilibín, An bhreacóg, An guilbneach stríocearrach, An Crotach, An cosdeargán, An piardálaí trá, An sléibhín, An faoileán bán, An broigheall | | | | | | | | | | |
| Wetlands | | | | | | | | | | |

# 11 Tionchair Iarmharacha

Tá cur síos sa chuid seo ar na hiarmhairtí iarmharacha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus pléitear ar an gcaoi a gcinnteoidh na bearta maolaithe atá molta i **Roinn 10** nach mbeidh tionchar ag na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe na suíomhanna Eorpacha atá i gceist, agus nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine na suíomhanna sin.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na sonraí a bhaineann le héifeachtaí féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar QIanna / SCIanna agus cuspóirí caomhnaithe gach láithreán Eorpach atá i gceist, na bearta maolaithe, agus na tréithe agus na spriocanna sonracha a bhaineann leis na cuspóirí caomhnaithe sin, féach ar na Táblaí seo a leanas i **Roinn 9**:

- cSAC Loch Coirib – **Tábla 9.17** i **Roinn 9.1.4.10**
- cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe – **Tábla 9. 24** i **Roinn 9.2.4.10**
- SPA Lough Coirib – **Tábla 9.31** i **Roinn 9.3.4.10**
- SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh – **Tábla 9.38** i **Roinn 9.4.4.10**

## 11.1 cSAC Loch Coirib

### 11.1.1 Ilroinnt/Cailleadh Gnáthóige:

Ní hionann na limistéir ghnáthóige atá caillte agus atá laistigh de cSAC Loch Coirib agus aon chineál gnáthóige in Iarscríbhinn 1; Ní hionann iad agus QI de cSAC Loch Coirib agus ní chuireann siad aon ról tacaíochta ar fáil d'aon QI laistigh cSAC Loch Coirib ná do speicis QI an láithreáin. Ní bheidh aon tionchar neamhdhíreach ag cailliúint aon limistéar QI lasmuigh de cSAC Loch Coirib ar ghnáthóga QI, nó ar ghnáthóga a thacaíonn le speicis QI laistigh de cSAC Loch Coirib mar gheall nach bhfuil aon chonair thionchair ann (**Roinn 9.1.4.1**) – m.sh níor chuir na gnáthóga a cailleadh lasmuigh den láithreán Eorpach aon ról tacaíochta ar fáil d'aon ghnáthóg QI laistigh de cSAC Loch Coirib ná do speicis QI.

Cé go bhfuil roinnt limistéar gnáthóige Leasanna Cáilitheacha 1 laistigh de theorainn na forbartha beartaithe ach fós lasmuigh de lorg na forbartha beartaithe bóthair (Pábháil Aolchloiche [*8240] agus Féarthailte Cailcreacha [6210]), ní chaillfear iad sin mar go gcuireann an straitéis mhaolaithe cosc ar oibreacha tógála sna limistéir seo agus i gcás na pábhála aolchloiche agus féarthailte Cailcreacha os cionn Thollán molta Leacaigh ní chuirfear srian le hainmhithe a bheith ag iníor ann (**Roinn 10.1**).

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cinnteoidh nach bhfuil aon tionchar díreach ar ghnáthóga Iarscríbhinn 1 laistigh de cSAC Loch Coirib.

Ní bheidh aon tionchar ag cailliúint gnáthóige cois bruacha nó ag gnáthóg bruachánach, nó ag mionathrú a bhaineann le tógáil na forbartha beartaithe bóthar ar áiteanna pórúcháin nó áiteanna scíthe ar dhaonraí an Mhadra Uisce, Bhradán an Atlantaigh, an Loimpre Mhara nó an Loimpre Shrutháin in cSAC Loch Coirib agus níl gá le bearta maolúcháin.

Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag aon chailliúint gnáthóige a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair ar shaintréithe nó ar spriocanna cuspóirí caomhantais a thacaíonn le coinníoll caomhantais gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha maidir le Ilroinnt/Cailleadhgnáthóige a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair curtha i láthair i **dTábla 11.1** thíos.

## Tábla 11.1: Achoimre ar Thionchair maidir le hIlroinnt/Caillteanas Gnáthóige

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach ar Tábla 9.17 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi naisc le QIanna agus gnéithe agus priocanna sonracha na spriocanna caomhantais.** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Loch Coirib?** |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Cailliúint gnáthóige QI<br>nó<br>cailliúint cineálacha gnáthóg neamh-QI a bhfuil ról tacaíochta acu ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar stádas caomhantais gnáthóga QI | D'fhéadfaí<br>Cé nach mbeidh cailliúint aon limistéar de ghnáthóga QI Iarscríbhinn 1 laistigh de cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an fhorbairt beartaithe bóthair; ní bheidh cailliúint aon ghnáthóga a thacaíonn le gnáthóga QI ann ach oiread, tá limistéir ghnáthóige pábhála aolchloiche [*8240] agus féarach cailcreach [6210] laistigh de cSAC Loch Coirib atá suite laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach fós tá siad lasmuigh de rian an charrbhealaigh a bhféadfadh tionchar díreach a bheith i gceist. Dá gcuirfí srian le hainmhithe a bheith ag iníor sa ghnáthóg chailcreach os cionn Thollán beartaithe Leacaigh d'fhéadfaí an ghnáthóg sin a chailliúint toisc go leathfadh scrobarnach isteach ann. | Tá<br>Ní cheadófar oibreacha tógála laistigh de na limistéir seo ar eagla go gcaillfear aon ghnáthóg Iarscríbhinn 1 laistigh de cSAC Loch. Ní chuirfear fál buan in airde i gceantair gnáthóg atá le coimeád. Maidir le réimsí féaraigh Chalcáraigh agus pábháil aolchloiche os cionn Thollán beartaithe Leacaigh, ós rud é nach mbeidh fál buan ann ní bheidh tionchar ar rochtain ainmhithe chun iníor a dhéanamh sa limistéir ghnáthóg seo.<br>**Roinn 10.1**<br>(agus **Fíoracha 15.1** go **15.5** do shuíomh limistéir atá srianta) | Níl |

### 11.1.2 Díghrádú gnáthóige – tollánú/tochailt

Agus breithniú á dhéanamh ar an modheolaíocht tógála agus ar na bearta maolaithe a bhfuil cur síos déanta orthu i **Roinn 10.2**, ní dhéanfaidh tógáil Thollán Leacaigh, oibreacha i gCairéal Leacaigh ná aon tochailtí gaolmhara feadh an Bhealaigh Isteach ar an Taobh Thiar den Tollán, difear do shláine struchtúrach [56] ghnáthóga forshrathnaithe nó cóngaracha Leasanna Cáilitheacha 1 laistigh de cSAC Loch Coirib (m.sh. Pábháil Aolchloiche agus Féarthailte Cailcreacha) le linn na céime tógála ná na céime oibríochta.

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolaithe seo i bhfeidhm trí Sceideal na nGealltanas (a bheidh san áireamh sa CEMP) le linn na tógála agus cinnteoidh nach dtarlóidh aon tionchair struchtúracha don charraigmhais.

Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an tógáil nó ag feidhmiú nó ag na bealaí isteach chuig Tollán Leacaigh ar shláine struchtúrach na carraigmhaise a thacaíonn le gnáthóga QI cSAC Loch Coirib nó ní bheidh tionchar ar shaintréithe nó ar spriocanna maidir leis an gcoinníoll caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha a bhaineann le tógáil bheartaithe Thollán Leacaigh curtha i láthair i **dTábla 11.2** thíos.

[56] Is éard atá i gceist le Sláine Struchtúrach an mheascáin de phábháil Aolchloiche agus d'fhéarthailte Calcáraigh ná na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn iompar an timpeallacht geoiteicniúil na pábhála aolchloiche.

**Tábla 11.2: Achoimre ar na Tionchair iarmharacha a bhaineann le Tógáil Tollán Leacaigh**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Tollánú agus tochailtí Tollán Leacaigh atá beartaithe ag a bhfuil tionchar ar shláine struchtúrach gnáthóga ag leibhéal dromchla:<br>[*8240]<br>[6210] | D'fhéadfadh, má bhíonn titim/ísliú na carraigmhaise mar thoradh ar na hoibreacha tógála os cionn an tolláin a mbíonn cailliúint limistéar gnáthóige Pábháil Aolchloiche/féarach cailcreach an cSAC thuas mar thoradh orthu | Tá<br>Tá gá le monatóireacht a dhéanamh ar fhána carraige le linn den tollán a bheith á thógáil agus á oibriú agus tá gá le monatóireacht a dhéanamh go háitiúil ar phléascadh lena chinntiú nach bhfuil aon bhaol ann do shláine struchtúrach na carraigmhaise a thacaíonn le gnáthóga QI san cSAC atá thuas<br>**Roinn 10.2** | Níl |

## 11.1.3 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht

Agus breithniú á dhéanamh ar na bearta deartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh tionchar ar an soláthar screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga in cSAC Loch Coirib atá ag brath ar screamhuisce le linn feidhmithe sa chaoi is go dtarlódh aon tionchar ar ghnáthóga QI nó ar ghnáthóga a thacaíonn le speicis QI.

Tá baol ann, áfach, go mbeadh tionchar ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar an screamhuisce a dhéanann soláthar ar Lochanna Chúil Each le linn de Tharbhealach Mhionlaigh a bheith á thógáil agus go mbeadh tionchar aige ar cháilíocht screamhuisce le linn na tógála agus/nó na hoibríochta.

Cuirfear bearta maolúcháin i bhfeidhm leis an rith chun srutha le linn tógála a rialú agus a chóireáil agus lena chinntiú go bhfeidhmíonn an córas draenála agus na himchuacha insíothlúchain mar atá deartha thar shaolré na forbartha beartaithe bóthair (**Roinn 10.3**). Bainfear úsáid as an bprótacal carstach atá leagtha amach sa CEMP i gcás go dtagtar trasna ar charstach.

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála (baol ó thruailliú tógála) agus Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII thar shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (cothabháil) agus cinnteoidh nach mbeidh aon tionchair hidrigreolaíochta ann.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchar ar an gcóras screamhuisce atá ann nó ní bheidh tionchar ar shaintréithe nó ar spriocanna maidir leis an gcoinníoll caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha hidrigeolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.3** thíos.

**Tábla 11.3: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha Hidrigeolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha ann a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála ag dul i bhfeidhm ar líon an screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh QI:<br>m.sh. Lochanna Collagh | Tá an fhéidearthacht ag suiteáil piléir thacaíochta an Tarbhealaigh atá beartaithe do Mhionlach idirghníomhú le seolphíobán screamhuisce agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an sruth screamhuisce go háitiúil le hEanach 1 Loch Coirib GWB (Mionloch) – a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a uain ar an soláthar uisce chuig Fuarán Thiar Chúil Each a chuidíonn le Lochanna Chúil Each, a thacaíonn le gnáthóga bogaigh QI san cSAC | Tá<br>Lena chinntiú nach bhfuil tionchar ag oibreacha tógála ar chonairí sreafa screamhuisce<br>**Roinn 10.3** | Níl |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | Tá<br>D'fhéadfadh tionchar ar an gcáilíocht screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce in cSAC Loch Coirib tionchar a | Tá, chun a chinntiú go ndéantar rith chun srutha ón láithreán a rialú agus a chóireáil le linn na tógála chun truailliú dobharlach screamhuisce a sheachaint | Níl |

| **Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha ann a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib?** |
|---|---|---|---|
| | bheith aige ar dháileadh, ar mhéid, ar éagsúlacht limistéar gnáthóga bogaigh QI | **Roinn 10.3** | |
| **Oibríocht** | | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | Tá<br>Cé nach ndéanfaidh dearadh na forbartha beartaithe bóthair srianadh nó cosc a chur ar na conairí sreafa screamhuisce atá ann cheana agus a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce in cSAC Loch Coirib, tá sé tábhachtach go gcoinneofar na leibhéil chuí fo-ithreach faoi na himchuacha insíothlúcháin | Tá<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | Tá<br>Cinnteofar leis an leagan amach ar na gnéithe draenála (a dtugtar cuntas ina leith i gCuid 6, agus in Foscríbhinní G, H & I) go gcoinnítear an screamhuisce ar an gcaighdeán céanna le linn ré na húsáide.<br>Ach tá sé tábhachtach go mbeidh an leibhéal cuí fo-ithreach ann i gcónaí faoi na habhantracha insíothlúcháin chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú | Tá,<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |

### 11.1.4 Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht

Agus breithniú á dhéanamh ar na bearta deartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh tionchar aige ar an gcóras hidreolaíochta atá ann cheana agus a thacaíonn le gnáthóga agus le speicis QI cSAC Loch Coirib, le linn tógála ná le linn oibríochta na forbartha beartaithe bóthair.

Tá baol ann i gcónaí, áfach, go mbeidh tionchar ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar cháilíocht uisce dromchla le linn na tógála, mar gheall ar thruailliú trí thaisme, agus/nó le linn na hoibríochta mar nach mór cothabháil a dhéanamh ar an gcóras draenála le go bhfeidhmeoidh sé i gceart. Cuirfear bearta maolúcháin i bhfeidhm le rith chun srutha le linn na tógála a rialú agus a chóireáil agus lena chinntiú go bhfeidhmíonn an córas draenála mar atá sé deartha thar shaolré na forbartha beartaithe bóthair (**Roinn 10.4**).

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála (baol ó thruailliú tógála) agus Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII thar shaolré na forbartha beartaithe bóthair (cothabháil) agus lena chinntiú nach dtarlaíonn tionchair hidreolaíoch.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú ghnáthóige mar thoradh ar an gcóras hidreolaíoch atá ann cheana nó ní bheidh tionchar aige ar shaintréithe nó ar spriocanna maidir leis an gcoinníoll caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha hidreolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.4** thíos.

**Tábla 11.4: Achoimre ar na Tionchair Hidreolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha ann a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | Tá<br>Má théitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga uisceacha/bogaigh agus speicis d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar cháilíocht agus ar fhairsinge na ngnáthóg agus na speiceas uisceach sin a dtacaíonn siad leo | Tá, chun a chinntiú go ndéantar rith chun srutha ón láithreán a rialú agus a chóireáil le linn na tógála chun truailliú an líonra draenála uisce dromchla a sheachaint<br>**Roinn 10.4** | Níl |

### 11.1.5 Díghrádú Gnáthóige – cáilíocht aeir

Agus breithniú á dhéanamh ar dhearadh na forbartha beartaithe bóthair, na leibhéil tuartha truailleán a chruthófar le linn na hoibríochta agus a gCrios Tionchair srianta agus an ghaireacht den charrbhealach chuig cSAC Loch Coirib ní bheidh aon tionchar ag an gcáilíocht aeir ar ghnáthóga agus nó ar speicis QI cSAC Loch Coirib, le linn oibríocht na forbartha beartaithe bóthair.

Tá an fhéidearthacht, áfach, ag an deannach a chruthaítear le linn na tógála tionchar diúltach a bheith aige ar fhásra agus ar ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib, san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthar teorainn cSAC, nó a luíonn gar dó. Cuirfear bearta maolúcháin i bhfeidhm le hastaíochtaí deannaigh a choinneáil síos le linn na tógála (**Roinn 10.5**).

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cinnteoidh nach mbeidh aon tionchar a bhaineann le deannach ar an gcáilíocht aeir.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair ar cháilíocht aeir nó ní bheidh tionchar ar shaintréithe nó ar spriocanna cuspóirí caomhantais a thacaíonn le coinníoll caomhantais gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an aeir a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair i **dTábla 11.5** thíos.

**Tábla 11.5: Achoimre ar Thionchair Iarmharacha maidir le Cáilíocht Aeir**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Deannach a ghintear i rith oibreacha tógála laistigh de cSAC Loch Coirib, nó i ngar dó, a rachadh i bhfeidhm ar fhairsing, éagsúlacht nó struchtúr na ngnáthóg laistigh de cSAC Loch Coirib i ngar don fhorbairt bheartaithe bóthair | D'fhéadfadh, mar go bhféadfadh sil-leagan deannaigh tionchar a bheith aige ar mhéid, ar éagsúlacht nó ar struchtúr gnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib | Tá, leis na leibhéil deannaigh a chruthaítear le linn oibreacha tógála a rialú<br>**Roinn 10.5** | Níl |

### 11.1.6 Díghrádú gnáthóige – Scáthú

Ní gnáthóga QI atá sna gnáthóga a bhfuil tionchar ag scáthú ón fhorbairt bheartaithe bóthair orthu laistigh den cSAC Loch Coirib agus ní chuireann siad ról tacaíochta ar fáil d'aon ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib. Is fíorbheagán a bheidh i gceist leis na tionchair scáthaithe atá tuartha agus beidh siad áitiúil agus ní bheidh aon tionchar díreach nó neamhdhíreach acu ar speicis láithreáin QI (an Madra Uisce, Bradán an Atlantaigh, an Loimpre Shrutháin agus an Loimpre Mhara); m.sh. ní chuirfidh siad isteach ar aon ghnáthóg a mbaineann speicis den chineál seo úsáid astu laistigh de cSAC Loch Coirib.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon díghrádú gnáthóige a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar scáthú i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ngnáthóg ná speiceas QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

### 11.1.7 Díghrádú gnáthóige – speicis ionracha neamhdhúchasacha

Tá an fhéidearthacht ag speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a bhfuil taifeadadh déanta orthu ar feadh nó gar don fhorbairt bheartaithe bóthair agus do na hoibreacha tógála agus/nó na hoibreacha cothabhála go dtabharfaí isteach/go scaipfí iad chuig limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib; agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chomhdhéanamh speicis planda, ar éagsúlacht agus ar fhlúirse i ngnáthóga atá nochta do na speicis seo.

Tá bearta maolaithe san áireamh i roinn an Phlean Bainistíochta do Speicis Neamhdhúchasacha Ionracha den CEMP le cóireáil agus rialú a dhéanamh ar speicis neamhdhúchasacha ionracha laistigh de theorainn na forbartha beartaithe **(Roinn 10.7**).

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII i bhfeidhm iad thar shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair agus cinnteoidh nach scaipfear speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh de cSAC Loch Coirib nó nach dtugtar isteach chuig cSAC Loch Coirib iad.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis plandaí neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh agus ní bheidh tionchar ar shaintréithe nó ar spriocanna cuspóirí caomhantais a thacaíonn le coinníoll caomhantais gnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha a bhaineann le speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha curtha i láthair i **dTábla 11.6** thíos.

**Tábla 11.6: Achoimre ar Thionchair Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha**

| **Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha ann a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib?** |
|---|---|---|---|
| **Tógáil/Oibríocht** | | | |
| Speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó scaipeadh ar ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib | D'fhéadfadh.<br>D'fhéadfadh scaipeadh/tabhairt isteach speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha tionchar a imirt ar dháileadh, ar éagsúlacht, agus ar mhéid limistéir ghnáthóige QI nó ar na limistéir ghnáthóige a thacaíonn le limistéir Ghnáthóige QI | Tá, lena chinntiú nach dtugtar isteach nó nach scaiptear speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh de cSAC Loch Coirib<br>**Roinn 10.7** | Níl |

## 11.1.8 Suaitheadh/Díláithriú

Ní bheidh aon suaitheadh ná cur as áit fadtéarmach ann maidir leis an Madra Uisce, Bradán an Atlantaigh, an Loimpre Shrutháin nó an Loimpre Mhara mar thoradh ar an fhorbairt bheartaithe bóthair le linn na tógála nó le linn na hoibríochta.

Dá bhrí sin, ní rachaidh aon shuaitheadh gnáthóige a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar scáthú i bhfeidhm ar spriocanna agus tréithe cuspóir caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na ngnáthóg ná speiceas QI i cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

## 11.1.9 Éifeacht bacainne

Agus breithniú á dhéanamh ar na bearta deartha a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair, ní bheidh bacainn ar ghluaiseacht speicis uisceach in cSAC Loch Coirib mar thoradh air, le linn na tógála nó le linn na hoibríochta.

Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ó éifeacht bacainne ann nó ní bheidh éifeacht ar airíonna agus spriocanna an chuspóra caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais speicis Leasanna Cáilitheacha 1 cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

### 11.1.10 Riosca Mortlaíochta

Cuireann dearadh na forbartha beartaithe bóthair teorainn leis an riosca mortlaíochta do speiceas QI cSAC Loch Coirib (Dobharchú, Bradán Atlantach, Loimpre shrutháin agus Loimpre Mhara) trí ghlanréisiú a dhéanamh ar an abhainn na Gaillimhe agus ar an tuilemhá.

Ach, baineann leibhéal áirithe riosca mortlaíochta leis an seans go dtitfeadh ábhair thógála de thaisme isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála ar Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus an baol go n-éireodh le Madraí Uisce rochtain a fháil ar an mbóthar mór beartaithe.

Tógfar céimeanna maolúcháin chun ábhair thógála a choinneáil slán le linn tógála ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus le fálú a bheidh frithsheasmhach in aghaidh Madraí Uisce a chur in airde in áiteanna ardriosca chun cosc a chur ar Mhadraí Uisce rochtain a fháil ar an mbóthar mór (**Roinn 10.10.2**).

Cuirfear na céimeanna maolúcháin i bhfeidhm tríd an dearadh agus cuirfidh an conraitheoir CEMP i bhfeidhm le linn tógála agus cinnteoidh sé sin nach mbeidh aon riosca mortlaíochta ann do speiceas QI cSAC Loch Coirib.

Dá bhrí sin, ní bheidh riosca mortlaíochta speicis Leasanna Cáilitheacha 1 i gceist nó ní bheidh éifeacht ar airíonna agus spriocanna an chuspóra caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais speicis sin Leasanna Cáilitheacha 1 cSAC Loch Coirib (féach **Tábla 9.17**). Níl aon tionchair iarmharacha díreacha nó indíreacha, dá bhrí sin, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha atá ag dul leis an riosca mortlaíochta a eascraíonn ón bhforbairt bheartaithe bóthair tugtha i **dTábla 11.7** thíos.

**Tábla 11.7: Achoimre ar Thionchair Iarmharacha Riosca Mortlaíochta**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| D'fhéadfadh toradh a bheith ar ábhair thógála ag titim de thaisme isteach in Abhainn na Gaillimhe le linn tógála ar Dhroichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe go marófaí speiceas QI uisceach:<br>Madra Uisce<br>Bradán an Atlantaigh<br>Loimpre mhara<br>Loimpre shrutháin | Tá<br>D'fhéadfadh mortlaíocht speicis QI dul i bhfeidhm ar líon daonraí – ach de bharr an riosca ísil agus chomh sealadach agus a bheidh na hoibreacha os cionn na habhann, is beag seans go mbeidh aon éifeachtaí aici siúd ar leibhéal aon daonra | Tá, modheolaíocht mionsonraithe tógála a áiríonn líontán thíos faoin limistéar oibreacha ar deic an droichid lena chinntiú nach dtiteann ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe trí thimpiste **Roinn 10.10.1** | Níl |
| **Oibríocht** | | | |
| Riosca mortlaíochta/imbhuailte de bharr trácht ar an mbóthar i gcás an Mhadra uisce | Tá, tá riosca buan de bharr oibríocht na forbartha beartaithe bóthair go marófar Madraí uisce mar gheall ar imbhuailtí le trácht ar an mbóthar agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aici ar dhaonra an Mhadra uisce i cSAC Loch Coirib | Is gá le fálú mamach lena chinntiú nach féidir le madraí uisce rochtain a fháil ar an mbóthar mór.<br>**Roinn 10.10.2** | Níl |

## 11.1.11 Conclúid na Measúnachta do cSAC Loch Coirib

Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair dhíreacha nó indíreacha a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe aon cheann de ghnáthóga nó de speicis QI CSAC Loch Corrib. Tá bearta maolaithe san áireamh chun a chinntiú go gcoimeádfar agus go gcosnófar gnáthóga QI (**Roinn 10.1**), lena chinntiú nach ndéanfar difear do shláine struchtúrach[57] na carraige atá faoi na gnáthóga tacaíochta atá laistigh de CSAC

[57] Is éard atá i gceist le Sláine Struchtúrach an mheascáin de phábháil Aolchloiche agus d'fhéarthailte Calcáraigh ná na hairíonna geoiteicniúla fisiceacha agus meicniúla a rialaíonn iompar an timpeallacht geoiteicniúil na pábhála aolchloiche

Loch Corrib le linn tógáil Thollán Leacaigh (**Roinn 10.2**), lena chinntiú go gcosnófar na dtimpeallachtaí glactha hidreolaíocha agus hidreolaíocha (**Roinn 10.3** agus **Roinn 10.4**), chun an deannach a ghinfear le linn na tógála (**Roinn 10.5**), chun a chinntiú nach dtabharfar isteach/nach scaipfear speicis phlandaí neamhshúchasacha i cSAC Loch Corrib (**Roinn 10.7**), agus chun a chinntiú nach gcuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe bac ar ghluaiseacht madraí uisce is nach marófar iad i cSAC Loch Corrib (**Roinn 10.9** agus **Roinn 10.10.2**, faoi seach). Féach **Tábla 9.17** agus **Tábla 10.1** le fáil amach faoin gcaoi a mbaineann na bearta maolaithe seo leis na QIanna agus le cuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi ghnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cibé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis an mbail chaomhantais do na QI i gceist, tá sé bainte de thátal as nach mbaineann riosca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar (go díreach nó go hindíreach) do shláine cSAC Loch Coirib agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin**

## 11.2 cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

### 11.2.1 Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht

Ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fheidhmiú na réimeas hidreolaíocha ná taoide atá ann faoi láthair agus a thacaíonn le gnáthóga agus speicis QI i cSAC Chuan na Gaillimhe le linn tógála ná le linn oibrithe.

Ach, tá gá le maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do cháilíocht an uisce dromchla le linn na tógála chun a chinntiú go leanfaidh an córas draenála de bheith ag feidhmiú de réir mar a dearadh é (**Roinn 10.4**).

Beidh na céimeanna maolúcháin seo le cur i bhfeidhm ag an gconraitheoir tríd an CEMP/PBCT le linn tógála agus ag Comhairle Contae na Gaillimhe thar saol na forbartha beartaithe bóthair agus cinnteoidh sé nach dtarlóidh tionchair hidreolaíocha.

Mar sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar thionchair ar an réimeas hidreolaíoch reatha ná ní chuirfear isteach ar na saintréithe agus spriocanna ar mhaithe le caomhnú, a thacaíonn le bail chaomhnaithe na ngnáthóg nó speiceas QI in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.24**). Dá bhrí sin níl aon tionchar díreach nó indíreach iarmharach ann a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha hidreolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.8** thíos.

**Tábla 11.8: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha Hidrigeolaíocha**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.24 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchar díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe laistigh?** |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | Tá<br>Má chuirtear isteach ar chaighdeán uisce dromchla a dhoirteann isteach sa timpeallacht mhara d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar speicis agus gnáthóga bainteacha uisceacha, cósta agus muirí. | Tá, lena cinntiú go ndéanfar an rith chun sruthe a rialú agus a chóireáil le linn tógála chun gan líonra an uisce dromchla glactha agus an timpeallacht mhara a thruailliú<br>Roinn 10.4 | Níl |

## 11.2.2 Díghrádú gnáthóige – speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha:

Tá an fhéidearthacht ag speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a bhfuil taifeadadh déanta orthu feadh nó gar don fhorbairt bheartaithe bóthair agus do na hoibreacha tógála agus/nó na hoibreacha cothabhála go dtabharfaí isteach/go scaipfí iad chuig limistéir ghnáthóige laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe; agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chomhdhéanamh speicis planda, ar éagsúlacht agus ar fhlúirse i ngnáthóga atá nochta do na speicis seo.

Tá bearta maolúcháin san áireamh sa Phlean maidir le Speicis Ionracha sa chuid CEMP ó thaobh cóireáil agus rialú a dhéanamh ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh de theorainn na forbartha beartaithe (**Roinn 10.7**).

Cuirfidh an conraitheoir na bearta maolúcháin seo i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm iad thar shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair agus cinnteoidh nach scaipfear speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh de cSAC Loch Coirib nó nach dtugtar isteach chuig cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe iad.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis plandaí neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh agus ní bheidh tionchar ar shaintréithe nó ar spriocanna cuspóirí caomhantais a thacaíonn le coinníoll caomhantais gnáthóga agus speicis QI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.24**). Dá bhrí sin níl aon tionchar díreach nó indíreach iarmharach

ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha a bhaineann le speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha curtha i láthair i **dTábla 11.9** thíos.

**Tábla 11.9: Achoimre ar Thionchair Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha**

| Tionchair Fhéideartha Dhíreacha nó Indíreacha | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.24 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar díreach nó indíreach iarmharach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe laistigh? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil/Oibríocht** | | | |
| Speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó scaipeadh ar ghnáthóga laistigh de cSAC Choimpléasc Chaun na Gaillimhe | D'fhéadfadh.<br>D'fhéadfadh scaipeadh/tabhairt isteach speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha tionchar a imirt ar dháileadh, ar éagsúlacht, agus ar mhéid limistéir ghnáthóige QI nó ar na limistéir ghnáthóige a thacaíonn le limistéir Ghnáthóige QI | Tá, lena chinntiú nach dtugtar isteach nó nach scaiptear speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>**Roinn 10.7** | Níl |

## 11.2.3 Éifeacht bacainne

Éilítear maolú, mar gheall ar an fhéidearthacht atá ag an fhorbairt bheartaithe bóthair bacainn a chruthú do ghluaiseacht an Mhadra Uisce ar fud dobharcheantar Shruthán Bhearna, lena cinntiú go mbeidh ar chumas an Mhadra Uisce dul thar na lintéir atá ar Shruthán Bhearna agus ar Shruthán Thóin na Brocaí i gcónaí (**Roinn 10.9**).

Ní tharlóidh éifeacht bacainne nó ní bheidh éifeacht ar airíonna agus ar spriocanna an chuspóra caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.24**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine cSAC Chuan na Gaillimhe.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha maidir le héifeacht bacainne a bhaineann leis an fhorbairt bheartaithe bóthair curtha i láthair i **dTábla 11.10** thíos.

**Tábla 11.10: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha maidir le hÉifeacht Bacainne**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.17 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe? |
|---|---|---|---|
| **Oibríocht** | | | |
| Éifeacht bacainne ar ghluaiseacht an Mhadra Uisce ar fud dhobharcheantar Shruthán Bhearna | Tá<br>D'fhéadfadh oibríocht na forbartha beartaithe bóthair bacainn a chruthú do ghluaiseacht an Mhadra Uisce a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Tá<br>Lena chinntiú nach bhfuil gluaiseacht an Mhadra Uisce srianta i ndobharcheantar Shruthán Bhearna (mar a imlínítear i Roinn 10.9) | Níl |

## 11.2.4 Riosca Mortlaíochta

Cruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair riosca buan do mhortlaíocht an Mhadra Uisce feadh Sruthán Bhearna agus Sruthán Thóin na Brocaí ó thaobh imbhuailtí tráchta ar bhóithre. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm le fálú atá frithsheasmhach in aghaidh Madraí Uisce a shuiteáil i gcomharsanacht na lintéir ar Shruthán Bhearna agus ar Shruthán Thóin na Brocaí, áit a bhfuil saoráidí conaire Madra Uisce á gcur ar fáil (**Roinn 10.10.2**). Cinnteofar leis na bearta maolaithe seo nach mbíonn aon riosca mortlaíochta ann do dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Dá bhrí sin, ní bheidh riosca mortlaíochta ann don Mhadra Uisce nó ní bheidh éifeacht ar airíonna agus ar spriocanna an chuspóra caomhantais a thacaíonn le riocht caomhantais dhaonra an Mhadra Uisce in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (féach **Tábla 9.24**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha atá ag dul leis an riosca mortlaíochta a eascraíonn ón bhforbairt bheartaithe bóthair tugtha i **dTábla 11.11** thíos.

**Tábla 11.11: Achoimre ar Thionchair Iarmharacha Riosca Mortlaíochta**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.24 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchar díreach nó indíreach ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe?** |
|---|---|---|---|
| **Oibríocht** | | | |
| Riosca mortlaíochta/imbhuailte de bharr trácht ar an mbóthar i gcás an Mhadra uisce | Tá<br>Tá riosca buan de bharr oibríocht na forbartha beartaithe bóthair go marófar Madraí uisce mar gheall ar imbhuailtí le trácht ar an mbóthar agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aici ar dhaonra an Mhadra uisce i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Tá<br>Chun a chinntiú nach féidir le Madraí uisce dul ar an gcarrbhealach (mar a dtugtar breac-chuntas air i **Roinn 10.10.2**) | Níl |

## 11.2.5 Conclúid na Measúnachta do cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair dhíreacha nó indíreacha a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe aon cheann de ghnáthóga nó de speicis cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. Tá bearta maolaithe san áireamh chun a chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe aon difríocht do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe (**Roinn 10.4**), nach dtabharfar plandaí speicis ionracha neamhdhúchasacha isteach i cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe (**Roinn 10.7**), nach gcuirfear bac le gluaiseacht madraí uisce is nach marófar iad i cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe (**Roinn 10.9** agus **Roinn 10.10.2**, faoi seach). Féach ar **Tábla 9.24** agus **Tábla 10.1** le fáil amach faoin gcaoi a mbaineann na bearta maolaithe seo leis na QIanna agus le cuspóirí caomhnaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi ghnáthóga agus speicis QI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis an mbail chaomhantais do na QIanna i gceist, tá sé bainte de thátal as nach mbaineann aon riosca (go díreach nó go hindíreach) leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin**

## 11.3 SPA Loch Coirib

### 11.3.1 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht/hidreolaíocht

Le linn na tógála agus na hoibríochta, ní dhéanfar difear don soláthar screamhuisce do ghnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail mar thoradh ar na héifeachtaí teoranta ar ghnáthóga a bheadh bainteach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Ach, tá gá le maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do cháilíocht an screamhuisce le linn na tógála, de réir mar is amhlaidh le linn na hoibríochta, chun a chinntiú go leanfaidh an córas draenála de bheith ag feidhmiú de réir mar a dearadh é (**Roinn 10.3**).

Ní dhéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear d’fheidhmiú an chórais láithrigh hidreolaíochta a chothaíonn láithreáin a n-úsáideann speicis éin SCI liostaithe iad, le linn na tógála nó le linn na hoibríochta.

Ach, tá gá le maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do cháilíocht an uisce dromchla le linn na tógála (**Roinn 10.4**).

An conraitheoir a dhéanfaidh na bearta maolúcháin a chur i bhfeidhm tríd an CEMP le linn obair thógála a dhéanamh (smachtú truaillithe) agus Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII a dhéanfaidh amhlaidh le linn ré úsáide an bhóthair bheartaithe (cothabháil) agus cinnteofar nach dtarlaíonn tionchar ar chúrsaí hidrigeolaíochta/hidreolaíochta.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóg de thoradh aon tionchar ar an réimeas screamhuisce ná uisce dromchla mar atá faoi láthair ná ní chuirfear isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais na speicis SCI i Limistéar SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.31**). Dá réir sin, níl aon tionchar iarmharach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine Limistéar SPA Loch Coirib.

Tugtar achoimre maidir le cineálacha an tionchair hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe in **Tábla 11.12** thíos.

**Tábla 11.12: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha Hidrigeolaíocha/Hidreolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.31 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indírech a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine SPA Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | Dá ndéanfaí difear do cháilíocht an screamhuisce a chothaíonn gnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chineál, do cháilíocht agus d'fhairsinge na gnáthóige oiriúnaí atá ar fáil do speicis éin SCI | Tá<br>**Roinn 10.3** | Níl |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | Má théitear i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga uisceacha/bogaigh agus speicis d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar cháilíocht agus ar fhairsing na ngnáthóg agus na speiceas uisceach sin a dtacaíonn siad leo | Tá<br>**Roinn 10.4** | Níl |
| **Oibríocht** | | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | Ní chuirfidh an leagan amach maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe bac ná cosc ar na conairí sreafa screamhuisce atá ann faoi láthair chuig gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce agus a thaobhaíonn speicis den éanlaith a liostaítear mar speicis SCIanna maidir le Limistéar SPA Loch Coirib.<br>Ach tá sé tábhachtach go mbeidh an leibhéal cuí fo-ithreach ann i gcónaí faoi na habhantracha insíothlúcháin chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú | Tá<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.31 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indírech a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine SPA Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | Cinnteofar leis an leagan amach ar na gnéithe draenála (a dtugtar cuntas ina leith i **Roinn 2**, agus in **Foscríbhinní G, H & I**) go gcoinnítear an screamhuisce ar an gcaighdeán céanna le linn ré na húsáide.<br>Ach tá sé tábhachtach go mbeidh an leibhéal cuí fo-ithreach ann i gcónaí faoi na habhantracha insíothlúcháin chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú | Tá<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |

Ó tharla nach bhfuil aon bhaol tionchar hidrigeolaíochta/hidreolaíochta a imirt, mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt, ar ghnáthóga bogaigh, taobh istigh den limistéar SPA ná ar láithreacha eile taobh amuigh den limistéar sin, ní chuirfear isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais aon cheann ar bith de na speicis SCI i Limistéar SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.31**).

### 11.3.2 Suaitheadh/cur as áit – laistigh den SPA

Tá limistéar SPA Loch Coirib taobh amuigh den ZoI maidir le haon chur isteach fadtéarmach, le linn na tógála nó na húsáide, a bhainfeadh leis an mbóthar beartaithe a fhorbairt. Dá réir sin, níl aon seans go mbeadh aon tionchar ar chuspóirí caomhantais maidir le limistéar SPA Loch Coirib a thiocfadh chun cinn tríd an tionchar seo agus ní gá aon bheart maolúcháin.

Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh beagán áirithe de dhíshocrú a bheith i gceist maidir le héin SCI a chur amach as gnáthóga taobh istigh den limistéar SPA le linn na tógála nó i rith ré úsáide an bhóthair bheartaithe, ní thiocfaidh díláithriú fadtéarmach dá thoradh agus ní chuirfear isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais an speicis seo i Limistéar SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.31**). Dá réir sin, níl aon tionchar iarmharach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine Limistéar SPA Loch Coirib.

### 11.3.3 Suaitheadh/cur as áit - láithreáin fhéideartha ex-situ

I gcoitinne, ní shrianfaidh suaitheadh de bharr na tógála nó na hoibríochta fairsinge na gnáthóige atá ar fáil d'aon speicis SCI sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail. Ina ainneoin sin, meastar go bhfuil seans go dtarlódh díláithriú speicis éin SCI ó Loch an Dúlaigh mar gheall ar phléascadh go fadtéarmach ag Loch an Dúlaigh dá dtarlódh sin go minic nó ar feadh achar fada ar feadh roinnt séasúr geimhridh as a chéile; agus go bhféadfadh tionchar chun dochair a bheith aige sin ar líon na n-éan de chineálacha SCI a chaitheann an geimhreadh ann.

Fágfaidh srianadh séasúrach trína gcuirtear cosc ar phléascadh nó teorainn le pléascadh anseo i rith an gheimhridh go mbeidh srian le hobair phléasctha i gcóngar Loch an Dúlaigh agus go mbeidh tréimhsí saor ó phléascadh ann sa chaoi is nach dtarlóidh pléascadh i gcóngar Loch an Dúlaigh i rith dhá shéasúr geimhridh taobh amuigh de thréimhse ghairid amháin ar a mhéid. Is é toradh a bheidh air sin go dtarlóidh an chuid is mó den phléascadh sa cheantar sin i rith an chéad séasúr geimhridh (e.g. tréimhse amháin 12-16 seachtaine i rith gheimhreadh amháin agus an dara tréimhse, i bhfad níos giorra, 2-4 seachtaine i rith an dara geimhreadh) nó go mbeidh an pléascadh á dhéanamh ar bhealach níos cothroime an dá gheimhreadh. Cinnteofar ar an gcaoi sin nach dtarlaíonn aon tionchar díshocraithe/díláithrithe fadtéarmach mar gheall ar an bpléascadh maidir le héin a chaitheann an geimhreadh le Loch an Dúlaigh (**Roinn 10.8**).

Déanfaidh an conraitheoir an beart maolúcháin sin a chur i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cinnteofar dá bharr nach dtarlóidh tionchair de bharr suaitheadh/cur as áit.

Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh beagán áirithe de dhíláithriú a bheith i gceist maidir le héin SCI a chur amach as gnáthóga taobh istigh den limistéar SPA le linn na tógála nó i rith ré úsáide an bhóthair bheartaithe, ní thiocfaidh díláithriú fadtéarmach dá thoradh agus ní chuirfear isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais an speicis seo i Limistéar SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.31**). Dá réir sin, níl aon tionchar iarmharach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine Limistéar SPA Loch Coirib.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha, i dtaca le suaitheadh/cur as áit de, ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.13** thíos.

**Tábla 11.13: Achoimre maidir le Tionchar Iarmharach Míshuaimhnis/Díláithrithe ar láithreacha ionchais ex situ**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.31 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchar iarmharach díreach nó indíreach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine SPA Loch Coirib? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Pléascadh ar feadh tréimhse fhada ag Cairéal Leacaigh agus ag an gCaisleán Gearr ina chúis le speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib ag Loch an Dúlaigh | D'fhéadfaí, ós rud é go bhféadfadh pléascadh ar feadh tréimhse fhada speicis éin SCI liostaithe a chur as a n-áit ag Loch an Dúlaigh ar feadh séasúr geimhrigh amháin nó níos mó; rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do phobal geimhrithe an SPA. | Tá<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** | Níl |

## 11.3.4 Cailleadh/ilroinnt gnáthóige - láithreáin fhéideartha ex-situ

Ní shrianfaidh scála an chaillte/na hilroinnte gnáthóige fairsinge na gnáthóige atá ar fáil d'aon speicis SCI sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail. Dá réir sin, níl aon seans go mbeadh aon tionchar ar chuspóirí caomhantais maidir le limistéar SPA Loch Coirib a thiocfadh chun cinn tríd an tionchar seo agus ní gá aon bheart maolúcháin.

Dá bhrí sin, ní chuirfidh aon chailliúint gnáthóg a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais an speicis SCI seo i Limistéar SPA Loch Coirib (féach **Tábla 9.31**). Dá réir sin, níl aon tionchar iarmharach a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine Limistéar SPA Loch Coirib.

## 11.3.5 Conclúid na Measúnachta maidir le Limistéar SPA Loch Coirib

Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair fhéideartha, idir dhíreach agus neamhdhíreach, a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair difear do chuspóirí caomhantais aon speiceas SCI. Tá bearta maolaithe curtha san áireamh

chun a chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear do na timpeallachtaí hidreolaíocha nó hidreolaíocha glactha (**Roinn 10.3** agus **Roinn 10.4**) agus ní dhéanfaidh sé aon suaitheadh / díláithriú fadtéarmacha ar Loch Bhaile an Dúlaigh (Roi**nn 10.8**). Féach **Tábla 9.31** agus **Tábla 10.1** maidir leis an gcaoi a mbaineann na bearta maolaithe seo leis na SCIanna agus cuspóirí caomhnaithe SPA Loch Coirib.

Maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis éan SCI, na éifeachtaí ar hidreolaíocht, suaitheadh agus caillteanas gnáthóg forluíonn na héifeachtaí ar hidrigeolaíocht, agus suaitheadh agus cailleadh gnáthóige, ar bhonn spásúlachta i leith an ZoI atá acu agus i leith na láithreán féideartha ex-situ a breithníodh sa mheasúnacht seo. Mar atá luaite thuas, sna ranna iomchuí, ní raibh i líon na limistéar gnáthóige laistigh de láithreáin fhéideartha ex-situ a ndéanfaí difear dóibh ach cion beag den ghnáthóg a bhí ar fáil go háitiúil agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ó thaobh leibhéil phobail ag gabháil le héifeachtaí ó thaobh cailleadh/díghrádú gnáthóige (i gcás ina dtarlaíonn siad). Maidir le suaitheadh/cur as áit, tá ZoI na tógála sealadach agus níltear ag tuar go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarma ag gabháil leis an ZoI oibríochta lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe. Dá réir sin, fiú ar a n-áireamh in éineacht, ní chuirfidh an tionchar foriomlán ar úsáid na láithreacha ex situ seo ag speicis éin a liostaítear mar chineálacha SCI maidir le Limistéar SPA Loch Coirib isteach ar a réimse ná ní tharraingeofar cúngú ar an réimse gnáthóige ar bhealach a d'fhágfadh nach bhféadfadh an t-éanlaith áitiúil fanacht chomh líonmhar céanna go fadtéarmach.

Ní bheidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina bhac ach oiread ar aon dícheall stádas caomhantais fabhrach a chur ar ais ar bun, sa chás go mbeadh sin san áireamh leis na cuspóirí caomhantais san am atá le theacht.

**Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh i bhfianaise an eolais is fearr atá ar fáil ó thaobh cúrsaí eolaíochta, ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad i ndáil le speicis éin SCI, agus na gnáthóga atá de bhun leo, i limistéar SPA Loch Coirib atá taobh istigh de ZoI an bhóthair bheartaithe, na tionchair ionchais agus na bearta maolúcháin agus cibé an gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh an tionchar a thuartar isteach ar na cuspóirí a chuireann bonn treise faoi stáid caomhantais na speiceas SCI a bhaineann le hábhar, thángthas ar an gcomhairle nach bhfuil aon bhaol (díreach ná indíreach) go mbeadh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine Limistéar SPA Loch Coirib agus níl aon amhras réasúnach ó thaobh cúrsaí eolaíochta maidir leis an gcomhairle sin**

## 11.4 SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

### 11.4.1 Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht

Le linn na tógála agus na hoibríochta, ní dhéanfar difear don soláthar screamhuisce do ghnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail mar thoradh ar na héifeachtaí teoranta ar ghnáthóga a bheadh bainteach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair.

Ach, tá gá le maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do cháilíocht an screamhuisce le linn na tógála, de réir mar is amhlaidh le linn na hoibríochta, chun a chinntiú go leanfaidh an córas draenála de bheith ag feidhmiú de réir mar a dearadh é (**Roinn 10.3**).

Déanfaidh an conraitheoir na bearta maolúcháin sin a chur i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála (rialú ar thruailliú) agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII i bhfeidhm iad thar shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (cothabháil) agus cinnteofar dá mbarr nach dtarlóidh tionchair hidrigeolaíochta.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr dá bhfuil ann, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair ar an gcóras screamhuisce láithreach ná ní dhéanfaidh sé difear do thréithe nó do spriocanna na gcuspóirí caomhantais a chothaíonn riocht caomhantais speicis SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.38**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d’fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d’iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha hidrigeolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.14** thíos.

**Tábla 11.14: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha Hidrigeolaíocha**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.38 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh do shláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce | Dá ndéanfaí difear do cháilíocht an screamhuisce a chothaíonn gnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chineál, do cháilíocht agus d'fhairsinge na gnáthóige oiriúnaí atá ar fáil do speicis éin SCI | Tá, chun a chinntiú go ndéantar rith chun srutha ón láithreán a rialú agus a chóireáil le linn na tógála chun truailliú dobharlach screamhuisce a sheachaint | Níl |
| **Oibríocht** | | | |
| Difear á dhéanamh do chainníocht an screamhuisce le linn oibríochta | Ní shrianfaidh, ná ní bhacfaidh, dearadh na forbartha beartaithe bóthair conairí sreabhaidh an screamhuisce láithrigh a chothaíonn gnáthóga atá ag brath ar screamhuisce agus a n-úsáideann speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib iad<br>Ach tá sé tábhachtach go mbeidh an leibhéal cuí fo-ithreach ann i gcónaí faoi na habhantracha insíothlúcháin chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú | Tá<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.38 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh do shláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|---|
| Difear á dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce le linn oibríochta | Cinnteofar leis an leagan amach ar na gnéithe draenála (a dtugtar cuntas ina leith i **Roinn 2**, agus in **Foscríbhinní G, H & I**) go gcoinnítear an screamhuisce ar an gcaighdeán céanna le linn ré na húsáide.<br>Ach tá sé tábhachtach go mbeidh an leibhéal cuí fo-ithreach ann i gcónaí faoi na habhantracha insíothlúcháin chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú | Tá<br>Cuirfear an prótacal bainistithe carst i bhfeidhm má aimsítear tréithe agus conairí féideartha carst le linn iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh san abhantrach insíothlúcháin<br>**Roinn 10.3** | Níl |

### 11.4.2 Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht

Ní dhéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear d'fheidhmiú an chórais láithrigh hidreolaíochta a chothaíonn láithreáin a n-úsáideann speicis éin SCI liostaithe iad, le linn na tógála nó le linn na hoibríochta.

Ach, tá gá le maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear do cháilíocht an uisce dromchla le linn na tógála, de réir mar is amhlaidh le linn na hoibríochta, chun a chinntiú go leanfaidh an córas draenála de bheith ag feidhmiú de réir mar a dearadh é (**Roinn 10.4**).

Déanfaidh an conraitheoir na bearta maolúcháin sin a chur i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála (rialú ar thruailliú) agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII i bhfeidhm iad thar shaolré oibríochta na forbartha beartaithe bóthair (cothabháil) agus cinnteofar dá mbarr nach dtarlóidh tionchair hidreolaíochta.

Dá bhrí sin, ní tharlóidh díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair ar an gcóras uisce dromchla láithreach ná ní dhéanfaidh sé difear do thréithe nó do spriocanna na gcuspóirí caomhantais a chothaíonn riocht caomhantais speicis SCI SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.38**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha hidreolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.15** thíos.

**Tábla 11.15: Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha Hidrigeolaíocha**

| Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach | An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.38 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais | An bhfuil gá le bearta maolúcháin? | An bhfuil aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Oibreacha tógála a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla | Dá ndéanfai difear do cháilíocht uisce dromchla sa chomhshaol glactha i gCuan na Gaillimhe (nó ag aon láithreán tábhachtach ex-situ) d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar cháilíocht gnáthóige agus ar an úsáid a bhaineann speicis SCI as limistéir thábhachtacha gnáthóige, a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar chuspóir caomhantais ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar dháileadh limistéir a mbaineann éin uisce SCI úsáid astu | Tá, chun a chinntiú go ndéantar rith chun srutha ón láithreán a rialú agus a chóireáil le linn na tógála chun truailliú an líonra draenála uisce dromchla a sheachaint | Níl |

## 11.4.3 Suaitheadh/cur as áit - láithreáin fhéideartha ex-situ

I gcoitinne, ní shrianfaidh suaitheadh de bharr na tógála nó na hoibríochta fairsinge na gnáthóige atá ar fáil d'aon speicis SCI sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail. Ach, maidir le pléascadh ar feadh tréimhse fhada ag Loch an Dúlaigh, measadh go raibh sé de chumas aige speicis éin SCI liostaithe a chur as a n-áit ag Loch an Dúlaigh; rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do phobal geimhrithe an SPA. Déanfar srian séasúrach trína gcoiscfear/dteorannófar pléascadh anseo i rith an gheimhridh a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach mbeidh pléascadh ag Loch an Dúlaigh ina chúis le haon éifeachtaí fadtéarma ar éin geimhrithe, i dtaca le suaitheadh nó cur as áit (**Roinn 10.8**).

Déanfaidh an conraitheoir an beart maolúcháin sin a chur i bhfeidhm tríd an CEMP le linn na tógála agus cinnteofar dá bharr nach dtarlóidh tionchair de bharr suaitheadh/cur as áit.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an eolais is fearr atá ar fáil ó thaobh cúrsaí eolaíochta, cé go bhféadfadh beagán áirithe de dhíláithriú a bheith i gceist maidir le héin SCI a chur amach as gnáthóga taobh istigh den limistéar SPA le linn na tógála nó i rith ré úsáide an bhóthair bheartaithe, ní thiocfaidh díláithriú fadtéarmach dá thoradh agus ní chuirfear isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais an speicis seo i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.38**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Tá achoimre ar na tionchair iarmharacha, i dtaca le suaitheadh/cur as áit de, ag láithreáin fhéideartha ex-situ a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair ar fáil i **dTábla 11.16** thíos.

**Tábla 11.16: Achoimre maidir le Tionchar Iarmharach Míshuaimhnis/Díláithrithe ar láithreacha ionchais ex situ**

| **Tionchair Fhéideartha de chineál Díreach nó Neamhdhíreach** | **An bhféadfaí difear a dhéanamh do na cuspóirí caomhantais? Féach Tábla 9.38 le haghaidh sonraí breise faoi naisc le QIanna agus faoi shonraí agus spriocanna sonracha na gcuspóirí caomhantais** | **An bhfuil gá le bearta maolúcháin?** | **An bhfuil aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | |
| Pléascadh ar feadh tréimhse fhada ag Cairéal Leacaigh agus ag an gCaisleán Gearr ina chúis le speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib ag Loch an Dúlaigh | D'fhéadfaí, ós rud é go bhféadfadh pléascadh ar feadh tréimhse fhada speicis éin SCI liostaithe a chur as a n-áit ag Loch an Dúlaigh ar feadh séasúr geimhrigh amháin nó níos mó; rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do phobal geimhrithe an SPA. | Tá<br>Srian séasúrach ar oibreacha pléasctha i gcomharsanacht Loch an Dúlaigh<br>**Roinn 10.8** | Níl |

### 11.4.4 Cailleadh/ilroinnt gnáthóige - láithreáin fhéideartha ex-situ

Ní shrianfaidh scála an chaillte/na hilroinnte gnáthóige fairsinge na gnáthóige atá ar fáil d'aon speicis SCI sa mhéid go dtarlódh aon éifeachtaí ar leibhéil phobail. Dá bharr sin, níl aon fhéidearthacht ann go dtiocfaidh aon tionchair ar chuspóirí caomhantais SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh chun cinn tríd an tionchair seo agus níl gá le haon bhearta maolúcháin.

Dá bhrí sin, ní chuirfidh aon chailliúint gnáthóg a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar thréithe agus spriocanna maidir le cuspóirí caomhantais atá ina mbonn faoi stáid caomhantais an speicis SCI seo i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (féach **Tábla 9.38**). Dá bhrí sin, níl aon tionchair iarmharacha ann, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

### 11.4.5 Conclúid na Measúnachta i leith SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Ní dhéanfaidh aon cheann de na tionchair fhéideartha, idir dhíreach agus neamhdhíreach, a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair difear do chuspóirí caomhantais aon speiceas SCI. Tá bearta maolaithe curtha san áireamh chun a chinntiú nach ndéanann an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear do na timpeallachtaí glactha hidreolaíocha nó hidreolaíocha **(Roinn 10.3** agus **Roinn 10.4**) agus ní dhéanfaidh sé aon éifeachtaí suaite / díláithrithe fadtéarmacha ag Loch Bhaile an Dúlaigh (Roinn 10.8). Féach **Tábla 9.31** agus **Tábla 10.1** maidir leis an gcaoi a mbaineann na bearta maolaithe sin leis na SCIanna agus le cuspóirí caomhnaithe SPA Chuan na Gaillimhe.

Maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair beartaithe ar speicis éan SCI, forluíonn éifeachtaí hidrigeolaíochta, agus suaitheadh agus cailleadh gnáthóige, ar bhonn spásúlachta i leith an ZoI atá acu agus i leith na láithreán féideartha ex-situ a breithníodh sa mheasúnacht seo. Mar atá luaite thuas, sna ranna iomchuí, ní raibh i líon na limistéar gnáthóige laistigh de láithreáin fhéideartha ex-situ a ndéanfaí difear dóibh ach cion beag den ghnáthóg a bhí ar fáil go háitiúil agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon éifeachtaí ó thaobh leibhéil phobail ag gabháil le héifeachtaí ó thaobh cailleadh / díghrádú gnáthóige (i gcás ina dtarlaíonn siad). Maidir le suaitheadh/cur as áit, tá ZoI na tógála sealadach agus níltear ag tuar go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarma ag gabháil leis an ZoI oibríochta lasmuigh de theorainn na forbartha beartaithe. Dá bhrí sin, fiú amháin má chuirtear na héifeachtaí le chéile, ní dhéanfaidh an éifeacht fhoriomlán ar úsáid na láithreán féideartha ex-situ sin ag speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh difear dá raon ná ní laghdóidh siad an limistéar gnáthóige sa mhéid nach mbeadh na pobail áitiúla in ann iad féin a chothú san fhadtéarma.

Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair bac ar aon iarrachtaí chun stádas fabhrach caomhantais a chur ar fáil arís, más rud é go mbeidh sé sin mar chuid de chuspóir caomhantais amach anseo.

**Tar éis scrúdú, anailís agus measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr dá bhfuil ann, ar an bhfaisnéis iomchuí go léir i leith na speiceas éin SCI go léir, agus i leith na ngnáthóg tacaíochta, de chuid SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, ar na tionchair fhéideartha agus ar na bearta maolúcháin, agus i dtaobh an ndéanfadh, nó nach ndéanfadh, na tionchair réamh-mheasta difear do na cuspóirí caomhantais a chothaíonn riocht caomhantais na SCI-anna lena mbaineann, cinneadh nach gcruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair aon riosca (go díreach nó go neamhdhíreach) go ndéanfar difear dochrach d'iomláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus nach bhfuil aon amhras réasúnach eolaíochta ann i ndáil leis an gconclúid sin**

# 12 Féidearthacht ó thaobh Éifeachtaí i gComhar

Leagtar amach sa chuid seo den Tuarascáil an obair meastóireachta a rinneadh d'fhonn a scrúdú an mbeadh i ndán go bhféadfadh plean nó togra eile oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a d'fhágfadh tionchar suntasach ar aon cheann den ceithre láthair Eorpach atá taobh istigh den ZoI ina leith: cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá gach láthair Eorpach eile taobh amuigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Níl i ndán, dá réir sin, go bhféadfadh aon phlean ná togra eile feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a d'fhágfadh tionchar dochrach ar shláine aon láthair Eorpach eile.

Luaitear in **Foscríbhinn O** na polasaithe agus na haidhmeanna cosanta sna pleananna úsáid talún a dtagraítear dóibh sa chuid seo.

## 12.1 Anailís maidir le Tionchar Cumaisc Ionchais

Is é a bhain leis an meastóireacht maidir le tionchar cumaisc na pleananna agus na tograí sin a shonrú ar dtús a mbeadh i ndán go mbeadh tionchar acu ar cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Is iad pleananna agus na tograí sin a mbeadh i ndán go mbeadh tionchar acu ar na láithreacha Eorpacha seo na pleananna úsáid talún náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus aon togra reatha nó togra beartaithe a mbeadh i ndán go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht eiceolaíochta taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Leagtar amach thíos iad i **Tábla 12. 1**.

**Tábla 12.1: Na Pleananna Úsáid Talún agus na Tograí a tugadh san áireamh maidir leis an Meastóireacht ar Thionchar Cumaisc**

| **Pleananna Náisiúnta** |
|---|
| Stáidpháipéar Polasaí Náisiúnta na hÉireann faoi Ghníomhú Aeráide agus faoi Fhorbairt Ísealcharbóin |
| An Straitéis Náisiúnta Spáis 2002–2020 |
| Tionscal na hÉireann 2040–Tógáil Todhcháí na hÉireann [58] |
| Taisteal níos Cliste: Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009-2020 |
| Foodwise 2025 |
| Clár Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014-2020 |
| Clár Oibriúcháin Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019 |
| Pleananna agus an Clár maidir le Laghdú Truaillithe |
| **Pleananna Réigiúnacha** |
| Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála maidir le Réigiún an Iarthair 2010-2022 |
| Staidéar Meastóireachta agus Bainistíochta maidir le Baol Tuilte i nDobharcheantar an Iarthair (CFRAMS) Staidéar |
| Plean Bainistíochta Abhantraí maidir le Ceantar Abhantraí an Iarthair in Éirinn (2009-2015) |
| Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn (2018-2021) – Dréachtphlean le haghaidh comhairliúchán poiblí |
| **Pleananna Contae/Áitiúla** |
| Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 |
| Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 |
| Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 |
| Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020[59] |
| Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 |
| Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014–2017 |
| Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 |
| Dréachtphlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 |
| Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021 |
| Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012-2018 |
| Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2019 |
| Plean Ceantair Áitiúil Áth Cinn 2015-2021 |
| Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012-2018 |
| Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019 |
| Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012-2018 |
| Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2011-2017 |
| **Tograí Straitéisí** |
| Fís 2020 Plean Straitéiseach Ollscoil Éireann na Gaillimhe |
| Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) |
| Togra Bhóthar an M17 idir Gaillimh agus Tuaim |
| Togra Bhóthar an N18 idir Órán Mór agus an Gort |

[58] Tagraítear don phlean Náisiúnta Forbartha agus don Chreat Pleanála Náisiúnta mar Tionscal na hÉireann 2040 – Tógáil Todhchaí na hÉireann.

[59] Tá na pleananna áitiúla do Bhaile an Róba, Béal Átha hAmhnais agus Clár Chlainne Mhuiris le fáil i bPlean Forbartha Mhuigh Eo 2014-2020.

| |
|---|
| Togra Bhóthar an N17 Seachbhóthar Thuama |
| Mótarbhealach an M6 |
| Limistéar Seirbhísí Mhótarbhealach an M6 |
| Togra Bhóthar an N59 idir an Clochán agus an Teach Dóite |
| Togra Bhóthar an N59 idir An Teach Dóite agus Uachtar Ard |
| Togra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| An Bealach Rothaíochta idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath |
| Glasbhealach Chonamara (idir Cathair na Gaillimhe agus an Clochán)) |
| An Glasbhealach idir Gaillimh agus an Spidéal (An Bealach Rothaíochta idir Bearna agus an Spidéal) |
| Scéim Bhóthar an R336 idir Bearna agus Scríb via Ros an Mhíl Togra Bhóthar an N59 Uasghrádú/ Feabhsúcháin |
| Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann |
| Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá (An Charraig Dhubh go dtí Cumann Gailf na Gaillimhe) |
| Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe |
| Scéimeanna Soláthair Uisce |
| Cóireáil Dramhuisce (Poiblí agus Príobháideach) |

Rinneadh an tionchar carnach ionchais ar cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ón bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc leis na pleananna augs na tograí a liostaítear thuas a shonrú agus a mheas. Cuirtear an mheastóireacht sin i láthair thíos i **Tábla 12.2**.

## Tábla 12.2: Measúnú i gComhar

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| **Stáidpháipéar Polasaí Náisiúnta na hÉireann faoi Ghníomhú Aeráide agus faoi Fhorbairt Ísealcharbóin**<br>Tugtar aird sa stáidpháipéar polasaí seo ar an mbagairt a bhaineann le hathrú aeráide; tagtar roimh bheartaíocht chuimsitheach idirnáisiúnta i ndáil le hathrú aeráide, cuirtear bonn treise faoin mbeartaíocht sin agus faoin aistriú domhanda go dtí córais atá éadrom ó thaobh carbóin; tugtar aird ar an ábhar dúshláin agus ar na deiseanna do mhuintir na hÉireann a bhaineann leis an gclár oibre maidir le hathrú ginearálta; agus féachtar, mar bhunchuspóir náisiúnta, leis an aistriú go dtí córas eacnamaíochta ina bhfuil acmhainn iomaíochta, atá éadrom ó thaobh carbóin, seasmhach ó thaobh na haeráide agus inmharthana ó thaobh na timpeallachta a thabhairt i gcrích faoin mbliain 2050. | Níl aon chonairí tionchair ionchais i gceist maidir leis na láithreacha Eorpacha seo | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| An Straitéis Náisiúnta Spáis 2002 – 2020<br>Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Spáis (NSS) an straitéis náisiúnta forbartha lena mbaineann cúrsaí iompair, an líonra straitéiseach fuinnimh, cúrsaí tithíochta, forbairt eacnamaíochta agus caighdeán na timpeallachta. Sonraítear Gaillimh ar cheann de na Tairsí faoin NSS (siocracha foráis go réigiúnach agus go náisiúnta) trína bhféachtar le feabhas a chur ar an gceangal taistil ar feadh chonair an iarthair a shíneann as Corcaigh go Doire (via Luimneach, Gaillimh agus Sligeach) chomh maith le conair eile siar/siar ó thuaidh as Cathair na Gaillimhe go Conamara agus go Maigh Eo. | Tá i ndán go bhféadfadh aon fhorbairt a dhéanamh faoin NSS a bheith ina chur isteach ar cheann ar bith de na láithreacha Eorpacha seo. Ní mholtar aon togra forbartha go sonrach sa NSS féin le haon tagairt shonrach spáis agus ní féidir aon chonairí tionchair ionchais a shonrú go sainiúil. Ina ainneoin sin, tá i ndán go bhféadfadh aon fhorbairt a dhéantar san am atá romhainn a bheith suite laistigh de na láithreacha Eorpacha seo nó a bheith suite sa chaoi agus go dtiocfadh na láithreacha Eorpacha seo laistigh den ZoI. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc. |
| **Taisteal níos Cliste: Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009-2020**<br>Cáipéis beartais de chuid an rialtais atá in Taisteal níos Cliste ina leagtar amach straitéis maidir le hiompar inmharthana. Leagtar amach bearta chun an t-éileamh foriomlán ar thaisteal a mhaolú, chun an éifeachtúlacht is mó is féidir a chothú sa chóras iompair, chun a oiread a bhítear ag brath ar bhreosla iontaise a laghdú, chun astaíocht ó chúrsaí iompair a mhaolú agus chun dul chun feabhais a dhéanamh maidir leis an gcóras iompair a bheith áisiúil ag daoine. | Tá i ndán go bhféadfadh aon fhorbairt a dhéantar faoi Thaisteal níos Cliste a bheith ina chur isteach ar cheann ar bith de na láithreacha Eorpacha seo. Ní mholtar aon togra forbartha go sonrach faoi Thaisteal níos Cliste féin in aon ionad amháin faoi leith agus ní féidir aon chonairí tionchair ionchais a dheimhniú go sainiúil.<br>Ina ainneoin sin, tá i ndán go bhféadfadh aon fhorbairt a dhéantar faoi Thaisteal níos Cliste san am atá romhainn a bheith suite laistigh de na láithreacha Eorpacha seo nó a bheith suite sa chaoi agus go dtiocfadh na láithreacha Eorpacha seo laistigh den ZoI. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>An t-údarás áitiúil cuí a chuirfidh i bhfeidhm aon tograí a bhíonn de dhith chun na haidhmeanna maidir le taisteal níos cliste a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil agus ní mór iad sin a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir le coinníollacha na bpleananna úsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Tá cuspóirí agus beartais ag gach ceann de na pleananna úsáide talún seo chun cosaint láithreáin Eorpacha a chinntiú ó aon tionscadal atá molta laistigh de cheantar an phlean. Cuirtear iad seo i láthair in **Frscríbhin O**. Aithníodh sa mheasúnú seo na pleananna úsáide talún sin a bhfuil an cumas acu gníomhú i gcumaisc leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun difear a dhéanamh ar shuímh Eorpacha, mar gheall ar a ndlínse spásúil (féach plé ar na pleananna ábhartha maidir le húsáid talún sna Ranna thíos). Ag féachaint do na beartais um chosaint comhshaoil a chuimsítear sna pleananna úsáide talún sin, agus nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tionchar díobhálach ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, níl aon riosca inaitheanta ann ó Thaisteal Níos Cliste a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar shláine aon láithreáin Eorpaigh i gcumasc leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Foodwise 2025***<br>Leagtar amach plean straitéise comhdhlúth maidir le forás agus forbairt inmharthanach ar earnáil na talmhaíochta agus an bhia go ceann deich mbliana in Food Wise 2025, an Tuarascáil ón gCoiste maidir le Straitéis Talmhaíochta agus Bia 2025. | De réir an Ráitis Tionchair Natura maidir le Foodwise 2025 (Philip Farrelly & Co, 2015), bhí i ndán go bhféadfadh tionchar chun dochair maidir le sláine láithreacha Eorpacha a theacht mar gheall ar 11 de na gníomhartha beartaithe. Bhain siad sin le conairí tionchair ionchais i ndáil le hearnáil an bhia mara, earnáil na mairteola, earnáil na curadóireachta agus earnáil na foraoiseachta. D'fhéadfadh athrú ó thaobh úsáid talún nó saothrú talmhaíochta níos déine (chomh maith le haon fhorbraíocht talmhaíochta a ghabhfadh leis sin) cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais, trí chailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige nó díláithriú speiceas den chuid is mó. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>De réir na meastóireachta, tá na coinníollacha bainistíochta reachtúla agus na bearta sábháilteachta (agus an scéim monatóireachta) atá ina gcuid den Scéim GLAS maidir le Timpeallacht Talmhaíochta atá "Glas" agus Éadrom ó Thaobh Carbóin, agus na gnáis oibre maidir le ceadúnas nó cead in earnáil na foraoiseachta agus in earnáil an bhia mara ag tabhairt go hiomlán faoin tionchar ionchais díreach agus indíreach a shonraítear. De réir na meastóireachta sin, agus an Deimhniú AA, thángthas ar an gcomhairle nach mbeidh Foodwise 2025 ina chur isteach dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, as féin nó i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Anuas air sin, aon fhorbairt nó togra faoi leith a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun an straitéis seo a thabhairt i gcrích, níor mhór iad sin a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna sin maidir le húsáid talún arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na Pleananna Forbartha Contae for-réiseacha a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní bheidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe, i gcumasc le Foodwise 2025, ina chur isteach dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| **Clár Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014-2020**<br>Tá Clár Fhorbairt na Tuaithe (RDP) ina chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP), aidhmeanna, prionsabail agus rialacha lena ndéanann an tAontas Eorpach (AE) comhordú ar an gcúnamh a thugtar maidir le talmhaíocht san Eoraip le bearta éagsúla. | Ní mholtar aon fhorbraíocht/tograí sonracha faoin RDP féin in aon ionad amháin faoi leith maidir le láithreacha Eorpacha agus ní féidir aon chonairí tionchair ionchais a dheimhniú go sainiúil.<br>Ina ainneoin sin, tá conairí tionchair ionchais ann chomh mór agus go bhféadfadh bearta go leor a dhéanamh faoin RDP a bheith ina gcur isteach ar cheann ar bith de na láithreacha Eorpacha agus go bhféadfadh athrú ó thaobh úsáid talún nó saothrú talmhaíochta níos déine (chomh maith le haon fhorbraíocht maidir le hinfreastruchtúr talmhaíochta a ghabhfadh leis sin) cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais, trí chailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige nó díláithriú speiceas den chuid is mó. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Aon fhorbairt nó togra faoi leith a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun an clár seo a thabhairt i gcrích, níor mhór iad sin a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna sin maidir le húsáid talún arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Rinneadh leis an measúnú seo na pleananna úsáid talún sin a shonrú a mbeadh i ndán go dtiocfadh de thoradh cumaisc orthu féin agus an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe go dtarlódh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, i bhfianaise an dlínse spáis atá leo (féach an phlé ar na pleananna úsáid talún a bhaineann le hábhar thíos). Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ní bheidh tionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le Clár Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014-2020. |
| ***Clár Oibriúcháin Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019***<br>Is bealach fada turasóireachta atá i Slí an Atlantaigh Fhiáin a shíneann le cósta an Atlantaigh as Dún na nGall go hIarthar Chorcaí. Is é cuspóir forghinearálta atá leis an togra bealach turasóireachta a thabhairt chun cinn sa chaoi is gur feiceálaí cósta thiar na hÉireann ar an margadh turasóireachta idirnáisiúnta. | Tá córas na mbóithre mar atá faoi láthair le cósta Chuan na Gaillimhe san áireamh le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus tagann sin agus an bóthar beartaithe le chéile ag bóthar an R336. Tá dá réir sin conairí tionchair ionchais ann a bhféadfadh cailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige agus/nó díshocrú nó díláithriú breise ar speicis leis an gcósta a theacht de thoradh orthu. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas sa Tuarascáil Tionchair Natura ina leith (CASS Ltd., 2015b), agus na bearta maolúcháin a mholtar á gcur san áireamh, ní bheidh Clár Oibriúcháin Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019 ina chur isteach dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, as féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Anuas air sin, aon fhorbairt nó togra faoi leith a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun an clár seo a thabhairt i gcrích, níor mhór iad sin a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020.<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna sin maidir le húsáid talún arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Rinneadh leis an measúnú seo na pleananna úsáid talún sin a shonrú a mbeadh i ndán go dtiocfadh de thoradh cumaisc orthu féin agus an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe go dtarlódh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, i bhfianaise an dlínse spáis atá leo (féach an phlé ar na pleananna úsáid talún a bhaineann le hábhar thíos). Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní tharlóidh tionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumas le Clár Oibriúcháin an Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019. |
| ***Pleananna agus Cláir maidir le Laghdú Truaillithe***<br>Tagann san áireamh leo seo pleananna agus cláir oibre chun an leibhéal truaillithe in uisce dromchla agus i screamhuisce a ísliú. Tá an clár gníomhaíochta náisiúnta san áireamh mar atá an clár IPCC, cláir maidir le húdarás sceite ón údarás áitiúil, cláir maidir le laghdú truaillithe in uisce dromchla agus i screamhuisce, cláir maidir le laghdú truaillithe in uisce sliogéisc, pleananna bainistíochta maidir le huisce snámha, pleananna bainistíocht maidir le dramhaíl, pleananna fo-chuacha an diúilicín péarla fionnuisce, scéimeanna cosanta uisce dromchla, pleananna caomhantais maidir le hiascach eascann agus le hiascach bradán. | Is é cuspóir atá leis na pleananna agus na cláir seo an leibhéal truaillithe maidir le huisce dromchla, screamhuisce agus uisce mara a ísliú, déanfaidh siad maith maidir le riocht caomhantais na láithreacha Eorpacha taobh istigh dá gcuid ZoI a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh. Níl, dá réir sin, aon chonairí ionchais tionchair trína bhféadfaidís cur isteach go dochrach ar shláine aon láthair Eorpach. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc in éineacht leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ós feabhas ar chaighdeán na timpeallachta éiceolaíochta taobh istigh den ZoI atá i gceist le pleananna agus cláir den sórt seo. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála maidir le Réigiún an Iarthair 2010 – 2022***<br>Leagtar amach sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanala maidir le Réigiún an Iarthair 2010 – 2022 (RPG) an straitéis réigiúnach maidir le cúrsaí lonnaíochta, infreastruchtúr iompair, turasóireacht, fiontraíocht faoin tuath agus infreastruchtúr fuinnimh. | Tá cuid mhór de na tograí infreastruchtúir gcuirtear bonn treise go sonrach fúthu leis na Treoirlínte, nó de na tograí a dtarlódh iad a chur i bhfeidhm ar mhaithe le haidhmeanna na dtreoirlínte a thabhairt i gcrích, suite taobh istigh de láithreacha Eorpacha (nó in aice leo). Tá cuid mhór freisin a mbeadh conairí tionchair ionchais á gceangal le láithreacha Eorpacha. Tá i ndán dá réir sin go bhféadfadh na treoirlínte RPG cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais lena gcuirtear bonn treise faoi shláine na láithreacha Eorpacha sin atá taobh istigh chomh maith den ZoI maidir leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Leagtar amach in Foscríbhinn 4 leis na Treoirlínte na coinníollacha, i gcomhthéacs láithreacha Eorpacha a chosaint, maidir le pleananna úsáid talún de chuid na nÚdarás Áitiúil agus le forbraíocht a cheadú.<br>Cuireann an t-údarás áitiúil cuí an RPG i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil agus ní mór iad a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna sin maidir le húsáid talún arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na Treoirlínte RPG agus de phleananna úsáid talún na nÚdarás Áitiúil a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní bheidh tionchar dochra ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc leis na treoirlínte RPG ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| **Staidéar Meastóireachta agus Bainistíochta maidir le Baol Tuilte i nDobharcheantar an Iarthair (CFRAMS)**<br>Tagann na gnéithe seo a leanas san áireamh leis an gcineál staidéir a dhéantar maidir le dobharcheantar an iarthair:<br>1. Athbhreithniú maidir leis an mBaol ó Thuilte (FRRanna)<br>2. Tuairiscíocht maidir le tús tuilte<br>3. Bailiú sonraí<br>4. Meastóireacht hidreolaíochta<br>5. Samhaltú hiodrálaice<br>6. Mapáil maidir le baol tuilte<br>7. Comhairliúchán poiblí<br>8. Pleananna Bainistíochta maidir le Baol ó Thuilte (FRMP)<br>9. Meastóireacht maidir le Toradh Tuilte (FCAanna) | Tiocfaidh de thoradh ar Staidéar CFRAM an Iarthair i ndeireadh báire go gcuirtear pleananna bainistíochta maidir leis an mbaol tuilte, arna mbunú ar an abhantrach, le chéile. D'fhéadfadh go molfaí iontu sin bearta bainistíochta maidir leis an mbaol ó thuilte a dhéanamh agus d'fhéadfadh, trí chonairí tionchair ionchais éagsúla, go mbeadh siad sin ina gcur isteach ar na haidhmeanna caomhantais trína gcuirtear bonn faoi ghnáthóga agus speicis QI/SCI i cSAC/SPA Loch Coirib in abhantrach Abhainn na Gaillimhe. D'fhéadfadh sin tarlú mar gheall ar bhaol truailliúcháin le linn an obair thógála a dhéanamh agus/nó athruithe maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an réimeas hidreolaíochta reatha. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Ní mór aon bhearta bainistíochta nó tograí maidir le baol ó thuilte a chuirtear chun cinn mar chuid de Staidéar CFRAM an Iarthair a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). Rinneadh leis an measúnú seo na pleananna úsáid talún sin a shonrú a mbeadh i ndán go dtiocfadh de thoradh cumaisc orthu féin agus an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe go dtarlódh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, i bhfianaise an dlínse spáis atá leo (féach an phlé ar na pleananna úsáid talún a bhaineann le hábhar thíos).<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ní bheidh tionchar dochra ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le Staidéar CFRAM an Iarthair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Plean Bainistíochta Abhantraí maidir le Ceantar Abhantraí an Iarthair in Éirinn (2009-2015)***<br>***Plean Bainistíochta Abhantracha d'Éireann (2018-2021) dréachtphlean le haghaidh comhairliúchán poiblí***<br>Tá d'aidhm ag an bPlean Bainistíochta Abhantraí (don tréimhse 2009 go dtí 2015) agus ag an **dréachtphlean Bainistíochta Abhantracha d'Éireann (2018-2021)** cosaint a thabhairt d'uisce an cheantair agus, nuair is gá sin, feabhas a chur ar an uisce agus úsáid inmharthana as uisce a thabhairt i gcrích. Tugtar san áireamh aibhneacha, canála, locha, taiscumair, screamhuisce, limistéir faoi chosaint (lena n-áirítear bogach agus éiceachórais eile atá ag brath ar an uisce), inbhir (idirchriosacha) agus uiscí cósta. | Is é cuspóir atá leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí go n-ísleofaí na leibhéil truaillithe, go bhfeabhsófaí stádas chaighdeán an uisce agus go seachnófaí meath ar chaighdeán an uisce san abhantrach. Déanfaidh siad maitheas dá réir sin maidir le riocht caomhantais na láithreacha Eorpacha taobh istigh den ZoI a choinneáil go maith nó a chur ar ais mar ba cheart agus níl aon chonair tionchair ionchais trína bhféadfadh tionchar dochrach a bheith acu ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Níl i ndán go dtarlódh aon tionchar cumaisc ó tharla gur tionchar chun sochair a bheidh ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe agus, dá réir sin, nach mbeidh aon tionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*** | Tá cuid den fhorbairt bheartaithe a tharlódh i limistéar feidhme Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus tá i ndán go bhféadfadh cuid mhór na haidhmeanna agus de na polasaithe sa phlean sin oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, trí chonairí éagsúla tionchair ionchais, ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar láithreacha Eorpacha. Is é an bealach is mó seans acu sin go dtarlódh ísliú ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe a bheadh ina chur isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá ina mbonn treise faoi ghnáthóga uisce agus speicis uisce i cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá conairí tionchair ionchais eile a bhaineann le ceantar Bhearna ach déantar iad sin a mheas ar leithligh thíos faoi *Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017*. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Aontaíodh Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, lenar tugadh Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) isteach mar chuid den phlean forbartha[60], i mí Aibreán 2017. Thángthas ar an gcomhairle, agus Deimhniú AA á thabhairt maidir leis an athrú sin, agus ar na bearta maolúcháin atá ina gcuide den straitéis a thabhairt san áireamh, nach mbeidh Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 ina chur isteach dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, as féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Féachtar leis na hathruithe atá beartaithe Uimh. 2 (a) agus 2 (b) le Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021, chun Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 (2 (a)) agus Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 a chomhtháthú (2 (b)) isteach sa phlean forbartha.<br>Ba é toradh na tuarascála um Scagadh Measúnachta Iomchuí a ullmhaíodh le haghaidh Athrú Uimh. 2 (a) ná nach dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar aon láithreán Eorpach. |

[60] Ó tharla go dtagann an GTS san áireamh maidir le dlínse gach ceann de na pleananna úsáid talún, the *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, *Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017* agus *Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta* 2008-2018, déantar a mheas ar leithligh thíos.

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Maidir leis an NIS a ullmhaíodh le haghaidh Athrú Uimh. 2 (b) tugadh le fios ann, nuair a bheartaítear na bearta maolaithe atá ionchorpraithe sa phlean, nach ndéanfaidh an t-athrú beartaithe difear do shláine aon láithreáin Eorpaigh, ina n-aonar nó i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Ní raibh glactha le haon athrú díobh agus é seo á scríobh agus déantar measúnú ar *Phlean Limistéir Áitiúil Bearna 2007-2017* agus ar *Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018* araon ar leithligh thíos ar mhaithe le hiomláine.<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 d'fhonn cosaint na láithreacha Eorpacha agus chaighdeán an uisce dromchla a chinntiú ar aon togra a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní fheidhmeoidh an plean úsáid talún seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023(mar aon le leaganacha difriúla)*** | Tharlódh an fhorbairt a bheartaítear ar an mbóthar taobh istigh de réimse feidhme Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 agus bheadh i ndán go bhféadfadh cuid mhór de an haidhmeanna agus de na polasaithe sa Phlean sin feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe chun cur isteach ar láithreacha Eorpacha trí chonairí éagsúla tionchair ionchais.<br>Tiocfaidh tograí forbraíochta ar fud na cathrach de thoradh ar chuid mhór de na polasaithe agus de na haidhmeanna agus d'fhéadfadh cailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige, díshocrú agus díláithriú speiceas ar leibhéal níos airde agus/nó bac ar ghluaiseacht speiceas a theacht dá thoradh sin arís. D'fhéadfadh ceann ar bith acu sin nó a n-iomlán cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá ina bonn treise faoi shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Is gné bhuntábhachtach den mheastóireacht maidir leis na bealaí ina bhféadfadh forbraíocht san am atá le theacht cur isteach ar na láithreacha Eorpacha na criosanna úsáid talún (lena ndeimhnítear an áit is dócha forbraíocht tarlú agus cineál na forbraíochta is dócha a dhéanamh) agus tograí faoi leith a luaitear mar chuid den Phlean a bheidh lonnaithe, nó a bhféadfadh go mbeidís lonnaithe, taobh istigh de na láithreacha Eorpacha nó ríchóngarach dóibh. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>De réir na meastóireachta a dhéantar i **Roinn 9**, ní bheidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chur isteach dochrach, as féin, ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. Fágann sin nach mbeadh tionchar cumaisc i ndán ach amháin i gcás tionchar de na cineálacha a bheidh ag an mbóthar beartaithe a fhorbairt ar an timpeallacht ina gcuirfear é agus gur féidir tionchar de na cineálacha sin a mheas agus a thomhas, ach nach mbeidh siad ina gcur isteach ar aidhmeanna caomhantais cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh:<br>• Ísliú maidir le caighdeán (nó oiread) an uisce in aibhneacha/srutháin a thaoscann isteach in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe sa chaoi agus go dtarlaíonn cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá ina mbonn treise faoi ghnáthóga uisce agus faoi speicis uisce i cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | • ísliú maidir le caighdeán an aeir i cSAC Loch Coirib – ó tharla gur leis an limistéar atá buailte le carrbhealach an bhóthair amháin a bhaineann an ZoI maidir le tionchar ar chaighdeán an aeir, ní fhéadfadh aon tionchar cumaisc maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe tarlú ach amháin san áit a dtrasnaíonn an bóthar an cSAC nó a bhfuil sé ríchóngarach don cSAC<br>• díshocrú/díláithriú maidir le speicis uisce in Abhainn na Gaillimhe agus le héin geimhridh atá ar liosta SCI maidir le SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus a thaobhaíonn tailte atá laistigh de theorainn Chathair na Gaillimhe<br><u>Aidhmeanna maidir le Criosanna Úsáid Talún</u><br>Tá trí cinn de chriosanna úsáide talún i bhfeidhm maidir leis na tailte idir Abhainn na Gaillimhe agus Bóthar N84 Áth Cinn; an réimse ina dtarlaíonn idirghníomhaíocht dhíreach de chineál éigin idir an bóthar atá beartaithe a fhorbairt agus cSAC Loch Coirib. Tá na tailte taobh istigh de cSAC Loch Coirib agus cóngarach don sSAC ag Saoráidí Caitheamh Aimsire OÉG i gcrios maidir le Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht agus d'fhéadfadh foirgnimh, carrchlósanna agus saoráidí poiblí a bheith i gceist le forbraíocht san am atá le theacht a chuireann leis an ollscoil a bheith i gcrios Pobail. Tá lorg ghlasbhealach rothaíochta sa cheantar seo freisin a luaitear mar ghné den GTS (an Glasbhealach idir Gaillimh agus Uachtar Ard) agus déantar sin a mheas faoi cheannteideal an GTS thíos. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Tá na tailte idir Abhainn na Gaillimhe agus an Bóthar Nua i gcrios maidir le Talmhaíocht agus Ardtaitneamhacht d'fhonn foráil don talmhaíocht a thabhairt chun cinn agus do limistéir a bhfuil tábhacht leo ó thaobh amhairc agus/nó limistéir a bhfuil ardtaitneamhacht ag baint leo. D'fhéadfadh áiseanna caitheamh aimsire faoin spéir a fhorbairt, chomh maith le saoráidí poiblí, a theacht i gceist leis sin. Ábhar suntais maidir leis mapa chriosanna an cheantair seo go bhfuil glasbhealach caitheamh aimsire/taitneamhachta le bruach thoir Abhainn na Gaillimhe idir Cathair na Gaillimhe agus Mionlach.<br>Tá na tailte idir an Bóthar Nua agus Bóthar N84 Áth Cinn i gcrios maidir le húsáid talmhaíochta den chuid is mó, seachas roinnt tailte atá i gcrios maidir le limistéar cónaithe le Bóthar N84 Áth Cinn. Cuirtear srian sa chrios talmhaíochta ar an úsáid ionas gur talmhaíocht le húsáid chaitheamh aimsire/taitneamhachta de chineálacha inmharthana amháin a cheadaítear chomh maith le beagán forbartha ar árais chónaithe. Luaitear roinnt de na bóithre thart ar Mhionlach maidir le hobair fheabhsúcháin ar mhapa na gcriosanna; an réimse sin den Bhóthar Nua a théann trasna cSAC Loch Coirib soir ó thuaidh de Lochanna Chúil Each san áireamh. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Sna limistéir seo, agus ar fud na cathrach go ginearálta, beidh gá le soláthar breise uisce, le cóireáil leordhóthanach ar dhramhuisce agus le hinfreastruchtúr draenála maidir le huisce dromchla ionas go ndéantar caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe a chaomhnú nuair a dhéantar aon fhorbraíocht san am atá le theacht. Tá polasaithe sa Phlean chun tabhairt faoi na ceisteanna seo (Polasaí 9.6, Polasaí 9.7, Polasaí 9.8 agus Polasaí 9.9). Tá polasaí cosanta freisin ann maidir le caighdeán an aeir (Polasaí 9.10). Ar na srianta sin a chuirtear i bhfeidhm le criosanna úsáide talún, maidir le haon fhorbraíocht a bheartófaí a dhéanamh sna limistéir seo san am atá le theacht, a chur san áireamh, chomh maith le na haidhmeanna caomhantais maidir le gnáthóga QI a bheith saor ó chur isteach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i ndáil le caighdeán an aeir (taobh istigh de ZoI a bhfuil srianta géara i bhfeidhm ann maidir le caighdeán an aeir), ní thiocfaidh de thoradh ar aon fhorbraíocht a dhéantar san am atá le theacht, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, aon chur isteach ar na haidhmeanna caomhantais maidir le cSAC Loch Coirib ina leith sin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Níl aon cheangal ar eolas idir na héin ar liosta SCI a bhfuil tuairisc orthu ag caitheamh an gheimhridh ar fud ionaid geimhridh ag éin agus líon na n-éan in SPA Loch Coirib ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ina ainneoin sin, chun críche meastóireacht NIS a dhéanamh, cuireadh chuig an obair go cúramach trí oibriú ar an mbonn tuisceana go raibh ceangal ann agus an tionchar ar éin geimhridh in ionaid éin geimhridh á meas sa chás gur éin iad atá ar liosta SCI maidir le cSAC Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. (féach **Roinn 9.3** agus **Roinn 9.4** den NIS). Tá ionaid éin geimhridh ar chineálacha éagsúla talún, féarach taitneamhachta, garanta talmhaíochta, gnáthóga bogaigh agus réimsí criathraigh/portaigh. Taobh istigh de theorainn Chathair na Gaillimhe is i gcriosanna úsáide maidir le Taitneamhacht Chaitheamh Aimsire, Talmhaíocht nó Talmhaíocht agus Ardtaitneamhacht is mó atá na réimsí seo; rud atá ag teacht leis an úsáid a bhaintear as an talamh faoi láthair. Líon íseal de speicis éin atá ar liostaí SCI a tuairiscíodh go ginearálta ag ionaid éin geimhridh agus, sa chuid is mó de na cásanna, is annamh a bhí tuairisc orthu. Seachas aon ionad éin geimhridh eile, is minic a thaobhaigh an Spadalach agus an Praslacha Loch an Dúlaigh i rith an gheimhridh, agus bhí líon suntasach go leor i láthair ó am go chéile, i gcomparáid leis an mbonnlíne maidir lena líon san SPA (féach **Roinn 9.3** faoin Spadalach, agus **Roinn 9.4** faoin Spadalach agus an Praslacha). As féin, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar líonmhaireacht na n-éan mar gheall ar dhíshocrú/díláithriú, le linn an obair thógála a dhéanamh ná le linn ré na húsáide. Fágann Loch an Dúlaigh a bheith i gcrios Talmhaíochta agus Ardtaitneamhachta go bhféadfadh díshocrú/díláithriú fadtéarmach tarlú. Ina ainneoin sin, ó tharla nach gcuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar an loch, ní thiocfadh tionchar cumaisc i gceist. In áiteanna eile ar fud na cathrach, ar an teorainn a bheadh le forbraíocht a cheadófaí sna limistéir seo, mar gheall ar na criosanna |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | | maidir le húsáid talún, a thabhairt san áireamh chomh maith leis an líon íseal d'éin de na speicis atá ar liosta SCI a thuairiscítear go ginearálta agus a laghad a thaobhaíonn siad na hionaid éin geimhridh, agus a fhairsinge atá gnáthóg oiriúnach eile ar fáil ag éin geimhridh sa cheantar, ní dócha go bhfeidhmeodh forbraíocht san am atá le theacht i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar líon na n-éan SCI i limistéar SPA. D'fhéadfadh gur mó an tionchar a bheadh ag forbraíocht san am atá le theacht ar láithreacha le cósta maidir le díshocrú, díláithriú agus cailliúint gnáthóige, ach ní bheith an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chúis le haon tionchar ina leith sin ós fada ón gcrios le cósta é in aice le SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>Go ginearálta, tá polasaithe sa Phlean chun láithreacha Eorpacha a chosaint (limistéir SPA i gcomhthéacs speicis éin) agus go sonrach chun gach speiceas a chosaint agus a chaomhnú (éin san áireamh, cibé cá dtarlaíonn iad a bheith). Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. Dá réir sin, ní oibreoidh aon fhorbraíocht san am atá le theacht i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar aidhmeanna caomhantais SPA Loch Coirib ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ina leith sin. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Tograí Sonracha ar Leibhéal an Phlean<br>Tugtar san áireamh le Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 na gnéithe seo a leanas a bheidh, a d'fhéadfadh a bheith nó ar dócha go mbeidh siad suite taobh istigh de láthair Eorpach nó ríchóngarach do láthair Eorpach: Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS), Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann, Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá (An Charraig Dhubh go dtí Cumann Gailf na Gaillimhe) agus an Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe.<br>Déantar gach ceann acu sin a mheas as féin sa tábla seo. Ainneoin go mbeidh, nó gur dócha go mbeidh, tionchar dochrach ag cuid de na tograí sin ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann, Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá agus an Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe), ní oibreoidh siad i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ina leith sin. Níl aon bhaol maidir le tionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha i gceist leis an GTS.<br>**Conclúid**<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 chun a chinntiú go gcosnaítear láithreacha Eorpacha ar aon tograí nó forbraíocht taobh istigh de réimse feidhme an phlean san am atá le theacht. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní fheidhmeoidh an plean úsáide talún seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| ***Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023*** | Baineann Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 le réimse taobh amuigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Tá an fhéidearthacht aige, áfach, feidhmiú i gcomhair leis an fhorbairt bheartaithe bóthair tríd an gconair tionchair féideartha seo a leanas: difear a dhéanamh don cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe trí líonra uisce dromchla nó timpeallacht cósta/mara. D'fhéadfadh ísliú ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe ationchar a bheith aige ar roinnt de na haidhmeanna caomhantais a chuireann bonn treise faoi speicis QI/SCI i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 d’fhonn cosaint na láithreacha Eorpacha agus chaighdeán an uisce dromchla a chinntiú ar aon togra a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní fheidhmeoidh an plean úsáid talún seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020*** | Níl Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Tá an fhéidearthacht aige, áfach, feidhmiú i gcomhair leis an fhorbairt bheartaithe bóthair tríd an gconair tionchair féideartha seo a leanas: difear a dhéanamh don cháilíocht uisce in Abhainn na Gaillimhe agus/nó i gCuan na Gaillimhe trí líonra uisce dromchla[61]. D'fhéadfadh ísliú ar chaighdeán an uisce tionchar a imirt ina dhiaidh sin ar roinnt de na haidhmeanna caomhantais atá mar bhonn treise faoi speicis QI/SCI i cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ó tá SPA Loch Coirib suas an abhainn ón bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ní fhéadfadh aon cheann de na pleananna úsáid talún feidhmiú i gcumasc leis ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar láthair Eorpach. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 d'fhonn cosaint na láithreacha Eorpacha agus chaighdeán an uisce dromchla a chinntiú ar aon togra a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, níl aon bhaol go bhfeidhmeoidh an plean úsáid talún seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

61 Tá na Pleananna Ceantair Áitiúil do na bailte Béal Átha hAmhnais, Baile an Róba, agus Clár Chlainne Mhuiris comhtháite i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. Ós rud é go bhfuil na bailte seo suite laistigh de dhobharcheantar Abhann na Gaillimhe, d'fhéadfadh na pleananna gaolmhara a bhaineann leo gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| ***Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018*** | Tugtar cúnamh maidir le tograí iompair, soláthar tithíochta, soláthar uisce agus cóireáil uisce, bainistíocht i ndáil leis an mbaol ó thuilte, forbairt na turasóireachta agus an fhorbairt eacnamaíochta san áireamh leis an straitéis a leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018. Tá cúnamh i gceist maidir le hionaid agus le tograí sonracha agus tá cuid mhaith acu sin suite in áiteanna a bhféadfadh tionchar dochrach a bheith acu ar shláine láithreacha Eorpacha, trí chonairí tionchair ionchais éagsúla.<br>Áirítear ar na tograí sin Togra Bhóthar an N6 Seachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe (2006) agus Togra Bhóthar an R336 idir Bearna agus Scríb. Diúltaíodh cead pleanála a thabhairt maidir le Togra Bhóthar an N6 Seachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe (2006) agus, dá réir sin, níl aon stádas ag dul leis an tráth seo. Tá an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe seo tagtha in ionad an togra maidir le Bóthar an N6 Seachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe (2006). Pléitear ar leithligh thíos le Togra Bhóthar an R336.<br>Tá i ndán go bhféadfadh conair tionchair ionchais a bheith ina cheangal idir trí cinn de an ceantair a thagann faoi scáth Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 agus láithreacha Eorpacha atá taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe: | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Luaitear, ina dhiaidh sin féin, aidhmeanna agus polasaithe chun láithreacha Eorpacha a chosaint agus caighdeán an uisce sa timpeallacht ina sileann sé a chosaint i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018. Áirítear orthu sin na hAidhmeanna O.S.D 3, O.S.D. 5, O.H.E. 1, O.H.E. 2, O.H.E. 4, O.H.E. 5, O.H.E. 6, agus na Polasaithe P.W.1, P.W. 2, P.S. 3, P.B. 5, P.B. 8, P.B. 11, P.B. 14, P.B. 15, P.B. 16, agus P.B. 19.<br>Anuas air sin, ní mór aon fhorbairt nó togra faoi leith a chuirfí a bhfeidhm chun na haidhmeanna a leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 (Ceantar F) maidir le láithreacha Eorpacha a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | • Ceantar B: Dúiche Sheoigheach – tá cSAC Loch Coirib/SPA Loch Coirib le bruach thuaidh Loch Coirib sa cheantar seo nó ríchóngarach don cheantar. Tarlaíonn abhantrach Abhainn na Gaillimhe a thaoscadh isteach i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>• Ceantar D: Cois Fharraige – tá cuid den cheantar seo, in aice le Maigh Cuilinn, in abhantrach Abhainn na Gaillimhe (e.g. Abhainn an Chnoic Bháin agus Abhainn Loch an Chip san áireamh) agus tarlaíonn a thaoscadh, dá réir sin, isteach i cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>• Ceantar F: Imeall na Cathrach/An tEachréidh – tá réimsí fairsinge de cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib sa cheantar seo le bruach theas Loch Coirib agus ó thuaidh den áit a bhfuil an bóthar beartaithe le forbairt. Tarlaíonn abhantrach Abhainn na Gaillimhe a thaoscadh isteach i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. | Ar na bearta maolúcháin atá ina gcuid de Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus de Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha as féin, ní tharlóidh Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | Tá Ceantar B agus Ceantar F i bfad ón ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Ina ainneoin sin, tá siad taobh istigh d'abhantrach Abhainn na Gaillimhe mar atá an áit a bhfuil beartaithe an bóthar a fhorbairt agus, dá réir sin, d'fhéadfadh aon togra a dtugtar faoi taobh istigh de na ceantair sin feidhmiú i gcumasc ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe níos faide síos ná an áit a bhfuil beartaithe an bóthar a fhorbairt agus i gCuan na Gaillimhe.<br>Chomh maith le taoscadh isteach i cSAC Loch Coirib/SPA, tagann san áireamh le Ceantar D an chuid sin den fhorbairt bheartaithe a dhéanfaí siar ó Choill Bhearna. Isteach i gCuan na Gaillimhe a thaosctar an t-uisce dromchla sa cheantar sin agus, dá réir sin, d'fhéadfadh tograí sa cheantar seo feidhmiú i gcumas leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar chaighdeán an uisce i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>D'fhéadfadh tionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe nó i gCuan na Gaillimhe a bheith ina chur isteach ar na haidhmeanna caomhantais sin atá ina mbonn treise faoi ghnáthóga QI agus faoi speicis QI/SCI. | |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Dréachphlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024*** | Tá an limistéar atá clúdaithe ag Dréachtphlean Ceantair Áitiúil na nArdán scoite amach ó gach láithreán Eorpach agus níl aon fhéidearthacht ann ó thaobh tionchair dhíreacha. Tá an fhéidearthacht ann, áfach, go ndéanfadh na forbairtí a bhaineann le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil na nArdán difear do cháilíocht uisce dromchla, go gcuirfear leis an ualú ag WwTP Oileán Caorach agus go gcuirfear éin gheimhrithe a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de na daonraí SCI na SPA-anna atá in aice láimhe as áit ó limistéir ghnáthóige atá ansin. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br><br>Arna imscrúdú sa Tuarascáil *maidir le Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i bPlean Ceantair Áitiúil na nArdán* (Atkins, 2017):<br>▪ Áirítear i mbeartais agus i gcuspóirí an LAP an ceanglas go n-aithnítear i dtograí forbartha an bealach ina gcuirfear prionsabail SUDS i bhfeidhm le bainistíocht a dhéanamh ar sceitheadh uisce dromchla de réir ceanglais Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus beartais a chur san áireamh chun cosaint cáilíocht screamhuisce a chinntiú. Ní mór go dtabharfaidh duine atá cáilithe go cuí le saineolas hidrigeolaíoch faoi staidéir hidrigeolaíocha d'aon fhorbairt bheartaithe laistigh de limistéar an LAP, chun tacú le cur i bhfeidhm SUDS agus le bainistíocht a dhéanamh ar sceitheadh uisce dromchla". Cinnteoidh sé seo nach mbeidh éifeacht ag an fhorbairt ar cháilíocht screamhuisce. |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | | ▪ Maidir le truailliú screamhuisce ó fhuíolluisce agus ó acmhainneacht cóireála fuíolluisce ag WwTP Oileán Caorach – cuirfear ceangal séarachais ar fáil ó limistéar na nArdán go WwTP Oileán Caorach. “Luaitear i bPolasaí 9.7 Seirbhísí Uisce Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 go gcinnteoidh an Chomhairle Cathrach go bhfuil acmhainneacht cóireála leordhóthanach ann, i gcomhpháirtíocht le Uisce Éireann, le freastal ar riachtanais na cathrach amach anseo. Tabharfar faoi sin roimh aon fhorbairt ar thailte an LAP”. Is féidir freastal ar Chéim de LAP na nArdán laistigh d’acmhainneacht an WwTP agus ullmhófar plean draenála limistéir roimh Chéim 2 den fhorbairt lena chinntiú go bhfuil acmhainneacht chóireála leordhóthanach ar fáil.<br>▪ Tá gnáthóg fhlúirseach eile ar fáil go háitiúil don Sléibhín – an t-aon speiceas SCI na SPA-anna atá cóngarach a bhfuiltear ar eolas go mbaineann siad úsáid as gnáthóga i limistéar na nArdán (atá bunaithe ar shonraí suirbhé éin gheimhrithe a bailíodh don fhorbairt bheartaithe bóthair) |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Tháinig an Tuarascáil maidir le Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i bPlean Ceantair Áitiúil na nArdán (Atkins, 2017) ar an gconclúid nach bhfuil gá le "measúnacht chuí, mar gur féidir é a chur as an áireamh, bunaithe ar eolas oibiachtúil eolaíochta, nach mbeidh tionchar suntasach ag LAP na nArdán beartaithe, go haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar aon láithreán Eorpach i bhfianaise a gcuspóirí comhaontais".<br>Agus breithniú á dhéanamh ar an méid atá ráite thuas, ní bheidh tionchar dochrach ag na beartais cosanta comhshaoil atá laistigh de Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 as féin ag an fhorbairt bheartaithe bóthair ar ionracas aon láithreán Eorpach ina cheart féin, ní bheidh an Dréacht-LAP na nArdán 2018-2024 ag feidhmiú i gcomhar leis an fhorbairt bheartaithe bóthar le tionchar dochrach a chruthú d'ionracas aon láithreán Eorpach. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| ***Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017*** | Tá teorainn thoir réimse feidhme Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017 ag síneadh le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá i ndán go bhféadfadh forbraíocht a thabharfaí chun cinn faoin bPlean a bheith ina chur isteach ar ghnáthóga i gCoill Bhearna, i gCuan an Roisín agus i gCuan na Gaillimhe trí chonairí tionchair ionchais éagsúla. Tugtar san áireamh leis an bplean freisin Togra Sheachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe an N6 (2006) (ar dhiúltaigh an Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt ina leith agus a bhfuil an togra maidir le forbairt ar an mbóthar beartaithe seo tagtha ina ionad) agus Togra Bhóthar an R336 idir Bearna agus Scríb. Tá diúltaithe ag an mBord Pleanála cead pleanála a thabhairt maidir le Togra Sheachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe an N6 (2006) agus dá réir sin níl aon stádas leis an tráth seo. Tá an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe seo tagtha in ionad an togra maidir le Bóthar an N6 Seachbhóthar Taobh Amuigh Chathair na Gaillimhe (2006). Pléitear ar leithligh thíos le Togra Bhóthar an R336. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>I gceantar Bhearna féin, beidh gá le soláthar uisce dóthaineach, cóíreáil dramhuisce dóthaineach agus infreastruchtúr draenála leordhóthaineach maidir le huisce dromchla chun caighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe a chosaint. Luaitear polasaithe sa Phlean chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo (Polasaí 2.8.2A, Polasaí 2.8.2B agus Polasaí 2.8.2D). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | D'fhéadfadh tionchar a theacht chun cinn de bharr cur isteach ar an réimeas hidrigeolaíochta reatha, cur isteach ar chaighdeán an uisce sna sruthanna ina sileann sé agus/nó i gCuan na Gaillimhe, speicis ionracha neamhdhúchais a thabhairt isteach i ngnáthóga taobh istigh de an láithreacha Eorpacha, agus/nó saoráidí turasóireachta agus caitheamh aimsire (e.g. Cuspóirí LU3 agus CF3) a fhorbairt/chur chun cinn ar bhealach a fhágann brú ar ghnáthóga agus ar speicis i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (e.g. Coill Bhearna agus Cuan an Roisín). Ní mórán conairí ar dhócha go bhféadfadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe oibriú tríothu i gcumasc le Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017 ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar aidhmeanna caomhantais na láithreacha Eorpacha, seachas cur isteach ar chaighdeán an uisce sna sruthanna uisce ina sileann sé agus i gCuan na Gaillimhe agus le díshocrú/díláithriú ar éin geimhridh atá ar liostaí SCI maidir le SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus a thaobhaíonn tailte atá taobh istigh de theorainn an Phlean Ceantair Áitiúil. | Níl aon cheangal díreach idir na héin ar liosta SCI a bhfuil tuairisc orthu ag caitheamh an gheimhridh ar fud ionaid geimhridh ag éin thart ar Bhearna agus líon na n-éan in SPA Loch Coirib ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ar réimhsí criathraigh nó portaigh atá láithreacha na n-éan geimhridh. Taobh istigh de theorainneacha Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017 tá na ceantair seo i gcrios Imeallach Tuaithe. D'fhéadfadh an theacht de thoradh ar a gcur sa chrios sin go dtarlódh cailliúint níos mó gnáthóige agus/nó díshocrú/díláithriú ar éin geimhridh as na limistréir gnáthóige sin. I bhfianaise líon íseal éin de speicis atá ar liosta SCI á dtuairisciú go ginearálta agus nach minic leo ionaid éin geimhridh sa cheantar seo a thaobhú, a laghad tionchair a bheidh ag aon chur isteach oibriúcháin ó thrácht bóthair ar na hionaid éin geimhridh seo, agus a fhairsinge atá réimsí gnáthóige oiriúnacha eile ar fáil ag éin geimhridh sa cheantar (atá taobh amuigh d'aon fhorbairt ionchais a bhaineann leis an LAP), ní dócha go bhfeidhmeoidh forbairt ionchais i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar atá beartaithe ar bhealach a chuirfeadh isteach ar líon na n-éan SCI sa limistéar SPA.<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017 d'fhonn láithreacha Eorpacha a chosaint. Áirítear orthu sin: Objectives NH5, NH6, NH7, NH8, NH10, NH12, NH13, NH14, NH15, NH18, NH23, NH24, NH25, NH26, NH27, NH29, NH30, NH36 agus NH37. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Anuas air sin, ní mór aon fhorbairt nó togra faoi leith a chuirfí a bhfeidhm chun na haidhmeanna a leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017 a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun láithreacha Eorpacha a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). | Ar na bearta maolúcháin atá ina gcuid de Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní tharlóidh Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| ***Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021***<br>Straitéis shocheacnamaíochta do Chathair na Gaillimhe atá i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021 ina leagtar amach sraith gníomhartha a bhaineann le Cathair na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur chun cinn mar mhol cruthaitheachta agus nuála agus comhionannas, uilechuimsitheacht, inmharthanacht agus sláinte agus maitheas a chothú agus a chur chun cinn. | Ní luaitear aon togra ná plean sa phlean seo seachas leabharlann nua a thógáil agus cuidiú le plean bainistíochta maidir le cúrsaí iompair a thabhairt i bhfeidhm. Níl ionad faoi leith luaite leis an aidhm maidir le leabharlann nua agus tá Straitéis Iompair na Gaillimhe ina phlean bainistíochta maidir le cúrsaí iompair.<br>D'fhéadfadh ionad na leabharlainne nua a bheith suite in áit a bhféadfadh sé a bheith ina chur isteach ar láthair Eorpach, trí chonair tionchair ionchais de leithéid chailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige nó díláithriú speiceas.<br>Tugtar aird iomlán ar an tionchar ionchais díreach agus indíreach a d'fhéadfadh eascairt ó na tograí atá le cur i bhfeidhm faoin straitéis leis na bearta maolúcháin a luaitear sa GTS ionas go gcinntítear nach mbeadh tionchar dochrach ag an GTS ar aon láthair Eorpach (féach plé faoi leith maidir leis an GTS, faoin gceannteideal sin, thíos). | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Ní mór aon fhorbairt nó togra faoi leith a chuirfí a bhfeidhm chun na gníomhartha a leagtar amach i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt i gcrích a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus polasaithe Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 chun láithreacha Eorpacha a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Seachas an GTS, níl aon cheangal sonrach (ó thaobh conairí tionchair ionchais) idir Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021 agus ceann ar bith de na ceithre cinn de láithreacha Eorpacha atá taobh istigh den Chrios Tionchair (ZoI) a ghabhann leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. | Ar na bearta maolúcháin atá ina gcuid den GTS, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha as féin, ní tharlóidh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| **Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012-2018**<br>**Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2019**<br>**Plean Ceantair Áitiúil Áth Cinn 2015-2021**<br>**Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2011-2018**<br>**Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019**<br>**Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012 – 2018**<br>**Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2011-2017** | Níl na pleananna úsáid talún seo taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Ina ainneoin sin, tá i ndán go bhféadfaidís oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe tríd an gconair tionchair ionchais seo a leanas: cur isteach ar chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus/nó i gCuan na Gaillimhe trí chóras an uisce dromchla. D'fhéadfadh ísliú ar chaighdeán an uisce tionchar a imirt ina dhiaidh sin ar roinnt de na haidhmeanna caomhantais atá mar bhonn treise faoi speicis QI/SCI i cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ó tá SPA Loch Coirib suas an abhainn ón bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ní fhéadfadh aon cheann de na pleananna úsáid talún feidhmiú i gcumasc leis ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar láthair Eorpach. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc.<br>Luaitear polasaithe agus aidhmeanna i ngach ceann de na Pleananna seo a leanas d'fhonn láithreacha Eorpacha a chosaint:<br>**Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012-2018**<br>Cuspóirí DS3, DS5, UI2, UI6, UI13, NH1, NH4, NH6 agus NH7, agus Polasaí UI2<br>**Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2019**<br>Cuspóirí DS3, DS5, UI1, UI2, UI4, UI5, UI6, UI7, UI10, UI11, UI13, UI14, NH1, NH2, NH4, NH6 agus NH7, agus Polasaithe UI1, UI4 agus NH1<br>**Plean Ceantair Áitiúil Áth Cinn 2015-2021**<br>Cuspóirí DS 3, DS 5, UI 3, UI 5, WQ 1, WQ 2, FL 9, NH 1, NH 2, NH 6, NH 7, NH 8 agus NH 10, agus Polasaithe UI 1, WQ 1 agus NH 1<br>**Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2011-2018** |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Cuspóirí DS3, DS5, LU9, UI2, UI4, UI5, UI6, UI9, NH1, NH2, NH6, DM Treoirlíne UI 2, agus Polasaithe UI3 agus NH1<br>**Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019**<br>Cuspóirí LU 8, NH 1, NH 2, NH 5, NH 6, NH 7, NH 9, NH 11, NH 13, UI 1, UI 4, UI 5, UI 6, UI 7, UI 10, UI 12, UI 12 (b) agus UI 13, DM Treoirlíne UI 2 agus UI 2, agus Polasaithe NH 1 agus UI 3<br>**Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012 – 2018**<br>Cuspóirí DS 3, DS 5, LU 9, NH 1, NH 2, NH 5, NH 6, NH 7, NH 12, DS 7, UI 1, UI 3, UI 4, UI 5, UI 7, UI 8, UI 15, agus Polasaithe DS 1, NH 1, UI 1, UI 2,<br>**Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2011-2017**<br>Cuspóirí NH4, NH5, NH6, NH7, NH9, NH15, NH 16, NH18, WS4, WS6, agus Polasaithe NH5, NH13, NH14, WS1 agus WS4.<br>Tá dlite go mbeadh na Pleananna Ceantair Áitiúla ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae/Plean Forbartha Cathrach agus, dá réir sin, tagann aon togra a bheartaítear taobh istigh de limistéar LAP faoi réir freisin ag na haidhmeanna agus na polasaithe sa phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna for-réiseacha, Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, a thabhairt san áireamh, níl aon bhaol go bhfeidhmeoidh na pleananna úsáid talún seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina thionchar dochrach ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| ***Fís 2020 Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh 2015 – 2020***<br>***(Máistirphlean OÉ Gaillimh)*** | D'fhéadfadh an leathnú agus an forfheabhsú reatha ar na foirgnimh oideachais agus ar na saoráidí taitneamhachta in OÉ Gaillimh géarú leis an mbrú ar an timpeallacht eiceolaíochta le conair Abhainn na Gaillimhe agus cur isteach go dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib trí na tionchair ionchais seo a leanas: cailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige agus/nó díshocrú nó díláithriú speiceas in cSAC Loch Coirib. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Cé go bhféadfadh tionchar de leithéid chailliúint agus dhíghrádú gnáthóige tarlú, díshocrú/díláithriú maidir leis an Dobharchú, mar gheall ar níos mó daoine a bheith i láthair agus an dóigh go dtarlódh níos mó soilse á gcur ar fáil, an brú breise is dóiche maidir le QI de chuid cSAC Loch Coirib sa cheantar seo agus ag Saoráidí Caitheamh Aimsire OÉG go háirithe. Cé gur dócha go dtarlódh cur isteach breise le linn na tógála, go sealadach a tharlóidh sin agus ní bheidh cu isteach ar aon cheann de na haidhmeanna caomhantais atá ina mbonn treise faoin Madra Uisce i cSAC Loch Coirib. Ní bheidh soilse leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt san áit seo. I rith ré na húsáide, beidh an bóthar gan soilse agus crochta os cionn chonair na habhann rud a fhágann nach bhfuil aon seans go dtarlódh tionchar cumaisc i ndáil le díshocrú. Bíonn éin geimhridh ag Saoráidí Caitheamh Aimsire OÉG atá ar liosta na speiceas SPI maidir le SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ina ainneoin sin, is dócha go gcuirfeadh aon réimsí taitneamhachta breise faoi fhéar a chur ar fáil san am atá le theacht forfheabhas ar an áit seo maidir leis na speicis éin atá faoi chaibidil ó tharla gurb iad na réimsí féaraigh taitneamhachta sin a thaobhaíonn speicis áirithe, mar shampla an Sléibhín.<br>Ní bheidh aon tionchar fadtéarmach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar cSAC Loch Coirib; ná ní bheidh aon tionchar fadtéarmach aige ar líon na n-éan SCI a chaitheann an geimhreadh i SPA Loch Coirib nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Maidir le díghrádú gnáthóige, is é an tionchar is mó a mbeadh baol ag baint leis saibhriú ar ghnáthóga bogaigh mar gheall ar ábhar breise cothaitheach. Déantar soláthar i Máistirphlean OÉ Gaillimh do leagan amach nua agus do pháirceanna imeartha breise a chruthú cóngarach don teorainn le cSAC Loch Coirib ag an Daingean. Tá i ndán go n-imeodh ábhar cothaitheach a bhaineann le leasú a scaradh ar an talamh le sruth isteach i ngnáthóga leochaileacha bogaigh agus bheadh i ndán go gcuirfeadh sin isteach ar líon na speiceas agus ar an meascán fásra.<br>Ní tharlóidh cailliúint gnáthóige de chineál QI Iarscríbhinn I, ná gnáthóg a chailliúint atá ina bhonn treise faoi ghnáthóga de chineál QI Iarscríbhinn, le Loch Coirib mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt. Níl an bóthar beartaithe a fhorbairt ina bhaol ach oiread maidir le díghrádú ar ghnáthóga bogaigh taobh istigh den láthair Eorpach, ná ina bhaol maidir le róshaibhriú ar ghnáthóga bogaigh maidir le hábhar cothaitheach.<br>Anuas air sin, ní mór aon fhorbairt nó togra a bhaineann san am atá le theacht le campas na hollscoile a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus polasaithe Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 arb é cuspóir atá leo na láithreacha Eorpacha a chosaint ar aon tograí a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid den phlean for-réiseach, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní bheidh aon fhorbraíocht ionchais ar champas OÉG ina bhaol maidir le tionchar dochrach a shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha a tharraingt i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| ***Straitéis Iompair na Gaillimhe***<br>Tá tograí éagsúla ag baint le gnéithe den GTS, arna gcur chun cinn de réir bhunphrionsabail, chuspóirí straitéise agus aidhmeanna straitéise d'fhonn "réigiún cathrach comhcheangailte a bhfuil gluaisteacht níos cliste de bhun leis a chruthú", ionas go gcuirtear straitéis chomhleanúnach slánchóirithe iompair le chéile do Chathair na Gaillimhe agus do thimpeallacht na cathrach. Tagann gach modh iompair faoi scáth an GTS agus tugtar an straitéis maidir leis an gcur i bhfeidhm go gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach san áireamh. | Tá an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). Taobh amuigh de Thogra Bhóthar an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe, tá tograí ina ngnéithe den GTS a bhfuil i ndán go mbeadh tionchar acu ar na haidhmeanna caomhantais maidir le cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh[62] trí thionchair ionchais, mar shampla cailliúint gnáthóige, díghrádú gnáthóige agus/nó díshocrú/díláithriú speicis. Áirítear orthu sin:<br>• Glasbhealach Bhearna | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Tugtar aird iomlán ar an tionchar ionchais díreach agus indíreach a d'fhéadfadh eascairt ó na tograí atá le cur i bhfeidhm faoin straitéis leis na bearta maolúcháin a luaitear sa GTS ionas go gcinntítear nach mbeadh tionchar dochrach ag an GTS ar aon láthair Eorpach |

[62] Bhí na suíomhanna Eorpacha seo a leanas laistigh de Chrios Tionchair an GTS ach toisc go bhfuil siad lasmuigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, ní fhéadfadh an GTS gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar a gcuid cuspóirí caomhnaithe: Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch agus Coillte an Rois, SPA Riasc Creig Eanaigh, SAC Ceantar Thurlach Ráth Asáin, SPA Thurlach Ráth Asáin, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Thurlach Chill Tiarnáin agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Coimpléasc Loch Fionngheal.

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | • An Bealach Rothaíochta as Gaillimh go Baile Átha Cliath (Cathair na Gaillimhe go hÓrán Mór)<br>• an Glasbhealach idir Gaillimh agus Uachtar Ard<br>• an Córas Iompair Phoiblí<br>• Córas na mBealach Rothaíochta nach Glasbhealaí<br>• Córas na mBealach Coisíochta | Anuas air sin, ní mór aon fhorbairt nó togra faoi leith a bheadh de dhíth chun an straitéis a thabhairt i gcrích a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 chun láithreacha Eorpacha a chosaint (**Foscríbhinn O**).<br>Ar na bearta maolúcháin atá ina gcuid den GTS, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus de Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha as féin, ní tharlóidh an GTS, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| ***Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chontae na Gaillimhe 2013***<br>Leagtar amach i Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chontae na Gaillimhe 2013 na cuspóirí maidir le hinfreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta a chur ar fáil ar fud an chontae (taobh amuigh de Chathair na Gaillimhe) agus an úsáid as a chur chun cinn, chomh maith leis na gníomhartha maidir leis an gcuspóir sin a thabhairt i gcrích. | Tá 28 togra faoi leith a gcuirtear bonn fúthu faoin straitéis agus a liostaítear ar na gnéithe infreastruchtúir is féidir a chur ar fáil; iad seo a leanas ina measc:<br>• Glasbhealach Chonamara<br>• An Bealach Rothaíochta as Gaillimh go Baile Átha Cliath<br>• Glasbhealach Bhearna | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | • infreastruchtúr rothaíochta le scéim bheartaithe Bhóthar an R336 idir Bearna agus Scríb via Ros an Mhíl, agus slite siúlóide in Órán Mór, i gCinn Mhara, i mBaile Locha Riach agus sa Ghort<br>• infreastruchtúr rothaíochta le bóthar an N59 idir Cathair na Gaillimhe agus an Clochán agus idir Órán Mór agus Cinn Mhara<br>Tá moltaí mionsonraithe san áireamh freisin maidir le Béal Átha na Sluaighe, Tuaim, Órán Mór agus an Clochán. | Cé gur dócha go dtarlóidh díshocrú breise le linn an obair thógála ar thogra de leithéid Ghlasbhealach Mhaigh Cuilinn, an Daingin agus OÉG a dhéanamh, is tionchar sealadach a bheidh ansin nach gcuirfidh isteach ar aon cheann de na haidhmeanna caomhantais atá mar bhonn treise faoin Dobharchú i cSAC Loch Coirib. Ní bheidh soilse leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt san áit seo. I rith ré na húsáide, beidh an bóthar gan soilse agus crochta os cionn chonair na habhann rud a fhágann nach bhfuil aon seans go dtarlódh tionchar cumaisc i ndáil le díshocrú. Ní bheidh aon tionchar maidir le cailliúint ná díghrádú gnáthóige ar ghnáthóga QI, ná gnáthóga trína gcothaítear speicis QI, ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe sa cheantar seo agus, dá réir sin, níl aon seans go dtarlódh tionchar cumaisc ina leith sin ach oiread.<br>Ó tharla nach dtagann Cathair na Gaillimhe faoi scáth na straitéise seo, is é an t-aon cheangal a d'fhéadfadh a bheith idir na láithreacha eile a luaitear sa straitéis agus an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe, ó thaobh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, go bhféadfadh cur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe tarlú le linn an obair thógála a bheith ar siúl; agus, dá réir sin, go bhféadfaí cur isteach ar ghnáthóga QI uisce agus ar speicis QI/SCI i cSAC Loch Coirib, in SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá cuid mhór de na tograí beartaithe a luaitear sa straitéise, fiú agus iad á mbeartú i gcomhthéacs chonairí bóthair atá in úsáid cheana féin, a mbeidh nó a bhféadfadh go mbeadh trasnaíl go díreach nó go hindíreach idir iad agus láithreacha Eorpacha agus a bhfuil i ndán go bhféadfaidís a bheith ina gcur isteach ar na haidhmeanna caomhantais trí chonairí éagsúla tionchair ionchais. Tá roinnt de na tograí seo a thagann faoi scáth an GTS agus a mheastar ar leithligh faoi cheannteideal sonrach (e.g. an Bealach Rothaíochta idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath, Glasbhealach Chonamara agus Glasbhealach Bhearna). Tá ceann amháin de na bealaí rothaíochta/siúlóide atá beartaithe i dTuaim a théann shíneann le bóthar áitiúil taobh istigh de cSAC Loch Coirib. Tá ceann amháin de na bealaí rothaíochta/coisíochta atá beartaithe in Órán Mór a théann trí cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. | Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin, de thoradh ar aon chur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe nó i gCuan na Gaillimhe.<br>Ní mór gach togra infreastruchtúir a bheartaítear a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe sna pleananna úsáid talún seo arb é cuspóir atá leo na láithreacha Eorpacha agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint ar aon tograí a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní tharlóidh Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chontae na Gaillimhe 2013, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Is é an Glasbhealach idir Maigh Cuilinn, an Daingean agus OÉG an t-aon cheann de na tograí seo (seachas Glasbhealach Chonamara agus Glasbhealach Bhearna a ndéantar a meas ar leithligh) a dtagann a gcuid réimsí spáis leis an réimse a bhaineann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus tarlaíonn sin ríchóngarach do cSAC Loch Coirib. Tosaíonn an Glasbhealach sin ar fhearann OÉG go leanann seanbhealach an bhóthair iarainn as Gaillimh go dtí an Clochán. Cé go bhféadfadh tionchar de leithéid chailliúint agus dhíghrádú gnáthóige tarlú, díshocrú/díláithriú maidir leis an Madra Uisce, mar gheall ar níos mó daoine a bheith i láthair agus an dóigh go dtarlódh níos mó soilse á gcur ar fáil, an brú breise is dóiche maidir le QI de chuid cSAC Loch Coirib sa cheantar seo agus ag Saoráidí Caitheamh Aimsire OÉG go háirithe. | |
| ***Togra Bhóthar an M17 idir Gaillimh agus Tuaim, Togra Bhóthar an N18 idir Órán Mór agus an Gort agus Togra Bhóthar an N17 Seachbhóthar Thuama*** | Is ann do chonairí tionchair ionchais.<br>D’fjéadfadh na ceithre scéim seo oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe (Togra an M17 idir Gaillimh agus Tuaim agus Togra an N17 Seachbhóthar Thuama) agus/nó i gCuan na Gaillimhe (na ceithe cinn de thograí). | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Bhí bearta rialála maidir le truailliú, d'fhonn caighdeán an uisce sna sruthanna ina sileann sé le linn an obair thógála a dhéanamh, agus bearta dearthóireachta maidir le draenáil, d'fhonn ísliú caighdeáin a sheachaint i ndáil leis an uisce dromchla i rith ré na húsáide ag gabháil le gach ceann de na scéimeanna. Rinne an Bord Pleanála iad sin a mheas agus a aontú nuair a tugadh cead pleanála maidir le gach ceann de na tograí seo faoi seach agus ní thiocfaidh cur isteach dá bharr sin ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe a chuirfeadh as do na haidhmeanna caomhantais atá ina mbonn treise faoi riocht caomhantais na ngnáthóg QI agus na speiceas QI/SCI i cSAC Loch Coirib, in SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br><br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin, de thoradh ar aon chur isteach ar chaighdeán reatha an uisce dromchla.<br><br>Tagann na ceithre cinn de thograí seo faoi scáth dhlínse Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, lena mbaineann cuspóirí chun láithreacha Eorpacha a chosaint agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na bearta maolúcháin agus dearthóireachta a ghabhann leis na tograí bóthair seo, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha mar gheall ar thionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe, ní tharlóidh tionchar dochrach ar aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar thogra acu seo i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| ***Limistéar Seirbhísí Mhótarbhealach an M6 (M17/M18*** | Tá an láthair seirbhísí mótarbhealaigh seo á bheartú ar an M6 in aice le hÓrán Mór. Nuair nach féidir aon mhaolúchán a dhéanamh ó thaobh dearthóireachta ná tógála, tá conairí tionchair ionchais a cheanglaíonn an t-ionad seo le láithreacha Eorpacha. Tá i ndán go bhféadfadh cur isteach ar an réimeas screamhuisce reatha tarlú nó go bhféadfadh uisce draenála ón láthair seo imeacht le sruth isteach sa chóras draenála uisce dromchla agus cur isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ní mór an togra seo a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir leis na haidhmeanna agus na polasaithe a leagtar amach an bplean maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar. I ndáil leis an láthair seo, is é plean é sin Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 ina luaitear polasaithe chun láithreacha Eorpacha a chosaint, screamhuisce a chosaint agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint (féach **Foscríbhinn O**).Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha i gCuan na Gaillimhe mar gheall ar chur isteach ar chaighdeán an uisce, ní tharlóidh togra Limistéar Seirbhísí Mhótarbhealach an M6 (M17/M18), i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| ***Togra Bhóthar an N59 idir an Clochán agus an Teach Dóite*** | Tá diúltaithe ag an mBord Pleanála cead pleanála a thabhairt i leith na scéime seo agus, dá réir sin, níl stádas ag baint léi faoi láthair. Níl cinneadh déanta go fóill an mbeidh togra forbraíochta eile á chur chun cinn san am atá le theacht. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Ní mór aon togra ionchais a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun láithreacha Eorpacha a chosaint agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Is é an t-aon cheangal amháin, ó thaobh conairí tionchair ionchais agus an dóigh go dtarlódh tionchar cumaise ar láithreacha Eorpacha, a d'fhéadfadh a bheith idir togra bóthair sa cheantar seo agus an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe, go bhfuil i ndán go bhféadfadh leagan eile de Thogra Bhóthar an N59 idir an Clochán agus an Teach Dóite a bheith ina chur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe. Níor mhór a bheith i gceist le haon togra bóthair ionchais go seachnófaí an Teach Dóite agus go dtiocfadh an bóthar ó thuaidh den Teach Dóite nó ní bheadh an bóthar in abhantrach Abhainn na Gaillimhe. | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha mar gheall ar chur isteach ar chaighdeán an uisce, ní tharlóidh aon fhorbairt ionchais ar bhóthar an N59 idir an Clochán agus an Teach Dóite, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| ***Togra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard*** | Is togra forbartha a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith agus atá suite taobh istigh d'abhantrach Abhainn na Gaillimhe Togra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard. Tá i ndán dá réir sin go bhféadfadh sin oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe tríd an gconair tionchair ionchais seo a leanas: cur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Bhain bearta ceansú truaillithe leis an iarratas ar chead pleanála i ndáil le Togra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard d'fhonn caighdeán an uisce sna huiscebhealaí ina sileann sé a chaomhnú le linn na tógála, chomh maith le córas draenála a dhearadh ionas go seachnaítear ísliú ar chaighdeán an uisce dromchla le linn ré na húsáide. Rinne an Bord Pleanála na bearta sin a mheas agus a aontú nuair a tugadh cead maidir leis an togra agus ní thiocfaidh tionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe de thoradh ar an togra ar dhóigh a chuirfeadh isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá de bhonn treise faoi riocht na ngnáthóg QI agus na speiceas QI/SCI i cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin, de thoradh ar aon chur isteach ar chaighdeán reatha an uisce dromchla.<br>Tagann Togra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard faoi scáth dhlínse Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, lena mbaineann cuspóirí chun láithreacha Eorpacha a chosaint agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na bearta maolúcháin agus dearthóireachta a ghabhann leis togra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha mar gheall ar thionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe, ní tharlóidh tionchar dochrach ar aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar Thogra Bhóthar an N59 idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| ***Togra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn*** | Is togra forbartha a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith agus atá suite taobh istigh d'abhantrach Abhainn na Gaillimhe Togra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá i ndán dá réir sin go bhféadfadh sin oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe tríd an gconair tionchair ionchais seo a leanas: cur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc. |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | | Bhain bearta ceansú truaillithe leis an iarratas ar chead pleanála i ndáil le Togra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn d'fhonn caighdeán an uisce sna huiscebhealaí ina sileann sé a chaomhnú le linn na tógála, chomh maith le córas draenála a dhearadh ionas go seachnaítear ísliú ar chaighdeán an uisce dromchla le linn ré na húsáide. Rinne an Bord Pleanála na bearta sin a mheas agus a aontú nuair a tugadh cead maidir leis an togra agus ní thiocfaidh tionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe de thoradh ar an togra ar dhóigh a chuirfeadh isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá de bhonn treise faoi riocht na ngnáthóg QI agus na speiceas QI/SCI i cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin, de thoradh ar aon chur isteach ar chaighdeán reatha an uisce dromchla.<br>Tagann Togra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn faoi scáth dhlínse Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, lena mbaineann cuspóirí chun láithreacha Eorpacha a chosaint agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint (féach **Foscríbhinn O**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na bearta maolúcháin agus dearthóireachta a ghabhann leis togra Bhóthar an N59 (Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn, agus na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha mar gheall ar thionchar ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe, ní tharlóidh tionchar dochrach ar aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar Thogra Bhóthar an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| ***An R336 idir Bearna agus Scríb via Ros an Mhíl*** | Tá Úsghrádú/feabhsúcháin ar an R336 idir Bearna agus Scríb mar i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna agus i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta agus tá conairí tionchair ionchais ina gceangal idir an Scéim agus roinnt de na láithreacha Eorpacha. I bhfianaise an chonair atá leagtha amach don scéim seo sa dá Phlean acu sin, tá i ndán go mbeadh an togra ina chur isteach díreach ar cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara agus ar SPA Choimpléasc Phortach Chonamara agus, ó tharla gur dócha go dtiocfaidh cuid (ar a laghad) dá ndraenáiltear den bhóthar le sruth i gCuan na Gaillimhe, tá i ndán chomh maith go bhféadfaí cur isteach ar chaighdeán an uisce i dtimpeallacht na farraige. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Ó tharla nach ann d'aon chonair tionchair ionchais a cheanglódh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe le cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara ná le SPA Choimpléasc Phortach Chonamara, is é an t-aon bhealach ina bhféadfadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe feidhmiú i gcumasc le scéim an R336 sa chaoi is go gcuirfí isteach ar na haidhmeanna caomhantais maidir leis na láithreacha Eorpacha, go gcuirfí as do chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe (i.e. cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh).<br>Ní chuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar aidhmeanna caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ann féin. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Anuas air sin, ní mór aon togra maidir le scéim bhóthar an R336 a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun láithreacha Eorpacha a chosaint (féach **Foscríbhinn O**).<br>Ar na bearta maolúcháin atá ina gcuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha as féin, ní tharlóidh Scéim Bhóthar an R336 idir Bearna agus Scríb, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| ***An Bealach Rothaíochta ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath, Glasbhealach Chonamara agus an Glasbhealach idir Gaillimh agus an Spidéal*** | Is ann do chonairí tionchair ionchais.<br>Tá trí cinn de thograí móra glasbhealaigh a thrasnaíonn an ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe: An Bealach Rothaíochta as Gaillimh go Baile Átha Cliath, Glasbhealach Chonamara (idir Cathair na Gaillimhe agus an Clochán), agus Glasbhealach Bhearna. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin, de thoradh ar aon chur isteach ar an réimeas reatha uisce dromchla nó screamhuisce. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá réimsí togra éagsúla ag baint leis an nGlasbhealach as Gaillimh go Baile Átha Cliath. Tá an réimse idir Cathair na Gaillimhe agus Órán Mór ina chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus déantar a mheas faoin gceannteideal sin. Níl aon bhaol go dtiocfadh tionchar chun dochair maidir le sláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha dá bharr. Téann an chuid is mó den réimse idir Órán Mór agus Béal Átha na Sluaighe trí thailte a thaosctar isteach i gCuan na Gaillimhe agus, dá réir sin, bheadh baol sealadach/gearrthéarmach do chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe ag baint leis le linn an obair thógála a dhéanamh (níl aon bhagairt ina leith sin i gceist le bealach siúlóide agus rothaíochta le linn ré na húsáide). D'fhéadfadh an tionchar a bheith ina chur isteach ar na haidhmeanna caomhantais atá ina mbonn treise faoi riocht caomhantais na ngnáthóg QI agus na speiceas QI/SCI i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Níl ceangal ar bith idir na réimsí is faide soir ná Béal Átha na Sluaighe agus aon cheann de na láithreacha Eorpacha taobh istigh den ZoI maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. | Ní mór na tograí glasbhealaigh ar fad a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I ndáil leis na réimsí sin de ghlasbhealaí a d'fhéadfadh cur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus/nó i gCuan na Gaillimhe, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe sna pleananna úsáid talún seo arb é cuspóir atá leo na láithreacha Eorpacha agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint ar aon tograí a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe as féin ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ní tharlóidh togra maidir le glasbhealach, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |

| Plean/Togra<br>Tuairisc | An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? | An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh? |
|---|---|---|
| | Tá Glasbhealach Chonamara comhdhéanta de dhá chuid: Cathair na Gaillimhe go hUachtar Ard agus Uachtar Ard go dtí an Clochán. Tá an chuid idir Cathair na Gaillimhe agus Uachtar Ard ina chuid den GTS agus déantar a mheas faoin gceannteideal sin. Níl aon bhaol go dtiocfadh tionchar chun dochair maidir le sláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha dá bharr. Is é an t-aon cheangal a d'fhéadfadh a bheith ag an gcuid idir Cathair na Gaillimhe agus Uachtar Ard leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ó thaobh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, an seans go dtarlódh cur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe le linn an obair thógála a dhéanamh; agus, dá réir sin, an seans go bhféadfaí cur isteach ar ghnáthóga uisce QI agus ar speicis QI/SCI in cSAC Loch Coirib, in SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá cead pleanála tugtha maidir leis an gcuid idir Uachtar Ard agus an Clochán agus deimhníodh lena linn sin nach bhfuil aon bhaol ag baint leis maidir leis na haidhmeanna caomhantais agus nach mbeadh aon tionchar dochrach aige ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. | |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá Glasbhealach na Gaillimhe go dtí an Spidéal comhdhéanta de dhá chuid: Cathair na Gaillimhe go Bearna (Glasbhealach Bhearna) agus Bearna go dtí an Spidéal. Tá Glasbhealach Bhearna ina chuid den GTS agus déantar a mheas faoin gceannteideal sin. Níl aon bhaol go dtiocfadh tionchar chun dochair maidir le sláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha dá bharr. Is é an t-aon cheangal a d'fhéadfadh a bheith ag an gcuid idir Bearna agus an Spidéal leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ó thaobh cur isteach ar láithreacha Eorpacha, an seans go bhféadfaí cur isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe; agus, dá réir sin, an seans go bhféadfaí cur isteach ar ghnáthóga uisce QI agus ar speicis QI/SCI i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. | |
| **Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann**<br>Togra maidir le hobair thógála ar mhaithe le cosaint an chósta agus bealaí siúlóide poiblí a chur ar fáil idir Sáilín agus Trá na gCeann i gCathair na Gaillimhe | Is ann do chonairí tionchair ionchais. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 d'fhonn a chinntiú go ndéantar láithreacha Eorpacha a chosaint ar aon togra a bheartaítear taobh istigh de limistéar feidhme an phlean, lena n-áirítear polasaithe faoi leith d'fhonn an cósta a chosaint (e.g. Polasaí 4.3 Spásanna Gorma: An Cósta, Canáil agus Uiscebhealaí[63]). Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

[63] *"Sláine thimpeallacht an chósta agus na n-uiscebhealach a chosaint agus a chaomhnú trí thionchar suntasach a sheachaint agus coinníollacha na gcomhlachtaí reachtúla, reachtaíocht agus chaighdeáin na hÉireann agus na hEorpa a shásamh."*

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá an cladach anseo taobh istigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh araon. Bunaithe ar an méid eolais faoin togra a chuirtear i láthair le EIS Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann EIS (Comhairle Cathrach na Gaillimhe, 2006), is dócha go mbeadh tionchar dochrach ag an togra seo ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh as maidir le cailliúint gnáthóige. D'fhéadfadh freisin togra den sórt seo le cladach cur isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn obair thógála a dhéanamh, go bhféadfaí speicis neamhdhúchais plandaí ionracha a thabhairt isteach sa cSAC, agus/nó go bhféadfadh díshocrú/díláithriú ar speicis éin SCI as ceantair gnáthóige in aice le Cuan an Roisín laistigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a theacht dá bharr. | Ní mór aon obair i ndáil leis an togra beartaithe seo san am atá le theacht a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.).<br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ann féin. Ní tharlóidh cailliúint gnáthóige dá bharr taobh istigh den cSAC ná den SPA, ná ní tharlóidh scaipeadh speiceas ionrach dá bharr go dtí na láithreacha Eorpacha seo. Ní tharlóidh de thoradh ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe aon díshocrú ná díláithriú maidir le speicis éin SCI ón SPA, agus ní bheidh aon tionchar ag aon chur isteach ar láithreacha éin gheimhridh ina bhfuil tuairisc ar speicis éin SCI (**Roinn 9.3** agus **Roinn 9.4**) ar líon na gcineálacha éin san SPA. Arna bhunú ar an obair meastóireachta a thugtar in **Foscríbhinn F, Hidreolaíocht**, níl aon bhagairt do chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe ag baint leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a bheadh ina chur isteach ar ghnáthóg nó speicis QI/SCI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (**Roinn 9.3** agus **Roinn 9.4**) |

*"Limistéir nádúrtha caomhantais sa cheantar le cósta agus le huiscbhealaí a chaomhnú agus a chosaint agus a chinntiú go gcothaítear réimse agus caighdeán na ngnáthóg agus réimse agus líon na speiceas a bhaineann leis limistéir sin*"

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Dá réir sin, ní fhéadfadh aon tionchar a tharla, nó a d'fhéadfadh tarlú, mar gheall ar Scéim Chosaint an Chósta idir Sáilín agus Trá na gCeann a chur chun cinn oibriú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar aidhmeanna caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ná a bheadh ina chur isteach ar shláine na láithreacha Eorpacha sin. | |
| ***Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá (An Charraig Dhubh go dtí Cumann Gailf na Gaillimhe)*** | Is ann do chonairí tionchair ionchais. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 d'fhonn a chinntiú go ndéantar láithreacha Eorpacha a chosaint ar aon togra a bheartaítear taobh istigh de limistéar feidhme an phlean, lena n-áirítear polasaithe faoi leith d'fhonn an cósta a chosaint (e.g. Polasaí 4.3 Spásanna Gorma: An Cósta, Canáil agus Uiscebhealaí[64]). Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

[64] *"Sláine thimpeallacht an chósta agus na n-uiscebhealach a chosaint agus a chaomhnú trí thionchar suntasach a sheachaint agus coinníollacha na gcomhlachtaí reachtúla, reachtaíocht agus chaighdeáin na hÉireann agus na hEorpa a shásamh."*
*"Limistéir nádúrtha caomhantais sa cheantar le cósta agus le huiscbhealaí a chaomhnú agus a chosaint agus a chinntiú go gcothaítear réimse agus caighdeán na ngnáthóg agus réimse agus líon na speiceas a bhaineann leis limistéir sin."*

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá an cósta anseo taobh istigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh araon. Bunaithe ar an méid eolais faoin togra agus atá ar fáil faoi láthair, bheadh i ndán go mbeidh, nó go raibh cheana féin, tionchar dochrach ag Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá (An Charraig Dhubh go dtí Cumann Gailf na Gaillimhe) ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe mar gheall ar chailliúint gnáthóige. Bheadh i ndán chomh maith go bhféadfadh togra den sórt sin le cladach cur isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn obair thógála a dhéanamh, go bhféadfaí speicis neamhdhúchais plandaí ionracha a thabhairt isteach sa cSAC, agus/nó go bhféadfadh díshocrú/díláithriú ar speicis éin SCI as ceantair gnáthóige laistigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a theacht dá bharr. | Ní mór aon obair i ndáil leis an togra beartaithe seo san am atá le theacht a bheith de réir na gcoinníollacha faoin reachtaíocht maidir le cead pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.).<br>Ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ann féin. Ní tharlóidh cailliúint gnáthóige dá bharr taobh istigh den cSAC ná den SPA, ná ní tharlóidh scaipeadh speiceas ionrach dá bharr go dtí na láithreacha Eorpacha seo. Ní tharlóidh de thoradh ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe aon díshocrú ná díláithriú maidir le speicis éin SCI ón SPA, agus ní bheidh aon tionchar ag aon chur isteach ar láithreacha éin gheimhridh ina bhfuil tuairisc ar speicis éin SCI (**Roinn 9.3** agus **Roinn 9.4**) ar líon na gcineálacha éin san SPA. Arna bhunú ar an obair meastóireachta a thugtar in **Foscríbhinn F, Hidreolaíocht**, níl aon bhagairt do chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe ag baint leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a bheadh ina chur isteach ar ghnáthóg nó speicis QI/SCI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (**Roinn 9.3** agus **Roinn 9.4**). |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Dá réir sin, ní tharlóidh aon tionchar a d'eascair nó a eascraíonn ó Obair Chosaint an Chósta i mBóthar na Trá a chur chun cinn dul i bhfeidhm i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe sa chaoi is go gcuirtear isteach ar aidhmeanna caomhantais cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ná ar bhealch dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha seo. |
| **Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe**<br>Togra maidir le Calafort na Gaillimhe a leathnú amach i gCuan na Gaillimhe | Is ann do chonairí deimhnithe tionchair ionchais.<br>Is é comhairle ar a dtagtar sa Ráiteas Tionchair Natura (Cuideachta Cuain na Gaillimhe, 2013), go mbeidh an Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib mar gheall ar:<br>• cailliúint gnáthóige i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe – lena n-áirítear gnáthóga QI a chailliúint agus gnáthóga cothaithe/sealgaireachta speicis QI an Dobharchú agus an Róin<br>• cailliúint gnáthóige in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh a chuirfeadh isteach ar speicis éin SCI, agus tharlódh go gcuirfí isteach freisin ar roinnt de na speicis SCI in SPA Loch Coirib | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Tharla cailliúint gnáthóige i nGaillimh roimhe seo a bhain le forbairt a dhéanamh ar shuíomh an chalafoirt. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | • Tionchar ionchais ar an mBradán agus ar an Loimpre mhara ag dul ón bhfarraige suas go cSAC Loch Coirib | Ní tharlóidh aon chailliúint gnáthóige taobh istigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ná aon chur isteach ar an mBradán ná ar an Loimpre mhara in Abhainn na Gaillimhe ná i gCuan na Gaillimhe. Ní chuirfidh aon togra isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe chomh mór agus go mbeadh cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais maidir le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ní bheidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chur isteach ach oiread ar líon na speiceas SCI in SPA Loch Coirib ná in SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh mar gheall ar dhíshocrú ná díláithriú ó aon ghnáthóg taobh istigh den SPA, ná ó aon cheann de na hionaid éin geimhridh a ndearnadh suirbhéireacht ina leith. Ní tharlóidh ach oiread go gcuirfí le haon tionchar chun dochair a bhíonn ag an Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib.<br>Ní fhéadfaidh aon tionchar a tharla, nó a tharlóidh, mar gheall ar an Síneadh Beartaithe le Calafort na Gaillimhe a thabhairt chun cinn oibriú i gcumas leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a chuirfeadh as do na haidhmeanna caomhantais maidir le cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ná ina chur isteach dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha seo. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| Scéimeanna Soláthair Uisce | Is ann do chonairí tionchair ionchais.<br>Tá i ndán go mbeadh tionchar ag aon togra san am atá le theacht lena mbaineann uisce a thabhairt chun bealaigh in abhantrach Abhainn na Gaillimhe nó taobh istigh den ZoI hidrigeolaíochta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe (**Fíoracha 10.2.1** agus **10.2.2**), nó ag aon ardú ar an ráta maidir le huisce a thabhairt chun bealaigh leis na saoráidí atá ar fáil faoi láthair, ar an réimeas uisce dromchla agus/nó screamhuisce mar atá faoi láthair. D'fhéadfadh tograí a bhfuil an t-údarás áitiúil i gceannas orthu nó toibreacha príobháideacha a bheith i gceist agus bheadh i ndán go dtarlódh leibhéal uisce níos ísle in aibhneacha, i srutháin agus i lochanna dá mbarr nó go gcuirfí isteach ar leibhéal an screamhuisce. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Bheadh scála aon tionchar nó cur isteach ar aidhmeanna caomhantais cSAC Loch Coirib nó cSAC Loch Coirib ag brath ar an láthair agus ar an scála a ghabhann le tógáil an uisce. Tá cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh taobh amuigh den ZoI maidir le haon chur isteach ó scéimeanna soláthair uisce [65]<br>Ní tharlóidh mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe aon tionchar dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib ná ar SPA Loch Coirib, ann féin, de bharr aon chur isteach ar an réimeas reatha uisce dromchla ná screamhuisce. |

65 Níl aon scéimeanna díshalannaithe á moladh i gCuan na Gaillimhe faoi aon cheann de na pleananna nó na tionscadail a scrúdaíodh sa mheasúnú seo.

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ní mór aon togra soláthair uisce a bheith de réir na gceadúnas faoin reachtaíocht agus na gcoinníollacha pleanála, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). Ó thaobh abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus an limistéar atá taobh istigh de ZoI Hidrigeolaíochta an Bhóthair Bheartaithe, is iad na pleananna for-réiseacha Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe sna pleananna úsáid talún seo arb é cuspóir atá leo na láithreacha Eorpacha agus caighdeán an uisce dromchla a chosaint ar aon tograí a bheartaítear taobh istigh de réimse feidhme an phlean. Cuirtear iad sin i láthair in Foscríbhinn O.<br>Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní tharlóidh scéimeanna soláthair uisce (reatha nó beartaithe), i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| **Cóireáil Dramhuisce** | Is ann do chonairí tionchair ionchais. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá i ndán go bhfeidhmeodh sceitheadh ó shaoráidí cóireála dramhuisce (arna rith ag an údarás áitiúil nó go príobháideach, dabhach mhúnlaigh san áireamh) i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar chaighdeán an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus/nó i gCuan na Gaillimhe trí chóras an screamhuisce. Tharlódh sin go háirithe sa chás go bhfuil, nó go mbeadh (mar gheall ar éileamh níos mó ar an bpróiseas cóireála de bharr cúrsaí forbraíochta), an uasacmhainn oibre á déanamh nó á sárú. Beidh ábhar draenála ó sceitheadh as Tollán Leacaigh mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe isteach i gcóras draenála bréan na cathrach. D'fhéadfadh ísliú ar chaighdeán an uisce tionchar a imirt ina dhiaidh sin ar roinnt de na haidhmeanna caomhantais atá mar bhonn treise faoi speicis QI/SCI i cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ó tá SPA Loch Coirib suas an abhainn ón bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ní fhéadfadh aon cheann de na pleananna úsáid talún feidhmiú i gcumasc leis ar bhealach a bheadh ina chur isteach ar láthair Eorpach. | Ní mór aon mhonarchana cóireála dramhuisce, agus aon tograí beartaithe nó tograí a bheartaítear san am atá le theacht, a bheith de réir na gcoinníollacha pleanála agus ceadúnais faoin reachtaíocht, agus i gcomhréir freisin le haidhmeanna agus polasaithe a leagtar amach sna pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). Rinneadh forfheabhsú le gairid ar shaoráid cóireála dramhuisce Chathair na Gaillimhe ar Oileán na gCaorach ionas gur méadaíodh an acmhainn cóireála ó 92,000 go dtí 170,000 p.e. (Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe2017-2023). I ndáil le habhantrach Abhainn na Gaillimhe agus le Cuan na Gaillimhe, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 agus Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022. Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna úsáid talún seo arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha agus chaighdeán an uisce dromchla/mara ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in **Foscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Ar na polasaithe maidir le cosaint na timpeallachta atá ina gcuid de na pleananna úsáid talún sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha, ní tharlóidh cóireáil dramhuisce (reatha nó beartaithe), i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ina chúis le tionchar dochrach ar shláine na láithreacha Eorpacha. |
| **Tograí eile** | Is ann do chonairí tionchair ionchais.<br>Tá i ndán go dtarlódh forbraíocht de chineálacha eile taobh istigh de láithreacha cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó ríchóngarach dóibh. Tá iarratais ar chead pleanála á gcur isteach freisin ar fud na cathrach agus i dtimpeallacht na cathrach maidir le tograí éagsúla, mar shampla athchóiriú ar thithe, síneadh le foirgnimh agus foirgnimh talmhaíochta (e.g. cró beithíoch). Tá i ndán go bhféadfadh tograí beaga den sórt sin fiú amháin cur isteach ar aidhmeanna caomhantais maidir leis na láithreacha Eorpacha seo. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc<br>Ina ainneoin sin, de réir mar a mheastar thuas maidir le Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 agus le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, agus ar na polasaithe for-réiseacha maidir le cosaint na timpeallachta a luaitear sa dá Phlean sin a thabhairt san áireamh, agus nach mbeidh aon chur isteach dochrach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha, níl aon bhaol ag dul le haon fhorbraíocht den sórt seo san am atá le theacht go dtiocfadh cur isteach dochrach dá bharr, i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Tá dhá thogra bóthair ar scála beag á bhforbairt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe: ceann amháin ag Timpeallán na gCiarabhánach agus an dara ceann chun athleagan amach a thabhairt ar chóras na mbóithre in aice le hEastát Tionsclaíochta na Páirce Móire. Tá an dá láthair sin i bhfad ó aon láthair Eorpach. I gcás Thimpeallán na gCiarabhánach, má bhaineann obair ar Abhainn Thír Oileáin nó i ngar don abhainn sin leis an modh oibre a roghnaítear, bheadh i ndán go dtarlódh tionchar ar chaighdeán an uisce a chuirfeadh isteach ar chaighdeán an uisce san abhainn agus níos faide síos an abhainn agus i gCuan na Gaillimhe (cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh). Níl aon ghnéithe uisce dromchla ag baint le ceantar na Páirce Móire faoi láthair ach d'fhéadfadh ceangal tarlú le córais screamhuisce. Ina ainneoin sin, i bhfianaise an bhonnlíne hidreolaíochta a dtugtar cuntas uirthi in **Foscríbhinn G**, ní dócha go dtiocfadh tionchar ar chúrsaí screamhuisce ó obair fhorfheabhsúcháin ar chóras na mbóithre áitiúla a bheadh ina chur isteach ar ghnáthóga i láithreacha Eorpacha a bhfuil an córas screamhuisce céanna á gcothú (GWB Dhroichead an Chláirín). | |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| Tionscadal Éireann 2040 - Tógáil Todhchaí na hÉireann<br>Plean straitéiseach ardleibhéil chun fás agus forbairt sa todhchaí in Éirinn a threorú. | Cé gur plean straitéiseach ardleibhéil é, déantar tagairt sa phlean Forbartha Náisiúnta do thionscadail a chur ar fáil i gCathair na Gaillimhe, mar shampla an N6 agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe, agus cinn eile. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh forbairtí a chuirfear i bhfeidhm faoin NPF difear a dhéanamh d'aon cheann de na láithreacha Eorpacha seo. | Rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil AA ar an NPF inar cinneadh nuair a chuirtear san áireamh na bearta cosanta comhshaoil a bhí ionchorpraithe sa Straitéis nach mbeadh drochthionchar aige ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.<br>Tugann an RDP éifeacht don NPF ar an leibhéal réigiúnach agus déanfaidh an t-údarás áitiúil ábhartha tionscadail a chur i bhfeidhm go háitiúil chun a chuid aidhmeanna a chomhlíonadh agus ní mór dóibh na riachtanais reachtúla phleanála a chomhlíonadh, agus caithfidh siad a bheith i gcomhréir le cuspóirí agus beartais na bpleananna úsáide talún iomchuí (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil, etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Bhá na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh is iad seo a leanas na pleananna úsáide talún Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021 (agus é athraithe), Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 (agus é athraithe), Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. Tá cuspóirí agus beartais i ngach ceann de na pleananna úsáide talún seo chun a chinntiú go gcosnófar láithreáin Eorpacha ó aon tionscadal atá molta laistigh de limistéar an phlean. Cuirtear iad sin i láthair i **bhFoscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Aithníodh sa mheasúnú seo na pleananna úsáide talún sin a bhféadfadh a bheith ag gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun difear a dhéanamh do láithreacha Eorpacha, mar gheall ar a ndlínse spáis (féach an plé a rinneadh ar na pleananna ábhartha maidir le húsáid talún sna Ranna thíos). Ag féachaint do na beartais um chosaint comhshaoil a chuimsítear laistigh den NPF, agus i bpleananna úsáide talún an chontae agus an leibhéil áitiúil, agus nach mbeidh tionchar díobhálach ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, ní chruthaíonn NPF aon phriacal aitheanta go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar shláine aon láithreáin Eorpaigh in éineacht leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. |
| ***Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014 - 2017*** | Féachann Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014-2017 tacaíocht a thabhairt don phobal labhartha na Gaeilge, scileanna agus fostaíocht a fhorbairt, na healaíona a chur chun cinn, forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach, lena n-áirítear tagairt d'acmhainní cósta, turasóireacht agus soláthar bonneagair. | Ní tharlóidh aon tionchar cumaisc |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | Ní mholann agus ní thacaíonn Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014-2017 le haon mholtaí forbartha sonracha i suíomhanna aitheanta agus ní féidir na bealaí féideartha tionchair a shainaithint. Mar sin féin, d'fhéadfadh aon fhorbairtí sa todhchaí a chuirfear i bhfeidhm i gceantar na Gaillimhe a bheith laistigh de na suíomhanna Eorpacha seo, nó a bheith suite i suíomh ina bhféadfadh na suíomhanna Eorpacha seo a bheith laistigh dá ZoIanna. | Is é an t-údarás áitiúil ábhartha a chuirfidh i bhfeidhm gach tionscadal a theastaíonn chun cuspóirí Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014 - 2017 a bhaint amach agus ní mór dóibh cloí leis na riachtanais phleanála reachtúla, agus iad siúd a bhaineann leis na pleananna úsáide talún ábhartha (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Bhá na Gaillimhe agus SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh, is é Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Chathair na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 na pleananna uileghabhálacha um úsáid talún.<br>Tá cuspóirí agus beartais i ngach ceann de na pleananna úsáide talún sin chun a chinntiú go gcosnófar láithreáin Eorpacha ó aon tionscadal atá molta laistigh de limistéar an phlean. Cuirtear iad sin i láthair i **bhForscríbhinn O**. |

| **Plean/Togra**<br>**Tuairisc** | **An bhfuil Conairí Tionchair Ionchais ann trína dtarlódh an Plean/Togra ag feidhmiú i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** | **An oibreoidh an Plean/Togra i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar bhealach a bheadh ina chur isteach dochrach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh?** |
|---|---|---|
| | | Aithníodh sa mheasúnú seo na pleananna úsáide talún sin a bhfuil sé de chumas acu gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun difear a dhéanamh do láithreáin Eorpacha, mar gheall ar a ndlínse spáis (féach an plé a rinneadh ar na pleananna ábhartha maidir le húsáid talún sna ranna thíos). Nuair a chuirtear san áireamh na polasaithe cosanta comhshaoil sna pleananna úsáide talún sin, agus nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe aon tionchar díobhálach do shláine aon láithreáin Eorpaigh, níl aon riosca inaitheanta ann mar thoradh ar Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014-2017 d'éifeachtaí díobhálacha do shláine aon láithreáin Eorpaigh i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. |

## 12.2 Conclúid na Measúnachta Tionchair

Atá luaite thuas, ní dhéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear d'iomláine cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib ná SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Ní bheidh sí ina cúis le cailleadh ná le hilroinnt aon ghnáthóga QI nó aon ghnáthóg a chothaíonn pobail speiceas QI/SCI in aon láithreáin Eorpacha (atá bainteach le haon láithreáin Eorpacha), ná ní dhéanfaidh sí díghrádú ar aon ghnáthóga den sórt sin ná ní dhéanfaidh sí difear do speicis QI/SCI mar thoradh ar thollánú/tochailtí, ar thionchair hidrigeolaíochta (cáilíocht nó cainníocht), ar scáthú ó dhéanmhais thógtha nó ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh. Ina theannta sin, ní bheidh sí ina cúis le héifeacht bacainne ná ní chruthóidh sí riosca mortlaíochta do speicis QI/SCI, ar bacainn í nó ar riosca é ag a mbeidh éifeacht ar a gcuspóirí caomhantais.

Ach, cé nach raibh siad chomh mór sin go leanfadh éifeachtaí dochracha ar láithreán Eorpach astu, uathu féin, rinneadh cuid de na tionchair fhéideartha, de chineál díreach nó neamhdhíreach, a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, a bhreithniú freisin chun a mheas an raibh an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchair íseal-leibhéil den tsamhail chéanna ag gabháil le pleananna nó tionscadail eile. D'fhéadfadh na tionchair sin difear dochrach a dhéanamh d'iomláine aon cheann/gach ceann de na láithreáin Eorpacha sin ar mhodh carnach.

Cé go mbeidh cuid den draenáil ó bhforbairt bheartaithe bóthair a sceitheadh chuig an líonra uisce dromchla a dhraenálann chuig cSAC Loch Coirib, chuig cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus chuig SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, beidh an éifeacht ar cháilíocht an uisce dobhraite. Dá ainneoin sin, mar gheall ar dhobharcheantar mór Loch Coirib agus na gcóras abhann eile a dhraenálann chuig Cuan na Gaillimhe, agus mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfadh pleananna agus tionscadail eile sa dobharcheantar sin difear do cháilíocht an uisce, tá an fhéidearthacht ann go dtarlódh éifeacht de bharr na dtionchar go léir in éineacht lena chéile. Ach, ag féachaint do na beartais agus do na cuspóirí de chineál cosanta atá ann sna pleananna foriomlána úsáide talún atá ann chun cáilíocht uisce agus láithreáin Eorpacha (**Foscríbhinn O**) a chosaint, ní fheidhmeoidh aon cheann de na pleananna ná de na tionscadail sin in éineacht leis an bhforbairt bheartaithe bóthair chun difear a dhéanamh d'iomláine aon láithreán Eorpach mar thoradh ar thionchair ar cháilíocht an uisce.

Beidh roinnt athruithe ann ar cháilíocht an aeir i gcomharsanacht na forbartha beartaithe bóthair le linn oibríochta ach ní dhéanfaidh an fhorbairt aisti féin difear do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib (arb é an t-aon láithreán Eorpach é laistigh de ZoI aon éifeachtaí féideartha ar cháilíocht an aeir). Tá an fhéidearthacht go dtarlóidh éifeachtaí de bharr na dtionchar go léir ar cháilíocht an aeir in éineacht lena chéile teoranta do gharchomharsanacht an cheantair ina dtéann an fhorbairt bheartaithe bóthair trí cSAC Loch Coirib nó gar dó. Dá bhrí sin, is ag Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, agus ag aon tionscadail a éireoidh as, agus ag an bplean agus ag na tionscadail sin amháin, atá an fhéidearthacht chun difear a dhéanamh, ar mhodh carnach, do cháilíocht an aeir anseo. Ag féachaint do na criosuithe úsáide talún, agus do na cuspóirí a bhaineann le tailte sa cheantar seo, ar nithe iad sin atá ann i bPlean Forbartha Chomhairle

Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 (Áineas agus Taitneamhacht, Talmhaíocht agus Ardtaitneamhacht agus Talmhaíocht), agus do na beartais agus do na cuspóirí de chineál cosanta atá ann sa Phlean chun cáilíocht an aeir agus láithreáin Eorpacha a chosaint, ní fheidhmeoidh Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 in éineacht leis an bhforbairt bheartaithe bóthair chun difear a dhéanamh d'iomláine aon láithreán Eorpach mar thoradh ar thionchair ar cháilíocht an aeir.

Le linn na tógála, Beidh an suaitheadh ar Mhadraí Uisce in Abhainn na Gaillimhe (cSAC Loch Coirib), agus ar éin geimhrithe ar fud limistéar staidéir na scéime, sealadach, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarma pobail aige, agus ní bheidh aon éifeacht aige ar chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, ar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe na ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Le linn na hoibríochta, ní dhéanfaidh an fhorbairt bheartaithe bóthair difear don úsáid a bhaineann Madraí uisce as Abhainn na Gaillimhe.

I dtaca le suaitheadh ar éin geimhrithe de, ag féachaint do chriosú na dtailte inar taifeadadh éin geimhrithe, do na beartais de chineál cosanta atá leagtha amach sna pleananna forbartha iomchuí (féach Foscríbhinn P), don líon íseal speiceas éin SCI liostaithe a taifeadadh i gcoitinne, dá laghad úsáid a bhaineann siad as an gcuid is mó de na láithreáin éan geimhrithe, agus do fhlúirse na gnáthóige malartaí oiriúnaí atá ann chun éin geimhrithe a chothú go háitiúil, ní fheidhmeoidh forbairt amach anseo, in éineacht leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, chun difear a dhéanamh do phobail éin SCI ná d'iomláine SPA Loch Coirib ná do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Is é atá i gconclúid na measúnachta cumaisc ná nach bhfuil aon fhéidearthacht ann, ar an ábhar seo a leanas, go dtarlódh éifeachtaí dochracha d'iomláine cSAC Loch Coirib, do cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, do SPA Loch Coirib ná do SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh de bharr an fhorbairt bheartaithe bóthair a bheith ag feidhmiú in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile:

- Ag féachaint do na bearta maolúcháin a dtugtar mionsonraí ina leith i **Roinn 10** den tuarascáil seo, ní bheidh aon éifeachtaí dochracha ann ar láithreáin Eorpacha mar thoradh ar chur i bhfeidhm na forbartha beartaithe bóthair

Maidir le haon phlean nó le haon tionscadal beartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na láithreáin Eorpacha sin, agus é á mheas in éineacht leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ní mór go gcloífidh sé le beartais fhoriomlána agus le cuspóirí foriomlána an phlean iomchuí úsáide talún, de réir mar a bhaineann leis an suíomh atá i gceist leis an bplean shonrach nó leis an tionscadal beartaithe. Is iad sin *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, *Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2022* agus *Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020*. Trí na beartais agus na cuspóirí sin, cinnteofar go gcosnófar láithreáin Eorpacha i dtaca leis na conairí tionchair féideartha go léir atá sainaitheanta de, agus beidh ceanglas ann go ndéanfar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus/nó Measúnacht Chuí i ndáil le haon tionscadal amach anseo.

# 13 Conclúid an NIS

I bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr dá bhfuil ann i leith na láithreán Eorpach sin laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, tá scrúdú agus anailís déanta san NIS seo ar na foinsí agus ar na conairí féideartha tionchair, ar an tslí ina bhféadfadh siad sin tionchar a imirt ar ghnáthóga QI agus ar speicis QI/SCI na Láithreán agus i dtaobh an ndéanfadh na tionchair réamh-mheasta difear dochrach d'iomláine na láithreán Eorpach.

Tá bearta seachanta, riachtanais dearthóireachta agus bearta maolúcháin leagtha amach sa tuarascáil seo agus sna foscríbhinní a ghabhann léi agus cinnteoidh na nithe sin go ndéanfar aon tionchair ar chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach a sheachaint le linn thógáil agus oibríocht na forbartha beartaithe bóthair sa mhéid nach mbeidh aon riosca ann go dtarlóidh éifeachtaí dochracha ar na láithreáin Eorpacha lena mbaineann.

Is é atá i gconclúid oibiachtúil Scott Cawley Ltd., tar éis scrúdú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis iomchuí, lena n-áirítear go háirithe cineál na dtionchar réamh-mheasta a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe bóthair, agus tar éis na bearta maolúcháin atá molta a chur i bhfeidhm, ná nach gcruthaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair riosca go ndéanfar difear dochrach (go díreach nó go neamhdhíreach) d'iomláine aon láithreáin Eorpaigh, ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, agus nach bhfuil aon amhras réasúnach eolaíochta ann i ndáil leis an gconclúid sin.

# 14 Tagairtí

Aherne, J., Henry, J. & Wolniewicz, M. (2017) *Development of Critical Loads for Ireland: Simulating Impacts on Systems (SIOS)*. Tuarascáil Taighde Uimh. 197 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Arup. (2016) *N6 Galway City Transport Project: Route Selection Report*.

Bailey, M. and Rochford J. **(**2006) *Otter Survey of Ireland* 2004/2005. *Irish Wildlife Manuals, Uimh. 23*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

Banks, R.C. (1979) *Human related mortality of birds in the United States. U.S. Fish and Wildlife Service, Special Science Report – Wildlife No. 215*.

Barrios, L. and Rodriguez, A. (2004) *Behavioural and environmental correlates of soaring-bird mortality at on-shore wind turbines*. *Journal of Applied Ecology*, 41, 72-81.

Barron, S.B., O'Neill, F.H. & Martin, J.R. (2015) *N6 Galway City Transport Project – Habitat mapping and assessment of a section of Loch Coirib cSAC and surrounding areas*. Tuarascáil neamhfhoilsithe ó BEC Consultants Ltd.

BBS (British Bryological Society). (2009) *Checklist of British and Irish bryophytes*. The British Bryological Society, Stafford, U.K.

Bignal, K., Ashmore, M. & Power, S. (2004) *The Ecological Effects of Diffuse Air Pollution from Road Transport*. Tuarascáil a ullmhaíodh do English Nature - English Nature Research Report No.

Broome, S.W., Craft, C.B., Struck, S.D. & San Clements, M. (2005) *Effects of shading from bridges on estuarine wetlands*. Tuarascáil neamhfhoilsithe ón *North Carolina State University, College of Agricultural & Life Sciences. NC, U.S.A.*

Bunce, R.G.H., Smart, S.M., van de Poll, H.M., Watkins, J.W. & Scott, W.A. (1999) ECOFACT *2a Technical Annex – Ellenberg's indicator values for British plants. Department of the Environment, Transport and the Regions* (DETR), U.K.

Byrne, A., Moorkens, E.A., Anderson, R., Killeen, I.J. & Regan, E.C. (2009) *Ireland Red List No. 2 – Non-Marine Molluscs*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

CEC (Coimisiún na gComhphobal Eorpach). (2013) *Interpretation manual of European Union Habitats EUR28*. An Coimisiún Eorpach, AS Comhshaoil.

CIEEM. (2016) *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the UK and Ireland: Terrestrial, Freshwater and Coastal, 2nd edition.* Chartered Institute of Ecology and Environmental Management, Winchester, U.K.

CIRIA. (2015) *Environmental Good Practice on Site Guide, 4th Edition*.

Colhoun, K. & Cummins, S. (2013) *Birds of Conservation Concern in Ireland* 2014-2019. *Irish Birds 9*:523-544.

Crushell, P. & Foss, P. (2014a) Coolagh Lakes, Loch Coirib SAC, Co. Galway: Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment. Tuarascáil a ullmhaíodh thar ceann Wetland Surveys Ireland Ltd. for BEC Consultants Ltd. Tuarascáil Neamhfhoilsithe.

Crushell, P. & Foss, P. (2014b) Coolanillaun Bog, Loch Coirib SAC, Co. Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment. Tuarascáil a ullmhaíodh thar ceann Wetland Surveys Ireland Ltd. for BEC Consultants Ltd.

Cutts, N. Phelps, A. & Burdon, D. (2009) *Construction and Waterfowl: Defining Sensitivity, Response, Impacts and Guidance*. Tuarascáil a d'ullmhaigh an *Institute of Estuarine and Coastal Studies University of Hull for Humber INCA.*

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. (2010) *Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland - Guidance for Planning Authorities* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Athbhreithnithe Feabhra 2010).

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Gaeltachta. (2011) *Threat Response Plan Otter* Lutra lutra *2009-2011*.

EDAW agus AECOM. **(**2009) *Avian Impact Study for the Golden Gate Bridge Suicide Deterrent System Project.* Samhain 2009.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2002) *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2003) *Advice Notes on Current Practice in the Preparation of Environmental Impact Statements*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2015) *Advice notes for Preparing Environmental Impact* Statements. Dréacht, Meán Fómhair 2015.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2017) *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports*. Dréacht, Lúnasa 2017.

An Coimisiún Eorpach. (200a) *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim*.

An Coimisiún Eorpach. (2000b) Managing Natura 2000 sites: *The Provisions of Article 6 of the Habitat's Directive 92/43/EEC* (Ardstiúrthóireacht Comhshaoil CE, 2000); dá ngairtear "MN2000 feasta".

An Coimisiún Eorpach. (2001) *Assessment of Plans and Projects Significantly Affecting Natura 2000 sites: Methodological Guidance on the Provisions of Article 6(3) and (4) of the Habitats Directive 92/43/EEC* (Ardstiúrthóireacht Chomhshaoil an Choimisiúin Eorpaigh).

An Coimisiún Eorpach. (2012) *Guidance Document on Article 6(4) of the Habitats Directive 92/43/EEC. Clarification of the Concepts of Alternative Solutions, Imperative Reasons of Overriding Public Interest, Compensatory Measures, Overall Coherence.*

Erickson, W.P., Johnson, G.D., Strickland, M.D., Young, D.P., Sernka, K.J. and Good, R.E. (2001) *Avian collisions with wind turbines: A summary of existing studies and comparisons to other sources of avian collision mortality in the United State*s. National Wind Coordinating Committee, c/o RESOLVE, Inc., Washington, D.C.

Evans, D. & Arvela, M. (2011) *Assessment and reporting under Article 17 of the Habitats Directive. Explanatory notes & guidelines for the period 2007-2012.* European Topic Centre on Biological Diversity. Páras, an Fhrainc.

FEBI (2013) *Fehmarnbelt Fixed Link EIA. Fauna and Flora – Birds. Birds of the Fehmarnbelt Area – Impact Assessment. Report No. E3TR0015.*

Fossitt, J.A. (2000) *A guide to habitats in Ireland.* An Chomhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh, Éire.

Gilbert, G., Gibbons, D.W., and Evans, J. (2008) *Bird Monitoring Methods—a manual of techniques for key UK species*. RSPB, Sandy. (Athchló 2011 d'fhoilseachán 1998).

Goodwillie, R. (1992) *Turloughs over 10 ha*: vegetation survey and evaluation.

Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. (2012) C*ork City Urban Otter Survey 2011-2012.* Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann.

Janss, G.F.E. (2000) *Avian mortality from power lines: a morphologic approach of a species-specific mortality*. Biological Conservation, 95, 353–359.

Jenkins, A.R., Smallie, J.J. and Diamond M. (2010) Avian collision with power lines: a global review of causes and mitigation with a South African perspective. *Bird Conservation International*,**20**, 263-278.

Kelly, F.L., Connor, L., Morrissey, E., Coyne, J., Feeney, R., Matson, R. and Rocks, K. (2015) Water Framework Directive Fish Stock Survey of Loch Coirib, Meitheamh 2014. Iascaigh Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24.

Kelm, D. (2008) Avian mortality at windows: the second largest human source of bird mortality on Earth. Proceedings of the Fourth International Partners in Flight Conference: Tundra to Tropics 244–251.

Lancaster, J., Preene, M. & Marshall C. (2004) CIRIA: C624D Development and flood risk – guidance for the construction industry.

Longcore, T., Rich, C., Mineau, P., MacDonald, B., Bert, D.G., Sullivan, L.M., Mutrie, E., Gauthreaux, S.A., Avery, M.L., Crawford, R.L., Manville, A.M., Travis, E.R. and Drake, D. (2012) *An Estimate of Avian Mortality at Communication Towers in the United States and Canada*.PLoS ONE, **7**, 1-17.

Longcore, T., Rich, C., Mineau, P., MacDonald, B., Bert, D.G., Sullivan, L.M., Mutrie, E., Gauthreaux, S.A., Avery, M.L., Crawford, R.L., Manville, A.M., Travis, E.R. and Drakej, D. (2013) *Avian mortality at communication towers in the United States and Canada: which species, how many, and where? Biological Conservation*, 158, 410-419.

Lucas, M. de, Janss, G.F.E., Whitfield, D.P. and Ferrer, M. (2008) *Collision fatality of raptors in wind farms does not depend on raptor abundance.* Journal of Applied Ecology, 45, 1695-1703.

Lyons, M.D. & Kelly, D.L. (2016) *Monitoring guidelines for the assessment of petrifying springs in Ireland.* Irish Wildlife Manuals, Uimh. 94. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Éire.

Masters-Williams, H., Heap, A., Kitts, H., Greenshaw, L., Davis, S., Fisher, P., Hendrie, M & Owens, D. (2001) CIRIA C532: *Control of Water Pollution from Construction Sites, Guidance for consultants and contactors*.

Molenaar, J.G., sander, M.E. and Jonkers, D.A. (2006) Chapter 6 - *Road lighting and grassland birds: Local influence of road lighting on a black-tailed godwit population. Ecological Consequences of Artificial Night Lighting*. Edited by Rich C. and Longcore T.

Murnane, E., Heap, A. & Swain, A. (2006a) CIRIA C648: *Control of water pollution from linear construction projects: Technical Guidance*. CIRIA, Classic House, 174–180 Old Street, London EC1V 9BP, U.K.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2010). Ciorclán NPW 1/10 & PSSP 2/10 *Measúnacht Chuí faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga:* Treoir d'Údaráis Pleanála. (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil).

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2013a) *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland*. Overview Volume 1. Leagan 1.0. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2013b) *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland*. Habitat Assessments Volume 2. Leagan 1.0. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2013c) *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland*. Species Assessments Volume 3, Version 1.0. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra. (2013d) Inner Galway Bay Special Protection Area (Site Code 4031), *Conservation Objectives Supporting Document, Version 1.*

An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra. (2013e) *Conservation Objectives: SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe 000268 Leagan 1*. An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra (2013f) *Conservation Objectives: SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh [004031] Leagan 1*. An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta & Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. (2015) *Conservation objectives for Loch Coirib SPA [004042]. Leagan 4.0*. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An tSeirbhís Páirceanna Naisiúnta agus Fiadhúlra. (2017) *Conservation Objectives: Loch Coirib SAC 000297. Leagan 1*. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2005-2009) *Environmental Guidelines Series for Planning and Construction of National Roads*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008a) *Environmental Impact Assessment of National Road Schemes – A Practical Guide*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2009) *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008b) *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2011) *Guidelines for the Treatment of Air Quality During the Planning and Construction of National Road Schemes*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2011) *Guidelines for the Treatment of Air Quality During the Planning and Construction of National Road Schemes.*

Natural England. (2016) *The Ecological Effects of Air Pollution from Road Transport: An Updated Review*. Natural England Commissioned Report NECR199.

Nilsson, L. and Green, M. (2011) *Birds in southern Öresund in relation to the windfarm at Lillgrund. Final report of the monitoring program* 2001-2011. Arna choimisiúnú ag Vattenfall Vindkraft AB.

NPWS. (2009) *Threat Response Plan: Otter* (2009-2011).

O'Connor, W. (2007) *A Survey of Juvenile Lamprey Populations in the Coirib and Suir Catchments.Irish Wildlife Manuals No. 26*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

O'Neill, F.H. & Barron, S.J. (2013) Results of monitoring survey of old sessile oak woods and alluvial forests. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 71. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

O'Neill, F.H. & Martin, J.R. (2015). Summary of findings from the Survey of Potential Turloughs 2015. Tuarascáil Neamhfhoilsithe don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. Volume I: An phríomhthuarascáil.

O'Neill, F.H., Martin, J.R., Devaney, F.M. & Perrin, P.M. (2013) The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. *Irish Wildlife Manuals*, Uimh. 78. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Baile Átha Cliath.

Ove Arup & Partners Hong Kong Ltd. (2002) *Shenzhen Western Corridor* (2002) EIA Report. Appendix 9B Bird Collision with Man-made Structures with Reference to the Proposed Shenzhen Western Corridor.

Perrin, P.M. (2014) Galway City Transport Plan – *Assessment of Annex I habitats in the Ballygarraun survey area*. Tuarascáil neamhfhoilsithe ó BEC Consultants Ltd.

Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R. & O'Hanrahan, B. (2014). *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K. & Delaney, A. (2008) *National Survey of Native Woodlands 2003-2008 - Volumes I and II*.

Reid, N., Hayden, B., Lundy, M.G., Pietravalle, S., McDonald, R.A. & Montgomery, W.I. (2013) National Otter Survey of Ireland 2010/12. *Irish Wildlife Manuals, Uimh. 76*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Reynolds, J.D., O'Connor, W., O'Keeffe, C. & Lynn, D. (2010) A technical manual for monitoring white-clawed crayfish *Austropotamobius pallipes* in Irish lakes. *Irish Wildlife Manuals,* No 45. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath.

RPS. (2006) *N6 Galway City Outer Bypass*. *Environmental Impact Statement*. Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Scott Cawley. (2018) *Galway County Council N6 Galway City Ring Road – Provision of Information for Appropriate Assessment Screening.* A document submitted to An Bord Pleanála.

Scott Cawley. (2017) *Galway County Council N6 Galway City Ring Road – Provision of Information for Appropriate Assessment Screening*. A document submitted to Galway County Council.

Stace, C.A. (2010) *New flora of the British Isles, 3rd ed*. Cambridge: Cambridge University Press.

An Príomh-Bhord Iascaigh agus an Bord Iascaigh Réigiúnach. (2009) Coirib Estuary: *Sampling Fish for the Water Framework Directive* – Transitional Waters 2008.

The Environment Agency. (2010) Fifth Otter Survey of England 2009-2012. Full Technical Report. The Environment Agency, U.K.

Waldren, S. (2015, Ed.) *Turlough Hydrology, Ecology and Conservation*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Wilson, S. & Fernández, F. (2013) *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 73*. An tSeirbhís

Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire.

Woods Ballard, B, Wilson, Udale-Clarke, H, Illman, S, Scott, T, Ashley, R & Kellagher, R. (2015) CIRIA C697: *The SuDS Manual*.